



Provided by the author(s) and University of Galway in accordance with publisher policies. Please cite the published version when available.

Title	Dúchas agus iasacht san amhránaíocht thraidisiúnta faoi réir chás-staidéar ar phobal Charna
Author(s)	Nic Dhonncha, Róisín
Publication Date	2019-09-25
Publisher	NUI Galway
Item record	http://hdl.handle.net/10379/15461

Downloaded 2024-04-23T08:12:57Z

Some rights reserved. For more information, please see the item record link above.



**Dúchas agus Iasacht san Amhránaíocht Thraidisiúnta faoi
réir Chás-Staidéar ar phobal Charna**

Tráchtas a leagadh isteach chun riachtanas na céime dochtúireachta a
chomhlíonadh

Róisín Nic Dhonncha, B.A., M.A.

Stiúrthóir: An tOllamh Lillis Ó Laoire

Roinn na Gaeilge

Scoil na dTeangacha, na Litríochtaí agus na gCultúr

Coláiste na nDán, na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Léinn Cheiltigh

Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

Meán Fómhair 2019

Clár

Dearbhú.....	ii
Achoimre.....	iii
Focal Buíochais.....	iv
Mapaí.....	v
Réamhfhocal.....	vii
Caibidil a hAon.....	1
Gnéithe de Cheol na hÉireann sa Naóú Céad Déag	
Caibidil a Dó.....	42
Idir Dúchas agus Iasacht: Coincheapú na hAmhránaíochta Traidisiúnta	
Caibidil a Trí.....	86
An Amhránaíocht ar an Sean-Nós agus Athréimniú an Oireachtais	
Caibidil a Ceathair.....	127
Carna agus an Cultúr Dúchais: An Pobal á Shainiú	
Caibidil a Cúig.....	172
An tAmhránaí agus an Traidisiún	
Caibidil a Sé.....	214
An tAmhránaí agus an Aeistéitic	
Iarfhocal.....	248
Liosta Foinsí.....	259

Dearbhú

Dearbhaím gurb é mo shaothar féin atá sa tráchtas dochtúireachta seo agus nach bhfuil céim faighte agam in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh ná in institiúid ar bith eile atá bunaithe ar aon chuid den saothar seo.

Róisín Nic Dhonncha

Dáta:

Achoimre

Déantar iniúchadh sa tráchtas seo ar ghnéithe d'amhránaíocht thraidisiúnta na Gaeilge nó an amhránaíocht ar an sean-nós mar a thugtar go coitianta uirthi. Is do choincheapa an dúchais agus na hiasachta a thugtar tús áite san iniúchadh sin, agus scrúdaítear iad i gcomhar le cás-staidéar ar sciar de phobal amhránaithe Charna i gConamara. Pléitear coincheapú na hamhránaíochta traidisiúnta mar a tharla sin faoi thionchar ghluaiseacht na hAthbheochana, toisc gur sa tréimhse sin a aithníodh ar bhonn poiblí gurbh ann do stíl shainiúil amhránaíochta Gaeilge sa chéad áit. Bhí díograiseoirí teanga ann sa ré úd a d'fhéach le tús áite a thabhairt d'ealaíona béil na cosmhuintire, dála na hamhránaíochta traidisiúnta, mar bhealach siombalach diúltú don chultúr Gallda. Ar bhonn praiticiúil, áfach, feictear gur baineadh leas as tuiscintí i leith cheol ealaíonta na hEorpa mar fhráma tagartha in éabhlóid an tsean-nóis sa tréimhse sin freisin. Faoin am a ndearnadh athréimniú ar an Oireachtas i 1939, bhí glúin nua díograiseoirí teanga agus cultúir ar an bhfód, rud a d'fhág gur ardaíodh próifíl na Gaeltachta i múnla nua na féile. Tosaíodh ag tarraingt airde ar luachanna a áiríodh a bheith níos dílse don dúchas ó thaobh an tsean-nóis de, ina measc, an bharántúlacht, an bhéalaireacht agus ceart na teanga.

Rianaítear freisin sa tráchtas seo roinnt de na cúinsí inar tháinig Carna chun cinn mar cheantar eiseamláireach ó thaobh an tsean-nóis de. Chomh maith le comórtais an Oireachtais, bhí baint ag an mbailiúchán saibhir, toirtiúil a rinne Coimisiún Béaloideas Éireann sa cheantar leis an dul chun cinn seo. Pléitear an idirghníomhaíocht idir an litearthacht agus an bhéalaireacht i gcomhthéacs an bhailiúcháin seo, agus scrúdaítear an tionchar a bhí ag bailitheoirí amhrán ar thuiscintí na n-amhránaithe féin i leith a gceirde. Ag eascairt as an obair pháirce a rinneadh i measc sciar d'amhránaithe cheantar Charna, aithnítear agus cíortar luachanna agus móitífeanna a thagann chun cinn sa chritic inmheánach, dhúchais i leith an tsean-nóis. San áireamh sa liosta sin, tá feiniméin an leanúnachais agus na cruthaitheachta, an caidreamh idir an t-amhránaí agus an traidisiún, agus coincheapú na haeistéitice.


Focal Buíochais

Is mór agam an chabhair agus an tacaíocht a fuair mé ó dhaoine éagsúla agus an taighde seo idir lámha agam. Orthu sin, tá an tOllamh Lillis Ó Laoire ar chuir a chuid taighde féin ar léann an chultúir cor i gcinniúint an disciplín sin agus é ag spreagadh smaointeoireacht as an nua ar chúrsaí amhránaíochta go háirithe. Gabhaim buíochas leis as a thacaíocht agus a chomhairle, go mórmhór agus mé ag tabhairt an tsaothair seo go ceann scríbe. Tá mé faoi chomaoin ag an Ollamh Emeritus Gearóid Denvir a chuir an léann agus gnéithe den chultúr dúchais in oiriúint dá chéile ar bhealach mealltach a chuaigh i bhfeidhm ar mhórán. Rinne sé stiúradh ar sciar den obair seo freisin agus ba é a spreag mé le tógáil ar an dúchas an chéad lá, agus tabhairt faoi staidéar iarchéime ar chúrsaí amhránaíochta.

Is mór é mo bhuíochas do m'fhear céile, Seán, agus do mo mháthair, Béib, as a gcúnamh agus a dtacaíocht agus mé ag obair ar an saothar seo. Tá mé faoi chomaoin go háirithe ag Bríd Ní Mhaoilchiaráin agus Pól Ó Ceannabháin a labhair go fonnmhar, fáiltiúil liom ar chúrsaí amhránaíochta mar chuid den taighde seo. Is iomaí duine eile a chuidigh liom san obair seo freisin agus ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl dóibh. Is iad sin Éamonn Costello, Geraldine Cotter, Síle Denvir, Fiona McIntyre, Deirdre Ní Chonghaile, Fiona Ní Chualáin, Máirín Nic Con Iomaire, An tAthair Eddie Bheairtle Ó Conghaile, Ciarán Ó Gealbháin, Máire Uí Chonaire agus Máirín Uí Niaidh.

Tugaim chun cuimhne anseo freisin iad siúd nach maireann, agus a chuir comaoin orm agus mé ag tabhairt faoin taighde seo. Luaim, le cuimhní geala, m'athair, Johnny Sheáin Jeaic, nach raibh teorainn leis an tsuim agus an dúil a bhí aige sa gceol agus sna hamhráin. Ba é a fhearacht chéanna é ag m'uncail, Josie Sheáin Jeaic, a bhfuil mé buíoch de as a chuid tuairimí agus a threoir mhacánta a chuaigh chun tairbhe an taighde seo. Ina gcomhluadar siúd anois tá Dara Bán Mac Donnchadha, Ciarán Ó Con Cheanainn agus Liam Mac Con Iomaire a bhfuil buíochas dlite freisin dóibh as eolas a roinnt go flaithiúil liom agus mé ag gabháil don obair seo. Suaimhneas síoraí dóibh uilig.

Ar deireadh, gabhaim buíochas leis an gComhairle um Thaighde in Éirinn as scoláireacht iarchéime a bhronnadh orm le tabhairt faoin taighde seo.



Mapa A: Paróiste Mhuighrois ina bhfuil ceantar Charna suite (55 míle siar ó chathair na Gaillimhe)



Mapa B: An Aird Thiar agus an Aird Thoir mar aon le bailte fearainn eile a luaitear sa saothar

Réamhfocal

Bhí sé ráite riamh go raibh fonn, féile agus filíocht ar na trí ní nárbh fhéidir a fhoghlaim. Is díol suime é go bhfuil an amhránaíocht ar an sean-nós fite fuaite le chaon cheann de na coincheapa sin. Tá suntas á leagan i saothair léannta ón ochtú céad déag i leith ar fhoinn na n-amhrán traidisiúnta Gaeilge, agus is ábhar spéise ó thús an fhichiú haois go háirithe, corpas amhrán an tsean-nóis ó thaobh na teanga de. Is teirce i bhfad na hiarrachtaí ina gcuirtear san áireamh le foinn agus focail, an fhealsúnacht, is é sin le rá, an bonn daonna, socheolaíoch atá ag an amhránaíocht ar an sean-nós. Táthar á chur sin ina cheart de réir a chéile tríd an aitheantas atá tugtha le scór bliain nó mar sin do rannpháirtíocht agus smaointeoireacht lucht canta na n-amhrán san ionadaíocht scolártha a dhéantar ar a gceird. Fearacht chleachtas an tsean-nóis féin, mar sin, tá an dioscúrsa acadúil ina bhfuil aitheantas ag an seánra de shíor i mbun éabhlóide. Iarracht is ea an tráchtas seo an bhearna idir ealaín agus pobal a laghdú tuilleadh. Tugtar tús áite, chuige sin, don fhonnadóireacht i limistéar faoi leith, mar atá, bailte fearainn na hAirde Thiar agus na hAirde Thoir i gceantar Charna. Tá teoiric agus cleachtas araon á gcur sa chomhaireamh, mar sin, i m'iarracht coincheapú a dhéanamh ar an idirghníomhaíocht idir tuairimíocht dúchais agus iasachta i dtaca le hamhránaíocht thraidisiúnta na Gaeilge.

Is liosta le háireamh na téarmaí agus na coincheapa tagartha a aithním atá ábhartha d'aon léamh criticiúil ar an amhránaíocht ar an sean-nós. Áirím ina measc an stair, an traidisiún, an nua-aois, an tsamhlaíocht, an ealaín, an léann, an teicneolaíocht agus an eacnamaíocht. Mura mbeadh toradh ar bith eile ar an taighde seo, bheadh súil agam go spreagfadh sé ceisteanna maidir le teorainneacha traidisiúnta na ndisciplíní léinn a dtarraingítear orthu sa saothar. Ní dóigh liom go luíonn an tráchttaireacht atá déanta agam ar chúrsaí amhránaíochta anseo go socair in aon disciplín aonair ar leith, agus dá réir, téitear i muinín fheiniméin aitheanta na socheolaíochta, léann an chultúir, na hantraipeolaíochta agus na teanga araon. Ní gá a rá nach staidéar ceoleolaíoch é seo ach an oiread. Tá an argóint déanta agam go bhfuil an amhránaíocht ar an sean-nós i measc na seánraí ceoil úd nach bhfaigheann a gceart go hiomlán nuair a bhuaitear anuas orthu tuiscintí na ceoleolaíochta coinbhinsiúnaí atá gafa den chuid is mó le seánraí eile ceoil, mar shampla, ceol ealaíonta na hEorpa. Ag an am céanna, murar aithníodh roimhe seo é, tarraingím aird sa saothar seo ar an leas a baineadh as tuiscintí áirithe i leith an cheoil ealaíonta mar fhráma tagartha in éabhlóid an tsean-nóis ag tús an fhichiú haois. Má bhí sainsíú agus beachtú á ndéanamh ar an

amhránaíocht ar an sean-nós mar sheánra bailí ann féin sa tréimhse seo, ní tuiscintí úrnua ar fad a thug bonn don phróiseas sin.

Is le tréimhse chinniúnach na hAthbheochana cultúrtha i mblianta luatha an fhichiú haois a luaim teacht chun cinn na hamhránaíochta traidisiúnta mar sheánra aitheanta. Is mar thoradh ar an ngluaiseacht seo a tugadh aitheantas poiblí don amhránaíocht sin i gcéaduaire i bpróifíl chultúrtha na hÉireann. Ag an am céanna, tá sé úsáideach spleáchadh a thabhairt ar ghnéithe den timpeallacht dhinimiciúil cheoil a bhí in Éirinn sular leagadh suntas ar bhonn níos foirmeálta ar an traidisiún dúchais. Leanadh, i rith an naoú céad déag, le léann na hársaíochta a bhí faoi lántseoil le céad bliain roimhe sin, agus is maith mar a d'fheil an ceol uirlise go háirithe mar chleachtas amháin a bhféadfaí earraíocht a bhaint as sa ghort sin. Bhí deireadh ré, a bheag nó a mhór, buailte faoin am sin leis na cláirseoirí gairmiúla a raibh oidhreacht na mBard tugtha leo acu. Tháinig ceol an pharlúis chun cinn trí shaothar Thomas Moore, agus dhaingnigh ar an gcuidreamh idir an ealaín agus an pholaitíocht i mbailéid Thomáis Dháibhís. Ba é ceol ealaíonta na hEorpa ba mhó a bhí á chur i láthair go poiblí, foirmeálta in amharclanna agus i hallaí ceolchoirme na gcathracha mar a bhí amhlaidh i mBaile Átha Cliath go háirithe. Staid na hamhránaíochta traidisiúnta Gaeilge sa ré réamh-Athbheochana a aithint a chuirim romham mar thúsphointe don taighde seo agus freastalaíonn an rianú a dhéanaim i gCaibidil a hAon ar an sprioc sin. Níos tábhachtaí arís, saibhríonn an fiosrú seo ar phróifíl cheoil na hÉireann sa naoú céad déag freisin ár dtuiscint ar na cúinsí inar tugadh ardú céime as cuimse d'ealaíona tagarthacha, teanga-lárnaithe cosúil le hamhránaíocht na Gaeilge ó dheireadh an chéid sin ar aghaidh.

Ní ó phobal cleachtaithe na hamhránaíochta sin a d'eascair an téarma 'sean-nós' atá fágtha le huacht againn mar cháilitheoir ar an amhránaíocht thraidisiúnta i nGaeilge ó thús an chéid seo caite. Is é coincheapú an tsean-nóis is mó a ndéanaim iniúchadh sa Dara Caibidil air. Iarracht is ea an fiosrú seo freagra a thabhairt ar an gceist taighde a bhí agam maidir leis an tionchar a bhí ag daoine taobh amuigh den traidisiún sin ar na tuiscintí a tháinig chun cinn ina leith i mblianta luatha an fhichiú haois. Ceoltóirí, ceoleolaithe agus cumadóirí gairmiúla a raibh oiliúint faighte acu i gceol ealaíonta na hEorpa ab ea cuid mhaith acu siúd. Is díol íoróine an coimhthíos a shamhlaigh roinnt acu leis an traidisiún dúchais ceoil murab ionann agus an luí a bhí acu leis an gceol iasachta. Ag an am céanna, ba mar thoradh ar iarrachtaí na meánaicme proifisiúnta sin freisin a tháinig borradh faoi Oireachtas na Gaeilge atá ar an bhfóram poiblí is

suntasáí don amhránaíocht ar an sean-nós go dtí an lá inniu. Is ar an Oireachtas i dtréimhse a athréimnithe sna daicheadaí a dhírím i gCaibidil a Trí tharla gur sna blianta sin a thosaigh fonnadóirí as ceantar Charna ag glacadh páirte san fhéile den chéad uair. Mar atá tugtha le fios sa chaibidil seo, fóram ab ea an tOireachtas inar tháinig dúchas agus iasacht le chéile ar bhealach praiticiúil, inbhraite. Is faoi thionchar an Oireachtais a cuireadh an amhránaíocht ar an sean-nós in oiriúint don chomórtas ardáin agus inar leagadh síos coinníollacha oifigiúla trína bhféadfaí tréithe agus teorainneacha an tseánra sin a aithint. Daingníodh sa tréimhse seo freisin ar thuiscintí i leith an tsean-nóis nár ceistíodh go ceann i bhfad, mar shampla, gur chleachtas de chuid an traidisiúin béil amháin í agus nach raibh sí ach i seilbh chainteoirí dúchais na Gaeltachta.

Aithním gur tháinig cor nua in éabhlóid an tsean-nóis sa ré tar éis bhunú an Stáit agus gur sa tréimhse sin a briseadh, de bheagán, ciúnas cultúrtha na n-amhránaithe féin. Rinne Coimisiún Béaloideasa Éireann, ar fiontraíocht Stáit a bhí ann, éascaíocht air sin. Ceist taighde eile a chuir mé romham a iniúchadh sa saothar seo ná na bealaí ar tháinig dioscúrsa an dúchais chun cinn ar bhonn aitiúil. Creidim go raibh tionchar suntasach ag obair an Choimisiúin ar an bpróiseas sin. Is i gceantar Charna is mó a bhailigh an Coimisiún ábhar,¹ agus is údar eile é sin don scagadh criticiúil a dhéanaim ar oidhreacht na heagraíochta sin sa cheantar mar atá amhlaidh i gCaibidil a Ceathair. Is é mo bharúil gur de thoradh obair an Choimisiúin a tháinig an pobal seo chun cinn i gcéadúair san fhearann poiblí mar eiseamláir de na healafona dúchasacha. Ach an oiread le bailiúcháin toirtiúil, téacsúil an Choimisiúin féin, ní beag cnuasach amhrán Gaeilge as réigiúin éagsúla a foilsíodh sa chéad leath den fhichiú haois freisin. Fianaise ar chumhacht na litearthachta is ea na forbairtí sin. Ag an am céanna, áiríodh an litearthacht mar choincheap frith-thraidisiúnta i measc lucht léinn agus taighde as baile isteach a bhí déanamh infheistíochta sa chultúr dúchais. Tarraingíonn údarás an fhocail scríofa sa ré seo freisin aird ar a neamhfhorbartha is a bhí an litríocht bhéil mar dhisciplín sa léann trí chéile. Ba i dtéarmaí tagartha na litríochta aibítire a próiseáladh amhráin ó thraidisiún an tsean-nóis go stairiúil. Bhí ábhar machnaimh as an nua sa léamh a rinneadh ar an sean-nós i gcomhthéacs na béalairachta agus an láithrithe a raibh critéir agus comharthaí sóirt acu a sháraigh seánraí seanbhunaithe, liteartha.

¹ Micheál Ó Conghaile, *Conamara agus Árainn: Gnéithe den Stair Shóisialta* (Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht, 1988), 16.

Leathnú ar ár n-eolas ar na healaíona láithrithe is ea an t-aitheantas atá faighte sa réimse sin den léann ag tuiscintí cleachtas-bhunaithe mar aon leis an teoiric thraidisiúnta. Freagraíonn an dá chur chuige sin go scaoilte do phrionsabail na heimice agus na heitice a dtráchtar go rialta i léann an chultúir orthu. Agus mé ag tarraingt airde ar fheiniméin an dúchais agus na hiasachta i mo chíoradh ar an amhránaíocht ar an sean-nós sa saothar seo, aithním go bhfuil idirdhealú agus idirghníomhaíocht araon idir an dá choincheap sin. Allagar na n-amhránaithe féin ar chúrsaí sean-nóis go príomha, mar a tháinig chun cinn i m'obair pháirce, a thugann bonn don téis sin. Tá an obair pháirce, ar ndóigh, ar cheann de na straitéisí san antraipeolaíocht inar féidir an t-imeartas cumhachta a shamhlaítear idir grúpaí agus tuiscintí éagsúla sa tsochaí a thabhairt chun cothromaíochta. Teist ar an éagothromaíocht sin go stairiúil is ea teirce na critice dúchais atá ar taifead againn i dtaca le cleachtais chultúrtha dála na hamhránaíochta. Más i bpobal amháin a cuireadh na hamhráin i láthair, ba go seachtrach a cruthaíodh na tuiscintí agus na coincheapa a gcuirfí an t-ábhar sin in oiriúint dóibh. Ní cuid d'oidhreacht an cheantair é amhránaithe sean-nóis a bheith ag feidhmiú ar bhonn oifigiúil, poiblí mar thráchtairí géarchúiseacha ar a gceird. Admhaím, dá réir, go raibh idir chúthaileacht agus choimhthíos le sonrú amanta idir mé féin agus mo chuid comharsana agus gnéithe áirithe den amhránaíocht á bplé go struchtúrtha againn. Ina dhiaidh sin féin, céard é an seanchas trí chéile ach próiseas trína sáraítear teorainneacha an eolais agus na samhlaíochta, nó siombail 'd'aistear ... an duine thar a eolas féin',² mar a chuireann Ó Cadhla é. Áirím ina cloch mhíle sa turas sin an tuiscint níos saibhre a d'fhorbair mé féin i leith mo dhúchas nuair a thug mé cothrom na Féinne do léann lucht éigse.

Scagadh ar an idirghníomhaíocht idir cleachtas, coincheapú agus critic na hamhránaíochta is ea is mó a chuirim romham i gcaibidlí deireanacha an tsaothair seo. Tugaim faoin gcíoradh sin trí aird a tharraingt ar na téamaí agus na móitífeanna is mó a tháinig chun cinn i dtráchtairacht na n-amhránaithe. Agus ceantar cosúil le Carna idir chaidibil, ní ábhar iontais é go mbeadh an oidhreacht agus an traidisiún áitiúil ar na tosca a stiúran tuiscintí i leith an tsean-nóis i measc amhránaithe sa phobal sin. Is éard a chuirim romham i gCaibidil a Cúig ná coincheapú a dhéanamh ar an gcaidreamh idir an t-amhránaí agus an traidisiún, mar aon le spléachadh a

² Stiofán Ó Cadhla, 'Seanchas na Fiosracha agus Léann an Dúchais,' in *Léann an Dúchais: Aistí in Ómós do Ghearóid Ó Cruaíoch*, eag. Stiofán Ó Cadhla agus Diarmuid Ó Giolláin (Corcaigh: Cló Ollscoile Chorcaí, 2012), 80.

thabhairt ar na bealaí a dtéann amhránaithe i ngleic le héabhlóid an traidisiúin. Luaitear go stairiúil athruithe i gcultúr na nGael le coilíneachas agus concas seachas le hidirghníomhaíocht thoiliúil idir an oidhreacht dúchais agus gnéithe den chultúr coimhthíoch. Is minic a áirítear an t-athrú mar imeallú, agus a luaitear ré órga an chultúir dúchais leis an am atá caite seachas leis an gcomhaimsearthacht. Tá saibhreas agus cailteanas amhlaidh sa chuile ré, áfach. Bíodh is go bhfuil údar maith ag fonnadóirí cheantar Charna trácht ar an traidisiún stairiúil go cosantach agus go bródúil, is dóigh liom nach dtugann siad lán cirt dá ról féin i gcothú an traidisiúin sin sa saol comhaimseartha. Tarraingím aird ar na bealaí a ngéilleann fonnadóirí go healaíonta don athrú agus don chruthaitheacht i gcomhthéacsanna áirithe d'fhonn leanúnachas an traidisiúin a thabhairt slán.

Ní beag le rá na coincheapa eile a bhfuil tionchar acu ar an léamh a dhéanaim ar chleachtas an tsean-nóis i measc sciar d'fhonnadóirí cheantar Charna. Bíonn impleachtaí ag cúinsí geilleagracha do chleachtais chultúrtha, cuir i gcás, sa mhéid is go n-athraíonn an stór amhrán de thoradh na himirce, an oideachais fhoirmeálta agus feiniméin eile a bhíonn faoi réir ag an gcomhthéacs eacnamaíochta níos leithne. Tá tábhacht ag coincheap na dteaghlach amhránaíochta i measc na bhfonnadóirí a bhfuil tús áite tugtha agam dá dtuairimíocht sa staidéar seo, agus dá réir, leanúnachas agus easpa leanúnachais i seachadadh na n-amhrán sna teaghlaigh sin. Ag teacht leis an sainiú seo ar phróifíl amhrán an phobail, tá rangú agus tionchar na n-amhrán Béarla. Is beag airde atá faighte sa scoláireacht go nuige seo ag an amhránaíocht i mBéarla i measc fonnadóirí sean-nóis agus Gaeltachta. Ní chuige sin an staidéar seo ach an oiread ach is ábhar machnaimh do lá níos faide anonn an amhránaíocht dhátheangach ar féidir tabhairt faoi neamhspleách ar an idé-eolaíocht atá luaite go sainiúil le teanga agus cultúr na Gaeilge. Cuirim clabhsúr ar an staidéar seo i gCaibidil a Sé le cíoradh ar na smaointe agus na coincheapa ar dóigh liom iad a bheith ábhartha do cheist na haeistéitice sa sean-nós. Cuirtear san áireamh sa phlé sin an stádas atá ag amhráin thar a chéile, stair láithrithe na n-amhrán, gnéithe den tséimeantaic i ngabháil na n-amhrán agus i bpróiseas na héisteachta, mar aon le teanga chritice na bhfonnadóirí féin.

Caibidil a hAon

Gnéithe de Cheol na hÉireann sa Naoú Céad Déag

The time is ripe for a movement for the development as well as for the preservation of Irish music.¹

Mura mbeadh ann ach sracfhéachaint a thabhairt ar phróifíl chultúrtha na hÉireann sa naoú céad déag, is léir go raibh earraíocht á baint as gnéithe éagsúla den chultúr sin ó cheann ceann na haoise chun spriocanna faoi leith a bhaint amach. Ba dhóigh le duine gur ar cheol na hÉireann a bhí iarrachtaí dheireadh na haoise chun díriú más fíor a bhfuil sa ráiteas thuas a rinneadh agus an athbheochan chultúrtha faoi lántseoil. Teanga agus litríocht na Gaeilge is mó a bhí ag dó na geirbe acu siúd ba ghníomhaí i ngluaiseacht chultúrtha na tréimhse sin, áfach, agus ní réimse níos leithne na saoihiúlachta dúchasaí mar a bhí amhlaidh ó lár an ochtú céad déag. Is iad na blianta idir na 1880í agus na 1920í is coitianta a luaitear leis an athbheochan agus aithnítear go raibh sí ar cheann de na tosca a chuidigh neamhspleáchas polaitiúil a bhaint amach d'Éirinn i 1921. D'fhéadfaí a rá go ndearnadh ionramháil ar ghnéithe áirithe den chultúr dúchais chun gurbh amhlaidh a bheadh an cás, rud a d'fhág béim as cuimse ar theanga agus ar litríocht na Gaeilge. Ní mór aitheantas a thabhairt, mar sin, don chomhthéacs cultúrtha-polaitiúil a bhí i réim agus rianú á dhéanamh ar na coinníollacha inar tháinig ann don athbheochan. Is é an seasamh a bhí ag ceol na hÉireann, agus ag an amhránaíocht go háirithe, sna blianta cinniúnacha sin is mó a bheidh faoi chaibidil anseo.

Tréimhse dhian ó thaobh na polaitíochta de ab ea deireadh an naoú céad déag in Éirinn. Bhí dul chun cinn suntasach déanta ag gluaiseacht an Rialtais Dúchais sna 1880í ina sprioc rialachas neamhspleách a bhaint amach d'Éirinn. Scríosadh an páirtí in 1890, áfach, nuair a tháinig sé chun cinn go raibh a gceannaire, Charles Stewart Parnell (1846-1891), i gcumann leis an Sasanach, Katherine O'Shea, ó 1880. Ba ag an bpolaitíocht a bhí tús áite sa leagan den náisiúnachas a raibh Parnell agus a lucht tacaíochta ina bhun. Bhí tar éis teipeadh ar an gcur chuige sin, áfach. D'fhág sé seo go raibh leithscéal agus údar ann droim láimhe a thabhairt don pholaitíocht bhunreachtúil agus acmhainní cultúrtha na tíre a chur ag obair ar mhaithe le forbairt an náisiúnachais as sin amach.² Anuas air sin, mar a áitíonn Boyce, dhaingnigh

¹ Údar anaithnid, 'The Feis Ceoil,' *Fáinne an Lae*, 21 Bealtaine 1898, 7.

² D. George Boyce, *Nationalism in Ireland* (New York: Routledge, 1995), 234-35 agus F.S.L. Lyons, *Culture and Anarchy* (Oxford: Clarendon Press, 1979), 38.

cinniúint Parnell an tuairim gur mhaith an mhaise d'Éirinn fanacht glan ar Shasana a oiread agus a b'fhéidir. Spreag sé seo meon cosantach i leith an chultúir dhúchais agus d'fhág go raibh gnéithe den chultúr sin á sainiú i gcodarsnacht le cultúr Shasana agus le saol an Bhéarla.³ Bhí an-chumhacht ag an tuairimíocht sin san athbheochan féin agus d'áiteoinn gurbh í ceann de na cúiseanna í ar thángthas i dtír ar an amhránaíocht ar an sean-nós sa chéad áit mar cheann d'fhearais na gluaiseachta sin. Is é sin le rá, láidriú amhránaíocht dhúchasach i nGaeilge an chás ar son shainiúlacht an chultúir Ghaelaigh. Meabhraíonn an ráiteas thuas a rinneadh in *Fáinne an Lae* go raibh daoine ann a mba chás leo staid agus todhchaí an cheoil Ghaelaigh. Tosaíodh ag saothrú sa réimse sin faoi anáil dhá eagraíocht ar tháinig ann ann dóibh in 1897 laistigh de chomhthéacs níos leithne athbheochan na teanga, ba iad sin, Oireachtas na Gaeilge agus an Fheis Cheoil. Ní mór smaoineamh, áfach, gur tuigeadh gur mó práinne a bhí ag an bpointe sin le slánú na teanga. D'fhág sé sin go raibh gnéithe de chultúr na hÉireann nach bhfuair a gceart i ngluaiseacht chultúrtha na tréimhse seo ar chor ar bith agus go raibh ionramháil leanúnach á déanamh ar an tsamhail den phróifíl chultúrtha a bhí le cur chun cinn.

Tús agus deireadh ré araon ab ea tréimhse na hathbheochana agus tá sí ar cheann de na hábhair is lárnáí i Léann na Gaeilge go dtí an lá inniu. Dar le John Hutchinson gurbh é deireadh an naoú haois déag an tréimhse ina ndearnadh an trú hiarracht athbheochan eitneach a spreagadh in Éirinn.⁴ Déanann sé rianú ar dhá ghluaiseacht chultúrtha eile a tháinig roimh athbheochan na Gaeilge mar a thugtar uirthi, ag tosú leis na saothair agus na scoláirí sin a chuaigh i ngleic le gnéithe de shibhialtacht ársa na hÉireann ó lár an ochtú haois déag nó gur bunaíodh Acadamh Ríoga na hÉireann i 1785. Filí agus scoláirí staire den chuid is mó, ina measc, Tomás Dáibhís agus Na hÉireannaigh Óga, ba lárnáí sa chéad ghluaiseacht eile a tháinig in inmhe sa tréimhse idir tús agus lár an naoú céad déag. Díol suime is ea an ról a bhí ag na hAngla-Éireannaigh, a mba Phrotastúnaigh a mbunáite, sna chéad iarrachtaí gnéithe d'oidhreacht na nGael a chur i láthair an phobail. Ba iad seo an mheánaicme a raibh oideachas orthu, agus bhí bonn intleachtúil scolártha le cuid mhaith dá saothar dá réir. Cuireadh suim i rith na tréimhse seo i réimse leathan den tsaoithiúlacht dhúchais, mar shampla, an tseandalaíocht, an ealaín, lámhscríbhinní na Gaeilge, an stair, an ceol agus na hamhráin. Ba ghluaiseacht chultúrtha ilghnéitheach a bhí ag

³ Boyce, *Nationalism in Ireland*, 6.

⁴ John Hutchinson, *The Dynamics of Cultural Nationalism: The Gaelic Revival and the Creation of the Irish Nation State* (London: Allen & Unwin, 1987), 49-50.

teacht in inmhe sa ré réamhathbheochana, mar sin, seachas feachtas a bhí dírithe go príomha ar an nGaeilge. D'fhág sé go raibh an deis ann aitheantas a thabhairt do chleachtas agus d'ealaíona nach raibh teangalárnaithe ná téacsbhunaithe. Go deimhin, ó thaobh na hamhránaíochta féin de, feicfear a laghad tábhacht a léiríodh i leith na teanga sna hiarrachtaí bailiúcháin de na hamhráin a chur i dtoll a chéile i rith an naóú céad déag.

Taifead a dhéanamh de nósanna cultúrtha na tíre a mhairfeadh mar fhianaise ar shibhialtacht shainiúil na hÉireann is mó a chuir ársaitheoirí agus staraithe an ochtú céad déag agus an naóú céad déag rompu. Ainneoin gur chothaigh siad aitheantas agus meas i dtaca leis an nGaeilge, ba mar theanga a bhain le ré ársa na gCeilteach agus na bPágánach a d'fhéach siad uirthi, agus mar fhianaise go raibh Éire, tráth dá raibh, ceannródaíoch i measc shibhialtachtaí an domhain. Ba de shliocht an choilínigh na Protastúnaigh agus bhí siad ag feidhmiú i dtír ina raibh an tromlach mór ina gCaitlicigh. Tite idir dhá stól, bhí dlisteanú le déanamh ar an bhféiniúlacht Éireannach a bhí á sántú acu ach ag an am céanna, chaithfí cos a choinneáil istigh le hImpireacht na Breataine agus na cearta céanna a bheith acu is a bhí ag gcomharsana sa Bhreatain. Chuir siad rompu féin gníomh a dhéanamh a bheadh le leas na hÉireann ach nach gcuirfeadh cumhacht na Breataine i mbaol ach an oiread. Ba é an tírghrá seachas an náisiúnachas a thiomáin a gcuid iarrachtaí, agus mar a áitíonn Leerssen, ní gá gur i gcomhthéacs polaitiúil ar chor ar bith a thuigfí coincheap an tírghrá. Duine a fheidhmíonn ar mhaithe lena thír agus leis an leas coiteann is ea an tírghráthóir, dar leis, agus tarlaíonn sé gur i réimse na litríochta agus na saíochta a rinne roinnt mhaith de scoláirí an ochtú céad déag agus an naóú céad déag amhlaidh:

Their endeavour was considered an important contribution to the world of learning, a rectification of the assessment of the country's history, therefore a contribution to the public good, and as such, the work of 'Good Patriots' (in the sense of 'people who are useful to their fellow-citizens')...⁵

Éilíonn Leerssen féachaint ar an tírghrá i gcomhthéacs níos leithne Eorpach, áit a mbítear dílis do shochar ina bhfuil gach saoránach ar comhchéim, seachas sochar a bhfuil sciar di á rialú ag grúpa eile.⁶ Fuasclaíonn an tuiscint seo a chuireann Leerssen chun cinn an tírghrá ó choimhlintí creidimh agus polaitiúla agus ina leaba siúd, is mar iarrachtaí sa daonchairdeas a áiríonn sé saothair scoláirí na linne seo.

⁵ Joep Leerssen, *Remembrance and Imagination, Patterns in the Historical and Literary Representation of Ireland in the Nineteenth Century* (Corcaigh: Cork University Press, 1996), 23.

⁶ *Ibid.*, 9.

D'fhéadfaí a rá gurbh as timpeallacht fhrithpholaitiúil dá leithéid a fáisceadh riar maith de na saothair a tháinig ó lucht éigse na linne sin. Ina measc siúd, bhí Charlotte Brooke (c.1740-1793) as Contae an Chabháin a d'fhoilsigh *Reliques of Irish Poetry* in 1789. Bailiúchán dánta ón Rúraíocht agus ón bhFiannaíocht ba mhó a bhí sa saothar cé go raibh dornán amhrán traidisiúnta san áireamh freisin, mar shampla, 'An Droighneán Donn' agus 'Bean Dubh an Ghleanna'. Earra cultúrtha a raibh feidhmeanna faoi leith aige ab ea an bailiúchán, ina measc, an caidreamh idir Éire agus an Bhreatain a láidriú: 'As yet, we are too little known to our noble neighbour of Britain; were we better acquainted, we should be better friends. The British muse is not yet informed that he has an elder sister in this isle...'⁷ Is léir go raibh an teannas traidisiúnta idir na hAngla-Éireannaigh agus na Caitlicigh ina bhagairt an t-am ar fad, mar sin, agus go raibh Brooke féin, trína saothar, ag iarraidh a cuid a dhéanamh an teannas sin a mhaolú de bheagán. Chuir Brooke aistriúchán Béarla ar fáil do chuile mhír, ar fianaise iad gur ar lucht léitheoireachta nach raibh eolas acu ar an nGaeilge a bhí an saothar dírithe. Anuas air sin, rinneadh ionramháil ar roinnt de na coincheapa agus ar ghnéithe de stíl na ndánta chun a chinntiú go sásóidís leibhéal áirithe sofaisticiúlachta san aistriúchán Béarla.⁸ Sa phlé ar amhráin na ndaoine, áfach, tugadh tús áite d'fhiúntas agus áilleacht na Gaeilge mar mheán cruthaitheach, agus a oiriúnaí is a bhí sí don fhilíocht liriciúil. 'The poetry of many of our Songs is indeed already Musick',⁹ a d'áitigh Brooke, ag tarraingt aird go háirithe ar mhinicíocht na ngutaí sa Ghaeilge agus ar an gcumas a bhí ag an tréith sin de chuid na teanga dul i bhfeidhm ar an gcluais. Rinneadh an mórath ba dhual ar fhilíocht agus ar cheol na nGael, mar sin, ach ag an am céanna, níor tugadh aon leide go raibh todhchaí ag litríocht na Gaeilge.

Cuntas tuairisciúil ar ghnéithe de cheol agus d'fhillíocht na nGael ab ea mórfoilseachán eile na tréimhse sin, *Historical Memoirs of the Irish Bards* le Joseph Cooper Walker (1761-1810) a tháinig amach i 1786. Protastúnach a rugadh i mBaile Átha Cliath ab ea Walker agus ainneoin nach raibh sé ach ar bheagán Gaeilge, bhí scoláirí Gaeilge i measc a chairde agus a chomhfhreagraithe.¹⁰ Fianaise ab ea é sin ar

⁷ Charlotte Brooke, *Reliques of Irish Poetry: Consisting of Heroic Poems, Odes, Elegies, and Songs* (Dublin: George Bonham, 1789), vii.

⁸ Lesa Ní Mhunchaile, ead., *Charlotte Brooke's Reliques of Irish Poetry* (Dublin: Irish Manuscripts Commission, 2009), xl. Tá cumas Brooke mar aistritheoir pléite go criticiúil ag Ní Mhunchaile in xxxix-xlii.

⁹ Brooke, *Reliques of Irish Poetry*, 229.

¹⁰ Lesa Ní Mhunchaile, *Ré Órga na nGael: Joseph Cooper Walker 1761-1810* (Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht, 2013), 66.

an teagmháil agus an caidreamh a bhí idir na Gaeil agus an mheánaicme Angla-Éireannach san ochtú haois déag, mar atá rianaithe ag Ní Mhungaile.¹¹ Ba é an comhthéacs ársaíoch agus stairiúil a bhí chun cinn i saothar Walker le cuntais ar uirlisí faoi leith de chuid na nGael, an chláirseach, go háirithe. Tráchtadh ar roinnt de shaintréithe an cheoil Ghaelaigh, mar shampla, an traidisiún béil trínar tháinig ann don cheol sin. Foilsíodh freisin dornán fonn Gaelach sa chliathnodaireacht i gceann de na hagusíní ag deireadh an leabhair. Is cosúil go raibh Walker ar an gcéad duine a rinne iarracht dháiríre tabhairt faoi bheathaisnéis de Thoirdealbhadh Ó Cearbhalláin (1670-1738) nach raibh an fhad sin éagtha ag an am, agus gur éirigh leis eolas a bhailiú ina thaobh ó dhaoine a bhí ina mbeo le linn shaol an chruitire féin.¹² Ba léir go raibh Walker ag iarraidh meas agus suim a chothú i leith an cheoil Ghaelaigh. Bhí sé flaithiúil sa mholadh a rinne sé ar an gceol sin: ‘Whatever passion it may be intended to excite, it never fails to effect its purpose.’¹³ Tá sé le sonrú ó thráchttaireacht Brooke agus Walker araon gurbh ealaín an ceol a raibh an cumas aici, thar rud ar bith eile, dul i bhfeidhm ar na mothúcháin. Bhí an tuiscint sin, go spreagfadh eispéireas aeistéitiúil déine mhothúcháin sa duine, ag teacht chun cinn ó thaobh na n-ealaíona de i ngluaiseacht an Rómánsachais ón dara leath den ochtú haois déag ar aghaidh.

Ní ábhar iontais é, nuair a chuirtear *milieu* cultúrtha an ochtú haois déag agus an naoú haois déag san áireamh, mar sin, gur Protastúnach freisin a bhí freagrach as ceann de na chéad bhailiúcháin de cheol uirlise na hÉireann a fhoilsíú sa ré chéanna. Áirítear Edward Bunting (1773-1843) mar cheannródaí i measc luathbhailitheoirí ceoil na hÉireann. Aithnítear gurbh é a chuir ar fáil an chéad bhailiúchán de cheol na hÉireann a cnuasaíodh ó cheoltóirí a raibh an ceol sin ó dhúchas acu.¹⁴ Ba de bhunadh Sasanach Bunting ar thaobh a athar, innealtóir as Derbyshire ó dhúchas, a d’aistrigh go hArd Mhacha chun dul i mbun bainistíochta ar mhianach guail. Fearacht bhunáite na mbailitheoirí móra ceoil in Éirinn sa tréimhse sin, ba sa

¹¹ Ibid., 20-24.

¹² Ibid., 203.

¹³ Joseph Cooper Walker, *Historical Memoirs of the Irish Bards*, vol. 1., 2nd ed. (Dublin: J. Christie, 1818), 90.

¹⁴ Breandán Breathnach, *Ceol agus Rince na hÉireann* (Baile Átha Cliath: An Gúm, 1989), 195. Is é foilseachán John agus William Neale as Baile Átha Cliath, *A Collection [sic] of the Most Celebrated Irish Tunes* (1724) a áirítear ar an gcéad bhailiúchán téacsúil d’fhoinn dhúchasacha na hÉireann. Bhí tábhacht leis an mbailiúchán agus an leabhar teagaisc don pháib uillinne, *National Irish Music for the Union Pipes* (1804), a chuir píopaire darbh ainm Patrick [?] O’Farrell i dtoll a chéile sa tréimhse seo freisin toisc gurbh é an chéad bhailiúchán suntasach é a rinne Éireannach agus ceoltóir a fáisceadh as an traidisiún seachas scoláire. Patrick Sky, ‘National Irish Music,’ in *The Companion to Irish Traditional Music*, 2nd ed., eag. Fintan Vallely (Corcaigh: Cork University Press, 2011), 512.

traidisiún clasaiceach a fuair sé a chuid oiliúna. Ba léir gur cheoltóir paiteanta é, agus sula raibh na déaga sroichte ar chor ar bith aige, bhí cuireadh tugtha dó bheith ina orgánaí le hEaglais Naomh Áine i mBéal Feirste. Tráthúil go leor, ba mar thoradh ar mhóirmeacht cheoil an ochtú haois déag, Féile Chruitirí Bhéal Feirste i mí Iúil 1792, a cuireadh dlús le saothar bailiúcháin Bunting. Arís, mar ghníomh a léireodh meas agus bá le gné faoi leith de chultúr ársa na tíre a reáchtáladh féile na gcruitirí: ‘...the very fact that such a festival was sponsored is evidence that antiquarian studies and an appreciation of cultural heritage were features of late eighteenth century life.’¹⁵ Níor reáchtáladh aon fhéile dá leithéid sna blianta a lean, áfach. Ní i mBéal Feirste ach an oiread a bhí an chéad iarracht déanta aitheantas a thabhairt do cheol na cláirsí. Sna blianta 1784, 1785 agus 1786, reáchtáladh trí fhéile chruitireachta i nGránard i gContae Longphort ar ar tugadh na ‘Granard Balls’. Comórtais ab ea iad seo freisin, áit ar bronnadh duaiseanna ach is cosúil nár breacadh aon cheann de na foinn.¹⁶

Baill d’uasaicme chathair Bhéal Feirste, a raibh bá acu leis an oidhreacht dhúchasach, a bhí freagrach den chuid is mó as tionól 1792 a eagrú, ina measc, an Dochtúir Séamus Mac Domhnaill (1762-1845)¹⁷ agus Henry Joy McCracken (1767-98).¹⁸ Tionóladh an fhéile d’aon ghnó ón 11 go dtí 13 de mhí Iúil mar chomhartha aitheantais agus ceiliúrtha ar an éirí amach in Bastille in 1789.¹⁹ Ba thráthúil go raibh Wolfe Tone agus baill eile de na hÉireannaigh Aontaithe sa chathair ag an am freisin, cé go ndeirtear nach ndeachaigh an ceol go croí riamh in Tone, agus nach raibh mar bhreithiúnas aige ar an bhféile ach ‘Strum, strum, and be hanged’.²⁰ Ina theannta sin, ba é amhrán náisiúnta na Fraince, *La Marseillaise*, a roghnaigh na ceannaircigh a chanadh agus iad ag máirseáil ó Bhéal Feirste go hAontroim seachas amhrán Gaeilge

¹⁵ Joe Ryan, ‘The Tone of Defiance,’ in *Musical Constructions of Nationalism: Essays on the History and Ideology of European Musical Culture 1800-1945*, ead. Harry White agus Michael Murphy (Corcaigh: Cork University Press, 2001), 201.

¹⁶ Diarmuid Ó Catháin, ‘Féilte Cláirseoireachta Ghránaird, John Dungan, Cóbánhávan, agus an Rómánsachas Luath,’ *Eighteenth-Century Ireland: Iris an dá chultúr*, iml. 22 (2007): 106-132.

¹⁷ Dochtúir leighis as Contae Aontroma ab ea Séamus Mac Domhnaill. Ba mhór a spéis sa cheol dúchais agus sa Ghaeilge agus bhí baint aige le bunú an Irish Harp Society in 1808. Chuir sé go mór le forbairt an leighis i mBéal Feirste freisin, áit ar chuidigh sé roinnt ospidéal agus institiúidí leighis a bhunú. ‘Mac Domhnaill, Séamus (1763-1845),’ faighte 24 Feabhra 2016, <http://www.ainm.ie/Bio.aspx?ID=1111>.

¹⁸ Béal Feirsteach agus ball tábhachtach de na hÉireannaigh Aontaithe ab é McCracken. In éineacht le Tomás Ruiséal, bhí lámh mhór aige i mbunú na gluaiseachta sin i mBéal Feirste i 1791. Crochadh i mí Iúil 1798 é mar gheall ar an bpáirt a bhí aige in éirí amach na bliana sin.

¹⁹ Colette Moloney, *The Irish Music Manuscripts of Edward Bunting (1773-1843): An Introduction and Catalogue* (Baile Átha Cliath: Taisce Cheol Dúchais Éireann, 2000), 8.

²⁰ Iontráil dialainne de chuid Wolfe Tone dar dáta 13 Iúil 1792 in Thomas Bartlett, ead., *Life of Theobald Wolfe Tone: Memoirs, Journals and Political Writings, Compiled and Arranged by William T.W. Tone, 1826* (Dublin: Lilliput, 1998), 132.

nó amhrán de bhunadh na hÉireann fiú.²¹ Chomh fada is a bhaineann le Bunting, ba ag an bhFéile a fuair sé a chéad bhlaiseadh den cheol dúchasach nuair a roghnaíodh é chun foinn na seanchláirseoirí a bhreacadh. Aon chláirseoir déag ar fad a d'fhreastail ar an tionól, a bhformhór siúd as tuaisceart na tíre. D'éirigh le Bunting dornán fonn a shlánú agus roinnt staidéir a dhéanamh ar an stíl dhúchasach chláirseoireachta ach níor eascair aon athbheochan phraiticiúil as féile Bhéal Feirste. Bhí gort nua á threabhadh ag Bunting sa mhéid is gur beag eiseamláir a bhí ann ó thaobh nodaireacht an cheoil Ghaelaigh de. Ní gá a rá go raibh impleachtaí aige seo ar thaifead na n-ornáidí agus na nósanna stíleacha eile a bhí sainiúil don cheol sin.

Ba ar Chúige Chonnacht, an bhliain chéanna sin, 1792, a thriail Bunting ar dtús ar thóir ábhair don chéad bhailiúchán den cheol dúchais a chuir sé i dtoll a chéile. I dteannta Risteaird Uí Chiarubháin (1733-1812) as na Creaga i gContae na Gaillimhe, agus a bhí ina Uachtarán ar Acadamh Ríoga na hÉireann ag an am, a rinne sé cuid den obair. Chomh maith leis sin, d'fhill sé ar thuaisceart na tíre, Contae Dhoire, áit ar bhailigh sé roinnt fonn ó Dhonncha Ó hAmsaigh (1695-1807), duine de na cláirseoirí a bhí páirteach sa tionól i mBéal Feirste. Bhí 66 fonn ar fad sa chéad chnuasach a d'fhoilsigh sé i 1796, le teideal na bhfonn i mBéarla agus i nGaeilge.²² Ag teacht le faisean agus éilimh na haimsire, áfach, rinne Bunting cóiriú ar na foinn chun go bhfeilfidís don phianó. Is léir gur tuigeadh dó go raibh air droim lámhe a thabhairt don stíl ghlan thraidisiúnta agus na foinn a chur in oiriúint do thraidisiún clasaiceach na hEorpa má bhí aon rath le bheith ar an mbailiúchán. Feictear go raibh an rud céanna amhlaidh i gcás an bhailitheora George Petrie freisin a tháinig ina dhiaidh, cé gur léirigh Petrie, mar a phléifear thíos, tuiscint níos grinne ar an traidisiún dúchasach. Ba sna blianta 1802 agus 1803 a tháinig Bunting ar fformhór na n-amhrán Gaeilge atá breactha sna lámhscríbhinní. Cé gur bhailigh sé tuairim is 500 téacs amhrán, níor fhoilsigh sé na leaganacha Gaeilge. Go deimhin níl sna trí chnuasach ar fad a foilsíodh ach an ceathrú cuid d'ábhar a chuid lámhscríbhinní.²³

Shamhlófaí go mba chéim chun cinn é gur aithin Bunting a chuid aineolais i leith na Gaeilge agus gur fhostaigh sé cainteoir dúchais Gaeilge chun tabhairt faoi théacsanna

²¹ Charlotte Milligan Fox, *Annals of the Irish Harpers* (London: Smith, Elder & Co., 1911), 25.

²² Ba é teideal iomlán an chéad fhoilseacháin, *A General Collection of the Ancient Irish Music Containing a variety of Admired Airs never before published and also The Compositions of Conolon and Carolan Collected for the Harpers &c in the Different Provinces of Ireland, and adapted for the Piano Forte, with a Prefatory Introduction by Edward Bunting.*

²³ Moloney, *The Irish Music Manuscripts*, 3.

na n-amhrán a bhreacadh. Ba bheag an mhaith a tháinig as an ngníomh sin i ndeireadh na dála, áfach, toisc gur bheartaigh sé gan na téacsanna Gaeilge a fhoilsiú. Ba as Loch an Oileáin i gContae an Dúin do Phádraig Ó Loingsigh (c.1756-1838),²⁴ an té a ceapadh don togra, agus i mí Aibreáin na bliana 1802, thug sé aghaidh ar Chontae Liatroma chun tabhairt faoin obair. Ón gcomhfhreagas atá ar fáil idir Ó Loingsigh agus Bunting, is léir gur i gCúige Chonnacht, agus go háirithe i gContae Mhaigh Eo, a bhailigh sé bunáite na n-amhrán. Is cosúil gur bhailigh sé breis is 150 amhrán sa chontae sin in imeacht sé seachtaine.²⁵ Ní raibh eolas ag an Loingseach ar an gceantar ná aithne aige ar na daoine, agus ba mhinic gan aige ach ón lámh go dtí an béal, de réir mar atá breactha ina chuid tuairiscí. Ar chomhairle an mháistir scoile áitiúil a bhí sé ag brath cuid mhór den am agus é ag fiosrú ainmneacha na ndaoine a bhfaigheadh sé amhráin uathu.²⁶ Tar éis an dua a chaith an Loingseach i mbun bailiúcháin, áfach, agus ar sháraigh sé de dheacrachtaí praiticiúla i gcaitheamh an ama sin, níor bhac Bunting le ceachtar de na téacsanna agus é ag foilsiú a dhara saothar ceoil in 1809. Ba ar éigean a thug Bunting aitheantas ar bith don Loingseach san fhoilseachán ach tagairt fhánach agus é ag trácht air féin mar eagarthóir sa tríú pearsa: ‘He was accompanied by a person versed in the Irish tongue, who took down the original words...’²⁷

Fiú dá socródh Bunting na téacsanna Gaeilge a úsáid, bhí dul amú air nuair a mhol sé don Loingseach na téacsanna a bhailiú ar dtús, áit a rachadh sé féin i mbun bhreacadh na bhfonn níos déanaí. Léiríonn an cur chuige sin nach ag an mbarántúlacht ná ag an aontacht idir focail agus foinn a bhí tús áite. Ní hamháin sin,

²⁴ Is cosúil go raibh scoil scairte á rith sa cheantar ag muintir Uí Loingsigh. Mhúin Pádraig féin an Ghaeilge in Acadamh Bhéal Feirste agus i dtithe príobháideacha timpeall ar an gcathair. Ba é a bhí i mbun na hirise Gaeilge, *Bolg an tSoláir*, a foilsíodh i mí Dheireadh Fómhair 1795. Brian Mac Giolla Fhinnéin, ‘Pádraig Ó Loingsigh: Saol agus Saothar,’ *Seanchas Ard Mhacha: Journal of the Armagh Diocesan Historical Society*, iml. 15, uimh. 2 (1993): 98-124.

²⁵ Moloney, *The Irish Music Manuscripts*, 147.

²⁶ Tá an comhfhreagas idir Pádraig Ó Loingsigh agus Edward Bunting ar coimeád in Ollscoil na Ríona. Tá sleachta de i gcló in Milligan Fox, *Annals of the Irish Harpers*, 230-58. Féach freisin Moloney, *The Irish Music Manuscripts*, 146-47.

²⁷ Edward Bunting (eag.) *A General Collection of the Ancient Music of Ireland* (London: 1809), i. D’éirigh idir Bunting agus an Loingseach nuair a thug an Loingseach fianaise in aghaidh Thomáis Ruiséil (1767-1803), duine de na hÉireannaigh Aontaithe agus cara le Bunting. Ciontafodh an Ruiséalach as ardréas mar gheall ar an bpáirt a bhí aige san éirí amach i mí Iúil 1803 agus cuireadh chun báis é i mí Dheireadh Fómhair na bliana céanna. Is cosúil gur go drogallach a thug an Loingseach fianaise, áfach, toisc an cairdeas a bhí idir é féin agus an Ruiséalach, agus fiú gan fianaise an Loingsigh, go raibh dóthain cruthúnais ag na húdaráis ar aon nós chun an Ruiséalach a chiontú. Cibé scéal é, tugadh droim láimhe ina dhiaidh sin do Phádraig Ó Loingsigh i measc an chomhludair i mBéal Feirste. Gach seans go raibh baint ag na cúinsí sin leis an gcinneadh a rinne Bunting gan na téacsanna Gaeilge a bhí breactha ag an Loingseach a fhoilsiú. Mac Giolla Fhinnéin, ‘Pádraig Ó Loingsigh,’ 120-22.

ach ba ó na cláirseoirí den chuid is mó a bhailigh sé na foinn seachas ó na hamhránaithe ar bailíodh na focail uathu. Is cosúil gur chreid sé gur mó cumas ceoil a bhí ag lucht casta uirlise ná mar a bhí ag amhránaithe na Gaeilge. Níor thada neamhghnáth ag an am an t-idirdhealú cultúrtha seo a rinne Bunting bunaithe ar an rogha teanga agus an aicme shóisialta. Níor chuir sé san áireamh go mbeadh leaganacha éagsúla ag daoine de na hamhráin chéanna, agus mar sin, nach bhféadfaí brath go hiomlán díreach ar theideal an amhráin lena chinntiú go raibh an fonn agus na focail ag réiteach le chéile mar aon amhrán amháin. Chomh maith leis sin, bhí chuile sheans ann go ndéanfadh sé nodaireacht mhíchruinn ar na hornáidíochtaí ceoil ó tharla é bheith ag brath ar chláirseoirí chun an stíl dhúchasach fonnadóireachta a chur i láthair. Ach an oiread lena chéad chnuasach, bhí teideal fada léannta ar an saothar seo freisin a d'fhág nach ar an bpobal i gcoitinne a rachadh an saothar i bhfeidhm:

A General Collection of the Ancient Music of Ireland arranged for the piano forte, some of the most admired melodies are adapted for the voice to poetry chiefly translated from the original Irish songs by Thomas Campbell, Esq., and other eminent poets, to which is prefixed a historical and critical dissertation on the Egyptian, British and Irish Harp by Edward Bunting²⁸

Bhí George Petrie (1790-1866) den tuairim go raibh práinn leis an dara himleabhar seo de chuid Bunting. Bhí Thomas Moore (1779-1852) tar éis tarraingt go láidir ar chéad saothar Bunting a foilsíodh i 1796 dá chéad imleabhar féin de na *Irish Melodies* a tháinig amach in 1807. Is cosúil gur ghoill sé seo ar Bunting agus dá bhrí sin, go raibh sé ag iarraidh fanacht céim chun cinn ar Moore agus an dara bailiúchán a fhoilsiú chomh luath agus ab fhéidir.

B'as saothar an bhailitheora a tháinig leath na bhfonn ar chuir Moore a chuid liricí maoithneacha leo a thuill níos mó clú dó ná mar a shaothródh Bunting go deo. Bhí Bunting ar a dhícheall a chuid féin a fháil ar ais má bhí fírinne ar bith sa bhreith a thug Petrie ar an saothar:

It is most probable ... that ... the appearance of this volume was somewhat hastened by the publication and extraordinary success of the first and second numbers of Moore's *Irish Melodies*; it is certain that a natural spirit of emulation excited him to attempt a vain rivalry with it by the adaptation of English words to most of the vocal airs, and a more successful one, by an expensive splendour of typography, not to be

²⁸ Ba i Londain a foilsíodh an chéad dá chnuasach, i 1796 agus i 1809 faoi seach, agus ba é Hodges and Smith i mBaile Átha Cliath a d'fhoilsigh an cnuasach deireanach dá chuid i 1840.

found in the musical publications of the poet – for it is easier to command good paper, engraving, and printing, than good poetry.²⁹

D’fhoilsigh Bunting a bhailiúchán deireanach, agus an ceann ba thoirtiúla in 1840, trí bliana sular bhásaigh sé. Ní fhacthas téacsanna Gaeilge san imleabhar seo ach an oiread ach ina leaba sin, d’fhoilsigh sé amhráin leis an bhfile Albanach, Thomas Campbell (1777-1844), chomh maith le haistriúcháin ar amhráin Ghaeilge a bhí déanta ag Mary Balfour (1778-1819) as Léim an Mhadaidh i gContae Dhoire. D’fhill sé don fhoilseachán deireanach seo ar chuid mhaith den ábhar a bhí bailithe aige sna blianta tosaigh. Tuairimíonn Moloney nár bailíodh ach 26 fonn tar éis 1809 agus gur ó chomhfhreagrú a tháinig roinnt mhaith acu sin.³⁰ Iarracht ab ea saothar Bunting, tríd is tríd, roinnt de na foinn dhúchasacha a shlánú ó dhearmad agus fianaise a thabhairt ar ghné eile d’ealaíona na nGael a bhí ar an dé deiridh: ‘It must not be regarded as a Musical publication alone, but as a National Work of the deepest antiquarian and historical interest.’³¹ Ba ar cheol na cláirsí den chuid is mó a dhírigh Bunting, ceol a raibh brí agus áit faoi leith aige sa tsochaí in Éirinn: ‘an entertainment for the wealthy, preserved by well-trained musicians whose repertoires included a mixture of older pieces, contemporary ballads, and newer tunes, sometimes composed in honour of their patrons.’³² Bhí ceol na cosmhuintire agus ceol na cláirsí ag maireachtáil taobh le taobh, ach beagnach i ngan fhios dá chéile, in Éirinn ag an am. Nuair a chuirtear san áireamh go raibh sciar mór den daonra, go háirithe faoin tuath, neamhlíteartha sa cheol, is beag seans go rachadh saothar Bunting i bhfeidhm ar an bpobal i gcotinne. Go deimhin ba í an tslat tomhais a bhí ag Bunting, agus neart de lucht ceoil a chomhaimsire agus iad ag meas na bhfoinn Gaelach ná an cumas a bhí ag na foinn sin géilleadh do stíl chlasaiceach na hEorpa a raibh bunús an léinn agus na litearthachta aici.

Ní miste a aithint go mbeadh tionchar indíreach ag saothar Bunting ar an gcaidreamh a d’fhorbair idir an ceol agus an pholaitíocht níos deireanaí sa naoú haois déag. Mar a luadh thuas, ba as bailiúcháin Bunting a tháinig riar de na foinn a chuir Thomas Moore in oiriúint dá chuid *Irish Melodies*. Sé fhonn déag a bhí sa chéad eagrán de na

²⁹ George Petrie, ‘Our Portrait Gallery – No. XLI: Edward Bunting,’ Dublin University Magazine, vol. xxix, no. xli (January 1847): 70.

³⁰ Moloney, *Irish Music Manuscripts*, 16.

³¹ Ba é an scoláire Albanach, Robert Chambers (1802-1871), ar cheoltóir agus bailitheoir amhrán é féin freisin a rinne an léirmheastóireacht dhearfach sin i dtaobh fhoilseachán deireanach Bunting. Luaite in Milligan Fox, *Annals of the Irish Harpers*, 79.

³² Sally K. Sommers Smith, ‘Interpretations and Translations of Irish Traditional Music,’ in *Language and Tradition in Ireland: Continuities and Displacements*, eag. Maria Tymoczko agus Colin Ireland (Amherst: University of Massachusetts Press, 2003), 104.

Melodies agus ba as bailiúchán Bunting (1796) a tháinig aon cheann déag acu sin.³³ Ba léir nach róshásta a bhí Bunting ach ba í an éagóir ba mhó a rinne Moore, dar leis, ná na foinn a athrú chun go réiteoidís leis na focail in áit cead a thabhairt do na téacsanna freastal ar an gceol.³⁴ Ba é Moore a bhí freagrach, cuid mhaith, as tuiscintí rómánsaíocha a chothú i leith an cheoil Ghaelaigh, ceol a bhí faoi réir ag cailíteanas agus díláithriú, dar leis. Tógadh ina Chaitliceach é ach ba i measc na meánaicme, ar Phrotastúnaigh a mbunáite, a chaith sé cuid mhór dá shaol. Ba é a bhua liteartha seachas a chúlra a thug áit sa chomhluadar sin dó: ‘Genius had made him the guest of princes, but he never shrank from the distinct avowal, that he was the son of a tradesman.’³⁵ D’fhreastail sé ar Choláiste na Tríonóide tráth ar Phrotastúnaigh tromlach na mac léinn ansin. Bhí Moore cairdiúil le réabhlóidithe agus poblachtánaithe a linne, ina measc, Robert Emmet (1778-1803), a casadh i gColáiste na Tríonóide air agus a cuireadh chun báis in 1803 as ardréas in aghaidh rí Shasana. Níor rún ar bith é gur theastaigh ó Moore aird a tharraingt ar an drochíde a bhí á thabhairt d’Éirinn sa chaidreamh coilíneach. Rinne sé ionramháil ar an oidhreacht dúchais cheoil ar mhaithe le seintimintí polaitiúla a chur in iúl. D’éirigh leis íomhá d’Éirinn a chur chun cinn a thug léargas ar uaisleacht agus spioradáltacht na tíre sa ré ársaíoch ach freisin a d’aithin réalachas polaitiúil a linne.

D’fhág *Melodies* Thomas Moore gur tháinig lucht éisteachta níos leithne agus níos ilghnéithí i dteagmháil le ceol a d’áireofaí ag an am mar cheol Éireannach. Ba le haimhleas an cheoil in Éirinn a chuaigh sé, dar le Harry White, go ndearnadh an sainiú agus an rangú teoranta seo ar an gceol. Bhí an toradh air gur i gcomhthéacs náisiúnaíoch, seachealaíonta a saothraíodh agus a glacadh le ceol na hÉireann ar bhonn poiblí, oifigiúil ar feadh tréimhse fada ina dhiaidh sin. Chuir an treocht seo srian le forbairt na cumadóireachta agus an cheoil ar a son féin.³⁶ Chuir Moore liricí maoithneacha leis an gceol mar iarracht dlisteanú a dhéanamh ar a thuairim go raibh

³³ I measc na n-amhrán a bhí i gcéad chnuasach Moore bhí ‘Go where glory awaits thee’ a bunaíodh ar an bhfonn ‘The Maid of the Valley’ ó bhailiúchán Bunting agus a aithnítear inniu mar ‘Moll Dubh an Ghleanna’. San áireamh freisin bhí ‘As a Beam o’er the face of the waters may glow’ a bunaíodh ar ‘The Young Man’s Dream’ nó ‘Aisling an Óigfhir’ a bhí bailithe ag Bunting. Ba é an leagan a bhailigh Bunting de ‘The Brown Maid’ an inspioráid don fhonn a cuireadh le ‘Oh Breathe Not his Name’ a chum Moore in onóir dá chara Robert Emmet. Veronica Ní Chinnéide, ‘The Sources of Moore’s Melodies,’ *The Journal of the Royal Society of Antiquaries of Ireland* 89, no. 2 (1959): 118, faighte 10 Samhain 2018, <http://www.jstor.org.libraryproxy.mic.ul.ie/stable/25509361>.

³⁴ Bunting, *Ancient Music*, 1840, 5.

³⁵ James Burke, *The Life of Thomas Moore, author of ‘Irish Melodies,’ ‘Lalla Rookh,’ Etc., Etc., Etc.* (Dublin: James Duffy and Sons, 1879), 193.

³⁶ Harry White, *The Keeper’s Recital: Music and Cultural History in Ireland, 1770-1970* (Corcaigh: Cork University Press, 1998), 47.

ceangal idir ceol na hÉireann agus anchás na nGael, meon nach raibh neamhchoitianta ag an am.³⁷ Rinne sé seo polaitiú ar na hamhráin agus rith sé cruais leis an nglúin ceoltóirí agus fonnadóirí a bhí le teacht forbairt a dhéanamh ar an gceol neamhspleách ar cheisteanna náisiúnachais agus polaitíochta: ‘He not only politicised the ethnic repertory: he also ensured that it would predominate in all considerations of music as a modern art form in Ireland.’³⁸ D’fhorbair an ceol mar shiombail nó mar earra de chultúr faoi chois seachas mar fhoirm ealaíne inti féin. Cáinteoir iarrachtaí Moore freisin toisc gur shá sé a ladar isteach in oidhreacht cheoil a bhí leochaileach go leor cheana féin agus go ndearna sé beag is fiú do bharántúlacht an cheoil sin.³⁹

Léiríonn an rath a bhí ar Moore ina dhiaidh sin féin a chumhachtaí is a bhí na healaíona tagarthacha agus meán an fhocail chun tuiscintí a bhí fábharrach don náisiúnachas a chur chun cinn. Thug sé poiblíocht trína chuid amhrán do ghnéithe de stair thrioblóideach a thír ach ní raibh ton foréigeanach ná míleata le brath ar na hamhráin ar nós shaothair Thomáis Dháibhís. Bhí an leibhéal oiriúnach débhrí agus maoithnis ag roinnt le hamhráin Moore a chinntigh go bhfreastalóidís ar phobail éisteachta a raibh ar a laghad dhá chultúr ceoil éagsúil acu mar a léirítear i sampla amháin ionadaíoch as a stór amhrán, ‘Farewell to my Harp’:

Dear Harp of my Country! in darkness I found thee,
The cold chain of silence had hung o’er thee long,
When proudly, my own island Harp, I unbound thee,
And gave all thy chords to light, freedom and song!⁴⁰

Ba ar fhairsinge agus éagsúlacht na bpobal éisteachta go sainiúil a tharraing Dubhghlas de hÍde aird, mar shampla, agus é ag tabhairt a bhreith ar shaothar Moore níos deireanaí. Chreid sé gurbh iad amhráin Moore a thug ar an uasaicme in Éirinn spéis a chur i gceol na nGael:

³⁷ Bhí an tuairim ag Joseph Cooper Walker, mar shampla, go ndeachaigh ceol na hÉireann chun duaircis tar éis ionradh na Sasanach, agus gur ghlac filí na mBard chucu féin an mód Lidiach nó dórach, lena samhlaítear go coitianta dobrón agus gruaim: ‘Sinking beneath this weight of sympathetic sorrow, they became a prey to melancholy. Hence the plaintiveness of their music.’ Walker, *Historical Memoirs*, vol. I., 181. Pléitear níos faide anonn an tuairim a bhí ag George Petrie freisin go raibh tionchar ag staid choilíneach na tíre ar ghnéithe dá cuid ceoil.

³⁸ White, *The Keeper’s Recital*, 48.

³⁹ Joseph J. Ryan, ‘Nationalism and Music in Ireland’ (Tráchtas PhD, Ollscoil na hÉireann, Máigh Nuad, 1992), 100.

⁴⁰ In James Flannery, *Dear Harp of My Country: The Irish Melodies of Thomas Moore* (Nashville: J. S. Sanders & Co., 1997), 168. Is í an chláirseach an tsiombail araltach is sine de chuid na hÉireann agus tá cumhacht le fada sna healaíona aici agus ionadaíocht shiombalach á déanamh ar an tír. Deirtear gur sa séú haois déag, faoi réimeas Anraoi VIII, a tugadh aitheantas mar shiombail araltach di den chéad uair. Peter Alter, ‘Symbols of Irish Nationalism,’ *Studia Hibernica* no. 14 (1974): 108.

Bhíodh abhráin an Mhórdhaigh dá seinnm ins gach seomra cuideachtan, agus ar gach gléas ceóil i nÉirinn, ins an gcaisleán chomh maith leis an mbothán. Do tharraing siad aire na ndaoine uasal féin ar shean-ghlóir agus ar shean-eachtraibh na hÉireann, gan aon fhaltanus ná seirbhe ná mioscais do mhúsgailt, agus gan aon eagla do chur ar na daoine móra.⁴¹

Ba é an cumadóir Sir John Stevenson (1762-1833) ba mhó a rinne cóiriú ar na foinn agus ba don phianó go sainiúil a chuir sé in oiriúint iad. Níor cheart neamhaird a dhéanamh don siombalachas a bhain leis an bpianó le linn ré Moore nó mar atá scríofa ag duine amháin ina thaobh: ‘...quite possibly the single most ideologically charged product of the Romantic age.’⁴² Bhí an pianó ar cheann de na siombailí ba shoiléire a rinne idirdhealú idir an mheánaicme agus an chosmhuintir. Mheabhraigh sé banúlacht, saibhreas, sibhialtacht agus saíocht, luachanna a mbeadh tóir orthu i measc na mionuaisle. Chuir Stevenson comhcheol leis na bunfhoinn agus chum sé réamhdhréachtaí agus iardhréachtaí do na hamhráin ar thug sé siansaí nó ‘symphonies’ orthu, téarma aitheanta i bhfoclóir na ceoleolaíochta Eorpaí. Bhí ról nach beag aige, mar sin, ceol na hÉireann a dhéanamh níos inghlactha i bparlúis na meánaicme agus na huasaicme.

Fianaise ab ea saothar Moore, agus an rath a bhí air, gurbh fhearr iompú ar an mBéarla má bhíodhas ag iarraidh dul i bhfeidhm ar sciar níos leithne den phobal. Bhí sé ina measc siúd nár chreid go mba theanga shainiúil tús agus deireadh an tírghrá agus an náisiúnachais in Éirinn: ‘I cannot help thinking that it is possible to love our country very zealously, and to feel deeply interested in her honor and happiness, without believing that Irish was the language spoken in Heaven.’⁴³ D’fhéadfaí Moore a shuíomh, mar sin, i ngluaiseacht chultúrtha a tháinig chun cinn sa naoú haois déag neamhspleách ar an nGaeilge. Bhí bailíocht ag coincheapa cosúil leis an náisiúnachas i gcomhthéacs níos leithne na n-ealaíon, a d’fhreagair don tuiscint a bhí i réim maidir leis an tírghrá i dtograí cultúrtha na nAngla-Éireannach san ochtú céad déag. Feictear i dtreo dheireadh an naoú céad déag an claochlú a bhí tagtha ar an meon i leith an náisiúnachais chultúrtha agus an bhéim as cuimse a cuireadh ar an nGaeilge sa ghluaiseacht sin. Níorbh í an Ghaeilge a b’fhiúntaí sa chomhthéacs praiticiúil sa ré sin ach an oiread, ar ndóigh, ach bhí luach ard siombalach agus idé-eolaíoch aici i bhfeachtas inar ghá seintimintí maidir le sainiúlacht chultúr na nGael a chur in iúl.

⁴¹ Dubhghlas de hÍde, *Mise agus an Connradh* (Baile Átha Cliath: Oifig Dhíolta Foilseacháin Rialtais, 1937), 14.

⁴² Nicholas Mason, ‘Consumer Culture: Getting and Spending in the Romantic Age,’ in *A Concise Companion to the Romantic Age*, ead. Jon Klancher (Sussex: Blackwell Publishing Ltd., 2009), 204.

⁴³ Luaite in Flannery, *Dear Harp of My Country*, 71.

Níl aon cheist ach go raibh rath as cuimse ar na *Melodies*. Fianaise air sin na haistriúcháin a rinneadh orthu in iliomad teangacha, an Ungáiris, an Pholainnis agus an Rúisis ina measc. Ba é an tArdeaspag Mac Éil a thug faoi aistriúchán Gaeilge den saothar. Is cosúil go raibh údar faoi leith leis an meas a bhí baill den Chléir ar amhráin Moore, mar a thug an tAthair Thomas Burke (1830-1882) as Gaillimh le fios i gceann dá chuid óráidí cáiliúla: ‘They are admired wherever the influence of music extends, and even in our own times they softened and prepared the English mind to grant us Catholic Emancipation.’⁴⁴ Ainneoin an gradam a bronnadh ar saothar Moore, níor fhreastail a chuid ceoil ach ar aicme faoi leith den phobal. Ní raibh a chuid amhrán á ngabháil sna botháin mar a chreid de hÍde. ‘He has not given songs to the middle and poor classes in Ireland’,⁴⁵ a bhí áitithe ag Tomás Dáibhís ina leith, cuir i gcás. Bhí ceist na haeistéitice ó thaobh an cheoil de casta go leor agus mar a luadh thuas, bhí ar a laghad dhá stíl cheoil ag maireachtáil neamhspleách ar a chéile in Éirinn sa naoú haois déag. Ní dóigh gurb iad na nósanna ceoil céanna a rachadh i bhfeidhm orthu siúd a bhí oílte go foirmeálta sa cheol, agus a raibh bá acu le traidisiún ceoil na hEorpa, agus sciar eile den phobal, cainteoirí Gaeilge den chuid is mó, a mhair go tréan i gceantair tuaithe agus in iarthar na tíre agus a mba iad foinsí príomha an cheoil thraidisiúnta iad. Léiriú ab ea saothar Moore trí chéile ar an gcaoi ar fheidhmigh an ceol mar mhodh rangaithe pobail, mar atá ríshoiléir ón nóta tiomnaithe a cuireadh leis an gcéad eagrán de na *Melodies* in 1807: ‘To the Nobility and Gentry of Ireland’.

Agus an caidreamh idir ceol agus pobal sa naoú haois déag á ríomh, ní mór bailiúchán ceoil George Petrie a chur san áireamh toisc go bhfuil an ról a bhí ag amhránaithe na Gaeilge níos inbhraite ann ná mar atá i mbailiúchán Bunting. Chuir Petrie oidhreacht an cheoil Ghaelaigh i seilbh na cosmhuintire. Tarraingíodh ar choincheap na húinéireachta cultúrtha i dtreo dheireadh na haoise, ar ndóigh, agus an argóint ar son shainiúlacht an chultúir á cur chun cinn. Bhí an fhorbairt sin ar cheann de na tosca a chuirfeadh deireadh le cumhacht na nAngla-Éireannach in Éirinn, áfach: ‘... their rediscovery of Ireland’s cultural as well as her political heritage was to start their country off to a destination which was to prove their own undoing.’⁴⁶ Bhí Petrie féin, a mba Anglacánach agus dílseoir é, ina measc seo. Ba i mBaile Átha

⁴⁴ ‘The National Music of Ireland’ in [Rev. Thomas N. Burke], *The Sermons, Lectures, and Addresses delivered by The Very Rev. Thomas N. Burke* (New York: Peter F. Collier, 1872), 325, faighte 20 Lúnasa 2018, <https://archive.org/details/sermonslecturesa00burk>.

⁴⁵ Luaite in Flannery, *Dear Harp of my Country*, 110.

⁴⁶ Boyce, *Nationalism in Ireland*, 116.

Cliath sa bhliain 1790 a tháinig sé ar an saol agus ba de bhunadh na hAlban a chuid tuismitheoirí. Bhí cúlra sa cheol clasaiceach aige ach níor shroich sé caighdeán ná profisiúntacht Bunting riamh mar cheoltóir. Ba chaitheamh aimsire agus siamsaíocht a bhí sa cheol do Petrie, ach ar luaigh sé cumhacht agus feidhm mhorálta leis freisin:

In the hours of worldly trials, of cares and sorrows, I have felt its power to soothe and console; to restrain from the pursuit of worthless and debasing pleasures, of soul-corrupting worldly ambitions, destructive of mental peace; and to give contentment in a humble station.⁴⁷

In 1855 a foilsíodh an t-aon saothar ceoil le Petrie agus é fós ina bheo, *The Petrie Collection of the Ancient Music of Ireland*.⁴⁸ 147 fonn a bhí sa bhailiúchán, líon íseal go maith i gcomparáid lena bhailigh sé go hiomlán, go mórmhór i dtreo dheireadh a shaoil. Ba é an ‘Society for the Preservation and the Publication of the Melodies of Ireland’, a raibh lámh mhór aige ina bhunú in 1851 agus a raibh sé ina uachtarán air chomh maith, a chuir dlús leis an obair. Ba é bailiúchán Petrie an t-aon saothar a d’fhoilsigh an cumann. Cé gur thiomnaigh Petrie a chuid blianta deiridh do bhailiú an cheoil, ba mar ealaíontóir agus mar sheandálaí gairmiúil a chaith sé formhór a shaol oibre. I measc an 2,000 duine a bhí fostaithe ag an tSuirbhéireacht Ordnaís⁴⁹ agus í i mbarr a réime, bhí Petrie féin, Seán Ó Donnabháin⁵⁰ agus Eoghan Ó Comhraí (1794-1862). Mar a fheicfeadh thíos, bhí tionchar nach beag ag Ó Comhraí ar obair Petrie ó thaobh bhailiú na n-amhrán de tharla go raibh an Ghaeilge ar a thoil aige. Duine tírghrách, sa chiall is litriúla, ab ea Petrie. Ní ar leibhéal pearsanta a thug sé faoin obair bhailiúcháin ach mar thogra a rachadh chun leas na tíre ar fad: ‘I could not render a better service to my country,’⁵¹ a bhí áitithe aige i réamhrá an tsaothair. Thug sé le fios go raibh ceol dúchasach na hÉireann ar comhcheim nó chun tosaigh fiú ar stíleanna eile ceoil an domhain. Tá le feiceáil trína chuid scríbhinní an iarracht a rinne sé mórtas cine a chothú i measc na nGael bunaithe ar áilleacht agus fiúntas a

⁴⁷ George Petrie, *The Petrie Collection of the Ancient Music of Ireland* vol. 1 (Dublin: The Society for the Preservation and Publication of the Melodies of Ireland, 1855), vii.

⁴⁸ Foilsíodh an chéad imleabhar ina iomláine agus in 1882 foilsíodh thart ar leath den dara himleabhar.

⁴⁹ Ba sa Bhreatain a bunaíodh an eagraíocht seo i 1791 ach leathnaíodh go hÉirinn sa bhliain 1824 í chun taifead a dhéanamh ar ainmneacha agus teorainneacha na mbailte fearainn. Chuir an tSuirbhéireacht leis an tuisceint go dtí sin ar chúrsaí ársaíochta agus tionsclaíochta chomh maith.

⁵⁰ Ceapadh Seán Ó Donnabháin (1806-1861) as Co. Chill Chainnigh ar fhoireann na Suirbhéireachta Ordnaíse sa bhliain 1830, áit a raibh sé mar chomhairleoir ó thaobh cheartlitriú agus fhuaimniú logainmneacha na Gaeilge. Ba é Petrie a bhí ina stiúrthóir ar Roinn na Topagrafaíochta sa tSuirbhéireacht Ordnaís ó 1835 go dtí 1842. Féach Patricia Boyne, *John O'Donovan (1806-1861): A Biography* (Cill Chainnigh: Boethius, 1987).

⁵¹ Petrie, *The Petrie Collection of the Ancient Music of Ireland*, xiii.

gcuid ceoil mar a thug sé le fios i gceann de na litreacha a scríobh sé chuig a chomhghleacaí ceoil sa Bhreatain, William Chappell (1809-1888):⁵²

I am a lover of the national airs of all the parts of our empire, not only for the beauty which they often possess, but because they appear to me to indicate the peculiar traits of character which distinguish the people of each portion of the empire from the others. But I do think that, in expression of the tender sentiments, and often in the art of their construction, there are no national melodies equal to the Irish in the whole world.⁵³

Is léir gur fhan Petrie glan ar aon chlaonadh, go comhfhiosach ar aon nós, i dtreo na radaiceachta nó na polaitíochta agus é ag moladh an cheoil sin. Rinne sé iarracht oibiachtú a dhéanamh ar an gceol agus ag an am céanna aitheantas a thabhairt d'fhiúntas aeistéitiúil an cheoil mar a dhearbhaíonn sé sa litir chéanna sin chuig an Uasal Chappell:

I cannot conclude without remarking that the high opinion which you have expressed as to the exquisite beauty of our Irish music has afforded me great pleasure, for it has given me an assurance that my own high opinion of its excellence is not – at least, to any great extent – a result of national feeling or prejudice.⁵⁴

Foilsíú ar an daonnacht ab ea an ceol, rud a d'fhág go raibh an cumas ag aon stíl cheoil guth a thabhairt do sheintimintí agus tréithe na ndaoine a chleacht an stíl sin, agus ar an mbonn sin, a sainiúlacht a dhearbhu. Thug an bhéim a chuir sé ar fhéiniúlacht na nGael bunaithe ar a gcuid ceoil, ról d'fheiniméan an cheoil i gcomhthéacs náisiúnaíoch cultúrtha sna blianta ina dhiaidh sin.

Ainneoin gur i dtéarmaí ársaíochta agus ceoleolaíochta go príomha a rinne Petrie iniúchadh ar an gceol dúchais, ghéill sé freisin don tuiscint go raibh an ceol, agus gnéithe eile de chultúr na nGael, faoi réir ag coinníollacha polaitiúla agus eacnamaíochta na linne. Ba é an 'Society for the Preservation of the Melodies of Ireland' a mhol do Petrie a bhailiúchán a fhoilsíú ach is léir gurbh é uafás agus sléacht an Ghorta Mhóir a thug air an beart a chur i gcrích ar deireadh:

⁵² Bhain William Chappell ainm amach dó féin mar bhailitheoir agus scoláire de cheol dúchasach na Breataine. I measc a chuid foilseachán tá *Popular Music of the Olden Time: a collection of ancient songs, ballads, and dance tunes, illustrative of the national music of England* in dhá imleabhar ó 1855-9. Bhí lámh aige i mbunú an Musical Antiquarian Society sa Bhreatain in 1840, chomh maith le heagraíochtaí eile ceoil thart ar an tréimhse chéanna. Jacqueline Simpson agus Steve Roud. 'Chappell, William (1809-1888).' In *A Dictionary of English Folklore*. Oxford University Press, 2003, 2 Aibreán 2017, <http://www.oxfordreference.com/view/10.1093/acref/9780198607663.001.0001/acref-9780198607663-e-162>.

⁵³ Litir dar dáta 13 Meitheamh 1855. Luaite in William Stokes, *The Life and Labours in Art and Archeology of George Petrie* (London: Longmans, Green and Co., 1868): 344.

⁵⁴ *Ibid.*, 344.

...it was a consideration of the circumstances of which this fact gave so striking an indication, that, more than any other, overpowered all my objections, and influenced me in coming to a determination to accept the proposal of the Irish-Music Society.⁵⁵

Ceann d'impleachtaí sóisialta an Ghorta ab ea meath na nGaeltachtaí agus bánú iarthar na tíre go háirithe, rud a d'fhág go raibh nósanna cultúrtha agus sóisialta na ndaoine i mbaol a mbáis chomh maith. Iarracht ar ghné amháin den oidhreacht sin a shlánú ab ea bailiú agus foilsíú an cheoil dhúchasaigh. Thug Petrie an cúram sin céim eile chun cinn ina iarracht comhbhá a chothú do na Gaeil, agus léirigh an Bhreatain mar *bête noir* sa chomhthéacs coilíneach: 'Alas for those who are insensible to its beauty! It is among them that the dull and ungenerous bigots will be found who spread poison on the land which they tread.'⁵⁶ Bhí de dhifríocht idir Petrie agus Bunting, mar sin, go raibh Petrie cáinteach go hoscailte faoin staid pholaitiúil chomhaimseartha ina raibh Éire. Léirigh sé meon i leith an cheoil nach raibh chomh héagsúil sin ó dhearcadh Thomas Moore.⁵⁷ Thug an ceol léargas ar staid thruamhéalach na tíre ach ag an am céanna, d'fhéadfadh sé bheith d'acmhainn ag áilleacht an cheoil sin cinniúint na tíre a athrú ach lucht éisteachta báúil a bheith i láthair:

Could music penetrate their stony hearts, the melodies of Ireland would make them weep for the ill they were the means of perpetuating on this unhappy island; and they would embrace that ill-treated people with a generous affection, anxious to make reparation for past injuries.⁵⁸

Bhí an Gorta tagtha agus imithe agus coimhlintí eacnamaíocha agus polaitiúla as an nua ag borradh faoin am ar foilsíodh cnuasach Petrie. Ba í an chosmhuintir ba mhó a bhí buailte ag na himeachtaí seo, rud a thug údar eile do Petrie iad a chur chun cinn chomh mór sin ina thráchtairacht ar an gceol.

Chuir bailiúcháin ceoil an naoú céad déag dlús leis an tuiscint go raibh saibhreas ceoil le fáil measc na cosmhuintire, agus anuas air sin, gur i measc na cosmhuintire amháin a bhí ceol ar bith arbh fhiú ceol dúchais nó ceol eitneach a thabhairt air. Rinneadh ionannú de réir a chéile idir ceol na hÉireann agus an ceol dúchais seachas aon stíl cheoil eile a bhí á cleachtadh in Éirinn ag an am, cosúil le ceol ealaíonta na hEorpa, mar shampla. Dar le White, ba é Petrie a rinne daingniú ar an tuiscint sin: 'In Petrie, the consolidation of music as a fundamental of sectarian culture is almost

⁵⁵ Petrie, *The Petrie Collection of the Ancient Music of Ireland*, xii.

⁵⁶ Luaite in Stokes, *The Life and Labours*, 313.

⁵⁷ White, *The Keeper's Recital*, 64.

⁵⁸ Luaite in Stokes, *The Life and Labours*, 313.

complete.⁵⁹ Ní dóigh liom gur féidir claochlú chomh suntasach sin san úinéireacht chultúrtha in Éirinn a lua le saothar duine amháin. Ag an am céanna, ní miste a mheabhrú go raibh na coinníollacha cuí ann i lár an naoú céad déag chun go bhfaigheadh an chosmhuintir an t-aitheantas seo i bpróifíl cheoil na tíre. B'íospartaigh iad a raibh fulaingt thar na bearta déanta acu ag leibhéal bunúsach daonna de thoradh an Ghorta,⁶⁰ rud a spreag oiread áirithe bá ina leith. D'fhéadfaí tarraingt ar chleachtas cosúil leis an gceol mar chaipiteal cultúrtha; mar uirlis a mheabhródh neamhspleáchas agus saoirse ealaíonta a dhéanfadh cúiteamh éigin ar an easpa saoirse agus ionadaíochta a bhí acu ar leibhéal polaitiúil. Bhí an ceol féin ar cheann de na meáin ba láidre a raibh tionchar ag gluaiseacht Rómánsachais na linne sin air freisin, áit ar tugadh aitheantas faoi leith do phobail tuaithe agus don chosmhuintir i mórán náisiún in iarthar na hEorpa.

Bhí an tríú bailiúchán de chuid Bunting foilsithe faoin am a ndeachaigh Petrie i mbun a chnuasach féin a fhoilsiú. D'fhág sé sin go raibh an tuairimíocht a roinn Petrie maidir leis an gceol faoi réir, de bheagán, ag saothair Bunting. Tharraing Petrie aird ar an modheolaíocht agus ar na tosaíochtaí a bhí aige féin mar cheann de na bealaí idirdhealú a dhéanamh idir a bhailiúchán féin agus saothar Bunting. Bhí sé den tuairim gur chuir a oiliúint chlasaiceach an dubh ina bhán ar Bunting agus nár thuig sé tréithe bunúsacha na bhfonn dúchasach. Bhí maíte ag Bunting ina shaothar deireanach in 1840, mar shampla, 'A strain of music, once impressed on the popular ear, never varies' ainneoin gur ghéill sé don tuiscint go n-athraíonn na focail nó an fhilíocht ó dhuine go duine.⁶¹ Is léir go raibh tionchar ag a chuid tuiscintí maidir le litearthacht agus oiliúint an cheoil air agus gur dheacair dó glacadh leis an tsaoirse agus an easpa smachta a thagann leis an gceol atá fréamhaithe sa traidisiún béil. Theip air aitheantas a thabhairt do thréithe sainiúla an cheoil sin, cuir i gcás, an breachnú agus an tobchumadh. Fágann sé go raibh coincheap na leaganacha curtha amú ar Bunting freisin agus mhéadaigh sé sin an bhearna idir an ceol féin agus na daoine a chleacht an ceol sin. Nuálaíocht a bhí ann, ar ndóigh, ionadaíocht chruinn, iomlánaíoch i bhfoirm liteartha a dhéanamh ar cheol an bhéil bheo ach ba dhúshlán

⁵⁹ White, *The Keeper's Recital*, 64.

⁶⁰ Ní miste a lua go bhfuil oiriúnacht an téarma 'Gorta' mar chur síos ar scrios eacnamaíoch na hÉireann sna 1840í á ceistiú ag roinnt scoláirí comhaimseartha. Ina measc, tá Chris Fogarty a áitíonn gur chruinne 'cinedhíothú' a thabhairt ar an gcos ar bolg a rinne arm Shasana ar mhuintir na hÉireann sa tréimhse sin. Féach a shaothar, *Ireland 1845-1850: The Perfect Holocaust and those who Kept it Perfect* (Fogarty Publishing, 2014).

⁶¹ Bunting, *Ancient Music*, 1840, 1.

freisin é, go háirithe nuair nach raibh fiú taithí éisteachta sa chineál sin ceoil ag roinnt de na bailitheoirí sa naoú céad déag.

Cuireadh dlús le hobair pháirce Petrie ó thaobh na n-amhrán de nuair a casadh an scoláire Eoghan Ó Comhraí (1794-1862) air agus iad beirt i mbun dualgas don tSuirbhéireacht Ordnáis. Cainteoir dúchais Gaeilge ab ea Ó Comhraí a shaothraigh i ngort na staire agus na teanga den chuid is mó, ach a raibh spéis aige freisin sa cheol dúchais. Tá áitithe Ó Madagáin nach n-éireodh le Petrie a bhailiúchán a chur i gcló murach Ó Comhraí⁶² agus tá le sonrú ó thráchttaireacht Petrie féin chomh mór faoi chomaoin ag a leathbhádóir is a bhí sé. Ba ag tagairt don amhrán ‘Péarla an Bhrollaigh Bháin’ a bhí Petrie nuair a thug sé an méid seo le fios:

For this beautiful melody and its accompanying words, I have a great pleasure in acknowledging myself indebted to the kindness of my valued friend, Mr. Eugene Curry, a gentleman who, to many of the best characteristics of a genuine Irishman, adds – that not unessential one – a love for the ‘dear old tunes’ of his country; a love so ardent, that it has led him from childhood to gather up, and enabled him to retain in his memory, many ancient and beautiful strains peculiar to ... his native county of Clare, and which, but for that feeling, would, most probably, have been for ever lost to us.⁶³

Is díol spéise ann féin comhpháirtíocht ag an am idir beirt a raibh cúlraí éagsúla go leor acu. Caitliceach agus cainteoir dúchais Gaeilge as iardheisceart an Chláir ab ea Ó Comhraí a chuir suim sna gnéithe den tsaíocht a bhí ar leic an dorais aige féin. Bhí teacht aige ar lámhscríbhinní a bhí i seilbh a athar luath go maith sa saol agus fuair sé oideachas go háitiúil i scoileanna oíche agus ó scoláirí faoi leith a bhí lonnaithe i réigiún an iardheiscirt. Chuaigh sé i mbun oibre don tSuirbhéireacht Ordnáis in 1835, áit ar chuir sé aithne ar Petrie.⁶⁴ Tugann Ní Chonghaile le fios go ndearna Petrie agus Ó Comhraí cuid mhór oibre ó thaobh an cheoil de i dteach Petrie féin i mBaile Átha Cliath, ag tógáil foinn ó lámhscríbhinní a sheoltaí chucu agus ó cheoltóirí a chastaí timpeall na cathrach orthu.⁶⁵

Tá tábhacht faoi leith leis an gcuairt a thug Petrie agus Ó Comhraí ar Árainn i Meán Fómhair na bliana 1857. Mura mbeadh tada eile ann, is taifead de bhailiú amhrán i

⁶² Breandán Ó Madagáin, ‘Eugene O’Curry 1794-1862: Pioneer of Irish Scholarship.’ In *Clare: History and Society: Interdisciplinary essays on the history of an Irish County*, eag. Matthew Lynch agus Patrick Nugent (Baile Átha Cliath: Geography Publications, 2009), 432.

⁶³ Petrie, *The Petrie Collection of the Ancient Music of Ireland*, 9.

⁶⁴ ‘Ó Comhraí, Eoghan (1794-1862),’ *An Bunachar Náisiúnta Beathaisnéisí Gaeilge*, faighte 19 Meán Fómhair 2016, <http://www.ainm.ie/Bio.aspx?ID=1180>.

⁶⁵ Deirde Ní Chonghaile, ‘“ag teacht le cuan”: Irish Traditional Music and the Aran Islands’ (Tráchtas PhD, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, 2010), 91.

gceantar Gaeltachta é i lár an naoú céad déag agus tugann sé léargas ar sciar den stór amhrán a bhí beo i measc na nÁrannach ag an am. Ba í seo an dara cuairt ag Petrie ar Árann. Bhí a chéad chuairt tugtha aige ar an oileán in 1821 agus an saothar, *The Islands of Aran*, foilsithe aige an bhliain dar gcionn mar thoradh ar an gcuairt sin. Tuairimíonn Ní Chonghaile gur tharraing an foilseachán sin aird a dhóthain ar Árann chun go n-eagrófaí turas eile ar an oileán, rud a tharla in 1857 i gcomhar leis an British Association for the Advancement of Science.⁶⁶ Sa chuideachta le Petrie agus Ó Comhraí ar an turas seo, bhí an t-ealaíontóir Frederic William Burton,⁶⁷ an file Samuel Ferguson⁶⁸ agus an scoláire William Stokes (1804-1878) agus a mhac, Whitley.⁶⁹ Ba é an William Stokes céanna a scríobh an cuntas ar shaol agus saothar Petrie, *The Life and Labours in Art and Archaeology of George Petrie* a foilsíodh in 1868. Bailíodh isteach is amach le hocht n-amhrán is fiche le linn na coicíse sin a caitheadh in Inis Mór, ón 7 go dtí 19 Meán Fómhair.⁷⁰ Bhreac Ó Comhraí focail na n-amhrán i nGaeilge agus rinne Whitley Stokes aistriúchán go Béarla orthu. Ba é Petrie féin a rinne nodaireacht de na foinn.

Tá cuntas amháin ag Stokes ina bheathaisnéis ar Petrie ar ócáid bailiúcháin le linn na cuairte sin ar Árann. Is taifead an-luath de phróiseas an bhailiúcháin é agus dar liom gur fiú é a thabhairt ina iomláine ar an gcúis sin:

In the Autumn of 1857, it was the writer's privilege to spend a fortnight in the islands of Aran along with Petrie and several of his friends, when he often accompanied him in his search after the old Irish music, of which not less than (sic) twenty-eight airs

⁶⁶ Ibid., 97.

⁶⁷ Ba as Cora Finne, Contae an Chláir don phéintéir, Frederic William Burton (1816-1900). Thug sé féin agus Petrie roinnt cuairteanna ar Chonamara i mbun sceitseála idir 1838 agus 1841. Ba le linn na tréimhse seo a rinne sé an réamhobair don saothar is clúití leis, *The Aran Fisherman's Drowned Child*. Marie Bourke, 'Rural Life in Pre-Famine Connacht: A Visual Document,' in *Ireland: Art into History*, ead. Raymond Gillespie agus Brian P. Kennedy (Dublin: Town House, 1994), 63.

⁶⁸ Protastúnach as Béal Feirste ab ea Samuel Ferguson (1810-1866) a d'fhoilsigh cnuasach d'aistriúcháin Bhéarla ar scéalta agus amhráin Ghaeilge, *Lays of the Western Gael*, in 1865. Bhí léirmheas cáinteach scríofa aige in *Dublin University Magazine* ar shaothar James Hardiman, *Irish Minstrelsy* (1831). Dar leis go raibh Hardiman claonta i dtreo an Chaitliceachais agus go raibh iniúchadh déanta aige ar chuid den fhilíocht ina cnuasach féin i dtéarmaí an chreidimh seachas ar bhonn liteartha. B'iarracht *Lays of the Western Gael* stádas na bProtastúnach a chosaint agus léiriú go raibh spéis dháiríre acu sa tsaoithiúlacht dúchais.

⁶⁹ Ba i mBaile Átha Cliath a rugadh Whitley Stokes (1830-1909), agus tar éis freastal ar Choláiste na Tríonóide, chuaigh sé go Londain, áit ar cháiligh sé mar dhlíodóir. Chuir sé spéis sa Ghaeilge agus é an-óg, agus fuair sé roinnt ceachtanna Gaeilge ó Sheán Ó Donnabháin. Tháinig an t-iliomad foilseachán uaidh ar ábhair a bhain leis an Léann Ceilteach. Chuaigh sé go dtí an India in 1862, agus chaith scór bliain ansin ag obair le cúrsaí dlí. D'fhill sé ar Londain in 1882 agus chaith an chuid eile dá shaol ann. Elizabeth Boyle agus Paul Russell, 'Introduction,' in *The Tripartite Life of Whitley Stokes (1830-1909)*, ead. Elizabeth Boyle agus Paul Russell (Baile Átha Cliath: Four Courts Press, 2011), 3.

⁷⁰ Tá mionphlé ag Ní Chonghaile (2010) ar líon, teidil agus focail na n-amhrán a bhailigh Petrie agus Ó Comhraí, lgh.103-24.

were collected. It will be well to describe this method by which the airs were obtained. Inquiries having been made as to the names of persons 'who had music,' that is, who were known as possessing and singing some of the old airs, an appointment was made with one or two of the them to meet the members of the party at some cottage near to the little village of Kibronan (*sic*), which was their head-quarters.

To this cottage, when evening fell, Petrie, with his manuscript music-book and violin, and always accompanied by his friend O'Curry, used to proceed. Nothing could exceed the strange picturesqueness of the scenes which, night after night, were thus presented. On approaching the house, always lighted by a blazing turf fire, it was seen surrounded by the islanders, while its interior was crowded with figures, the rich colours of whose dresses, heightened by the firelight, showed with a strange vividness and variety, while their fine countenances were all animated with curiosity and pleasure. It would have required a Rembrandt to paint the scene. The minstrel – sometimes an old woman, sometimes a beautiful girl or a young man – were seated on a low stool in the chimney-corner, while chairs for Petrie and O'Curry were placed opposite; the rest of the crowded audience remained standing. The song having been given, O'Curry wrote the Irish words, when Petrie's work began. The singer recommended, stopping at a signal from him at every two or three bars of the melody to permit the writing of the notes, and often repeating the passage until it was correctly taken down, and then going on with the melody exactly from the point where the singing was interrupted. The entire air being at last obtained, the singer – a second time – was called to give the song continuously, and when all corrections had been made, the violin – an instrument of great sweetness and power – was produced, and the air played as Petrie alone could play it, and often repeated. Never was the inherent love of music among the Irish people more shown than on this occasion; they listened with deep attention, while their heartfelt pleasure was expressed, less by exclamations than by gestures; and when the music ceased, a general and murmured conversation, in their own language, took place, which would continue until the next song was commenced.⁷¹

Ba mhaith ó Stokes aird a thabhairt ar shonraí a ndéanfaí faillí go héasca orthu, mar shampla, an cur síos ar an suíomh, agus coinníollacha fisiciúla agus spásúla eile na hócáide, mar aon le rannpháirtíocht an lucht éisteachta i bpróiseas na hamhránaíochta. Aithnítear obair an bhailitheora mar cheird a gcaithfear am agus dua a chaitheamh léi agus is léir an tionchar a bhíodh ag ócáidí bailithe ar láithriú na n-amhrán sa mhéid is go gcaití an t-amhrán a athrá nó stad den ghabháil ar fad chun freastal ar spriocanna ar bhailitheora. Níos tábhachtaí fós, dar liom, chothaigh sé íomhá a thug le fios gur ar bhonn sóisialta, neamhfhoirmeálta a reáchtáiltí ócáidí ceoil dá leithéid. Ní féidir gan caidéis a thabhairt don leas a bhaineadh Petrie as an veidhlín chun an fonn a shealbhú dó féin agus faomhadh a fháil óna chuid faisnéiseoirí maidir le cruinneas na bhfonn. Ba bheag difríocht a bhí idir an cur chuige sin agus an leas a bhain Séamus Mac Aonghusa as an bhfeadóg agus na píopaí uillinn don ghnó céanna beagnach céad bliain níos deireanaí. Léiríonn an nodaireacht a bhí ar bun ag Petrie freisin an chaoi a raibh litearthacht sa cheol in ann a theacht i gcabhair ar an traidisiún béil nuair a bhí call leis sin. Tá sé soiléir, áfach,

⁷¹ Stokes, *The Life and Labours*, 317-18.

gur ag tuairisciú ón taobh amuigh a bhí Stokes agus gurbh iad na tréithe coimhthíocha a bhí ag roinnt leis na hoileánaigh is mó ar tharraing sé aird orthu sa chuntas. Ní fios ón gcuntas an raibh mórán cumarsáide idir na cuairteoirí agus aon duine faoi leith ón bpobal áitiúil. Is deacair a chreidiúint freisin, gan ach buille an Ghorta díreach curtha díobh ag na hoileánaigh, nach ndearna sé aon tagairt dá mbochtanas.⁷²

Ba ghné thábhachtach den oidhreacht cheoil fonnadóireacht na Gaeilge, dar le Petrie, ach bhí cúiseanna faoi leith aige an bhéim seo a chur ar na hamhráin. Is cosúil gur theastaigh uaidh an fhaillí a bhí déanta ag Bunting ar an amhránaíocht a chur ina ceart. Bhí Bunting tar éis tarraingt ar chláirseoirí chun an stór dúchasach fonn a sheachadadh ach níorbh é an t-aon duine é a chlis sa mhéid sin, dar le Petrie. Bhí bunáite na bhfonn dúchasach a bhí breactha ar phár go dtí sin tógtha ó cheoltóirí uirlise seachas ó fhonnadóirí ach ba bheag an mhuinín a bhí ag Petrie i lucht casta uirlisí: ‘I have found such authorities usually the least to be trusted’.⁷³ Bhí an claonadh acu a bheith róscailte leis na foinn agus an iomarca athruithe a dhéanamh orthu, dar leis. Ba sna foirmeacha ba ghlaine agus ba chruinne de na foinn a bhí suim ag Petrie agus ba d’fhonnadóirí na Gaeilge a thug sé creidiúint i dtaobh na dtréithe sin: ‘...it was only from the chanting of vocalists, who combined words with the airs, that settings could be made which would have any stamp of purity and authenticity.’⁷⁴ D’fhéadfadh sé go raibh tionchar na rómánsaíochta ar smaointeoireacht Petrie sa ghradam a thug sé d’amhránaithe na tuaithe maidir le caomhnú na bhfonn dúchasach: ‘...the peasant singers, by whom, as I have always found, our melodies are most purely preserved.’⁷⁵ Feictear sa tuairimíocht sin amhránaithe á sainiú mar ghrúpa iontu féin i measc lucht ceoil na tíre. Anuas air sin, bhí barántúlacht an cheoil luaite go sonrach ag Petrie leis an sciar sin den phobal:

⁷² Tá sé tábhachtach a lua nár bualadh Árainn chomh dona le réigiúin eile i rith Ghorta 1845-9 agus go bhfuil sé sa seanchas ansin nach bhfuair aon duine bás leis an ocra i rith an Ghorta. Ag an am céanna, níl aon cheist ach go raibh an bochtanas go tréan ar an oileán agus nár tháinig na hoileáin slán ón imirce ach an oiread i rith an naoú haois déag. Deir Ó Gráda, mar shampla: ‘On the eve of the Famine, Aran was one of the poorest and most isolated places in Ireland. Its people, mostly (85%) illiterate, lived in one- and two-bedroomed cabins on a diet consisting almost exclusively of potatoes and fish.’ Cormac Ó Gráda, *Ireland Before and After the Famine: Explorations in Economic History, 1800-1925* (Manchester: Manchester University Press, 1988), 118.

⁷³ Petrie, *The Petrie Collection of the Ancient Music of Ireland*, xvi.

⁷⁴ *Ibid.*

⁷⁵ Litir dár dáta 20 Samhain 1863 chuig an gCanónach Séamus Goodman. Luaite in Stokes, *Life and Labours*, 352.

I have availed myself of every opportunity in my power to obtain the purest settings of the airs, by noting them from the native singers, and more particularly from such of them as resided, or had been reared, in the most purely Irish districts...⁷⁶

Bhí fiúntas á lua den chéad uair leis na foirmeacha ba ghlaine agus ba dhúchasaí den cheol sin, luachanna a ndéanfaí ionramháil shuntasach orthu leathchéad bliain ina dhiaidh sin le linn na hathbheochana agus coincheapú á dhéanamh ar an stíl thraidisiúnta ó thaobh an cheoil agus na hamhránaíochta de. Chuir tráchtairacht Petrie, mar sin, tús leis an smaointeoireacht maidir le sainiúlacht agus barántúlacht an cheoil. Spreag an úinéireacht chultúrtha a luadh leis an gcosmhuintir íomhá de chultúr na hÉireann sna blianta le teacht, áfach, nach mbeadh aon ról ag Petrie ná a mhacasamhail inti.

Is díol suime an bhéim a leag Petrie ar an amhránaíocht i bhfianaise gur mhó a shuim féin sna foinn dhúchasacha, ‘the most beautiful national melodies in the world’⁷⁷ mar a thug sé orthu. Mar is léir thuas, bhí admhaithe aige gur bhain sé leas as na hamhránaithe chun teacht ar na leaganacha ba dhúchasaí, mar a tuigeadh dósan iad, de na foinn. Ní mór smaoineamh freisin go raibh Petrie ar bheagán Gaeilge agus gur chuir sé seo srian le hiniúchadh sonracha ar na hamhráin féin. Ba mhinic a bhí sé den tuairim gurbh é an fonn a thug slán an t-amhrán seachas an t-aitheantas céanna a thabhairt don dá ghné araon. Tá a shliocht sin ar an mbailiúchán i bhfianaise an méid amhrán atá sa chnuasach nach bhfuil focail tugtha leo nó nach bhfuil tugtha ach an chéad véarsa. Do dhuine a raibh ceist na barántúlachta ag déanamh inní dó, bhí sé neamhghnách, faillíoch fiú, go ndearna sé idirdhealú chomh suntasach sin idir focail agus foinn. Ní hamháin gurbh iad na focail an ghné thánaisteach de na hamhráin de réir Petrie, ní raibh sé sásta focail na n-amhrán sin a thabhairt ina raibh seintimintí faoi chúrsaí collaíochta á gcur in iúl. Níor chuir sé focail na n-amhrán ar fáil, mar sin, ach mar bhealach chun breis eolais faoi rithim agus bunús na bhfoinn a sholáthar, agus díreach nuair a réitigh siad lena aeistéitic agus a chaighdeán féin i dtaca leis an gceol dúchais.

Dar le Tom Munnely, bhí Petrie ródhilís don aicme shóisialta lenar bhain sé agus níor theastaigh uaidh téacs ar bith a fhoilsiú a chuirfeadh isteach ar thuiscintí Vichteoiriacha na meánaicme: ‘He may have mixed with the purveyors of traditional music, but he was perennially aware of his own social order and constantly on guard

⁷⁶ Petrie, *The Petrie Collection of the Ancient Music of Ireland*, xviii

⁷⁷ Petrie, *The Petrie Collection of the Ancient Music of Ireland*, vii.

lest he offend bourgeois respectability.’⁷⁸ Tá a shliocht sin le feiceáil ar an tráchttaireacht a rinne sé ar an amhrán ‘An Caiseadach Bán’, cuir i gcás, ar amhrán mór i dtraidisiún an tsean-nóis é go dtí an lá inniu agus arb é an grá cléirigh, neamhcheadaithe is ábhar dó:

The song called *Cassidech Bán*, or “White Cassidy,” which is sung to the *Buachaill Caol Dubh* in the province of Connaught, is still less appropriate to the sentiment of the melody, and is, moreover, of such a nature as will not allow even a specimen of it to be translated.’⁷⁹

Fágann an chinsireacht a rinne Petrie ar an stór amhrán nach raibh a chnuasach chomh hionadaíoch ar cheol na ndaoine is a bheifí ag súil leis ó dhuine a raibh caighdeán ard sroichte aige ina chuid oibre ar ghnéithe eile d’oidhreacht na hÉireann. Dar le Munnely, tháinig a stádas sóisialta idir é agus an oibiachtúlacht scolártha a bhí riachtanach chun foilseachán a bheadh ceannródaíoch i léann an cheoil a chur ar fáil.⁸⁰

Bíodh is gur trí thráchttaireacht Petrie a thosaigh ceisteanna maidir le bunús agus barántúlacht an cheoil ag teacht chun cinn, ní raibh a shaothar chomh huathúil sin i gcomhthéacs bhailiúcháin an naoú céad déag trí chéile. Is cosúil go mba chás le Petrie go ndéanfaí athbheochan phraiticiúil ar an gceol, mar shampla.⁸¹ Ní fhacthas dó, áfach, go bhféadfaí é sin a bhaint amach gan athrú agus ionramháil a dhéanamh ar an gceol sin ar dtús. Ghéill sé do nósmaireacht a linne tionlacan pianó a chur ar leis an gceol, amhail is nach bhféadfaí muinín iomlán a chur sa cheol díreach mar a fuarthas ‘sa ghort’ é. Ba í a iníon, Mary Anne, a chuidigh leis san athchóiriú sin ar na foinn. Fearacht ar tharla do shaothar Bunting, níor fhreastail an bailiúchán ach orthu siúd a bhí liteartha sa cheol agus ba mhionlach é sin i gceantair tuaithe na hÉireann i lár an naoú céad déag. D’éirigh le Thomas Moore, mar shampla, cáil faoi leith a bhaint amach do cheol na hÉireann bíodh is narbh ionann a thuiscint siúd ar an gceol sin ar chor ar bith agus an meon a bhí ag Bunting agus Petrie. Mhol Petrie ina bhailiúchán féin é, áfach, go sainiúil toisc gur éirigh leis an ceol a thabhairt chomh fada leis an bpobal. Chlis ar Petrie an sprioc phraiticiúil seo a bhaint amach ina

⁷⁸ Tom Munnely, ‘George Petrie: Distorting the Voice of the People? A Review of the Petrie Collection of the Ancient Music of Ireland, edited by David Cooper,’ *The Journal of Music* (January 2003), faighte 15 Nollaig 2016, <http://journalofmusic.com/focus/george-petrie-distorting-voice-people>.

⁷⁹ Petrie, *The Petrie Collection of the Ancient Music of Ireland*, 21.

⁸⁰ Munnely, ‘George Petrie,’ <http://journalofmusic.com/focus/george-petrie-distorting-voice-people>.

⁸¹ H.C. Colles, ‘George Petrie: 1789-1866,’ *Journal of the Irish Folk Song Society* iml. 5 (1907): 7.

dhíograis an stór dúchasach ceoil a thógáil as traidisiún neamhliteartha béil agus é a chur in oiriúint do chritéir chlasaiceacha liteartha.

D'fhág na bailiúcháin seo den cheol dúchais 'athchóirithe' gur chuir sciar den mheánaicme eolas éigin ar an ngné sin d'oidhreacht na tíre. Os a choinne sin, áfach, níor léir ar chor ar bith an ceangal idir an ceol agus an pobal ar díobh é. Rinneadh faillí ar mhodhanna láithrithe an cheoil agus na n-amhrán, agus ba ar an táirge nó an téacs a cuireadh béim: 'In fact, the whole issue of the status of the text in an oral tradition is avoided and the written text is accorded the same status as the live performance.'⁸² Ba bheag aitheantas a tugadh do phróiseas cultúrtha agus sóisialta an láithrithe bheo a mba ann dó beag beann ar théacsaí agus ar bhailiúcháin. Anuas air sin, bhí an dátheangachas nó an t-aistriúchán Béarla ar comhchéim, nach mór, leis an téacs bunúil Gaeilge. Fianaise ar chur chuige liteartha na mbailitheoirí ab ea a laghad tráchtairacht a rinneadh ar ghnéithe stíleacha den amhránaíocht. Bheadh an ornáidíocht, mar shampla, nó 'the lifeblood of sean-nós performance',⁸³ mar a áitíonn Cooper, i measc na ndifríochtaí suntasacha idir ceol na nGael agus ceol ealaíonta na hEorpa a raibh taithí ag na bailitheoirí uirthi. Ní léir, áfach, gur cuireadh oiread sin suime inti ná go ndearnadh fiú iarracht an dá stíl cheoil a chur i gcomparáid le chéile. Ba beag tuairimíochta a rinneadh faoi chaighdeán na hamhránaíochta, faoi aon amhránaí faoi leith ná faoin ról a bhí ag an amhránaíocht sna pobail inar chualathas í.

Nuair a d'éag George Petrie in Eanáir na bliana 1866, 2,608 fonn uilig a bhí sa chnuasach iomlán a bhí luaite leis, agus ainneoin go raibh athscríobh déanta ar chuid mhaith den ábhar, ba thoirtiúil an cnuasach é. D'éiligh aeistéitici an naoú céad déag stíl cheoil a bheadh ag réiteach a bheag nó a mhór le traidisiún na hEorpa, nó ábhar ceoil a ghéillfeadh do chóiriú agus do thionlacan. Bhí Petrie é féin srianta ag na héilimh seo, cé go ndearna sé roinnt iarrachtaí freisin aitheantas a shaothrú d'fhiúntas agus do shainiúlacht an cheoil Ghaelaigh ina chomhthéacs orgánach, bunúil. Ach an oiread le Bunting a tháinig roimhe, bhí Petrie ag scríobh agus ag smaoineamh faoi chultúr a bhí coimhthíoch dó. Ba mhó baint a bhí aige féin ó thaobh cúlra agus cúinsí saoil leis an uasaicme ar thrácht sé orthu mar leathchine beagnach, tharla iad a bheith gan stíl cheoil dá gcuid féin. Forbairt nach beag a bhí ann, áfach, gur aithin Petrie go

⁸² David Cooper, ead., *The Petrie Collection of the Ancient Music of Ireland* (Corcaigh: Cork University Press, 2002), 17.

⁸³ *Ibid.*, 19.

raibh oidhreacht eile cheoil ag borradh taobh amuigh de cheol ársa na cláirsí nach raibh aitheantas cuí á fháil aici. Ba tríd an stíl cheoil sin, ceol na ndaoine, a léiríodh fíorshainiúlacht na nGael, dar leis, rud a bhronn cumhacht éigin ar íosaicme na tíre i gcomhthéacs an chultúir: ‘...Petrie gave respectability to something which much more closely approximated to the peasant experience of music.’⁸⁴ Bhí a chuid déanta ag Petrie ar son na saoihiúlachta sa mhéid is gur spreag sé smaointeoireacht nua maidir leis an luach a bhí ag an gceol traidisiúnta. Dar le O’Sullivan, bhí Petrie inchomparáide le Dónall Ó Conaill sa mhéid a bhain sé amach dá thír: ‘Petrie combined knowledge and enthusiasm in full measure, and on this book he should be rated as great a nation-builder in the cultural sphere as was O’Connell in the sphere of politics.’⁸⁵ Fiontraí cultúrtha ab ea Petrie a mbeadh tionchar ag a chuid tuiscintí, dá ainneoin féin, ar ról an cheoil i ngluaiseacht an náisiúnachais níos faide anonn.

Ní nach ionadh, bhí iarrachtaí bhailitheoirí ceoil an naoú céad déag frithpholaitiúil. Mar scoláirí a bhí ag saothrú i léann na hársaíochta, bhí cosaint acu ó líomhaintí agus ó reitric a thabharfadh le fios nach raibh na cearta céanna acusan mar Angla-Éireannaigh tharla go mba de bhunadh Shasana iad. Más de shliocht an choilínigh féin iad, ba in Éirinn a tháinig a mbunáite ar an saol, agus ba leor sin, dar leo, chun go n-aithneofaí mar ghrúpa iad a bhí ar comhchéim leis na Gaeil agus chun dlisteanacht a thabhairt dá stádas in Éirinn. Cuireadh ceol na hÉireann i láthair, mar sin, mar chruthúnas ar cheannródaíocht chultúrtha na tíre sa tseanré, roimh ionradh mór na Breataine ar tháinig ann dó faoi réimeas Eilíse. Mar a chonacthas, ba iad na foinn dhúchasacha seachas amhránaíocht nó filíocht na Gaeilge a fuair tús áite sna saothair sin. Bhí easpa Gaeilge na mbailitheoirí ar an bpríomhchúis leis sin b’fhéidir, ach chomh maith leis sin, bhí an teanga ar cheann de na tosca ba mhó a rinne idirdhealú idir iad féin agus na Gaeil, agus d’fheil sé dóibh fanacht glan uirthi dá réir. Chuir na foinn, dá bhrí sin, mar ghné neamhthagarthach den chultúr dúchais, an deis ar fáil dul i ngleic leis an gcultúr sin gan cur isteach ar an *status quo* polaitiúil.

B’fhurasta focail a chur in oiriúint chun freastal ar fhealsúnacht faoi leith, rud a tharla nuair a tháinig cineál eile ceoil chun cinn in Éirinn i dtreo lár na haoise arbh iad an pholaitíocht agus an náisiúnachas go saineúil faoi deara é. Léiriú cumhachtach ar cheol na hÉireann mar ealaín bhriathartha ab ea bailéid Thomáis Dháibhís (1814-45) ar foilsíodh a mbunáite sa nuachtán, *The Nation*, ar dtús agus a cnuasaíodh ina

⁸⁴ Ibid., 19.

⁸⁵ Dónal O’Sullivan, *Irish Folk Music, Song and Dance* (Corcaigh: Mercier Press, 1969), 18.

dhiaidh sin in *The Spirit of the Nation* (1843-5). Dar le White, cuireadh srian as cuimse ar thuiscintí i leith cheol na hÉireann mar thoradh ar an rath ar bhí ar bhailéid an Dáibhísigh: ‘music could only function intelligibly as an enabler of textual communication.’⁸⁶ Ní bheadh sé as bealach a rá, dar liom, gur trína shaothar a rinneadh daingniú ar sheánra na n-amhrán polaitiúil i gceol na hÉireann. Tá sé tábhachtach a lua gur leagan cuimsitheach, iomlánaíoch den náisiúnachas a bhí á mholadh ag Tomás Dáibhís cé nach n-aithneofaí é sin ar roinnt dá chuid filíochta. Bíodh is go mba Phrotastúnach é féin, bhí feidhm ag chuile Éireannach, dar leis, i gcur chun cinn an náisiúnachais, beag beann ar chine ná ar chreideamh.⁸⁷

Bhí a thacaíocht tugtha ag an Dáibhíseach do Dhónall Ó Conaill agus an feachtas a thosaigh sé in 1830 chun Acht an Aontais a aisghairm. D’aithin sé go raibh géarleanúint á déanamh ar Chaitlicigh faoi ordóg na Sasanach ach ina dhiaidh sin féin go gcaithfí leas na tíre a chur roimh choimhlintí creidimh. Bhí a shliocht sin le feiceáil ar an ngluaiseacht, Éire Óg, a raibh lámh mhór aige ina bunú in 1839 agus a raibh idir Chaitlicigh agus Phrostúnaigh den mheánaicme phroifisiúnta páirteach inti. Ba as obair agus spriocanna na heagraíochta seo a tháinig ann don nuachtán seachaintiúil, pobalach, *The Nation*, a bhunaigh an Dáibhíseach in 1842 i gcomhpháirtíocht leis an mbeirt Chaitliceach, John Blake Dillon (1814-1866) agus Charles Gavan Duffy (1816-1903). Léiríú ab ea an nuachtán ar an spéis a bhí ag an Dáibhíseach sa scríbhneoireacht agus sna healaíona agus ar a chreidiúint go bhféadfaí dul i bhfeidhm ar bhealach níos éifeachtaí ar an bpobal faoi cheisteanna polaitiúla trí mheán na n-ealaíona seachas trí institiúidí coinbhinsiúnacha polaitiúla. Dar le beathaisnéiseoir amháin de chuid an Dáibhísigh, ‘Davis was principally a thinker rather than a doer, so that his thought must be found in his words rather than in his deeds.’⁸⁸ Ní cúis iontais, mar sin, an earraíocht a bhain sé as amhráin chun freastal ar na tuiscintí a bhí aige i leith an náisiúnachais.

Is minic a luaitear Tomás Dáibhís leis an náisiúnachas rómánsaíoch go háirithe. Tharraing sé aird go rialta ina chuid scríbhinní ar anchás na dtuathánach in Éirinn. Aitheantas faoi leith do Chaitlicigh agus tuathánaigh na tíre ab ea Acht na Fuascailte in 1829 ach ba bheag maith a rinne sé dóibh i gcomhthéacs eacnamaíoch. Bhí úinéireacht na talún ar cheann de na cearta bunúsacha á bhí á séanadh ar

⁸⁶ White, *The Keeper's Recital*, 9.

⁸⁷ John Neylon Molony, *A Soul Came into Ireland: Thomas Davis, 1814-1845* (Dublin: Geography Publications, 1995), 26.

⁸⁸ *Ibid.*, leathanach gan uimhir.

thuathánaigh na tíre. Theastaigh ón Dáibhíseach go gcuirfí deireadh le córas na dtiarnaí talún, agus trína bhíthin sin, go ndéanfaí beart a mbainfeadh móramh seachas mionlach na tíre leas praiticiúil as.⁸⁹ Bhí tábhacht na talún, mar a ba léir don Dáibhíseach í, inchomparáide leis an siombalachas a bhí ag an talamh agus ag an tírdhreach a cuireadh chun cinn i ngluaiseacht an Rómánsachais. Nuair a chuirtear san áireamh anuas air sin, tuairimíocht an Dáibhísigh maidir leis an nGaeilge, na healaíona dúchasacha agus an chosmhuintir, ní cúis iontais é gur glacadh leis go raibh sé faoi thionchar Rómánsachas na Gearmáine agus smaointeoireacht Johann Gottfried von Herder (1744-1803) go háirithe. Creideadh go forleathan go raibh cuairt tugtha ag Tomás Dáibhís ar an nGearmáin thart ar an mbliain 1839 agus gurbh é an turas sin a spreag a chlaonadh i dtreo an Rómánsachais chomh fada is a bhain leis an náisiúnachas. Tugann Molony le fios nach bhfuil aon fhianaise ann gur leag an Dáibhíseach cos sa Ghearmáin riamh⁹⁰ ach is léir, ina dhiaidh sin féin, go raibh aitheantas á thabhairt ag an Dáibhíseach do roinnt de na luachanna céanna a bhí á gcur chun cinn ag rómánsaithe na hEorpa.

Tá sé suntasach go bhfuil an snáithe Eorpach seo ann a cheanglaíonn roinnt de na coincheapa, smaointeoírí agus tréimhsí ama a áirím a bheith ábhartha sa phlé seo ar ghnéithe den cheol Gaelach. I measc rudaí eile, ráiteas comórtha ar Éirí Amach 1789 in Bastille ab ea Féile Chruitireachta Bhéal Feirste, cuir i gcás. Bhí mar thoradh ar Réabhlóid na Fraince a cuireadh deireadh leis an monarcacht agus a tháinig borradh faoin daonlathas. Ní cúis iontais é go raibh a thacaíocht léirithe don Réabhlóid sin ag an té is treise a luaitear leis an Rómánsachas Eorpach, is é sin, Herder. Ba ghluaiseacht an Rómánsachas a d'fhreastail ar spriocanna an náisiúnachais sa mhéid is go raibh sí uileghabhálach. Aithníodh inti na haicmí ar fad, ón lucht ceannais agus go dtí an chosmhuintir, agus tugtar do chreidiúint do Herder fiú gurbh é a d'fhorbair an coincheap lena dtuigeann muid go dtí an lá inniu an *Volk*. Tháinig Herder agus fealsaimh a chomhaimsire in inmhe agus iad ag tabhairt droim láimhe do smaointe agus dearcadh Aois na hEagnaíochta. Diúltaíodh don indibhidiúlacht agus don réasún a bhí ina gcnámh spairne ag *philosophes* an ochtú céad déag, agus cuireadh chun cinn an tuiscint gurbh é an náisiún seachas an indibhid bunchloch na daonnachta. Le leas na daonnachta ina hiomláine a rachadh sé dá ndéanfaí forbairt ar na tréithe a

⁸⁹ Ibid., 50-51.

⁹⁰ Ibid., 25.

chuimsigh sainiúlacht aon náisiúin ach ba ón mbonn aníos, i measc na ndaoine féin, a ba chóir tuiscintí maidir leis an tsainiúlacht sin a fhorbairt ar dtús.⁹¹

Ba in *The Nation*, den chuid is mó, a chuir Tomás Dáibhís a mhacasamhail seo de smaointeoireocht in iúl agus in oiriúint d'Éireannaigh a linne. Ba é an cultúr a thug brí agus dlisteanacht don náisiún agus bhí sainiúlacht teanga ar an gcritéar ba thábhachtaí ar fad i bhforbairt na féiniúlachta cultúrtha sin:

A people without a language of its own is only half a nation ... To lose your native tongue, and learn that of an alien, is the worst badge of conquest – it is the chain on the soul. To have lost entirely the national language is death; the fetter has worn through.⁹²

Níor lú ná sin an bhéim a chuir an Dáibhíseach ar an dá ghné eile den chultúr trína bhféadfaí coincheapú a dhéanamh ar an náisiúnachas. Ba iad sin an stair agus an ceol. Ba ar bhonn fónaíoch a shaothraigh an Dáibhíseach an ceol, mar sin. Is é sin le rá, thug an ceol an deis dó seintimintí náisiúnaíocha a chur chun cinn, náisiúnachas a bhí faoi réir ag stair choilíneach na tíre go háirithe.

I bhfianaise go raibh Tomás Dáibhís féin i measc mhionlach Protastúnach na hÉireann, d'fheil sé dó tarraingt ina chuid bailéad ar an stair seachas ar chine agus ar chreideamh chun sainiú a dhéanamh ar an náisiúnachas Éireannach. Ina theannta sin, thug an stair aitheantas do chuimhní agus do shamhlaíocht na ndaoine i gcoitinne nó an *Volk* seachas díreach mionlach a raibh stádas agus pribhléidí sa tsochaí acu.⁹³ Bhí sé praiticiúil sa mhéid is gurbh é an bailéad, ar ghné de chultúr na ndaoine é, a roghnaigh sé mar mheán chun a thuiscint ar an náisiúnachas a chur in iúl agus freisin gur i nuachtán a raibh ardéileamh air⁹⁴ a céadfhoilsíodh bunáite na mbailéad sin. Thug sé seo an deis dó dul i bhfeidhm ar sciar leathan den phobal. Mar shaothar a raibh idir fhocail agus fhonn ag roinnt leis, bhí an bailéad in ann dul i bhfeidhm ar an intleacht agus ar an gcroí araon.⁹⁵ Anuas air sin, ba mhinic leis foinn a roghnú a bhí i

⁹¹ Thosaigh Herder ag forbairt na smaointeoireachta sin ag deireadh na haiste cáiliúla 'Abhandlung über den Ursprung der Sprache' a foilsíodh i 1772. I 1778-9 foilsíodh *Volkslieder*, dhá imleabhar dá bhailiúchán d'amhráin na ndaoine. Pléitear na bailiúcháin seo in Gerhard Sauder, 'Herder's Poetic Works, Translations, and views on Poetry,' in *A Companion to the Works of Johann Gottfried Herder*, ead. Hans Adler and Wulf Koepe (New York: Camden House, 2009), 322-25.

⁹² Thomas Davis, *Literary and Historical Essays* (Dublin: James Duffy & Co. Ltd., 1845) 175.

⁹³ Molony, *A Soul Came into Ireland*, leathanach gan uimhir.

⁹⁴ Is cosúil go raibh *The Nation* ar an nuachtán ba mhó díol in Éirinn ar feadh tréimhse áirithe agus go raibh lucht léitheoireachta de bhreis is 250,000 aige taobh istigh de bhliain. Bhí tóir ar an nuachtán ina measc siúd a raibh oideachas foirmeálta orthu agus chomh maith leis sin, léití an nuachtán os ard do dhaoine nach raibh léamh ná scríobh acu féin. Molony, *A Soul Came into Ireland*, 106-107 agus 172-173.

⁹⁵ *Ibid.*, 219.

mbéal an phobail cheana féin, rud a d'éascódh glacadh agus seachadadh na n-amhrán. Rinne an Dáibhíseach ráitis láidre i dtaobh cheol agus amhráin na hÉireann a d'ardódh féinmhuinín chultúrtha na nGael, cuir i gcás, an tuairim, 'No enemy speaks slightly of Irish Music, and no friend need fear to boast of it. It is without a rival.'⁹⁶ Cosúil leis na bailéid féin, áfach, gríosadh agus bolscaireacht ab ea an tráchttaireacht sin agus is annamh a phléigh sé na hamhráin iad féin gan comhthéacs míleata agus stairiúil a lua leo:

...the historian hears the moan of the penal days in 'Drimindhu,' and sees the embarkation of the Wild Geese in 'Limerick Lamentation,' ... almost all the Irish political songs are too desponding or weak to content a people marching to independence as proudly as if they had never been slaves.⁹⁷

Bhí feabhas na n-amhrán ag brath ar a éifeachtaí is a rinne siad freastal ar mhisean míleata. Níor tugadh aitheantas dóibh mar ghnéithe den chultúr a raibh brí neamhspleách ealaíonta nó aeistéitiúil ag roinnt leo.

B'annamh a thagair an Dáibhíseach ina chuid tráchttaireachta do na hamhráin liriciúla ghrá, ar cuid shuntasach den stór amhrán dúchasach iad. 'Bailéid' a bhí á thabhairt aige ar gach rangú de na hamhráin agus ba í príomhfheidhm an bhailéid, dar leis, ná mothúcháin a spreagadh. Dlisteanú, fiú ceiliúradh, ar an bhforéigean ab ea riar acu, inar tarraingíodh aird ar Éirinn mar choilíneacht. Rinne sé an cáineadh a ba dhual dó ar na Sasanaigh ach cuireadh san áireamh freisin náisiúntachtaí eile a raibh na Gaeil curtha faoi chois acu tráth, mar atá amhlaidh in 'Celts and Saxons':

We hate the Saxon and the Dane,
We hate the Norman men –
We curs'd their greed for blood and gain,
We curse them now again⁹⁸

Bhí an tseineafóibe ag roinnt leis na hamhráin, feiniméan a chuir sé in iúl trí úsáid a bhaint as an mallacht liteartha a d'fhorbair mar shainchomhartha de na bailéid pholaitiúla.⁹⁹ Dá phaiseanta mianta an Dáibhísigh, níorbh ionann a shaothar agus ardfhilíocht. Ba bheag forbairt a rinneadh ar chúrsaí stíle agus bhí easpa samhlaíochta sna bailéid nach raibh sé mar fheidhm acu, a bheag nó a mhór, ach treisiú a dhéanamh ar mhothúcháin agus ar dhearcadh polaitiúil faoi leith. Bhí

⁹⁶ Davis, *Literary and Historical Essays*, 216.

⁹⁷ *Ibid.*, 217.

⁹⁸ Thomas Davis, *The Poems of Thomas Davis, now first collected, with notes and historical illustrations* (Dublin: James Duffy, 1846), 27.

⁹⁹ Molony, *A Soul Came into Ireland*, 140.

William Butler Yeats (1865-1939) i measc scríbhneoirí na chéad ghlúine eile a cháin saothar an Dáibhísigh agus a d'aontaigh go gcaithfí 'de-Davisization' a dhéanamh ar litríocht na hÉireann chun go dtiocfadh sí in inmhe.¹⁰⁰

Thabharfadh an méid sin le fios gurb iad scríbhinní an Dáibhísigh, seachas a oidhreacht cheoil, is túsce a ba cheart a chur san áireamh agus an tionchar a bhí aige ar éabhlóid an náisiúnachais chultúrtha á mheas. Aithnítear gur i mblianta deiridh an naoú haois déag agus tús na haoise dar gcionn a bhain gluaiseacht an náisiúnachais chultúrtha barr bua amach agus gur fhorbairt shuntasach sa tréimhse sin bunú Chonradh na Gaeilge in 1893. Bhí an léacht iomráiteach, 'The Necessity for De-Anglicising Ireland'¹⁰¹ a thug Dubhghlas de hÍde (1860-1949) don National Literary Society i mí na Samhna 1892 ar cheann de na himeachtaí trínar tháinig ann don Chonradh mí Iúil na bliana dar gcionn. Rianú ar na bealaí a raibh a gcultúr dúchais tréigthe ag na Gaeil ab ábhar do léacht de hÍde, cuid mhaith. Tharraing sé aird ar roinnt de na coincheapa céanna ar thrácht Tomás Dáibhís orthu beagnach leathchéad bliain roimhe sin. 'Ireland must be unsaxonized before it can be pure and strong' a bhí fógartha ag an Dáibhíseach in eagarfhocal in *The Nation* in 1843. Bhí treocht ag teacht chun cinn, mar a luadh ag tús na caibidile seo, a d'fhág gur i dtéarmaí dénártha a tosaíodh ag déanamh sainiú ar chultúr na hÉireann. Tapaíodh deiseanna dealú a dhéanamh idir Éire agus an Bhreatain bunaithe ar dhifríochtaí cultúrtha. Ba i gcodarsnacht le cultúr na Breataine, cuid mhaith, a thug de hÍde aitheantas do phróifíl chultúrtha na hÉireann ina chuid cainte féin. Luaigh sé an náisiúnach Iodálach, Giuseppe Mazzini (1805-1872), a raibh sé áitithe aige nach raibh de rogha ag Éirinn, nach mór, ach a bheith sásta fanacht ina cuid den Ríocht Aontaithe tharla go raibh a teanga féin ligthe i léig aici.¹⁰²

Rinne de hÍde iarracht ina chuid cainte féin léiriú go raibh neamhspleáchas cultúrtha ag Éirinn cheana féin agus nach cultúr íochtaráin ab ea cultúr na nGael. Ba é meath na teanga, a raibh impleachtaí aige do cheist na féiniúlachta an buille ba throime a bhain do na Gaeil, dar leis: 'The losing of it is our greatest blow, and the sorest stroke that the rapid Anglicisation of Ireland has inflicted upon us.'¹⁰³ Tarraingíodh ar íomhánna den talamh freisin mar bhealach chun coincheap na féiniúlachta agus na

¹⁰⁰ Luaite in Lyons, *Culture and Anarchy*, 39.

¹⁰¹ 'The Necessity of De-Anglicizing the Irish Nation' an teideal bunúil a bhí ar an léacht. Breandán Ó Conaire, eag., *Language, Lore and Lyrics* (Dublin: Irish Academic Press, 1986), 51, fonóta 82.

¹⁰² Dubhghlas de hÍde, 'The Necessity for De-Anglicising Ireland,' in *Language, Lore and Lyrics*, 153.

¹⁰³ *Ibid.*, 160.

húinéireachta cultúrtha a chur in iúl: ‘...we must strive to cultivate everything that is most racial, most smacking of the soil, most Gaelic, most Irish...’¹⁰⁴ Ba shiombail an talamh a rinne ionadaíocht fhisiciúil, thíreolaíoch ar Éirinn mar aonad bailí sainiúil. Spreag siombalachas na talún freisin tuiscint ar an bhféiniúlacht Éireannach a bhí orgánach agus nádúrtha. Bhí leas bainte as íomhá na talún roimhe sin ag Tomás Dáibhís agus na hÉireannaigh Óga, ar ndóigh, sa mhanna a roghnaigh siad do *The Nation*: ‘To create and foster public opinion in Ireland, and make it racy of the soil’ mar a bhí fógartha sa chéad eagrán den pháipéar ar 15 Deireadh Fómhair 1842. Chun go dtiocfadh Éire in inmhe mar náisiún, níor mhór di cúram a dhéanamh dá cultúr dúchais agus gan ligint di féin a bheith á sainiú i dtéarmaí chultúr an tSasanaigh. An achainí sin a thabhairt chun críche ar bhonn teanga go príomha a chuir de hÍde agus a chuid comhghleacaithe i gConradh na Gaeilge rompu.

Chaithfí seilbh a ghlacadh ar an nGaeilge in athuair mar theanga náisiúnta bhunúil na tíre chun nach mbeadh Éire ina ‘leathnáisiún’ a thuilleadh, mar a bhí áitithe ag Tomás Dáibhís. Bhí an feachtas cultúrtha ag gluaiseacht i dtreo na polaitíochta agus ba ag an nGaeilge a bhí an ról ba láidre san fheachtas sin. Ba i dtéarmaí na polaitíochta go heisiach a rinne de hÍde athbheochan na teanga a mheas blianta ina dhiaidh sin nuair a mhaígh sé nach mbeadh neamhspleáchas bainte amach ag Éirinn murach gluaiseacht na teanga: ‘Ba mhaith liom a thaisbeáint gurbh ó aithbheódhughadh na teangan tháinig saoirseacht na Sé Chondaethe Fichead, chomh fad agus tá saoirse aca indiu.’¹⁰⁵ Ní gá a rá, mar sin, go raibh spriocanna éagsúla ag na hiarrachtaí aitheantas a thabhairt don tsaioithiúlacht dúchais sa tréimhse seo le hais mheon na n-ársaitheoirí a raibh paistí den ghort céanna treafa roimhe sin acu. Más fíor go ndearnadh faillí ar amhránaíocht na Gaeilge i mórshaothair cheoil na haoise go nuige sin, fuair sí aird agus aitheantas ón nglúin nua scoláirí agus díograiseoirí a bhí ag saothrú ag deireadh na haoise. Ní mór Dubhghlas de hÍde féin a chur san áireamh agus ceist na hamhránaíochta sin á plé. D’áitigh sé i leith cheol na hÉireann, cuir i gcás, ‘If Ireland loses her music, she loses what is, after the Gaelic language and literature, her most valuable and most characteristic expression.’¹⁰⁶ Bhí teorainn leis an tuiscint a bhí ag de hÍde ar an gceol, áfach. Chuir sé suim faoi leith i siombalachas an cheoil agus sa chumas a bhí ag an gceol cás na féiniúlachta

¹⁰⁴ Ibid., 169.

¹⁰⁵ Dubhghlas de hÍde, *Mise agus an Conradh* (Baile Átha Cliath: Oifig Díolta Foillseacháin Rialtais, 1937), 6.

¹⁰⁶ de hÍde, ‘The Necessity for De-Anglicising Ireland,’ 167.

cultúrtha a chur chun cinn. Ní cúis iontais, mar sin, gur do na gnéithe téacsúla, teanga den oidhreacht cheoil is mó thug sé aitheantas, agus gur mar bhailitheoir, eagarthóir agus aistritheoir ar amhráin Ghaeilge na ndaoine is mó atá a ainm in airde ó thaobh an cheoil in Éirinn sa tréimhse sin.

Ba ina cheantar áitiúil timpeall ar Dhún Gar i dtuaisceart Ros Comáin a chuir de hÍde eolas ar an nGaeilge, áit a raibh sí fós á labhairt ag dornán cainteoirí dúchais. Bhí réimse leathan míreanna cruthaitheacha ón traidisiún béil i mbéal na ndaoine i gcónaí idir scéalta béaloidis, dhánta agus phaidreacha, agus ba iad an seanchas béil agus traidisiún na scéalaíochta ab ábhar dá chéad fhoilseachán, *Leabhar Sgéulaigheachta* (1889). Is léir go raibh an litearthacht agus an téacsúlacht ina ngnéithe lárnacha de shaol de hÍde. Bhí oideachas clasaiceach faighte aige agus é ar a chompond le téacsanna Fraincise, Laidine agus Gréigise, rud a sheas leis, gach seans, nuair a thosaigh sé ag múineadh na Gaeilge dó féin agus é fós sna déaga. Anuas air sin, ba chuid phraiticiúil den saol laethúil an scríbhneoireacht sa mhéid is gur choinnigh sé dialann chuimsitheach, leanúnach ar feadh ocht mbliana déag is fiche idir 1874 agus 1912.¹⁰⁷ Díol spéise é gur ar ábhar an bhéil bheo, mar sin, a bhí an chuid ab iomráití dá shaothar bunaithe. D’admhaigh sé in *Abhráin Grádh Chúige Connacht* (1893) gurbh iad na hamháin nach raibh foilsithe riamh roimhe sin a fuair tús áite sa leabhar mar a mhínigh sé ina nóta tiomnaithe don Dochtúir Sigerson: ‘I have, as you will see, carefully abstained from trenching upon anything ever before published, my object merely being to preserve what was in danger of speedy extinction.’¹⁰⁸ Bhí de thoradh air sin go ndearna a shaothar cothú ar an idirghníomhaíocht idir an traidisiún béil agus an focal clóite.

Níor thada nua iontu féin bailiúcháin de hÍde d’amhráin na ndaoine i bhfianaise go raibh an beart céanna curtha i gcrích roimhe sin ag leithéidí Charlotte Brooke agus James Hardiman (1782-1855),¹⁰⁹ cuir i gcás. Bhí tábhacht na n-amhrán mar ghnéithe de thraidisiún ársaíoch na tíre aitheanta i mbailiúcháin thús na haoise. Thug saothair

¹⁰⁷ Dominic Daly, *The Young Douglas Hyde: The Dawn of the Irish Revolution and Renaissance* (New Jersey: Rowman and Littlefield, 1974), xiii.

¹⁰⁸ Dubhghlas de hÍde, *Abhráin Grádh Chúige Connacht*, 5ú heagrán (Baile Átha Cliath: Gill & Son, 1909), leathanach gan uimhir. Ba as Co. Thír Eoghain don Dochtúir George Sigerson (1836-1925). Dochtúir leighis a bhí ann ach ina theannta sin chuir sé an-spéis i litríocht agus teanga na Gaeilge. Bhí sé ina bhall de Chumann Buan Coimeadtha na Gaeilge agus Conradh na Gaeilge, agus ina theannta sin bhí sé ar dhuine de bhunaitheoirí na Feise Ceoil in 1897. I measc a chuid foilseachán tá an t-aistriúchán a rinne sé ar an dara sraith de shaothar Sheáin Uí Dhálaigh, *Poets and Poetry of Munster*, in 1860.

¹⁰⁹ Ba in 1831 a d’fhoilsigh Hardiman, ar chainteoir dúchais Gaeilge é *Irish Minstrelsy, Or Bardic Remains of Ireland, With English Poetical Translations*.

de hÍde, áfach, an deis dó ráiteas a dhéanamh faoin seasamh a bhí ag an gceol dúchais sa *milieu* cultúrtha comhaimseartha. Bhí sé le tuiscint ó scríbhinní agus ó léachtaí de hÍde gurbh é an ceol dúchais ceol náisiúnta na hÉireann. Bhí sé sin amhlaidh go háirithe maidir leis an gceol a bhain leis an am a bhí caite. Diúltaíodh roimh cheol nuachumtha agus roimh cheol ealaíonta na hEorpa mar chuid de phróifíl cheoil na hÉireann sa múnla den náisiún nua a bhíodhas á chur chun cinn aige. Mar fhoirmeacha teanga agus tagarthachta araon, glacadh leis gurbh iad amhráin na Gaeilge an léiriú ba láidre ar fad ar dhúchas an cheoil nó ‘One of the most valuable heritages of the Irish race’¹¹⁰ mar a thug sé orthu. Is léir ón méid sin an t-athrú a bhí tagtha ar na téarmaí tagartha inar measadh an ceol dúchais. Ainneoin a dhiongbháilte is a bhí de hÍde an feachtas cultúrtha a choinneáil glan ar an bpolaitíocht, coincheap luchtaithe ab ea ‘Irish race’ a mheabhraigh náisiúntacht agus eitneacht faoi leith, agus dá réir, bhí fochiall pholaitiúil aige nach bhfaighfí i dtráchtairacht dhioscúrsúil na scoláirí ársaíocha a tháinig roimhe.

Ainneoin an bá a léirigh de hÍde leis an traidisiún béil, is mó de shaothair theangalárnaithe na cnuasaigh amhrán a chuir sé i dtoll a chéile. Rinneadh iniúchadh ar na hamhráin féin i dtearmaí tagartha na filíochta liteartha seachas mar mhíreanna láithrithe ón traidisiún béil a raibh foinn agus modhanna faoi leith gabhála ag dul leo. Tharraing sé aird ar thréithe a bhí sainiúil i bhfilíocht na Gaeilge, mar shampla, an comhshondas nó rím na ngutaí, agus rinne iarracht an fiúntas liteartha sin a léiriú sna haistriúcháin Bhéarla de na hamhráin. Ba chás leis freisin go dtabharfaí slán sna haistriúcháin patrúin mheadaracha na véarsaí Gaeilge. Is léir sa véarsa seo ó na leaganacha Gaeilge agus Béarla de ‘An Chúilfhionn’, mar shampla, a iarracht an rím inmheánach agus ag deireadh na líne a chur in iúl san aistriúchán, agus fanacht dílis freisin do mheadaracht an leagain Ghaeilge:

Ceó meala lá seaca, ar choilltibh dubha daraighe,
A’s grádh gan cheilt atá agam duit a bháin-chnis na ngeal-chíoch,
Do chom seang, do bheul tana, a’s do chúilín bhí cas mín,
A’s a chéud-shearc ná tréig mé, a’s gur mhéuduigh tú ar m’aicíd.¹¹¹

A honey mist on a day of frost, in a dark oak wood,
And love for thee in my heart in me, thou bright, white, and good;
Thy slender form, soft and warm, thy red lips apart,
Thou hast found me, and hast bound me, and put grief in my heart.¹¹²

¹¹⁰ de hÍde, *Abhráin Grádh*, leathanach gan uimhir.

¹¹¹ *Ibid.*, 70.

¹¹² *Ibid.*, 71.

Chuir de hÍde i bhfoirm véarsaíochta cúig amhrán is fiche as an gcúig amhrán is daichead ar fad a bhí in *Abhráin Ghrádh Chúige Connacht*, agus d'aistrigh an chuid eile go próis. San áireamh sa bhailiúchán, tá leithéidí 'An Draighneán Donn' agus 'Úna Bhán' a fuair sé ó bhéal na ndaoine i Ros Comáin. Tá 'An Súisín Bán' ar malairt teidil é ar 'Casadh an tSúgáin' ina measc freisin, mar aon le 'Bean an Fhir Rua' a raibh leaganacha de le fáil i chuile cheard den tír, a thug sé le fios.¹¹³ Ní gá a rá gur amhráin aitheanta a chastar go rialta i seánra an tsean-nóis iad sin ar fad go dtí an lá inniu.

Bhí de hÍde diongbháilte ina chuid tuairimí, is cosúil, maidir le cur chuige agus feidhmeanna ó thaobh na n-aistriúchán Béarla de. Aistriúchán litriúil ar Ghaeilge na n-amhrán a chuir sé roimhe¹¹⁴ seachas míreanna fileata a chruthú i mBéarla a sheasfadh as a stuaim féin agus a mbeadh tarraingt aeistéitiúil neamhspleách acu. Tabharfar faoi deara, áfach, gurbh é an t-aistriúchán scaoilte, coincheapúil a chleacht sé, mar is léir ón dara líne sna véarsaí thuas, chun teacht timpeall ar mhóitífeanna agus tagairtí nach bhféadfaí iad a léamh ach i gcomhthéacs na collaíochta. Ba ar mhaithe leis an nGaeilge a chuir de hÍde na haistriúcháin ar fáil, áit nach mbeadh sna leaganacha tánaisteacha Béarla ach treoir agus léargas níos beaichte ar ábhar agus meadaracht na n-amhrán ina mbunteanga. Bhí idir chruthaitheacht agus íoróin ar aon ag roinnt leis an ngníomh seo. Ba de thoradh aistriúcháin de hÍde, inar tugadh tús áite do Bhéarla na ndaoine seachas Béarla an léinn, a tháinig meán agus coincheap na litríochta Angla-Éireannaí chun cinn, dar le Kiberd:

Instead of popularising Irish literature, it made the creation of a national literature in English seem all the more plausible. Furthermore, it provided Irish writers of English with one of their finest literary mediums, the Anglo-Irish dialect.¹¹⁵

Ghlac J.M. Synge (1871-1909), an Bhantiarna Gregory (1852-1932) agus Yeats go fonnmhar leis an ionramháil a bhí déanta ag de hÍde ar an mBéarla, rud a chuir uathúlacht agus brí ina saothair liteartha siúd nach raibh le fáil i saothair Bhéarla eile go dtí sin.

Ar cheann de na forbairtí is tábhachtaí a d'fhéadfaí a lua le de hÍde, dar liom, tá éabhlóid na litríochta béil mar dhisciplín i léann na Gaeilge trí chéile. Bheadh sé faillíoch gan a aithint go raibh trasnaíl áirithe riamh idir foirmeacha béil agus scríofa

¹¹³ Ibid., 92.

¹¹⁴ Robert Welch, *A History of Verse Translation from the Irish 1789-1897* (Buckinghamshire: Colin Smythe, 1988), 151.

¹¹⁵ Declan Kiberd, *Synge and the Irish Language* (London: Macmillan, 1979), 197.

fiú i bpobail a luafaí cuid mhór leis an neamhlitearthacht, feiniméan atá cíortha go mion ag scoláirí de chuid an fhichiú haois, ina measc, Ruth Finnegan, a áitíonn, ‘...there is no clear-cut line between ‘oral’ and ‘written’ literature, and when one tries to differentiate between them – as has often been attempted – it becomes clear that there are constant overlaps.’¹¹⁶ Samhlaíodh in Éirinn, ina dhiaidh sin féin, an bhéalaireacht mar chomhartha sóirt d’oidhreacht na ndaoine agus tuigeadh go raibh déscaradh idir an oidhreacht sin agus an cultúr réimis, mar a thugann Seán Connolly le fios:

On the one hand, it is possible to distinguish an élite culture defined by transmission through the printed word, its access to the world of law and high politics, and its observance of a particular code of politeness and behaviour. On the other, there is the culture of the common people: not necessarily illiterate, but primarily dependent on the spoken word, governed by custom and ritual, localistic, community-minded, and conservative.¹¹⁷

Idirghabhálaí idir an dá thraidisiún ab ea de hÍde agus b’fhianaise air sin freisin an cnuasach d’amhráin Antaine Raiftearaí (1779-1835), *Abhráin atá Leagtha ar an Reachtúire*, a d’fhoilsigh sé i 1903. Bhí ‘Contae Mhaigheo’ nó ‘Cill Aodáin’, a chuala sé ó fhear áitiúil, ar cheann de na hamhráin Ghaeilge ba thúisce a chuaigh i bhfeidhm air. Ní bhfuair sé amach go ceann cúig bliana déag ina dhiaidh sin gurbh é Raiftearaí a chum an t-amhrán.¹¹⁸ Bíodh is gur i lámhscríbhinní a tháinig de hÍde ar roinnt de na hamhráin, bhí sé diongbháilte gurbh iad na leaganacha de na hamhráin a bhí beo i mbéal an phobail i gcónaí a gheobhadh tús áite. Mura raibh toradh ar bith eile ar amhráin na ndaoine a chnuasach agus a fhoilsíú mar a rinne sé le saothar Raiftearaí, chinntigh sé go dtabharfaí aitheantas do sciar éigin d’údarthacht na litríochta béil.

Ar cheann d’fheidhmeanna na filíochta béil, bhí a fiúntas mar fhoinse den stair shóisialta agus pholaitiúil, tríd an leas a baineadh san fhilíocht sin as gnéithe den mhiméis. Foinsí eolais ar imeachtaí polaitiúla, sóisialta agus stairiúla an tsaoil ab ea

¹¹⁶ Ruth Finnegan, *Oral Poetry: Its Nature, Significance and Social Context* (London: Cambridge University Press, 1977), 2. Tá an dinimic idir an litearthacht agus an bhéalaireacht pléite freisin in Walter J. Ong, *Orality and Literacy: The Technologizing of the Word* (London: Routledge, 2002), 5-15 agus in Paul Zumthor, *Oral Poetry: An Introduction*, aistrithe ag Kathryn Murphy-Judy (Minneapolis: University of Minnesota Press, 1990), 13-31.

¹¹⁷ Seán Connolly, ‘‘Ag Déanamh Commanding’’: Elite Responses to Popular Culture, 1600-1850,’ in *Irish Popular Culture 1650-1850*, eag. J.S. Donnelly agus Kerby A. Miller (Dublin: Irish Academic Press, 1998), 10.

¹¹⁸ Dubhghlas de hÍde, *Abhráin agus Dánta an Reachtabhraigh* (Baile Átha Cliath: Oifig Díolta Foillseacháin Rialtais, 1933), 10. Chuir de hÍde dhá fhoilseachán de shaothar Raiftearaí i gcló, mar a bhí, *Abhráin atá Leagtha ar an Reachtúire* i 1903 agus an dara cnuasach, *Abhráin agus Dánta an Reachtabhraigh* i 1933.

cuid mhaith d'amhráin Raiftearaí, mar shampla, 'Election na Gaillimhe', 'An Cíos Caitliceach', 'Buaidh Uí Chonail' agus 'Na Buachaillí Bána'. Ba é a fhearacht chéanna é ag an bpíosa filíochta is faide sa chnuasach, 'Seanchas na Sceiche', ar bhreac de hÍde 99 véarsa de mar aon le haistriúchán Béarla a chur ar fáil. Tuairisc ar thréimhse fhada de stair na hÉireann ó theacht na dTuatha De Danann anuas go dtí ionradh na Breataine is ábhar don dán. Ceann de bhuanna an phíosa filíochta sin ab ea an cuntas ar stair na hÉireann a bhí ann nach raibh leagan clóite foilsithe de ar fáil agus an chaoi ar seachadadh ar an modh dúchasach ó bhéal na ndaoine é neamhspleách ar an litearthacht. Níor ghá, i dtuairimíocht de hÍde, gur ar phár a bhí an chuid a b'fhuinniúla de litríocht na Gaeilge le fáil. Ba iad filí gairmiúla an tseachtú agus an ochtú haois déag cosúil le hEoghan Rua Ó Súilleabháin (1748-1784) an tslat tomhais a bhí aige agus é ag déanamh sainiú ar an bhfilíocht bhéil. Ní ón gcroí a tháinig a n-ealaín chuig filí na mBard, dar leis, toisc a thógtha is a bhí siad le struchtúir agus meadarachtaí: '...they never produced anything which caught hold of the people's imagination and lived in their memories as did the Ossianic and heroic poems. The bards wrote a cultivated and artificial Gaelic...'¹¹⁹ Ar mhórbhua cruthaitheachta Raiftearaí, bhí deisbhéalacht agus saibhreas teanga, agus ba chruthúnas a shaothar go bhféadfaí litríocht ar ardchaighdeán a fháisceadh as caint na ndaoine.

Níl aon cheist ach chuir tráchttaireacht phraiticiúil de hÍde ar na hamhráin leis an tuiscint ar an litríocht bhéil agus gur léirigh sé í mar sheánra d'oidhreacht na Gaeilge a raibh lón staidéir agus machnaimh ann. Thug an bonn comparáideach a roghnaigh sé dá chuid anailíse an deis dó rangú agus sainiú úsáideach nach raibh déanta roimhe sin a thabhairt ar amhráin dhúchasacha na Gaeilge. Tharraing sé aird ar thréith na hinsinte, mar shampla, a bhí ar lár sna hamhráin liriciúla. Níorbh aon locht orthu, dar leis, nach raibh ar a gcumas scéal loighciúil ina mbeadh tús, lár agus deireadh a chur in iúl:

... the most noticeable feature about them is the entire absence of that narrative, orderly faculty which so greatly distinguishes the poetry of Teutonic nations. The Celtic poetic genius is an essentially lyrical one, and has never subjected itself willingly to the methodic and deliberate style.¹²⁰

Bhí gné na hinsinte i measc shainchomharthaí an bhailéid, dar ndóigh, ach ba í an fheidhm a bhí ag na hamhráin ghrá nó amhráin chlasaiceacha na hÉireann, mar a

¹¹⁹ de hÍde, 'Gaelic Folk Songs,' in Ó Conaire, *Language, Lore and Lyrics*, 106.

¹²⁰ de hÍde, 'The Unpublished Songs of Ireland,' in Ó Conaire, *Language, Lore and Lyrics*, 68.

thug sé orthu, deis a thabhairt don reacaire a racht a ligean i lyricí corraitheacha, maoithneacha. Níor éirigh le de hÍde fanacht glan ar an gcomhthéacs náisiúnaíoch ina chuid anailíse ar na hamhráin agus é ag áiteamh go raibh siad, ‘...more purely redolent of the race and soil than any of the real *literary* productions of the last few centuries.’¹²¹ Ghéill sé in amanta, mar sin, do léamh seachealaíonta ar na hamhráin dhúchasacha agus bhain úsáid as an ngné sin d’oidhreacht na ndaoine chun an leas náisiúnaíoch a chur cinn cinn. Bhí luach ard ag an mbéalaireacht ina iarracht próifíl chultúrtha náisiúnta a chruthú d’Éirinn. Ba í an bhéalaireacht go háirithe a dheimhnigh go raibh sainiúlacht ag roinnt leis an gcultúr dúchais agus go raibh an cultúr sin neamhspleách ar chultúr an Bhéarla.

Má bhí de hÍde samhlaíoch, uaillmhianach sna féidearthachtaí a chonaic sé sa traidisiún béil, ní fhágann sin nach raibh claonadh chun rómánsachais ann agus é ag trácht ar an acime daoine a chleacht an traidisiún sin. Tá sé tairbheach a chuid iarrachtaí i dtaca le hamhráin na ndaoine a chur i gcomparáid le saothar Herder, *Volkslieder*, a foilsíodh breis is céad bliain roimhe sin in 1778-79 agus *Stimmen der Völker in Liedern* a tháinig amach tar éis a bháis in 1807. Tugtar de chreidiúint do Herder gurbh é a d’fhorbair fiú an coincheap, ‘amhráin na ndaoine’, agus go ndearna sé é sin ar bhealach a thug tús áite don duine seachas don earra. Ba é gníomh daonna na hamhránaíochta bun agus barr na n-amhrán nó mar a bhí scríofa aige féin in *Volkslieder*, ‘Das Wesen des Liedes ist Gesang’.¹²² Bhí an fhilíocht le fáil i measc íseal agus uasal, ón impire go dtí an tuathánach, ón gceardaí go dtí an prionsa. Ní hionadh, dá réir, an toradh a aithníonn Bohlman a bhí ar smaointeoireacht Herder ó thaobh amhráin na ndaoine de: ‘The transformation of song from object to subject’.¹²³ Fianaise is ea an smaointeoireacht sin ar an gcúis a aithnítear Herder sa lá atá inniu ann mar dhuine de na scoláirí a raibh tionchar suntasach aige i bhforbairt léann an duine nó disciplín na hantraipeolaíochta, mar a phléifear níos faide anonn.

Tá an bhéim chéanna seo ar ‘na daoine’ le sonrú ar thráchttaireacht de hÍde ar phobal cleachtaithe na n-ealaíona béil. Is dóigh liom gur mhó suime a bhí aigesean, áfach, sa chosmhuintir ar bhonn coincheapúil toisc gur réitigh siad leis an íomhá den ‘fhíorGhael’ a bhí chun cinn in idé-eolaíocht de hÍde féin. Earra cultúrtha, nach mór,

¹²¹ de hÍde, ‘Gaelic Folk Songs,’ in Ó Conaire, *Language, Lore and Lyrics*, 107. An cló iodálach sa téacs bunúil.

¹²² Johann Gottfried Herder, *Volkslieder* (Leipzig: In der Wehgandschen Buchhandlung, 1779), 33.

¹²³ Philip V. Bohlman, *Song Loves the Masses: Herder on Music and Nationalism* (California: University of California Press, 2017), 46.

ab ea an ‘lucht gearrtha ádhmaid agus lucht tarraingte uisge’¹²⁴ mar a chuir sé síos orthu, agus b’údar inní aige an claochlú a bhí ag teacht go tiubh te ar an sciar sin den daonra: ‘...a class which is disappearing with most alarming rapidity...’¹²⁵ Micreacosa d’fhéiniúlacht an náisiúin ab ea an chosmhuintir ach ag an am céanna, is cosúil go raibh sé beag beann ar a mbochtanas nó a staid eacnamaíoch nó sóisialta a fheabhsú. Má thug sé aitheantas do shaol tubaisteach na cosmhuintire ó thaobh na heacnamaíochta agus na polaitíochta de, ba chosúil gurbh é an t-anchás céanna a dhéanfadh file de dhuine:

Tá beatha na nGaodhal chomh truaighe, chomh dubh doiligh dobrónach sin, agus tá siad chomh briste brúigte buailte-síos ann a dtír agus a dtalamh féin, nach bhfágann a n-inntleacht agus a ngeur-inntinn aon áit dóibh féin, ná aon tslighe le iad féin do leigean amach, acht i ngáire agus i ngreann iomarcach amadánta, no i g-caointibh agus i g-cúmha.¹²⁶

Áitíonn Ó Torna go raibh de hÍde den tuairim go mba bhuntáiste an bhochtaineacht i measc an lucht faisnéise agus go raibh an t-ábhar béil ba shaibhre le fáil ina measc siúd ba bhoichte ar fad. Tarraingíonn sí aird ar an tuairim eile a bhí aige gur chuir an litearthacht fiú srian le samhlaíocht an duine.¹²⁷ Mar a thugann Daly le fios, d’fhan de hÍde féin dílis i gcaitheamh a shaoil do stíleanna agus nósanna maireachtála na meánaicme agus níor laghdaigh an bhearna shóisialta riamh idir é féin agus na tuathánaigh a raibh an oiread sin bá aige leo.¹²⁸

Is furasta laigeachtaí a aithint i saothair de hÍde maidir le hamhráin na ndaoine agus breith á tabhairt orthu i bhfráma critice an lae inniu. Ghéill sé go fonnmar don luach siombalach a bhí ag ceol na ndaoine agus is dóigh liom gur chuir an ról lárnach a bhí ag an téacsúlacht agus ag a oideachas clasaiceach srian air tuiscint níos saibhre a shealbhú ar dhinimicí an traidisiúin béil. Ba bheag tuairimíocht a roinn sé ar fhoinn ná ar mhodhanna gabhála na n-amhrán, agus níor cuireadh aon leagan de na foinn ar fáil sa chliathnodaireacht – nós a bhí san fhaisean ag an am. Ba bhearna freisin ina chuid foilseachán gur scar sé chomh mór sin na hamhráin ó na daoine ar chuala sé uathu iad. Níor phléigh sé go mion aon fhonnadóir faoi leith agus níor caitheadh leis an amhránaíocht mar chleachtas láithrithe, sóisialta. D’ainneoin sin, tháinig cor nua san eolas ar oidhreacht cheoil na hÉireann i dtús an fhichiú haois mar thoradh ar

¹²⁴ de hÍde, *Mise agus an Connradh*, 33.

¹²⁵ de hÍde, *Abhráin Grádh*, leathanach gan uimhir.

¹²⁶ *Ibid.*, leathanach gan uimhir.

¹²⁷ Cairtriona Ó Torna, *Cruthú na Gaeltachta 1893-1932: samhlú agus buanú chonstráid na Gaeltachta i rith na hAthbheochana* (Baile Átha Cliath: Cois Life, 2005), 116-20.

¹²⁸ Daly, *The Young Douglas Hyde*, xi.

iarrachtaí de hÍde sa mhéid is gur bhain amhráin na Gaeilge áit amach i bpróifíl cheoil na tíre ar bhealach nach raibh amhlaidh in iarrachtaí Bunting ná Petrie. Ba chás le de hÍde go dtabharfadh an Conradh nuabhunaithe ar ais i mbéal na ndaoine na hamhráin, agus an teanga, ar ndóigh, in áit a bheith ina ghluaiseacht acadúil eile nach mbeadh ag freastal ach ar an lucht léinn. Bhí sé i measc na gcéad daoine freisin a d'éiligh go réachtálfaí cruinnithe Chonradh na Gaeilge trí Ghaeilge seachas i mBéarla mar a bhítí ag déanamh sna blianta tosaigh. Bhí sé réasúnta praiticiúil, mar sin, ina chur chuige ó thaobh an fheachtais chultúrtha de agus theastaigh uaidh go mbeadh toradh ar iarrachtaí an fheachtais sin a bheadh inbhraite i measc na ngnáthdhaoine seachas díreach i measc na meánaicme a bhí ina bhun.

Má rinne de hÍde beart ar son na hamhránaíochta dúchasaí, thuig sé freisin go gcaithfí an ceol uirlise a chothú. Lena cheart a thabhairt dó, mhol sé go mbunófaí eagraíocht go sainiúil chuige sin, áit a mbeifí in ann oiliúint a chur ar pháobairí agus a leithéidí. Ba sa chinniúint, i ndeireadh thiar, áfach, a chuir sé a mhuinín maidir le todhchaí an cheoil uirlise: ‘... I must be content with hoping that the revival of our Irish music may go hand in hand with the revival of Irish ideas and Celtic modes of thought which our Society is seeking to bring about...’¹²⁹ Ní foláir ná gurbh é Conradh na Gaeilge, a bhí ar tí a bhunaithe, an cumann a raibh sé ag tagairt anseo dó. Ar cheann de na mórachtaí praiticiúla a d’eascair as obair an Chonartha, ar ndóigh, bhí Oireachtas na Gaeilge a tháinig ar an bhfód in 1897. Fóram d’athbheochan agus forbairt na teanga agus na litríochta go príomha ab ea an tOireachtas: ‘It is, above, and beyond all else, a literary assembly, having for its object the creation and fostering of a modern literature in Irish.’¹³⁰ Cé go raibh bá ag de hÍde leis an traidisiún dúchasach ceoil agus leis na healaíona dúchasacha eile de chuid na nGael, cuireadh todhchaí na n-ealaíona sin faoi chúram eagraíochta a bhí ag feidhmiú thar aon ní eile ar son na teanga. Tugadh aitheantas don amhránaíocht, don cheol uirlise agus don damhsa i gclár oibre an Oireachtais ach bhí a gcuid oibre leagtha amach don choiste cúram a dhéanamh díreach do chúrsaí teanga, ní hamháin an cultúr Gaelach trí chéile a thabhairt slán:

Whilst aiming primarily at maintaining the literary traditions of our people, it aims also at maintaining their social traditions; the folk-tale, the folk-song, the old traditional style of singing, the fine old dances, the harper, the piper – all those

¹²⁹ de hÍde, ‘The Necessity for De-Anglicising Ireland,’ in Ó Conaire, *Language, Lore and Lyrics*, 168.

¹³⁰ Údar anaithnid, ‘The Oireachtas: Work for the Branches,’ *An Claidheamh Soluis*, 24 Feabhra 1900, 792.

elements which go to make up the cultured social life of Irish-speaking Ireland – find a place in its programme.¹³¹

Anuas air sin, mura raibh sé de dhualgas ar an Oireachtas aon chúram faoi leith a dhéanamh de chúrsaí ceoil, bhí eagraíocht eile tar éis teacht ar an bhfód ar phointí an ama chéanna a bhí in ainm is an bhearna sin a líonadh, mar a bhí, an Fheis Cheoil, ar áitíodh ina leith, ‘...the Feis will ultimately do more for the art of music in Ireland than anything which has yet been attempted.’¹³²

Is é an tionchar a bhí ag eagraíochtaí cosúil le hOireachtas na Gaeilge agus an Fheis Cheoil ar choincheapú na hamhránaíochta traidisiúnta is mó a bheidh á chíoradh sa chéad chaibidil eile. Más féidir, mar fhocal scoir, ráiteas ar bith a dhéanamh faoi cheol na hÉireann sa naoú céad déag, is é sin go raibh sé ar cheann de na healaíona ba mhó a ndearnadh ionramháil air chun freastal ar spriocanna cultúrtha agus polaitiúla níos leithne. Dob fhéidir a rá gur chuir infheistíocht na nAngla-Éireannach bonn frithdhúchasach, nach mór, faoi na chéad iarrachtaí aitheantas poiblí a thabhairt do ghnéithe den chultúr dúchais. Iarrachtaí neamhspleácha aonair ab ea na bailiúcháin de cheol na hÉireann ar thug leithéidí Bunting agus Petrie fúthu, agus ionannú, nach mór, á dhéanamh acu idir ársaíocht agus fiúntas na healaíne sin. Taobh le taobh le feiniméin shóisialta eile cosúil leis an náisiúnachas cultúrtha, an creideamh agus an pholaitíocht a tháinig tuiscintí maidir leis an gceol chun cinn sa dara leath den chéad. Ba i *milieu* an náisiúnachais chultúrtha go háirithe a d’fhorbair an stádas a bhí ag amhránaíocht na Gaeilge i bpróifíl cheoil na tíre i mblianta tosaigh na haoise seo caite. Tháinig dúshlán sa treis, áfach, nuair a tosaíodh ag déanamh cúram praiticiúil do ghnéithe den traidisiún amhránaíochta sin ag leibhéal oifigiúil eagraithe an Oireachtais agus na Feise Ceoil. Ba ar an aicme cheannais seachas ar na pobail a raibh an amhránaíocht thraidisiúnta á cleachtadh acu a thit sé teoriciú ointeolaíoch a dhéanamh ar an amhránaíocht sin, agus níos tábhachtaí fós, an ionramháil chuí a dhéanamh uirthi chun go dtiocfadh sí slán mar ghné aitheanta de cheol dúchais na hÉireann. Tabharfar breith sa chéad chaibidil eile ar rath a gcuid iarrachtaí.

¹³¹ Ibid.

¹³² Edith Oldham, ‘The Eisteddfod and the Feis Ceoil,’ *The New Ireland Review* 8 (February 1898): 361.

Caibidil a Dó

Idir Dúchas agus Iasacht: Coincheapú na hAmhránaíochta Traidisiúnta

It is quite true to say that no people in the world following a profession or trade could be got together who know as little about their business as the average singer.¹

Má bhí tráchtais scolártha á mbunú ar ghnéithe de chultúr béil na nGael ón ochtú haois déag i leith, ní féidir talamh slán a dhéanamh de go raibh na cleachtais sin cloiste ina steillbheatha ag an dornán daoine a chuir an spéis intleachtúil seo iontu. Forbairt shuntasach, mar sin, ab ea bunú an Oireachtais agus na Feise Ceoil sa mhéid is go mbeadh taispeántais, coirmeacha ceoil agus comórtais ardáin lárnach sa dá fhéile sin araon. Fóraim ab ea iad sin ina raibh ceol ealaíonta na hEorpa ag feidhmiú cheana féin ar ndóigh. Bhí aitheantas le tabhairt anois freisin d'ealaín bhéil na Gaeilge mar fheiniméan sóisialta beo a bhí le próiseáil trí mheán na héisteachta seachas mar ábhar léinn a raibh tráchtairacht trú pearsa le déanamh air. Eispéireas beo a bheadh inti faoi réir ag láithreoirí agus éisteoirí seachas ag scoláirí agus léitheoirí. Bhí na blianta i dtreo chasadh an chéid suntasach, mar sin, toisc gur cothaíodh aeráid ina mbeifí in ann láithriú beo poiblí a dhéanamh ar chleachtais ealaíonta dhúchasacha go sainiúil d'fhonn sásamh agus pléisiúr aeistéitiúil a bhaint astu. Níor fhág sé sin, áfach, gur tugadh droim láimhe don staidéar léannta, liteartha ar ghnéithe den cheol Gaelach ach an oiread faoi mar a bhí tosaithe ar bhealach suntasach ag leithéidí Bunting agus Petrie ó thús an naoú haois déag.

Léiríonn stair agus blianta tosaigh an Oireachtais agus na Feise freisin, áfach, an caidreamh achrannach a bhí idir an ealaín agus an pholaitíocht in Éirinn na linne sin. Ba dhúshlán é seo a bhí ríshoiléir faoi dheireadh an naoú haois déag. Go praiticiúil, coirmcheoil mhór de cheol na hÉireann an smaoineamh a thug bonn don dá fhéile araon agus is é sin a bhí ar na bacáin nuair a chuathas i mbun pleanála in 1894. Ba iad Conradh na Gaeilge agus an National Literary Theatre an dá mhóreagraíocht a thacaigh leis an smaoineamh. Ní nach ionadh, níorbh fhurasta teacht ar chomhréiteach a shásódh na spriocanna éagsúla a bhí ag ionadaithe ón dá eagraíocht sin agus ag daoine eile nach iad. Tuigeadh go raibh an baol ann go mbeadh amhráin á gcanadh i mBéarla ag an gceolchoirm seo, agus ar an mbonn sin, nach féile Ghaelach ná náisiúnta a bheadh inti. Samhlaíodh do dhaoine cosúil le Tomás Ó hAodha (1866-1935) as Conradh na Gaeilge agus an tArdeaspag Tomás Ó Crócaigh (1824-1902) gur deis a bheadh san fhéile ionadaíocht a dhéanamh ar an oidhreacht Ghaelach trí

¹ Carl Hardebeck, 'Irish Music,' *An Claidheamh Soluis*, 3 Meitheamh 1916, 10.

chéile ach nach bhféadfaí a bheith dílis don fhís sin gan tús áite a thabhairt don Ghaeilge.² Feidhm eile a bhí ag an tiomantas seo don Ghaeilge ná gur diúltú, go siombalach, a bheadh ann do chultúr Shasana. Cur chun cinn an cheoil ar a shon féin, neamhspleách ar cheisteanna náisiúnachais agus polaitíochta, a bhí ag dó na geirbe ag riar daoine eile. Chreid daoine cosúil leis an bhfile Alfred Perceval Graves (1846-1931) agus an cumadóir Charles Villiers Stanford (1852-1924), cuir i gcás, go raibh Éire fágtha in áit na leathphingine ó thaobh mhórhraidisiún ceoil na hEorpa de. Dar leo gur cheart an ceol ealaíonta chomh maith leis an traidisiún dúchasach a chothú, agus go bhféadfaí fiú iad a fhí d'fhonn stíl uathúil Éireannach-Eorpach cheoil a fhorbairt.³ Murab ionann agus an t-ochtú haois déag, ba bheag deis a bhí in Éirinn na linne sin dá leithéidí a gcuid ceoil a chur i láthair an phobail agus aitheantas a fháil as, ní áirím slí bheatha.

Níor thángthas ar aon chomhréiteach a shásódh na spriocanna a bhí ar dhá thaobh na hargóna maidir le ceiliúradh poiblí a dhéanamh ar an gceol in Éirinn. Mar réiteach air sin, b'éigean dhá fhéile a chur sa tsiúl. Tháinig Oireachtas na Gaeilge agus an Fheis Cheoil ar an bhfód, mar sin, mar iarracht easaontais aeistéitiúla agus idé-eolaíochta a raibh an ceol Gaelach agus an Ghaeilge féin lárnach iontu a shárú. Tá sé tábhachtach *milieu* cultúrtha agus polaitiúil na linne a chur san áireamh agus na dúshlán a bhí ag an dá eagraíocht á meas. Cleachtas agus léann an cheoil in Éirinn a chur chun cinn ab ea móraidhm na Feise. Theastaigh ón lucht eagraithe an ceol a chur chun cinn in Éirinn mar ealaín ann féin nach mbeadh dualgas air ach amháin laistigh dá chuid téarmaí tagartha féin seachas i gcomhthéacs náisiúnaíoch. Bhí an t-éileamh seo ag teacht sna sála ar ré órga an ochtú céad déag ó thaobh an cheoil de, tráth a raibh borradh faoi láithreach agus cleachtas an cheoil ealaíonta Eorpaigh i mBaile Átha Cliath go háirithe. Bhíodh ceolchoirmeacha ar bun ar bhonn rialta sa chathair, agus bhí dóthain téagair sa spéis a cuireadh sa cheol ansin gur tuigeadh do cheoltóirí gairmiúla a bhí lonnaithe i Londain go raibh deiseanna le tapú trí theacht go Baile Átha Cliath freisin chun a gcuid ceoil a chur i láthair. Ní mór smaoineamh go raibh dhá Ardeaglais ag feidhmiú i lár na cathrach agus gur fheil siad mar ionaid mhóra don cheol eaglasta go háirithe. Ina dteannta sin, b'ionad tábhachtach don cheol agus don drámaíocht an Theatre Royal ag Smock Alley a bhí ar an bhfód ó 1662 go dtí 1787. Ba i gcomhthéacs an daonchairdis agus le leas an phobail i gcoitinne a bhí an

² Ryan, 'Nationalism and Music in Ireland,' 287-88.

³ Ibid., 290-91.

ceol á shaothrú san Ardchathair le linn na tréimhse seo. Bhí ceolchoirmeacha agus ócáidí poiblí eile ceoil i measc na mbealaí ab éifeachtaí airgead a bhailiú ar son carthanachtaí cosúil le hoispidéal, príosúin agus ar son daoine aonair a bhí i ngátar. Ba mar thoradh ar an airgead a bailíodh trí ócáidí ceoil go príomha a tháinig ann d’ospidéal an Rotunda, cuir i gcás. Nuair a athlonnaíodh an t-ospidéal go dtí Cearnóg Parnell i 1757, tógadh halla éisteachta mór, an *Rotundo*, lena thaobh, chun go bhféadfaí leanúint le hócáidí siamsaíochta ar bhonn lánaimseartha ó cheann ceann na bliana.

Sa bhliain 1731 osclaíodh halla ceoil ar Shráid Crow go sainiúil ar mhaithe leis an gceol Iodálach a chur chun cinn. Is cosúil nach raibh an fhorbairt sin gan bunús mar a bhí tugtha faoi deara ag cuairteoir ón gcoigríoch ar Éirinn le linn na tréimhse sin: ‘A stranger is agreeably surprised to find almost in every house he enters Italick airs saluting his ears. Corelli is a name in more mouths than many of their viceroys.’⁴ Ba iad ceoldrámaí na hIodáilise an seánra ceoil ba mhó i gceist i saol poiblí an cheoil i Londain i rith an ochtú céad déag. Ní gá a rá go raibh tionchar ag an treocht agus an faisean ba dheireanaí sa chathair sin ar na noirm chultúrtha agus shóisialta a bhí ag teacht chun cinn i mBaile Átha Cliath. Nuair a foilsíodh bailiúchán John agus William Neal in 1724, a áirítear ar an gcéad fhoilseachán sa tír d’fhoinn Ghaelacha, cuireadh san áireamh an spéis a bhí ag an spriocphobal i gceol na hIodáile. ‘Sigr. Carrolini’ is ea mar a tagraíodh do Thurloch Ó Cearbhallán agus rinneadh cóiriú ar na foinn chun go réiteoidís leis na leaganacha a bhí casta ag an gcumadóir agus an dordveidhleadóir Iodálach, Lorenzo Bocchi⁵ ag ceolchoirm i mBaile Átha Cliath go gairid roimhe sin. Aithnítear gur buaicphointe i rith an ochtú céad déag ab ea an bhliain 1742 nuair a tharla sé gur i mBaile Átha Cliath a cuireadh an t-oratóir cáiliúil, *Messiah*, leis an gcumadóir, George Frederick Handel (1685-1759), i láthair den chéad uair. Ba as Londain seachas ón nGearmáin a tháinig Handel go hÉirinn agus ba é a fhearacht chéanna é ag formhór na gcumadaóirí agus na gceoltóirí iomráiteacha a chaith seal in Éirinn sa tréimhse sin. Sasanach ab ea an cumadóir agus an veidhleadóir, Mathew Dubourg (1703-1767) a chaith cuid mhaith dá shaol in Éirinn agus a bhí ina stiúrthóir ar an gceolfhoireann a chas *Messiah* i mBaile Átha Cliath ar an ócáid úd. Cumadóir mór le rá ó thaobh na hamharclannaíochta de Thomas Arne sa Bhreatain i rith na tréimhse seo freisin (1710-1778) agus is iomaí

⁴ *Four Letters originally written in French, Relating to the Kingdom of Ireland.* (Dublin, 1739), 22-23.

⁵ Cumadóir agus dordveidhleadóir ab ea Lorenzo Bocchi a chaith seal i nDún Éideann agus i mBaile Átha Cliath sna 1720í.

turas a rinne sé go hÉirinn chun casadh anseo. Seans nach mbeadh an veidhleadóir Iodálach, Francesco Geminiani (1687-1762) tagtha go hÉirinn, mar a rinne sna blianta deireanacha dá shaol, murach gur i Londain a bhí sé ag cur faoi díreach roimhe sin.

Aithníodh, mar sin, go raibh lagthrá i gcur chun cinn agus i gcleachtas an cheoil in Éirinn sa naoú céad déag i gcodarsnacht leis an tréimhse bhríomhar roimhe sin. Do thír a raibh a hainm in airde as feabhas a cuid ceoil, is beag gaisce a bhí déanta ag Éirinn ó thaobh na cruthaitheachta de i rith an naoú haois déag. Níor chuidigh an bhéim as cuimse a cuireadh ar bhailiú agus caomhnú an cheoil dhúchasaigh le nuálaíocht a spreagadh, dar le White: ‘...the cultural prestige of the ethnic collections loomed as an inhibition to creative musical discourse.’⁶ Tugann an méid sin le fios go raibh práinn faoi leith ag baint le gníomh a dhéanamh chun an chumadóireacht agus an chruthaitheacht sa cheol a chur chun cinn. Tuigeadh gur le leas an cheoil in Éirinn a rachadh sé dá mbeadh fáil ag muintir na hÉireann ar a thuilleadh de cheol ealaíonta na hEorpa agus dá réir, ceadaíodh píosaí ceoil ó chumadóirí iasachta ag comórtais na Feise Ceoil.⁷ Anuas air sin, d’fhógair an coiste go poiblí nach í an Ghaeilge an teanga oibre a bheadh in úsáid acu, faoi mar a ceapadh tráth.⁸ Bhí ar chumas na Feise feidhmiú neamhspleách ar an teanga toisc nach raibh sí tiomanta ach don cheol amháin. Níor tháinig sí slán ar fad, áfach, ó cheisteanna ó dhaoine a bhí ag teacht i dtír ar an gceol chun gluaiseacht an náisiúnachais a chur chun cinn. Tarraingíodh aird ar an débhrí a bhain leis an gcoincheap ‘Irish music’ mar a tagraíodh dó i gclár oibre na Feise:

(a) To promote the study and cultivation of Irish music; (b) To promote the general cultivation of music in Ireland; (c) To hold an Annual Musical Festival, or Feis Ceoil, consisting of Prize Competitions and Concerts similar to that held in Dublin in May, 1897; (d) To collect and preserve by publication the old airs of Ireland.⁹

⁶ White, *The Keeper’s Recital*, 116.

⁷ ‘The [Feis Cheoil] Association rightly realises that National art cannot be separated from the art as a whole, and, consequently, its list of test pieces covers a wide range of music drawn from the works of composers of many nations, and the general cultivation of music in Ireland is placed second among its objects, and is indeed a necessary corollary to the first.’ Údar anaithnid, ‘The Feis Ceoil,’ *The Journal of the Irish Folk Song Society*, iml. ix, uimh. 1: 170.

⁸ ‘... the Feis Committee not having given that position to the Irish language which was at first contemplated, it seems fitting that the Gaelic League should undertake to supply the deficiency.’ Údar anaithnid, ‘An t-Oireachtas: An Irish Language Prize Meeting,’ *Irisleabhar na Gaedhilge* uimh. 9, iml. VII (Eanáir, 1897): 129.

⁹ Feis Ceoil, *Report of the Central Executive Committee 1897-98*, Printed records: Annual programmes (1897-1901), An Leabharlann Náisiúnta LS 40, 226/1, lch. 3.

Ní raibh sé intuigthe ón téarma ‘Irish music’ arbh é ceol traidisiúnta na hÉireann a bhí i gceist. D’áireofaí saothar Thomas Moore agus bailéid an Dáibhéisigh mar cheol Éireannach i measc sciar áirithe den daonra ach bhí siad siúd freisin ann a dhiúltaigh an t-aitheantas sin a thabhairt d’amhráin a raibh liricí Béarla iontu.

Ceal foinsí, tá sé deacair próifíl chuimsitheach, chruinn de chultúr ceoil na hÉireann ag deireadh an naoú céad déag a chruthú ach díríonn tromlach na tráchtairachta stairiúla ar an gceol in Éirinn i dtéarmaí eitneacha agus reiligiúin. Is é sin le rá, déantar idirdhealú idir ceol na nAngla-Éireannach Protastúnach a raibh luí acu le gnéithe de cheol ealaíonta na hEorpa, agus traidisiún na cosmhuintire Caitlicí, a raibh luach ard idé-eolaíoch aige ó thaobh na barántúlachta agus an dúchais. Sonraítear an dialachtaic chéanna, a bheag nó a mhór, idir na seánraí ceoil agus amhránaíochta a ndearnadh cúram díobh i gcláir oibre na Feise agus an Oireachtais i rith na tréimhse seo. Ba faoi scáth an Oireachtais go háirithe a tosaíodh ag déanamh cúram de na hamhráin Ghaeilge, cuir i gcás. An dúshlán ba mhó, a d’áiteoinn, a bhí roimh choiste an Oireachtais ar an gcéad dul síos ná muintearas a dhéanamh le pobal na Gaeilge a thabharfadh orthu a gceantar agus a réigiún a fhágáil chun amhráin a ghabháil i gcoinníollacha coimhthíocha agus i suíomh úrnua an chomórtais fhoirmeálta. Rinneadh achainí go neamhbhalbh chun amhránaithe a mhealladh chuig an bhféile:

We want to see in Dublin old men and women from the hillsides and glensides who will give us the old songs in the traditional way in which the men of Ireland have sung them for countless generations. The old songs sung by the old people in the old way...¹⁰

Ainneoin gur ón gcosmhuintir a bailíodh formhór an cheoil agus na n-amhrán a foilsíodh le linn an naoú haois déag, ní léir go raibh idirghníomhaíocht chuimsitheach idir an pobal sin agus na scoláirí agus daoine as baile isteach a tháinig chomh fada leo ar thóir ábhair. Sílim nár cheart beag is fiú a dhéanamh den bhearna a shamhlaigh pobail Ghaeltachta ag tús na haoise seo caite eatarthu féin agus an Ardchathair agus go bhféadfaí a rá gur fheidhmigh Baile Átha Cliath féin sa ré sin mar mheafar de dhomhan aineoil agus coimhthíoch.¹¹ Meabhraíonn an feiniméan sin na dúshláin a bhain le caidreamh cothrom, tuisceanach a chur sa tsiúl idir daoine as

¹⁰ Údar anaithnid, ‘The Oireachtas’, *An Claidheamh Soluis*, 3 Márta 1900, 808.

¹¹ Samhlaíodh do chuid mhaith de phobal na nGaeltachtaí mar thoradh ar mhórimirce an naoú céad déag gur mó eolais a bhí acu ar chathracha móra Mheiriceá cosúil le Bostún, Nua-Eabhrac, Chicago agus Springfield seachas ar phríomhchathair a dtíre féin. Tá léiriú cruthaitheach ar an gcoimhthíos tíreolaíoch seo le fáil i roinnt gearrscéalta le Máirtín Ó Cadhain, cuir i gcás, ‘An Bhliain 1912’ agus ‘An Bóthar go dtí an Ghealchathair’ in *An Braon Broghach* (Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1948).

grúpaí socheacnamaíochta éagsúla. Is léargas freisin an achainí thuas ar an gcaoi a bhfeidhmíonn gluaiseachtaí agus eagraíochtaí cultúrtha. Mar a tharla i gcás an Oireachtais sna blianta tosaigh, bhí na nósanna cultúrtha a bhain le grúpa amháin socheacnamaíoch á mbainistiú agus á stiúradh ag daoine ó ghrúpa éagsúil socheacnamaíoch. Is é sin an comhthéacs inar cuireadh tús leis an dioscúrsa ar an amhránaíocht ar an sean-nós agus is é an caidreamh sin an fráma tagartha ina bpléim tuiscintí éagsúla i leith na hamhránaíochta sa chaibidil seo.

Is léir ón achainí thuas go raibh sciar áirithe den daonra ar chuir lucht eagraithe an Oireachtais suim faoi leith iontu, mar a bhí, iad siúd ón nglúin níos sine ar chainteoirí dúchais Gaeilge iad. Spriocghrúpa aitheanta de chuid na hAthbheochana ab ea na daoine sin i gcomhthéacs na hamhránaíochta traidisiúnta. I dteannta na ndifríochtaí socheacnamaíochta a bhí eatarthu, áfach, feictear déscaradh ar bhonn cultúir, teanga agus tíreolaíochta freisin idir pobal labhartha na Gaeilge agus díograiseoirí na hAthbheochana. Ba é an Béarla go príomha teanga dhioscúrsúil na tréimhse sin mar is léir ón méid a foilsíodh i nuachtáin agus in irisí na linne. Fiú dá mbeadh an Ghaeilge ar a dtoil acu siúd a bhí i mbun na gluaiseachta, áfach, sílim nár rith sé le mórán go raibh an Ghaeilge praiticiúil a dóthain chun gnó mór na hAthbheochana a riaradh inti. Ní beag ceoltóir ná scoláire aitheanta a chuir suim in amhránaíocht na Gaeilge ach an oiread mar a fheicfeadh thíos, ach ba i gceol ealaíonta na hEorpa a bhí oiliúint ar a bhformhór, rud a d'fhág tuiscintí teoranta ar amhránaíocht dhúchasach na Gaeilge. Tá an déscaradh idir an t-ealaíontóir 'dúchasach' agus an saineolaí 'oilte' le sonrú ar an gcuntas seo, cuir i gcás:

Sometimes an old Seanchaidhe (story-teller), man or woman, or an old blind piper from some far-off hamlet in Connemara or Donegal is seen seated on a platform at the Rotunda, the building in Dublin where the Oireachtas is held, telling some traditional tale of Fionn and Oisín, or playing some ancient jig or war-march, while grave Judges note with care all the points of the performance, and experts in folklore and in folk-tunes listen eagerly for some hitherto unpublished version of an old legend or an old air. Almost as interesting are the performances of the children, who cleverly mimic the gestures and phrase turns of the grandmother or grandfather who has taught them the old-world art, now in danger of perishing, of fire-side story-telling.¹²

Léiríonn an cuntas an treocht a bhí ann aird a tharraingt ar dhifríochtaí seachas ar chosúlachtaí idir an cultúr réimis agus an cultúr imeallach. Meabhraítear imeallachas agus coimhthíos, ní hamháin ar an leibhéal tíreolaíoch ach freisin ó thaobh na deimeagrafaíochta de. Tugtar le fios nach raibh an oidhreacht Ghaelach fágtha le

¹² Údar anaithnid, *The Irish Language Movement and the Gaelic League* (Dublin: Cahill, gan dáta): 25-26.

huacht ach acu siúd nach raibh luach ard fónaíoch, praiticiúil sa tsochaí acu, mar a bhí, sinsir an phobail. Bhí coimhthíos ag roinnt leis an gcultúr dúchais ar an mbunús gur i dtéarmaí tagartha an chultúir cheannais a rinneadh coincheapú air.

Go teoiriciúil, b'uaimhianaí clár oibre an Oireachtais ná aidhmeanna na Feise Ceoil sa mhéid is go raibh sé ag déanamh cúram den teanga labhartha, den litríocht agus de na healaíona béil trí chéile. Roghnaíodh gnéithe eile den chultúr Gaelach a chur chun cinn d'aon ghnó mar chruthúnas ar shainiúlacht an chultúir sin: 'Irish poetry, Irish oratory, Irish song, the music of the pipe and of the harp, will all show forth our independent native civilization.'¹³ Bíodh is go raibh ceolchoirmeacha agus taispeántais ar chlár an Oireachtais ó bhliain a bhunaithe, ba é an comórtas an príomh-mheán a roghnaíodh chun ardán a thabhairt do na healaíona dúchasacha. Bhí sé tábhachtach go dtabharfaí aitheantas don sciar den phobal ab fhearr a chleacht na healaíona sin agus go bhfeicfí agus go gcloisfí i mbarr a maitheasa iad. Ba é an comórtas an fóram a b'fheiliúnaí chun cúram a dhéanamh den sprioc sin. Ina theannta sin, ar ndóigh, bhí an tOireachtas á mhúnlú ar fhéile na nGael in Albain, *Am Mòd Nàiseanta Rìoghail*, nach raibh tagtha ar an bhfód ach cúpla bliain roimhe sin in 1892. Bhí a macasamhail d'fhéile, *Eisteddfod Genedlaethol Cymru*, ar siúl sa Bhreatain Bheag ó 1862 agus ba í gné an chomórtais is mó a forbraíodh sna trí fhéile araon. Fágann an fhorbairt seo gur tosaíodh ag meas gnéithe den chultúr Gaelach i gcomhthéacs a thug aitheantas dó sa ré chomhaimseartha. De réir mar a bhí gluaiseacht na teanga ag bailiú nirt, thosaigh aicmí eile daoine, ina measc, cainteoirí dúchais Gaeilge, ag glacadh seilbh ar an traidisiún. Bhí an feachtas cultúrtha, mar sin, ag gluaiseacht de bheagán ó aicme theoranta daoine a bhí sáite sa léann agus sa scoláireacht i dtreo pobal níos leithne, ilghnéithí a raibh ionadaíocht níos láidre ag an gcosmhuintir ann.

Ní miste a mheabhrú go raibh nuálaíocht agus cruthaitheacht ag baint leis an gcoincheap a raibh an tOireachtas ag déanamh forbairt air, is é sin, féile 'teanga', ní áirím ócáid Ghaeilge. D'fhág eiteas na féile nach rabhtas ag díriú ach ar shainghrúpa agus ar mhionlach ó thaobh rannpháirtíochta agus freastail de. Gan ionadaíocht láidir ó phobal na Gaeltachta, ní éireodh leo ina mórspríoc aitheantas a

¹³ Údar anaithnid, 'The Oireachtas,' *An Claidheamh Soluis*, 20 Bealtaine 1899, 152.

bhaint amach mar fhéile náisiúnta Ghaeilge.¹⁴ Ba mhionlach pobal na Gaeltachta i gcomórtais an Oireachtais sna blianta tosaigh agus dearbhaíonn spléachadh ar chláir iomaitheoirí na mblianta sin go raibh tarraingt láidir ag muintir Bhaile Átha Cliath féin ar an bhféile. Tá sé spéisiúil go ndearnadh idirdhealú idir iomaitheoirí ón gcathair agus ón tuath i roinnt de na comórtais. Maidir leis na comórtais do chóir, mar shampla, bhí níos mó áiseanna praiticiúla agus deiseanna oiliúna sna bailte móra, agus seans gur le leas na gcór ón tuath a chuaigh sé nach raibh orthu dul san iomaíocht le cóir a bhí ag feidhmiú ar bhonn proifisiúnta, nach mór. Chomh fada is a bhain leis an amhránaíocht aonair, bhí idir chainteoirí dúchais agus daoine nár chainteoirí dúchais iad i gcomórtas le chéile. Bhí caighdeán sásúil Gaeilge riachtanach do na comórtais sin, rud a deimhníodh trí scrúdú Gaeilge a chur ar iomaitheoirí roimh ré. Ní raibh an amhránaíocht Ghaeilge, mar sin, á lua le pobal tíreolaíoch ná cultúrtha ar leith .i. an Gaeltacht, sa luath-thréimhse seo den Oireachtas.

Ceist ab ea rannpháirtíocht mhuintir na Gaeltachta a thiocthadh chun cinn ar bhealach suntasach le hathbhunú na féile i 1939 mar a fheicfear ar ball. I measc na ndeacrachtaí a bhí le sárú sna blianta tosaigh, áfach, bhí an tuiscint a bhí chun cinn i measc daoine áirithe nach raibh clár oibre an Oireachtais leathan go leor. Dar leo go raibh sé róghafa le cúrsaí teanga agus gurbh é sin ba chúis leis na dúshlán ó thaobh rannpháirtíochta de. Ba láidre fós an argóint sin i bhfianaise an rath a bhí ar an bhFeis Cheoil nach raibh ‘Gaedhealach ar aon chor’ mar a chuir criticeoir amháin é. Ba le leas an Oireachtais é cúram a dhéanamh de chúrsaí ceoil mar aon le ceist na teanga ach tugadh le fios nach raibh ceoltóir ar bith ag feidhmiú ar an gcoiste. Mar bhuille deiridh, bhí áitithe ag an duine céanna, ‘Is soiléir do chách le fada nach bhfuil blas dá dhéanamh ag an Oireachtas ar son cheoil (*sic*) na hÉireann.’¹⁵ Bíodh is go raibh an ceol uirlise agus an amhránaíocht i gclár oibre an Oireachtais ó bhliain a bhunaithe, tugann an cáineadh thuas le fios nach raibh iomlán a chirt á fháil ag an gceol san fhéile, agus go mb’fhéidir nach raibh leas á bhaint as ach de réir mar a d’fheil sé chun teacht i gcabhair ar an teanga.

Bhí an chuma ar chlár oibre an Oireachtais go dtabharfadh ilghnéitheacht an chláir sin slán é ach ina dhiaidh sin féin, bhí ag éirí leis an bhFeis dul i bhfeidhm ar sciar

¹⁴ ‘The fact must be recognised that the Oireachtas has not yet come sufficiently near the lives of the Irish-speaking people; has not yet become to them what it has to the workers in Dublin, Belfast, Glasgow, London.’ Údar anaithnid, ‘The Oireachtas,’ *An Claidheamh Soluis*, 4 Aibreán 1903, 4.

¹⁵ ‘Pádraic’, ‘Oireachtas na Gaillimhe,’ *An Claidheamh Soluis*, 2 Lúnasa 1913, 2.

níos suntasaí den phobal. Níorbh é díreach an ceol féin a chuidigh borradh a chur faoin bhFeis ach *raison d'être* na heagraíochta cothú a dhéanamh ar chleachtais a bhí neamhthagarthach agus neamhspleách ar aon teanga. Fáiltíodh i gcomhthéacs na Feise roimh thuiscintí níos leithne i dtaca leis na healaíona. Níorbh fhada gurbh é an ceol ón iasacht a bhí ar thús cadhnaíochta i gclár oibre na Feise, rud a tháinig salach ar an bpolasaí a bhí ar na bacáin ag roinnt de bhunaitheoirí na féile in 1897. Ina measc siúd, bhí P.W. Joyce (1827-1914),¹⁶ Annie Patterson (1868-1934) agus Tomás Ó Néill Ruiséal (1826-1908)¹⁷ a bhí ar aon intinn go gcaithfeadh coiste na Feise tús áite a thabhairt ina gclár don cheol Gaelach. Cúlra sa cheol claiseacach a bhí ag Patterson ach dar léi go bhféadfaí seánra Éireannach den cheol ealaíonta a fhorbairt trí chóiriú a dhéanamh ar fhoinn dhúchasacha agus trí chumadóireacht a bheadh bunaithe ar scéalta ó mhiotaseolaíocht na hÉireann. Dar leis an Ruiséalach go raibh lear mór den stór dúchasach ceoil nár cuireadh faoi bhráid an phobail riamh agus go raibh an deis tagtha chuige sin anois. Níor éirigh lena éileamh, áfach:

... it was plain that an entertainment consisting almost entirely of ancient Irish music would never get support from those whom from it was necessary to get it. So there was nothing for it but to go with the majority if the *Feis Ceoil* was to be established at all. The musicians carried the day, and Irish musicians are not nationalists as a rule.¹⁸

Léiríonn tuairimíocht an Ruiséiligh an luach ard a bhí á leagan ar an gceol dúchais mar chrann taca do ghluaiseacht an náisiúnachais. D'fhág an cineál seo

¹⁶ Is mar bhailitheoir is mó a chuimhnítear ar Joyce i gcomhthéacs an cheoil Ghaelaigh. Cainteoir dúchais Gaeilge as Luimneach ab ea é a bhain ainm amach dó féin i léann an oideachais freisin agus ar tháinig an t-iliomad foilseachán uaidh sa réimse sin chomh maith lenar fhoilsigh sé ó thaobh an cheoil de. I measc na mbailiúcháin ceoil is mó cáil uaidh, bhí *Ancient Irish Music* (1873) agus *Irish Music and Song* (1888) ar tháinig ann dóibh mar thoradh ar obair an *Society for the Preservation and Publication of the Melodies of Ireland* a raibh George Petrie ina uachtarán air. Tá curtha ina leith, áfach, go raibh sé scaoilte go maith san eagarthóireacht théacsúil a rinne sé ar fhoinn agus focail amhrán a d'fhoilsigh sé. Jimmy O'Brien Moran, 'Joyce, Patrick Weston,' in *The Encyclopedia of Music in Ireland*, vol.1, ead. Harry White agus Barra Boydell (Dublin: University College Dublin Press, 2013) 549-55.

¹⁷ T. O'Russell, 'The Feis Ceoil,' *The Shan Van Vocht*, 3 Eanáir 1898, 74. Foilsíodh leagan den alt céanna in *Fáinne an Lae*, 16 Aibreán 1898, 8. Bhí Tomás Ó Néill Ruiséal ar dhuine acu siúd a chuir dlús le bunú na Feise Ceoil agus ba chomhfhreagraí rialta é faoi chúrsaí ceoil in Éirinn i gcaitheamh thréimhse na hAthbheochana. Rugadh in aice le Móta i gContae na hIarmhí é agus bhí spéis sa Ghaeilge aige óna óige. D'fhoilsigh sé roinnt leabhar faoin nGaeilge agus faoi stair na hÉireann agus chuir cnuasaigh d'amhráin Ghaeilge i dtoll a chéile, ina measc *A Selection of the Most Popular and National of Moore's Melodies with Translations in Irish by John MacHale* (1899) agus *Fíor-Chláirseach na h-Éireann* (1900). Ar an 15 Meán Fómhair, 1894, foilsíodh litir leis san *Evening Telegraph*, ina raibh sé ráite, 'practisers of music, are in Ireland, as in every other country, very much the slaves of fashion'. Rinne sé impí ar mhuintir na hÉireann aitheantas a thabhairt don cheol Gaelach agus d'áitigh nach raibh sárú an cheoil sin le fáil. Mhol sé go n-eagródh an Irish Literary Society, in éineacht le Conradh na Gaeilge, dhá cheolchoirm bhliantúla, ceann san Fhómhar agus ceann eile ar an 28 Bealtaine, lá breithe Thomas Moore, ar a dtabharfaí 'Feis Bealtaine'. Mar thoradh ar litir an Ruiséiligh, bunaíodh coiste na Feise Ceoil ar an 2 Feabhra 1895 a raibh Annie Patterson agus P.J. McCall ina mbaill de. 'Ruiséal, Tomás Ó Néill (1828-1908),' *An Bunachar Náisiúnta Beathaisnéisí Gaeilge*, faighte 20 Samhain 2017, <https://www.ainm.ie/Bio.aspx?ID=292>.

¹⁸ O'Russell, 'The Feis Ceoil,' 74.

smaointeoireachta go mbeadh idirdhealú níos suntasaí á dhéanamh idir an tOireachtas agus an Fheis Cheoil de réir a chéile. Má dhiúltaigh an Fheis cothú a dhéanamh ar an teanga, rinne sé seo buanú ar an tús áite a bhí ag an teanga i gclár oibre an Oireachtais. Ní gá a rá go mbeadh impleachtaí ag an meon seo ar an gcúram a dhéanfaí de chúrsaí ceoil agus amhránaíochta faoi scáth an Oireachtais níos faide anonn.

Tá lón smaointeoireachta i gcomhfhreagras na linne sin sna meáin chlóite ar cheist na seánraí ceoil agus na cúiseanna ar tacaíodh le ceolta thar a chéile. Is léir go raibh an iomaíocht idir an ceol dúchais agus an ceol iasachta ina cnámh spairne ag Tomás Ó Néill Ruiséal ina cháineadh ar an bhFeis Cheoil:

Would it not be better for the Feis Ceoil to popularise some of the many beautiful Irish melodies that are unknown to the general public than to inflict on us every year such a quantity of foreign music, which, if it were not fashionable to pretend to admire, it would not be admired?¹⁹

Beag beann ar cheisteanna féiniúlachta agus náisiúnachais, d’fheil sé don Ruiséalach freisin gan aon sásamh aeistéiticúil a lua leis an gceol iasachta. Ba léir an méid sin ina bhreith ar phíosa ceoil a chas veidhleadóir ar tagraíodh dó mar Herr Wessely ag ceann de cheolchoirmeacha na Feise, agus arbh ionann a chuid ceoil agus ‘...a disconnected, unrhythmic, unsymmetric, serious or curious noises...’²⁰ In éineacht leis an éirí in airde, bhí fimínteacht agus easpa muiníne i measc na gcúiseanna eile a aithníodh sa díospóireacht seo leis an tús áite a bhíodhas ag tabhairt don cheol iasachta i gclár na Feise. Ba é an t-idirdhealú sóisialta idir an dá sheánra ceoil ba shuntasaí sa ráiteas seo, cuir i gcás, ó dhuine a thacaigh le tuairimí an Ruiséiligh, ní foláir: ‘We have musical societies in abundance who would consider the singing of our Gaelic songs quite beneath their dignity...’²¹ Ar ndóigh, ba le cultúr Shasana a bhain na cumainn cheoil a dtagraítear anseo dóibh. Bhí mórán i gcoitinne ag roinnt de lucht tacaíochta na Feise le cumann dá leithéid a bhí ar an bhfód sular bunaíodh an Fheis Cheoil ar chor ar bith. Ba chumann ceoil an ‘Incorporated Society of Musicians’ a bhí lonnaithe i mBaile Átha Cliath agus ar chraobh den mháthaireagraíocht sa Bhreatain é. Reáchtáil an Cumann seo ceolchoirmeacha poiblí

¹⁹ T. O’Russell, ‘Feis Ceoil and Foreign Music,’ *The Peasant and Irish Ireland*, 1 Meitheamh 1907, 5.

²⁰ *Ibid.*, 5.

²¹ ‘Seaghan’, ‘Irish Choral Singing. Home Work for the Feis Ceoil,’ *The Peasant and Irish Ireland*, 15 Meitheamh 1907, 2.

i mBaile Átha Cliath ó 1893 ar aghaidh ar mhaithe le cur chun cinn an cheoil mar ghairm agus chun spéis acadúil sa cheol a spreagadh.²²

Más rud é go raibh déscaradh sóisialta ann a d'fheagair don idirdhealú idir an traidisiún dúchais agus ceol ealaíonta na hEorpa, is feiniméan é a tháinig sa treis de réir mar a forbraíodh coincheap na ceolchoirme san Eoraip i rith an naoú céad déag. Institiúid de chuid na meánaicme, go príomha, ab ea an cheolchoirm a tháinig chun cinn idir tús agus lár an naoú céad déag nuair a bhí deis ag an Eoraip teacht chuici féin tar éis Chogaí Napoléon (1803-1815). Bhí bonn láidir faoin meánaicme faoi lár an naoú haois déag mar thoradh ar an eacnamaíocht sheasmhach. D'ísligh an costas maireachtála, de bheagán, agus dá réir, bhí deis ag an na meánaicmí infheistíochtaí a dhéanamh sna healaíona, rud a ba léir sa mhéadú a tháinig ar dhíolachán uirlisí ceoil agus ar fhoilseacháin ceoil.²³ Chuidigh an teicneolaíocht, an nua-aois agus forbairt an tsaoil uirbigh timpeallacht shóisialta a chruthú ina dtiocfadh borradh faoi ócáidí poiblí ceoil cosúil le ceolchoirmeacha. Idirbheart tráchtála, a raibh bonn gairmiúil leis, ab ea an cheolchoirm faoin am a raibh barr bua bainte amach i gcathracha na hEorpa aici faoi lár an naoú céad déag: 'a commercial concert world had emerged ... over which the middle class exerted powerful, if not dominant, control.'²⁴ Bhí an cheolchoim ar cheann de na fóraim ba thúisce trínar léiríodh an cumas a bhí ag an gceol stádas sóisialta duine a dheimhniú ar bhonn poiblí. Rinneadh roghanna maidir leis na seánraí ceoil a gcuirfí spéis iontu, i gcásanna áirithe, ar chúiseanna a bhí neamhspleách ar an gceol féin. Tá sé deacair easaontú le Chanan, mar sin, a áitíonn, 'art and music are battlegrounds of symbolic power.'²⁵ Ní beag tábhacht a bheadh ag an gcaidreamh seo idir na healaíona agus an pholaitíocht i dtír cosúil le hÉirinn ag tús na haoise seo caite agus í fós faoi ordóg an choilíní.

Léiríonn cás na hÉireann go háirithe na bealaí ar tháinig tuiscintí ar an bhféiniúlacht agus ar áit an duine sa tsochaí chun cinn trí dhioscúrsa an chultúir. Ainneoin an ról a bhí ag roinnt de na hAngla-Éireannaigh aird a tharraingt ar na gnéithe dearfacha, fiúntacha, mar a tuigeadh dóibhsean iad, den oidhreacht dúchais, ba le cultúr na hEorpa is mó a bhí siad luaite ar bhonn poiblí oifigiúil. Fiú an sciar sin den traidisiún

²² Ryan, 'Nationalism and Music in Ireland,' 284-85.

²³ William Weber, *Music and the Middle Classes: The Social Structure of Concert Life in London, Paris and Vienna* (London: Croom Helm, 1975), 6.

²⁴ Ibid., 7. Tarraingíonn Weber aird freisin, ar ndóigh, ar a dheacra is a bheadh sé idirdhealú glan a dhéanamh idir na haicmí sa struchtúr sóisialta agus tugann le fios gur mhínic trasnaíl agus mórán i gcoitinne eatarthu, 7-9.

²⁵ Michael Chanan, *Musica Practica: The Social Practice of Western Music from Gregorian Chant to Postmodernism* (London: Verso, 1994), 140.

dúchais ceoil a raibh teagmháil acu leis, níor thuill sé a n-aird nó gur cuireadh in oiriúint do nósanna stíleacha an cheoil ealaíonta é. Rinneadh ábhar liteartha den traidisiún béil trí bhailiúcháin agus foilseacháin agus rinneadh cóiriú ar na foinn chun go bhfeilfidís don phianó, an uirlis cheoil is láidre a rinne sainiú ar an meánaicme. Níl aon cheist, mar sin, ach go raibh an ceol ar cheann de na cúinsí a léirigh féiniúlacht chultúrtha agus shóisialta an duine ón ochtú céad déag i leith de réir na tráchtairachta stairiúla. Léiríonn an t-athrú agus an ionramháil a rinneadh ar an stór dúchasach ceoil freisin, áfach, go raibh idirghníomhú agus trasnaíl idir an traidisiún sin agus gnéithe de cheol na hEorpa agus idir daoine ó na haicmí sóisialta éagsúla a chuir spéis sna stíleanna ceoil sin. Rinne lucht leanta an cheoil ealaíonta i mBaile Átha Cliath a gcuid féin de thraidisiún na cosmhuintire freisin, cuir i gcás, san éileamh mór a bhí acu ar cheoldrámaí bailéadacha i lár an ochtú céad déag a raibh aortha le foinn a tháinig ó amhráin na ndaoine ina ngné díobh.²⁶ Tá sé tábhachtach a lua, mar sin, go raibh próifíl cheoil na hÉireann i rith na tréimhse seo níos dinimiciúla ná mar a shamhlaítear go traidisiúnta sa stair agus nach raibh teorainn chomh docht sin i gcónaí idir seánraí éagsúla ceoil.

Bíodh is go raibh luach siombalach ag an gceol i bhforbairt na féiniúlachta sóisialta agus cultúrtha ón ochtú céad déag ar aghaidh, ní raibh ról chomh suntasach sin aige sna tuiscintí a bhí ag teacht chun cinn ar an bhféiniúlacht náisiúnta go dtí níos deireanaí, dar le Boydell.²⁷ Ba mar chuid de dhioscúrsa na hAthbheochana a ghéaraigh ar an rangú idir seánraí ceoil agus a measadh iad de réir slat tomhais inar cuireadh an t-idirdhealú eitneach agus náisiúntachta .i. ceol na nGael seachas na nAngla-Éireannach, ar thús cadhnaíochta. Tháinig ‘Irish’ i gcomhbarthacht ar ‘ancient’ sa teanga cháilíochtúil a húsáideadh i leith an cheoil. Léiríonn an díospóireacht a tharraing cúrsaí ceoil ó thaobh ainmníochta agus ointeolaíochta de sa tréimhse seo gur fiúntas siombalach, coincheapúil a bhí á lua leis an gceol go minic seachas é a mheas mar chleachtas cruthaitheach, ealaíonta a rachadh chun leas na

²⁶ Go deimhin, tuairimíonn White gur mó tóir a bhí in Éirinn san ochtú céad déag ar na ceoldrámaí bailéadacha, a rinne go minic scigáithris ar an gceoldrámaíocht thraidisiúnta Iodálach, an *opera seria*. Luann sé an t-éileamh a bhí ag an gCinsealach in Éirinn ar *The Beggar's Opera* a chum John Gay in 1728, cuir i gcás. White, *The Keeper's Recital*, 27-29. Chum an tÉireannach, Charles Coffey, *The Beggar's Wedding* an bhliain ina dhiaidh sin, 1729, a raibh leagan den amhrán traidisiúnta ‘Eibhlín, a rúin’ le cloisteáil ann. Bhí ‘Eibhlín, a rúin’ ar an amhrán traidisiúnta de chuid na hÉireann is mó a ndearna ceoltóirí iasachta i rith an ochtú céad déag cúram de. Brian Boydell, *Rotunda Music in Eighteenth-Century Dublin* (Dublin: Irish Academic Press, 1992), 36.

²⁷ Barra Boydell, ‘Whatever has a *Foreign Tone* / We like much better than our own’: Irish Music and Anglo-Irish Identity in the Eighteenth Century,’ in *Music and Identity in Ireland and Beyond*, ead. Mark Fitzgerald agus John O’Flynn (Surrey: Ashgate, 2014), 37-38.

daonnachta agus na sochaí, mar shampla. Tháinig an tOireachtas, ar mhórán bealaí, slán ón gcoimhlint áirithe seo maidir leis na teorainneacha a samhlaíodh le ceol na hÉireann. Ba é an ceol dúchais amháin a shásaigh an tuiscint a bhí á cur chun cinn acusan ar cheol an hÉireann agus anuas air sin, ní raibh ach an Ghaeilge i gceist ó thaobh na hamhránaíochta ach an oiread. Ainneoin gur ó bhunsmaoineamh coiteann a d'eascair an Fheis Cheoil agus an tOireachtas ag deireadh an naoú céad déag, rinne an ról a bhí ag an nGaeilge sainiú ar an dá fhéile.

Bhí dúshlán faoi leith le sárú ag an Oireachtas, áfach, a raibh sé deacair trácht air i dtéarmaí oscailte, macánta agus is é sin an tuiscint a bhí i réim maidir le cultúr na ndaoine mar shiombail den bhochtanas. Caithfear smaoineamh go raibh na healaíona a bhí á gcothú ag an Oireachtas luaite le cultúr agus sciar den daonra a bhí ar an dé deiridh, agus go raibh an t-ionannú idir an Ghaeilge agus an aicme shocheacnamaíoch ba bhoichte sa tír daingnithe faoi dheireadh an naoú céad déag tar éis sléacht an Ghorta Mhóir. Cuma tharraingteach a chur ar chultúr na mbocht, dar liom, ab ea ceann de na teachtaireachtaí a bhí le sonrú ar an bhfógraíocht a rinneadh ar an gcéad Oireachtas in *Irisleabhar na Gaedhilge*: 'An interesting ceremonial of procedure, high-class music, and an ode and address for the occasion by our President, Dr. Douglas Hyde, will lend charm and dignity to the proceedings.'²⁸ Cuireadh an ócáid i láthair mar shearmanas a raibh disciplín agus ord ag baint léi, luadh daoine ardghradamúla léi, agus baineadh leas as sainréim teanga a rachadh i bhfeidhm, bhíothas ag súil, ar íseal agus uasal araon. Tugann sé léargas ar an gcaidreamh casta a bheadh ag lucht eagraithe an Oireachtais leis an bpobal agus na deacrachtaí a bhain le freastal a dhéanamh ar níos mó ná aicme amháin den phobal sin.

Níor tharla sé go minic roimhe sin gur muinín agus mórtas cultúrtha a luafaí le traidisiúin na cosmhuintire ach baineadh adhmaid as an léamh áirithe seo ar an oidhreacht dúchais cheoil i bhfianaise an iomaíochta a bhí aici ón gceol iasachta ar na hardáin phoiblí. Sa léirmheas seo a leanas ar cheolchoirm an Oireachtais i 1905, feictear mar a chuirtear an ceol dúchais chun cinn ach is mar choincheapa coimhthíocha, nach mór, a luaitear dínit agus meas, nach n-aithnítear ach i dtaca leis an gceol iasachta:

²⁸ Údar anaithnid, 'The Oireachtas,' *Irisleabhar na Gaedhilge* uimh. 85, iml. 8 (Bealtaine, 1897): 1.

Bhí an sean-nós go flúirseach ann, agus sin rud ná fachtar go ró-mhinic le n-ár linn-na. Do thaitin linn go maith an triúr píobairí ag comh-sheinnim. Do b'fhear linn ar Scoruidheacht nó ar Céilidhe iad 'ná 'Band' dá fheabhas, agus táimid deimhneach de go mbeidh gladhach ortha leis, dá mhéid *respectability* iasachta a ghabhann le 'Band'.²⁹

Má bhí moladh le déanamh ar chultúr na cosmhuintire mar chuid de smaointeoireacht na hAthbheochana, is ó aicme den phobal a bhí sé sin ag teacht ar beag teagmháil a bhí acu leis an gcultúr sin ina steillbheatha. 'Ireland has the most glorious inheritance of song possessed by any nation on earth'³⁰ a d'áitigh Tomás Ó Néill Ruiséal, cuir i gcás. Tá sé deacair a shamhlú go mbeadh tuiscint chuimsitheach aige ar aon sciar suntasach de na hamhráin Ghaeilge i bhfianaise a laghad deiseanna láithrithe agus éisteachta poiblí a bhí ann taobh amuigh de na ceantair Ghaeltachta ag an am. Scríobh an tOllamh le Ceol Eaglasta i gColáiste Phádraig i Má Nuad, Heinrich Bewerunge (1862-1923), alt cuimsitheach ar thréithe na hamhránaíochta traidisiúnta. Ba mhacánta mar a d'admhaigh sé, áfach, ag tús an ailt sin nach raibh an stíl thraidisiúnta amhránaíochta cloiste riamh aige: 'It may look strange that I am going to address you on a subject on which I have no personal experience whatsoever ... melodies thus performed I have never had an opportunity of hearing myself.'³¹ Má bhí tuairimíocht bháúil ag teacht chun cinn ó thaobh fhiúntas na hamhránaíochta traidisiúnta de, ní foláir gurbh as raon teoranta eispéireas éisteachta agus as an tsamhlaíocht araon a bhí sí sin ag eascairt.

Ní féidir gan an scoláire ceoil eile, Annie Patterson, a lua agus rianú á dhéanamh ar thuiscintí i leith na hamhránaíochta Gaeilge i dtús na haoise seo caite. Bhí Patterson ar dhuine acu siúd a chonaic go raibh an fhéidearthacht ann beart a dhéanamh ó thaobh sheánra an cheoil ealaíonta agus ag an am céanna, a bheith dílis don traidisiún dúchasach ceoil. Is fiú, go deimhin, aird a tharraingt ar an ról a bhí ag Patterson sa láimhseáil a rinneadh ar amhránaíocht na Gaeilge nuair a tosaíodh á cur ar na hardáin

²⁹ Údar anaithnid, alt gan teideal, *Irisleabhar na Gaedhilge* (Feabhra, 1905): 16. Tá sé seo ar cheann de na tagairtí is luaithe don téarma 'sean-nós'. Gach seans gur ag tagairt do cheoltóirí a bhí páirteach i gCumann na bPíobairí Uilleann atáthar sa léirmheas céanna. Bunaíodh an chéad chraobh den Chumann i gCorcaigh thart ar an mbliain 1898. Tosaíodh ar chraobh i mBaile Átha Cliath i mí Feabhra 1900, agus i Luimneach i 1904. Marie McCarthy, *Passing it On: The Transmission of Music in Irish Culture* (Corcaigh: Cork University Press, 1997), 104.

³⁰ T. O'Russell, 'Feis Ceoil and Foreign Music,' 5.

³¹ Heinrich Bewerunge, 'The Special Charm of Irish Melodies sung 'Traditionally',' *Irish Ecclesiastical Record* 4ú sraith, viii (Iúil – Nollaig 1900): 140. Scoláire agus taighdeoir ar an gceol liotúirgeach go príomha ab ea Bewerunge chomh maith le bheith ina theagascóir den cheol eaglasta i Maigh Nuad. Bhí baint phraiticiúil freisin aige le cur chun cinn an cheoil sin sa láimh a bhí aige i nGluaiseacht Cecilia de chuid na hÉireann agus san obair a rinne sé mar stiúrthóir ar chóir an choláiste i Má Nuad. Frank Lawrence, 'Bewerunge, Heinrich [Wilhelm Joseph],' in *Encyclopedia of Music*, vol. 1, eag. White agus Boydell, 88-91.

phoiblí le bunú an Oireachtais agus na Feise Ceoil. Ba í a stiúraigh an cór de chúigear is fiche a chas ‘Go Maire ár nGaeilge Slán’ a bhí cumtha ag Diarmaid Ó Foghludha (1864-1934) go speisialta don chéad Oireachtas. Bhain formhór de bhail an chóir le Cumann Ceoil Bhaile Átha Cliath agus is beag Gaeilge a bhí acu. Cuireadh an t-amhrán Gaeilge i láthair den chéad uair ag an Oireachtas, mar sin, i bhfoirm agus i stíl a bhí aitheanta i gceol ealaíonta na mór-roinne seachas sa traidisiún dúchais. Ba í Patterson freisin, i dteannta P.W. Joyce, a bhí ag moltóireacht nuair a réachtáil an tOireachtas an chéad chomórtas amhránaíochta i 1898 faoin teideal ‘Best rendering of an Irish song’ le dhá chomórtas ar leith d’fhir agus do mhná.³² Duine a bhí oilte ar an gceol ealaíonta, dá bhrí sin, a bhí freagrach, cuid mhaith, as breith oifigiúil a thabhairt i leith amhránaíocht na Gaeilge. Mura léiríonn an mionscagadh seo ar fhorbairt na hamhránaíochta Gaeilge tada eile, caitheann sé amhras ar an deighilt a nglactar go coitianta léi atá idir an ceol dúchais agus ceol ealaíonta na hEorpa. Sílím go bhfuil beag is fiú déanta ag scoláirí go nuige seo den idirghníomhaíocht idir an dá thraidisiún sin i gcás na hÉireann. Ní in Éirinn amháin a samhlaíodh an déscaradh seo. Bhí an tuairim go forleathan anuas go dtí an fichiú haois gurbh as lárionaid chultúrtha na Fraince, na Gearmáine agus na hIodáile a tháinig an ceol ealaíonta agus gur cheol coimhthíoch ar iasacht an traidisiún sin chomh fada is a bhain le tíortha imeallacha na coigríche, cuir i gcás.³³ Bíodh is gurbh í gallacht an cheoil ealaíonta ba mhó a tharraing cáineadh in Éirinn ó náisiúnaithe na tréimhse seo, ní beag leas a baineadh as gnéithe de mhórhtraidisiún ceoil na hEorpa mar shlata tomhais a bhféadfaí amhránaíocht na Gaeilge a mheas ina leith.

Is dóigh liom go bhfeictear tionchar an cheoil ealaíonta chomh fada siar le céad chomórtas amhránaíochta aonair an Oireachtais in 1898 nuair a socraíodh comórtas ar leith a réachtáil d’fhir agus do mhná. D’fhéadfaí a áiteamh gur tháinig ann don idirdhealú seo idir na hinscní mar thoradh ar na nósanna a bhí buanaithe faoi réimeas na hEaglaise Caitlicí ó lár an naoú céad déag maidir le sóisialú an phobail, is é sin, maolú a dhéanamh ar an idirghníomhaíocht idir na hinscní i gcomhthéacsanna sóisialta poiblí. Is mó seans, áfach, gur cloíodh leis an idirdhealú inscne seo toisc gurbh é sin an gnáthchleachtas a raibh glacadh leis sa cheol ealaíonta freisin. Is rangú

³² Donncha Ó Súilleabháin, *Scéal an Oireachtais 1897-1924* (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta., 1984), 95-96.

³³ Edmund Hunt, ‘“A National School of Music such as the World has Never Seen”: Re-appropriating the Early Twentieth Century into a Chronology of Irish Composition,’ in *Music and Identity in Ireland and Beyond*, eag. Mark Fitzgerald agus John O’Flynn (Surrey: Ashgate, 2014), 59 agus Axel Klein, ‘Roots and Directions in Twentieth-Century Irish Art Music,’ in *Irish Music in the Twentieth Century*, eag. Gareth Cox and Axel Klein (Dublin: Four Courts Press, 2003), 169.

aitheanta domhanda sa seánra sin an guth sopráin agus an guth *contralto* a luaitear le hamhránaithe ban, agus an teanór, an baratón agus an dord arb iad raonta gutha an fhir iad. Ní ritheann aon chúis liom ó thaobh na ceoleolaíochta de go ndéanfaí an t-idirdhealú seo in amhránaíocht na Gaeilge. Bíodh is gur i mbéal reacaire fir atá formhór na n-amhrán sin leagtha, tarraingíonn idir fhir agus mhná ar an stór amhrán agus ní bhítear ag súil le hionannú idir inscne an reacaire agus inscne an amhránaí chomh fada is a bhaineann le láithriú na n-amhrán.³⁴ Ba é Pádraig Ó Séaghdha as Lios Mór i bPort Láirge a thug leis an chraobh i gcomórtas na bhfear an chéad bhliain agus b'fhéidir nach comhtharlúint ar bith a bhí ansin. Amhránaí oilte ab ea Ó Séaghdha a bhíodh ag canadh go gairmiúil leis an gcomhlacht ceoldrámaíochta Sasanach, Carl Rosa Opera Co.³⁵ Is cosúil go raibh agóid ann tar éis an chomórtais ar an gcúis gur amhránaí gairmiúil ceoldrámaíochta ab ea é.³⁶ Ba í Norma Borthwick (1862-1934) as Chester i Sasana bhuaigh comórtas na mban. Meabhraíonn an t-easaontas i dtaobh bhua Uí Shéaghdha go raibh tús curtha le próiseas sainithe agus beachtaithe i leith na hamhránaíochta Gaeilge agus gur fhráma tagartha san éabhlóid sin gnéithe de chultúr ceoil na hEorpa.

B'fhurasta daoine eile a lua a raibh a bpróifíl ag réiteach leis an íomhá den amhránaí meánaicmeach Gaeilge a bhí ag teacht chun cinn faoi thionchar an Oireachtais. Ina measc, chuirfínn Lil Ní Fhoghludha (1886-1971), an t-amhránaí sopráin as Baile Átha Cliath a phós an fonnadóir clúiteach, John McCormack, níos deireanaí. Bhí oiliúint cheoil faighte ag an Déiseach mná, Máighréad Ní Annagáin (1875-1952) freisin,³⁷ agus bhain an fear a phós sí, Séamus de Chlanndiolúin (1878-1944) as Gort Inse Guaire i nGaillimh, duaiseanna i mblianta luatha an Oireachtais chomh maith. Ba mhinic leis-sean tionlacan a thabhairt dó féin ar an bpianó agus é i mbun foinn,

³⁴ Ní miste a lua go ndéantar an ionramháil seo ar inscne an reacaire agus inscne an amhránaí ó am go chéile. Bíonn a leithéid amhlaidh sa chéad líne de 'An Draighneán Donn', mar shampla: 'Is síleann céad bean/fear gur leo féin mé nuair a ólaim leann'. Ní hé an gnáthnós é, áfach. Diúltaíonn Breandán Breathnach don idirdhealú a dhéantar idir amhráin fear agus amhráin ban, mar a thuigtear iad, mar atá le sonrú ina léirmheas ar *Clár Amhrán Bhaile na hInse* (1976) le Ríonach Ní Fhlathartaigh: 'Níl mé ró-ghafach leis an aicmiú atá curtha ar na hamhráin, go háirid leis an dá fó-roinn 'amhráin an óigfhir' agus 'amhráin na hógmhná'. Is idirdhealú saorga é seo nach mbaineann duch ná bán le údar nó scéal an amhráin. Ní leis na fir ná leis na mná ach oiread ach chineál áirid amhrán ná ní údar iontais ná caidéise amhrán den chéad aicme a chloisteáil dhá rá ag bean agus vice versa. Mara bhfuil scéal an amhráin agat is deacair a rá scaití an i mbéal an ógánaigh nó i mbéal an chailín a samhlaítear an t-amhrán.' Breandán Breathnach, 'Clár Amhrán Bhaile na hInse. Ríonach Ní Fhlathartaigh. An Clóchomhar, Baile Átha Cliath, 1976,' *Irish Folk Music Studies / Éigse Cheol Tíre* (1981): 67.

³⁵ 'Ó Séaghdha, Pádraig,' *An Bunachar Náisiúnta Beathaisnéisí Gaeilge*, faighte 20 Márta 2018, <https://www.ainm.ie/Bio.aspx?ID=1018>.

³⁶ Ó Súilleabháin, *Scéal an Oireachtais*, 95.

³⁷ 'Ní Annagáin, Máighréad (1875-1952),' *An Bunachar Náisiúnta Beathaisnéisí Gaeilge*, faighte 23 Samhain 2018, <https://www.ainm.ie/Bio.aspx?ID=1905>.

mar iarracht fanacht dílis do threochtaí na linne sin i láithriú poiblí na n-amhrán Gaeilge.³⁸ Gaillimheach eile a rinne gaisce sna comórtais luatha sin ab ea James Reddington (1862-1962) as an gcathair féin, a bhí ina rúnaí ar chraobh na Gaillimhe de Chonradh na Gaeilge agus a toghadh ina mhéara ar Ghaillimh i dtreo dheireadh a shaoil. Thabharfadh an méid sin le fios gur go fonnmhar a chuir amhránaithe na Gaeilge a stíleanna gabhála in oiriúint do na caighdeáin a rabhthas ag súil leo i gcomhthéacs na gcomórtais ardáin. Is fiú breith Fred McCormick maidir le tionchar an Oireachtais ar chúrsaí stíle in amhránaíocht na Gaeilge a lua anseo:

In its early years, the Gaelic League attracted quite a number of singers who were urban and middle class and sang their songs in a polite and starchy manner. At best they could do no more than approximate the roughness and passion which hallmarks all truly great *sean nós*. ... Who would not conform to the judges' expectations and pull their singing in, and use less eccentric rhythms and slides and ornaments, and stick to notes and intervals recognised in the world of European convention?³⁹

Is díol spéise an comhthéacs ina luaitear an ornáidíocht sa tuairimíocht sin mar go dtugtar le fios go raibh an ornáidíocht ar cheann de na critéir a dhéanfadh idirdhealú idir an sean-nós agus stíleanna amhránaíochta eile. Ní deacair dom é sin a chreidiúint i bhfianaise na treochta a tháinig chun cinn níos deireanaí, a phléitear níos faide anonn, adhmaid a bhaint as an ornáidíocht mar dhearbhuí siombalach ar stíl an tsean-nóis.

Caithfear an cheist a chur, mar sin, cén ionadaíocht a bhí ag an amhránaíocht dhúchais mar a bhí á cleachtadh sna ceantair Ghaeltachta i gcomórtais an Oireachtais i gcéad tréimhse na féile, is é sin, 1897-1924? Is cosúil gurbh é ceantar Mhúscaí ba láidre a bhí ag saothrú más fíor gur 'príomhchathair na Gaeltachta' a tugadh ar Bhaile Mhuirne i measc lucht an Chonartha i mBaile Átha Cliath sa ré sin.⁴⁰ Thacódh na héachtaí a rinne daoine cosúil le hAmhlaoibh Ó Loingsigh (1872-1947) agus Conchubhar Ó Deasmhumhna (1871-1928) sna comórtais scéalaíochta leis an meon sin, mar aon leis na bailiúcháin d'amhráin agus de scéalta a chur siad i dtoll a chéile freisin a fuair aitheantas ag an Oireachtas. Ó thaobh Chonamara de, tugtar An Spidéal mar sheoladh do thriúr a bhí páirteach i gcomórtais an Oireachtais sa bhliain

³⁸ Údar anaithnid, 'Séamus Clandillon,' in *The Companion to Irish Traditional Music*, eag. Vallely, 131.

³⁹ Fred McCormick, 'Review: Labhrás Ó Cadhla, *Amhráin ó Shliabh gCua*,' Musical Traditions Internet Magazine, faighte 10 Márta 2019, <http://www.mustrad.org.uk/reviews/cadhla.htm>.

⁴⁰ Dáibhí Ó Cróinín, eag., *The Songs of Elizabeth Cronin, Irish Traditional Singer: the complete song collection* (Baile Átha Cliath: Four Courts Press, 2000), 9.

1912, agus tá sé spéisiúil gurbh í an scéalaíocht a bhí idir lámha acusan freisin.⁴¹ Níorbh í an chinniúint chéanna a bhí i ndán don scéalaíocht agus don amhránaíocht sa mhéid is nár mhair an scéalaíocht anuas go dtí an ré chomhaimseartha mar ealaín bheo mar a tharla i gcás na fonnadóireachta. Ag an am céanna, is dóigh liom gurbh airde an luach siombalach a bhí ag an scéalaíocht sa ré seo mar choincheap a réitigh leis an íomhá den dúchas sainsiúil Gaelach a bhí á chur chun cinn ag an am.

Ní miste a lua gurbh í an scéalaíocht seachas an amhránaíocht ba thúisce a tharraing aird ar cheantar Charna ach nach de thoradh an Oireachtais a tharla sé sin. Thóg an t-antraipeolaí Meiriceánach, Jeremiah Curtin (1835-1906), scéalta ó bhéalaitheir Sheáin Uí Bhriain (1852-1934) as Loch Con Aortha sa cheann thoir den pharóiste in 1892, agus d'fhoilsigh roinnt acu in *Hero-Tales of Ireland* (1894). Tá sé suntasach nár thaobhaigh scoláire ná bailitheoir ar bith eile an scéalaí sin, go bhfios dúinn, nó gur chuir Seán Mac Giollarnáth (1880-1970) spéis ann ag deireadh na 1920í agus é ag bailiú ábhar don Chumann le Béaloideas Éireann. Ní mór a aithint, mar sin, gur chuir an ghluaiseacht náisiúnta cultúir agus teanga cor i gcinniúint an chultúir dhúchais áitiúil. Sheas sé le ceantar Mhúscraí, mar shampla, go raibh daoine ann, leithéidí na máistrí scoile, Donncha Ó Buachalla (1877-1957) agus Mícheál Ó Briain, a bhí gníomhach in imeachtaí Chonartha na Gaeilge go háitiúil,⁴² agus freisin go raibh Feis Inse Geimhleach agus Feis Bhaile Mhuirne faoi lántseoil chomh luath le 1900. Níor tosaíodh ar Fheis Charna go ceann i bhfad ina dhiaidh sin, sa bhliain 1929. Ní heol dom, mar sin, go raibh aon duine as ceantar Charna páirteach i gcomórtais ardáin an Oireachtais sa luath-thréimhse seo. Níl mé ag déanamh faillí, áfach, ar an scríbhneoir as Muighinis i gCarna, Séamus Mac an Iomaire (1891-1967), ar bhain cnuasach amhrán a chuir sé i dtoll a chéile duais ag Oireachtas 1924. Ba ag múineadh in Inis Córthaidh a bhí sé ag an am, agus a chuid dindiúirí chuige sin bainte amach i gColáiste na Rinne aige. Is mar gheall ar a shaothar, *Cladaigh Chonamara* (1938) ina bhfuil saibhreas eolais agus teanga as cuimse is mó a fhaigheann sé creidiúint inniu, agus ar scríobh Tomás Ó Máille ina thaobh, 'Ní dóigh

⁴¹ Tá mé buíoch den Dr Éamonn Costello as an deis a thabhairt dom féachaint ar chóipeanna digiteacha atá ina sheilbh de chlár an Oireachtais i mblianta luatha na féile. Tá na bunchóipeanna ar coimeád sa Leabharlann Náisiúnta.

⁴² Ibid., 9-10.

liom go bhfuighe tú bádóir i n-aon ríoghacht i n-iarthar dhomhain ná i n-oirthear dhomhain a sgríobhfadh leabhar mar é in a theangaidh féin.’⁴³

Ag teacht leis an idirdhealú a aithním idir todhchaí na hamhránaíochta agus cinniúint na scéalaíochta, feictear gur mó d’infheistíocht a rinne coiste an Oireachtais san amhránaíocht. Cuireadh le líon agus éagsúlacht na gcomórtas amhránaíochta luath go maith, le béim nach beag ar an amhránaíocht do chóir, forbairt a tharraing achrann inti féin mar a fheicfear níos faide anonn. Ag Oireachtas 1900 tosaíodh ar chomórtas nua, ‘Best rendering of ‘Go Maire ár nGaeilge Slán’’,⁴⁴ a bhféadfaí a áiteamh ina leith go raibh ionannú ann idir meán agus ábhar – ealaín theanga-lárnaithe faoi cheist na teanga. Fágann sé go raibh ceann de na luathócáidí ina ndearnadh cúram den amhránaíocht sa Ghaeilge faoi réir ag cur chun cinn na teanga, mar sin. Faoi mbliain 1902 bhí trí chomórtas déag amhránaíochta ar chlár an Oireachtais.⁴⁵ ‘Special Competitions of National Music and Instruments’ ba theideal den chéad chomórtas de chuid na Feise Ceoil a bhí tiomanta don cheol dúchais mar a bhí amhlaidh in 1899. Ba iad an chláirseach agus na píobáí ba mhó a bhí i gceist ach réachtáladh comórtas don fhidil freisin chomh maith le comórtas feadaíola. Amhrán i nGaeilge a bhí le canadh ó thaobh na fonnadóireachta i gclár na Feise Ceoil ach arís, cuireadh casadh nua sa traidisiún sin tríd an rangú a rinneadh ar na guthanna mar a bhí caighdeánach in amhránaíocht na mór-roinne: ‘Competitors of all classes of voice will be required to sing a song with words in the Irish language’.⁴⁶ Bíodh is go raibh riachtanas na teanga comhlíonta sa choinníoll sin den chomórtas, ag an am céanna bhí amhránaíocht na Gaeilge ag forbairt faoi anáil cultúr agus seánra ceoil nach raibh dúchasach d’Éirinn.

I mí Feabhra 1900, chuir coiste an Oireachtais a gcuid aidhmeanna agus polasaithe faoi bhráid an phobail arís in eagrán de *An Claidheamh Soluis* inar áitigh siad go raibh fúthu athbheochan a dhéanamh ar chleachtais shóisialta na ndaoine. Ina measc, luadh an ‘folk-tale’, an ‘folk song’ agus ‘the old traditional style of singing’.⁴⁷ Cé go

⁴³ Tomás Ó Máille, ‘Réamh-fhocal,’ in Séamus Mac an Iomaire, *Cladaigh Chonamara* (Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1938), ix.

⁴⁴ Chuathas sa tóir ag an gcéad Oireachtas, sa bhliain 1897, ar amhrán a bheadh feiliúnach le canadh ag tionól Chonradh na Gaeilge agus mar thoradh air sin chum Diarmuid Ó Foghludha (1864-1934) as Caisleán Mhainge i gContae Chiarraí ‘Go Maire ár nGaeilge Slán’. Ó Súilleabháin, *Scéal an Oireachtais*, 58.

⁴⁵ *Ibid.*, 97.

⁴⁶ Feis Ceoil, Printed records: Annual programmes (1897-1901), 1899. An Leabharlann Náisiúnta LS 40, 226/1, lch. 3.

⁴⁷ Údar anaithnid, ‘The Oireachtas: Work for the Branches,’ *An Claidheamh Soluis*, 24 Feabhra 1900, 792.

ndearnadh idirdhealú idir cineál amhráin ('folk-song') agus stíl amhránaíochta ('traditional style'), ba léir go bhféadfadh stór amhrán a bheith i seilbh na ndaoine, fiú i nGaeilge, nár de stíl dhúchasach na hÉireann é. Tarraingíodh aird ar an stíl dhúchasach fonnadóireachta in eagrán eile den pháipéar cúpla seachtain ina dhiaidh sin agus impí á déanamh ar mhuintir na tuaithe a raibh na hamhráin ó dhúchas ('the traditional way') acu freastal ar an Oireachtas san Ardchathair.⁴⁸ Bhí aird á tabhairt ar an stíl thraidisiúnta sular tugadh aitheantas oifigiúil ar chlár an Oireachtais di mar is léir ó chomórtas na bliana 1901. Ní raibh luaite i liosta na gcomórtas ach 'male voices' agus 'female voices' ach ba mhór an t-ardú croí a thug sé don choiste nuair a chan duine de na hiomaitheoirí i gcomórtas na mban sa stíl thraidisiúnta, mar a tuigeadh í: 'The feature of the female singing competition was the beautiful singing of Miss Hannigan. Miss Hannigan sang in the traditional style, and being a native speaker of Irish, she sang with an expression that those who learned from phonetic versions could never attain.'⁴⁹ Tugann cuntas ar Fheis na Gaillimhe chomh luath le 1898 le fios go mba den chosmhuintir bunáite na n-iomaitheoirí agus tugadh suntas faoi leith don chuid acu a chan sa stíl thraidisiúnta: 'One of the most remarkable was Mrs. Mary Keady, a woman of the peasant class, who sang an Irish song (in the old strain) with much expression and with a tone of melancholy characteristic of a great deal of the music of Ireland.'⁵⁰ Faoi mbliain 1900 ag Feis na Gaillimhe, bhí comórtas dár teideal 'Irish Song (Old Strain)' ar an gclár. An bhliain dár gcionn nuair a reáchtáladh Feis Laighean sa Rotunda i mBaile Átha Cliath, bhí áit tugtha ar an gclár do 'Irish Song (old style)'. Bíodh is gur leis an Oireachtas a luaitear an ainmníocht Ghaeilge 'sean-nós', bhí an fheasacht maidir le sainiúlacht stíle tagtha chun cinn ag na Feiseanna réigiúnacha fíorluath ar fad, agus an chosúlacht ar an scéal gur ag Feis na Gaillimhe in 1898 atá an chéad taifead de sin i gcás na hamhránaíochta Gaeilge.

Sa bhliain 1903, d'fhoilsigh coiste an Oireachtais an scéim mharcála a bheadh le cur i bhfeidhm sna comórtais amhránaíochta aonair as sin amach. Ainneoin an bhéim a cuireadh ar an dílseacht don stíl thraidisiúnta, is dóigh liom go léiríonn na critéir mharcála seo gur sheánra an amhránaíocht thraidisiúnta a bhí fós idir dhá chultúr ó thaobh na ceoleolaíochta de. Ba iad na critéir sin, an fhuaim (15 marc) – an guth ann

⁴⁸ Údar anaithnid, 'The Oireachtas,' *An Claidheamh Soluis*, 3 Márta 1900, 808.

⁴⁹ Údar anaithnid, 'The Oireachtas,' *Irisleabhar na Gaedhilge* (Meitheamh 1901): 1. Ba í seo, gan dabht, Máighréad Ní Annagáin a luadh roimhe seo.

⁵⁰ Údar anaithnid, 'Feis Ceoil in Galway,' *Daily Express*, 2 Meán Fómhair 1898, 5.

féin, déanamh an ghutha; binneas (10 marc) – ceart cantain; foilsíú (20 marc) – ceart ceoil, luas, meadaracht, léiriú, an teanga (15 marc) – ceart, so-thuigsinteacht, labhairt (15 marc) – ceangal, deimhniú; Modh Gaelach (25 marc).⁵¹ Iarracht ar smacht agus caighdeán a leagan síos don ghuth féin ab ea an chéad trí chritéar ar an liosta sin. Scéim ab ea í a bhí bunaithe, cuid mhaith, ar na caighdeáin a mbeifí ag súil leo sa seánra sin de cheol ealaíonta na hEorpa is túisce a luadh leis an nguth aonair – an cheoldrámaíocht. Ní hamháin go raibh rangú agus socrú an ghutha tábhachtach sa cheoldrámaíocht ach b’fheiniméan sainiúil, riachtanach sa seánra sin oiliúint an ghutha go háirithe.⁵² Bhíothas ag súil le hardchumas ó thaobh teilgin agus foilsithe, rud a bheadh intuigthe i bhfianaise na n-ionad mór, cosúil le hallaí ceolchoirmeacha agus amharclanna, inar cuireadh ceoldrámaí i láthair. Is ar éigean gur comhtharlúint é gur amhránaí gairmiúil ceoldrámaíochta a thug leis an duais i gcéadchomórtas amhránaíochta aonair an Oireachtais i 1898, cuir i gcás. Ba chritéir bhailí iontu féin na cinn thuasluaite ach nuair a tugadh an modh Gaelach san áireamh, chuir sé loighic na scéime ina iomláine as a riocht. Bhí bunús socheolaíoch agus eacnamaíoch éagsúil ag an amhránaíocht thraidisiúnta sa Ghaeilge a d’fhág gur i dtithe príobháideacha agus ba i suíomhanna beaga, neamhfhoirmeálta eile a rinneadh láithriú ar an amhránaíocht sin le hais na dtimpeallachtaí spásúla inar tháinig an cheoldrámaíocht chun cinn. Níor ghá gurbh iad airde, cumhacht ná caighdeán an ghutha a bheadh ar thús cadhnaíochta sa bhreith a thabharfaí ar an amhránaíocht thraidisiúnta ar chor ar bith. Rinneadh iarracht an scéim seo a chur in oiriúint d’amhránaíocht thraidisiúnta na Gaeilge trí aitheantas a thabhairt do cheart na teanga agus do bhealach faoi leith gabhála a bhí ag freagairt don stíl Ghaelach mar a tuigeadh ón taobh amuigh í.

Próiseas leanúnach, tomhaiste ab ea an ionramháil a rinneadh ar choincheapa na stíle agus an traidisiúin chomh fada is a bhain le spriocanna an Oireachtais. Is díol suntais an léamh a bhí acu ar an amhránaíocht thraidisiúnta mar ghné de phróifíl cheoil na tíre:

⁵¹ Údar anaithnid, ‘The Oireachtas,’ *An Claidheamh Soluis*, 2 Bealtaine 1903, 5.

⁵² Pléann John Rosselli an iarracht agus an infheistíocht ama a bhí le déanamh i bhforbairt an ghutha aonair sa cheoldrámaíocht i dtraidisiún na hIodáile ón seachtú céad déag ar aghaidh in *Singers of Italian Opera: The History of a Profession* (Cambridge: Cambridge University Press, 1995), 91-113. Tarraingíonn sé aird ar an lámhleabhar teagaisc is mó a raibh tionchar aige anuas go dtí deireadh an naoú céad déag, *Opinioni de’ cantori antichi e moderni* (1723) le Pier Francesco Tosi (c.1653-1732). Áiríodh ar chomhairle Tosi dua a chaitheamh le canadh cruinn, mall na scálaí, *messa di voce* nó an dinimic in airde an ghutha a chleachtadh, díriú ar shoiléire an ghutha agus thar rud ar bith eile, an tsronaíl a sheachaint. Luaite in Rosselli, 104-05.

This year one fourth of the marks is given to ‘Irish style’. Many competitors may complain at this. It must be remembered, however, that the first business of the Oireachtas is with the traditional singing of the people, and not with modern music or musical methods.⁵³

Más i bhfráma tagartha an ama agus na staire a tuigeadh an amhránaíocht thraidisiúnta, d’fhéadfaí a áiteamh gur mar chosaint nó mar fhreagra ar an nua-aoiseachas a tarraingíodh chomh tréan sin as tobar an traidisiúin i ngnéithe eile den Athbheochan freisin. Is baolach gurbh í tuiscint chomhaimseartha na linne sin ar an traidisiún ná feiniméan seasta, gan athrú, rud a samhlaíodh a raibh gá leis i dtréimhse ina raibh mórathruithe ag teacht chun cinn. Ní miste a aithint nach raibh sa dílseacht seo don traidisiún i gcás na hamhránaíochta ach gné amháin de chonspóid níos leithne idir an sean agus an nua a tháinig sa treis i mórán cleachtas eile freisin le linn na tréimhse seo. Tá an dialachtaic seo aitheanta go háirithe i gcás fhorbairt an nuaphróis ag Philip O’Leary, cuir i gcás. Bhí scríbhneoirí cosúil le Pádraig Mac Piarais, Pádraic Ó Conaire (1882-1928), Eoin Mac Néill (1867-1945) agus a leithéidí den tuairim nach bhféadfaí an nuaphrós a mhúnlú díreach ar bhéaloideas agus seanchas na ndaoine.⁵⁴ Dar leo gur le leas na litríochta é léargas a thabhairt ar staid intinne phríobháideach an duine aonair, idir olc agus mhaith, téama a raibh roinnt de mhórscribhneoirí próis na hEorpa ag déanamh cúram de. Dílseacht don dúchas ab ea malairt na hargóna sin, a raibh meon cosantach, coimeádach, cuid mhaith, acu siúd a chuir chun cinn í. Bhí Pádraig Ó Duinnín (1860-1934), Liam P. Ó Riain (1867-1942) agus daoine nach iad den tuairim go raibh foirmeacha dúchais na litríochta le cothú agus gur chóir an Ghaeilge léannta, chlasaiceach a chur san áireamh chuige sin. Baineann O’Leary úsáid as na téarmaí ‘nativist’ agus ‘progressive’⁵⁵ mar idirdhealú idir dhá cheann na hargóna agus níl sé deacair meon an dúchasóra a shamhlú i gcás na hamhránaíochta Gaeilge mar a bhí sí á cothú i gcomhthéacs an Oireachtais.

Chomh fada is a bhain leis an amhránaíocht sin, ba iad na hiomaitheoirí as na ceantair ina raibh an Ghaeilge beo i gcónaí is mó a fuair aitheantas i dtuairiscí na

⁵³ Údar anaithnid, ‘The Oireachtas,’ *An Claidheamh Soluis*, 2 Bealtaine 1903, 5.

⁵⁴ Ba mhínic an Piarasach ag scríobh ar an ábhar seo le linn dó a bheith ina eagarthóir ar *An Claidheamh Soluis* (1903-1909), mar shampla, ‘Bogaimís amach ó’n gcarn aoiligh agus ó’n gcruaich mhóna; caithimís uainn salchar na hotrainne; déanaimís iarracht ar anam agus ar intinn Ghaedheal do chur i dtuigsint dá chéile agus do’n domhan mhór (*sic*)’ (‘Nua-Litridheacht’, *An Claidheamh Soluis*, 19 Bealtaine, 1906, lch. 6.) Is iomaí alt agus aiste le Pádraic Ó Conaire a foilsíodh sa nuachtán freisin ina gcuireadh sé comhairle ar scríbhneoirí cruthaitheacha na Gaeilge, ina measc, ‘Seanlitríocht na nGael agus Nualitríocht na hEorpa’ (12, 19 Nollaig, 1908), ‘Páistí Scoile: An bhFuil siad ag Milleadh Nualitríocht na Gaeilge (24 Feabhra, 1917) agus ‘An Litríocht Nua: Brostaigí, a Ridirí’ (17 Márta, 1917).

⁵⁵ Philip O’Leary, *The Prose Literature of the Gaelic Revival, 1881-1921: Ideology and Innovation* (Pennsylvania: The Pennsylvania University Press, 1994), 14.

linne sin ar na comórtais sna meáin chlóite, rud a chuidigh le meon fábharach a chothú ina leith, dar liom. Aithníonn Ryan go raibh claonadh nó ‘rural bias’⁵⁶ i gConradh na Gaeilge ainneoin gur le saol na cathrach a bhain cuid mhaith dá ndearna siad ar bhonn praiticiúil. D’fhág an bhéim ar cheart na teanga agus dílseacht don stíl dhúchais go raibh an baol ann go mbeadh na comórtais teoranta don chainteoir dúchais ó thaobh rannpháirtíochta de agus gur lú d’ábhar spéise a bheadh iontu do lucht éisteachta níos leithne. Bhí coiste an Oireachtais sásta seans a thógáil air sin, áfach. Ag Ardfeis Chonradh na Gaeilge i 1903, cuireadh i leith choiste an Oireachtais go raibh siad ag déanamh faillí ar chothú na litríochta agus go raibh an iomarca béime á cur acu ar chúrsaí ceoil:

That the tendency of the Oireachtas being towards the over-development of the musical side of the competitions, it be an instruction to the Committee, first, to subordinate the musical to the literary side of the festival; and, secondly, to devote itself to the old Irish style of musical singing.⁵⁷

Suimíonn an paradacsa sin an luach a samhlaíodh leis an amhránaíocht thraidisiúnta ar an mbunús gurbh ealaín thagarthach í, murab ionann agus an ceol uirlise a bhí neamhthagarthach agus ar lú fiúntas é do chur chun cinn na teanga. Má tugadh aitheantas don amhránaíocht thraidisiúnta mar chleachtas ceoil ar chor ar bith, ba ar chúiseanna neamhspleách ar an gceol a bhí sí le cur chun cinn mar is léir ón ráiteas macánta seo ó Edward Martyn maidir le haidhmeanna an Oireachtais: ‘... it does not profess to make music its chief aim, which is the revival of the Irish language; and it only uses that much Irish music which it knows how to scrape together, genuine or corrupt as the case may be, to help on the great main object of the language.’⁵⁸ Níor ghá gur dhrochrud ar fad é gur eagraíocht teanga a dhéanfadh cúram den amhránaíocht thraidisiúnta ach bhí sé faillíoch go raibh a ceart mar sheánra ceoil á shéanadh uirthi.

Cosúil le mórán eile a chuir leis an tráchttaireacht ar chúrsaí amhránaíochta ag tús na haoise seo caite, ba dhuine é Edward Martyn freisin a raibh cos sa dá chultúr aige nó ‘a sophisticated European with a proud pedigree’⁵⁹ mar a chuir beathaisnéiseoir amháin dá chuid é. Ba i dTul Aighre i gContae na Gaillimhe a rugadh Martyn agus an cháil air go raibh lámh mhór aige i mbunú Amharclann Líteartha na hÉireann in

⁵⁶ Ryan, ‘Nationalism and Music in Ireland,’ 283.

⁵⁷ ‘Duilleachán an Oireachtais’, *An Claidheamh Soluis*, 23 Bealtaine 1903, 5.

⁵⁸ Edward Martyn, ‘Irish Music at the Feis Ceoil,’ *An Claidheamh Soluis*, 4 Meitheamh 1904, 8.

⁵⁹ Madeleine Humphreys, *The Life and Times of Edward Martyn: An Aristocratic Bohemian* (Dublin: Irish Academic Press, 2007), xiii-xiv.

1899. Bhí fíis an-sainiúil aige i dtaca le forbairt an cheoil in Éirinn. Ba sa cheol liotúirgeach ba mhó a chuir sé suim, go háirithe saothar Palestrina (c.1525-1594), an cumadóir iomráiteach den cheol eaglasta as an Iodáil. Fear siúlach ab ea Martyn a raibh lear mór córanna agus ceoldrámaí cloiste ar fud na hEorpa aige, go háirithe sa Ghearmáin, agus ardmheas aige ar an athbheochan a bhíodhas ag déanamh ar cheol an séú haois déag in ardeaglaisí na mór-roinne.⁶⁰ Ba é Palestrina is mó a luaitear le forbairt an cheoil ilfhónaigh san Eoraip sa *Renaissance*, agus theastaigh ó Martyn borradh a chur faoi ghnéithe den seánra seo i measc lucht ceoil na hÉireann. Chuige sin, bhunaigh sé Cór Palestrina sa Leas Ardeaglais i mBaile Átha Cliath in 1901, ag caitheamh £10,000 ar an togra.⁶¹ Is díol suntais gur ag an bhFeis i nGaillimh in 1898 a chéadchuala Edward Martyn an amhránaíocht thraidisiúnta agus gurbh iad ceol agus amhránaíocht na hócáide sin a spreag athrú meoin ann i leith na hoidhreachta céanna:

In the autumn of 1898 I attended the Galway Feis, where I heard some good country singing and piping. I was astonished at its rich colour and ancient tonality, and at the exquisite refinement of ear manifested by the best singers. It reminded me of the Oriental folk music of the Arabs and the liturgical music in Coptic and Greek churches. I, who had hitherto always hated Irish music, was enchanted by this.⁶²

Ní fios cén taithí a bhí aige ar an gceol Gaelach go dtí sin a thug air breith dhiúltach a thabhairt ina leith. Is léir, áfach, tábhacht na bhfeiseanna réigiúnacha mar ócáidí a thug deis do sciar níos leithne den phobal athmhuintearas a dhéanamh le gnéithe den chultúr dúchais.

Bíodh is go raibh Martyn sásta tarraingt ar fhoinsí Eorpacha san fhís a bhí aige maidir le forbairt an cheoil eaglasta in Éirinn, níor léirigh sé meon chomh hiltíreach, oscailte céanna i dtaca leis an gceol tuata ná leis an traidisiún dúchais. Ní hiad na téarmaí tagartha céanna a bhí á n-úsáid aige ina bhreith ar an gceol dúchais le hais chultúr ceoil na hEorpa mar a bhraitear ar an gcuntas seo faoi Fheis Thuama uaidh in 1902: ‘But the real success of the day was the competition for traditional Irish singing, or to put it accurately, Irish singing: because any other method of singing Irish songs than this, is not Irish.’⁶³ Mar chleachtas tagarthach trí mheán na Gaeilge, ba i gcomhthéacs náisiúnaíoch a bhí léamh á dhéanamh aige ar an amhránaíocht thraidisiúnta. Ba i dtéarmaí neamhspleácha, ealaíona, seachthíreolaíoch a ghlac

⁶⁰ Ibid., 82

⁶¹ Ibid., 165.

⁶² Edward Martyn, ‘The Gaelic League and Irish Music,’ *The Irish Review* 1, no. 9 (November 1911): 449.

⁶³ Edward Martyn, ‘Irish Singing at Tuam,’ *An Claidheamh Soluis*, 23 Lúnasa 1902, 408.

Martyn le saothar Palestrina agus leis an gceol ilfhónach in Éirinn, is cosúil, ach bhí tábhacht ag tír, teanga agus cine faoi leith chomh fada is a bhain leis an gceol Éireannach. Ní raibh Martyn ach ar dhuine acu siúd a bhí den tuairim gur cheart tús áite a thabhairt don stíl thraidisiúnta amhránaíochta ag na Feiseanna. Cáineadh Feis Bhéal Feirste, mar shampla, toisc go rabhthas ag tabhairt ardán do stíleanna eile amhránaíochta mar aon leis an stíl thraidisiúnta: ‘I myself would have no singing but traditional singing at a Feis.’⁶⁴ Má bhí rian den idéalachas ar roinnt de thuairimí Martyn, caithfear a cheart a thabhairt dó mar dhuine pragmatach, fadbhreathnaitheach freisin. Bhí sé ar dhuine den chéad dream a d’éiligh go ndéanfaí taifeadtaí fuaimne ar amhránaíocht na Gaeilge ar mhaithe le sealbhú an traidisiúin sin agus aithníodh é mar phatrún neamhfhoirmeálta ar thograí ealaíona in Éirinn na linne sin. Suntasach go leor, d’fhág sé ina uacht £2,000 ag Conradh na Gaeilge le caitheamh ar an nGaeltacht.⁶⁵ Ba as an gciste sin a tarraingíodh an t-airgead do ‘Corn an Mháirtínigh’ mar a tugadh air, an tsraith comórtas a eagraíodh go sainiúil do phobal na Gaeltachta mar chuid d’Oireachtas na Gaeilge ó 1940 ar aghaidh.

Tá sé le tuiscint ó thráchtairacht na linne seo ar an amhránaíocht thraidisiúnta nach rabhthas ach díreach ag éirí feasach ar choincheap na stíle san amhránaíocht sin. Feictear go raibh tábhacht leis an sonrú eitneach agus náisiúnaíoch, is é sin, ‘Gaelach’ nó ‘Éireannach’, in ainmníocht na stíle. Bhí luachanna uaisle fireanna ag roinnt leis na hamhráin Ghaeilge, dar le Edward Martyn, i gcodarsnacht le ceol saorga an pharlúis nó ‘the drawingroom insincerities and puling sentimentalities of latter-day melody singing’⁶⁶ mar a thug sé ar an amhránaíocht i mBéarla. Sonraítear sa tuairimíocht sin an leas a baineadh as critéar na hinscne chun breith a thabhairt ar an gceol. Ba le timpeallacht spásúil bhaineann nó spás a bhí luaite níos mó le mná, is é sin an parlús, a luadh na hamhráin Bhéarla de réir ráiteas Martyn. Níorbh ionann an luach, is cosúil, a bhí ag an bhfearann baineann sin le hais an fhearainn fhirinn san ord fiúntais a bhí á chur i bhfeidhm aige. Ba iad na haidiachtaí ‘Irish’ agus ‘modern’⁶⁷ a bhí in úsáid ag Heinrich Beverunge ina chuntas cuimsitheach ar thréithe na bhfonn Gaelach, amhail is gur aois agus stair na tréithe ba láidre a rinne idirdhealú eatarthu siúd agus foinn ón gcorpas clasaiceach. Ní gá a rá gurbh é an comhthéacs ama agus aoise go cinnte a fuair tús áite san ainmníocht Ghaeilge freisin

⁶⁴ ‘Craobh Ruadh’, ‘The Belfast Feis,’ *The Leader*, 3 February 1912, 15.

⁶⁵ Aindrias Ó Muimhneacháin, *Dóchas agus Duainéis: Scéal Chonradh na Gaeilge 1922-1932* (Corcaigh: Cló Mercier, 1974), 71.

⁶⁶ Martyn, ‘Irish Singing at Tuam,’ 408.

⁶⁷ Beverunge, ‘The Special Charm of Irish Melodies,’ 140.

nuair a glacadh leis an téarma ‘sean-nós’ chun sainiúil a dhéanamh ar an stíl thraidisiúnta amhránaíochta Gaeilge.

Más dul chun cinn a bhí ann a bheith in ann sainiúlacht na hamhránaíochta traidisiúnta a dhearbhu, bhí dúshlán eile ag eascairt as an leas a bhainfí as an oidhreacht sin. Chreid daoine áirithe go raibh an caidreamh a bhí ag an gceol dúchais le ceol ealaíonta na hEorpa ag freagairt don chodarsnacht idir an sean agus an nua. Braithheadh dílseacht don traidisiún dúchais ar leibhéal maoithneach ach freisin ar an gcúis phraiticiúil gurbh é an traidisiún sin an ceann ba mhó a bhí i mbaol. Chomh maith leis sin, bhí ceisteanna ann maidir le neamhspleáchas an cheoil Ghaelaigh a chosaint. D’fhéadfaí léamh a dhéanamh ar neamhspleáchas an cheoil mar mheafar den mhórsprioc fhadtéarmach saoirse a bhaint amach d’Éirinn féin ón staid ina raibh sí sa chaidreamh coilíneach. Ainneoin an tsuim shuntasach a chuir Edward Martyn i gcultúr ceoil na hEorpa, bhí sé den tuairim gur theastaigh deighilt ghlan idir an seánra sin agus an ceol Gaelach. Níor tháinig aon ghearán uaidhsean maidir le polasaí na Feise Ceoil ceol iasachta a cheadú ag an bhféile. Chreid Martyn go raibh sé riachtanach, go deimhin, go gcloisfeadh cumadóirí agus ceoltóirí na hÉireann saothair cheannródaíocha na mór-roinne. Chuideodh sé an caighdeán cumadóireachta a ardú agus coinsias ceoil a raibh téagar ann a chothú sa tír trí chéile. Níorbh ionann sin, áfach, agus an stíl dhúchasach cheoil a chur as a riocht agus í a chur in oiriúint do thraidisiún an cheoil chlasaiceach: ‘... I think to have our exquisite folk-music harmonized and blared out on orchestras, and above all on brass bands, nothing short of the work of demons.’⁶⁸ Bhí gá le comórtais sa cheol clasaiceach, dar leis, ach ar mhaithe le barr foirfeachta sa stíl sin amháin a bhaint amach. Truailliú ar an traidisiún dúchasach Gaelach an dá stíl cheoil a nascadh le chéile agus níor cheart go ndéanfaí forbairt ar cheol na hÉireann bunaithe ar mhúnlaí ná ar choincheapa na stíle clasaicí.

Tá an chosúlacht ar an scéal go raibh an Fheis Cheoil ar a bionda comhtháthú a dhéanamh idir an traidisiún dúchais agus gnéithe den cheol ealaíonta. Rinneadh iarrachtaí i gclár na Feise an coimhthíos a samhlaíodh leis an gceol iasachta a laghdú d’fhonn sásamh éigin a thabhairt dóibh siúd a chreid go raibh an Fheis ag déanamh faillí ar an oidhreacht dúchais cheoil. Tá cláir na Feise i gcéad bhlianta na haoise seo caite breac le comórtais d’fhoirmeacha ceoil ón traidisiún clasaiceach agus iad

⁶⁸ Edward Martyn, ‘The Feis Ceoil,’ *An Claidheamh Soluis*, 4 Bealtaine 1901, 123.

cáilithe ar bhealach a thugann aitheantas do ghné éigin Éireannach freisin, mar shampla, ‘Irish cantata’, ‘Irish overture’ agus a leithéidí. Má bhí daoine cosúil le Annie Patterson diongbháilte go mbeadh scoil chumadóireachta dá cuid féin ag Éirinn ní fhéadfaí neamhaird a dhéanamh ach an oiread díobh siúd a chreid go raibh sé áiféiseach comhtháthú a dhéanamh idir dhá sheánra ceoil ar bheag cosúlachta a bhí eatarthu. Bhí an tuairim ann nach raibh bailíocht ag seánraí nuachruthaithe cosúil le ‘Irish cantata’, ‘Irish symphony’ nó ‘Irish overture’. Ní raibh a leithéid de rud ann agus cantáid Ghaelach ná réamhcheol Gaelach mar a liostáladh ar chlár na Feise iad toisc narbh ann do na foirmeacha sin i gceol na hÉireann riamh. Ba chosaint an argóint sin nuair a braithheadh go raibh teorainneacha na cruthaitheachta á sárú. Ba ar chumadóirí agus ceoltóirí Éireannacha a bhí na comórtais dírithe ach de bharr lúb ar lár éigin i rialacha na gcomórtas, níor ghá cónaí a bheith in Éirinn ar dhuine ach ar feadh trí bliana chun cáiliú don rangú sin.⁶⁹ Bhí Éireannaigh in iomaíocht le cumadóirí agus ceoltóirí as Londain agus as mór-roinn na hEorpa, mar sin, rud a d’fhág faoi mhíbhuntáiste iad.

Bhí sa chaidreamh céanna idir an traidisiún dúchais agus an cultúr iasachta reitric a thug le fios go raibh an lámh in uachtar ag ceol na hEorpa ó thaobh luacha agus aeistéitice de. Ba bheag sult a bhain mórphobal an cheoil ag an am as an amhránaí aonair i nGaeilge mar a bhí aitheanta go neamheaglach ag Carl Hardebeck (1869-1945): ‘Except a rabid Gaelic Leaguer, nobody will listen to him without accompaniment.’⁷⁰ Ní mór a chur san áireamh go raibh na braistintí a bhí ag an bpobal i dtaca leis an gceol, cuma cén seánra, faoi réir ag cúinsí staire, cultúrtha agus sóisialta. Má bhí gnéithe den chultúr coimhthíoch, Eorpach á santú ag roinnt de na hÉireannaigh iad féin, sílim gur chuid den fhanaisíocht í sin ar ghné í den iarchoilíneachas ina luadh sibhialtacht agus sofaisticiúlacht leis an gcultúr ceannais. Meabhraíonn an treocht seo aithris a dhéanamh ar ghnéithe de chultúr an choilínigh coincheap na hibride a bhfuil forbairt déanta ag Homi K. Bhabha (1949-) air. Más iltíreachas nach dtugtar mórán caidéis dó an trasnaíl idir cultúir sa lá atá inniu ann, hibrideachas ab ea an aithris chultúrtha a bhí fágtha le huacht ó ré an choilíneachais, de réir Bhabha, agus ba léiriú é ar an imní agus ar an míshuaimhneas a d’eascair ó

⁶⁹ Luaite in Martin Dowling, *Traditional Music and Irish Society: Historical Perspectives* (Surrey: Ashgate, 2014), 177. Déanann Dowling rianú freisin ar an bhfrustachas a léiríodh ag cruinnithe de chuid na Feise Ceoil agus i gcomhfhreagras chuig nuachtáin maidir le líon na gceoltóirí iasachta a bhí ag moltóireacht ag comórtais na Feise (177-78).

⁷⁰ Carl Hardebeck, ‘Traditional singing: its value and meaning,’ *Journal of the Ivernian Society* iii (Eanáir-Márta 1911): 93.

chaidrimh ina raibh easpa tuisceana agus cothromaíochta. D'éiligh próiseas an hibridithe go gcuirfeadh an tsuibíacht, mar a bhí, cuid dá f(h)éiniúlacht féin faoi chois, ach go raibh an t-aistriú seo le santú ar deireadh thiar. B'ionann an hibrideachas agus '...a mode of appropriation and of resistance, from the disciplined to the desiring.'⁷¹ Bhí téagar sna hargóintí ar son shainiúlacht an chultúir dhúchasaigh mar a bhí á gcur chun cinn ag Athbheochanóirí, rud a thabharfadh le fios go raibh an bhailíocht chéanna aige le haon chultúr eile. Léiríonn roinnt de na saincheistean a tháinig chun cinn i gcomhthéacs an cheoil, áfach, go raibh an caidreamh idir an cultúr dúchais agus cultúr an choilíní rangaithe ó bharr anuas, agus gur ag an gcultúr as baile isteach a bhí tús áite sa struchtúr sin.

Ní cúis iontais é, mar sin, gur de réir théarmaí tagartha an cheoil ealaíonta Eorpaigh a measadh an dul chun cinn a bhí déanta ag amhránaíocht na Gaeilge agus an cineál ionramhála a bheadh le déanamh uirthi chun go mbainfeadh sí caighdeán amach a bheadh inchomparáide leis an gceol ealaíonta. Is san ionramháil seo a bhraitear tuiscintí ag teacht chun cinn ó thaobh aeistéitici de a bhí faoi réir ag an eisintiúlachas, ar cheann de choincheapa lárnaacha an iarchoilíneachas é.⁷² Straitéis ab ea an t-eisintiúlachas chun ionadaíocht agus cur síos a dhéanamh ar thréithe na suibíachta agus chun dul i ngleic le difríochtaí nach raibh ag luí go socair le lucht an chinsil. Bhí an t-eisintiúlachas le brath i roinnt de na tuiscintí a bhí i réim maidir leis an deamhránaíocht. Tuigeadh go raibh mórdhifríocht amháin, mar shampla, idir oidhreacht na n-amhrán Gaeilge agus an seánra clasaiceach, agus ba é sin an comhcheol. Ceann de na forbairtí ba chumhachtaí in éabhlóid an cheoil ealaíonta ab ea an comhcheol. Seo í an bhreith a thugtar ina leith i bhfoclóir ceoil Grove, 'the central factor by whose evolution the progress of music as a whole was measured.'⁷³ Ina rianú ar stair an chomhcheoil i dtraidisiún na hEorpa ón *Renaissance* anuas, tarraingíonn Chanan aird ar an luach idé-eolaíoch a bhí ag an gcomhcheol i gcomhthéacs na socheolaíochta. Dar leis go bhféadfaí léamh meafarach a dhéanamh

⁷¹ Homi K. Bhabha, *The Location of Culture* (London: Routledge, 1994), 120.

⁷² Tá coincheap na hionadaíochta cultúrtha sa chomhthéacs iarchoilíneach mar aon le tuiscintí eisintiúlacha san impiriúlachas pléite ag Homi Bhabha, *The Location of Culture* (1994) chomh maith le Edward Said, *Orientalism* (1978) agus Gayatri Chakravorty Spivak ina haiste iomráiteach 'Can the Subaltern Speak?' (1988). Áitíonn Spivak nach féidir an t-eisintiúlachas a sheachaint nuair a bhíonn léamha ná ionadaíochtaí de shaghas ar bith á ndéanamh ag duine: 'But it is not possible, within discourse, to escape essentializing somewhere. ... So then strategically you can look at essentialisms, not as descriptions of the way things are, but as something that one must adopt to produce a critique of anything.' 'The Problem of Cultural Self-Representation,' *The Post-Colonial Critic: Interviews, Strategies, Dialogues*, ead. Sarah Harasym (New York: Routledge, 1990), 51.

⁷³ Carl Dahlhaus, 'Harmony: Early 20th Century.' In *Grove Music Online*, 2001-, faighte 6 Nollaig 2017, <https://doi.org/10.1093/gmo/9781561592630.article.50818>.

ar fhorbairt an chomhcheoil a bhí ag teacht leis an aistriú ollmhór i leagan amach na sochaí ón bhfeodachas go dtí an caipitleachas mar a tharla san Eoraip idir an cúigiú haois déag agus an t-ochtú haois déag.⁷⁴

Má bhí ord tosaíochta le brath sa chodarsnacht a rinneadh idir an ceol ealaíonta agus traidisiún amhránaíochta na Gaeilge, dar liom go raibh an leas a baineadh as an gcomhcheol ar cheann de na tosca is mó a chuir an ceol ealaíonta chun cinn sa dialachtaic sin. Bhí an comhcheol ar cheann de na feiniméin a rinne daingniú ar chanóin ceoil an Iarthair, agus ba í an bhearna ba mhó í sa cheol Gaelach a bhí le líonadh, dar le criticeoir amháin, dá mba áil leis an gceol sin teacht in inmhe:

Melody alone is incomplete. Melody, in all its loveliness, languishes and sighs for the strength and support which harmony alone may give; and Ireland's melodies, pure and ennobling in their charming simplicity, cry out for this very reason for incorporation into some noble form of art.⁷⁵

Tháinig an comhcheol chun cinn mar cheann de na tréithe a bhféadfaí leas a bhaint aisti chun traidisiún amhránaíochta na Gaeilge a chur in oiriúint do sheánra an cheoil ealaíonta. Bhí Edward Martyn ar an mbeagán a thug le fios go raibh oidhreacht na n-amhrán Gaeilge slán agus téagartha inti féin. Dar leis nár cheart leanúnachas an traidisiúin sin a bhriseadh agus gur chóir na hamhráin a chleachtadh ina gcuid foirmeacha bunúsacha glana mar a bhí déanta ag an gcosmhuintir ó ghlúin go glúin. Tugadh dúshlán na tuairime sin, áfach, i dteanga fháthchiallach a bhain an dochar as an gcáineadh a bhí á déanamh ar amhráin na ndaoine ina riocht bunaidh:

It seems to me ... that the folk-song, while having a beauty of its own, as the single gem has, is capable of contributing to a much higher order of pleasure when it is developed into an elaborate choral or orchestral composition, just as a gem which is wrought into a skilful piece of jeweller's work.⁷⁶

Rangú ab ea an chomparáid sin nár fhág dabht ar bith maidir leis an seasamh a bhí ag an gceol dúchais i dtimpeallacht níos leithne an cheoil Eorpaigh.

⁷⁴ Chanan, *Musica Practica*, 64. Bhí na Gearmánaigh, Max Weber (1864-1920) agus Theodor W. Adorno (1903-1969), ar bheirt acu siúd a bhí freagrach i rith an fhichiú haois as léamha níos leithne ar bhrí an cheoil a spreagadh agus iad ag cur critéir a bhain leis an tsocheolaíocht i bhfeidhm i léann an cheoil. Pléitear an ceol i dtéarmaí tagartha na socheolaíochta, maille le comhthéacsanna eile in *The Rational and Social Foundations of Music* (1958) le Max Weber agus in *Introduction to the Sociology of Music* (1976) le Theodor W. Adorno.

⁷⁵ 'Ó D.', 'A Plea for the Advancement of Irish Music I,' *An Claidheamh Soluis*, 31 Eanáir 1903, 787.

⁷⁶ George O'Neill, 'The Work of the Feis Ceoil,' *An Claidheamh Soluis*, 25 Bealtaine 1901, 169.

Toradh amháin a bhí ar an gcomhcheol ná gur chuir sé faoi chois ceann de shaintréithe na stíle traidisiúnta mar amhránaíocht aonair.⁷⁷ Ba i dtaca leis an nguth a tháinig forbairt ar an gcomhcheol san Eoraip ar dtús agus ní cúis iontais é, dá bhrí sin, gur tháinig an díospóireacht maidir leis an gcomhcheol sa traidisiún dúchais chun cinn comhthreomhar le forbairt na córchantana sa Ghaeilge. Ba as baile isteach a tháinig an chórchantain chun cinn in Éirinn ó thraidisiún eaglasta iarthar na hEorpa, agus go sainiúil mar bhealach cruthaitheach daingniú a dhéanamh ar an gcreideamh Caitliceach. Go neamhspleách ar an traidisiún eaglasta, ba sheánra an chomhamhránaíocht a cuireadh i láthair ar ardáin phoiblí ar bhonn foirmeálta, rud a mheabhraigh sibhialtacht agus smacht. Feictear an toise socheolaíoch sin i á chur i bhfeidhm i leith an cheoil ar bhealach a thugann le fios go mbíonn coibhneas idir comhcheol do ghuthanna agus leibhéal sibhialtachta na sochaí: ‘Collective performance, as in singing the same text to different but interdependent vocal lines, can be regarded as the musical correlate of civilized democracy.’⁷⁸ Ba sheánra an chórchantain a ndearna an tOireachtas cúram faoi leith de ainneoin nár bhain sé go stairiúil le cultúr na ndaoine ná na Gaeilge. Ach an oiread le ceist an tionlacain, áfach, d’fhéadfaí a áiteamh gur bhealach an chomhamhránaíocht le comhcheol, an stíl thraidisiúnta amhránaíochta a thabhairt chun sibhialtachta agus sofaisticiúlachta.

Má bhí Edward Martyn den tuairim go raibh oidhreacht na n-amhrán Gaeilge iomlán agus foirfe inti féin, chreid sé go freisin go bhféadfadh cór aonpháirte, chomh maith leis an amhránaí aonair, a bheith ina léiriú inchreidthe ar an stíl thraidisiúnta amhránaíochta. Bhí spéis phearsanta ag Martyn sa cheol eaglasta agus sa chórchantain agus mhíneodh sé sin an fonn a bhí air comhtháthú a dhéanamh idir an seánra sin agus an amhránaíocht dhúchais murab ionann agus a mheon i leith ceolfhoirne a bheith ag tabhairt faoi fhoinn dhúchasacha mar a léiríodh thuas. Níor aontaigh Martyn, áfach, go gcuirfí comhcheol leis na hamhráin Ghaeilge, nós a luaigh sé go sonrath leis an gceol nua-aimseartha, ag meabhrú arís gur i gcomhthéacs ama agus staire a measadh go minic amhráin na Gaeilge. Cé gur glacadh go forleathan leis gur mhaith an léiriú ar an stíl thraidisiúnta an cór

⁷⁷ Castar amhráin ó am go chéile i mbeirteanna i dtraidisiún an tsean-nóis, agus maireann an nós seo i measc mhuintir Mhaoilchiaráin, Bairbre agus a cuid iníonacha, Bríd agus Máire, a thugann faoi ‘Caoineadh na Páise’ agus ‘An tAiséirí’ le chéile, mar shampla. Is túisce a chasfaí amhrán tréan nó bailéad ón mBéarla i dteannta duine eile. Dar liom go bhfuil coincheap an chomórtais tar éis daingniú a dhéanamh ar an amhránaíocht ar an sean-nós mar cheol aonair, go háirithe i gcás na n-amhrán mall.

⁷⁸ Whittall, Arnold. ‘Harmony.’ *The Oxford Companion to Music*. Oxford Music Online, 2011-, faighte 28 Meitheamh 2017,

<http://www.oxfordreference.com/view/10.1093/acref/9780199579037.001.0001/acref-9780199579037-e-3144?rskey=W0Xa8H&result=2>

aonpháirte chomh maith leis an amhránaí aonair, d’eascair díospóireacht ghearr in *An Claidheamh Soluis* idir an Máirtíneach agus roinnt daoine eile maidir le ceist an chomhcheoil. Bhí an náisiúnaíoch agus an píobaire, Éamonn Ceannt (1881-1916), ar dhuine acu siúd a labhair amach in aghaidh na gcór a chan le comhcheol toisc go mb’fhacthas dó nach raibh siad traidisiúnta: ‘choirs who sang, not in unison, but in harmony, and therefore not traditionally’ mar a thagair sé dóibh.⁷⁹ Thug an scoláire agus an ceoltóir William Henry Grattan Flood (1857-1928)⁸⁰ an argóint céim chun cinn i dtuairim chonspóideach a nocht sé in *The Freeman’s Journal*⁸¹ inar éiligh sé go gcuirfí deireadh ar fad le comhcheol agus canadh i bpáirteanna ag an Oireachtas toisc nach raibh an ghné sin den cheol i dtraidisiún na hÉireann riamh.

Ní mór smaoineamh gur chasadh nua ar an traidisiún dúchasach amhránaíochta an chórchantaireacht sa chéad áit agus nach raibh sé cothrom ar fad a chur i leith choiste an Oireachtais go raibh siad ródhílis do mhúnlaí agus d’fhoirmilí dúchasacha ó thaobh an cheoil de. Ar ndóigh, d’fheil sé don Oireachtas cúram a dhéanamh den chórchantaireacht toisc gur bhealach é le hardán a thabhairt don teanga. Níor laghdaigh, áfach, ar an meon a bhí i réim go gcaithfí tuilleadh athruithe a cheadú i leith an traidisiúin dúchais má bhí aitheantas le fáil ag an traidisiún sin taobh amuigh d’Éirinn agus sa todhchaí. Ceann de na srianta a bhain leis an amhránaíocht thraidisiúnta ná gur aithníodh de réir a chéile gur chleachtas é nach raibh i seilbh ach mionlach den daonra, mar a bhí, cainteoirí dúchais Gaeilge. Ina theannta sin, tuigeadh do chriticeoirí agus scoláirí go raibh ionannú á dhéanamh idir feabhas na Gaeilge agus feabhas na hamhránaíochta ó thaobh na stíle traidisiúnta de. Bhí staid na hamhránaíochta dúchasaí faoi réir ag cúinsí déimeagrafaíochta agus teangeolaíochta agus ba dheacair neamhaird a dhéanamh díobh sin mar a thuig an té a d’áitigh, ‘...zeal or a good knowledge of Irish does not compensate for a lack of voice or of musical skill.’⁸² Tharraing Annie Patterson aird ar an dúshlán céanna ar bhealach a d’aithin an bhearna idir an oidhreacht dúchais cheoil agus luachanna na ceoleolaíochta Eorpaí:

... extremists on both sides are represented by the man who, in the one case, considers every native speaker of Irish as a true exponent of traditional singing, while another –

⁷⁹ Éamonn Ceannt, ‘Traditional Singing,’ *An Claidheamh Soluis*, 9 Meán Fómhair 1905, 8.

⁸⁰ Scoláire ceoil as Lios Mór i gCo. Phort Láirge ab ea William Henry Grattan Flood (1857-1928). Ceoltóir paiteanta ar an orgán ab ea é a chum iomann agus aifreann. *A History of Irish Music* (1905) an saothar is clúití a tháinig óna pheann ach lena chois sin, scríobh sé *The Story of the Harp* (1905) agus *The Story of the Bagpipe* (1911).

⁸¹ Foilsíodh an litir dar teideal ‘Irish Choral Singing’ ar an 18 Lúnasa, 1905.

⁸² ‘Iberian’, ‘Some Notes on the Feis Ceoil, 1915,’ *An Claidheamh Soluis*, 22 Bealtaine 1915, 5.

who has perhaps made voice-production a life study – shudders at a ‘traditional’ delivery which sounds to him as singing ‘out of tune.’⁸³

Ba i dtéarmaí réaduchtacha a chuir Patterson dhá cheann na hargóna i láthair trínar meabhraíodh go raibh coimhlintí ag teacht chun cinn idir ceisteanna teangeolaíochta agus ceoleolaíochta ó thaobh na hamhránaíochta dúchasaí.

Is díol suntais a threise is a d’éirigh an polarú seo idir ceol na ndaoine agus an ceol ealaíonta murab ionann agus céad bhlianta na gcomórtas nuair a bhí amhránaithe oilte ag tabhairt leo an chraobh sna comórtais don amhránaíocht Ghaeilge. Ba é an treocht a bhí ann i rith na tréimhse seo aird a tharraingt ar dhifriochtaí seachas ar chosúlachtaí idir gnéithe d’oidhreacht na cosmhuintire agus cultúr na meánaicme. Baineadh adhmaid as an déscaradh seo i gcuntais nuachtán a raibh ar uairibh, blas na rómánsaíochta agus an idéalachais le brath orthu. Tarraingíodh aird ar a leithéid de chodarsnacht sa chur síos seo ar chailín óg a chan sa stíl thraidisiúnta ag Feis i bPort Láirge:

The quick Irish audience was struck as by a lightning flash, they listened in a breathless spell until she finished, and then proclaimed by the roar of their applause that their instinct was ever sure for the right thing. Her superiority over the artificially-trained children was glaring.⁸⁴

Sílim, fós ag an bpointe seo, go raibh deacrachtaí ag sciar áirithe den phobal a chreidiúint go bhféadfadh ealaíona na cosmhuintire dul i bhfeidhm ar bhealach chomh suntasach ar lucht éisteachta leathan. Ba mhinic gur ar fhreagairt an lucht éisteachta i leith na hamhránaíochta a cuireadh béim i gcuntais den chineál seo, amhail is go raibh an scríbhneoir ag iarraidh a thuairimíocht féin a bhrú faoi chois. Thug sé seo deis dó aon fhreagracht maidir le conspóid na tuairimíochta sin a shéanadh. Tugadh an cur síos seo ar amhránaíocht ag Feis sa bhliain 1900 agus arís, ba é fiúntas an eispéiris don lucht éisteachta an critéar trínar measadh an fhonnadóireacht:

He who sang first was applauded and complimented on the accuracy and smoothness of his singing; nevertheless he failed to move his audience. The second singer, whose voice seemed inferior to that of the first, moved them profoundly, his singing quite transporting them beyond themselves.⁸⁵

⁸³ Eithne Ní Pheadair, ‘The Roche Collection of Irish Music,’ *The Leader*, 18 Bealtaine 1912, 8.

⁸⁴ Bewerunge ‘The Special Charm of Irish Melodies,’ 140-41.

⁸⁵ P. J. O’Sullivan, ‘Irish Music,’ *An Claidheamh Soluis*, 24 Márta 1900, 21.

Tá cur síos ag Seán Mac Giollarnáth (1880-1970) ar chuairt a thug sé féin agus Edward Martyn ar scoil, áit a raibh amhráin Ghaeilge le cloisteáil in dhá sheánra aitheanta ar a laghad:

His name and love of music were known to the teachers, and the girls' choir was lined up to sing in Irish. The performance did not win his praise. The teacher in charge then called from a back bench two girls who could sing in the traditional way but who had been excluded from the trained choir. They sang to an old air of considerable difficulty which greatly charmed the distinguished visitor. We discovered that the girls were sisters belonging to a family famous for generations of singers.⁸⁶

Ní léir ó na cuntais sin gur samhlaíodh go bhféadfaí teacht ar aon chomhréiteach idir an dá chultúr ceoil a bhí faoi chaibidil. Glacadh leis nach bhféadfaí saothrú ach i gceann amháin nó i gceann eile de na seánraí sin.

Bíodh dúchas nó oiliúint i gceist, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara gur i ndáil le láithriú beo na n-amhrán a bhí an déscaradh seo idir an dá stíl ag teacht chun cinn. Feicfear níos faide anonn mar a ligeadh i ndearmad ar feadh tréimhse fada sa dioscúrsa poiblí próiseas na hamhránaíochta féin mar chleachtas sóisialta daonna agus mar a measadh na hamhráin de réir rúibricí liteartha amháin. Eispéireas faoi leith a raibh nuálaíocht ag baint leis do lucht éisteachta na cathrach ab ea an amhránaíocht bheo ó chainteoirí dúchais Gaeilge. Ba chritéir fuaimeanna agus foghraíocht na Gaeilge trína bhféadfaí an cainteoir dúchais a chur chun cinn mar eiseamláir den dea-amhránaí. Os a choinne sin, ábhar grinn i measc criticeoirí áirithe na hiarrachtaí a bhí á ndéanamh acu siúd nach raibh an Ghaeilge ar a dtoil acu an teanga a fhoghlaim de réir na foghraíochta.⁸⁷ Feictear an Ghaeilge féin sa dialachtaic seo mar fheiniméan a chruthaigh scoilt, nó mar bhac a choinneodh siar daoine i ngnéithe áirithe de na healaíona. I dtéarmaí níos leithne, bhí tábhacht leis an gcainteoir dúchais Gaeilge ar an mbunús gur tríothúsan a d'fhéadfaí teacht ar an leagan ba bharántúla den chultúr dúchais. Ní hé eispéireas na héisteachta ná na teanga amháin a mheabhródh feiniméan seo na barántúlachta ach dúchas tíreolaíoch an amhránaí Gaeltachta freisin. Aithnítear go traidisiúnta i smaointeoireacht fhealsúnach an Iarthair gur i bhfearann éigin ar an imeall, i bhfad ón lár, a thagtar ar an mbarántúlacht. Bíonn aistear nó cuardach fada litriúil nó meafarach i gceist agus

⁸⁶ Seán Mac Giollarnáth, *Conamara* (Baile Átha Cliath: Comhartha na dTrí gCoinneal, 1954), 47-48.

⁸⁷ Tá an cur síos seo a leanas ag comhfhreagraí amháin ar iarrachtaí na bhfoghlaiméoirí Gaeilge sna comórtais amhránaíochta: “Thaw colleen jass im’ craw,” i n-ionad “Tá cailín deas im’ chrádh.” “A bale iss binna nawn cook er billa,” i n-ionad “a béal is binne ná’n chuach ar bile.” “Shay mo crack gon thoo oggum ode war-heen,” i n-ionad “sé mo chreach gan tú agam ód’ mháithrin.” ‘Cois Laoi’, ‘Amhránuidhthe Gaedhilge,’ *Irisleabhar na Gaedhilge* (Márta 1903): 7.

ní gan dua a bhaintear amach an spás nó an tuiscint sin is fearr a shásaíonn brí na barántúlachta don té atá ar a tóir.⁸⁸ Beag beann ar fheabhas na hamhránaíochta féin, is dóigh liom go raibh luach siombalach ó thaobh na barántúlachta de ag cainteoirí dúchais Gaeilge as réigiúin imeallacha iarthar tíre agus iad ag gabháil fhoinn ar stáitsí na hArdchathrach.

Céim chun cinn d'údarás cultúrtha na cosmhuintire agus an chainteora dúchais Gaeilge ab ea an moladh a bhí á fháil acu maidir le láithriú na n-amhrán. Bhí coimhthíos agus nuálaíocht, áfach, ag baint le ráitis cosúil le 'the undoubtedly remarkable influence these traditional singers exert over Irish audiences'⁸⁹ a spreag lucht léinn an cheoil míniú a sholáthar don fheiniméan céanna. Ba bheag duine ón gcosmhuintir labhartha Gaeilge a raibh glór ná tionchar i bhfearann poiblí na meán cumarsáide acu ag an am, agus dá réir, ba faoi stiúir lucht gairme ceoil go príomha a chuathas i ngleic go struchtúrtha leis an amhránaíocht thraidisiúnta. Ní ábhar iontais é gurbh iad téarmaí tagartha na ceoleolaíochta Eorpaí ba thúisce ar baineadh leas astu sna hiarrachtaí smacht éigin a fháil ar an traidisiún dúchais. Tá an méid sin le brath i gceisteanna ar éilíodh freagraí orthu in alt dar teideal 'Traditional Singing' a foilsíodh in *An Claidheamh Soluis* i 1905. Fiafraíodh, mar shampla, 'In what does traditional singing differ from ordinary singing?' agus 'Can traditional song and music be expressed in ordinary modern musical notation?'⁹⁰ Is léir nar rith sé leis an scríbhneoir gur coincheap coibhneasta seachas absalóideach *ordinary*. Baineadh leas as teanga cháilíochta i leith na hamhránaíochta traidisiúnta ar bhealach a chuir le coimhthíos agus imeallachas na stíle sin toisc gur seánra difriúil ceoil an pointe tagartha a bhí ag scríbhneoir an ailt. Tá tábhacht ar leith ag baint leis an dara ceist, faoin gcliathnodaireacht, dar liom, toisc gur éiligh sí go gcuirfí an amhránaíocht thraidisiúnta in oiriúint do chomhthéacs liteartha téacsúil má bhí sí chun áit a bhaint amach sa phríomhshruth, mar a tuigeadh é, ó thaobh an cheoil de.

Is teist ar chumhacht agus acmhainn na litearthachta é go ndeachthas ina muinín chun ord agus smacht a chur go teoiriciúil ar ealaíona nár bhain riamh go dtí sin ach leis an traidisiún béil. Ní gá a rá go mbíonn míthuiscintí agus dúshláin ag baint leis an ionadaíocht a dhéantar ar mhíreanna ón traidisiún béil i bhfoirm théacsúil. Ar

⁸⁸ Tá an ghné seo de chuardach na barántúlachta pléite in Charles Lindholm, *Culture and Authenticity* (Massachusetts: Blackwell Publishing, 2008), 39-51. Féach freisin Dimitrios Theodossopoulos, 'Laying Claim to Authenticity: Five Anthropological Dilemmas,' *Anthropological Quarterly* 86, no. 2 (2013): 342, faighte 10 Iúil 2016, <http://www.jstor.org/stable/41857329>.

⁸⁹ Bewerunge, 'The Special Charm of Irish Melodies,' 152.

⁹⁰ Údar anaithnid, 'Traditional Singing,' *An Claidheamh Soluis*, 2 Meán Fómhair 1905, 7.

cheann de shainchomharthaí cheol ealaíonta na hEorpa, áfach, bhí an leas a baineadh sa cheol sin as córas cliathnodaireachta an Iarthair a ndeimhníonn Chanan a thábhacht: ‘Given its enormous implications, musical notation must be reckoned one of the great inventions of the Middle Ages.’⁹¹ Ba í an Eaglais a rinne an dul chun cinn ba shuntasáí ó thaobh chóras nodaireachta ceoil chomh fada is a bhaineann le traidisiún na hEorpa, agus mar atá rianaithe ag Chanan, is feiniméan é a bhfuil dua caite ag lucht intleachta ceoil leis ó na meánaoiseanna deireanacha i leith.⁹² Caomhnaíonn an nodaireacht coincheapa traidisiúnta an cheoil ealaíonta cosúil le tionchar agus tábhacht an chumadóir, saothair bhunúla cumadóirí ainmnithe agus *Meisterwerke* ón *repertoire* níos leithne. Bíodh is nach bhfuil teorainn leis na léamha is féidir a dhéanamh ar aon téacs, cothaíonn an scór aontacht agus smacht, agus tá dílseacht chultúrtha le brath i seánra an cheoil ealaíonta don nodaireacht théacsúil mar acmhainn. Ní cúis iontais é go bhfuil an t-amharcléamh agus an cumas fonn a chasadh *prima vista* i measc scileanna riachtanacha an cheoltóra i dtraidisiún an cheoil ealaíonta ón naoú céad déag i leith. Chuir an fhorbairt seo leis an údarás a luadh leis an *Urtext* agus bhí sé le tuiscint nárbh fhéidir léamh féin, ní áirím aithris dhílis, a dhéanamh ar aon bhunsaothar gan dul i muinín na litearthachta. Nuair a rinneadh iarrachtaí foinn ó thraidisiún na hamhránaíochta Gaeilge a fhoilsiú sa chliathnodaireacht, sílim gur chuidigh an téacs, mar earra fisiciúil, le lucht léitheoireachta nach raibh ar a gcompord leis an traidisiún béil na foinn sin a phróiseáil agus maolú a dhéanamh ar aon choimhthíos a bhain leo.

Mar thoradh ar léamha éagsúla ar scálaí na bhfoinn Gaelach, áfach, bhí siad siúd ann nár chreid go bhféadfaí fiú na foinn sin a chur in oiriúint do chóras cliathnodaireachta an cheoil ealaíonta. Dar le Risteard de Hindeberg⁹³ nach sa scála nádúrtha a chan amhránaithe traidisiúnta na Gaeilge ar chor ar bith. Ba léir an méid sin ón gcáineadh a rinne sé ar shaothar an Athar Edward Gaynor (1850-1936) as Corcaigh a thug faoi dhornán d’fhoinn Ghaelacha a fhoilsiú sa chliathnodaireacht i

⁹¹ Chanan, *Musica Practica*, 64-65.

⁹² Rianaítear fás agus forbairt na nodaireachta in Chanan, *Musica Practica*, 54-79.

⁹³ Cainteoir dúchas Gaeilge as Port Láirge ab ea Risteard de Hindeberg (1863-1916) a raibh suim aige i gcúrsaí teangeolaíochta agus litríochta chomh maith leis an gceol. Chaith sé tréimhse mar ollamh le Ceiltis agus Gaeilge san Ollscoil Chaitliceach i Washington DC agus níos déanaí i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh. I measc a chuid foilseachán tá *Irish Music*, paimfléad a cuireadh amach i 1903, agus *A Handbook of Irish Music* (1928). Bhí de Hindeberg i measc na ndaoine ba thúisce a rinne taifid fuaimne den cheol agus den amhránaíocht thraidisiúnta, agus bhí a fhiosracht maidir le ceist na scálaí sa cheol Gaelach ar cheann de na cúiseanna ar thug sé faoi na taifid sin. Tá a shaothar pléite go mion in Ciarán Ó Gealbháin, ‘Ó Sheán Clárach Mac Domhnaill go dtí Nioclás Tóibín: traidisiún na hamhránaíochta ins na Déise’ (Tráchtas PhD, Coláiste na hOllscoile Corcaigh, 2016), 266-303.

dtreo dheireadh an naoú haois déag.⁹⁴ Bhí de Hindeberg féin agus Carl Hardebeck ina measc siúd a rinne forbairt ar an téis gur cheol módúlach na foinn Ghaelacha, tuiscint a bhí tagtha chun cinn i gceoleolaíocht na hEorpa ó thús an naoú haois déag: ‘...composers were beginning to conceive of ‘modality’ as something outside of the major/minor system that could be used to evoke religious feelings or to suggest folk-music idioms.’⁹⁵ Thabharfainn de chreidiúint don Athair Gaynor gur aithin sé go raibh bearnaí agus srianta ag baint leis an gcóras cliathnodaireachta agus nach é gach seánra ceoil a fuair a cheart nuair a cuireadh in oiriúint do chóras nodaireachta cheol na hEorpa é: ‘As to the the traditional style of rendering, that cannot be adequately represented by any notation whatever, but must be got from the living voice.’⁹⁶ Dóibh siúd a bhí ag iarraidh oibiachtú a dhéanamh ar an stíl thraidisiúnta amhránaíochta, sílim gur thug córas ionadaíochta seasmhach cosúil leis an gcliathnodaireacht oiread áirithe smachta dóibh agus gur santaíodh an smacht sin. Ba mhinic nár aithníodh acmhainn chruthaitheachta an amhránaí thraidisiúnta ar chor ar bith ach ina leaba sin, tháinig doicheall agus frustachas chun cinn i measc scoláirí nuair nár réitigh gnéithe den stíl thraidisiúnta leis na tuiscintí coinbhinsiúnacha ar an gceoleolaíocht.

Is dóigh liom go bhfuil an frustachas sin le brath ar alt leis an gceoltóir Arthur Darley (1873-1929) a foilsíodh i 1909, áit ar cheistigh sé coincheap an traidisiúin ó bhonn. D’áitigh sé nárbh uirlisí dúchasacha ceoil de chuid na hÉireann an fhidil agus an fheadóg mhór, mar shampla. Níorbh fhéidir muinín a chur i gcomórtais a d’éiligh an stíl thraidisiúnta láithrithe ar na huirlisí seo, dar leis. Ba chóir go mbeadh seasmhacht, aontacht agus leanúnachas coiteann in aon traidisiún ar leith agus ní fhéadfaí brath ar údarás cultúrtha na hindibhíde a bhí de shíor ag athrú:

If tradition existed I would expect to hear a performance from each based on similar technical grounds; but on the contrary I find each singer or player possessing his own ideas of technical production, and proving incontestably the utter absence of all tradition.⁹⁷

⁹⁴ E. Gaynor, ‘Irish Music According to Dr. Henebry,’ *An Claidheamh Soluis*, 14 Samhain 1903, 6.

Bhí scríofa ag Gaynor san alt, ‘... Dr. Henebry wrote me a ‘slating’ letter ... heaping contempt on my mistaken efforts to popularise Irish music by publishing airs in a simple notation.’

⁹⁵ James Porter, ‘Mode §IV: Modal Scales and Traditional Music.’ In *Grove Music Online*, 2001-, faighte 2 Márta 2018, <https://doi.org/10.1093/gmo/9781561592630.article.43718>.

⁹⁶ Gaynor, ‘Irish Music According to Dr. Henebry,’ 6.

⁹⁷ Arthur Darley, ‘Irish Music – Its History and Present Position II,’ *An Claidheamh Soluis*, 20 Samhain 1909, 10. An veidhlín an phríomhuirlis cheoil a chas Darley, a mba Baile Átha Cliathach é, agus bhain sé amach ainm dó féin mar theagascóir agus mar scrúdaitheoir ceoil. Bhí sé ina ollamh sinsearach i gCeol-Acadamh Ríoga na hÉireann ó 1900 go dtí 1903 agus thug an t-iliomad léachtaí ar ghnéithe de cheol na hÉireann ag ócáidí agus in institiúidí éagsúla. Ba mhinic leis moltóireacht a

Siombail den ainriail, ba gheall leis, an tobchumadh, an ornáidíocht, na malairtí agus an éagsúlacht leaganacha a bhí le fáil in ealaíona an bhéil bheo. Easpa cumais, seachas teist ar an gcruthaitheacht ab ea na sainghnéithe seo den cheol ó bhéal a raibh sé deacair slat tomhais na ceoleolaíochta Eorpaí a chur ag obair ina leith. Bhí ardghradam ag coincheap an téacs sa cheol ealaíonta agus ba dheacair do scoláirí an cheoil sin cosúil le Darley an bhailíocht chéanna a bhronnadh ar an láithriú beo indibhidúil is a luafaí le téacs caighdeánach ceoil a bhí sainithe ag treoracha agus coinbhinsiúin aitheanta.

Ainneoin na dúshláin a bhain le freastal a dhéanamh ar an mbéalaireacht i dtéarmaí tagartha na litearthachta aibítire, tháinig borradh i dtús an fhichiú haois faoi na hiarrachtaí athmhuintearas a dhéanamh idir na healaíona béil agus an traidisiún liteartha. Ba iad na hamhráin Ghaeilge ba mhó a fuair ardán sa raidhse foilsitheoireachta seo. Léiriú ab ea na cnuasaigh amhrán a foilsíodh i mblianta tosaigh na haoise seo caite go raibh sciar níos leithne den phobal, pobal na tuaithe go háirithe, ag dul i ngleic go hoibiachtúil le gnéithe den chultúr dúchais. Sílím gur gá, go deimhin, na spriocanna a bhí ag bailitheoirí agus eagarthóirí na linne seo a chur san áireamh agus an caidreamh idir an bhéalaireacht agus an litearthacht á mheas. Bhí bailitheoirí an ochtú agus an naoú céad déag cosúil le Bunting agus Petrie tar éis saothair a chur ar fáil a bhí ionadaíoch, dar leo, ar an tír iomlán nó ar Éirinn ársa, mar aonad cultúrtha saineiúil amháin. Ní raibh an phráinn chéanna faoin bhfichiú haois ag baint le fianaise chultúrtha a sholáthar a léireodh sibhialtacht shaineiúil an náisiúin trí chéile. Ba iad na réigiúin, mar sin, is mó a fuair aitheantas mar thoradh ar na bailiúcháin amhrán a tháinig sna sála ar an Athcheochan. Ardán a thabhairt do Ghaeil Uladh, mar shampla, an sprioc a chuir Énrí Ó Muirgheasa⁹⁸ roimhe in *Céad de Cheoltaibh Uladh* a foilsíodh i 1915. Bhí deisceart Uladh agus ceantar Oiriaila fágtha in áit na leathphingine ó thaobh éigse agus amhránaíochta de, dar leis, i gcomparáid le Cúige Mumhan a raibh a ainm in airde as feabhas filí agus filíochta. Rinne Ó Muirgheasa saineiú ar a dhúchas réigiúnda, tíreolaíoch i dtráchtairacht fhéin-

dhéanamh ag an bhFeis Cheoil, agus i 1914, d'fhoilsigh sé féin agus PJ McCall *Feis Ceoil Collection of Irish Airs*. Adèle Commins, 'Darley, Arthur Warren,' in *Encyclopedia of Music*, vol. 1, ead. White agus Boydell, 281-82.

⁹⁸ Ba as Contae Mhuineacháin d'Ó Muirgheasa (1874-1945) agus bhí spéis sa Ghaeilge aige óna óige agus é ina bhall de Chonradh na Gaeilge beagnach ón am ar bunaíodh é. Chaith sé tréimhse ag múineadh i nDún Dealgan i mblianta tosaigh an fhichiú haois agus ina dhiaidh sin ag cur chun cinn teagasc na Gaeilge i scoileanna Thír Chonaill. I measc na bhfoilseachán eile a tháinig uaidh ar chúrsaí amhránaíochta bhí *Abhráin Airt Mhic Chubhthaigh* (1916), *Amhráin na Midhe* (1933) agus *Dhá Chéad de Cheoltaibh Uladh* (1934). 'Ó Muirgheasa, Énrí (1874-1945),' *An Bunachar Náisiúnta Beathaisnéisí Gaeilge*, faighte 23 Samhain 2017, <https://www.ainm.ie/Bio.aspx?ID=93>.

thagarthach a spreag mórtas áite agus cultúir. Ag tarraingt ar fhoinsí béil agus traidisiún na lámhscríbhinní araon, roghnaigh Ó Muirgheasa amhráin le téamaí cosúil le héachtaí míleata Eoghain Rua Uí Néill (1590-1649) agus saothar Chathail Bhuí Mhic Giolla Ghunna (c.1690-c.1756) as Fear Manach a mbeadh bá i gCúige Uladh go háirithe leo.

Más iad bailiúcháin Uí Mhuirgheasa is mó a rinne ionadaíocht ar thraidisiún amhránaíochta Chúige Uladh, ní móide nó gurbh é an tAthair Pádraig Breathnach (1848-1930) a mhacasamhail de ghníomhaí i gceantar na Mumhan. Tá áitithe i dtaobh an Bhreathnaigh, ‘le leabhair ar nós *Fuinn na Smól* agus *Ceol ár Sinnsear* ba é an tAthair Breathnach ba mhó, b’fhéidir, a tharraing aird an phobail ar amhráin na Mumhan sa leathchéad bliain i ndiaidh bhunú an Chonartha.’⁹⁹ Leagtar breis is aon saothar déag ar an mBreathnach. Ba i gceann de na cnuasaigh sin, *Ár gCeól Féinig* (1920), mar shampla, a cuireadh eolas níos forleithne ar fhilíocht Riobaird Bheldon (1838-1914) arbh é mórfhile an réigiúin sin é. Cé nach raibh an nós ag an mBreathnach aistriúcháin a sholáthar ar théacsáí na n-amhrán, is léir nach ar chainteoirí líofa Gaeilge a bhí na saothair dírithe ach an oiread. Bhí an méid sin i gcoitinne aige féin agus Ó Muirgheasa agus iad beirt ag déanamh freastal faoi leith ar fhoghlaimoirí na Gaeilge. Bhí cúram déanta den fhoclóir ag Ó Muirgheasa ina shaothar, agus nótaí míniúcháin curtha ar fáil i mBéarla aige ar leaganacha cainte neamhghnácha. In *Síd-Cheol* (1924) leis an Athair Breathnach, d’admhaigh sé gur togra teanga-lárnaithe a bhí sa saothar chomh maith le bheith ina fhianaise ar shaibhreas amhránaíochta an réigiúin: ‘This collection is meant to be a help to students of Irish ... I have placed myself in the position of a learner.’¹⁰⁰ Níor chuir Ó Muirgheasa na foinn féin leis na téacsáí ina chéad saothar ach i bhfoilseachán eile ina dhiaidh sin, d’aithin sé ceann de mhórimpleachtaí na litearthachta, is é sin, go raibh an baol ann go nglacfaí leis an téacs clóite mar leagan caighdeánach de mhír ar bith. Ba don chluais éisteachta a cumadh na hamhráin agus tuigeadh dó gur mhinic nár tugadh a gceart do mhíreanna ón traidisiún béil nuair a cuireadh in oiriúint don chló iad.¹⁰¹

⁹⁹ ‘Breathnach, Pádraig (1848-1930),’ *An Bunachar Náisiúnta Beathaisnéisí Gaeilge*, faighte 12 Eanáir 2018, <https://www.ainm.ie/Bio.aspx?ID=238>.

¹⁰⁰ An tAthair Pádraig Breathnach, *Síd-Cheol: Cuid a hAon* (Baile Átha Cliath: Brún agus Ó Nóláin, 1924), iii-iv.

¹⁰¹ In *Dhá Chéad de Cheoltaibh Uladh*, cuirtear ocht bhfonn ar fáil i bhfoirm *tonic sol-fa* in aguisín ag deireadh an leabhair. Tagraítear do na daoine ar bailíodh na foinn sin uathu agus scríobhann Ó Muirgheasa féin, ‘...we should recollect that these songs were all made to be sung, not to be read, and that in printing them in a book we are placing them on a stage for which their authors never intended

Ba go tráthúil a tháinig ann d'fhoilseacháin an Athar Bhreathnaigh i dtréimhse ina raibh Cúige Mumhan féin ag teacht chun cinn go tréan ó thaobh léann agus oideachas an cheoil de. Ba i gCathair Chorcaí, ar ndóigh, a bunaíodh an chéad institiúid ceoil de chuid na poblachta, Scoil Cheoil Chorcaí, in 1878. Bhí foinn curtha ar fáil ag an mBreathnach le téacsáí na n-amhrán ina chuid cnuasach, agus lena chois sin, ba é an córas *tonic sol-fa* a ghlac sé chuige féin seachas an chliathnodaireacht a bhí luaite go tréan le ceol ealaíonta na hEorpa. Ba é John Curwen (1816-1880) a rinne forbairt ar an gcóras *tonic sol-fa* sa Bhreatain i lár an naoú haois déag. Ní raibh gá leis an gliath nó páipéar lámhscríbhinne agus, le hais na cliathnodaireachta, bhí sé níos éasca an tsraith nótaí a bhain leis a chur in oiriúint d'eochar ar bith. Ba shaoire freisin téacsanna *tonic sol-fa* a fhoilsíú, rud a d'fhág go raibh an-fháil ar fhoilseacháin agus lámhscríbhinní ceoil a bhain úsáid as an modh seo ón naoú haois déag ar aghaidh. D'éirigh le Curwen sa bhunaidhm a bhí aige – ceol a scaipeadh i measc na cosmhuintire agus na dtuathánach in áit é bheith teoranta do na meánaicmí ar ghnách leo oiliúint ceoil a bheith acu.¹⁰² Bhí scoileanna na mBráithre Críostaí ag feidhmiú go tréan i gceantar na Mumhan freisin ó thús an naoú haois déag ar aghaidh agus bhí tionchar nach beag acu siúd ar fhorbairt agus buanú an cheoil sa réigiún sin. Ba é córas Curwen a bhí in úsáid acusan freisin ina móraidhm oideachas foirmeálta a chur ar na haicmí ba bhoichte sa phobal.¹⁰³ Bhí áit lárnach ag an gceol sa chlár acadúil acu agus dhá chúis faoi leith leis seo. Leagadh béim ar léann an cheoil chun borradh a chur faoin gCaitliceachas trí iomann agus amhráin bheannaithe a mhúineadh do pháistí scoile. Ina theannta sin, baineadh leas as an gceol, liricí Thomas Moore, cuir i gcás, chun bá i leith an náisiúnachais a spreagadh san aos óg.¹⁰⁴

Cruthúnas ab ea cnuasaigh an Athar Bhreathnaigh go raibh sé indéanta, go teoiriciúil, oidhreacht na n-amhrán Gaeilge a chur in oiriúint d'fhoirmeacha téacsúla ar chaighdeán a bhí inchurtha leis siúd a shamhlófaí le haon ghné de cheol na hEorpa. Bhí an treocht tagtha chun cinn, áfach, maidir le cnuasaigh thús na haoise, nach ar chainteoirí laethúla na Gaeilge a bhí siad dírithe. Bhí foirmle i gcoitinne ag na

them, and that they are bound in consequence to suffer by comparison with songs that were written by their authors solely with the aim of being printed and read from books.' *Dhá Chéad de Cheoltaibh Uladh* (Baile Atha Cliath: Oifig Díolta Foillseacháin Rialtas, 1934), iv.

¹⁰² H.C. Colles et. al., 'Curwen family.' In *Grove Music Online*, 2001-, faighte 20 Deireadh Fómhair 2017, <https://doi.org/10.1093/gmo/9781561592630.article.06973>.

¹⁰³ Tá sé luaite in McCarthy gur dóigh go raibh scoileanna na mBráithre Críostaí i measc na gcéad scoileanna sa tír a bhain leas as an gcóras tonic solfa le ceol a mhúineadh. *Passing it On*, 223.

¹⁰⁴ *Ibid.*, 66-67.

bailiúcháin ar fad sa mhéid is gur tógadh ábhar ó sciar amháin den phobal .i. lucht láithrithe an traidisiúin béil; cuireadh in oiriúint do phrionsabail na litearthachta é, agus dáileadh ar sciar éagsúil den phobal é .i. lucht foghlamtha Gaeilge. Ní raibh aon cheist faoin spriocphobal a bhí ar intinn, mar shampla, do mhórbhailiúchán réigiúnda eile na tréimhse seo, *Amhráin Mhuigh Seóla*, a chuir Eibhlín Bean Mhic Choisdealbha (1870-1962) amach i 1918.¹⁰⁵ Ba mar áis phraiticiúil a samhlaíodh an saothar a raibh sé mar aidhm aige ‘to encourage and popularize Irish singing in the schools and Gaelic League branches in my immediate neighbourhood.’¹⁰⁶ Cuireadh aistriúcháin próis (agus aistriúcháin i bhfoirm véarsaíochta i gcásanna áirithe) ar fáil de na hamhráin, mar aon leis an bhfonn sa chliathnodaireacht. Fianaise ar bheocht an traidisiúin ab ea é go raibh Eibhlín Mhic Choisdealbha in ann fiú amhráin a thógáil ó pháistí an cheantair. Díol spéise é, sílim, go raibh institiúid don cheol Gaelach ar na bacáin ag an am, agus gur samhlaíodh gur i dTuaim a bheadh a leithéid lonnaithe toisc a threise is a bhí an cultúr dúchais agus an Ghaeilge á gcleachtadh sa réigiún sin le linn na tréimhse seo.

Ní bheadh sé as bealach a rá gur mar thoradh ar chur chun cinn an chultúir agus na teanga ag leibhéal oifigiúil institiúideach a tháinig ann do *Amhráin Mhuigh Seóla* sa chéad áit. Bhí Eibhlín Mhic Choisdealbha páirteach i ngréasán gníomhaithe na hAthbheochana agus í ag déanamh ionadaíochta thar ceann chraobh Londan de Chonradh na Gaeilge ag feiseanna agus comhdhálacha in Éirinn ar bhonn rialta. D’eagraigh sí féin agus Úna Ní Fhaircheallaigh (1874-1951) aeraíocht in Árainn i 1902, mar shampla, agus sraith comórtas den chineál céanna timpeall ar oirthear na Gaillimhe sna blianta ina dhiaidh sin. Ba ag na feiseanna áitiúla a chuala sí muintir Oisín as Béal Chláir ag gabháil fhoinn ar dtús. Bhí an teaghlach sin i measc na bpríomhfhaisnéiseoirí ag Eibhlín Mhic Choisdealbha agus thug sí aitheantas faoi leith do Mhairéad Ní Oisín (1892-1978) a raibh sí ag bailiú amhrán uaithi ó bhí sí ina páiste scoile.¹⁰⁷ Comhpháirtíocht shuntasach idir beirt bhan ab ea an bailiúchán seo, cuid mhaith, agus is féidir a áiteamh ina leith gur bhris sé an ciúnas cultúrtha ina raibh mná sáinnithe go traidisiúnta. Ní hé an oiread sin ban a bhain an stádas ná an t-aitheantas céanna amach mar fhaisnéiseoir i mbailiúcháin eile i rith an fhichiú haois is a rinne Mairéad Ní Oisín. Is é saothar Choimisiún Béaloideas Éireann an

¹⁰⁵ Foilsíodh an cnuasach ar dtús mar imleabhar de chuid an *Journal of the Irish Folk Song Society* i 1918, agus i bhfoirm leabhair faoin teideal *Amhráin Mhuigh Seóla* i 1923.

¹⁰⁶ Eibhlín Bean Mhic Choisdealbha, ead., *Amhráin Mhuigh Seóla: Traditional Folk-songs from Galway and Mayo* (Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht, 1990), lch. gan uimhir.

¹⁰⁷ *Ibid.*, 2.

bailiúchán téacsúil is suntasáí de chuid na haoise sin ó thaobh na n-amhrán de, cuir i gcás, agus níl aon cheist ach go raibh an t-aos óg fágtha go leataobh sa togra sin agus gur stádas tánaisteach a bhí ag formhór na mban.

Faightear léargas breise ar phróifíl amhrán Iarthar Chonnacht i mblianta tosaigh na haoise seo caite i roinnt foilseachán eile de chuid na tréimhse seo. Ba é Conradh na Gaeilge a d'fhoilsigh bailiúchán Mhichíl Uí Thiománaidhe (1853-1940), *Abhráin Ghaedhilge an Iarthair* i 1906 a raibh leathchéad amhrán ann a bailíodh i mBéal an Mhuirthead, Iorras, Acaill agus Inis Gé go príomha. Ba in Eadargúil i gContae Mhaigh Eo rugadh agus a tógadh Ó Tiománaidhe ach chaith sé dhá thréimhse fhada i gcaitheamh a shaoil ag obair san Astráil. Is léir gur san Astráil a shaothraigh sé crústa agus gur beag ioncam a bhí aige agus é ag bailiú an bhéaloidis ina cheantar dúchais ar a chonlán féin sna blianta a chaith sé in Éirinn.¹⁰⁸ Ní dhearna Ó Tiománaidhe aon ráiteas faoi leith maidir leis an réigiún áirithe sin sa chnuasach amhrán seo ach tharraing sé aird ar acmhainn chruthaitheachta na nGael lena dteanga dhúchais ón gcianaimsir ar aghaidh. Murab ionann agus an traidisiún scríofa agus oidhreacht na lámhscríbhinní, bhí de chumhacht agus de chosaint ag an litríocht bhéil gur chuid de mhaoin intleachtúil na nGael í, agus dá réir, nár éirigh leis na Sasanaigh í a chur de dhroim seoil. Bailiúchán teanga-lárnaithe ab ea an cnuasach seo ina ndearnadh tráchtairacht a bhí poileimiciúil ó thaobh na staire polaitiúla de. Tugadh le fios go raibh an ealaín tar éis freastal a dhéanamh ar na hiarrachtaí cos a chur i dtaca i gcoinne ionradh na Sasanach agus meath an chultúir dúchais: ‘choinnigh na hamhráin an chuid is mó den Ghaeilge beo i nÉirinn in aimsir rialtais Éilíse’.¹⁰⁹ Ráiteas ceiliúrtha ab ea an bailiúchán ar neamhspleáchas teanga an cheantair agus léiriú go raibh Gaeil an Iarthair tar éis an fód a sheasamh in aghaidh an Bhéarla.

Ba ar réigiún faoi leith freisin, Dúiche Sheoigheach i dtuaisceart Chonamara, a tarraingíodh do bhailiúchán amhrán eile a raibh an mórtas teanga chun cinn ann agus a foilsíodh ar phointí an ama chéanna. Ba i dtéarmaí eitneacha, náisiúnaíochta a chuir Micheál (c.1879-1911) agus Tomás Ó Máille (1880-1938) an úinéireacht agus an tsainiúlacht chultúrtha in iúl mar is léir ón teideal, *Amhráin Chlainne Gael*, a tháinig amach i 1905. Ach an oiread le bailiúchán Uí Thiománaidhe, is é an meán, is é sin, an Ghaeilge, seachas an t-ábhar, a fuair tús áite sa togra seo freisin. Rinneadh

¹⁰⁸ ‘Ó Tiománaidhe, Micheál (1853-1940).’ In *An Bunachar Naisiúnta Beathaisnéisí Gaeilge*, faighte 1 Nollaig 2017, <https://www.ainm.ie/Bio.aspx?ID=118>.

¹⁰⁹ Micheál Ó Tiománaidhe, e.g., *Abhráin Ghaedhilge an Iarthair* (Baile Átha Cliath: Conradh na Gaeilge, 1906), 3.

tráchtairacht léannta theangeolaíoch agus chanúineolaíoch ar na hamhráin inar léiríodh dearcadh a bhí piúratánach agus coimeádach i leith na Gaeilge. Tarraingíodh aird ar amhráin cosúil le ‘Banais Pheigí Ní Eaghra’, cuir i gcás, mar mhír nach raibh chomh glan sin ó thaobh na teanga de toisc focail Bhéarla a bheith ann. Bhí raidhse focal Béarla in ‘Amhrán na mBuachaillí Bána’ freisin ach thug na Máilligh a mbeannacht dó. Fearacht ‘An Druimfhionn Dubh’ a bhí molta chomh maith acu, bhí an tírghrá le brath ar amhrán Raiftearaí agus insint bháúil ann ar iarrachtaí Gael cur i gcoinne na gcoinníollacha mífhabharacha a bhí á leagan orthu faoi réimeas na Sasanach. Ní nach ionadh, is ar éigean a tráchtadh ar fhoinn na n-amhrán ar chor ar bith agus is beag aitheantas a tugadh do choincheap na leaganacha ach an oiread. Ainneoin nár chuir an bheirt Mháilleach aon stró orthu féin, is cosúil, rianú a dhéanamh ar amhránaíocht an réigiúin mar chleachtas ceoleolaíoch, bhí siad os cionn a mbuille i ngné na teanga den oidhreacht dúchais leis an tuiscint shaibhir a roinn siad ar thagairtí cultúrtha áitiúla agus ar ghnéithe de chanúint an cheantair.

Thug iarrachtaí na Máilleach agus sruth foilsitheoireachta thús na haoise gnéithe d’oidhreacht bhéil na Gaeilge isteach i bhfearann na litearthachta aibítire agus na foilsitheoireachta, feiniméin a bhí luaite, sa nua-stair, leis na sibhialtachtaí forbartha. Ina theannta sin, baineadh leas as roinnt de na bailiúcháin amhrán seo, mar a chonaic muid, sa chóras oideachais – an institiúid is mó a bhí luaite le cur chun cinn na litearthachta agus na sibhialtachta. Léiriú ar staid na ndaonnachtaí trí chéile san Eoraip ab ea an tiomantas don téacsúlacht – agus don fhileolaíocht – mar dhisciplíní léinn. Bhí an meas buanaithe, traidisiúnta i leith an chultúir scríofa i réim agus gan ach tuiscint theoranta, dá réir, ar an mbéalaireacht agus ar an gcultúr béil mar réimsí téagartha léinn iontu féin. Bheadh an chéad leath den fhichiú haois caite go maith sula dtabharfaí suntas don litríocht bhéil i smaointeoireachtaí scolártha, athrú ar tháinig ann dó mar thoradh ar shaothair leithéidí Albert Lord (1912-1991),¹¹⁰ Ruth Finnegan (1933-),¹¹¹ Walter Ong (1912-2003)¹¹² agus John Miles Foley (1947-

¹¹⁰ Bhain Lord ainm amach dó féin lena shaothar iomráiteach ar fhilíocht na mBalcán, *The Singer of Tales* (1960), a thug aitheantas don tobchumadóireacht chomh maith leis an láithriú ó bhéal.

¹¹¹ Tá *Oral Poetry: Its Nature, Significance and Social Context* (1977) agus *Literacy and Orality: Studies in the Technology of Communication* (1988) i measc fhoilseacháin shuntasacha Finnegan ina gcuirtear san áireamh filíocht bhéil na hÁise agus na hAfraice chomh maith le traidisiún na hEorpa. Scrúdaítear saintréithe na filíochta béil mar aon leis an gcaidreamh idir an file agus an pobal.

¹¹² Glactar go forleathan le *Orality and Literacy: The Technologizing of the Word* (1982) mar bhuaicshaothar Ong. I measc na n-ábhar a phléitear ann tá an claochlú a tháinig ar chumas agus stíl smaointeoireachta an duine le fás na litearthachta, mar aon le himpleachtaí níos leithne socheolaíoch na litearthachta agus na foilsitheoireachta.

2012),¹¹³ gan ach an beagán a lua. Tá sé tábhachtach na cúinsí níos leithne seo a chur san áireamh agus breith á tabhairt ar chnuasaigh amhrán na tréimhse seo. Modh nua seachadta ab ea an téacs a d'fhéadfadh míthuiscintí faoin seachadadh sóisialta idirphearsanta a chothú nó an idirghníomhaíocht sin a chur faoi chois fiú. Ní gá a rá go raibh an téacs scríofa réaduchtach agus gur ardaigh sé an baol go nglacfaí leis an leagan scríofa de mhír ar bith mar leagan caighdeánach den mhír sin. Saibhriú ar an traidisiún is ea seanchas na leaganacha agus na malairtí d'amhráin ach is beag aitheantas a fuair an feiniméan sin nuair a cuireadh an oidhreacht bhéil i láthair i bhfoirm agus i dtéarmaí tagartha na litearthachta. D'fhág an téacs scríofa freisin gurbh é an t-earra seachas an gníomh agus an próiseas cruthaitheach ba bhonn leis an earra a bhí tábhachtach go cultúrtha agus go socheolaíoch. Níl sa mhéid sin uilig ach dornán cúiseanna a raibh an téacsúlacht chomh mealltach sin – rinne sí ord den anord.

Más fíor nach raibh tuiscintí coibhinsiúnacha na ceoleolaíochta Eorpaí in ann freastal go sásúil ar dhinimicí thraidisiún beo amhránaíochta na Gaeilge, níor tháinig an bhearna sin chun cinn ar bhealach chomh suntasach sin toisc gurbh í an teanga seachas na foinn a fuair tús áite i gcuid mhaith de bhailiúcháin thús na haoise. Bhí ardéachtaí sa teanga déanta ag cuid mhór d'eagraitheoirí agus bailitheoirí na linne sin. Ní gá ach an bheirt Mháilleach a lua, cuir i gcás, ar ceapadh duine acu, Tomás, ina Ollamh le Gaeilge i gColáiste na hOllscoile, Gaillimh i 1909. Cainteoirí dúchais ab ea iad freisin, áfach, a tharraing ar an traidisiún a bhí i mbéal an dorais acu féin agus a d'aithin an fiúntas a bhí in éigse na háite. Fágann sé sin gur san idirspás, idir emic agus etic, mar a thuigtear na coincheapa sin sna heolaíochtaí sóisialta, ba chóra saothair leithéidí scoláirí a shuíomh. Tháinig mórán de na hiarrachtaí sainiú a dhéanamh ar an amhránaíocht thraidisiúnta i dtús an fhichiú haois chun cinn i gcomhthéacs inar cuireadh dúchas agus oiliúint araon san áireamh, mar sin. Chonacthas an tionchar a bhí ag an gceol ealaíonta Eorpach mar a rianaíodh thuas agus critéir mharcála do na comórtais amhránaíochta traidisiúnta á bhforbairt. Athchultúrú ann féin ab ea na tréaniarrachtaí a rinneadh foinn dhúchasacha na hÉireann a chur in oiriúint do chóras cliathnodaireachta na hEorpa, cuir i gcás. Ní féidir a rá, ar an mbunús sin, gur i gcodarsnacht go hiomlán le ceol ealaíonta na

¹¹³ Bhí *The Theory of Oral Composition: History and Methodology* (1988) agus *How to Read an Oral Poem* (2002) ar na foilseacháin a b'iomráití ag Foley. Bhain sé tuilleadh adhmaid sa chéad saothar as teoiricí Albert Lord faoin gcumadóireacht bhéil agus b'iarracht teideal paradacsúil agus ábhar an dara saothar smaointeoireacht a spreagadh a thabharfadh a ceart don fhilíocht bhéil i mórchomhthéacs na litearthachta agus na téacsúlachta.

hEorpa a roghnaíodh saintréithe na hamhránaíochta traidisiúnta. Tarraingíodh ar chleachtais agus ar nósanna áirithe a bhain le cultúr an cheoil sin agus diúltaíodh roimh ghnéithe eile de.

Tráchtadh sa chaibidil seo freisin ar thuiscintí Eoralárnacha i leith an hamhránaíochta agus í ag teacht chun cinn faoi scáth eagraíochtaí oifigiúla cosúil leis an Oireachtas agus an Fheis Cheoil. Chuir gluaiseachtaí agus eagraíochtaí dá leithéidí brí i saol na cathrach ach bhí na ceantair tuaithe fós fágtha in áit na leathphingine, ní díreach ó thaobh na heacnamaíochta agus na tionsclaíochta de ach ó thaobh chur chun cinn an chultúir sa dioscúrsa poiblí, náisiúnta freisin. Bhí cleachtais dhúchasacha cosúil leis an amhránaíocht thraidisiúnta á gcur in oiriúint d'institiúidí a bhain le saol na cathrach in ionaid fhoirmeálta cosúil le hallaí ceolchoirme agus amharclanna, agus iad ina gcuid den tráchtearrú agus den eacnamaíocht uirbeach. Cuireadh ina cheart, de bheagán, an t-ordlathas sa chaidreamh sóisialta idir aicmí éagsúla den phobal nuair a thosaigh gníomhartha forbartha teanga agus cultúrtha cosúil le bailiú amhrán i measc phobal na tuaithe agus cainteoirí dúchais na Gaeilge féin. Chuir athréimniú an Oireachtais i 1939, tar éis bearna cúig bliana déag, casadh nua sna tuiscintí i leith na hamhránaíochta traidisiúnta. Ardaíodh próifíl na Gaeltachta sa mhúnla nua agus ba theist ar an bhféinmhuinín chultúrtha an t-aistriú teanga go dtí an Ghaeilge i riaradh na féile. Más i gcomhthéacs na ceoleolaíochta Eorpaí a bhí coincheapú á dhéanamh ar an amhránaíocht thraidisiúnta go dtí sin, tháinig guthanna láidre Gaeltachta chun cinn sna daicheadaí a thug dúshlán na gcoincheap seo. Díreofar sa chéad chaibidil eile ar thuiscintí dúchasacha agus Gaeltachta i leith na hamhránaíochta agus mar a d'fhorbair na tuiscintí sin faoi scáth an Oireachtais athréimnithe go háirithe.

Caibidil a Trí

An Amhránaíocht ar an Sean-Nós agus Athréimniú an Oireachtais

Sé an sean-nós nó an Traditional singer an séala is measa a cuireadh ar na hamhráin Ghaedhealacha ariamh.¹

Bhí an chéad leath den fhichiú haois ar cheann de na tréimhsí ba mhó ina ndearnadh bainistiú ar theanga agus cultúr béil na Gaeilge ar samhlaíodh barántúlacht agus stairiúlacht leo seachas an claoclú dinimiciúil ar cuid den chomhaimsearthacht é. Tuiscint shamhlaíoch, idé-eolaíoch seachas eispéireasach ab ba bhonn leis an gcoincheapú a rinneadh ar phobal na Gaeltachta ar an mbunús gur neamhspleách ar an bpobal féin a tháinig go leor den smaointeoireacht ina leith chun cinn. Meafar don Ghaeltacht ab ea láithriú na n-amhrán traidisiúnta, dar le Costello, a áitíonn gur leithghabháil chultúrtha ab ea an caidreamh idir lucht eagraithe agus lucht láithrithe an Oireachtais: ‘the cultural expression of the *Gaeltacht* populace, an internal ‘Other’, is placed on stage to be gazed upon by largely urban middle class elites.’² Níl an chosúlacht ar an scéal gur cuireadh réalachas sóisialta phobal na Gaeilge san áireamh sa léamh teoranta, rómánsúil a rinneadh ar an bpobal sin i gcomhthéacs na n-ealaíona. D’fhág cúinsí níos leithne polaitiúla agus eacnamaíocha na hÉireann sna fichidí agus sna tríochaidí go raibh ionadaíocht phraiticiúil ó lucht labhartha na Gaeilge riachtanach, áfach, i mballraíocht agus i struchtúr nua an Oireachtais dá mb’áil leis dul i bhfeidhm ar phobal na Gaeltachta. Tosaíodh, mar thoradh ar na hathruithe seo, ag déanamh cúram den Ghaeilge agus den chultúr dúchais ar bhealach pragmatach seachas a bheith á samhlú ar bhonn teoiriciúil, coincheapúil.

Spléachadh ar chinniúint na Gaeilge sa státchóras is ea é, dar liom, go bhfuil na dúshlán chéanna roimh an teanga inniu is a bhí beagnach céad bliain ó shin, is é sin, go bhfuil infheistíocht airgid agus toil riachtanach lena cur chun cinn. Tá cur síos fuarchúiseach déanta ag Aindrias Ó Muimhneacháin ar an drochstaid ina raibh Coiste Gnó Chonradh na Gaeilge tar éis choimhlintí polaitiúla thús na bhfichidí, cuir i gcás. Cailteanas £518 a bhain le hOireachtas 1923 i mBaile Átha Cliath, agus £400 a bhí an Conradh as póca de bharr féile 1924 a reáchtáladh i gCorcaigh.³ Is cosúil go raibh an toil i gcónaí ann athréimniú a dhéanamh ar an Oireachtas agus go mbíodh moltaí á gcur chun cinn ó am go chéile i gcaitheamh na bhfichidí go ndéanfaí amhlaidh ach

¹ Sorchá Ní Ghuairim, ‘Symposium ar Amhránaidheacht na Gaedhealtachta,’ Oireachtas 1943. Tá tras-scríbhinn de chainteanna an tsiompóisiam le fáil ag deireadh na caibidle seo, lgh. 111-26.

² Éamonn Costello, ‘*Sean-Nós Singing and Oireachtas na Gaeilge: Identity, Romantic Nationalism, and the Agency of the Gaeltacht Community Nexus*’ (Tráchtas PhD, Ollscoil Luimnigh, 2015), 96.

³ Ó Muimhneacháin, *Dóchas agus Duainéis*, 39-42.

gur beag acmhainní a bhí ar fáil chuige sin. Mura raibh Oireachtas san Ardchathair, áfach, údar misnigh ab ea a rathúla is a bhí ag éirí le Feis Átha Cliath i rith na dtríochaidí agus bhí tionchar aige sin ar an gcinneadh deiridh tabhairt faoi athbheochan an Oireachtais.⁴ Níl fúm mionsonraí na n-ullmhúchán a ríomh anseo ach ba mhaith liom aird a tharraingt ar an bpróifíl ó thaobh ballraíochta agus rannpháirtíochta de i struchtúr nua an Oireachtais. Tuigeadh ó thús na hiarrachta go gcaithfí tacaíocht airgid a fháil ón rialtas agus ón bpobal araon, agus iarradh go háirithe, cúnamh ó na cumainn ar fad a bhí páirteach i ngluaiseacht na Gaeilge, ina measc, Clann na hÉireann, An Fáinne, An Comhar Drámaíochta, Coiste na bPáistí agus An Coimisiún Rince gan ach cúpla ceann a lua. Bhí deireadh leis an dátheangachas i riaradh na hócáide agus tháinig cainteoirí dúchais Gaeilge agus daoine de bhunadh na Gaeltachta chun cinn a mbeadh lámh acu in éabhlóid na féile agus a thabharfadh léargas úr ar chleachtais chultúrtha na cosmhuintire.

Ba é Conradh na Gaeilge, ar ndóigh, máthaireagraíocht Oireachtas na Gaeilge go stairiúil agus go hoifigiúil, cé gur lagadh an ceangail sin de bheagán de réir mar a mhéadaigh an rannpháirtíocht ó chumainn Ghaeilge ar fud na tíre.⁵ Tá sé tábhachtach, a aithint, freisin, gurbh é an Conradh ba mó a rinne stocaireacht ar son phobal na Gaeilge le rialtas an Stáit nuabhunaithe i gcaitheamh na bhfichidí agus na dtríochaidí. Bhí urlabhraithe ag feidhmiú sa Dáil thar ceann Choiste Gnó an Chonartha a chuireadh moltaí chun cinn chun stádas agus úsáid na Gaeilge sa reachtaíocht agus sa riarachán poiblí a neartú. Caidreamh achrannach ab ea é siúd idir an Conradh agus an Stát, áfach. Ba é córas Shasana, den chuid is mó, a bhí fágtha le huacht ag an rialtas nuabhunaithe maidir leis an riarachán poiblí, go háirithe cúrsaí dlí agus na cúirteanna, agus is beag fáilte a cuireadh roimh an nGaeilge sa chóras sin.⁶ Bhí drogall i leith na Gaeilge le brath trasna an chórais ar fad agus méadú ag teacht ar líon na dteachtaí agus na n-ionadaithe poiblí nach raibh an teanga ar a gcumas acu. Níor mhór ag an rialtas fiú luach siombalach na Gaeilge i sainiú an náisiúin nua a aithint. I bhfómhar na bliana 1923, tharraing an Teachta Pádraig Ó hÓgáin (1885-1969) as Páirtí an Lucht Oibre anuas neamhaird an rialtais i leith na Gaeilge sa chomhthéacs idirnáisiúnta tar éis don Saorstát dul isteach i gConradh na

⁴ Is cosúil go raibh 3,255 iomaitheoir páirteach i bhFeis Átha Cliath sa bhliain 1935. Eibhlín Ní Chathailriabhaigh, 'Pádraig Ó Siochfhradha ('An Seabhac') agus Athbheochan an Oireachtais,' in *Oireachtas na Gaeilge 1897-1997*, ead. Proinsias Mac Aonghusa (Baile Átha Cliath: Conradh na Gaeilge, 1997), 56.

⁵ Costello, 'Sean-Nós Singing and Oireachtas na Gaeilge,' 101.

⁶ Ó Muimhneacháin, *Dóchas agus Duainéis*, 179.

Náisiún. Deis amú ab ea é, dar leis, nár bhain an rialtas leas as an ócáid sin chun sainiúlacht an náisiúin nua a dhaingniú ar bhonn domhanda agus aitheantas a thabhairt don ról a bhí ag an nGaeilge i dteacht chun cinn an náisiúin sin.⁷ Is cosúil gur beag aird a tugadh ar a ghearán ach is léir gur tuigeadh do mhionlach áirithe go raibh íoróin ag baint le ballraíocht a bheith ag Éirinn i gConradh na Náisiún fad is a bhí sí ag séanadh, nach mór, an ghné ba shuntasáí dá féiniúlacht mar náisiún.

I gcomhthéacs níos praiticiúla, bhí stádas agus úsáid na Gaeilge sa tseirbhís phoiblí ar cheann de na cathanna leanúnacha idir urlabhraithe Chonradh na Gaeilge agus ionadaithe an rialtais. Ní mór smaoineamh nár tháinig ann d'aireacht ar leith a bhí in ainm is cúram a dhéanamh de theanga agus pobal na Gaeilge ar bhonn oifigiúil go dtí 1956. Idir an dá linn, bhí tionchar á imirt ag an gConradh ar an gcaidreamh idir an Stát agus pobal na Gaeilge sna hiarrachtaí a rinne siad ceart dlíthiúil a dhéanamh den Ghaeilge do na pobail sin. Rinneadh iarrachtaí cur ina luí ar ranna rialtais éagsúla go raibh riachtanais teanga ar leith ag an nGaeltacht agus d'éiligh go mbeadh Gaeilge ar a dtoil ag cléirigh chúirte, Gardaí agus seirbhísigh phoiblí eile a bhí lonnaithe sna ceantair sin.⁸ Bíodh is nár éirigh ach go measartha leis na feachtais an Ghaeilge a chur chun cinn sa státseirbhís, d'éirigh leis an teanga próifíl réasúnta ard a bhaint amach sa chóras oideachais, go háirithe sa bhunoideachas.⁹ Ainneoin go rabhthas ag tagairt don Ghaeltacht mar cheantar tíreolaíoch ar leith ó dheireadh an naoú céad déag,¹⁰ ba i mblianta luatha ré an tSaorstáit a tháinig sí chun cinn mar choincheap polaitiúil comhaimseartha agus a rinneadh daingniú ar theorainneacha tíreolaíocha na réigiún sin. Ba é Coimisiún na Gaeltachta, a bhunaigh an rialtas i 1925, faoi deara an beart deiridh sin. Bhí mar thoradh ar shuirbhéanna agus staitisticí thuarascáil an Choimisiúin, a foilsíodh i 1926, gur leagadh amach go follasach na ceantair ina raibh an Ghaeilge ina teanga laethúil ag céatadán suntasach den phobal.¹¹ Deimhniú ab ea an fhaisnéis a bhí sa tuarascáil freisin, áfach, ar an drochstaid ina raibh cúrsaí eacnamaíochta agus fostaíochta sna ceantair Ghaeltachta. Mar a mheabhraíonn Walsh,¹² ba iad seo na ceantair chéanna a bhí tagtha faoi chúram Bhord na gCeantar

⁷ Ó Muimhneacháin, *Dóchas agus Duainéis*, 178.

⁸ *Ibid.*, 182-83.

⁹ Tadhg Ó hIfearnáin, 'Irish-Speaking Society and the State,' in *The Celtic Languages*, 2ú heagrán, eag. Martin J. Ball agus Nicole Müller (London: Routledge, 2009), 551-552.

¹⁰ Ó Torna, *Cruthú na Gaeltachta*, 42-43.

¹¹ Socraíodh dhá rangú do na ceantair Ghaeltachta, áit a dtabharfaí 'Fíor-Ghaeltacht' ar na ceantair sin ina raibh an Ghaeilge ag níos mó ná 80% den phobal agus 'Breac-Ghaeltacht' ar na réigiúin ina raibh an Ghaeilge ag idir 25% agus 79% de na daoine. John Walsh, *Díchoimisiúin Teanga: Coimisiún na Gaeltachta 1926* (Baile Átha Cliath: Cois Life, 2002), 12.

¹² Walsh, *Díchoimisiúin Teanga*, 11.

Cúng nuair a bunaíodh an eagraíocht sin in 1891. Cor cinniúna ab ea tátail na Tuarascála a léirigh gur mhór idir an tsamhail sheachtrach shoineanta den Ghaeltacht a bhí i réim ó ré na hAthbheochana agus caighdeán maireachtála phobal na Gaeltachta ar leibhéal iarbhír.

Togra Stáit ab ea obair an Choimisiúin, ar ndóigh, ach tá sé suntasach sa mhéid is go raibh obair pháirce i measc na ndaoine féin ina cuid de mhodheolaíocht an tionscadail. Bíodh is gurbh iad na múinteoirí scoile agus na sagairt paróiste ba mhó a raibh ionchur acu agus an t-eolas á chnuasú, b'ionadaithe iontaofa ar son an phobail iad agus bhí muinín le cur sna ráitis agus sna tuairimí a roinn siad. Rinneadh ionadaíocht théagartha inchreidthe ar *Weltanschauung* faoi leith a bhí i réim i measc mhuintir na Gaeltachta i dtaca le réimsí éagsúla den saol. É sin ráite, caithfear smaoinemh gur as baile isteach agus ón mbarr anuas a tháinig an rangú agus an ainmníocht a úsáideadh i leith phobal labhartha na Gaeilge mar 'Gaeltacht' agus ní ó na daoine féin. Ba bheag cainteoir dúchais a bhí gníomhach i struchtúir chumhachta an Stáit cosúil leis an gcóras polaitiúil, an córas dlí ná fiú an státseirbhís féin ag an am. Tarraingíonn Ó hIfearnáin aird ar an mbainistiú a rinneadh ar na pobail sin agus ar a n-easpa smachta ina gcinniúint féin ó thaobh na teanga de: '...at no stage until the last quarter of the twentieth-century were the Irish speaking people of the Gaeltacht centrally involved in the decision-making process in regard to language matters that has so deeply affected the life of their communities.'¹³ Ba léir do chuid mhaith de na pobail Ghaeltachta go raibh scoilt ollmhór idir cumas sa Ghaeilge agus deiseanna dul chun cinn a dhéanamh sa saol poiblí. Más tada, samhlaíodh do sciar suntasach de phobal na Gaeilge gur luachanna iad seo a tháinig salach ar a chéile. Níl teorainn leis an bhfianaise atá ar fáil i dtuarascáil an Choimisiúin den mheon a bhí i réim maidir leis an nGaeilge féin nár samhlaíodh léi ach imeallú, cailteanas agus bochtanas.¹⁴

Bheadh sé faillíoch gan an comhthéacs níos leithne polaitiúil agus sóisialta seo ag druidim i dtreo lár an chéid a chur san áireamh agus gluaiseacht Ghaeilge na linne sin, a raibh athbheochan an Oireachtais ina cuid de, á plé. Mar a luadh, bhí

¹³ Ó hIfearnáin, 'Irish-Speaking Society and the State,' 547.

¹⁴ Thug an tAthair Micheál Mac an Mhílidh, Tuaim, Co. na Gaillimhe an ráiteas seo, mar shampla, d'oifigigh an Choimisiúin, 'The parents don't see that they have a treasure in Irish because they see poverty associated with Irish, and officials and others like that speaking English.' Luaite in Walsh, *Díchoimisiúnú Teanga*, 126. D'úsáid an Dr Bartley O'Beirne, oifigeach eitinne do Chontae na Gaillimhe, samhail níos drámatúla fós ina chur síos ar mheon an phobail i leith na Geailge: 'They look on it more or less as the badge of slaves.' *Ibid.*, 128.

rannpháirtíocht mhuintir na Gaeltachta agus na tuaithe ar cheann de na tosca ba láidre a rinne sainiú ar an Oireachtas ina riocht nua le hais mar a bhí sé roimh bhunú an Stáit. Ar bhonn teoiriciúil agus idé-eolaíoch, dul chun cinn ab ea an infheistíocht a bhí á déanamh sa teanga agus sa chultúr dúchais ag an sciar níos leithne seo den phobal. Má bhí ilghnéitheacht le brath ar bhallraíocht ghluaiseacht na Gaeilge tar éis bhunú an tSaorstáit, áfach, bhí níos mó ná cinniúint na Gaeilge ag dó na geirbe ag riar suntasach acu siúd a bhí gníomhach san fheachtas. Ní cúis iontais é go raibh nuálaíocht agus dul chun cinn eacnamaíoch agus sóisialta go hard ar an gclár oibre ag eagraíochtaí agus daoine aonair a bhí gníomhach sa saol poiblí in Éirinn nuair a tháinig Fianna Fáil i gcumhacht i 1932. Ba thoradh é, cuid mhaith, ar an gceannaireacht choimeádach, chúlanta a bhí i réim agus Cumann na nGaedheal i mbun chéad rialtas an tSaorstáit ó 1922.¹⁵ Tosaíodh ag déanamh níos mó éileamh maidir le ceisteanna sóisialta agus eacnamaíochta. An neamhspleáchas polaitiúil a thabhairt chun críche, mar aon le cúram a dhéanamh de cheisteanna cultúrtha, is cosúil, na dúshlán ba mhó a raibh Fianna Fáil gafa leo ón uair a bunaíodh an páirtí i 1927. Faoi thús na dtríochaidí, áfach, bhí straitéis eacnamaíoch a raibh téagar inti forbartha acu agus iad ag cur cois i dtaca maidir le staid eacnamaíoch agus caighdeán maireachtála na cosmhuintire faoin tuath mar aon le lucht oibre na gceathracha. Tharraing a n-éilimh maidir le féinsoláthar eacnamaíoch agus ceart agus úinéireacht shóisialta aird ar na pobail ba leochailí sa tír, na ceantair Ghaeltachta ina measc.

Níor bheag le rá an líon díograiseoirí teanga a tháinig chun cinn le linn na dtríochaidí a raibh bá acu le *mentalité* an tsóisialachais. Ar dhuine de ghníomhaithe teanga na linne seo bhí Micheál Ó Maoláin (1881-1956) as Árann a rinne cion fir ar son aicme agus ghluaiseacht an lucht oibre agus an cheardchumannachais i mBaile Átha Cliath. Bhí lámh mhór aige i mbunú Choiste na bPáistí i 1932, a chuir roimhe tréimhse shaoire a eagrú i nGaeltacht Chonamara do pháistí an lucht oibre.¹⁶ Ar na hábhair ba mhó ba chás leis bhí staid na Gaeltachta agus an eapsa teagmhála agus tuisceana a bhí idir Conradh na Gaeilge agus pobal na Gaeltachta féin.¹⁷ Ba faoi stiúir an Stáit a

¹⁵ Is cur síos achomair amháin é seo ar cheannaireacht Chumann na nGaedheal sna 1920í: 'Cumann na nGaedheal's basic attitude differed little from that of the British Conservative party between 1895 and 1905: a well-governed Ireland would receive positive economic benefits from its association with Britain, and quickly forget old passions and hatreds.' E. Rumpf and A.C. Hepburn, *Nationalism and Socialism in Twentieth-Century Ireland* (Liverpool: Liverpool University Press, 1977), 73.

¹⁶ Aindrias Ó Cathasaigh, *Ré Nua os comhair na nGael?: Conspóidí Chonradh na Gaeilge 1932-1939* (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 2009), 52.

¹⁷ Níor thada as an ngnáth é, dar leis, craobhacha den Chonradh a bheith á mbunú i gceantair tuaithe i ngan fhios go hiomlán do chainteoirí dúchais áitiúla an phobail agus ar an dul céanna, nach raibh a

bhí gluaiseacht na Gaeilge anois ar bhonn oifigiúil tharla rialtas dúchais i bhfeighil na tíre. Bhí tuilleadh ann le hais Mhichíl Uí Mhaoláin a mba léir dóibh gur beag tionchar a bhí ag gluaiseacht oifigiúil na Gaeilge ar phobal beo comhaimseartha na Gaeltachta. Ina measc bhí Séamus Ó Grianna, agus b'annamh a scaoil sé an deis thairis fogha a thabhairt faoi ghluaiseacht oifigiúil na Gaeilge agus iarrachtaí na hAthbheochana, rud a rinne sé go binbeach, searbh ar uairibh in ailt in *An tUltach*, *The Derry Journal* agus *Fáinne an Lae* a raibh sé ina eagarthóir air ó 1927 go dtí 1929. Ba é an t-ionsaí leanúnach ar institiúidí agus pearsana ghluaiseacht na Gaeilge a chuir deireadh lena thréimhse mar eagarthóir ar an nuachtán deireanach sin. Bíodh is gur eagraíocht pobail seachas cumann léannta nó intleachtúil ab ea Conradh na Gaeilge, bhí amhras ar Ó Grianna agus daoine nach é go raibh an Conradh ródhílis don mheánaicme uirbeach as ar eascair sé i gcéaduaire. Ba é an rialtas trí chéile a bhíodh á cháineadh go minic ag Ó Grianna ar ndóigh, agus é criticiúil go háirithe faoi Choimisiún na Gaeltachta nach raibh ann, dar leis, ach seift a chuir an dallamullóg ar lucht cosanta na teanga agus chun a gcuid gearán a choinneáil ó dhoras.¹⁸ Beag beann ar a ndíograis, d'ionsaigh sé go háirithe daoine a bhíodh ag stocaireacht ar son na Gaeilge ach nach raibh Gaeilge na Gaeltachta tugtha leo ar a dtoil acu de réir mar a tuigeadh dósan.¹⁹ Bíodh is go dtarraingíodh sé trioblóid air féin ar bhonn pearsanta agus gairmiúil, aithnítear freisin gur dhuine é a chuir a dheisbhéalacht focal ag obair chun tairbhe mhuintir na Gaeltachta: 'ní raibh ag an nGaeltacht lena linn cathurra agus crann seasta ba chumasaí ná ba dhílse ná é'.²⁰

Más fíor do Phroinsias Mac Aonghusa, ba é athréimniú an Oireachtais an gníomh aonair ba thábhachtaí a rinne Conradh na Gaeilge ó bunaíodh an Saorstát.²¹ Ina dhiaidh sin féin, tugadh dúshlán an Chonartha maidir leis an ionadaíocht a bhí á déanamh aige ar phobal Gaeilge na tíre ar bhonn leathan. Ábhar casaoide laistigh de ghluaiseacht na teanga sa tréimhse seo ab ea imeallú mhuintir na Gaeltachta agus an caidreamh míshásúil idir an aicme cheannais agus an chosmhuintir. Bhí athréimniú an Oireachtais ar cheann de na comhthéacsanna inar ghéaraigh ar an gcoimhlint sin,

fhios ag lucht an Chonartha gurbh ann ar chor ar bith do phobal labhartha Gaeilge áitiúil. Micheál Ó Maoláin, litir, *An t-Éireannach*, Eanáir 5, 1935, 4.

¹⁸ Gearóid Ó Casaide, 'Máire mar Eagarthóir ar *Iris an Fháinne* agus *Fáinne an Lae*,' in *Jonnen Khordaroy Answers Critics: Léachtaí Cuimhneacháin ar Shéamas Ó Grianna "Máire" (1889-1969)*, eag. Nollaig Mac Congáil (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 1992), 148.

¹⁹ Regina Uí Chollatáin, *An Claidheamh Soluis agus Fáinne an Lae (1899-1932)* (Baile Átha Cliath: Cois Life, 2004), 199-200.

²⁰ Ó Muimhneacháin, *Dóchas agus Duainéis*, 116.

²¹ Proinsias Mac Aonghusa, 'Aindrias Ó Muimhneacháin (1905-1989),' in *Cuimhní Cinn ar an Oireachtas*, eag. Seán Mac Mathúna (Baile Átha Cliath: Conradh na Gaeilge, 1997), 142.

agus ba ghníomhaithe teanga a bhí ag éagaoin freisin faoi easpa dul chun cinn maidir le forbairt na tuaithe agus an ceartas sóisialta ba mhó faoi deara é sin. Bíodh is gur éirigh leis an gcoiste athréimnithe ionadaíocht ó cheantair tuaithe agus Gaeltachta a mhealladh i dtreo na hiarrachta, d'fhág sé go mbeadh orthu aird a thabhairt ar na héilimh agus ar an gclár oibre a chuir na pobail sin faoina mbráid. Bhí an timire aitheanta de chuid an Chonartha, Peadar Ó hAnnracháin (1873-1965), den tuairim nach raibh ag éirí leis an Oireachtas dul i bhfeidhm ach ar líon teoranta den phobal ó cheann ceann na tíre.²² Chuir duine eile i leith choiste an Oireachtais go raibh an lucht eagraithe chomh scartha ó phobal na Gaeltachta 'agus a bhí rialathóirí Chaisleán Átha Cliath riamh'.²³ Ciarraíoch fir, Fionán Breathnach, agus fear a bhí ag teacht chun cinn i gcúrsaí polaitíochta ag an am, ab ea an té sin. Is ar éigean gur comhtharlúint é gur le Clann na Poblachta, páirtí a bhí gníomhach i ngluaiseacht an daonlathais shóisialta, a chuaigh sé sna blianta ina dhiaidh sin agus é ag seasamh i dtrí thoghchán dóibh sna daicheadaí agus sna caogaidí.

D'fhéadfadh sé nach raibh an Breathnach, ná daoine eile a bhí ar aon intinn leis, as bealach ar fad ina gclamhsán faoi choiste an Oireachtais agus iad ag fáil faoi réir d'fhéile 1939. Ar cheann de na chéad bhearta a rinneadh, moladh coiste 'de dhaoine go bhfuil meas agus cáil i measc Gael orthu'²⁴ a bhunú. Is ábhar suntais na tréaniarrachtaí a rinne an lucht eagraithe le cinntiú gur measúlacht agus *decorum* is túisce a luafaí leis an ócáid. Is léir gur tuigeadh don choiste nárbh fhéidir é sin a bhaint amach gan aicme áirithe daoine a bheith i láthair ag an bhféile. Seoladh litir chuig daoine mór le rá, lucht polaitíochta go háirithe, ag iarraidh a dtacaíocht phoiblí agus ag cur in iúl dóibh go raibh Uachtarán na tíre, Dubhghlas de hÍde, mar aon leis an Taoiseach Éamon de Valera, tar éis a mbeannacht a thabhairt don ócáid cheana féin.²⁵ Ba iad a leithéidí siúd a luadh i dtuairiscí faoin Oireachtas a foilsíodh sna nuachtáin sna leathanta a lean agus a ainmníodh ar an aer agus Raidió Éireann ag craoladh ón ócáid i 1939.²⁶ Ba iad ba mhó freisin, ina gcuid éadaí tráthnóna, a d'fhreastalaíodh ar ócáid fáiltithe an Oireachtais. Thabharfadh sé le fios go bhféadfadh an teacht i láthair fisiciúil agus sóisialta a bheith ina shiombail den

²² Proinsias Mac Aonghusa, *Ar Son na Gaeilge: Conradh na Gaeilge 1893-1993* (Baile Átha Cliath: Conradh na Gaeilge, 1993), 271.

²³ Luaite in Proinsias Ó Conluain, 'Cuimhní Oireachtais,' in Mac Mathúna, ead., *Cuimhní Cinn ar an Oireachtas*, 38.

²⁴ Proinsias Mac Aonghusa, 'Athréimniú an Oireachtais,' in *Oireachtas na Gaeilge 1897-1997*, ead. Proinsias Mac Aonghusa (Baile Átha Cliath: Conradh na Gaeilge, 1997), 67.

²⁵ *Ibid.*, 69-70.

²⁶ Proinsias Mac Aonghusa, 'Tae agus Suí Caidrimh,' in Mac Mathúna, ead., *Cuimhní Cinn ar an Oireachtas*, 54-55.

uaisleacht a santaíodh chomh mór sin. Ba den riachtanas é cruthú go bhféadfaí ócáid Ghaeilge a bheadh ar aon dul lena macasamhail sa Bhéarla a reáchtáil i dTeach an Ardmhéara i lár Bhaile Átha Cliath.

I bhfianaise na staire, tá sé deacair gan géilleadh do chuid de choincheapa seanbhunaithe an iarchoilíneachais agus léamh á dhéanamh ar an iompar seo de chuid mheánaicme ghluaiseacht na Gaeilge. Is fiú an caidreamh dénártha idir an aicme cheannais agus an *Pöbel*, nó idir lucht cathrach agus muintir na tuaithe nó fiú idir oirthear agus iarthar i gcás na hÉireann féin go tíreolaíoch, a chur san áireamh agus an Ghaeilge á cur chun cinn sa Stát nuabhunaithe. Níl aon cheist ach go raibh an sodar i ndiaidh na huaisleachta, uaisleacht a samhlaíodh le hoidhreacht an choilíní seachas leis an tsuibíacht, le brath ar iompar roinnt d'athbheochanóirí na tréimhse seo. Meabhraíonn sé, dar liom, na braistintí neamhinniúlachta agus náire a dtráchtann leithéidí Albert Memmi agus Frantz Fanon orthu a bhíonn comónta ina measc siúd arb é a dtaithí é a bheith faoi chois. Fuasclaíonn an pobal dúchais ó chuing na daoirse é féin trí chomhtháthú leis an lucht ceannais seachas cur ina gcoinne: 'The colonized intellectual has invested his aggression in his barely veiled wish to be assimilated to the colonizer's world.'²⁷ Tá an mhian seo faoi réir ag réimse leathan mothúchán ón náire go dtí an fhéinghráin, dar le Memmi.²⁸ Is trí aithris ar nósmhaireachtaí an choilíní a thugtar faoin gcomhtháthú, rud a fhágann go bhfuil an féindiúltú i gceist freisin. Neamhaird, nach mór, is gá a thabhairt ar an staid choilíneach sa chéad áit má tá cothrom na Féinne le baint amach sa chaidreamh míchothrom idir an pobal dúchais agus an coimhthíoch: 'The first ambition of the colonized is to become equal to that splendid model and to resemble him to the point of disappearing in him.'²⁹ Ag cur na híde-eolaíochta go leataobh, sílim gur léiriú an dílseacht do nósmhaireachtaí Gallda de chuid lucht athbheochana na teanga go raibh siad ag streachailt ar uairibh le heaspa dóchais agus muiníne i leith an chultúir dúchais a d'fhéach siad le cur chun cinn. Tugann cúinsí na staire mar sin, míniú bailí amháin ar an amhras a caitheadh orthu ó am go chéile agus iad i dtús na hiarrachta go háirithe.

Ba don easpa muiníne chéanna a thagair an té ba mhó a thug dúshlán lucht eagraithe an Oireachtais, Seán Beaumont (1893-1959), in alt san *Irish Times* agus féile na

²⁷ Frantz Fanon, *The Wretched of the Earth*, aistriú ag Constance Farrington (London: Penguin Books, 1967), 22.

²⁸ 'Love of the colonizer is subtended by a complex of feelings ranging from shame to self-hate.' Albert Memmi, *The Colonizer and the Colonized*, aistriú ag Howard Greenfeld (London: Earthscan Publications, 1990), 187.

²⁹ *Ibid.*, 186.

bliana 1939 faoi lántseoil. Dar leis nach raibh dóthain muiníne á léiriú i gcultúr ná i bpobal na Gaeltachta ag coiste an Oireachtais agus nach bhféadfaí beart ar fónamh a dhéanamh don teanga fad is bhí an dílseacht don ‘saol ardnósach’ in uachtar. Sóisialach aitheanta ab ea Beaumont agus impí a bhí san alt athmhachnamh a dhéanamh ar an ordlathas sóisialta seanbhunaithe agus a aithint gur aicme ar leith pobal na Gaeltachta a raibh an dualgas ann freastal orthu:

Caithfear a thuiscint gurb é fear an bháinín an fear ar fónamh i saol na hÉireann, agus má tá coiste an Oireachtais ag rith ar a leas tabharfaidh siad tús áite d’fhear na Gaeltachta agus cúl don bhoicín.³⁰

Níor chonraitheoir coibhinsiúnach Beaumont ach an oiread. Preisbitéireach as Maigh Eo a bhí ann ar cuireadh oideachas i mBaile Átha Cliath air. Bhí sé ina Phríomhfheidhmeannach ar Choiste Gairmoideachais Bhaile Átha Cliath ó 1925-1929, agus sna deich mbliana fichead ina dhiaidh sin, ina léachtóir le Gaeilge agus Matamaitic i gColáiste na Tríonóide. Ba mhinic é féin agus an Conradh in adharca a chéile toisc a thugtha is a bhí siad, dar leis, d’fheachtais shuaracha in aghaidh na gcluichí, na rincí agus an cheoil ghallda a bhí ag teacht chun cinn sa tír i rith na dtríochaidí i leaba díriú ar chur chun cinn na teanga féin.³¹ Gníomhaí praiticiúil ar son phobal na Gaeltachta ab ea Beaumont freisin. Tá a shliocht sin ar a shaothar sa nuachtán seachtainiúil, *An t-Éireannach*, a bhunaigh sé i 1934 arbh iad muintir na Gaeltachta a spriocphobal. Tráchtadh go rialta agus go cuimsitheach ar staid na Gaeltachta sa nuachtán, go háirithe i dtaca leis an náisiúnachas agus an réabhlóid shóisialta.³²

Ní foláir nó gur cuireadh san áireamh i gclár oibre an Oireachtais tuairimíocht Beaumont agus daoine nach é maidir le haitheantas ar leith a thabhairt do phobal na Gaeltachta ag an bhféile. Tosaíodh i 1940 ar chomórtais idirchúige, mar a tugadh orthu, a eagrú go sainiúil do mhuintir na Gaeltachta. Ba iad teidil na gcomórtas sin, ‘scéalaíocht’, ‘agallamh beirte’, ‘greas cabaireachta grinn’ agus ‘amhránaíocht ar an sean-nós’.³³ Ba í seo an bhliain ar cuireadh an tabhartas airgid a bhí bronnta ag Edward Martyn ar Chonradh na Gaeilge ar mhaithe leis an nGaeltacht ag obair ar son an phobail sin freisin. Ach an oiread leis na comórtais sna healaíona béil, ba ar an

³⁰ Seán Beaumont, ‘Athbheochaint an Oireachtais,’ *Irish Times*, 4 Samhain 1939, 3.

³¹ Ba é toradh an gcoimhlintí seo gur fhág Seán Beaumont Conradh na Gaeilge i 1934 cé gur fhill sé dornán blianta ina dhiaidh sin. Tá conspóidí na mblianta seo pléite in Ó Cathasaigh, *Ré Nua*, 39-58.

³² Éamon Ó Ciosáin, *An t-Éireannach, 1934-1937: Nuachtán Sóisialach Gaeltachta* (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta., 1993), 221.

³³ Outline of Programme for An tOireachtas, 1940, Oireachtas na Gaeilge Papers, LS 1,360/10, An Leabharlann Náisiúnta.

teanga a díródh i gCorn an Mháirtínigh chomh maith. Comórtais d'aistí faoi ábhair éagsúla a bhí i gceist: an fheirmeoireacht sa Ghaeltacht, an iascaireacht farraige sa Ghaeltacht, tionscail na tuaithe agus an bealach ab fhearr £1000 a chaitheamh sa Ghaeltacht ar mhaithe leis an teanga. Bhí ionadaíocht ag ceantar Charna i roinnt de na comórtais seo fiú an chéad bhliain, 1940, ar réachtáladh iad. D'éirigh leis an bhfonnadóir, Seosamh Ó hÉanaí as an Aird Thoir, an dara háit (roinnte) a bhaint amach ar an aiste a scríobh sé faoin bhfeirmeoireacht sa Ghaeltacht.³⁴ Pádraic Mac an Iomaire as an gCoillín a bhain amach an chéad duais sa chomórtas scéalaíochta agus bronnadh an dara duais ar a chomharsa, Pádraic 'ac Dhonnchadha (Liam) as an mbaile fearainn céanna.

Tá forbairtí eile a tháinig chun cinn mar chuid den Oireachtas sna daicheadaí luatha a léirigh go raibh próifíl na Gaeltachta ardaithe go suntasach i múnla nua na féile. Tosaíodh ar 'Lá na Gaeltachta' a eagrú ag Oireachtas 1941, tráth a réachtáiltí na comórtais ar fad d'iomaitheoirí na Gaeltachta. Ba í an Ghaeltacht an t-ábhar a roghnaíodh do léacht an Oireachtais i 1941 freisin. 'Tionchar an Ghalldachais fós ar an Ghaeltacht' ab ea teideal na cainte agus b'fhear darbh ainm Seán Ó Cinnéide a thug uaidh í. Cor eile sa dioscúrsa leanúnach faoi pholaitíocht an aicmeachais ab ea an chaint, agus Ó Cinnéide ag tapú deiseanna aird a tharraingt ar an easpa tuisceana agus measa a bhí ag lucht ceannais an tSaorstáit ar phobal labhartha na Gaeilge. Chaithfí dúshlán daoine 'mór-chúiseacha, mór-cheannasacha sa tír'³⁵ a thabhairt má bhíodhas ag iarraidh an Ghaeltacht a thabhairt slán. Ba iad na daoine céanna sin a bhí ar a mbionda ag iarraidh an Ghaeltacht a scriosadh, dar le hÓ Cinnéide.³⁶ Cuireadh bonn níos oifigiúla fós faoi rannpháirtíocht mhuintir na Gaeltachta san Oireachtas nuair a bunaíodh Fochoiste na Gaeltachta i 1942. Ba de bhunadh na Gaeltachta formhór bhaill an choiste féin, An Seabhac, Aindrias Ó Muimhneacháin, Pádraig Ó hUallacháin, Sorcha Ní Ghuairim, Mairéad Uí Mhurchadha agus Seán Ó Buachalla. Trí aidhm a chuir siad rompu: cúram a dhéanamh de na comórtais idirchúige, oíche

³⁴ Ba é Pádraig S. Ó Cualáin as an Teach Mór Thiar in Indreabhán an t-iomaitheoir eile a tháinig sa dara háit le hÓ hÉanaí. *Adjudicators' Reports, 1940, Oireachtas na Gaeilge Papers, LS 1,365/9, An Leabharlann Náisiúnta.*

³⁵ Seán Ó Cinnéide, 'Tionchar an Ghalldachais fós ar an Ghaedhealtacht,' 1. *Speeches/Lectures to mark the Opening of Oireachtas na Gaeilge, Oireachtas na Gaeilge Papers, LS ,1325/1.*

³⁶ 'Níl aonduine a chaith lá sa Ghaedhealtacht ariamh nach bhfacaidh daoine "galánta" mó-chúiseacha (*sic*) ar thréin a ndíchill ag iarraidh an Ghaedhealtacht, an seod náisiúnta is luachmhara atá againn, a mhilleadh.' *Ibid.*, 2.

chuideachta a eagrú don lucht freastail ón nGaeltacht agus freagracht a ghlacadh as cúrsaí aíochta do rannpháirtithe ón nGaeltacht.³⁷

I bhfianaise na bhforbairtí a bhfuil rianú déanta thuas orthu, ba dhóigh le duine nach mbeadh ach moladh agus creidiúint ag dul do choiste an Oireachtais as an bhfreastal eisiach a bhí siad ag déanamh ar chultúr na Gaeltachta. Tá malairt léimhe ar na hathruithe seo ag Costello, áfach. Áitíonn seisean go ndearnadh feic, nach mór, de rannpháirtithe agus cleachtais chultúrtha na Gaeltachta ag féile a bhí faoi stiúir, cuid mhaith, ag daoine a raibh teorainn lena gcuid eolais ar an gcultúr dúchais:

The Gaeltacht only competitions also represent a form of cultural voyeurism on the part of Oireachtas membership, and therefore they can be viewed as further evidence of the cultural appropriation of the Gaeltacht by the Oireachtas.³⁸

Léiríonn tuairimíocht Costello na dúshláin a bhain leis an spás tairseachúil idir dhá chultúr, is é sin, idir pobal na Gaeltachta agus an mheánaicme uirbeach, a líonadh ar bhealach ina gcothófaí comhtháthú agus cothromaíocht eatarthu. D'fhéadfaí an argóint a dhéanamh nach mar seo a tharla. Bíodh is gur tríd an Oireachtas is túisce a chuir ealaíontóirí ó cheantair Ghaeltachta éagsúla aithne ar a chéile agus go raibh na cairdis nuabhunaithe seo ar bhuaicphointí na féile ina measc,³⁹ ba mar chomhphobal aonchineálach a caitheadh leo i gcomhthéacs níos leithne na hócáide. Ba é cultúr dúchais na Gaeltachta seachas cultúr ceannais an fhoghlaimeora Ghaeilge an ceann a ndearnadh lipéadú agus brandáil air. Níor chuidigh sé seo, áfach, normálú a dhéanamh ar ghnéithe den chultúr sin. Go deimhin ba pharadacsa a d'eascair as sa mhéid is gur treisíodh ar an tuiscint nach raibh ach coimhthíos agus iontas ag baint leis an gcultúr dúchais.

Is féidir a rá gur chuid d'athréimniú an Oireachtais, mar sin, an buanú a rinneadh ar an tuiscint go raibh sainchultúr ag pobal na Gaeltachta. Ba i dtaca leis an amhránaíocht ar an sean-nós is túisce a tháinig an meon sin chun cinn tharla go raibh sí á lua go heisiach le cainteoirí dúchais ag roinnt de na feiseanna fiú ag tús an chéid mar atá rianaithe i gCaibidil a Dó. Deimhniú oifigiúil ar an tuiscint sin ab ea na

³⁷ Fo-choiste na Gaedhealtachta, 1940s, Oireachtas na Gaeilge Papers, LS 1,327/13, An Leabharlann Náisiúnta.

³⁸ Costello, 'Sean-Nós Singing and Oireachtas na Gaeilge,' 105.

³⁹ Tá trácht déanta ag leithéidí Thomáis Mhic Eoin, Tom Pheaidí Mhic Dhiarmada agus Sheáin Uí Dhuinnín ar an tábhacht a bhí leis an Oireachtas daoine ó na Gaeltachtaí éagsúla a chur in aithne dá chéile. Féach Seán Mac Mathúna, eagr., *Cuimhní Cinn ar an Oireachtas* (Baile Átha Cliath: Conradh na Gaeilge, 1997). Ainneoin go n-aithnítear go forleathan gur le bunú Raidió na Gaeltachta i 1972 a chuir pobail na nGaeltachtaí éagsúla eolas ar chanúintí a chéile, bhí sé sin tosaithe, ar bhonn níos teoranta, ó athréimniú an Oireachtais.

comórtais idirchúigí, a bheadh teoranta do phobal na Gaeltachta, agus a thosaigh i 1940. Ní raibh an ‘modh Gaelach’ i measc na gcritéar marcála sna comórtais amhránaíochta ní ba mhó. Níor ghá é a lua. B’athrú é sin a thug bailíocht don amhránaíocht ar an sean-nós mar stíl agus seánra ann féin agus freisin mar chleachtas de chuid phobal na Gaeltachta amháin. Athrú tábhachtach a tháinig chun cinn ó thaobh na gcomórtas sean-nóis ná gur amhránaithe de bhunadh na Gaeltachta a roghnaíodh mar mholtóirí ag na comórtais sin. Aithníodh go raibh údarás agus saineolas ar ghnéithe den chultúr béil ag daoine ón nGaeltacht nach raibh le fáil i measc an aosa léinn ná na gceoltóirí oilte nárbh í an Ghaeilge a dteanga dhúchais. Ina dhiaidh sin féin, tugann spléachadh ar phróifíl na moltóirí ó na 1940í agus na 1950í le fios gur dhaoine iad a raibh idir dhúchas agus oiliúint ag gabháil leo. Ba iad Sorcha Ní Ghuairim (1911-1976) as Carna agus Donnchadh Ó Baoighill (1901-1964) as Gort an Choirce ba mhó a bhí i mbun an dualgais seo sna 1940í. Príomhoide bunscoile ab ea Ó Baoighill a bhí gníomhach i mbailiú na n-amhrán, agus bhí idir mhúinteoireacht, iriseoireacht agus léachtóireacht ar na réimsí gairme inar shaothraigh Sorcha Ní Ghuairim. I measc mholtóirí na 1950í, bhí beirt Chorcaíoch. Scoláire aitheanta i dteanga agus i léann an dúchais ab ea Donnchadh Ó Cróinín (1919-1990) as Baile Bhuirne, cuir i gcás. San áireamh freisin bhí Seán Ó Síocháin (1914-1997) as Cill na Martra, a raibh oiliúint ghutha aige agus a chaith seal ag casadh mar dhordamhránaí leis an Dublin Operatic Society.⁴⁰

Ag cur cúrsaí moltóireachta go leataobh, idirghabhálaithe idir dhá chultúr, dar liom, ab ea leithéidí na ndaoine seo. Ba orthu a thit sé, cuid mhaith, teacht ar bhealaí láithriú na n-amhrán Gaeilge agus coincheap an chomórtais ardáin a chur in oiriúint dá chéile. Tagraítear i gcáipéisí moltóireachta ó na 1940í agus 1950í do ghnéithe de na hamhráin féin agus do phróiseas na hamhránaíochta a thugann léargas ar na bealaí a raibh an sean-nós á mhúnlú i gcomhthéacs an Oireachtais. Ceithre chomórtas ar leith a cuireadh ar bun agus orthu sin bhí comórtas amhrán mall d’fhir agus ceann eile do mhná le dhá amhrán mhalla le casadh ag chaon iomaitheoir. Ar an dul céanna, réachtáladh comórtais ar leith sna hamhráin mheara freisin don dá inscne. Tá sé spéisiúil gurbh é an *tempo* seachas ábhar nó téama an amhráin, cuir i gcás, a roghnaíodh mar chritéar idirdhealaithe ón gcéad bhliain ar réachtáladh an comórtas. Mar atá pléite níos faide anonn, tharraing an t-idirdhealú céanna deacrachtaí toisc gur

⁴⁰ ‘Seán Fionnbarra Ó Síocháin,’ *Who’s Who, What’s What and Where in Ireland* (London: Zircon Publishing, 1973), 290.

Íonmhaire na hamhráin mhalla sa traidisiún trí chéile. Tugann struchtúr reatha na gcomórtas sean-nóis le fios nach bhfuil an dá chineál amhrán ar comhstádas sa traidisiún sa lá atá inniu ann. Is é an dúshlán is bunúsaí atá le sárú ag aon iomaitheoir ná cruthú go maith san amhrán mall. Tagann deireadh lena n-iomaíocht mura n-éiríonn leo sa mhéid sin, rud a chiallaíonn gur mó i bhfad amhráin mhalla ná amhráin thréana atá á gcleachtadh agus á gcur i láthair i gcomhthéacs an Oireachtais. Is léir, mar sin, go raibh ceisteanna maidir le *repertoire* ginearálta, mar aon leis an rogha amhrán don chomórtas féin, á n-ardú ó na chéad chomórtais a reáchtáladh i 1940. Cháin Sorcha Ní Ghuairim moltóirí na bhfeiseanna ceantair toisc nach raibh siad ag cur comhairle, dar léi, ar iomaitheoirí maidir leis an rogha amhrán a bheadh feiliúnach do chomórtais an Oireachtais. Bhí rangú straitéiseach le déanamh ag iomaitheoirí féin ar na hamhráin san ord fiúntais ab fhearr a d'fheilfeadh do spriocanna na gcomórtas. Tharraing an bailitheoir ceoil as Meiriceá, Sidney Robertson Cowell (1903-1995) go deimhin, aird ar fheiniméan an amhráin chomórtais i gceantar Charna chomh luath le 1956 agus í ar thóir amhrán ansin: 'Because of the various types of traditional competition and exhibitions ... almost anyone who sings at all will sing his or her 2 competition song'.⁴¹ Is léir, mar sin, go mbíonn ceisteanna maidir le measúnú agus rangú ag feidhmiú sa chomhthéacs pearsanta straitéiseach agus ag an leibhéal oifigiúil eagraíochtúil araon.

Fágann coincheap na moltóireachta go raibh, i bprionsabal, bainistiú á dhéanamh ar an amhránaíocht ar an sean-nós faoi scáth chomórtais an Oireachtais. Éilíonn comórtais coinníollacha agus rialacha ar an mbunús go dtugann siad smacht agus cinnteacht. Mar shampla, moladh go sonrach d'iomaitheoirí gan amhráin a roghnú a bhíodh 'i gcónaí i mbéal an phobail'.⁴² Cáineadh iomaitheoirí a chas amhráin nach raibh sean go leor, nach bhfuair a gcuid amhrán ó na daoine agus a fuair amhráin as leabhair. Ní raibh ceachtar de na coinníollacha sin luaite sna critéir oifigiúla moltóireachta agus léirigh na srianta seo go raibh luach faoi leith á lua leis an mbéalaireacht i dtraidisiún an tsean-nóis i gcomhthéacs na gcomórtas. Ainneoin gur ar láithriú beo na n-amhrán a bhí an próiseas moltóireachta bunaithe go hoifigiúil,

⁴¹ Tá an tuairimíocht seo le fáil i gcín lae Cowell don tréimhse Iúil-Lúnasa 1956 atá ar coimeád in Sidney Robertson Cowell Collections, American Folklife Center, Library of Congress, Washinton DC. Tá mé buíoch den Dr Deirdre Ní Chonghaile a chuir an deis ar fáil dom sleachta as an gcín lae a bhain le obair bhailiúcháin Cowell i gCarna a léamh. Pléann Ní Chonghaile féin an dá chuairt a thug Cowell ar Charna, áit ar bhailigh sí amhráin ó Cholm Ó Caodháin, Seán Choilm Mac Donnchadha agus ceathrar clainne leis, mar aon le Seán 'ac Dhonncha. (''ag teacht le cuan'', 234-39).

⁴² Outline of Programme for An tOireachtas 1940, Oireachtas na Gaeilge Papers, LS 1360/10, An Leabharlann Náisiúnta.

bhí gnéithe seachláithrithe cosúil leis an rogha amhrán, mar aon le foinsí agus modhanna seachadta na n-amhrán á gcur san áireamh sa phróiseas sin freisin. Bhí coinníollacha agus tréithe á santú ag moltóirí a chuirfeadh ar a gcumas aitheantas a thabhairt do pháis faoi leith fonnadóireachta mar shamplaí bailí den sean-nós. Mar a chonacthas thuas, spreag roinnt de na coinníollacha neamhoifigiúla moltóireachta léamha eisintiúlacha ar amhráin agus ar chleachtas an tsean-nóis. Is é sin le rá, ní aithneofaí aon dreas fonnadóireachta mar shampla bailí den sean-nós mura gcomhlíonfaí tríd an bpróiseas sin coinníollacha ar leith. Is fiú na critéir oifigiúla moltóireachta a leagadh síos le hathréimniú an Oireachtais a thabhairt chun cuimhne freisin, áfach. Ba iad sin ‘binneas ceoil’, ‘mothú’, ‘foghraíocht agus rithim teanga’, agus ‘an t-amhrán ina iomláine’.⁴³ Critéir scaoilte agus ginearálta go maith ab ea iad sin a d’fhéadfaí a chur i bhfeidhm, dá dtiocfadh sé chuige, sa mholtóireacht a dhéanfaí ar aon seánra amhránaíochta. Níor ghá gur dhrochrud é sin ach ní dóigh liom go raibh na táscairí seo ag freagairt don léamh criticiúil a bhí ag teacht chun cinn i measc amhránaithe Gaeltachta sean-nóis iad féin agus iad i mbun dualgas moltóireachta.

Tá mé den bharúil, cuir i gcás, gur beag feidhm a bhí ag an bhfoghraíocht *per se* sa mholtóireacht más féidir talamh slán a dhéanamh de gur chainteoirí dúchais Gaeltachta ar fad a bhí rannpháirteach sna comórtais seo. Tarraingíodh aird ó am go chéile, áfach, ar urlabhra agus teilgean cainte na n-iomaitheoirí. Cáineadh iomaitheoirí nár fhuaimnigh focail go soiléir nó nár oscail a mbéal ar bhealach sásúil agus iad i mbun fonnadóireachta. Ba é Seosamh Ó hÉanaí a thug leis an chraobh i gcomórtas na bhfear i 1945. Ina dhiaidh sin féin, géar go maith a bhí an moltóir, Donnchadh Ó Baoighill, ina bhreith air toisc gur chan sé, dar leis, agus a chuid fiacla dúnta! Tá sé suntasach go raibh aird á tarraingt ar chruth an bhéil nó an *embouchure* ar gné chriticiúil d’amhránaíocht na ceoldrámaíochta é. Níorbh é sin an chéad uair ar tháinig an difríocht bhunúsach sin idir an amhránaíocht dhúchais agus ceolta eile chun cinn i dtaithe phearsanta Uí Éanaí. Seo cuntas uaidh féin:

At school, the teacher would put the emphasis on “open the mouth!” – get an egg and try to put an egg into your mouth. ... You know yourself, I hardly ever open my mouth when I’m singing. But you had to open your mouth and sing, which was virtually impossible for me to do.⁴⁴

⁴³ Adjudicators’ Reports 1940, Oireachtas na Gaeilge Papers, LS 1365/10, An Leabharlann Náisiúnta.

⁴⁴ Luaite in Liam Mac Con Iomaire, *Seosamh Ó hÉanaí: Nár fhágha mé Bás Choíche* (Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht, 2007), 59.

Ní raibh gearán an mhúinteora sin ná tuairim Uí Bhaighill neamhchosúil le chéile. Níor aithníodh i gceachtar cur chuige an beag is fiú a dhéantar i dtéarmaí fisiciúla agus físiúla den té a bhíonn i mbun foinn i dtraidisiún an tsean-nóis.

I dteannta Sheosaimh Uí Éanaí, bhí a chomharsa béal dorais, Beairtle Ó Conghaile, istigh ar chomórtas na bhfear freisin i 1945 ach níor éirigh leis duais a bhaint amach. Tarraingíodh aird sa mholtóireacht ar ghné shainiúil dá ghuth leis an ráiteas, ‘ró-shrónach’, atá breactha ar thuairisc an mholtóra. D’éirigh le hÓ Conghaile an tríú háit a bhaint amach sa chomórtas céanna an bhliain dar gcionn agus ‘Amhrán na mBréag’ ar cheann den dá amhrán a chas sé. Luaitear ‘srónaíl go leor’ i dtuairisc na bliana sin maidir le hiarracht Uí Chonghaile.⁴⁵ Ní miste a mheabhrú go raibh an tsrónaíl ar cheann de na tréithe ba mhó a tharraingeodh drochtheist ar amhránaí ceoldrámaíochta, agus nach bhféadfaí géilleadh di ar mhargadh ar bith. Anuas air sin, leis an mbéim as cuimse a chuir moltóirí na tréimhse sin ar chaighdeán na Gaeilge, eisprisean an amhránaí agus éirim an amhráin mar a fheicfear thíos, tugadh le fios gur beag tábhacht a bhí le caighdeán ná tréithe an ghutha san amhránaíocht thraidisiúnta. Níl an chosúlacht ar an scéal go raibh beart á dhéanamh de réir briathair, áfach, chomh fada is a bhain le breith a thabhairt ar shamplaí den amhránaíocht sin i bhfóram an chomórtais. Áirím, dá réir, stáitsiú an tsean-nóis i gcomhthéacs chomórtais an Oireachtais, mar aon le múineadh na n-amhrán sa chóras oideachais, mar dhá fheiniméan ina raibh dúchas agus iasacht ag teacht salach ar a chéile ó thaobh aeistéitic na hamhránaíochta sin.

Tá suntas ag baint chomh maith leis an gcáineadh a rinneadh ar iomaitheoirí as a dteilgean cainte toisc gur cruthúnas é, dar liom, nár aithníodh go raibh an amhránaíocht ar an sean-nós faoi réir ag *milieu* cultúrtha agus stairiúil a bhí iomlán éagsúil le traidisiún cheol ealaíonta na hEorpa. D’fhág bunús eacnamaíoch agus socheolaíoch na bpobal Gaeltachta gur beag taithí a bhí ag lucht canta an tsean-nóis ar shainpásanna foirmeálta láithrithe cosúil le stáitsí oscailte mar a bhí amhlaidh ina gcás siúd a chleacht an ceol ealaíonta, cuir i gcás. Más mionghnéithe d’éabhlóid an tsean-nóis na dúshláin seo, léiríonn siad ina dhiaidh sin féin nár tosaíodh ó bhonn ná as an nua agus an amhránaíocht ar an sean-nós á cur in oiriúint do chomórtais ardáin. Bhí leanúnachas agus slánú na ceirde faoi réir ag ionramháil agus athchruthú ar

⁴⁵ ‘Duaisiarrachtaí agus Comórtais Eadar-Gaeltachta 1945 & 1946,’ Oireachtas na Gaeilge Papers, LS 13142, An Leabharlann Náisiúnta.

chaighdeáin agus critéir aeistéitiúla a raibh idir thuairimíocht eimice agus eitice araon ag roinnt leo.

Ba é cur chuige an Oireachtais riamh é cleachtais chultúrtha a chur ar taispeánt i gcomórtais ardáin, agus mar is léir, níor briseadh an nós sin le hathréimniú na féile. An mba leor é, áfach, chun an Ghaeltacht a ‘mhíniú’ do lucht éisteachta cathrach a bhí, in amanta, fuarchúiseach ina leith? Tá comórtais sean-nóis an Oireachtais slán sa lá inniu ó thaobh an méid spéise a chuirtear iontu agus i bhfianaise an líon daoine a fhreastalaíonn orthu. Ní mar sin a bhí i gcónaí de réir chuimhní Bhláthnaid Uí Bhrádaigh ar an Oireachtais sna 1950í, mar shampla:

Ag comórtais an Oireachtais, b’ábhar le Carl Hardebeck agus na córacha a tharraingíodh an slua. Líonadh muid an halla mór in Ardán Phort an Iarla le haghaidh Comórtas na gCór ó mhaidin go hoíche agus do bhíodh isteach is amach le ceithre chór déag as Baile Átha Cliath amháin agus is ag ceol na n-amhrán mór a bhídís. Bhíodh amhránaíocht le tionlacan agus gan tionlacan i gceist. Ní fhéadfaimis fiche duine a bhreith isteach sa seomra beag le éisteach leis an sean-nós.⁴⁶

Is fiú a cheistiú arbh é an comórtas an fóram ab fheiliúnaí chun caidreamh tuisceanach a chothú idir iomaitheoirí Gaeltachta agus éisteoírí ón bpobal níos leithne a bhí ag teacht isteach ar ealaíona béil na Gaeltachta gan fráma tagartha ná comhthéacs a raibh brí leo. Tá sé suimiúil iarrachtaí an Oireachtais a chur i gcomparáid leis na hOícheanta Seanchais a d’eagraigh Gael Linn ar feadh tréimhse ceithre bliana in Amharclann an Damer i mBaile Átha Cliath ó 1956. Lucht siamsaíochta Gaeltachta ar fad a bhíodh ar an stáitse ag na hócáidí sin agus d’éirigh thar barr leo de réir cosúlachta. Dhéantaí ‘cur i láthair snasta sofaisitiúil ar an ócáid a bhí dírithe ar aicme áirithe’,⁴⁷ a deir Nic Fhinn, agus í ag meabhrú dúinn go mbíodh an clár tritheangach leis an nGaeilge, an Béarla agus an Fhraincis san áireamh. Dar le Riobard Mac Góráin (1928-2007) a bhí ina cheannaire ar Gael Linn ag an am gur chuir na hOícheanta Seanchais le tuiscint an phobail níos leithne ar chultúr na Gaeltachta: ‘Bhain sé gradam amach don sean-nós ... agus tugadh léargas do dhaoine ar an ‘nádúrthacht’ atá ina gné chomh bunúsach sin de chultúr na Gaeilge agus de dhúchas ár muintirne.’⁴⁸

Dúshlán don Oireachtas ab ea é, dá bhrí sin, oideachas a chur ar phobal na Gaeilge i gcoitinne maidir le cleachtais chultúrtha na gceantar Gaeltachta. Fianaise air sin, dar

⁴⁶ Luaite in Máire Nic Fhinn, *Riobard Mac Góráin: Ceannródaí Ildánach* (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 2018), 37

⁴⁷ Nic Fhinn, *Riobard Mac Góráin*, 39.

⁴⁸ Luaite in Nic Fhinn, *Riobard Mac Góráin*, 39.

liom, gur tugadh faoi shiompóisiam ar an amhránaíocht ar an sean-nós a reáchtáil ag Oireachtas 1943.⁴⁹ Amhránaithe aitheanta Gaeltachta ab ea beirt den triúr cainteoirí a ghlac páirt, mar a bhí, Aindrias Ó Muimhneacháin (1905-1989) as Béal Átha an Ghaorthaidh agus Sorcha Ní Ghuairim (1911-1976) as Ruisín na Maithníoch i gCarna. Deartháir ab ea Aindrias leis an amhránaí clúiteach Cáit Ní Mhuimhneacháin (1918-1949) a raibh sé maíte ag Seosamh Ó hÉanaí ina leith go raibh sí ar dhuine de na hamhránaithe ab fhearr sa tír.⁵⁰ Maidir le hAindrias fein, ba é ‘bun agus barr’ an Oireachtais i dtréimhse an athréimnithe é, dar le Proinsias Mac Aonghusa.⁵¹ Ba é a bhí ina cheann feadhain ar athréimniú na féile agus thug sé na blianta 1945-62 ina chathaoirleach ar an bhféile freisin. Ar cheann de mhórgóintí Uí Mhuimhneacháin sa siompóisiam bhí an t-éileamh ar scoil oiliúna sa cheol dúchasach, agus ba ghéar é a cháineadh ar institiúidí ceoil na tíre nach raibh ag déanamh amhlaidh. Is fiú a mheabhú go raibh oiliúint san amhránaíocht faighte ag Ó Muimhneacháin féin ó Vincent O’Brien (1871-1948), stiúrthóir ceoil Raidió Éireann agus teagascóir aitheanta amhránaíochta. Moladh radaiceach ag an am ab ea smaoinemh Uí Mhuimhneacháin go mbeadh ar chumas duine an amhránaíocht ar an sean-nós a shealbhú in institiúid cheoil. Níor réitigh sé sin leis an íomhá den cheird sin sa tsamhlaíocht chomhchoiteann. D’fhág sé go gcaithfí aitheantas a thabhairt do mhodhanna neamhthraidisiúnta seachadta agus go dtiocfadh critéir nua i gceist trína ndéanfaí bailíochtú ar an sean-nós.

Má bhí Ó Muimhneacháin le moladh as a phragmatachas, bhí cainteoir eile páirteach sa siompóisiam a thug léargas frithathbheochanúil, dar liom, ar staid na hamhránaíochta traidisiúnta. Bean a raibh aithne agus meas saothraithe aici as feabhas a cuid fonnadóireachta ab ea Sorcha Ní Ghuairim ach ní taobh leis sin a bhí sí ach an oiread. Tá sé spéisiúil gur tríd an eite leathoifigiúil, chonspóideach fiú, de ghluaiseacht na Gaeilge a tháinig sí chun cinn mar phearsa de chuid an Oireachtais. Tar éis di gabháil don tráchtáil ar feadh dhá bhliain in Ollscoil na Gaillimhe, fuair sí fostaíocht i mBaile Átha Cliath ó Sheán Beaumont mar mhúinteoir leis an gCoiste

⁴⁹ Tá téacs de chainteanna an tsiompóisiam ar fáil in ‘Speeches/Lectures to mark the Opening of Oireachtas na Gaeilge,’ Oireachtas na Gaeilge Papers, LS, 1325/1, An Leabharlann Náisiúnta. Tá tras-scríbhinn de na cainteanna curtha ar fáil ag deireadh na caibidle seo. Tá an tras-scríbhinn chéanna sin foilsithe in Róisín Nic Dhonncha, ‘An tOireachtas agus an Amhránaíocht ar an Sean-Nós: Cruthú agus Sealbhú Traidisiúin,’ in *Bliainiris 2004*, eag. Liam Mac Cóil agus Ruairí Ó hUiginn (Ráth Chairn: Carbad, 2004), 56-78.

⁵⁰ Luaite in Mac Con Iomaire, *Seosamh Ó hÉanaí*, 112.

⁵¹ ‘Tae agus Suí Caidrimh,’ in Mac Mathúna, eag., *Cuimhní Cinn ar an Oireachtas*, 59.

Gairmoideachais.⁵² Is léir go raibh Beaumont tógtha léi. I dteannta Thomáis Uí Fhlaithearta (1890-1936) as Árann, ba í Sorcha an leathbhádóir eile a bhí aige agus é i mbun an nuachtáin, *An t-Éireannach*, ó 1934-1937. Bhain sí le sciar den phobal a raibh suim ag Beaumont dul i bpáirt leo – ‘cainteoirí dúchais Gaeilge a raibh bua an phinn agus rud le rá acu’⁵³ mar a chuir Ó Ciosáin síos orthu. Ar na hábhair ba mhinice a dtarraingíodh Sorcha Ní Ghuairim aird orthu, bhí riocht agus cinniúint phobal na Gaeltachta. B’ábhair clamhsáin aici a n-easpa deiseanna ó thaobh na heacnamaíochta agus na fostaíochta de, chomh maith le meath na teanga agus an chultúir Ghaelaigh sna ceantair sin. Ba mhinic a d’fheidhmigh Sorcha mar urlabhraí neamhoifigiúil thar ceann phobal na Gaeltachta ag cruinnithe de chuid an Oireachtais ar an mbunús go mbíodh lucht feachtas na hArdchathrach dall amanta ar ghnéithe bunúsacha de shaol na tuaithe agus na Gaeltachta. Scríobh sí litir chuig coiste an Oireachtais i mí Eanáir 1940, mar shampla, ag cur ar a súile dóibh nach bhfeilfeadh sé do mhuintir na Gaeltachta freastal ar an Oireachtas am ar bith idir Bealtaine agus fómhar toisc go mbeidís róchruógach.⁵⁴

Mar a bhí amhlaidh sa tuairimíocht pholaitiúil, phoiblí a chuir sí in iúl trí mheán na hiriseoireachta, bhí bá le gnéithe den sóisialachas agus den daonlathas ionadaíoch le brath ar an gcaint a thug sí uathí mar chuid den siompóisiam. Má bhí achainí ar bith á déanamh aici ina cuid cainte, ba í sin go raibh sé de dhualgas ar Ghaeil misneach a ghlacadh agus muinín a bheith acu as a gcultúr dúchais. Thabharfadh a cuid cainte le fios go raibh braistintí mhuintir na Éireann i leith an chultúir sin faoi réir ag an náire agus an easpa muiníne iarchoilíneach:

Tá ceol na ndaoine i n-íochtar faoi láthair ach dá dtagadh duine de na h-uaisle Gallda amáireach a tosóhadh a’ cur spéis sa rud duthchasach, b’fhéidir go mbeadh dúil mhór againn ann. Sa lá atá indiu ann ní chleachtann ceol na ndaoine ach muinntir na Gaedhealtachta agus níl lord ná lady ortha siúd cé go mb’fhéidir go bhfuil an fhuil mhór ó dhuthchas ionnta.⁵⁵

Tharraing sí freisin ar sheanchoimhlintí soch-eacnamaíocha agus aicmeachais agus í ag iarraidh cur ina luí ar an lucht éisteachta nár pheaca a bheith bocht agus gur shaibhre, ar deireadh, an té a raibh lón anama intleachtúil acu. Mhol sí Pádraig Mac Piarais toisc go raibh aitheantas tugtha aige ina ghearrscéal, ‘Bríd na nAmhrán’, don chos ar bolg cultúrtha a bhí déanta ar amhránaí Gaeltachta ag ceann de na Feiseanna,

⁵² Ó Ciosáin, *An t-Éireannach*, 69-70.

⁵³ *Ibid.*, 42.

⁵⁴ Correspondence by Year, Oireachtas na Gaeilge Papers, LS 1,360/15, An Leabharlann Náisiúnta.

⁵⁵ Féach ‘Symposium ar Amhránaidheacht na Gaedhealtachta,’ i gCaibidil a Trí, lch. 118.

institiúidí ar tháinig ann dóibh mar chuid den Athbheochan. Leide ab ea é a léirigh a míshástacht maidir leis na míthuiscintí, dar léi, a bhí in uachtar i dtaca leis an amhránaíocht ar an sean-nós i gcomhthéacs an Oireachtais féin agus na gluaiseachta cultúrtha níos leithne.

Pearsa a bhí luaite go láidir le Gaeltacht Thír Chonaill ab ea tríú cainteoir an tsiompóisiam. Ba as Béal Feirste Seán Ó Baoighill (1908-1979) ó dhúchas ach ar feadh na mblianta, chaith sé tréimhse an tsamhraidh ag múineadh ceoil i gColáiste Bhríde i Rann na Feirste. Múinteoir scoile i gColáiste Phádraig in Ard Mhacha a bhí ann ina phost lae. Chuir sé eolas cuimsitheach ar shaibhreas agus stór amhrán Rann na Feirste trína chairdeas agus trína chomhpháirtíocht fhadtéarmach leis an bhfonadóir aitheanta áitiúil, Aodh Ó Duibheannaigh (1914-1984). Bhí Ó Baoighill gníomhach i mbailiú agus i bhfoilsíú amhrán freisin agus tá a shliocht sin le feiceáil ar an mbailiúchán *Cnuasacht de Cheoltaí Uladh* (1944) a chuir sé le chéile i gcomhar le hAodh Ó Duibheannaigh agus Réamonn Ó Frighil. Ba é ba mhó a chuir comhairle ar Shéamus Mac Aonghusa agus Peter Kennedy idir 1952-1954 agus ábhar á bhailiú acu don tsraith raidió *As I Roved Out*.⁵⁶ Ní cúis iontais é, i bhfianaise a thaithí mar mhúinteoir agus mar eagarthóir ceoil, gurbh é ba mhó a thug faoi mhíniú struchtúrtha ceoleolaíoch ar ghnéithe den amhránaíocht ar an sean-nós ina chuid cainte i rith an tsiompóisiam.

Chuir Ó Baoighill chun cinn an argóint go raibh an amhránaíocht ar an sean-nós le haithint mar chanóin inti féin seachas mar ghné den traidisiún níos leithne uirlise. Bhí an t-idirdhealú céanna idir an traidisiún uirlise agus an oidhreacht amhránaíochta déanta ar bhealach suntasach ag Risteard de Hindeberg, cuir i gcás, in *A Handbook of Irish Music* a foilsíodh i 1928. Amhráin aitheanta ón traidisiún dúchais cosúil le ‘Na Connerys’, ‘Ar Éirinn ní Neosfainn Cé Hí’ agus ‘Sliabh na mBan’ mar a bhí á gcanadh ag amhránaithe cheantar na nDéise i dtús an chéid seo caite a bhí curtha san áireamh aige nuair a d’áitigh, ‘Those and tunes like them cannot be touched by any instrument whatsoever.’⁵⁷ Ba í meadaracht na filíochta, dar le Seán Ó Baoighill, a rinne sainiú ar an amhránaíocht dhúchasach, rud a d’fhág nach bhfuair na foinn sin a gceart féin nuair a tugadh fúthu ar uirlisí ceoil. Chuir an mheadaracht agus déanamh na bhfocal an srian ba ghá ar amhránaithe chun a chinntiú go mbeadh rithim an

⁵⁶ Tom Munnely, ‘O’Boyle, Seán,’ in *The Companion to Irish Traditional Music*, 2nd ed., eag. Fintan Vallely (Corcaigh: Cork University Press, 2011), 499.

⁵⁷ Richard Henebry, *A Handbook of Irish Music* (Corcaigh: Cork University Press, 1928), 49.

fhoinn ag teacht le dul na filíochta agus iad i mbun gabhála. Easpa Gaeilge, agus dá réir, aineolas i leith mheadarachtaí na filíochta sa teanga sin ba chúis leis an dul amú a bhíodh ar cheoltóirí oilte agus iad ag cóiriú foinn Ghaelacha de réir barraí cothroma. Léirigh sé leagan amach bhéimeanna troma an fhoinn le cúpla líne as na hamhráin ‘Is Fada Liom Uaim Í’ agus ‘Úna Bhán’. Agus é ina mhac léinn i dtús na dtríochaidí, bhí tréimhsí caite ag Ó Baoighill i mBaile Átha Cliath ag obair leis an gceoltóir agus an scoláire Carl Hardebeck. Tugtar de chreidiúint do Hardebeck féin gurbh é an chéad chumadóir oilte sa cheol clasaiceach é a thug aitheantas do mheadarachtaí mírialta an cheoil Ghaelaigh. Chuir sé an tréith shainiúil seo de na foinn dhúchasacha in iúl trí leas a bhaint as éagsúlacht amchomharthaí sna leaganacha de na foinn a bhreac sé.⁵⁸ Ní gá a rá go ndeachaigh fealsúnacht Hardebeck i bhfeidhm ar Ó Baoighill. Chuir sé bailchríoch ar a argóint maidir le stádas na n-amhrán sa traidisiún trí chéile agus é ag lua a dtábhacht mar fhoinsí don cheol rince agus máirseála. Má rinne ceoltóirí uirlise athchruthú agus ionramháil ar roinnt fonn ón stór amhrán, mar a d’áitigh Ó Baoighill, agus an ceart aige, ba theist é sin ar bheocht agus dinimic leanúnach an traidisiúin.

Tá díol machnaimh ag baint le cúrsaí ainmníochta agus staid na hamhránaíochta traidisiúnta san Oireachtas i mblianta an athréimnithe á meas. Gné spéisiúil den smaointeoireacht a tháinig chun cinn sa siompóisiam ab ea an doicheall a bhí ar an triúr cainteoirí roimh an téarma ‘sean-nós’. Bhí an téarma sin buanaithe i bhfriotal oifigiúil na gluaiseachta cultúrtha faoin tráth seo mar a ba léir ó theidil na gcomórtas ach is beag glacadh a bhí ag ceachtar de na cainteoirí leis. ‘Amhránaíocht Gael de réir an nós dúchais’ a bhí á mholadh ag Ó Muimhneacháin a bhí den tuairim nach bhfuair an amhránaíocht sin a ceart nuair a baineadh leas as critéir ama agus staire chun rangú a dhéanamh uirthi. Namhaid don cheol dúchais ab ea an té a cheap an téarma ‘sean-nós’, a d’áitigh Seán Ó Baoighill. Bhronn a neamhchoitiantacht nuálaíocht agus úire thar na bearta ar an amhránaíocht dhúchais agus ní dhéanfadh an téarma ‘sean-nós’ ach cur le míthuiscintí na coitiantachta ina leith. Tuiscint shimplíoch agus ‘ciall bheag shuarach’ a bhí ag lucht an Bhéarla agus na Gaeilge araon i leith na hamhránaíochta dúchais, de réir mar a bhí á rá ag Ní Ghuairim. Bhí níos mó i gceist leis an stíl dhúchasach ná amhránaíocht i nGaeilge gan tionclacan

⁵⁸ Caitríona McEniry, ‘Hardebeck, Carl Gilbert,’ in *The Companion to Irish Traditional Music*, 2nd ed., ead. Fintan Vallely (Corcaigh: Cork University Press, 2011), 324.

pianó, a mhaígh sí. Ainneoin go raibh diúltaithe ag gach cainteoir roimh an téarma ‘sean-nós’, áfach, tá sé follasach go raibh toise an ama á chur i bhfeidhm acu san idirdhealú a rinne siad idir an amhránaíocht dhúchais agus ceolta eile. Ceol ‘an lae inniu’ a tugadh ar mhalairt an tsean-nóis i rith an tsiompóisiam ar fad. Má bhí cuma chontrártha ar an argóint seo, ba dheacair ag an am céanna éalú ón tuiscint fhorleathan gur chonstráid an chomhaimsearthacht a tháinig salach ar chultúr dúchais na cosmhuintire.

Bhí iarracht mhacánta déanta ag Ó Baoighill agus Ó Muimhneacháin dul i ngleic le gnéithe den amhránaíocht ar an sean-nós ó thaobh na ceoleolaíochta de. Tríd is tríd, áfach, ba mar ealaín thagarthach, theanga-lárnaithe a pléadh an amhránaíocht dhúchais i rith an tsiompóisiam. Baineadh adhmaid as an tuiscint gurbh aon cheird amháin, nach mór, an amhránaíocht agus an scéalaíocht, agus ba den riachtanas é go mbeadh teanga ar chaighdeán an chainteora dúchais ag an té a thabharfadh faoi cheachtar den dá cheird sin. Is dóigh liom gur baineadh leas as critéar na teanga nó feabhas na Gaeilge mar chosaint freisin dá dtarlódh sé go mbeadh cumas an amhránaí ó thaobh na ceoleolaíochta de le ceistiú. Céard a bhí san fhonn, dar le hÓ Muimhneacháin, ach ‘gléas chun maise agus órnáideacht do chur ar an innsint’. Céim síos a fuair an guth agus an fonn i dtuairimíocht Uí Bhaoighill freisin agus é ag áiteamh go maithfí d’amhránaí ar bith ‘glór asaile’ a bheith acu ach iad a bheith inniúil ar scéal an amhráin a chur in iúl. Fráma tagartha na séimeantaice a bhí in úsáid ag Ní Ghuairim freisin agus í ag tabhairt a breithe ar an dea-amhránaí. Ba bheag dua a chaith a leithéid le cruinneas nótaí, dar léi, toisc gurbh í éifeacht na cumarsáide leis an lucht éisteachta a thabharfadh slán an láithriú. Bhí an amhránaíocht ar an sean-nós trí chéile faoi réir ag feabhas na Gaeilge agus rinne sí ráitis láidre a thug le fios nach raibh an caighdeán teanga inmhianaithe sin le fáil taobh amuigh den Ghaeltacht.

Níl aon cheist ach go bhfuil coincheapú na Gaeltachta i rith bhlianta luatha an Stáit lárnach in aon léamh a dhéantar ar an siompóisiam seo. Is dóigh liom gur míthuiscintí agus aineolas i leith ghnéithe de chultúr na Gaeltachta faoi deara an ócáid sa chéad áit. Anuas air sin, d’fhág teideal an tsiompóisiam go raibh brandáil á déanamh ar an amhránaíocht ar an sean-nós mar chleachtas de chuid na Gaeltachta go sainiúil. Ba í an Ghaeltacht *locus* an cheoil Ghaelaigh ina iomláine, dar le Seán Ó Baoighill, agus í á cur chun cinn aige mar spás sealbhaithe ceoil. Ba mhaith an mhaise do scoláirí ceoil tréimhse a chaitheamh sa Ghaeltacht chun barr feabhais a

chur ar a gcuid eolais ar an gceol Gaelach, dar leis. Is léir ó thuairimíocht na gcainteoirí narbh ionann baileach ‘Éireannach’ agus ‘Gael’ agus gurbh é an cine seachas an tír an pointe tagartha a bhí chun cinn ina gcuid smaointeoireachta. Méin agus meon an Ghaeil sin a mhíniú do lucht éisteachta seachtrach a bhí ar bun ag Sorcha Ní Ghuairim, cuid mhaith, agus í ag tarraingt chuige sin ar choincheapa fealsúnacha cosúil leis an bhfírinne agus an bhréag san ealaín. Bhí sí tógtha leis an smaoinemh go raibh luachanna ó thaobh na fírinne eipistéimeolaíche sna hamhráin, agus dá réir, gur léirigh siad cáilíocht na ndaoine a chum iad agus a roghnaigh iad a chasadh. Bhí fiúntas in amhrán ar bith a raibh an fhírinne ann, fírinne a bhí faoi réir ag an gcaidreamh barántúil idir an t-amhránaí agus an t-amhrán. Ní chun críche siamsaíochta amháin, dá bhrí sin, a chas Gaeil amhráin; bhí an amhránaíocht ar cheann de na critéir bhunúsacha trínar léiríodh féiniúlacht phobal na Gaeltachta.

Ní gá a mheabhrú go raibh an Ghaeltacht féin buanaithe mar choincheap tíreolaíoch agus polaitiúil faoin am ar tháinig Oireachtas na Gaeilge ar an bhfód in athuir i 1939. É sin ráite, dar liom go raibh tuiscintí i réim fós inar áiríodh pobal na Gaeltachta sa chomhthéacs iarchoilíneach ina shiombail den choimhthíos. Má smaoinítear gur faoi chúram an Stáit a bhí an tOireachtas ina riocht nua agus é fós á eagrú faoi choimirce Chonradh na Gaeilge, ní ábhar iontais é go mbeadh sé ina fhóram trína gceisteofaí an caidreamh idir an Ghaeltacht agus an Stát sin. Bhí an mheánaicme ghairmiúil de bhunadh na Gaeltachta ar a bionda míthuiscintí smolchaite i leith an phobail sin a chur de dhroim seoil agus a aird a tharraingt ar na dúshláin a bhain le brí a thabhairt do chultúr na Gaeltachta sa ré chomhaimseartha. Ainneoin a ndearnadh de phlé ar fhiúntas an chultúir sin i rith an tsiompóisiam seo, ba é an téarma ‘sean-nós’, ar deireadh thiar, a tháinig chun cinn i bhfriotal oifigiúil an Oireachtais chun tagairt don stíl dhúchais amhránaíochta. Is é an téarma ‘sean-nós’ atá ar bhéal na ndaoine go coitianta inniu ach níor tosaíodh ag géilleadh don ainmníocht sin i measc fonnadóirí i gceantar Charna go dtí na seascaidí. Dar liom gurbh í an phraiticiúlacht thar rud ar bith eile faoi deara é sin nuair ba ghá idirdhealú a dhéanamh idir ceolta éagsúla le teacht na mbannaí ceoil tíre ar dtús, agus amhráin nuachumtha Ghaeilge Chonamara níos deireanaí.

D’fhéadfaí a áiteamh go raibh an tOireachtas ar cheann de na comhthéacsanna inar tháinig stíl faoi leith amhránaíochta chun cinn mar shainiú siombalach ar phobal. Fianaise ar an téis sin is ea a ghníomhaí agus a rathúla is atá fonnadóirí as ceantar Charna san fhéile ó thréimhse a hathréimnithe go dtí an lá inniu. Tá sé suntasach gur

bhain scata daoine as an gceantar an-cheart as coincheap an chomórtais mar atá luaite i gcás scéalaithe Choillín. Ina dteannta siúd, thug Beairtle Ó Conghaile as an Aird Thiar leis an chéad duais sa chomórtas scéalaíochta i 1944 mar aon le bheith ina iomaitheoir sa chomórtas amhránaíochta i 1945 agus 1946. Ba é Seán Jeaic Mac Donncha as an mbaile fearainn céanna a bhain an chéad duais sa chomórtas amhránaíochta d'fhir i 1943. Chomh maith leis an duais a bhain Seosamh Ó hÉanaí amach ar a aiste in Oireachtas 1940, ba é a thug leis an chraobh sa chomórtas amhránaíochta i 1945, leis an dara duais roinnte idir Seán Jeaic Mac Donncha agus Páraic S. Ó Cualáin as an Teach Mór in Indreabhán. Bhí Seosamh Ó hÉanaí agus Seán Jeaic Mac Donncha i bpáirt le chéile ag gabháil fhoinn an bhliain sin freisin, tráth ar bhain siad an dara háit amach sa chomórtas do na hamhráin saothair agus an chéad duais do na ceapóga.⁵⁹ Ba é a gcomharsa siúd, Seán 'ac Dhonncha, a thug leis an bonn óir don amhránaíocht i 1953, agus ó shin, tá Corn Uí Riada buaite ag Josie Sheáin Jeaic Mac Donncha (1943-2017) agus Joe John Mac an Iomaire (1943-2015) nach maireann, agus ag Johnny Mháirtín Learaí Mac Donncha, Neain Tom Taimín de Búrca, Bríd Ní Mhaoilchiaráin agus Pól Ó Ceannabháin as an bparóiste céanna.

Níl ansin ach dornán díobh siúd a ghlac páirt ar bhonn leanúnach i gcomórtais an Oireachtais ó tháinig ann in athuair dóibh. Thabharfadh an leibhéal rannpháirtíochta i measc amhránaithe Charna in imeachtaí an Oireachtais le fios go raibh comhoibriú fonnmhar idir lucht éigse agus lucht bainistíochta ó thaobh ealaíona dúchasacha na Gaeilge de. Is é mo bharúil gur bhain amhránaithe sásamh as an ngradam a fuair siad de thoradh na gcomórtas, agus go raibh an t-aitheantas sin á shantú fiú. Tá dúchas amhránaíochta cheantar Charna ábhartha sa staid seo d'éabhlóid an tsean-nóis freisin mar thoradh ar an ról a bhí ag Sorcha Ní Ghuairim i saol cultúrtha poiblí na linne sin. Óna cuid tráchttaireachta i siompóisiam 1943, agus i scríbhinní eile,⁶⁰ is léir gur mhór aici gnéithe den sean-nós nach raibh cúram á dhéanamh díobh i gcomhthéacs na gcomórtas. Agus na hamhráin dhúchasacha á gcur i láthair go foirmeálta ar ardán, bhí céim síos tugtha do bhrí na n-amhrán, barántúlacht an láithrithe agus ról agus eispéireas an lucht éisteachta, dar léi. Tugann an aird a tharraing sí ar na coincheapa

⁵⁹ Adjudicators' Reports 1943, 1944 agus 1945, Oireachtas na Gaeilge Papers, LSS 1,368/9; 1,369/17; 1370/9 faoi seach, An Leabharlann Náisiúnta.

⁶⁰ Féach, mar shampla, 'An Ceol Gaedhealach – Tá Fonnadóirí agus Fonnadóirí Ann', *An t-Éireannach*, 2 Márta 1935 agus sleachta eile dá cuid in Ríonach uí Ógáin, 'Is í an Fhilíocht Anam an Cheoil' – Sorcha Ní Ghuairim, Amhránaí Roisín na Mainiach,' in *Bliainiris 2002*, eag. Ruairí Ó hUiginn agus Liam Mac Cóil (Ráth Cairn: Carbad, 2002), 84-107.

sin le fios nach i gcónaí a bhíodh tuiscintí dúchais agus tionchair iasachta ó thaobh an tsean-nóis ag réiteach le chéile.

Tá sé criticiúil go n-aithneofaí, mar sin, gur chuir an láithriú neamhthraidisiúnta fráma tagartha ar fáil ina bhféadfaí an amhránaíocht ar an sean-nós a mheas sa chéad áit, agus go bhfuil leas á bhaint as an mbonn comparáideach seo sa tráchttaireacht ar an amhránaíocht sin ó shin i leith. Bhí luach ard curtha ag an mbailitheoir agus scoláire ceoil, Liam de Noraidh (1888-1972), mar shampla, ar choincheap an dúchais ina theist ar an dea-amhránaí: ‘Ach is é an t-amhránaí dúchais ár n-údar, is é sin, an duine a rugadh agus a tógadh sa Ghaeltacht agus a fuair a chuid cheoil óna shinsir roimhe.’⁶¹ Diúltú, nach mór, roimh na siombailí agus na tuiscintí a luaitear leis an amhránaíocht fhoirmeálta ab ea an t-iniúchadh a rinne Pádraig Ó Cearbhaill ar an sean-nós i lár na nóchaidí. Tharraing sé aird ar fheiniméin cheoleolaíoch cosúil leis an bhfrásaíocht, an t-análú agus an ornáidíocht, agus ar na srianta a chuir rialacha na gcomórtas ar amhránaithe a raibh an cheird tugtha leo ón dúchas acu.⁶² Na fonnadóirí úd i gceantar Charna a raibh luí acu leis an dúchas, bhí siad beag beann ‘ar theacht i láthair, ar theilgean gutha ná ar gheáitsí ar bith’⁶³ a áitíonn an fonnadóir agus an scoláire as an gceantar sin, Peadar Ó Ceannabháin, mar shampla. Tá luachanna cultúrtha níos ilghnéithí ann a thugann bonn do leitheadúlacht agus neart na hamhránaíochta sa phobal sin i gcomhthéacs atá orgánach agus frith-athbheochanuil, mar a thuigtear domsa é. Is mithid scagadh a dhéanamh ar an eolas comhthéacsúil sin a mhíníonn an smaointeoireacht i leith na hamhránaíochta dúchasaí mar phróiseas pobalda sóisialta.

Déanaim rianú dá réir sin ar ghnéithe de phróifíl chultúrtha cheantar Charna sa chéad chaibidil eile, agus mé ag díriú go háirithe ar amhránaithe as an dá bhaile fearainn sa cheann thiar den pharóiste sin, An Aird Thiar agus An Aird Thoir. Gné shuntasach den rianú seo is ea an bailiúchán toirtiúil a rinne Coimisiún Béaloideas Éireann sa cheantar. Ba é an Coimisiún a tháinig i gcomharbacht ar an dá eagraíocht níos lú a bhí ag saothrú i ngort an bhéaloidis go dtí sin, mar a bhí, An Cumann le Béaloideas

⁶¹ Liam de Noraidh, *Ceol ón Mumhain* (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 1965), 9.

⁶² Pádraig Ó Cearbhaill, ‘An Amhránaíocht ar an Sean-Nós: Conas is ceart í a mheas?’, in *Oghma 7*, eag. Seosamh Ó Murchú, Mícheál Ó Cearúil, Antain Mag Shamhráin (Baile Átha Cliath: Foilseacháin Oghma, 1995), 44-52.

⁶³ Peadar Ó Ceannabháin, ‘“D’aithneoinn do Ghlór”: Tógáil agus Gabháil na nAmhrán in Iorras Aitheach,’ in *Sealbhú an Traidisiúin*, eag. Niamh Ní Shiadhail, Meidhbhín Ní Úrdail, Ríonach uí Ógáin (Baile Átha Cliath: Comhairle Bhéaloideas Éireann, 2013), 72.

Éireann ó 1927, agus Institiúid Bhéaloideas Éireann ó 1930.⁶⁴ Tá saothar an Choimisiúin criticiúil toisc gur fianaise ab ea é den oidhreacht shaibhir, chultúrtha a bhí á lua le pobal na Gaeilge ó ré na hAthbheochana. Casadh sa chaidreamh idir dúchas agus iasacht i dtaca le cleachtais chultúrtha na Gaeilge ab ea é nuair a shocraigh an Cumann bailitheoirí béaloidis a sheoladh chuig ceantair Ghaeltachta sna fichidí. Tháinig an idirghníomhaíocht idir faisnéiseoir agus bailitheoir chun cinn i limistéar an dúchais, i measc phobal na bhfaisnéiseoirí féin ag baile seachas i suíomh uirbeach na ‘hinstiúide’ i mBaile Átha Cliath. Bhí an deis ann dul i ngleic leis an gcultúr dúchais ar bhonn daonna, eispéireasach seachas coincheapúil. Déantar scagadh níos míne ar an dúchas sin sa chéad chaibidil eile agus aithnítear roinnt de na cúinsí inar tháinig Carna chun cinn mar cheantar eiseamláireach ó thaobh an tsean-nóis de.

⁶⁴ Tá bunú agus stair Choimisiún Béaloideas Éireann pléite go mion in Mícheál Briody, *The Irish Folklore Commission 1935-1970: History, Ideology, Methodology* (Helsinki: Finnish Literature Society, 2008), 79-128.

An tOireachtas

Symposium ar Amhránaidheacht na Gaedhealtachta

Cainnteóirí:

Seán Ó Baoighill

Sorcha Ní Ghuairim

Aindrias Ó Muimhneacháin

Cathaoirleach: An Seabhac

Symposium ar Amhránaidheacht na Gaedhealtachta

An Aoine, 29adh de Mhí Deireadh Fogmhair, 1943.

Symposium ar Amhránaidheacht na Gaedhealtachta

Nuair a h-iarradh orm a ghabháil a chainnt ar ‘Amhránaidheacht na Gaedhealtachta’ b’ é an chéad rud a tháinig i mo chionn gur mhaith a rinn Coisde an Oireachtais gan úsáid a bhaint as an ainm ghranda sin ‘ceol ar an tSean-Nós’. Níl ainm ar bith is lugha orm ná é. Admhuighim go bhfuil ár gcuid ceoil-inne aosta ársa go maith ach tchítear domh gur bocht an rud ‘sean-nós’ a thabhairt ar dhóigh cheoltóireachta a chleachtuighthear ag óg agus sean achan lá sa bhliadhain. An dtabharfá ‘Creideamh ar an tsean-nós’ ar Chreideamh na nGaedheal? Bheireann an Eaglais féin ‘novus rituus’ (an nós nua) air cé go bhfuil sé ag gabháil anois le naoi gcéad déag bliadhán. An mbeadh Gaedheal ar bith sásta dá dtabharfáidhe ‘Cainnt ar an tsean-nós’ ar an

teanga Gaedhilge, cé go raibh sí 'a canstan annseo sul a dtáinig Pádraig anall 'n-a sglabhuidhe? Ní bheadh leoga, agus sin go díreach mo dhearcadh-sa ar an ainm sin 'Sean-nós' a thug namhaid ínteacht ar cheol dhuthchasach Gaedheal – mar caithfidh gur namhaid a bhí ann. Má tá ár gcuid ceóil sean féin tá sé comh neamh-choitcianta sin gur nuaidheacht do'n tsaoghal mhór é. 'Seadh, tá ceol fá leith againne annseo mar Éireannaigh ar bh'fhiú do cheoltóir de chuid tír ar bith eile cluas a thabhairt dó. Ní ceol leath-mharbh é mar ba mhian le cuid mhór a rádh, ní ceol neamh-riaghalta barbardha é mar a deirfeadh cuid de cheoltóirí 'oilte' na tíre seo, ach ceol beo tarrantach intleachtamhail nach dteachaidh leath a luach air go fóill. Mar sin de, ná cluintear duine ar bith againn feasta ag cainnt ar 'Ceol ar an tsean-nós' ach bheirimist 'Ceol duthchasach Gaedheal' air mar níl an dara chineál Cheoil Ghaedhealaigh ann.

Anois goidé an seórt ceóil é? Goidé 'n dóigh a bhfuil sé éagcosamhail le ceol coitcianta an lae indiu? Sin ceisteanna a ba chóir damh a réidhteach is dóiche, sul a dtéidhim níos fuide. Sa chéad áit, má's mian linn an dearcadh ceart a bheith againn air caithfimid ár n-umhail uilig a thabhairt ar an amhránaidheacht agus lucht gléasraidhe ceóil a fhagáil 'n-ár ndiaidh. Mar, a fhad a's a bhíos cláirseóir nó fidileóir nó píobaire ag seinnm ceóil a cumadh go speisialta do na gléasraidhe ceóil atá aca, thig linn muinghin a bheith againn as na leagnacha a bheireas siad dúinne, ach nuair a théid siad i gcionn amhrán a sheinnt níl siad iontaobhtha ar cor ar bith. Ní thig linn an fíor-cheol neamh-thruaillighthe a fhagháil ó dhream ar bith ach ó na daoine a mbíonn an ceol agus na focla 'a gcanstan aca san am chéadna. Coinnigheann meadaracht na filidheachta agus déanamh na bhfocal cineal de shrian ar an amhránaidhe, ach nuair a thoisigheas fidileóir, cur i gcás, a sheinnt – fiú amháin féin nuair a bhíos lámh mhaith aige ar a cheird – is minic a chuireas sé a dhóigh féin ar amhrán agus a athruigheas sé reatham an cheoil do réir mar is mian leis. Ní bhíonn fiacha ar bith air a chlaidhe le meadaracht na filidheachta agus ar ndóighe is mó a bhíos a umhail ar fheabhas a chuid fidileoireachta agus ar dhéigh-mhéinn a lucht éisteachta ná ar mhúnladh an cheóil nó 'r chiall na bhfocal. Deir Petrie gur sin an locht a bhí ar a dteachaidh roimhe a chruinniughadh ceóil go bhfuair siad a gcuid amhrán ó lucht seinnte ceóil i n-áit a ghabháil ar a lorg i measg na n-amhránaidhe dúthchasach. Deir sé gurab aca-san amháin atá an ceol ceart – an ceol sin a bhfuil ceangal daingean do-sgartha eadar é agus meadaracht na filidheachta – ceangal comh dlúith, adeir sé, go bhfuil oiread cinealach ceoil againn agus tá de mheadarachta i bProsóid na nua-Gaedhilge. Níl mé féin ro-chinnté fá'n bharamhail dheireannaigh

sin, ach sílim go mba cheart do dhuine ínteacht a bhfuil eolas aige ar na gnoithí mion-sgrúdadh a dhéanamh ar fhilidheacht na n-amhrán seo agus na meadarachtaí a chlárughadh sa dóigh as go dtiocfadh linn feasta a theacht ar dhóigh aithrid chun na h-amhráin a chlárughadh. Ach ca bith mar a bhéas sin, tá muid uilig cinnte go bhfuil dlúith-bhaint eadar na focla agus an ceol agus b'fhiú dúinn anois a amharc ar mhúnladh chúpla amhrán go bhfuighmís léargus beag ar an dóigh a bhfightear an ceol agus an fhilidheacht le chéile.

Éistigh le meadaracht an tsean-amhráin seo de chuid Thír Chonail:

Is ag Nollaidh mo ró-ghrádh / tá 'n t-ór-fholt
Snoighte glán réidh
Cum cáilce tá róí-dheas / a chuirfead bród
Ar fhearaibh an tsaoghail.

Tá mé cinnte go dtuig sibh fa dtear nach dtuiteann meadhchan an ghlóir go riaghalta ar na focla's na línte sin. Bheitheá ag dúil's go mbeadh an déanamh céadna ar an cheol – agus tá. Tig beimeanna troma an cheoil go díreach ar na siollaibh sin a bhfuil an meadhchan ortha ins an fhilidheacht, agus fagann sin go gcaithfidh muid barranna mí-chothroma a sgríobhadh go minic's na h-áiteacha sin a bhfuil cuid mhór siollab neamh-aicionta eadar na buillí troma. Sé sin le ráid go gcaithfimid an ceol a sgríobhadh do réir abairteacha na filidheachta agus gan a bheith ag dúil le na sgríobhadh ar bharanna cothroma – caithfimid an dearcadh sin a fhagáil i n-ár ndiaidh ar fad. Sin an duifir is mó atá eadar an ceol Gaedhealach agus ceol na linne seo – go bhfuil ceol coitchianta an lae indiu bunuighthe ar bharanna cothroma a mbíonn an oiread seo de bhuillí troma agus de bhuillí eadtroma ionnta, – agus tá an ceol Gaedhealach bunuighthe ar abairteacha ceoil a mbíonn na buillí troma agus na buillí éadtroma ag tuitim de réir meadracht na filidheachta. Bhéarfadh mé sompla eile dibh – sompla a bhfuil eolas agaibh uilig ar a chuid ceoil:

'A Úna bhán a bhlaith na ndlaoi ómrach
Atá 'r éis do bháis de bharr dtroch-chomhairle
Féach a ghrádh claca a b'fhearr de'n dá chomhairle
A éinín i gliabhán 's mé i n-Ath na Donóige.'

Anois, ceoltóir ar bith atá de'n bharamhail go gcaiththear achan cineál ceoil a sgríobhadh ar bharanna cothroma, bhéarfadh sé a dhubhlán ceol a chur leis na línte sin. Ach ní mar sin a cumadh an t-amhrán ealadhanta sin – tharraing an ceoltóir an

chéad abairt (A Úna bhán) air agus chuir sé ceol a chroidhe leis agus cheol sé leis abairt i ndiaidh na h-abairte do réir mar spreag ciall na bhfocal agus dul na meadarachta é. Agus tharlúigh mar sin gur cumadh amhrán fíor-thaithneamhach tarrantach a bheirfeadh ort a rádh gur fhás na focla agus an ceol le chéile – mur mbíodh a fhios a athrach. Anois nuair a tháinig Hamilton Harty nó Herbert Hughes ar amhrán ar bith de'n chineál seo, be é an rud a rinn siad, na h-abairteacha ceóil a chur síos gan a roinnt ar chor ar bith, agus Quasi senza tempo a sgríobhadh ar bharr an pháosa, ach is léir do'n tsúil is daille 'á dteachaidh i gcloiginn ariamh go rabh a fhios aca go maith nach rabh siad ag gabháil i gcoinn oibre ar an dóigh cheart, go rabh a fhios aca go rabh Tempo ínteacht ins an amhrán nach rabh dul aca a theacht air. Dá mbíodh Gaedilg aca ní bheadh moill ortha a aithne go dtáinig reatham an cheoil go díreach as dul na filidheachta – ach faraor géar ní rabh. Níor sgríobh duine ar bith an cheol Gaedhealach ariamh do réir reatham na bhfocal go dteachaidh Carl Hardebec a d'obair – an fear mór sin a thaisbean an bealach dúinn uilig, slán a bhéas sé. Ach ní ar sin a tharraing mé an sgéal. Bhí mé ag innse díbh go rabh ceangal neamh-sgaoilte do-briste eadar ceol amhráin Ghaedhealaigh agus focla an amhráin sin.

Anois tá duifir mhór eile eadar amhráin na Gaedhealachta agus amhráin chiotcianta an lae indiu. Tá siad sgríobhtha ar Módhanna. Goide an rud 'módh', adeir tú? Bhal, bheirfidh mé iarracht ar sin a mhíniúghadh duit mar seo. Cuir i gcás go bhfacfa tú amhrán sgríobhtha ar an Nodaireacht Chléithe agus an Comhartha F# ar an chúigeadh líne ní thiocfadh leat a rádh go rabh an tiúin sgríobhtha ar Ghléas G, gan a amharc ar nóta dheireannach an amhráin. Sé an nóta dheireannach a bheireas le fios duit goide an módh ar a bhfuil an t-amhrán sgríobhtha. Cur i gcás gurbh é an nóta E nó 'lá' a bheadh ann: deirfeá annsin go rabh an t-amhrán sgríobhtha ar Módh lá as Gléas G. 'Sé sin le rádh nach rabh fear cumtha an amhráin ag smaoitiúghadh ar

G A B C D E F# G (sin gléas G)

ach ar E F G A B C D E (sin Módh lá as Gléas G).

Agus mar i gcéadna dá mba ar an nóta A (nó Ré) a chríochnochadh an t-amhrán, deirfeá gur ar Módh Ré, (as gléas G) a sgríobhadh é. Agus mar sin fríd na Sé Modhanna atá againn, mar tá Módh Dó, Módh Ré, Módh Mé, Fá, Só, Lá. Cuimhnighidh mar sin gur ar na modhanna seo amháin atá na h-amhráin Ghaedhealacha sgríobhtha agus ní dhéanfaidh sibh na meanchóga millteanacha a rinn cuid mhór de lucht cruinnighthe, na n-amhrán agus atá dá ndéanamh ag

ainbhfiosacháin go foill ach an lá sa bhliadhain. Ach ní rachaidh mé níos doimhne sa cheist seo anois ar eagla go n-éirighidh cuid agaibh tuirseach de théarmaí teicneamhla ach tá mé taire a bheith toilteanach an cheist a phléidhe le duine ae bith ar mhaith leis tuilleadh eolais a bheith aige uirthi. Dhéanfaidh sé gnóithe annseo an dá rud is tairbhighe fá'n cheol Ghaedhealach a luadh arís: tá dul an cheoil Ghaedhealaigh i muinghin focal na n-amhrán, agus tá h-amhráin sgríobhtha ar mhódhanna aithride ceoil.

Anois goidé'n dóigh a gceoltar sa Ghaedhealach iad? Goidé'n dearcadh atá ag bunadh na Gaedhealacha ortha? Bhal, cé go bhfuil meas as cuimse aca ar amhránaidhe mhaith is mó a bhíos dúil aca san sgéal a bhaineas le h-amhrán na ins an dóigh a gceoltar é. Is cumhan liom uair amháin go dtug mé caraid de mo chuid – fear a rabh guth iongantach binn aige – go dtug mé liom é a d'amharc ar sheanmhnaoi a rabh togha an cheoil aici. Ba dhoiligh a tabhairt ar an tseanmhnaoi seo amhrán ar bith d'á cuid a rádh mur n-abóradh duine ínteacht eile ceann roimpí. D'iarr mé ar mo charaid mar sin ceathramhain nó dhó a cheol díthe – rud a rinn sé. Tharraing sé air amhrán nach gcuala an tseanbhean ariamh aroimhe – rud inteacht fá ghaduidhe agus fá'n a shlighe bheatha – agus nuair a bhí deireadh ráidhte aige agus mise ag sílstin go n-abóradh an tseanbhean rud inteacht fá'n ghuth dheas bhinn a bhí aige, ní rabh le rádh aici ach 'Oru! Nár mhaith an gaduidhe!' Agus rud eile dó, tá oiread measa aca ar sgéal an amhráin gur minic a innseas siad duit brígh an amhráin nó, mar a deir siad féin, úghdar an amhráin sul a dtéid siad a cheol ar cor ar bith. Ar smaoitigh sibh ariamh ar an dóigh a n-iarrann siad ar dhuine amhrán a cheol? 'Abair amhrán' adeir siad nó, má tá a fhios acú go bhfuil focla an amhráin agat chéana féin – 'Cuir guth leis an amhrán sin'. Agus mar bharr ar sin uilig ní cheoltar an líne deireannach de amhrán ar bith ar chor ar bith – ach amháin ins na h-áiteacha sin a bhfuil nósanna na nGall ag brúghadh isteach. Deirtear an líne deireannach – agus nach mór an truagh nach smaoitigheann Gaedhil na Galltacha ar sin nuair a théigheas siad a d'eiteógaigh sna spéarthaí ag deireadh deireadh amhráin? Mhaitheadh muinntear na Gaedhealtacha duit glór asaile a bheith agat dá dtuigeadh siad brígh do sgéil, mar is ar an sgéal is mó a bhíos a n-áird uilig. Chuala mé seanbhean ag briseadh amach a chaoineadh i lár amhráin fá bhathadh a tharlúigh cead bliadhain roimhe sin. Agus is minic a chonnaic mé ceoltóir siocaithe leis na gairí ar mhéid is bhí de dhúil aige i n-amhrán grinn.

Ach dá thabhachtaighe na focla caithfidh sinne atá ag déanamh staidear ar an rud i n-a iomláine, caithfimid a bheith iongantach faithcheallach fá'n cheol. Má éistmíd go cúramach leis na h-amhráin gheobhaidh muid amach gur minic a bhíos athrughadh ar an cheol ó bhéarsa go bhéarsa san amhrán amháin. Agus ní ceart dúinn a ráidt go bhfuil a leithéid seo de cheol ag gabháil le n-a leithéid seo d'amhrán go bhfaghmuid achan nóta a théid le achan bhéarsa ann. Gheobhamuid sa dóigh sin an dearcadh ceart ar mheóin agus ar aigne an cheoltóra dhúthchasaigh mar do réir mar a spreaghann ciall na bhfocal é agus do réir mar a bhíos sé ag foirstín do mheadarach an bhéarsa cuireann sé maisiughadh ar chuid de na nótaí agus fagann sé nótaí eile n-a dhiaidh. Agus bheirfidh muid seo fá dtear nach bhfuil ornáideacha ar bith i gceol acadhamhail na h-Eorpa nach dtig leis an cheoltóir duthchasach Gaedhealach a chur go h-ealadhanta i n-úsáid.

Anois nuair a thoisigh mé a chainnt dubhairt go gcaithfinn sa léigheacht seo gan barraidheacht áirde a thabhairt ar lucht seinnte ar ghléasraidhe. Ach tá a méid seo le ráidt agam anois fá dtaobh daobhtha – gur as na h-amhráin a tháinig an chuid is mó d'á gcuid ceoil rinne agus máirseala. Glacfamuid na damhsaídeacha fá leith i dtús ama. Níl sé ach céad bliadhain ó shoin ó chumadh a mbunadhas nuair a bhí múinteoirí damhsa ar lorg ceoil chasta mhí-riaghalta a dtiocfadh leobhtha cuid mhór coiscéim ealadhanta a oibriughadh isteach le linn a bhualadh. Ghlac siad 'An Ciarraigheach Malluighthe' cur i gcás, agus rinn siad 'An Suistín Bán' as. Rinn siad damhsa fá leith as 'Seán Ó Duibhir a' Ghleanna' agus thug siad an t-ainm céadna air. Thug siad leobhtha 'An Capaillín Bán' agus bhuailead siad lán a chraicinn air leis 'An Bhata Dhroighin'. Agus nuair a chuadhthas a dhéanamh cora agus puirt fuair siad a gcuid ceoil ins na h-amhráin fósta. Tá amhrán amháin againn 'Fágfamuid siúd mar atá sé' agus rinneadh ort (Racaí Chill Dara) corn-phíopa (Lá Bealtaine) agus tiúin mhall as. Chuir an Dochtúir Mac Chonaill (Nach maireann) focla leis an amhrán mhall agus thug 'Turas go Tír na h-Óige' air.

Tchífidh sibh mar sin gurab iad na h-amhráin is bun-rúta do'n cheol Ghaedhealach uilig agus go mbeidh fiacha orainn feasta staidear níos déine a dhéanamh ortha má tá muid ag dúil is go mbeidh rath ar cheoltóireacht na tíre seo. Agus cá bhfuighidh muid na daoine a dheanfas an obair seo? Níl an Ghaedhilg mar is ceart ag an chuid is mó de lucht ceoil na tíre agus faraor géar is beag duine aca a bhfuil oiread dúil aige ins an cheol Ghaedhealach agus go rachadh sé ar a lorg chun na Gaedhealtachta. Ach caithfimid fir a fhagháil a mbeidh an Ghadhlig ar a gcomhairle féin aca agus eolas

domhan aca ar an cheol ins an am céadna. Caithfimid a thabhairt ar ár gcuid sgoltach ceoil a gcuid sgoiláirí a chur chun na Gaedhealtachta a dhéanamh staidear ar cheoil na ndaoine sul a rabh cead aca a lámha a leagain síos le h-amhrán Gaedhilge ar bith. Nach saoitheamhail an rud é go bhfuil an Ghaedhilg riachtanach le post ar bith a fhagháil faoi'n Riaghaltas agus go bhfuil cead ins an am céadna ag tuatach a ghabháil chóiriughadh agus a ghléasughadh an Cheoil Ghaedhilge gan an focal Gaedhilge i n-a phluic? Ach b'fhéidir go bhfuil go leor canta fá sin. Deirfidh mé an méid seo agus annsin béidh mé réidh: Níl sgoil ar bith sa tír is fearr a dtig le sgoiláire ceoil eolas beacht cruinn a fhagháil ar Cheol na h-Éireann, na thart fá chreagacha agus fá phortaigh agus fá shléibhte na Gaedhealtachta.

Seán Ó Baoighill.

B'fhéidir go mba fheileamhnaighe 'Amhráin na nDaoine' nó amhráin na hÉireann a thabhairt ar a' gcainnt seo ná Amhráin na Gaedhealtachta, mar is ó na daoine agus ó na Gaedhilgeoirí a mhair i nÉirinn a tháinig siad agus má's Gaedhil sinne ba iad ba chóir a bheith againn agus má's linn iad a bheith againn bídís 'na gcomharthaidheacht féin againn. Ní isteach sa mbráth thír a tháinig muinntir na Gaedhealtachta agus ní as an lathaigh a fáisceadh a gcuid ceoil. Tá bunús leis. Tá saoitheamhlacht agus cáilidheacht Gaedheal ann agus má's suarach linn é nó má's tuatach linn é mar cheol támuid bréagach, mar is tuatach agus is suarach linn na seacht sinnsir a tháinig romhainn. B'fhéidir go ndéarfaidhe liom nach bhfuil aon chall leis a' gcainnt seo – ach tá. Níor cheart go mbeadh. Is beag Gaedhilgeoir sa tír nach gcuala na sean-amhráin Ghaedhilge tráth éicint ach is rí-chorr dhuine taobh amuigh de'n Ghaedhealtacht nach dtoghfadh an meachtán Ghallda i n-a leaba – agus nuair a deirim an meachtán Ghallda ní h-iad amhráin Shasana atá i gceist agam uilig. Is féidir le amhrán a bheith ar foghnamh bíodh sé Gaedhealach nó Gallda ach an fhírinne bheith ann – ach níl sa gceol Gaedhealach a bhíonn le cloisteál annseo ó bhliadhain go bliadhain ach praiseach, agus níl sé Gaedhealach ná Gallda. Chloisinn sgéal eicint fadó faoi chailín a bhí faoi gheasa. Séathlán uisce a thabhairt ó'n tobar nó a h-anam a chailleadh, ach leigeadh an séathlán an t-uisce thríd i gcomhnuidhe agus ní thiocfadh sí slán marach go dtáinig neach chuici a' comhairliú dí caonach a chur sa séathlán. Bhuel sin é fhearacht ag ceol Gaedhealach an lae indiu é. Tá an smeur mhullaigh dhe imthighthe idir an Ghaedhealtacht na leabhra ceoil agus na fonnadóirí. Níl bunús ar bith leis. Níl ann ach gnáth nótaí ceoil agus foclaí Gaedhilge. Ní ceol Gaedhealach é. Is féidir foclaí Gaedhilge a chur ar amhrán tíre ar bith eile agus beidh

sé chomh Gaedhealach céadna. B'fhéidir gurab sin é atá uainn sa lá atá indiu ann ach má's é ceapaimís filidheacht agus ceol nua agus fágaimís na sean-amhráin i n-a gcomharthaidheacht féin saor ó smál. Níl againn faoi láthair ach macasamhail Moore's Melodies i nGaedhilge. Ní thuigeann muinntir na Gaedhealtachta iad, agus ceist agam oraibh cé aca is cóir a bheith i n-uachtar? An ó dhream a tógadh le Béarla nó le Gaedhilge – a ghlacfas muid treoir. Tá ceol na ndaoine i n-íochtar faoi láthair ach dá dtagadh duine de na h-uaisle Gallda amáireach a tosóchadh a' cur spéis sa rud duthchasach, b'fhéidir go mbeadh dúil mhór againn ann. Sa lá atá indiu ann ní chleachtann ceol na ndaoine ach muinntir na Gaedhealtachta agus níl lord ná lady ortha siúd cé go mb'fhéidir go bhfuil an fhuil mhór ó dhuthchas ionnta. Is cinnte go raibh an fhuil mhór sa dream a cheap a gcuid amhrán idir filidheacht agus ceol, agus an lá a dtrubharfaidh siad cúl do'n oighreacht sin ní fearrde a dtréithe ná a gcáilidheacht é. Beidh an teanga bochtuighthe agus an litridheacht dá mbeadh míle beag leabhar i n-a leabaidh. Tá stair na ndaoine ins na h-amhráin seo tá a n-uaisleacht ionnta, tá a ndearcadh fré chéile agus a gcuid feallsamhnachta ionnta, agus nach fear fear i gcomhnuidhe agus ní athruigheann an áilleacht. Ach ní théigheann cuid againn sáthach doimhin i n-amhráin na ndaoine le n-a dtuiscint. Ní thuigeann muid an dream a chum iad; agus ní thuigfidh go gcodluighidh muid agus go gcomhnuighidh muid le muinntir na Gaedhealtachta go gcloisfidh muid bean a' caoineadh le h-éirighe lae nó scata óig-fhear ag crosbhóthar uaigneach oidhche ghealaighe agus gan de thionnlacan aca ach torann na fairrge.

Sé an sean-nós nó an Traditional singer an séala is measa a cuireadh ar na h-amhráin Ghaedhealacha ariamh. Níl de chiall ag daoine leis an ainm seo ach ciall bheag shuarach. Beidh na béarlóirí sásta má bhíonn cainnt ar an 'Bonny labouring boy' cé nach salódís a lámha leis agus níl de chiall ag Gaedhilgeoirí an lae indiu leis ach foclaí Gaedhilge agus cúpla casadh beag annseo is annsúd sin nó amhrán gan tionnlacan piano.

Níl fhios agam cé mhéad agaibh a léigh an sgéal a scríobh an Phiarsach faoi bhríd na n-amhrán. Cé go mbíonn cainnt mhór faoi mar Phiarsach níl fhios agam ar tuigeadh i gceart é – ach dá maireadh sé ní ar a' lathaigh bheadh ceol na ndaoine, déarfainn. Thuig sé an scéal ar chuma ar bith nuair a bhí sé a' trácht ar Shean-bhríd agus thuig sé aineolas na ndaoine a céil duais uirthí ag feis agus a thug an duais sin do cailín óg a raibh glór níos fearr aici, agus ar seisean 'tugadh bualadh bos do'n chailín óg ach níor thug muid faoi deara go raibh aon duine a' caoineadh agus ní raibh an binneas

ná an t-uaigneas céadna i n-a glór agus bhí i nglór Sean-bhríd'. Nach iomdha Oireachtas a tháinig agus a d'imthigh ó shoin agus níor tháinig ciall dúinn ná tuiscint.

Tá níos mó ná focla Gaedhilge agus na nóta beaga casta sa gCeol Gaedhealach – agus deirim anois gan scáth nach bhfuil ann ach nós amháin ceoil Gaedhealaigh. Sa nGaedhealtacht atá sé sin. Tá uaigneas ina a' gceol sin – uaigneas cnoc is gleann is fairrge, tá uathbhás ann – uathbhás an bháis – tá tuirse ann, tuirse a h-uaigne. Tá chuile buaidh aige dá raibh ag gabháil leis an gceol a dtráchtar air 'sna sean-scéalta – chuirfeadh sé ualach bróin ort, chuirfeadh sé mórtas croidhe ort, chuirfeadh sé t-intinn 'un suain – ach é a thuiscint. Le n-a thuiscint i gceart caithfeamuid eolas a chur ar cháilidheacht na ndaoine a chum é agus a chleachtanns é. Filleann an ceol dóibh. Tá eolas agam-sa ar chuid mhaith sean-fhear agus sean-bhan sa nGaedhealtacht. Ní dream iad a bhfuil éirighe anáirde ná leithéad ionnta. Bhain an saoghal asta é má bhí. Ní tarraingeoidís na bodhara as coillte le n-a gcuid gleo ná ní léimfidís as a' gcroiceann le linn dóibh scéal mór a chloisteál. Is maith mar ghabhann siad an brón ortha féin thréis na chéad tuairte. B'fhéidir gur a' dántaireacht ceoil dó féin a chloisfeá fear go minic agus é a' déanamh bróin agus céard adéarfadh sé leat ach go ngabhtar fonn le fonn agus fonn le mí-fhonn. Ní lucht geáitsí iad muinntir na Gaedhealtachta ná mórán Éireannach eile – agus cé'n fáth a gcleachtfaidís geáitsí i n-a gcuid amhrán annsin – ní chleachtann mar is leor leob tleigeann cainnte brígh agus béim gotha na Gaedhilge le n-a scéal a léiriú. Tá foclaí i nGaedhilge na Gaedhealtachta – siollaí míne íogmhara nach dtuigfidh ach an fíor-chainnteoir Gaedhilge – is féidir fear na Gaedhealtachta níos mó a chuir i gcéill i n-aon fhocal amháin ná dá mbeadh 'gobáin' a' cur geáitsí go h-aer agus a béiceadh i n-árd a gcinn. Tá an dá rud i n-aghaidh a chéile cáilidheacht na nGaedheal mar tá sí sa teanga Gaedhilge agus an bhodhsaeracht a bhíonn ar chuid d'amhránaidhthe Gaedhilge an lae indiu. Dá thúsce dá dtuigidh na fonnadóirí seo an íogmhaireacht 'seadh is fearr do'n cheol Gaedhealach é – agus dá mbeimís uilig níos íogmhaire ní dhéanfadh sé aon dochar. Tá an íogmhaireacht sin ar a' tréith is láidre i n-amhráin na ndaoine.

Anois seo cúpla sompla de'n cheol ar tóigeadh mise leis. Tá an-bhrón sa dá amhrán. Brón na máthar i ndiaidh a leinbh i gceann amháin – agus brón an chailín óig a tréigeadh sa gceann eile.

Sé, 'Caoineadh na dTrí Muire' an chéad cheann agus sé an ceol atá leis an caoineadh a bhíonn ag mná Chonamara agus iad a caoineadh a nduine gaoil. Tá uathbhás sa

gceol seo ach tá tuirse ann – an tuirse a bhí ar a’ maighdín agus í ar thóir a h-aon-Mhic – an tuirse a bhíonn ar bean na Gaedhealtachta nuair a chuireann sí a leanbh i dtaisce i gcónra chláir – tuirse nach dtuigfidh ach an t-é ar shlad an bás é.

Sé ’n ‘Domhnall Óg’ an t-amhrán eile. Má tá fhios agaibh an t-amhrán seo tuigfidh sibh cé mar bhí an scéal ag a’ gcailín seo ar ghile léi an bás ná bheith faoi leathtrom mar bhí sí. Amhrán é a bhfuil an grádh an fuath, an t-éad an dílseacht agus an deacair fichte fuaighte ann. Mar deir sí féin tá sí tuirseach ó shiubhal na dtíortha. Is féidir linn í shamhailt dhúinn féin ’na suidhe chois claidhe nó chois sceiche a bois faoi n-a leithceann agus a creach déanta. Is cinnte nach amuigh i lár sráide a bheadh sí a’ fuagairt a h-anshógh de’n tsaoghal mór. An t-é a luigheann a’ brón air agus a mbíonn leac ar a chroidhe is ar uaigneas a bhíonn sé a’ déanamh a mharanadh. Sean-cheol ceart é seo nach bhfuil an tomhaiste ann, agus caithfidh an fonnadóir uaim a choinneal ar féin mar go bhfuil an guth faoi smacht ag a’ gceol agus ag na foclaí.

Níl fhios agam céard a dhéanfadh ceoltóirí na h-aimsire seo le ceol de’n tsórt sin. Is cinnte go mbeidís ag iarraidh é chur i ngléas de réir ceoil an lae indiu bíodh is go n-aithneochadh duine ar bith dá dhaille nach bhfuil gaol ar bith eadtorra. Seadh agus déarfadh cuid eile go raibh mise as tíúin agus mé gá chasadh, ach fad’s is féidir é sin a’ rádh fúim beidh mé sásta. Dá mbéinn i dtíúin de réir pianó bhéinn as tíúin i ndáiríre. Ní bhíonn a’ rádh na rudaí sin ach daoine aineolacha agus géilleann daoine níos aineolaighe ná iad féin dóibh. Ní bhíonn an propaganda sin ar siubhal ach ag gobán, agus tá propaganda ar siubhal.

Ba mhaith liom a rádh nach mbíonn aon crooning ’sna h-amhráin Ghaedhilge. Ní ghníonn muinntir na Gaedhealtachta lán béil de na guthaí d’fhonn nótaí a chur ar fagaíl mar tá dlúth-bhaint idir an filidheacht agus an ceol agus mhillfeadh sin brígh an amhráin. Tá an filidheacht agus an ceol fichte le chéile gan briseadh mar bheadh slabhradh ann. An fonnadóirí a bhfuil cleachtadh aige ar a’ gceol Gallda nó ar a’ gceol árdnósach bíonn sé i gcomhnuidhe ag iarraidh fad a bhaint as na guthaí. Níl sin feleannach do’n Ghaedhilge. Sé ’n chaoi a ngiorruigtear na guthaí agus ní abrócaidh fonnadóir na Gaedhealtachta focal ar bith san amhrán nach ndéarfadh sé sa gcainnt. A Úna bhán – gránna. Ní bhíonn glór na bhfonnadóirí sa nGaedhealtacht ‘lán’ mar adeirtear. Ní chleachtanna siad na nótaí móra cruinne, mar go bhfuil tuiscint aca go chiall na cainnte agus go bhfuil scéal le h-innseacht ins gach amhrán.

Anois déanfaidh mé comórtas idir fonnadóirí na Gaedhealtachta agus na Galltachta maidir leis a' gcaoi a dtéigheann siad i gcoinn amhrán a ghabháil. Castar le muinntir na Gaedhealtachta nach bhfuil 'stage personality' aca. Cá bhfuairamar an focal seo. Ní h-é an dearchadh go é. Is minic gur ar chúl a' tsluaigh nó ag a' doras dúinte a bhíonn fonnadóir na Gaedhealtachta agus é a' rádh amhrán – ach tuigeann an comhlúadar céard tá sé a rádh. Tá na h-amhráin aca féin. Ní mar sin i mBleá Cliath ní i n-áiteacha eile. Taithnigheann geaitsí leo mar go bhfuil an intinn Gallda aca. Ach sé 'n moladh a bhíonn ag muinntir na Gaedhealtachta ar fhonnadóir, moladh ar a chaoineadas agus ar fheabhas is thugann sé amach sgéal an amhráin. Ní chleachtann siad an 'béilín milis' ná an Ghallamaisidheacht.

Anois, ba mhaith liom focal a rádh le muinntir na Gaedhealtachta. Bíodh meas aca ar a'gceol a tháinig abhaile leo. Tá a fhios agam gur deacair dhóibh seasamh i n-aghaidh radio agus eile. Ní ceol Gaedhealach an ceol a bhíonn 'gá craobhscaoileadh ó Radio Éireann ach ceol atá in-ainm is a bheith Gaedhealach. Dá mbeadh meas againn orainn féin, ní bheadh amhráin mar 'Teddy O' Neale' 'gá gcaobhscaoileadh againn. Ach sin mar atá, agus tá fonnadóirí na Gaedhealtachta agus go h-áithrid, na cailíní óga 'gá milleadh de bharr nach gcloiseann siad ach fonnadóirí Gallda.

A' cainnt dhá ar a' Radio le goirid, mhol Sir Hugh Robertson dhúinn meas a bheith againn ar a' gceol a tháinig abhaile linn agus dubhairt nach raibh an ceol sin úiríseal, bíodh is gur as a' gcré agus as a' tuaith a' fáisceadh é. Níor mhisde dhúinn áird a thabhairt ar a' bhfear seo, mar is baoghal go bhfuil croch-mheas ag cuid againn ar a' gceol Gaedhealach ar ann adhbhar sin. Ach is beag duine againn nach ó'n talamh agus ó'n tuaith a tháinig, má théigheann siad go bun an ughdair. Dá bhrígh sin, má tá droch-mheas againn ar a' gceol tá droch-mheas againn orainn féin.

B'fhiú dhúinn smaoiniú ar a' gcainnt atá i mbéal na ndaoine. 'Bíodh meas agat ort féin agus beidh meas ag chuile dhuine ort'.

Sorcha Ní Ghuairim

I dtosach báire ní foláir a admháil go bhfuil sé ana-dheacair scríobhadh ar aon ealadhain ach ar ealadhain na scríobhnóireachta agus go bhfuil sé chomh deacair céadna labhairt ar aon ealadhain eile ach ar ealadhain na hurlabhra. Is é a chúis sin ach go ngabhann rún fé leith le gach ealadhain nach féidir a nochtadh ach tré mheán na healadhan san amháin. Ach ó tharla an oiread san cosmhalachta ag ealadhain na

hamhránaidheachta leis an urlabhra ba chóir go mb'usa labhairt uirthi sin ná ar aon ealadhain eile dá bhfuil ann lasmuigh d'ealadhain na hurlabhra féin. Agus i gcás na hamhránaidheachta féin is ró-bheag is féidir a chur i gcéill in a taobh tré chainnt. Is é an tslighe is fearr chun deagh-thréithe aon nós amhránaidheachta do nochtadh ná samhlaoidí den amhránaidheacht san do chlos; agus ar an gcuma gcéadna; is é an tslighe is fearr chun léir-mheasa do dhéanamh ar amhránaidheacht lochtach ná samhlaoidí dhi sin do chlos, leis, aithris do dhéanamh air, agus annsan an píosa ceoil de ghabháil mar is cóir. Ní féidir aon léirmheas

Anois, maidir leis an gceist seo atá ghá phlé againn tráthnóna indiu, ní dóigh liom gur ceart in aon chor dúinn bheith ag tabhairt amhránaidheacht ar 'an sean-nós' ar amhránaidheacht na Gaedhealtachta, pé duine a chuimhnigh an chéad lá ar 'an sean-nós' ná é do bheith dá dhéanamh ar chuma a bheadh sean-chaithte agus gur mhithid éirghe as agus a mhalairt de nós in a thaobh do tharrac chughainn. Agus urmhór na ndaoine a thráchtann ar amhránaidheacht 'ar an sean-nós', is eagal liom gurb shin é go díreach an rud a bhíonn in a gceann aca: gur nós amhránaidheachta é go bhfuil a ré tabhartha agus go bhfuil nós is fearr ná é anois ann – nós éigin go bhfuil óige agus brígh ann.

Mar sin, in ionad bheith ag trácht ar amhránaidheacht ar an sean-nós is é rud ba mhaith liom-sa trácht air ná amhránaidheacht Gaedheal do réir an nós dúthchais. Agus is é atá i gceist annsan agam ná amhránaidheacht ar an gcuma san ar leith is dual do Ghaedhealaibh ó shinseardhacht a gcuid amhrán do ghabháil. Tá a fhios againn go bhfuil a nós féin chun amhránaidheachta ag aon náisiún gur mór le rádh é i gcúrsaí ceoil, agus nach ionann go díreach an nós atá ag aon dá náisiún. Ar an gcuma gcéadna do bhí nós amhránaidheachta dá gcuid féin ag Clanna Gaedheal (agus níl amhras ann ná gur mór le rádh iad na Gaedhil i gcúrsaí ceoil uair dá raibh), ach níl fanta den nós dúthchais sin indiu ach againn ach a bhfuil san Gaedhealtacht de agus a bheag nó a mhór de thall is i bhfos ag muintir na tuaithe ar fuaid na Galltachta ins na hamhránaibh béarla atá aca ar dheilbh méidreachta is filíochta na n-amhrán Gaedhilge. Agus ar fuaid na Gaedhealtachta féin, níl amhras ann go bhfuil meath imthithe ar an nós san seachas mar do bhíodh nuair do bhíodh ceol dá chleachtadh is dá theagasc go foirleathan ar fuaid na hÉireann ag ealadhnaigh Gaedheal a dhein foghlaim agus a fuair oileamhaint ar ealadhain sin an cheoil gur leo féin é.

Féachaimís anois cuid de na tréithe dúthchais a bhaineann leis an amhránaidheacht so. An chéad tréith atá i gceist agam le tréith é a bhaineann le hamhránaidheacht gach náisiúin nuair deintear mar is cóir í. Gach aon amhrán gur fiú é ghabháil bíonn scéal le haithris ann, agus is maith leis an muintir a bheadh ag éisteacht an scéal san do chlos. Tuigeann muintir na Gaedhealtachta fós an méid sin, mar is é d'airigheas riamh nuair beifí ag iarraidh ar dhuine amhrán do ghabháil ná 'Abair amhrán dúinn'. Seadh, 'abair amhrán dúinn' chun go gcloisidís an scéal a bheadh le haithris ann, cé gur seana-scéal féin é a bheadh cloiste go minic cheana aca.

Agus chun go bhféadadh aoinne scéal d'aon tsórd d'aithris níor mhór do an scéal do bheith ar eolas aige agus an scéal do thuigsint. Uime sin, aoinne a bheadh ag braith ar amhrán go ghabháil níor mhór do scéal iomlán an amhráin sin do bheith aige agus tuigsint iomlán aige ann agus i ngach aon nídh a bhainfeadh leis, is eadh agus stair chinnte na muintire ó n-a dtáinig an t-amhrán.

An dara rud nár mhór a bheith aige ná an teanga in a mbeadh an scéal san dá innsint aige do bheith ar a thoil agus go lán-cheart aige. Agus nuair adeirim san, is é a mheasaim a rádh ach nár mhór do urlabhra na teangan san do bheith in a lán ceart aige – gach guta is gach consan is rithim is gluaiseacht na bhfocal ins an gcainnt do bheith aige ar an gcuma díreach is dúthchais don teangain sin é. Mar mbíonn san aige, ní bheidh ar a chumas choidhche a scéal d'innsint ar chuma in a dtuigfeadh aoinne uaidh é ná ar chuma in a mbainfeadh aoinne aon bhrígh as.

Agus sin é an áit in a dteipeann ar a lán dá mbíonn ag tabhairt fé amhránaibh Gaedhilge do ghabháil. Chun go mbeadh amhrán Gaedhilge ar an nós dúthchais ní foláir gach guta is gach consan d'fhuaimniú ar an gcuma is dúthchas don Ghaedhilg é do dhéanamh. Agus bíodh a fhios againn gur gádh don amhránaidhe Gaedhealach a lán-cheart féin do thabhairt do gach guta is do gach consain, agus gurb é an guta an rud is tábhachtaighe de ghnáth. Bíonn daoine ins an nGaedhealtacht féin uaireannta nach mar sin a bhíonn aca; cuid aca ná cloisfeá uatha ach na consain agus gur beag in aon chor má chloisfeá na gutaí uatha agus a thuilleadh aca ná cloisfeá uatha ach na consain. Ní ghéillim-se in aon chor gurb é sin an nós dúthchais, agus aoinne a ghabhann amhrán ar an gcuma san níl aige ach samhail thruailithe in ionad an tsean-ruda dúthchais. Níl aige ach sean-nós, ach ní hé an nós dúthchais é. Gutaí leathana na Gaedhilge is gutaí breághtha oscailte iad agus an té ná tabharfadh a gceart dóibh sin

ní bheadh amhránaidheacht ar an nós dúthchais dá dhéanamh aige. Uime sin, bíodh a fhios againn gur gádh don deagh-amhránaidhe Gaedhealach a bhéal d'oscailt go nádúrtha chun na ngutaí sin do ghabháil in amhrán chomh maith céadna is ba ghádh dó é dhéanamh chun labhartha, agus an té ná déanfadh ní bheadh aige ach briotaireacht gan éifeacht.

An fhilíocht atá ins na hamhrán Gaedhilge is filíocht í go mbíonn an t-aiceann ana-shoiléir inti. Is í an aiceantacht san agus an rithim is dúthchais don teangain a choimeádann gluaiseacht fé amhrán Gaedhealach ar an nós dúthchais. Tá a fhios ag muintir na Gaedhealtachta go lán-chruinn fós chionnus an fhilíocht san do rádh ar an nós is ceart – bíonn gach aiceann go soiléir aca agus in a theannta san gluaisidh ar aghaidh ó aiceann go haiceann agus iad ghá rádh ar chuma a chuireann brígh is éifeacht le hinnsint an scéil. Mar sin, an té gur mian amhrán do ghabháil mar is cóir ní foláir dó an dá nídh sin do bheith ar a thoil aige, leis .i. cionnus an t-aiceann cheart do chur san áit cheart ins an líne filíochta agus an sórs rithime is cóir ó dhúthchas do bheith ann ó aiceann go chéile agus ó líne go líne.

Is i ráidhtibh agus in abairtíbh a hinnstear scéalta, agus nuair a bhíonn scéal dá innsint in amhrán ní foláir an scéal san d'innsint in a ráidhtibh agus in a abairtíbh mar an gcéadna. Níl ann arís ach fíor-dhroch-nós duine a chlos ag stad i ndiaidh gach aon chúpla focal, fé mar bheadh giorr-anál air. Is bacach an innsint ar scéal a leithéid, agus is é an dála céadna ag an amhrán é nuair a gabhtar ar an gcuma san é.

Gach aon nídh dár luadh mair go dtí seo is neithe iad atá riachtanach d'amhránaidheacht aon teangan nó aon náisiúin chun go mbeadh ar chumas an amhránaidhe a scéal d'innsint le cruinneas agus le tuigsint agus chun go mbeadh ar chumas an mhuintir a bheadh ag éisteacht leis a scéal do thuigsint uaidh. Ní raibh aon trácht go dtí seo ar an gceol féin. Agus cad tá san cheol, tar éis an tsaoghail, ach gléas chun maise agus órnáideacht do chur ar an innsint chun go mb'éifeachtaighe fós a bheadh sé.

Maidir leis an maise agus leis an órnáideacht san, tá a nós féin chun é do dhéanamh ag gach náisiún gur fiú aon nídh iad i gcúrsaí ceoil. An rud is suaitheinsighe a bhaineann leis sin amhránaidheacht Ghaedhealach ná an chuma in a sleamhnuigheann an t-amhránaidhe ó phríomh-nóta go príomh nóta thall is i bhfos. An sleamhnú san ní hionann in aon chor é agus an rud a dtugann lucht ceoil

‘scooping’ air. Ní ‘scoop’ a bhíonn ann ach comh-shreath do mhion-nótaí chomhcheangailte dá chéile agus an uile ceann aca le clos go soiléir. Ins an sleamhnú maisithe sin is minic a gheobhadh amhránaidhe thar réim cheithre phríomh-nótaí nó réim chúig phríomh-nótaí uaireanta; agus an chuma in a ndeineann an cheartamhránaidhe Gaedhealach é ní heol dom go ndeineann lucht ceoil aon náisiúin eile ar an gcuma gcéadna go díreach san é. Ní heol dom, fiú amháin gur féidir é dhéanamh ar an gcuma gcéadna ar aon oirnéis ceoil dá bhfuil anois ann ach oiread ach amháin ar an bheidhlín. Do bhíodh ealadha san ag na seana-bheidhleadóirí Gaedhealacha go léir, ach is beag bheidhleadóir atá fágtha anois againn gur acfuinn dó é do dhéanamh. A lán aca a thugann fé ní bhíonn aca ach iarracht bheárnach bhriste in áit an tsean-ruda. Ní stró ar bith don tseana-amhránaidhe dúthchais é, ámhthach.

Ach is rud é nach acfuinn d’aon amhránaidhe, geall leis, go bhfuil oileamhaint a tugadh dóibh ní hoileamhaint ar nós dúthchais na hÉireann é ach oileamhaint ar an nós Ioldáileach nó nós éigin ó thír éigin iasachta é. Ach mar adubhairt an Dr. de hIndeberg: ‘Glides are, without doubt, the grandest ornament amongst the many graces of Irish music, and are recognised as such by all who know and feel it. They are a supreme element in human music, and that which gives it the touch of heavenly artistry, and indeed, without them singing would be sadly vapid and mechanical’.

Bíodh a fhios againn, leis, gur tríd an ornáideacht san is mó a cuirtear croidhe san innsint ar an scéal. Is maise ar an gceol iad, ach éifeacht fé dhó leis an innsint iad do bheith ann. Is tríotha a nochtar mórán ar fad dá mothuigheann an té a thuigeann an scéal a bhíonn le haithris aige. Gan iad do bheadh easnamh agus laige ar an innsint, agus mara mbeidís ann do bheadh iarracht dá dhéanamh ar scéal Gaedhealach d’innsint ar chuma nach dúthchais don Ghaedheal é d’innsint.

Ach, anois, an féidir go dtiocfaidh an lá choidhche in a bhféadfar oileamhaint gutha is ceoil do thabhairt d’amhránaidhe dúthchais? Mara dtagaidh, is é mo thuairim-se nach fada eile an réim atá i ndán don amhránaidheacht dúthchais Gaedhealach. Ach ní oileamhaint do réir nós dúthchais aon náisiúin eile a dhéanfaidh dúinn é. Ní headh ach oileamhaint do réir ár nós dúthchais féin. Agus dá mbeadh aon rath ar na hinstitiúidí ceoil atá againn san tír is fadó a bheadh tosnuithe aca ar a leithéid agus daoine i mbun na hoileamhna acu a bheadh oilte ar cheol na hÉireann, oilte ar an nós dúthchais chun é do ghabháil, oilte ar nós ceart urlabhra agus aithrise

na hÉireann, agus oilte in a theannta san ar an gcuma in a bhféadfadh duine gabháil i mbun amhránaidheachta ar shlighe a dhéanfadh saoráid do chun a ghutha d'úsáid agus chun barr éifeachta do chur leis an nguth san. Ach chun é do dhéanamh ní foláir briseadh glan le nósa oileamhna na náisiún eile. Mara mbíonn nós dá gcuid féin againn ní bheidh trácht choidhche orainn i gcúrsaí ceoil.

Anois, an féidir d'amhránaidhe Éireannach nach ón nGaeltacht dó an nós dúthchais d'fhoghlaim? Dar liom-sa is féidir má chuirid de dhuadh ortha féin a bhfuil luaidhte cheana agam d'fhoghlaim mar is cóir. Ba cheart dúinn iad do mhisiúir chuige sin, agus aos óg na Gaeltachta d'fhagháil chun greim a choinneáil ar a bhfuil ag á muintir chun go mbeadh tobar ná raghaidh i ndísc againn le tarrac as, más áil an nós dúthchais d'ath-shuidheamh, do bhuanú agus d'fhoirbiú ins an náisiún so.

Aindrias Ó Muimhneacháin

Caibidil a Ceathair

Carna agus an Cultúr Dúchais: An Pobal á Shainiú

Caithfidh sé nach bhfuil sárú na háite seo in Éirinn le scéalaíocht agus le seanchaíocht, ná nach bhfuil a sárú ach oiread le córtas agus le féile.¹

D'fhág stáitsiú na hamhránaíochta i gcomhthéacs an Oireachtais mar atá pléite sa chaibidil roimhe seo, gur dheacair caidreamh tuisceanach a shamhlú idir lucht éisteachta cathrach ar bheagán Gaeilge agus cainteoirí dúchais curtha as a riocht i suíomh cruthaithe foirmeálta. D'fhéadfaí léamh a dhéanamh ar an gcaidreamh seo i gcomhthéacs cumhachta sa mhéid is go mb'éigean d'amhránaithe Gaeilge an baile agus an spás saineiúil a bhain le láithriú a gceirde a fhágáil chun aitheantas nó faomhadh foirmeálta a fháil dá gcultúr. Fágann sé seo gur suntasaí fós obair bhailiúcháin Choimisiún Béaloideas Éireann a chuaigh chomh fada leis na faisnéiseoirí sin ag baile agus a rinne iarracht aitheantas a thabhairt don suíomh orgánach ina raibh na healaíona béil á láithriú agus á seachadadh ar bhonn laethúil. Tá sé aitheanta le fada gurb í an teagmháil phearsanta seo an *modus operandi* coitianta dóibh siúd a bhíonn ag déanamh staidéir ar dhaoine agus ar phobail trí chéile: '...anthropological research into community life lays its emphasis upon direct and personal participation in the life of the community, because to know a few people well and directly yields results...'² Cruthaíodh caidreamh bailí den chéad uair idir ealaíontóirí 'dúchasacha' agus lucht spéise na n-ealaíon sin as baile isteach.³ Níl sampla níos fearr ná sin i gceantar Charna ná an dlúthchairdeas a d'fhorbair ó na daicheadaí idir Séamus Mac Aonghusa (1919-1982) agus Colm Ó Caodháin (1893-1975), as Glinsce i bpobal Charna, an duine aonair is mó ar bailíodh amhráin uaidh faoi scáth Choimisiún Béaloideas Éireann.⁴

Ní miste a mheabhrú gur go neamhspleách, den chuid is mó, ar smaointeoireacht na n-amhránaithe féin atá an dioscúrsa ar an amhránaíocht ar an sean-nós ó ré na hAthbheochana nó ar feadh cuid mhaith de chéad bliain tar éis forbairt. Feictear cur chuige ceoleolaíoch, scolártha an lucht léinn i gcéad chaibidlí an tsaothair seo mar

¹ Liam Mac Coisdealbha, Cnuasach Bhéaloideas Éireann, iml. 529: 531.

² Robert Redfield, 'The Folk Society and Culture,' *American Journal of Sociology* 45, no. 5 (1940): 740, faighte 2 Feabhra 2015, <http://www.jstor.org.libraryproxy.mic.ul.ie/stable/2770047>.

³ Ba iad Séamus Mac Aonghusa as Baile Átha Cliath agus Liam Mac Coisdealbha as Contae Mhaigh Eo an bheirt ba mhó a rinne saothar i bpobal Charna. Tharla go raibh bailitheoirí eile, áfach, cosúil le Seosamh Ó Dálaigh (1909-1992) as Corca Dhuibhne, Nioclás Breathnach (1912-2002) as Dún Garbhán agus Seán Ó hEochaidh (1913-2002) as Teileann, cuir i gcás, ag bailiú ábhair ar bhonn gairmiúil ina gceantar dúchais nó in aice láimhe.

⁴ Tá cur síos ar chairdeas agus ar shaothar na beirte in Ríonach uí Ógáin, 'Colm Ó Caodháin and Séamus Ennis: A Conamara Singer and His Collector,' *Béaloideas* 64/65 (1996): 279-338, faighte 22 Iúil 2015, doi:10.2307/20522467.

aon leis an tuiscint theanga-lárnaithe, liteartha sna bailiúcháin amhrán a rinneadh i dtreo lár an chéid. Ba chéim chun cinn na hiarrachtaí inar díríodh ar láithriú sainiúil an tsean-nóis i gcás Uí Riada, Bodley, Uí Chanainn agus scoláirí eile nach iad⁵ ach fiú ansin, ba don cheol féin nó don ‘earra’ go príomha a tugadh aitheantas seachas an ceol i dteannta na gcoinníollacha sóisialta agus daonna inar tháinig ann dó. Is i saothair an chéid seo is mó atá leas bainte as an obair pháirce mar mhodheolaíocht d’fhonn iniúchadh téagartha a dhéanamh ar an amhránaíocht ar an sean-nós.⁶ Tá m’obair pháirce féin bunaithe ar chomhráití le daoine as ceithre theaghlach faoi leith a bhfuil cáil na fonnadóireachta orthu. Is iad na daoine sin Dara Bán Mac Donnchadha (1939-2008), Bríd Ní Mhaoilchiaráin (1976-) agus Pól Ó Ceannabháin (1984-) as an Aird Thoir, agus Josie Sheáin Jeaic Mac Donncha as an Aird Thiar. Bhásaigh Dara agus Josie beirt, *requiescat in pace*, sula raibh an saothar seo curtha i gcrích. Tríd is tríd, mar sin, is feiniméan réasúnta nua é amhránaithe a chur ag caint go struchtúrtha, comhfhiosach ar a gceird agus an t-eolas seo a shuíomh i dtéarmaí tagartha an cheoil, an chultúir béil agus na ndaonnachtaí trí chéile. Ní miste a mheabhrú go bhfuil na meáin Ghaeilge cosúil le Raidió na Gaeltachta agus TG4 a bhraitheann cuid mhaith ar mheán an agallaimh agus an phlé tar éis níos mó adhmaid a bhaint as an amhránaíocht ar an sean-nós mar ábhar cainte agus gur foinse phríomha luachmhar an t-ábhar sin ar féidir smaointeoireacht scolártha a bhunú air freisin.

Bíodh is go gcuireann obair pháirce léargas úr, úsáideach ar fáil i staidéir acadúla, ní mór a bheith airdeallach ar na srianta agus ar na laigeachtaí a bhaineann freisin léi. Mar mhodhanna taighde, is mór idir an léitheoireacht phríobháideach agus idirghníomhaíocht ó bhéal ar bhonn beo le daoine. Beag beann ar an gcaidreamh a fhorbraíonn idir an taighdeoir agus an faisnéiseoir, tá an baol ann go ndéanfar léamh

⁵Seán Ó Riada, *Our Musical Heritage*, ead. Thomas Kinsella, ceol in eagar ag Tomás Ó Canainn (Dublin: Dolmen Press for Fundúireacht an Riadaigh, 1982), 23-39; Seoirse Bodley, ‘Technique and structure in ‘sean-nós’ singing,’ *Éigse Cheol Tíre* 1, (1972-73): 43-53; James Cowdery, *The Melodic Tradition of Ireland* (Ohio: Kent State University Press, 1990), 26-42 agus Tomás Ó Canainn, *Traditional Music in Ireland* (Corcaigh: Ossian Publications, 1993), 49-80.

⁶I measc na scoláirí a bhfuil an obair pháirce lánach ina saothar tá Lillis Ó Laoire, *Ar Chreag i Lár na Farraige*, (Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht, 2002) agus na tráchtas neamhfhoilsithe seo a leanas: Deirdre Ní Chonghaile, ‘Ag Teach le Cuan’: Irish traditional music and the Aran Islands’ (Tráchtas PhD, Coláiste na hOllscoile Corcaigh, 2010); Síle Denvir, ‘I lár an Aonaigh: iniúchadh ar an athmhúnlú, an athmhíniú, agus an taibhléiriú a déantar ar amhráin dhúchasacha Gaeilge in Éirinn agus in Albain i gcomhthéacs nua-aimseartha’ (Tráchtas PhD, Ollscoil Luimnigh, 2012); Éamon Costello, ‘Sean-Nós Singing and Oireachtas na Gaeilge: Identity, Romantic Nationalism, and the Agency of the Gaeltacht Community Nexus’ (Tráchtas PhD, Ollscoil Luimnigh, 2015); Ciarán Ó Gealbháin, ‘Ó Sheán Clárach Mac Domhnaill go dtí Nioclás Tóibín: traidisiún na hamhránaíochta ins na Déise’ (Tráchtas PhD, Coláiste na hOllscoile Corcaigh, 2016) agus Vanessa Thacker, ‘Adapting Voices: The Musical Lifeworld of Sean-Nós Singing in Carna, Ireland’ (Tráchtas PhD, Ollscoil Toronto, 2018).

air mar imeartas cumhachta idir scoláire agus duine faoi scrúdú. Creidim go raibh tionchar ag cibé oideachas foirmeálta a bhí orm féin, mar shampla, ar an gcaoi ar chaith roinnt amhránaithe liom agus mé i mbun obair pháirce. Dhiúltaigh amhránaí amháin labhairt liom toisc nach raibh aon mhaith leo ag ‘rudaí mar sin’ mar a chuir siad féin é, amhail is gur scrúdú a bheadh i gceist. Bhí Dara Bán Mac Donnchadha ar dhuine acu siúd a rinne cur agus cúiteamh go fonnmhar liom ar chúrsaí sean-nóis. Ba dhuine é a chaith cuid mhaith dá shaol neamhspleách ar an oideachas foirmeálta sa mhéid is gur tháinig deireadh leis an tréimhse sin dá shaol ar fhágáil na bunscoile dó. Ba mhinic le linn ár gcuid cainte a d’fhiafraigh sé díom tar éis ráiteas tábhachtach a dhéanamh, ‘An bhfuil sé sin sna leabhartha agat?’⁷ Bhí an cheist sin á húsáid aige mar bhealach idirdhealú a dhéanamh eadrainn agus chun dúshlán an léinn fhoirmeálta a thabhairt. Is féidir a rá go bhfuil cumhacht áirithe ag an scoláire a chinneann tráchtairacht struchtúrtha a dhéanamh ar phobal. Déantar léamh agus léirmhíniú ar thorthaí a n-obair pháirce agus cuirtear an t-eolas in oiriúint do thátail agus teoiricí atá seanbhunaithe agus sábháilte go minic. Is spéisiúla, áfach, mar a fuair mé amach, an ionramháil is féidir le faisnéiseoirí féin déanamh i gcomhthéacs agallaimh agus an chumhacht atá acusan a rogha ‘leagan’ dá scéal a chur ar fáil, rud nach bhfuil smacht ag an agallóir air.

Ainneoin, mar sin, gur chruthaigh an t-oideachas foirmeálta bearna ó am go chéile i mo chuid fiosrúchán, feictear go mbíonn amhránaithe in ann an dúshlán seo a oibriú lena leas féin. I gcás Dhara Bháin, chreid mé go mbainfeadh sé sásamh as cúrsaí sean-nóis a phlé le seanchara áitiúil ar comhaois leis, a bheag nó a mhór, agus is ar an gcúis sin a bhí m’athair, Johnny Sheáin Jeaic Mac Donncha (1942-2009), páirteach sa phríomhchomhrá i dtaobh cúrsaí sean-nóis a bhí agam leis. Ar bhonn níos straitéisí ó mo thaobh féin de, chreid mé gur mó d’údarás a bheadh ag ár seisiún cainte dá mbeadh m’athair i mo theannta, ní díreach mar gheall ar an dáimh a bhí idir an bheirt acu, ach mar gur roinn siad cuid mhaith cuimhní comónta ar a n-óige, rud a bhí ceilte ormsa. Ba dhuine den ‘dream óg’ mise agus bean freisin, difríochtaí a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar fhreagraí agus ar iompar amhránaithe áirithe. D’fhéadfaí a rá go mba thacaíocht agus finné Johnny Sheáin Jeaic do Dhara Bán le linn ár gcuid cainte agus é ag cur síos ar ré áitiúil órga an airneáin agus an tseansaoil a raibh tábhacht mhór leo i gcaitheamh a shaoil féin ar fad. Bhí sé le tabhairt faoi deara freisin gur ar Johnny Sheáin Jeaic seachas ormsa a dhírigh sé a aird agus ráitis

⁷ Dara Bán Mac Donnchadha, agallamh le Róisín Nic Dhonncha, 25 Bealtaine 2005.

thábhachtacha á ndéanamh aige. Bhí buntáistí áirithe agam agus mé i mbun obair pháirce, áfach, sa mhéid is gur ceoltóir uirlise mé féin agus go bhfuil meas go háitiúil agus go náisiúnta ar dhaoine muinteartha liom mar amhránaithe sean-nóis. Níl a fhios agam ar le mo leas uilig a chuaigh sé gurb as an Aird Thiar mé, áfach. Bhí sé níos dúshlánaí mionphointí faoi chúrsaí láithrithe, cuir i gcás, a phlé, toisc gur as an traidisiún a fáisceadh mé féin agus go mb'fhacthas d'amhránaithe nár ghá rudaí áirithe a chur in iúl dom ná a mhíniú dom. Bhí an chontúirt ann i gcásanna mar sin, nach gcuirfeadh amhránaithe in iúl tuairimí a d'áireoidís a bheith suarach nó fánach ach ag an am céanna is í an smaointeoireacht sin a d'fhéadfadh a bheith cinniúnach i léamha scolártha ar an ábhar a bhí faoi chaibidil. Ní mór cuimhneamh, mar sin, go bhfuil chuile sheisiún obair pháirce sainiúil, srianta agus faoi réir ag coinníollacha faoi leith. Is i bhfianaise na srianta sin a ghéilleann an t-eitneolaí, James Clifford, don fheiniméan ar a dtugann sé an fhírinne neamhiomlán nó 'partial truths'⁸ a eascraíonn as obair pháirce agus as an eitneolaíocht, agus is coincheap é sin a d'fhan i gcúl mo chinn féin agus mé ag obair ar an saothar seo.

Is sa cheann thiar de pharóiste Mhuighrois, mar a thugtar air, beagán le cois trí mhíle ó shráidbhaile Charna, atá an dá bhaile fearainn, An Aird Thiar agus an An Aird Thoir suite (féach Mapa B, lch. vi). Tá paróiste Mhuighrois ar cheann de chúig pharóistí bharúntacht Bhaile na hInse agus 143 baile fearainn san iomlán ann. Cé nach bhfuil siad baileach comhthreomhar le chéile, síneann An Aird Thiar agus An Aird Thoir le taobh a chéile i dtreo na farraige. Tá céibh sa chaon bhaile a bhfuil iascairí ag feidhmiú astu go dtí an lá inniu. Is í an ghliomadóireacht as báid beaga leathdheice an cineál iascaireachta is mó a dtugtar fúithi cé go ndéantar dreidireacht ar mhuiríní agus oisrí freisin i séasúr an gheimhridh. Tá gabháltas beag talún le mórán chuile teach, agus dá dhonacht caighdeán na talún sin, táthar in ann slí mhaireachtála theoranta a baint as an bhfeirmeoireacht agus as an talmhaíocht. Fianaise ar na coinníollacha míshásúla a bhíodh roimh iascairí agus feirmeoirí beaga riamh é nach raibh sé indéanta slí bheatha iomlán a bhaint as ceachtar den dá ghairm sin agus gurbh éigean do chuid mhaith de theaghlaigh na mbailte sin earraíocht a bhaint as muir agus tír araon. Ba go paiteanta, gan fiacaíl a chur ann, a mhíniú

⁸ Tarraingíonn Clifford aird ar a n-easpa cumhachta siúd a bhíonn ag scríobh cuntas cultúrtha: '...how are the truths of cultural accounts evaluated? Who has the authority to separate science from art? realism from fantasy? knowledge from ideology? ... In cultural studies at least, we no longer know the whole truth, or even claim to approach it.' 'Introduction: Partial Truths,' in *Writing Culture: The Poetics and Politics of Ethnography*, ead. James Clifford agus George E. Marcus (Berkeley: University of California Press, 1986), 25. Dar leis, áfach, nach míbhuntáiste ar fad na bearnaí seo maidir leis an gcuardach ar an bhfírinne, agus go gcothaíonn siad tuiscint ar an gcultúr mar choincheap dinimiciúil, idirghníomhach.

Seosamh Ó hÉanaí an dúshlán a bhain leis an bhfeirmeoireacht bheag ina bhaile dúchais dá lucht éisteachta i Meiriceá tráth: ‘it’s like trying to collect seaweed from the Sahara’.⁹ Is ar mhaithe le féinsoláthar seachas lena ndíol a dhéantar cúram de bharraí. Os a choinne sin, coimeádtar líon beag stoc, beithigh go príomha, le díol ar na margáí agus feidhmíonn siad freisin mar a bheadh urrús – dá dtiocfadh am gátair. Tá an leanúnachas sin sna slite beatha traidisiúnta le feiceáil sa dá bhaile go fóill. Ag an am céanna, is saoránaigh de chuid an Aontais Eorpaigh pobal na nAirdeanna freisin agus iad i dteideal na bpríbhleáidí a thagann leis an mballraíocht sin. Níl de rogha acu, mar sin, ach dul chun réitigh le tuiscintí agus coinníollacha i leith na timpeallachta agus na tuaithe atá á mbrú orthu ón maorlathas idirnáisiúnta agus a thagann salach amanta ar an dearcadh dúchais i leith na gcoincheap céanna.

Ba í an mhúinteoireacht an ghairm phroifisiúnta is túisce a mheall daoine óga as pobail tuaithe ar fud na tíre tráth agus níorbh aon eisceacht ceantar na nAirdeanna. Bhí forbairt mhaith déanta ar an infreastruchtúr chuige sin le coláistí ullmhúcháin agus scoláireachtaí, agus buntáiste faoi leith ag daoine a raibh an Ghaeilge ar a dtoil acu. Cháiligh an t-amhránaí Seán ’ac Dhonncha (1919-1996) as an Aird Thiar ó dhúchas mar mhúinteoir bunscoile i 1940 agus ba sa treo céanna a bhí Seosamh Ó hÉanaí ag dul agus é ag freastal ar Choláiste Éinde a bhí lonnaithe i mBaile Átha Cliath ag an am nó go mb’éigean dó an coláiste a fhágáil i 1937. Cháiligh roinnt deartháireacha agus deirfiúracha le Seán ’ac Dhonncha agus Ó hÉanaí araon mar oidí scoile freisin. Ba le gairm na múinteoireachta a chuaigh Bríd Ní Mhaoilchiaráin, arbh é Seosamh Ó hÉanaí uncail a máthar. Tá sí ag múineadh anois i Scoil na hAirde a osclaíodh in 1893, arb í an scoil í ar fhreastail sí féin agus amhránaithe uilig an dá bhaile uirthi. Ba le gairm na tógála is mó a chuaigh na fir den ghlúin níos óige de mhuintir Cheannabháin, nó Clann Mhichíl Mháire an Ghabha. Tá an chuid is mó acu lonnaithe in áiteanna éagsúla i gConamara agus tá an fonnadóir, Pól, ag cur faoi ag baile san Aird Thoir agus é i mbun na hoibre sin. Tairgeadh áit i gcoláiste oiliúna an Gharda Síochána do Josie Sheáin Jeaic agus é ina fhear óg ach shocraigh sé fanacht ag baile agus leanúint le ceird na hiascaireachta. Rinneadh éascaíocht ar an gceird seo mar thoradh ar scéim a d’eagraigh Gael Linn báid innill a cheannach d’iascairí beaga ar an gcósta thiar a bhí fós ag iascach as curachaí nó as báid seoil. Ba as púcán

⁹ Luaite in Mac Con Iomaire, *Seosamh Ó hÉanaí*, 341.

a bhíodh a athair, Seán Jeaic Mac Donncha ag iascach, cuir i gcás, nó gur éirigh leis bád innill a cheannach tríd an scéim seo i 1958.¹⁰

Bhí tábhacht faoi leith ag limistéar na céibhe i gcás na hAirde Thoir san am a caitheadh toisc gurbh í an bhliain chéanna sin, 1958, a thóg Gael Linn monarcha próiseála éisc agus glasraí le taobh na céibhe, rud a chuir obair íoctha ar fáil do dhaoine áitiúla. Is ag ceann an bhóthair a théann chomh fada le céibh na hAirde Thiar atá Caorán na hAirde. Is é seo an pointe is airde sa dá bhaile agus tá sé ráite sa seanchas áitiúil go bhfaca fear muinteartha le Seán 'ac Dhonncha, Féilim Risteáird Mac Donncha, longa na bhFrancach ón bpointe sin i 1798 ag déanamh a mbealach go Cill Ala le teacht i gcabhair ar na Connachtaigh san Éirí Amach. Bhíodh siopa in aice le céibh na hAirde Thiar anuas go dtí 1982, rud a bhí coitianta go maith ar fud an chósta toisc go raibh níos mó deiseanna ann earraí a iompar ar muir seachas ar tír. Má tá aon eolas ar cheachtar den dá bhaile taobh amuigh den cheantar áitiúil sa lá inniu, áfach, d'fhéadfaí a rá gur mar gheall ar an amhránaíocht ar an sean-nós go sainiúil atá sé sin amhlaidh. Ba as an Aird Thiar Seán 'ac Dhonncha nó Johnny Joe Pheaitsín, Seán Jeaic Mac Donncha (1904-86) agus a chuid mac, Johnny agus Josie chomh maith le Beairtle Beag Ó Conghaile (1904-70) agus a mhac siúd Eddie Bheairtle (1935-) a bhfuil cáil na scéalaíochta agus an tseanchais go dtí an lá inniu air. Bhí Seán Jeaic agus muintir Uí Chonghaile buailte ar an teorainn idir an Aird Thiar agus an Aird Thoir. Díreach trasna na teorann sin a rugadh nó a bhí cónaí ar Joe Éinniú (1918-84), iníon a dhearthára, Bairbre Uí Mhaoilchiaráin (1951-), a hiníonacha siúd, Bríd agus Máire (1978-), Máire an Ghabha Uí Cheannabháin (1905-99), a mac, Micheál (1936-2005), clann Mhichíl, Caitríona (1976-) agus Pól, chomh maith le Seán Choilm Mac Donnchadha (1895-1968) agus a mhac, Dara Bán. Tá daoine sna teaghlaigh sin ar fad, gan amhras, nach bhfuil luaite agam agus ar fonnadóirí freisin iad. Níl ainmnithe agam ach iad siúd is mó a bhfuil plé á dhéanamh agam orthu sa saothar seo.

Níl aon nuálaíocht ag baint le cuid mhaith de na hainmneacha thuas don té a bhfuil eolas acu ar an sean-nós. Ceann de na tréithe is suntasaí a bhaineann leis an liosta seo, dar liom, ná gur léir gur teaghlaigh amhránaíochta atá i gceist agus iad ar fad ina gcónaí béal dorais le chéile. Is beag amhránaí atá tagtha as an gceantar sa lá atá inniu ann nach de shliocht amhránaithe eile clúiteacha iad. Tá ar ár gcumas tráchtairacht

¹⁰ Tá roinnt sonraí a bhain leis an scéim pléite in Mairéad Ní Chinnéide, *Scéal Ghael-Linn* (Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht, 2013), 67-70.

éigin a dhéanamh ar an bpobal sin ó dheireadh na 1930í ó thaobh na hamhránaíochta de, tráth a mbeadh na hamhránaithe is sine ón liosta thuas ina mbeatha. Is léir nach ar bhonn aonair príobháideach, mar sin, a sealbhaíodh an sean-nós ach go poiblí, sóisialta agus trí chomhar na gcomharsan. D’áireofaí roinnt d’fhonnadóirí na hAirde orthu siúd is breátha nó ba bhréatha sa tír. Ní mór a bheith cúramach agus ráiteas mar sin á dhéanamh, áfach, agus rianú a dhéanamh ar na cúiseanna ar fhorbair an dearcadh seo ina leith. Tráchtadh sna caibidlí roimhe seo ar an áit a bhí ag an amhránaíocht ar an sean-nós sna hiarrachtaí athbheochan náisiúnta cultúir a spreagadh. Níl amhras orm ach go raibh saibhreas amhránaíochta i gceantar Charna trí thréimhse na nua-staire ar fad ach má bhí, ba ar bhonn áitiúil, neamhaitheanta a bhí an cultúr sin ar marthain. D’athraigh cinniúint na hamhránaíochta sa cheantar seo, dar liom, mar thoradh ar nuálaíochtaí cultúir agus teicneolaíochta cosúil le comórtais, bailiúcháin, láithrithe foirmeálta poiblí agus taifid mheicniúla a tháinig chun cinn le bunú an Stáit. Is díol spéise é gur tuigeadh d’fionadóirí as ceantair eile, duine acu Peait Phádraig Tom Ó Conghaile as Leitir Péic sa Spidéal, go raibh deiseanna á bhfáil ag fionadóirí Charna nach raibh ag a macasamhail in áiteanna eile:

Ní raibh amhránaithe ní b’fhearr in aon Ghaeltacht in Éirinn ná mar a bhí ann ag an am sin. Agus tá mé ag ceapadh go bhfuair siad deis níos fearr ná daoine eile. Fuair siad treoir, mar bhí daoine mar Shorcha Ní Ghuairim go maith, agus thug sí go leor eolais dóibh. Ní raibh a fhios ag aon duine anseo sa Spidéal – ní raibh a fhios agamsa ag an am sin agus mé bailithe scór blianta – céard é an tOireachtas, cé gur chuala mé caint air.¹¹

Is don Oireachtas go sainiúil a thagraítear thuas ach is léir gur aithin Peait Phádraig Tom an ról a bhí ag daoine aonair cosúil le Sorcha Ní Ghuairim agus go raibh sé tábhachtach go mbeadh ‘treoir’ á fáil ag an bpobal. Admhaíonn Ó Con Cheanainn freisin gurbh é pobal Charna is mó a bhí luaite leis an amhránaíocht thraidisiúnta agus gur ligeadh i ndearmad ceantair eile, mar shampla, Cois Fharraige.¹² Mhéadaigh ar na deiseanna a fuair na hAirdeanna agus Carna trí chéile i dtreo lár an chéid, mar sin, a chuir cuid mhaith leis an gcáil a bhainfidís amach ó thaobh an tsean-nóis de.

Bhí cúrsaí bailiúcháin i mbarr a réime sa cheantar díreach roimh lár an chéid. Níorbh iad bailitheoirí Choimisiún Béaloideas Éireann amháin a bhí ag tarraingt ar an áit ach bhí líon agus caighdeán na bhfionadóirí sa cheantar tar éis dul i bhfeidhm ar an

¹¹ Luaite in Mac Con Iomaire, *Seosamh Ó hÉanaí*, 140.

¹² Ciarán Ó Con Cheanainn, *Clár Amhrán Mhaigh Cuilinn* (Baile Átha Cliath: Comhairle Bhéaloideas Éireann, 2011), xiii.

mbailitheoir Meiriceánach, Sidney Robertson Cowell (1903-1995) freisin mar a áitíonn Deirdre Ní Chonghaile:

Sidney found that Carna had a critical mass of singers, which cultivated among locals a strong sense of confidence in their own singing tradition and in their abilities as singers. Their confidence was undoubtedly bolstered by the experience of competing in music competitions at local and national levels, and also by the experience of encountering other music collectors, some of whom brought recording machines with them to Carna or brought Carna singers to machines elsewhere as Séamus Ennis did in Dublin in 1945.¹³

Ba sa tréimhse ag teannadh le lár an chéid a thosaigh amhránaithe a mbeadh clú níos deireanaí orthu ag teacht in inmhe. Tugaim ‘an chéad ghlúin’ amhránaithe orthu seo i gcomhthéacs an staidéir seo agus ina measc tá Máire an Ghabha Uí Cheannabháin, a deirfiúr, Bríd an Ghabha, Seosamh Ó hÉanaí agus Seán Choilm Mac Donncha as an Aird Thoir, agus Beairtle Beag Ó Conghaile, Seán Jeaic Mac Donncha agus Seán ’ac Dhonncha as an Aird Thiar. Ní miste a mheabhrú gur ag Feis Charna a reáchtáladh den chéad uair i 1929 a dúirt mórán de na hamhránaithe sin a gcéad amhrán go poiblí ar chor ar bith, is é sin le rá, ar stáitse taobh amuigh de theach an airneáin.

Mar atá luaite roimhe seo, ghéill fonnadóirí na nAirdeanna go fonnmhar do choincheap an chomórtais agus iad ag triall go háirithe ar an Oireachtas ó reáchtáladh an chéad chomórtas amhránaíochta i dtréimhse athréimnithe na féile i 1940.¹⁴ Forbairt nó casadh nua san oidhreacht amhránaíochta áitiúil ab ea an comórtas nó an amhránaíocht iomaíoch. Dá mhéid míshuaimhnis agus coimhlinte atá tarraingthe ag comórtais ó tháinig ann dóibh, is poiblíocht agus fóram atá iontu don sean-nós agus cuireann siad fonnadóirí agus pobal araon ag smaoineamh ar a gcuid ceoil féin. Chomh maith leis na comórtais, áfach, tháinig deiseanna eile chun cinn a ndearna amhránaithe na nAirdeanna go maith astu. Fiontraíochtaí Stáit ab ea Coimisiún Béaloideas Éireann agus ina dhiaidh sin, an eagraíocht ‘Gael Linn’, a bunaíodh i 1953. Mhéadaigh ar an aitheantas a fuair fonnadóirí áirithe mar thoradh ar na fadcheirníní a d’eisigh Gael Linn ó 1957 ar aghaidh a raibh Seán ’ac Dhonncha agus Seosamh Ó hÉanaí le cloisteáil orthu. Chomh maith leis an sean-nós a chur chun cinn, bhí fostaíocht cruthaithe do mhuintir na háite nuair a thóg Gael Linn an mhonarcha úd san Aird Thoir a bhí faoina chúram go dtí 1987.¹⁵ Ba as fréamhacha polaitiúla a d’eascair na heagraíochtaí agus na gluaiseachtaí seo le bunú an tSaorstáit

¹³ Ní Chonghaile, ‘‘ag teacht le cuan,’’ 258.

¹⁴ Ba i 1939 a reáchtáladh an tOireachtas den chéad uair ó bhí 1924 ann ach ní raibh aon chomórtas amhránaíochta ar an gclár go dtí an bhliain ina dhiaidh sin, 1940.

¹⁵ Ní Chinnéide, *Scéal Ghael-Linn*, 81-82.

agus é ag iarraidh próifíl chultúrtha shainiúil den náisiún nua a chur chun cinn. Cé gur féidir a rá gur mhinic muintir na Gaeltachta agus an iarthair fágtha ar an trá fholamh ó thaobh ionadaíocht agus comhtháthú polaitiúil agus eacnamaíoch de, rinne an Stát freastal maith orthu i gcomhthéacsanna eile.

Mura mbeadh ann ach bunú an tSaorstáit féin i 1922, an Cogadh Cathartha a lean go ceann bliana ina dhiaidh sin agus bunú an chéad stáisiún náisiúnta raidió, 2RN, i 1926, ba thréimhse chinniúnach i stair chultúrtha na hÉireann na blianta seo. Go teoiriciúil ar a laghad, bhí an chosmhuintir agus a cuid nósanna cultúrtha ag teacht chun cinn mar chuid bhailí shainiúil den náisiún nua. Nuair a tháinig Coimisiún Béaloideas Éireann ar an bhfód i 1935, le tacaíocht ón Roinn Airgeadais agus an Roinn Oideachais, ba é a bhí ina phríomhaidhm aige de réir Shéamuis Uí Dhuilearga, ‘...béaloideas agus sean-aimsirtheacht na tíre seo do bhailiú agus do shaoradh ó’n mbás...’¹⁶ Meabhraíonn ráiteas dá leithéid an tuiscint fhorleathan rómánsúil go raibh déscaradh glan idir an cultúr dúchais, a bhain le ré amháin, agus an cultúr coiteann a raibh aitheantas sa ré chomhaimseartha aige. Ba é Ó Duilearga (1899-1980) arbh as Contae Aontroma é a ceapadh ina stiúrthóir ar an gCoimisiún, agus ba é an Ciarraíoch, Seán Ó Súilleabháin (1903-1996), an chéad chartlannaí a bhí ag an eagraíocht. Níl aon cheist ach go raibh faoin Duileargach bonn téagartha, gairmiúil a chur faoi obair an Choimisiúin. Chaith sé leathbhliain sna Críocha Lochlannacha agus i dtuaisceart na hEorpa i 1928 ag cur oiliúint air féin i léann an bhéaloidis agus i ngairm phraiticiúil an bhailithe. Ba é an scoláire iomráiteach béaloidis as an tSualainn, Carl Wilhelm von Sydow (1878-1952), a bhí ina mheantóir thall aige agus é maíte ag an Duileargach nach mbeadh an Coimisiún tagtha ar an bhfód ar chor ar bith murach tacaíocht an tSualannaigh.¹⁷ Is fiú go a lua go raibh dhá chuairt tugtha go nuige sin ag von Sydow féin ar Éirinn, i 1920 agus i 1924, agus go bhfuil roinnt grianghraf de cheantar Charna atá luaite leis ón dara turas acu sin ar coimeád i gCnuasach Bhéaloideas Éireann.¹⁸

¹⁶ Séamus Ó Duilearga, ‘Ó’n bhFear Eagair,’ *Béaloideas* iml. i, uimh. i (Meitheamh 1927): 3, faighte 11 Márta 2016, <https://www.jstor.org/stable/20521411>.

¹⁷ Bhí scríofa ag an Duileargach chuig von Sydow, ‘if our efforts are successful and we save our country’s folklore, to you a great deal of the credit must be given.’ Luaite in Briody, *Irish Folklore Commission*, 94. Tá cuntas cuimsitheach ar von Sydow agus a spéis sa Ghaeilge agus i mbéaloideas na hÉireann ag Bo Almqvist, ‘C. W. von Sydow agus Éire: Scoláire Sualannach agus an Léann Ceilteach,’ *Béaloideas* 70 (2002): 3-49, faighte 3 Bealtaine 2016, doi:10.2307/20520792.

¹⁸ Ar fáil i mBailiúchán Grianghraf Chnuasach Bhéaloideas Éireann, feicthe 31 Bealtaine 2018, <https://www.duchas.ie/en/ppl/cbeg/64882818>.

Ba i mbliain a bhunaithe, 1935, a ceapadh na chéad bhailitheoirí lánaimseartha faoi scáth an Choimisiúin. Leathdhosaen acu ar fad a bhí ann cé go raibh daoine ag bailiú ábhair ar son an Chumainn ó 1927 ar bhonn páirtaimseartha. Chuathas i ngleic le gnéithe den bhéaloidis trí bhreathnadóireacht agus taifead a dhéanamh orthu sna ceantair ina raibh siad á gcleachtadh go tréan. Próiseas cruthaitheach a bhí ann an béaloideas a ‘chur ar fáil’. Bhí cruthaitheacht chomhfhiosach na ndaoine a rabhtas ag bailiú uathu i gceist, mar aon le cuntas scríofa an bhailitheora ar foirm chruthaitheach chumarsáide freisin í. Caithfear an comhthéacs ama a chur san áireamh freisin agus cíoradh á dhéanamh ar bhailiúchán an Choimisiúin. D’fhéadfaí a rá go rabhtas ag iarraidh tuiscint a fháil i dtréimhse amháin ar nósanna cultúrtha nár bhain a mbunáite chomh mór leis an tréimhse sin ach a bhí i mbarr a réime i ré a bhí caite. Caomhnú an chultúir sin ab ea *raison d’être* an bhailiúcháin ach ba mhór an nuálaíocht a bhí ag baint leis an gcoincheap. Bhí amhráin á ngabháil agus seanchas á dhéanamh go dtí sin beag beann ar a leithéid. Nuair a tháinig bailitheoir i láthair, ba chasadh nua é sa tsraith coinníollacha a bhí ceangailte le haon ócáid láithrithe. Go deimhin, b’fhéidir gur rósciobtha, go minic, a thagann an téarma ‘caomhnú’ chun cinn agus cinniúint na n-ealaíona béil á phlé: ‘The public preservation of private life is a juxtaposition that suggests why we must speak of invention rather than preservation.’¹⁹ Meabhraítear dúinn nach féidir coincheapa cosúil le caomhnú ná dílseacht chultúrtha a thuiscint neamhspleách ar an nuálaíocht ná ar an gcruthaitheacht.

Ainneoin a rathúla is a d’éirigh le bailiúchán Choimisiún Béaloideas Éireann, suibhachtaí sa togra sin ab ea muintir na Gaeltachta agus bhí idirbheart ar mhaoin intleachtúil i gceist idir bailitheoir agus faisnéiseoir. Tá aird tarraingthe ó shin ag criticeoirí ar na ceisteanna eitice agus moráltachta a bhain leis an togra agus an easpa airde a tugadh ar réalachas eacnamaíoch na spriocphobal.²⁰ Chreid roinnt bailitheoirí go raibh ról acu, mar a thugann Diarmuid Ó Giolláin le fios, ceangail a chothú idir

¹⁹ Richard Handler agus Jocelyn Linnekin, ‘Tradition, Genuine or Spurious,’ *The Journal of American Folklore*, iml. 97, uimh. 385 (July-Sept., 1984): 280, faighte 20 Eanáir 2016, doi: 10.2307/540610.

²⁰ Ba é Brian Ó Nualláin nó Myles na gCopaleen is túisce a thug fogha faoi bhailitheoirí béaloidis agus iad ag déanamh ionradh ar cheantair Ghaeltachta tríd an gcarachtar Bonapart Ó Cúnasa ina shaothar cruthaitheach scigáithrise, *An Béal Bocht* (1941). Pléitear an t-idéalú agus an easpa tuisceana chomhuaineach i leith na Gaeltachta freisin in Máirín Nic Eoin, *An Litríocht Réigiúnach* (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 1982), 15-20 agus in Gearóid Denvir, ‘Decolonising the Mind: Language and Literature in Ireland,’ *New Hibernia Review/Iris Éireannach Nua*, iml. 1, uimh. 1 (Spring 1997): 59-60. Tarraingíonn Ó Cadhla aird ar thuairimíocht Sheáin Uí Ríordáin i leith na bréagdhílseachta agus na cinsireachta i gcomhthéacs an chultúir Ghaelaigh, trínar cuireadh faoi cheilt íomhánna níos barántúla agus níos dinimiciúla de phobal na Gaeltachta. Stiofán Ó Cadhla, ‘An Ghaeltacht agus an Raibiléiseachas,’ *An tSlat Féithleoige: Ealaíona an Dúchais 1800-2000* (Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht, 2011), 76-88.

pobal Gaeilge na tuaithe agus an cultúr forleathan comhaimseartha: ‘One of the tasks of the state was to integrate the peasant into modern life and many folklorists saw their own work in the same terms, helping to reconcile the peasant with modern civilization.’²¹ Chuir obair na mbailitheoirí le feacht an phobail áitiúil ar an tsochaí níos leithne agus ar an ról a bhí ag an oideachas foirmeálta agus ag an mBéarla sa tsochaí sin. Ba mar thoradh ar an mbailiúchán a fuair pobal na Gaeltachta blaiseadh de theicneolaíocht na linne sin nuair a tosaíodh ag baint leasa as an eideafón, cuir i gcás, agus feicfeadh thíos an chaoi a ndeachthas i ngleic ag an leibhéal áitiúil le coimhthíos na teicneolaíochta sin. Thabharfadh an méid sin le fios go raibh comhtháthú áirithe idir pobail agus aicmí éagsúla ag eascairt as togra an Choimisiúin. Insíonn cuid mhór den bhailiúchán féin agus cuntais chín lae na mbailitheoirí dúinn, áfach, gur gnéithe den chultúr ina dtéarmaí áitiúla, orgánacha ba chás le bailitheoirí a shealbhu seachas smaointeoireacht a fhorbairt maidir leis an seasamh a bhí ag an oidhreacht sin sa phróifíl chultúrtha náisiúnta. Ní treocht neamhchoitianta an nós a bhíonn ag lucht obair pháirce, tríd is tríd, béim a chur ar na tréithe is mó a dhealaíonn an pobal faoi scrúdú ón mórchuid den daonra seachas díriú ar ghnéithe a chruthódh aontacht nó comhionannas eatarthu. Mar a luadh i gcás Choilm Uí Chaodháin agus Shéamuis Mhic Aonghusa, áfach, agus mar a fheicfeadh thíos, níor chuir sé bac le comhar agus cairdeas idir bailitheoirí agus faisnéiseoirí ag an leibhéal bunúsach daonna.

Dlisteanú ar an togra bailiúcháin ab ea é go raibh nósanna traidisiúnta na cosmhuintire ag dul i léig go tréan, agus mar chuid de shainchomharthaí cultúrtha na hÉireann go raibh sé de dhualgas ar an Stát iarracht a dhéanamh iad a shlánú. Neamhspleách ar an ábhar béaloidis a bhailigh siad, bhí sé de dhualgas ar chuile bhailitheoir lánaimseartha cín lae a choinneáil. Cé gur tuairiscí ar ghnó an bhailiúcháin is mó a chuimsíonn ábhar na ndialann sin, tá teanga shuibhachtúil an bhailitheora le sonrú freisin iontu ó am go chéile idir bhreathnadóireacht shóisialta, léirmheastóireacht ar roinnt den ábhar a bhíodhas á bhailiú agus cur síos ar na deacrachtaí agus baic phraiticiúla a bhain le saol an oibrí páirce. In éineacht leis an mbailiúchán féin, mar sin, is foinse bhunúil eolais ábhar na gcín lae ar phobal na Gaeltachta a bhfuil áit aige i mórdhisciplín na hantraipeolaíochta – an

²¹ Diarmuid Ó Giolláin, *Locating Irish Folklore: Tradition, Modernity, Identity* (Corcaigh: Cork University Press, 2000), 51.

eitneagrafaíocht go háirithe.²² Is fiú a raibh maíte ag Ó Duilearga féin i dtaobh bhunú an Choimisiúin sa réamhrá a scríobh sé do *A Handbook of Irish Folklore* a mheabhru anseo: ‘an event of importance in the history of European *ethnological* and folklore studies.’²³ Do na bailitheoirí féin, bhí an chomhairle seo aige: chun tuiscint a fháil ar phobal ar bith, ní hamháin go gcaithfidh tú a dteanga a labhairt, caithfidh tú cónaí leo ag baile, eolas a fháil ar bhunús a dtraidisiúin agus ar na coinníollacha as ar eascair sé.²⁴ Aithníodh, go teoiriciúil ar a laghad, go raibh sé de chumas ag an gCoimisiún cur le réimse an léinn dhaonna ar bhonn Eorpach.

Feiniméan de chuid smaointeoireacht na hEorpa ar tháinig ann dó faoi anáil Aois na hEagnaíochta ab ea an antraipeolaíocht nó an léann daonna sa chéad áit. Tráchtann Moravia, cuir i gcás, ar an bhfuascailt eipistéimeolaíoch nó an ‘epistemological liberation’ a tharla mar fhreagra ar smaointeoireacht an tseachtú céad déag ina raibh tús áite ag catagóirí teibí, córasacha eolais mar a bhí amhlaidh san fhisic agus sa mhatamaitic. Tosaíodh ag diúltú don phribhléid a bhí tugtha don chur chuige matamaiticiúil i bhforbairt an eolais, agus ag aithint go raibh luach ag tuairiscí empiriciúla agus ag modheolaíocht na comparáide.²⁵ Aithníodh go raibh idirghníomhaíocht chasta, shainiúil idir an duine aonair agus an domhan mórthimpeall air, smaoinemh ar bhain Herder tuilleadh adhmaid as agus é ag cur chun cinn na fealsúnachta praiticiúla nó ‘fealsúnacht na ndaoine.’: ‘what fruitful developments would not arise if only our whole philosophy would become anthropology.’²⁶ Ba é Herder a mhol go dtabharfaí aitheantas don fheiniméan ‘cultúr’ i gciall iolrach agus go gcuirfí eolas ar chultúir éagsúla de réir a luachanna agus a

²² Tarraingím aird sa chomhthéacs eitneagrafaíoch seo ar an gcuntas a scríobh Séamus Mac Aonghusa ar shochraid an scéalaí Éamon Liam a’ Búrc (1866-1942) as Aill na Brún. Bhí sé féin agus an bailitheoir, Liam Mac Coisdealbha, ar bheirt den bheagán as baile isteach i measc shlua na sochraide. Cuirtear síos ar an turas 9 míle a tugadh as Aill na Brún go dtí reilig Mhuighinse, mar aon le gníomh an adhlactha féin a rinneadh sa Ghaeilge agus sa Laidin. Féach Ríonach uí Ógáin, eag., ‘*Mise an Fear Ceoil*’: *Séamus Ennis - Dialann Taistil 1942-1946* (Indreabhán : Cló Iar-Chonnacht, 2007), 65-66.

²³ Séamus Ó Duilearga, ‘Introductory Note,’ in Seán Ó Súilleabháin, *A Handbook of Irish Folklore* (Detroit: Singing Tree Press, 1970), iv. Liomsa an bhéim. Ba i nGaeilge a foilsíodh an saothar seo ar dtús i 1937 faoin teideal *Lámhleabhar Béaloideasa*. Cuireadh leis don eagrán Béarla.

²⁴ Thug Ó Duilearga léacht sa Ghearmáin i 1937 ar léann an bhéaloidis in Éirinn a foilsíodh ina dhiaidh sin in *Zeitschrift für Celtische Philologie*. Tá an t-athfhríotal thuas bunaithe ar an mbunleagan Gearmáinise: ‘...um ein Volk zu verstehen, muss man nicht nur seine Sprache sprechen, sondern muss man mit ihm zu Hause leben. Denn zum richtigen Verständnis der Überlieferungen, die man sammelt, muss man ihren Hintergrund kennen und die Bedingungen, unter denen sie leben können.’ Séamus Ó Duilearga, ‘Volkskundliche Arbeit in Irland von 1850 bis zur Gegenwart mit besonderer Berücksichtigung der ‘Irishen Volkskunde-Kommission’,’ *Zeitschrift für Celtische Philologie*, uimh. xxiii (1943): 10.

²⁵ Sergio Moravia, ‘The Enlightenment and the Sciences of Man,’ *History of Science*, vol. 18 (1980): 247-48.

²⁶ Luaite in John H. Zammito, *Kant, Herder, and the Birth of Anthropology*. (Chicago: University of Chicago Press, 2002): 214.

dtéarmaí tagartha féin. Bhí an t-éileamh sin déanta aige sa tsraith aistí, ‘Ideen zur Philosophie der Geschichte der Menschheit’ (1784-91), agus é ag áiteamh go gcaithfidís siúd a scríobhfadh stair na daonnachta a bheith, thar rud ar bith eile, *unparteiisch*, is é sin, ‘neamhchlaonta’, agus beag beann ar na mothúcháin.²⁷

Tá riar scoláirí comhaimseartha tar éis cíoradh ba dhéanamh ar an ról a bhí ag Herder i bhforbairt na hantraipeolaíochta mar dhisciplín. Tráchtann Sikka ar an gcoibhneasacht chultúrtha a raibh Herder tógtha léi mar choincheap, agus é ag impí go ndiúltófaí roimh thuiscintí absalóideacha i leith cultúir éagsúla agus go n-aithneofaí go raibh gach cultúr faoi réir ag tréimhsí ama agus coinníollacha faoi leith.²⁸ Áitíonn Forster gurbh é Herder a leag síos prionsabail cosúil leis an bpríhléid a thugtar san antraipeolaíocht don tuiscint seachas don mhíniú. Ba é Herder a mhol droim láimhe a iompú ar thuiscintí *a priori* agus tús áite a thabhairt d’fhianaise eimpiriciúil ón mbonn aníos sna léamha a dhéantar ar chultúir. Bhí a bheannacht tugtha ag Herder freisin do mhodheolaíocht na rannpháirtíochta, is é sin, breathnóireacht trí rannpháirtíocht nó ‘participant observation’ mar a tugadh níos deireanaí air, rud a spreagfadh bá leis an gcultúr faoi scrúdú.²⁹ Má bhí ‘analogy, metaphor, observation, and experience’³⁰ ar na mórpheiríochtaí a stiúir tuiscintí Herder i leith an chultúir dhaonna, mar a áitíonn Zammito, ní cúis iontais an chreidiúint a thugtar dó i bhforbairt léann an duine mar dhisciplín.

Forbairt de chuid na hEorpa, agus a d’fhás as traidisiún smaointeoireachta na Gearmáine go háirithe ab ea an antraipeolaíocht, mar sin, agus an eitneagrafaíocht atá gaolmhar léi, ach a dhíríonn ar shochaithe agus grúpaí cultúrtha faoi leith seachas ar an daonnacht ina hiomláine. B’fhéidir nach comhtharlúint é, dá réir, gur Ghearmánach agus Pholainneach an bheirt is minice a luadh i gcaitheamh an fhichiú haois mar cheannródaithe sa disciplín sin, Franz Boas (1858-1942) agus Bronislaw Malinowski (1884-1942) faoi seach. Is díol suntais gur sna heolaíochtaí fisiciúla a cuireadh oiliúint orthu beirt ó thús, rud a thugann le fios nach i bhfolús a tháinig an

²⁷ Martin Bollacher (eag.) *Johann Gottfried Herder: Werke in Zehn Bänden* (Band 6). (Frankfurt am Main: Deutscher Klassiker Verlag, 1985), 509. Is mar seo a chuirtear in iúl coincheap na neamhchlaontachta i gceann de na haistriúcháin Bhéarla atá déanta ar an saothar: ‘The historian of mankind must see with eyes as impartial as those as the creator of the human race, or the genius of the Earth, and judge altogether uninfluenced by the passions.’ Johann Gottfried Herder, *Outlines of a Philosophy of the History of Mankind*, aistrithe ag T. Churchill (New York: Bergman Publishers, 1966), 349.

²⁸ Sonia Sikka, *Herder on Humanity and Cultural Difference: Enlightened Relativism* (New York: Cambridge University Press, 2011), 26-33.

²⁹ Michael N. Forster, *Herder’s Philosophy* (Oxford: Oxford University Press, 2018), 155-59.

³⁰ Zammito, *Kant, Herder, and the Birth of Anthropology*, 309.

antraipeolaíocht chun cinn ach faoi thionchar na hionramhála a rinneadh ar na heolaíochtaí traidisiúnta teibí. Tugtar de chreidiúint do Malinowski gurbh é a chuir bonn faoin antraipeolaíocht san Eoraip san fhichiú haois nuair a chuir sé dlús faoin réimse léinn sin i Scoil Eacnamaíochta Londan.³¹ Ní hí an Eoraip, áfach, ach institiúidí acadúla na Stát Aontaithe is mó a luaitear leis an bproifisiúnú a rinneadh ar an léann daonna san fhichiú haois. Bhí lámh ag Boas san fhorbairt sin sa bhorradh a chuir sé faoin antraipeolaíocht in Ollscoil Columbia ó dheireadh an naoú céad déag, agus i bhfianaise an mianach a bhí sa ghlúin scoláirí ar chuir sé oiliúint orthu, leithéidí Ruth Benedict, Margaret Meade agus Melville J. Herskovits.³²

Taobh le taobh le teacht chun cinn na hantraipeolaíochta a tháinig borradh faoin mbéaloideas freisin mar réimse téagartha léinn sna Stáit Aontaithe. Bhí tionchar ag aiste cháiliúil a foilsíodh i 1954, ‘Four Functions of Folklore’³³ ar an bhforbairt sin. William H. Bascom (1912-1981) ab ea údar na haiste sin agus ba san antraipeolaíocht a bhain sé amach a chéim dhochtúireachta – faoi stiúir an Herskovits céanna atá luaite thuas. Tuiscint nua ab ea an t-áiteamh a rinne Bascom go raibh feidhmeanna praiticiúla ag an mbéaloideas ar chor ar bith, ina measc, oiliúint shóisialta agus fuascailt ó smacht na sochaí, mar shampla. Foilsíodh an aiste sin arís sa leabhar iomráiteach, *The Study of Folklore* (1965), a chuir Alan Dundes in eagar. Bhí údar inní ag Dundes, áfach, maidir le léann an bhéaloidis agus is fiú tagairt anseo dó agus rath Choimisiún Béaloideas Éireann á mheas. Ba chás leis go dtabharfaí aitheantas don difríocht idir an béaloideas féin agus léann an bhéaloidis. Ba bheag oibrí páirce, dar leis, a chaith dua leis na himpleachtaí teoiriciúla a bhí ag an ábhar a bhailigh siad. Bhí an disciplín i mbaol mar thoradh ar easpa béaloideasóirí gairmiúla agus an beag is fiú a bhí á dhéanamh de choincheapa teoiriciúla agus modheolaíochta sa réimse ina iomláine.³⁴

³¹ Raymond Firth, ‘Introduction: Malinowski as Scientist and as Man,’ in *Man and Culture: An Evaluation of the Work of Bronislaw Malinowski*, ead. Raymond Firth (London and New York: Routledge and Kegan Paul Ltd., 1957), 4.

³² Han F. Vermeulen, *Before Boas: The Genesis of Ethnography and Ethnology in the German Enlightenment* (Lincoln and London: University of Nebraska Press, 2015), 432.

³³ Foilsíodh an aiste in *The Journal of American Folklore* 67, uimh. 266 (1954): 333-49, faighte 24 Aibreán 2019, doi:10.2307/536411.

³⁴ ‘Folkloristics in the Twenty-First Century (AFS Invited Presidential Plenary Address 2004),’ *Journal of American Folklore*, Iml. 118, Uimh. 470 (Autumn 2005): 388, faighte 10 Bealtaine 2019, <http://www.jstor.org/stable/4137664>. Ghearán sé, in alt eile, ‘One of the most disheartening aspects of folkloristics, the scientific study of folklore, is the persistent lack of analysis or interpretation.’ D’áitigh sé, san alt céanna, nach raibh léargais intleachtúla ag teacht chun cinn maidir le ‘the meaning or significance of a folkloristic event.’ ‘Bloody Mary in the Mirror: A Ritual Reflection of Pre-Pubescent Anxiety,’ *Western Folklore*, Iml. 57, Uimh. 2/3 (Spring - Summer, 1998): 119, faighte 10 Bealtaine 2019, <https://www.jstor.org/stable/1500216>.

Cá bhfágann sé sin saothar agus tionchar Choimisiún Béaloideasa Éireann? Disciplín idirnáisiúnta is ea an béaloideas ach an fiú a rá gur chuir iarrachtaí an Choimisiúin cor i gcinniúint an réimse sin ar bhonn leathan, aineoinn a thoirtíúla, shaibhre is atá an bailiúchán a chnuasaigh siad? Bhí an fhéidearthacht ann idirghníomhaíocht a chur sa tsiúl idir an dúchas Gaelach agus mórthraidisiún intleachtúil idirnáisiúnta, ach ní mar sin a tharla. Tarraingíonn Ó Giolláin aird ar an mbéim a cuireadh ar an mbéaloideas in Éirinn i ndioscúrsa an chailteanais, ‘mar fhuílleach an ardchultúir Ghaelaigh a scriosadh sa 17ú haois.’³⁵ Bhí an béaloideas sa tír seo freisin á lua leis an nGaeilge, siombail eile den chailteanas. Cuir san áireamh, anuas air sin, an phráinn a samhlaíodh leis an obair bhailiúcháin féin, agus tá míniú leathshásúil agat ar na cúiseanna nár fhorbair ‘traidisiún intleachtúil’³⁶ i réimse an bhéaloidis in Éirinn agus an Coimisiún i mbarr a réime.

Ba mhór idir beart agus briathar, mar sin, i bhfianaise ráiteas Shéamuis Uí Dhuilearga maidir leis an tionchar a bheadh ag an gCoimisiún ar léann an bhéaloidis ar bhonn Eorpach. Tá oidhreacht Uí Dhuilearga cíortha ag Briody, a deir, ‘Ó Duilearga to the very end saw folklore, for the most part, in terms of collecting.’³⁷ An t-idéal a chosaint ón bhfírinne ba chás le stiúrthóir an Choimisiúin, dar le hÓ Giolláin, agus é ag áiteamh gur ‘comharba an Chraoibhín’³⁸ ab ea é. Thrácht mé i gCaibidil a hAon ar an drogall a bhíodh ar Dhubhghlas de hÍde aitheantas a thabhairt don réalachas sóisialta chomh fada is a bhain le pobal na Gaeilge a raibh sé ag bailiú ábhair uathu ó dheireadh an naoú céad déag. Ba é an dearcadh sin a thug bonn do ‘idé-eolaíocht na hathbheochana’,³⁹ agus de réir bhreith Uí Ghiolláin, is ag cothú seachas ag ceistiú an mheoin sin a bhí Ó Duilearga agus é ina cheann feadhain ar Choimisiún Béaloideasa Éireann.

Is díol suntais é ina dhiaidh sin féin go rabhthas ag tosú ag smaoineamh i lár an chéid seo caite ar fheiniméin cosúil le hionadaíocht, ceartas, fírinne agus barántúlacht mar bhealach le teacht ar thuiscint níos saibhre ar ghnéithe den chultúr dúchais. Dar liom go bhfuil rian den mheon antraipeolaíoch sin le brath ar an ngiota tuairimíochta seo thíos de chuid Shorcha Ní Ghuairim, cuir i gcás, agus í ag trácht ar an easpa tuisceana a bhí sa treis i dtaca le hamhráin na ndaoine:

³⁵ Diarmuid Ó Giolláin, *An Dúchas agus an Domhan* (Corcaigh: Cork University Press, 2005), 133

³⁶ Ibid.

³⁷ Briody, *The Irish Folklore Commission*, 486.

³⁸ Ó Giolláin, *An Dúchas agus an Domhan*, 129.

³⁹ Ibid.

Tá stair na ndaoine ins na h-amhráin seo tá a n-uaisleacht ionnta, tá a ndearcadh fré chéile agus a gcuid feallsamhnachta ionnta ... Ach ní théigheann cuid againn sáthach doimhin i n-amhráin na ndaoine le n-a dtuiscint. Ní thuigeann muid an dream a chum iad; agus ní thuigfidh go gcodluighidh muid agus go gcomhnuighidh muid le muinntir na Gaedhealtachta go gcloisfidh muid bean a' caoineadh le h-éirighe lae nó scata óig-fhear ag crosbhóthar uaigneach oidhche ghealaighe agus gan de thionnlacan aca ach torann na fairrge.⁴⁰

Bhí an t-impí seo ag teacht leis an smaoineamh nárbh fhéidir tuiscint shaibhir, théagartha a fhorbairt i leith ealaíona na cosmhuintire neamhspleách ar a gcomhthéacs bunúil. Bhí sé éagórach scéal nó amhrán a thógáil ó dhuine gan aitheantas a thabhairt do na coinníollacha bunúsacha maireachtála, bídis maith nó olc, ar eascair na cleachtais sin astu. Ardaíonn Richard Bauman ceist bhunúsach, úsáideach a théann chun tairbhe na deacrachta seo: cén chaoi a n-aithnítear comhthéacs? Áiríonn sé 'staideanna' cosúil leis an litearthacht nó an easpa litearthachta mar chomhthéacsanna, mar aon le 'suíomhanna' cosúil le hinstiúidí, eagraíochtaí agus gluaiseachtaí.⁴¹ D'fhéadfaí teacht ar an tátal, bunaithe ar thuiscint chomh scaoilte sin ar choincheap an chomhthéacs, gur comhthéacs ann féin freisin an ceol inar féidir eolas a chur ar ghnéithe eile de shaol an duine. Ag filleadh ar shuíomh an taighde seo, ní gá a rá gurbh í an oidhreacht bhéil seachas an cultúr liteartha a bhí ar thús cadhnaíochta i gceantar na nAirdeanna i lár na haoise seo caite agus gurbh é teach pobalda an airneáin 'instiúid' na héigse. Cuireann an ceol mar fhráma tagartha, mar sin, lenár dtuiscint ar chúrsaí níos leithne oideachais agus eacnamaíochta an cheantair.

Más le saibhreas amhránaíochta a luaitear Carna sa tsamhail chomhchoiteann sa lár atá inniu ann, bhí tráth ann nuair a ceistíodh cumas maireachtála an duine dhaonna sa cheantar ar chor ar bith de bharr bochtanais agus iargúlta. Bhí Carna ar cheann de na ceantair a raibh difríochtaí suntasacha le feiceáil i gcoinníollacha maireachtála na ndaoine ann idir deireadh an naoú haois déag agus lár an fhichiú haois, agus géarghá leis an athrú sin. Ba mar cheantar ar gcúl, go tíreolaíoch agus go heacnamaíoch, a thráchtar air i gcuntas an eitneolaí C. R. Browne (1857-1931) ón mbliain 1900 atá ar cheann de na cáipéisí tuairisciúla is túisce dá bhfuil againn ón gceantar:

The district of Carna, which forms part of the parish of Moyrus, in the barony of Ballinahinch, is a very poor one, cut off inland from the rest of the country by a belt of

⁴⁰ Féach 'Symposium ar Amhránaidheacht na Gaedhealtachta,' i gCaibidil a Trí, lch. 118.

⁴¹ Richard Bauman, *Verbal Art as Performance* (Illinois: Waveland Press, 1977), 27.

mountain and bog land almost uninhabited, and bounded on the south, east and west by the sea.⁴²

Bhí mórán na cuntais chéanna ag teacht chun cinn ó dheireadh an naoú haois déag i gcás Chonamara trí chéile. Tuairiscíodh i leith Chamuis, cúig mhíle dhéag soir ó Charna, mar shampla, ‘...I will venture to say no one would think it possible that any human being could live or even find foothold on this rock-strewn shore...’⁴³ Díol suntais ab ea é do chuariteoirí go raibh an duine daonna in ann maireachtáil sna háiteanna seo ar chor ar bith agus níl aon cheist ach go gcuirfeadh an tírdhreach agus an talamh an dallamallóg sin orthu. Deatach ag éirí as botháin a thug le fios go raibh iarracht éigin ar mhaireachtáil dhaonna á déanamh sna ceantair sin. Siombail ab ea an teach cónaithe arbh fhéidir, dá réir, leibhéal bochtanais nó dul chun cinn na ndaoine a mheas, agus ba cheann de na cúraimí é a ghlac Bord na gCeantar Cúng a bunaíodh in 1891 orthu féin agus a raibh toradh réasúnta suntasach le feiceáil air ag teannadh le lár an fhichiú haois.

An duine agus an beithíoch a scaradh ó chéile an ghné ba phráinní ó thaobh feabhas a chur ar chúrsaí tithíochta i gceantar Chonamara. Ba mhór iontas na gcuairteoirí ar fheiceáil dóibh go mbíodh teaghlaigh ag maireachtáil faoi aon díon le cearca, madraí, muca agus corrbhó. Socraíodh botháin bheaga a thógáil d’ainmhithe neamhspleách ar an teach agus cairn aoiligh agus ábhar fuílligh eile a stóráil iontu seo freisin. Deontais a chuir Bord na gCeantar Cúng ar fáil trí choistí paróiste a d’fhág go bhféadfaí an obair sin a dhéanamh. Dá laghad é, tugadh aitheantas do shibhialtacht agus do dhínit an duine ag an leibhéal bunúsach bitheolaíoch. Anuas air sin, bhí an t-aistriú talaimh ó thiarnaí talún chuig na feirmeoirí faoi lántseoil faoi dheireadh an naoú céad déag nó go raibh deireadh ar fad curtha le córas na dtiarnaí talún faoin am ar tháinig an Saorstát ar an bhfód.⁴⁴ B’fhada na tiarnaí talún céanna agus na ‘feirmeoirí beaga’ mar a thugtaí orthu i gceantar Chonamara, in adharca a chéile. Tá áit shuntasach, go deimhin, bainte amach i seanchas na nAirdeanna ag an tiarna talún Tadhg Ó Flaithearta nó ‘Tadhg na Buile’ mar a thugtaí go háitiúil air, a bhí i réim i

⁴² Charles R. Browne, ‘The Ethnography of Carna and Mweenish, in the Parish of Moyruss, Connemara,’ *Proceedings of the Royal Irish Academy (1889-1901)* iml. 6 (1900): 504, faighte 17 Feabhra 2016, <http://www.jstor.org/stable/20488789>.

⁴³ James H. Tuke, *Irish Distress and Its Remedies: The Land Question : A Visit to Donegal and Connaught in the Spring of 1880* (London: Barrett, Sons & Co., 1880), 76, faighte 19 Feabhra 2016, <https://archive.org/details/irishdistressan00tukegoog/page/n6>.

⁴⁴ Micheál Ó Conghaile, *Conamara agus Árainn: Gnéithe den Stair Shóisialta* (Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht, 1988), 134.

lár an tséú haois déag.⁴⁵ Maireann fothracha a chaisleáin san Aird Thoir, agus dá réir tugtar ‘Aird an Chaisleáin’ ó am go chéile ar an mbaile fearainn sin. Ba mhinic le Seosamh Ó hÉanaí an t-ainm sin a úsáid agus é ag tagairt don bhaile agus tá sé tagtha chun cinn sa chomhthéacs níos comhaimseartha freisin san amhrán molta áite dar teideal ‘Aird an Chaisleáin’ a chum Eddie Bheairtle Ó Conghaile agus a casadh den chéad uair go poiblí ag Féile Chomórtha Joe Éinniú in 2013. Meabhraíonn an caisleán ré ina raibh muintir na háite á gcur faoi chois agus a gcearta eacnamaíocha á séanadh orthu.

Tograí a bhain le hinfreastruchtúr agus cumarsáid an gnó mór eile a chuir Bord na gCeantar Cúng roimhe ag tús an chéid seo caite i gceantair cosúil le Carna. Ba ón talamh agus ón bhfarraige a shaothraigh bunáite na ndaoine a gcuid, mar a luadh roimhe seo, ach bhí éiginnteacht ag baint leis sin mar shlí mhaireachtála. Ní fhéadfaí brath ar phraghas an mhargaidh ó thaobh na hiascaireachta ná na ceilpeadóireachta de agus ba mhinic drochaimsir agus galra ag cur isteach ar chúrsaí curadóireachta. Bóithre agus céibheanna na gnéithe ba shuntasáí den dul chun cinn eacnamaíoch agus sóisialta a bhain leis an tréimhse sin. Ba faoi stiúir an Bhoird a tógadh an dá bhóthar a théann chomh fada leis an Aird Thiar agus An Aird Thoir inniu. Ní hé an oiread sin leasa, áfach, a bhainfeadh muintir na háite as na bóithre ar bhonn laethúil go dtí go dtosódh rothair, agus níos deireanaí arís, carranna, ag éirí fairsing. Ba mhinic nach de réir na mbóithre ar chor ar bith a tugadh aitheantas do spásanna agus teorainneacha áitiúla ach de réir thuiscintí na sinsearthachta ina raibh brí agus feidhm ag claíocha, cnocáin agus cladaigh. Chuir tógáil na mbóithre, áfach, obair íoctha ar fáil do dhaoine a raibh géarghá acu léi. Ba é a fhearacht chéanna ag na céibheanna é agus b’fhéidir gur mó call a bhí leosan seachas le bóithre ag tús na haoise seo caite. Ba bheag teaghlach sna hAirdeanna nach raibh bád nó curach acu, rud a d’fhág go raibh an meán acu taisteal ar muir agus nárbh é an oiread sin tábhachta a bhí leis na bóithre nuair nach raibh carr ag duine. Ba mhinic an fharraige ina haicearra seachas ina bac. Fágadh go raibh iascairí na háite in ann dul go Cloch na Rón ag díol gliomach, cuir i gcás, agus is í an fharraige a cheangail pobal Charna agus muintir Cheantar na nOileán freisin toisc gurbh éasca an t-aistear sin a dhéanamh ar muir seachas ar tír. Tá a fhianaise sin le sonrú ar roinnt den fhilíocht bhéil a cumadh sa

⁴⁵ Tá cuntas ar na Flaitheartaigh le fáil i gCnuasach Bhéaloideas Éireann, ó Bheairtle Ó Conghaile a chuala sé óna athair, Séamus, iml.1320: 325-32. Tá mír a bhaineann leis an ábhar céanna, dar teideal ‘Caisleán na hAirde agus Tadhg na Buile’ a tógadh ó Sheosamh Mac Donnchadha (athair Sheáin ‘ac Dhonncha) as an Aird Thiar in Seán Mac Giollarnáth, eag. *Annála Beaga ó Iorras Aithneach* (Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1941), 42-43.

cheantar thart ar lár an chéid seo caite.⁴⁶ Tá a fhios againn chomh maith gur bonn agus call eacnamaíoch a bhí leis na turais níos faide ó bhaile a thugadh muintir Chonamara go cathair na Gaillimhe agus Contae an Chláir ag díol móna agus earraí eile.

Ag filleadh ar cheist an chomhthéacs, mar sin, tá sé tairbheach an tionchar a bhí ag an eacnamaíocht ar chúrsaí cultúir agus sóisialta a rianú, agus dá réir, an áit a bhí ag an gceol i saol na ndaoine. Ní gá a rá nár tháinig borradh faoi chúrsaí talmhaíochta i gceantair cosúil le Carna don chuid is mó den chéad seo caite. D'fhág an talamh fliuch portaigh a bhí foirgthe ag carraigeacha agus clocha nárbh fhéidir mórán leasa a bhaint as agus nach raibh san fheirmeoireacht ag an leibhéal seo ach bealach le cur leis an bpríomhshlí bheatha arbh í an iascaireacht í. Níorbh iontas, mar sin, an imirce a bheith go tréan sa chinniúint ag an nglúin óg. Bhí an imirce, dar liom, ar cheann de na comhthéacsanna trínar tháinig feidhmeanna sóisialta na hamhránaíochta chun cinn sna hAirdeanna. Bhíodh na *timeanna* agus na hoícheanta airneáin a reáchtáilí chun slán a fhágáil ag an té a bhíodh ag dul ar imirce i measc na n-ócáidí is treise a luaití le cleachtas na hamhránaíochta go háitiúil, rud a phléifear go mion níos faide anonn. Bhíodh na hócáidí céanna ar bun réasúnta minic toisc an líon tí ard nach raibh mórán blianta eatarthu ó thaobh aoise de a bhí i bhformhór na dteaghlach ag an am agus roinnt acu ag dul ar imirce duine i ndiaidh a chéile. Ba i bhfráma tagartha chleachtas an chultúir, mar sin, a fuair an té a bhí ag dul ar imirce an t-eispéireas deireanach dá dhúchas agus dá phobal. Aithníodh drochstaid na heacnamaíochta agus cothaíodh an cultúr go comhuaineach. Meabhraíonn an nasc seo idir pobal agus cultúr an téis a chuireann Anthony Seeger chun cinn agus é ag déanamh staidéir ar phobal amhránaíochta an *Suyá* sa Bhraisíl: na bealaí a dtagann an cultúr chun cinn sa cheol. Is é sin le rá, an ceol mar cheann de na cleachtais as a n-eascraíonn cultúr agus saol sóisialta pobail. Ina fhocail féin: 'Rather than studying music *in* culture ... a musical anthropology studies social life as a performance.'⁴⁷ Tagann ann do phobail mar gheall ar cheol, mar sin, ainneoin gur ganntanas agus easpa dul chun cinn i réimsí eile sa saol a spreagann ócáidí láithrithe an cheoil sin uaireanta.

Is beag tagairt a dhéantar do chúrsaí cultúir agus teanga i gcuntas eitneagrafaíochta C.R. Browne ach tá léargas teoranta ann ar staid eacnamaíoch agus ar phróifíl

⁴⁶ Is fianaise ar an dáimh láidir a bhí idir pobal Charna agus muintir Cheantar na nOileán saothar an fhile béil, Micheál Bheairtle Ó Donnchú (1902-1979) as Bantrach Ard. I measc a chuid amhrán tá 'Amhrán an Bháinín', 'Amhrán Fhurnais', 'Amhrán Leitir Caladh' agus 'Cailín Leitir Mealláin'.

⁴⁷ Anthony Seeger, *Why Suyá Sing: A Musical Anthropology of an Amazonian People* (Cambridge: Cambridge University Press, 1987), xii. An bhéim sa téacs bunúil.

oideachais mhuintir Charna.⁴⁸ Is dóigh liom go raibh obair Browne ag teacht leis na treochtanna a bhí i réim san eitneagrafaíocht ó thús an naoú haois déag, nó go raibh sé faoi thionchar eitneagrafaíocht an tarrthálais nó an *salvage ethnography* mar a tugadh uirthi. Bhíothas i mbun breathnadóireachta sa tréimhse seo i bpobail agus i réigiúin a raibh athrú as cuimse ag teacht orthu agus iad i mbaol a mbáis mar gheall ar thionchar an choilíneachais.⁴⁹ Is cuntas ginearálta ina gcuirtear béim ar aonchineálacht an phobail é ceann Browne agus níl rian air go raibh teagmháil ná cumarsáid dhíreach aige le haon duine faoi leith sa phobal sin. Bhí sé níos deacra dul i bhfeidhm ar dhaoine sa pharóiste seo, dar leis, le hais na bparóistí eile a raibh sé tar éis cuairt a thabhairt orthu. Níor chuidigh sé ach an oiread go raibh ráflaí á scaipeadh ag an am maidir le cogadh a bheith ar na bacáin, agus dá réir, gur chreid roinnt daoine gur chun críche coinscríofa a bhí Browne agus a fhoireann sa cheantar sa chéad áit.⁵⁰ Bhí an tríú páirtí, leithéidí an tsagairt paróiste nó pearsa eile le húdarás sa cheantar, gníomhach in obair pháirce Browne: ‘informants who by daily acquaintance with the people and local knowledge were likely to be reliable.’⁵¹ Is mó de stíl thuairisciúil eitneagrafaíochta atá in úsáid aige ina raibh tús áite ag tuisctintí a bhí faoi réir ag téarmaí tagartha an scoláire nó an údair seachas ag ionchur an fhaisnéiseora. Ba mhór idir an mhodheolaíocht seo agus eitneagrafaíocht na hinsinte nó an *narrative ethnography* a d’fhorbair ón dara leath den fhichiú haois.⁵² Is beag léargas, mar sin, a thugann a chuntas dúinn ar an gcultúr mar phróiseas nó mar ghréasán

⁴⁸ Leagann Browne béim ar leanúnachas na stíle maireachtála traidisiúnta agus áitíonn go raibh drogall ar an nglúin óg malairt todhchaí a chruthú dóibh féin. Tagraíonn sé go rialta do bhochtanas na ndaoine ach an am céanna aithníonn an chríonnacht agus an teacht aniar a bhí iontu.

⁴⁹ Jacob W. Gruber, ‘Ethnographic Salvage and the Shaping of Anthropology,’ *American Anthropologist*, New Series 72, uimh. 6 (1970): 1292-93, faighte 25 Márta 2016, <http://www.jstor.org/stable/672848>.

⁵⁰ Ba mar seo a mheas Browne féin a chuairt ar an gceantar: ‘A good many difficulties were experienced, and the people were more difficult to approach than those in most of the districts previously worked. The shortness of the time at our disposal, and the inclemency of the weather prevailing during our stay, were great hindrances to our work, as were the rumours of impending war, which was, perhaps, the greatest obstacle of all, as many of the men were obviously afraid to subject themselves to examination, owing to the prevalence of a rumour that conscription for the militia was about to be resorted to, and our visit and physical measurements seem to have been imagined by some to have a connexion with this.’ (1900-1902, lch. 505). Seans gurb é Cogadh na mBórah (1899-1902) idir an Bhreatain agus an Afraic Theas an chúis inní a bhí ag daoine maidir leis an gcoinscríobh.

⁵¹ *Ibid.*, 517.

⁵² Is baolach nach raibh an modh oibre ar ar tugadh ‘rannpháirtíocht an bhreathnadóra’ nó *participant observation* a thug bonn d’eitneagrafaíocht an fhichiú haois baileach tagtha chun cinn i ré Browne, arbh í a móraidhm, dar le Malinowski, ‘to grasp the native’s point of view, his relation to life, to realize his vision of his world.’ Bronislaw Malinowski, *Argonauts of the Western Pacific* (London: George Routledge and Sons, 1932), 25. An bhéim sa bhuntéacs. Ba as an modh oibre seo a d’fhorbair eitneagrafaíocht na hinsinte atá bunaithe ar rannpháirtíocht ghníomhach an bhreathnadóra, agus ina gcuirtear béim ar an údar mar charachtar i bpróiseas cruthaithe an chuntais eitneagrafaíoch féin. Barbara Tedlock, ‘From Participant Observation to the Observation of Participation: The Emergence of Narrative Ethnography,’ *Journal of Anthropological Research*, iml. 47, uimh. 1 (Spring, 1991), 77-78, faighte 28 Iúil 2015, <http://www.jstor.org.libraryproxy.mic.ul.ie/stable/3630581>.

dinimiciúil cumarsáide. Go deimhin, tá an seans ann gur próiseáladh cuairt Browne ar bhonn áitiúil ag an am mar ionradh nó gur dheimhnigh sé don chosmhuintir a neaspa cumhachta féin i saol a bhain leis an mBéarla, rud a mheabhraíonn an téis maidir leis an mbunús atá ag an eitneagrafaíocht sa choilíneachas.⁵³

Is díol spéise an t-athrú a bheadh tagtha ar chuntais ar cheantar Charna leathchéad bliain i ndiaidh chuntas Browne. Cur síos ar an tírdhreach agus ar an timpeallacht nádúrtha a shamhlófaí le hearnáil na turasóireachta atá i gcuid mhaith de shaothar Sheáin Mhic Giollarnáth (1880-1970), *Conamara*, ón mbliain 1954, cuir i gcás. Tráchtar ar áilleacht na genoc agus na ngleannta, tugtar próifíl d'fhiadhúlra an réigiúin agus meabhraítear a lárnaí is atá an fharraige mar acmhainn don phobal. Is go sainiúil ar an oidhreacht chultúrtha, áfach, a tharraingíonn Mac Giollarnáth aird chomh fada is a bhaineann le ceantar Charna seachas díriú ar an timpeallacht nádúrtha mar a rinne sé i gcás roinnt mhaith de na bailte fearainn eile a dtráchtann sé orthu sa saothar. Seo a chur síos:

Iorras Aithneach peininsula has so many cultural attractions in its singers and storytellers that an unbroken stay of twelve months would not exhaust them. How the great body of folklore that has been forgotten in many countrysides came to be known and preserved in the little homes from Leitirárd across to Cill Chiaráin is a problem for specialists who have time to investigate the meandering ways by which tales travel. The eager student of Irish could find no better university than a fireside here in Coillín, or Ruisínnamainiach, Aillnabrón, or Lochconaora, with some successor of Éamon de Búrca, Mícheál Mac Donncha, Seán Ó Briain and the other master storytellers whose tales have been recorded for the Folklore Commission. A living singer has given one collector as many as fifty songs, including words and music. The visitor who comes to this district with some knowledge of the Irish language will be able to share in the common culture of the people. The privilege of intimate communication with the inhabitants of any land having a distinctive culture affords more lasting pleasure than any other attractions that it can offer.⁵⁴

Bhí samhail ag teacht chun cinn de cheantar Charna faoi lár an fhichiú haois, mar sin, mar chliabhán cultúir nó tearmann de na healaíona dúchais. Tabharfar faoi deara an leas a bhaintear as an malairt ainme, 'Iorras Aithneach', ar an gceantar freisin. Tá bunús ag an logainm sin sna heilimintí agus i dtopagrafaíocht an limistéir. Is leagan meititéiseach 'aithneach' den ainmfhocal 'ainbhthe', ar malairt é de 'anfa',⁵⁵ ar focal eile ar 'stoirm' é. Sa tsamhlaíocht áitiúil, is logainm níos 'traidisiúnta' agus níos

⁵³ Dar leis an scoláire i léann na cumarsáide, Robin Patric Clair, mar shampla, 'In short, ethnography grew out of a master discourse of colonization.' Féach Clair, 'The Changing Story of Ethnography,' in *Expressions of Ethnography: Novel Approaches to Qualitative Methods*, ead. Robin Patric Clair (New York: State University of New York Press, 2003), 3.

⁵⁴ Mac Giollarnáth, *Conamara*, 44-5.

⁵⁵ Liostáiltear 'ainbhthine' agus 'ainbhthe' mar mhalairtí ar 'anfa' i bhfoclóir Uí Dhuinnín. Féach <https://www.teanglann.ie/ga/fgb/ainbhthine> agus <https://www.teanglann.ie/ga/fgb/ainbhthe> faoi seach.

‘fileata’ ‘Iorras Aithneach’ le hais ‘Carna’ agus is minic a úsáidtear dá réir é agus tagairtí á ndéanamh do chúrsaí cultúir.

Breitheamh sna cúirteanna dúiche ab ea Seán Mac Giollarnáth agus is í an obair sin a thug chomh fada le Conamara ar dtús é i 1925. Bhí sé aitheanta, áfach, mar bhailitheoir díograiseach béaloidis freisin agus é i mbun dualgas go páirtaimseartha mar bhailitheoir leis an gCumann le Béaloideas Éireann. Ba é a chnuasaigh ábhar an leabhair, *Annála Beaga as Iorras Aithneach* (1941), ar eiseamláir é de Ghaeilge an cheantair ainneoin nach ndéantar aon tráchttaireacht ar thréithe den teanga san fhoilseachán. Tá míreanna a tógadh ó athair Sheáin ’ac Dhonncha agus athair Bheairtle Bhig Uí Chonghaile, i measc daoine eile as an Aird Thiar, le fáil san fhoilseachán. Ní dheachaigh saibhreas Gaeilge an cheantair amú ar an gcéad bhailitheoir lánaimseartha a chuaigh i mbun dualgas i gCarna, Liam Mac Coisdealbha (1906-1996), ach an oiread, nuair a thug sé a chéad sciúird ar an áit i 1928: ‘B’ait mar do casadh annseo mé ag múnadh Gaeilge sa gceantar ba mhó Gaeilge i n-Éirinn.’⁵⁶ Is fiú an dá mhórshaothar teangeolaíochta atá bunaithe ar Ghaeilge Charna a lua sa chomhthéacs seo chomh maith. Is ar thaifid fuaimne a rinneadh i Scoil na hAirde faoi stiúir an phríomhoide ansin, Pádraig Ó Cosgardha, sna 1960í luatha a bunaíodh an anailís ar Ghaeilge an cheantair in Hans Hartmann, Tomás de Bhaldraithe agus Ruairí Ó hUiginn, *Airneán: Eine Sammlung von Texten aus Carna, Co. na Gaillimhe* (1996). Is í an chaint thraidisiúnta go príomha a phléitear i bhfianaise thréimhse na dtaifead agus tá beirt as na hAirdeanna, Seosamh Ó Laidhe agus Éamon Ó Conghaile, i measc na bhfaisnéiseoirí. Is ar Ghaeilge cheantar Charna freisin atá ceann de na graiméir is cuimsithí sa Nua-Ghaeilge bunaithe, mar a fhaightear in *The Irish of Iorras Aithneach* (2007) le Brian Ó Curnáin. Tá an staidéar bunaithe ar bhreis is scór bliain d’obair pháirce, agus baintear leas as an ábhar a bhailigh Coimisiún Béaloideas Éireann mar fhoinsé thánaisteach. Tarraingíonn Ó Curnáin aird ar éagsúlacht agus cruthaitheacht na teanga ag leibhéal an duine aonair sa phobal, agus ar ghnéithe sainiúla de Ghaeilge an cheantair cosúil leis an tsronaíl agus an t-análú fuaimne nó *aspiration*.

Leanúnachas agus seasmhacht na teanga agus an chultúir dhúchais is mó a shantaigh bailitheoirí Choimisiún Béaloideas Éireann agus iad i mbun saothair sna ceantair Ghaeltachta go háirithe, agus níorbh eisceacht ceantar Charna. Ní hann don chultúr

⁵⁶ Liam Mac Coisdealbha, ‘Im’ Bhailitheoir Béaloideas,’ *Béaloideas* 16, uimh. 1/2 (1946): 141, faighte 10 Samhain 2016, doi:10.2307/20522138.

díomhaoin, áfach, agus dá réir, is i gcomhar le forbairtí agus nuálaíochtaí sa teicneolaíocht agus san oideachas a tháinig bláth ar a saothar. Ba í an litearthacht aibítire a thug bonn don bhailiúchán fisiciúil ann féin i bhfianaise gur téacsanna scríofa den chuid is mó a d'fhreagair d'amhráin, do scéalta agus d'ealaíona béil eile a áiríodh a bheith ag teacht leis an bhfeiniméan ar tugadh 'béaloideas' air. B'athrú agus athchomhthéacsú an t-aistriú seo a bhí á dhéanamh ó mheán dinimiciúil, éiginnte an fhocail labhartha go dtí meán níos cumhachtaí agus níos buaine na scríbhneoireachta. I súile an phobail féin, b'ócáidí scríbhneoireachta agus léitheoireachta na hoícheanta a mbítí ag bailiú nach mbíodh ag tarlú den chuid is mó de réir a dtaithí siúd ach amháin ar scoil. Go deimhin, bhí an bhearna idir an litearthacht bhéil agus 'bua' na litearthachta aibítire, mar a chonacthas do na pobail dhúchasacha í, ina cnámh spairne ag sciar díobh. Ba ar Shéamus Mac Aonghusa a bhí an file seo, Val Bheairtle Ó Donnchú (1898-1981) as an mBantrach Ard, ag trácht agus é ag dul i ngleic leis an déscaradh intleachtúil a chonacthas dó a bhí eatarthu, mar ba dhual dó, trí mheán na filíochta béil:

Ach faraor ní raibh sé in mo chinniúint ar aon chor,
Go scríobhfainn an Ghaeilge seo síos mar is cóir;
Ach tá súil agam le dualgas ón uachtarán Séamus,
Gach Nollaig is féile fhad is mhairfeas mé beo.
[...]
Tá ceird ar a lámha nach féidir a sháruí,
Ní chreidfinn ón bPápa nach bhfuil sé faoi dhraíocht;
Le port agus amhrán, dhá dtógáil ar chóipleabhar,
Is á seinm go ceolmhar arís ar an bpíob.⁵⁷

Ba é mórán an moladh céanna a bhí ag Ó Donnchú do Liam Mac Coisdealbha freisin, ag cur muinín san áibhéil chun ómós a léiriú do chumas intleachtúil an bhailitheora:

Sláinte agus saol go raibh lena linn ag fear Chontae Mhaigh Eo,
Beidh a chliú is a cháil abhus is thall fhad is mhairfeas aon fhear beo;
Le meabhair a chinn ag léamh is ag scríobh molaim leis an barr,
A shamhail siúd níor shiúil an drúcht ó rugadh an chéad bhó bhán.⁵⁸

Tugann iarrachtaí na mbailitheoirí le fios go raibh rath ar an gcuidreamh a bhí á chruthú idir amhránaíocht thraidisiúnta an bhéil bheo agus cultúr ceannais na litearthachta. Áiríodh an bailiú féin mar ghníomh sealbhaithe eolais agus d'fheil sé d'eagraíocht cosúil le Coimisiún Béaloideas Éireann a raibh caomhnú an chultúir thraidisiúnta ar cheann dá mhórspriocanna. Ionadaíocht ortagrafaíoch ar mhíreanna

⁵⁷ 'Amhrán Shéamuis' le Val Bheairtle Ó Donnchú in Róisín Nic Dhonncha, 'Amhráin Vail agus Mhíchíl Bheairtle Uí Dhonnchú' (Tráchtas MA, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, 2002), 32-3.

⁵⁸ 'An tÉideafón' le Val Bheairtle Ó Donnchú. *Ibid.*, 36.

ón oidhreacht bhéil ab ea an bailiúchán téacsúil, áfach. Fágann sé go raibh an caomhnú agus an leanúnachas a santaíodh chomh mór sin á gcur as a riocht ag an bpróiseas trína ndearnadh iarracht iad a shealbhú sa chéad áit.

Ag cur cúinsí airgid agus cúiseanna praiticúla san áireamh, bhí obair bhailiúchán trí mheán na scríbhneoireachta ar an rogha ba shásúla a bhí ag an gCoimisiún sa tréimhse tosaigh. Ní raibh ina acmhainn eideafón a sheoladh amach le gach bailitheoir agus ní bheadh sé praiticiúil ná fiú indéanta a raibh d'ábhar á bhailiú a stóráil ar na fiteáin chéireacha a bhí ag úsáid.⁵⁹ Bhí Séamus Mac Aonghusa, cuir i gcás, an duine is mó a bhailigh amháin i gceantar Chara, ag brath ar iasacht eideafóin ó bhailitheoirí eile sna blianta tosaigh de réir mar a bhí sé ag teastáil.⁶⁰ Bhí an t-eideafón féin ar an dé deiridh mar áis taifeadta faoi na daicheadaí nuair a thosaigh an Coimisiún á úsáid ar bhonn níos rialta. Más é an téacs scríofa, mar sin, is mó a chuimsigh an bailiúchán fisiciúil ann féin, d'fhág sé go mbeadh eagar nó smacht éigin ar an ábhar ó bhíodhas á phróiseáil trí mheán an amhairc. Ligtear i ndeardmáid go minic an mhuinín as cuimse a chuirtear in amharc na súl le hais mheán na héisteachta mar mhodh bailithe eolais, níos atá éagórach agus faillíoch chomh fada is a bhaineann le staidéir chultúrtha, dar leis an eitneolaí, James Clifford: '[The] focus on text making and rhetoric serves to highlight the constructed, artificial nature of cultural accounts.'⁶¹ Tarraingíonn sé aird ar an ord a chuirtear ar na céadfaí agus an chaoi ar tugadh tús áite go stairiúil d'amharc na súl le forbairt na litearthachta aibítire: 'the truth of vision in Western literate cultures has predominated over the evidences of sound and interlocution, of touch, smell and taste'.⁶² Fiú nuair a tosaíodh ar thaifid mheicniúla leis an eideafón, shílfeá nach raibh bail chríche ar an ábhar a bailíodh nó go mbíodh tras-scríobh déanta air, agus is iomaí oíche a chuireadh bailitheoirí isteach ina bhun sin. Ba mhinic nach raibh sna fiteáin ach áis stórála shealadach nó go mbíodh deis ag an mbailitheoir tras-scríobh a dhéanamh ar an ábhar, tráth a nglantaí an t-ábhar sin den fhiteán chun an chéad taifead eile a dhéanamh. B'fhorbairt fhiúntach, áfach, na hiarrachtaí téacsúla léiriú a thabhairt ar chleachtas agus ar chultúr béil na ndaoine seachas na 'thing-collecting projects'⁶³

⁵⁹ Is cosúil, mar shampla, nach dtógfadh fiteán ach 1,000-1,500 focal agus dá réir, gur beag maith a bhí ann do bhailitheoirí a raibh míreanna fada le taifead acu. Ó Giolláin, *Locating Irish Folklore*, 133.

⁶⁰ uí Ógáin, ead., *Mise an Fear Ceoil*, 29.

⁶¹ Clifford, 'Introduction: Partial Truths,' 2.

⁶² *Ibid.*, 11.

⁶³ Ben-Amos, Dan. 'Toward a Definition of Folklore in Context,' *The Journal of American Folklore* 84, uimh. 331 (1971): 14, faighte 25 Deireadh Fómhair 2014, doi:10.2307/539729.

mar a thug Ben-Amos orthu tráth, a chuir moill ar an aitheantas a tugadh don bhéaloidias mar dhisciplín téagartha sa léann trí chéile.

Níor bheag an gaisce, gan amhras, an breis is dhá mhíle leathanach d'ábhar a bailíodh san Aird Thiar agus san Aird Thoir idir na 1930í agus na 1950í go príomha, gan trácht ar ar bailíodh i mbailte fearainn eile an pharóiste. Amhráin, scéalta, paidreacha, seanfhocail agus píosaí seanchais is mó a chuimsíonn na téacsanna sin, roinnt acu ó na hamhránaithe atá á bplé sa taighde seo maille lena sinsear agus daoine eile nach iad. Cén t-eolas, áfach, a thugann na téacsanna sin dúinn faoin bpobal ar díobh iad? Is léir saibhreas amhrán as cuimse a bheith i seilbh na ndaoine agus déanann na téacsanna scríofa ionadaíocht liteartha ar an ngné sin dá gceol. Cé go n-áirítear na meáin liteartha mar fhoinsí cruinne, bailí, cumhachtacha eolais, mar atá aitheanta thuas, tá teorainneacha agus bearnaí sa téacs scríofa agus is dúshlán é seo a thagann i gceist nuair atá leas á bhaint as cur chuige cumarsáideach agus antraipeolaíoch i leith an bhéaloidis. Tá ionadaíocht áirithe ag na hamhráin *via* téacsanna ach is beag léargas a thugann siad dúinn ar ghníomh daonna na hamhránaíochta. Taifead d'idirbheartaíocht aeistéitiúil an cur síos lom a dhéanann Elizabeth Fine ar 'théacs' i dtaca leis an mbéaloidias. Níl ann, a deir sí, ach 'a record of the aesthetic transaction in the print medium.'⁶⁴ Is liosta le háireamh, mar a fheicfear ar ball, na gnéithe den láithriú nár tugadh aitheantas dóibh nuair a tosaíodh ag 'scríobh' míreanna de chuid an bhéaloidis agus na n-ealaíona béil. Ceann de na mórdhúshláin a bhaineann le haon láithriú beo ná go bhfuil sé gearrshaolach nó nach ann dó *ach* le linn an láithrithe, agus cruthaíonn sé seo deacrachtaí praiticiúla do bhailitheoirí. Bíonn an dúshlán seo níos treise má áirítear an láithriú mar ghníomh cumarsáide a bhfuil comhthéacs agus tionchar sóisialta aige, rud atá amhlaidh sa smaointeoireacht a thugann bonn don taighde seo. Bíonn próisis agus gníomhartha eile sa tsiúl sna healaíona láithrithe, a tharlaíonn neamhspleách agus beag beann ar théacsanna, a thugann le fios, b'fhéidir, gurb é breacadh cruinn na bhfocal an chuid is éasca den tasc a bhíonn roimh bhailitheoirí.

Nuair a smaoinítear ar théacsanna scríofa i gcomhthéacs na haeistéitice agus i dtaca le teoricí an ghlactha nó *reception theory* mar a thugtar sa Bhéarla air, tá an ceangal idir ealaín agus pobal ceilte ar bhealach suntasach. Ba mhór i gceist cúrsaí stíle san amhránaíocht, cuir i gcás, ó dheireadh an naoú céad déag, mar atá rianaithe i gcéad

⁶⁴ Elizabeth C. Fine, *The Folklore Text: From Performance to Print* (Bloomington: Indiana University Press, 1984), 9.

chaibidilí an tsaothair seo, tríd an luach a bhí leagtha ar an stíl thraidisiúnta ó thaobh amhránaíocht na Gaeilge de. Is coincheap an stíl a mbítear ag tarraingt go dtí an lá inniu air agus amhránaithe sean-nóis in allagar leo féin faoin gcuid ceoil. Cén nod, áfach, a thugann téacsai scríofa na n-amhrán faoi stílíocht na ceirde sin? Céard atá sa téacs ach sraith siombailí aitheanta atá tógtha ón gcóras aibítire? Is cur síos an téacs, dar le Fine, ar na fuaimeanna a thagann as béal an fhaisnéiseora ach ní thugann sé aon eolas dúinn faoi mhíniú na bhfuaimeanna sin. Fágann sé sin nach bhfreagraíonn téacsanna go dílis do ghnéithe aeistéitiúla an láithrithe.⁶⁵ Is suntasach an tionchar, áfach, a bhí ag an meon dearfach, áibhéileach fiú, i leith na litearthachta i mbailiú na n-amhrán. Chonacthas cheana féin i roinnt amhrán áitiúil an meas as cuimse a bhí ar bhailitheoirí go saineúil toisc go raibh bua na litearthachta acu. Ba chonstráid idéalach an litearthacht i gcultúr an Iarthair a bhí ag bailiú nirt ó lár an naoú céad déag. Go stairiúil, rinneadh ceangal idir an litríocht agus aicmí sóisialta áirithe, nó de réir mar atá rianaithe ag James Clifford: ‘By the nineteenth century literature had emerged as a bourgeois institution closely allied with ‘culture’ and ‘art’.’⁶⁶ Chruthaigh an tuiscint seo bearna nuair a thagadh pobal liteartha agus ‘neamhliteartha’ i dteagmháil le chéile. Thug Val Bheairtle Ó Donnchú aitheantas don difríocht sin sna rannta thuas ar bhealach géilliúil ina chuid filíochta. I gcás an bhéaloidis nó na n-ealaíona béil a bhíonn teibí agus dinimiciúil, is féidir a rá gurb ionann litearthacht agus cumhacht. Meán éifeachtach is ea téacs scríofa chun eolas a stóráil, a aistriú agus a ionramháil, ní hé fearacht an dioscúrsa béil ghearrshaolaigh arb é foinse an eolais sin é. Fearacht Walter Ong a bhfuil aird tarraingthe aige ar an tábhacht shocheolaíoch a bhí ag forbairt na clódóireachta agus na litearthachta go stairiúil,⁶⁷ measann Tyler an scríbhneoireacht a bheith ar an modh ionadaíochta is cumhachtaí dá bhfuil ann toisc go dtugann sé i láthair an rud a bhí as láthair nó go bhfuil an cumas aici ‘to bring into presence what is absent.’⁶⁸

⁶⁵ Maíonn Fine, ‘Two important goals for the performance-centered text are to convey the spirit and manner of the performance and to produce a similar response in the audience’, 108.

⁶⁶ Clifford, ‘Introduction: Partial Truths,’ 5.

⁶⁷ Tarraingíonn Ong aird ar an tionchar sóisialta agus eacnamaíoch a bhí ag an scríbhneoireacht agus ag an gclódóireacht nuair a forbraíodh ar dtús iad: ‘...the development of writing and print ultimately fostered the breakup of feudal societies and the rise of individualism. Writing and print created the isolated thinker, the man with the book, and downgraded the network of personal loyalties which oral cultures favor as matrices of communication and as principles of social unity. ... With printing, even words themselves could become property, as the principle of copyright came into being and was finally taken for granted.’ Walter J. Ong, *The Presence of the Word: Some Prolegomena for Cultural and Religious History* (New Haven: Yale University Press, 1967), 54.

⁶⁸ Stephen A. Tyler, ‘Post-Modern Ethnography: From Document of the Occult to Occult Document,’ in Clifford and Marcus, *Writing Culture*, 131.

Má léiríonn an treocht seo an chaoi a bhfuil na céadfaí agus na scileanna cumarsáide rangaithe ó bharr anuas, áit a bhfuil an lámh in uachtar ag an amharc ar mheáin eile próiseála eolais, ní móide nó go bhfuil impleachtaí aige do phobal atá beo ar na healaíona béil agus atá ag teacht faoi iniúchadh scolártha arb í an litearthacht a thugann bonn dó. Ní hamháin nach bhfuair foinn ná eilimintí stíleacha na n-amhrán aitheantas ar phár go minic, bhí gné shóisialta na hamhránaíochta cailte san aistriú seo. Is eispéireas príobháideach é téacs amhráin a léamh nach bhfuil an comhthéacs sóisialta sin aige a n-eascaíonn an láithriú beo as:

As a performed genre, folk music can live in a community only through repetition or re-creation, both of which characteristically require performer and audience. Folk music is therefore distinct from folklore genres that can survive as artifacts, which may or may not assume new life depending on their relation to a community's social basis over time. In short, folk music requires a vital social basis for its continued practice.⁶⁹

Is léir an chuideachta dhaonna a bheith de dhíth sna healaíona láithrithe, cé gur féidir le gnéithe áirithe de na hamhráin féin teacht slán mar earra stairiúil cultúrtha, cuir i gcás, na cóipeanna lámhscríbhíne de na focail. Ní fhaightear, léargas, áfach, ar an lucht éisteachta ná fiú ar an amhránaí féin go minic, i mbailiúcháin théacsúla lucht an Choimisiúin. Go deimhin, tá corthagairt i ndialanna na mbailitheoirí don scata mór daoine a bhíodh bailithe i dteach an airneáin agus nach bhféadfaí dul i mbun ghnó oifigiúil an bhailiúcháin dá mbarr. Níl teorainn leis an an réimse dualgas a bhíonn roimh dhuine ar bith a thugann faoi obair pháirce mar atá soiléir ón gcomhairle a thug Kenneth Goldstein ina fhoilseachán iomráiteach, *A Guide for Fieldworkers in Folklore* (1964). Chomh maith le cúram a dhéanamh de thras-scríobh na míre féin, ní mór cur síos cuimsitheach a dhéanamh ar *milieu* na hócáide láithrithe, pearsantacht agus geáitsíocht an fhaisnéiseora, próifíl an lucht éisteachta, an caidreamh idir na héisteoirí agus an faisnéiseoir, agus an bhrí atá ag an mír don phobal i gcoitinne.⁷⁰ Ní gá a rá go meabhraíonn an chomhairle sin roinnt de na bearnaí a bhí i modheolaíocht na mbailitheoirí béaloidis in Éirinn san aois seo caite.

Bheadh sé éagórach gan aitheantas a thabhairt d'fheabhas na Gaeilge mar a léirigh an bheirt bhailitheoirí is mó a shaothraigh i gCarna, Séamus Mac Aonghusa agus Liam Mac Coisdealbha. Ainneoin go raibh an tras-scríobh féin teoranta mar mheán i gcomhthéacs an bhailiúcháin, rinne siad iarrachtaí cáiréiseacha cruinneas na bhfocal

⁶⁹ Philip V. Bohlman, *The Study of Folk Music in the Modern World* (Bloomington: Indiana University Press, 1988), 53.

⁷⁰ Kenneth S. Goldstein, *A Guide for Fieldworkers in Folklore* (Pennsylvania: Folklore Associates Inc., 1964), 4.

agus fuaimanna canúnacha na teanga a thabhairt slán.⁷¹ Is fiú breith an teangeolaí, Brian Ó Curnáin, ar Ghaeilge na beirte a chur san áireamh agus é ag tagairt don ábhar de chuid an Choimisiúin ar bhain sé féin leas as ina staidéar ar Ghaeilge an cheantair:

Fortunately the greater part of this material used from RBÉ was collected and transcribed by Liam Mac Coisteala and Séamas Mac Aonghusa, both of whom had a firm understanding of many aspects of the dialect and were very good and reliable transcribers, although not native speakers of Irish. Liam Mac Coisteala spoke Irish with a North Connacht dialect colour, but there are recordings of Séamas Mac an Aonghusa speaking with distinct Carna characteristics, dare one say, Colm Ó Caoidheáin characteristics (my 894C, from whom Mac an Aonghusa collected so much material), including nasalised vowels, rare in learners' speech.⁷²

Má thugtar comhairle Goldstein maidir le dualgais níos leithne an oibrí páirce chun cuimhne, áfach, ba in athchruthú an eispéiris láithrithe trí chéile ba mhó a loic ar bhailitheoirí béaloidis go traidisiúnta. Ní leor focail ar phár, áit arb í tábhacht an téacs seachas tábhacht an amhráin a bhíonn chun cinn go minic, chun an ceangal idir ealaín agus pobal a thabhairt le fios. Tá an bhearna eatarthu siúd a láithrigh ábhar na dtéacsanna agus iad siúd a léifidh foirmeacha an ábhair sin ar pháipéar le maolú. Caithfear cúram a dhéanamh d'iompar an fhaisnéiseora agus an lucht éisteachta araon chun smacht éigin a fháil ar an léirmhíniú a dhéanann léitheoirí ar na téacsanna sin tráth níos faide anonn. Anuas air sin, ní mór a aithint go bhfuil stíleanna éagsúla léitheoireachta ann chomh maith le stíleanna scríbhneoireachta. Is próiseas neamhiomlán é téacsanna a bhreacadh toisc nach bhfeidhmíonn siad mar léiriú sásúil don lucht léitheoireachta ar an lucht láithrithe. Is é an léirmhíniú an chuid eile den phróiseas agus is baolach go n-athraíonn sé sin freisin le gach léamh a dhéantar ar an téacs.

Ní hionann é sin ar fad is a rá nach bhfuil tábhacht chultúrtha le téacs an amhráin. Fágann an téacs go bhfuil taifead buan ann de líon agus ord na véarsaí, maille le cruinneas na bhfocal féin ó thaobh na hortagrafaíochta de agus is iad na faisnéiseoirí agus na bailitheoirí araon a bhíonn freagrach as an toradh deiridh seo. Is díol suntais, áfach, a laghad tagairtí a dhéantar do gnéithe paraitheangacha, iompraíochta agus idirphearsanta an láithrithe i gcín lae agus i lámhscríbhinní na mbailitheoirí.

⁷¹ Feictear samplaí den fhogharscríobh go rialta in amhráin a bailíodh sna hAirdeanna, mar shampla, 'pósú' ('pósadh') agus 'ariaú' ('ariamh') a fhaightear in 'Úna Bhán' a bailíodh ó Joe Éinniú (RBÉ: 1280: 327-8) agus 'roimpe' ('roimpi'), 'ubhláí' ('úlla'), 'teirigh' (téigh) agus 'go bhfuighinn' (go bhfaighinn) atá le fáil sa tras-scríobh de 'Máire Ní Taidhg Óig' a tógadh ó Sheán Choilm Mac Donnchadha (RBÉ: 281, 47-9).

⁷² Brian Ó Curnáin, *The Irish of Iorras Aithneach, County Galway*, iml. i (Dublin: Dublin Institute for Advanced Studies, 2007), 104.

Thabharfadh sé le fios nár mhinic a éilíodh ar amhránaithe trácht ná smaoineamh go struchtúrtha ar na gnéithe beo, stíleacha seo de phróiseas na hamhránaíochta. Ní mórán faisnéise atá ar fáil i mbailiúchán an Choimisiúin ó amhránaithe iad féin faoi gheáitsíocht an amhránaí, cuir i gcás, faoi iompar an lucht éisteachta, faoin idirghníomhaíocht idir an t-amhránaí agus an lucht éisteachta ná faoi shuíomh fisiciúil ná cúinsí sóisialta na n-ócáidí amhránaíochta. Ba iad Sorcha Ní Ghuairim agus Seosamh Ó hÉanaí ba thúisce a roinn eolas ar na hábhair seo chomh fada is a bhain leis an sean-nós i gCarna, rud nach mbeadh tarlaithe, chuile sheans, murach an baile a bheith fágtha acu agus iad a bheith ag teagasc na n-amhrán do ghrúpaí nach raibh aon teagmháil acu le cleachtas an tsean-nóis ná cultúr na Gaeltachta go dtí sin. Bailiúchán téacsúil d'fhocail na n-amhrán a chur i dtoll a chéile ba mhó ba chás le bailitheoirí a thug cuairt ar cheantar Charna, rud a rinne siad go cruinn, d'fáil agus a chuimsíonn gné lárnach d'oidhreacht an cheantair sin inniu. Ceann de mhórghaiscí roinnt de na hamhránaithe féin, áfach, ná nár theastaigh téacs riamh uathu chun amhrán a thabhairt leo. Is léir a neamhspleáiche is atá an traidisiún, nó an tsamhail idéalach den traidisiún, ar an litearthacht aibítire, agus éilíonn sé sin go dtabharfaí spleáchadh éigin ar na gnéithe seachthéacsúla a bhíonn ábhartha sa traidisiún béil.

Tá Dennis Tedlock ar dhuine de na scoláirí a bhfuil moltaí praiticiúla curtha chun cinn aige d'fhonn téacs bailí, ionadaíoch a chruthú ó ábhar atá láithrithe ó bhéal. Tarraingíonn sé aird ar a laghad aitheantas a thug bailitheoirí béaloidis i Meiriceá, fiú i ré na dtaifead fuaime, do ghnéithe paraitheangacha den láithriú cosúil le caighdeán an ghutha, airde an ghutha, luas na cainte nó na hamhránaíochta agus fiú an ciúnas.⁷³ Cén chaoi a ndéantar tras-scríobh ar chiúnas, mar shampla? Is é an ciúnas sin díreach roimh thús an láithrithe an teorainn chriticiúil idir láithriú agus neamhláithriú nó idir mír ina bhfuil teanga na coitiantachta agus mír ina bhfuil sainréim teanga éagsúil agus níos airde na filíochta. Threoradh sé ár dtuiscint ar an gceist níos leithne a chuireann Richard Bauman: céard iad na gníomhartha ó bhéal a d'fhéadfaí a áireamh mar láithriú agus cén bhrí atá le baint astu?⁷⁴ Is gné eile den láithriú an ciúnas, mar sin, a chuaigh amú san aistriú ó bhéal go téacs. Ba é an locht a d'aithin Tedlock ar fhoirmeacha téacsúla na n-ealaíona béil ná gur cuireadh i dtoll a chéile iad amhail is gur gearrscéal próis a bhí á bhreacadh ag an mbailitheoir. Is é

⁷³ Dennis Tedlock, 'On the Translation of Style in Oral Narrative,' *The Journal of American Folklore* 84, uimh. 331 (1971): 120-21 agus 125, faighte 20 Samhain 2015, doi:10.2307/539739.

⁷⁴ I bhfocail Bauman féin: 'One of the principal questions one must ask in the ethnography of performance is what range of speech activity is regarded as susceptible to performance and what range is conventionally performed, that is, conventionally expected by members of the community to be rendered in a performance mode.' *Verbal Art as Performance*, 13-14.

meán na filíochta drámatúla a bhí á mholadh aige siúd le haghaidh aitheantas a thabhairt do gnéithe den chumarsáid a bhí neamhspleách ar fhocail:

Pausing ... can be represented by line breaks as in written poetry (*sic*); unusual loudness can be represented by exclamation points, doubled to represent extreme loudness; and unusual softness, together with unusual voice qualities and various other features, can be noted in parentheses at the left-hand margin, as is commonly done in plays. The straightforwardness of these procedures places minimal barriers in the path of a potential reader.⁷⁵

Fágann moltaí Tedlock go bhfuil an fhéidearthacht ann téacs don tsúil a chruthú de réir mar a fhuaimníonn an láithriú, is é sin, go ndéanfaí freastal ar chéadfa amháin trí mheán céadfa eile.

Chomh maith leis an gciúnas, tá feidhm a ndéantar faillí go minic uirthi san fhoirm scríofa ag focail bheaga cosúil le ‘agus’, ‘ach’ nó ‘ansin’ nó d’áireofaí mar chaint thairis iad. Tá na cónaisc agus na hintriachtaí seo i measc shainchomharthaí an traidisiúin béil; is iad a thugann slán dinimic na cainte nádúrtha. Is ann d’fhoirmlí cosúil leis an oscailt phléascach san fhoirm bhéil freisin. Bhain filí pobail na Gaeilge cosúil le hAntaine Raiftearaí (1779-1835) agus Colm de Bhailís (1796-1906) úsáid go minic as an teicníc sin chun aird an lucht éisteachta a tharraingt, rud a mheabhródh go rabhthas tar éis dul thar teorainn ón gcaint neamhchomhfhiosach go dtí an láithriú níos comhfhiosaí, struchtúrtha. Is san fhilíocht bhéil a fhaightear chomh maith an logánú nach mbíonn chomh forleathan sin i bhfoirmeacha liteartha. Is é an logánú a dhearbhaíonn suíomh na míre, a éilíonn go gcuirfí eolas ar na daoine agus ar na háiteanna a luaitear, agus a thugann tábhacht dá réir dóibh. Tá an méid sin le feiceáil in údarás an fhile bhéil agus tobainne línte oscailte an amhráin seo le Val Bheairtle Ó Donnchú, cuir i gcás:

A Pheait Mhicil Mháirtín, ba mhór do dhíth céille,
Nuair a fuair tú an gunna ó Sheán Bheairtlín;
Ag caitheamh na béasaí a bhí in ainm is bheith séalthaithe,
Is tá Peigí dhá feiceáil sa ngarraí.⁷⁶

Is léir ionramháil sa véarsa sin ina gcruthaítear ábhar ealaíne as iompar an ghnáthdhuine agus as ceann de na siombailí is mó a dhearbhaíonn a bhochtanas – an t-asal. Bíodh is go dteastódh taifead meicniúil chun téacs cuimsitheach a leanfadh moltaí Tedlock a chur i dtoll a chéile, is suntasach an leas a d’fhéadfaí a bhaint as straitéis dá leithéid le haghaidh léargas a thabhairt ar ghnéithe paraitheangacha an

⁷⁵ Tedlock, ‘On the Translation of Style,’ 125.

⁷⁶ ‘Amhrán Pheait Mhicil Mháirtín’ le Val Bheairtle Ó Donnchú, Nic Dhonncha, ‘Amhráin Vail agus Mhíchíl Bheairtle Uí Dhonnchú,’ 46.

láithrithe. Níl cúis nach bhféadfaí ‘téacs’ d’iompar agus d’fhuaimneanna lucht éisteachta agus ghuthanna eile na n-ócáidí láithrithe a chruthú freisin. Is dóigh liom gur iarracht bhunúsach, amh air sin na comharthaí focalbhá ar bhain Máirtín Ó Cadhain (1906-1970) leas chomh minic sin astu agus é ag iarraidh caint agus idirghníomhaíocht leanúnach na gcarachtar in *Cré na Cille* (1949) a chur in iúl.

Sa tsamhlaíocht chomhchoiteann, ba i suíomh sóisialta nó cois tine i mbotháin tuaithe a cleachtadh agus a forbraíodh traidisiúin na cosmhuintire. Ba é seo an comhthéacs idéalach a bhí ag teacht leis an íomhá a samhlaíodh go coitianta le nósanna sóisialta agus cultúrtha phobal na Gaeltachta. Agus bailitheoir i láthair, áfach, cuireadh cuid de chultúr béil an phobail i láthair den chéad uair i suíomh a bhí cruthaithe, neamhthraidisiúnta fiú. Ainneoin gurbh é caomhnú an traidisiúin ba chúis le cuairteanna na mbailitheoirí sa chéad áit, b’athrú ar an traidisiún é go raibh siad i láthair ar chor ar bith. Cruthaíodh suíomhanna agus comhthéacsanna nua mar thoradh ar ócáidí bailiúcháin, agus mar a thugann Goldstein le fios, bheadh tionchar ag an athrú sin ar fhaisnéiseoirí: ‘The intrusion of a collector into a folklore context changes the situation to one in which the actions and performances of the participants become self-conscious to some degree.’⁷⁷ Ní raibh na bailitheoirí féin fágtha gan dúshlán ach an oiread, áfach. Bhí na deacrachtaí praiticiúla a bhain leis an saol ‘sa ghort’ cosúil le cumarsáid agus taisteal, an trealamh taifeadta, bainistiú ama agus mar sin, le sárú, rudaí a dtráchtar orthu i gcín lae na mbailitheoirí. Is léir an dúshlán céanna amháin, áfach, a bheith roimh dhuine ar bith as baile isteach atá ag iarraidh léamh a dhéanamh ar chultúr nach mbaineann leis – tá bá agus muinín an fhaisnéiseora le saothrú. Bhí a thábhacht sin aitheanta go beacht ag mórbhailitheoir ceoil an fhichiú haois, Alan Lomax (1915-2002):

Recording folk songs works like a candid cameraman. I hold the mike, use my hand for shading volume. It’s a big problem in Spain because there is so much emotional excitement, noise all around. Empathy is most important in field work. It’s necessary to put your hand on the artist while he sings. They have to react to you. Even if they’re mad at you, it’s better than nothing.⁷⁸

Tá sé soiléir go raibh caidrimh agus idirghníomhaíochtaí daonna ag forbairt i gceantar Charna de bharr bhailiúcháin an Choimisiúin, ach cuireadh borradh faoin gcruthaitheacht go háitiúil freisin mar thoradh ar fhorbairtí sa teicneolaíocht agus ar

⁷⁷ Goldstein, *A Guide for Fieldworkers*, 82.

⁷⁸ Luaite in John Szwed, *Alan Lomax: The Man who Recorded the World* (New York: Penguin, 2010), 274.

an tionchar a bhí ag bailitheoirí aonair cosúil le Séamus Mac Aonghusa agus Liam Mac Coisdealbha.

Tagann an t-imeartas seo idir an coimhthíos agus an chruthaitheacht chun cinn i ré na teicneolaíochta fuaimne go háirithe. Forbairt theicniúil de chuid an naoú céad déag ab ea an taifead fuaimne a raibh impleachtaí fadtéarmacha aige, ina measc, athchoincheapú ar an gcumarsáid dhaonna trí chéile.⁷⁹ Ba shiombail den teicneolaíocht sin an t-eideafón, an chéad fhearas ar bhain bailitheoirí an Choimisiúin leas as ar mhaithe le taifid fuaimne a dhéanamh.⁸⁰ Ba é an bailitheoir an t-idirghabhálaí idir dúchas agus iasacht, mar sin, agus é ag cur an duine agus an teicneolaíocht in aithne agus in oiriúnt dá chéile. Bhaist an scéalaí, Éamon Liam a' Búrc 'an feairín miotail'⁸¹ ar an ngléas agus bhí an t-iontas céanna ina ábhar amhráin ag cúpla file sa cheantar mar a fheicfear thíos. 'Éan na scéalaíochta' a thugadh an scéalaí clúiteach, Sorcha Chonail (Mhic Grianna) as Rann na Feirste ar an eideafón.⁸² Iarracht eile neach beo a dhéanamh den phíosa trealaimh sin ab ea an leasainm a bhí ag an bhfear seanchais as Ciarraí thiar, Muiris Ó Ríordáin, ar an ngléas, mar a thug an bailitheoir aitheanta Tadhg Ó Murchadha (1896-1961) le fios: 'Thóg sé ana-cheann de'n edifón, agus do chuir sé ana-iongana air; b'é bhaist an chéad leas-ainm riamh air, agus 'sé an leas-ainm thug sé air ná 'Újon' (.i. 'Eugene').'⁸³

Céim chun cinn ar an bpeann agus ar an bpár ab ea an t-eideafón mar acmhainn taifeadta ach bhí a choimhthíos féin ag baint freisin leis. D'fhág a dhéanamh go gcaitheadh an láithreoir suí nó seasamh ar bhealach socair srianta agus an chaint a dhéanamh díreach isteach i bpíopa fada caol arbh é an micreafón é. Ba mhó dochair a rinne na coinníollacha sin don láithriú sna babhtaí tosaigh ar aon nós, mar a mhaígh Séamus Mac Aonghusa i leith Choilm Uí Chaodháin: '[Bhí] an-scáth ag Colm roimh an *Ediphone* ar dtús agus go ceann i bhfad ní chuirfeadh sé ceart lena bhéal é agus ní labharfadh sé ceart isteach ann. Dúirt sé cúpla píosa nár tháinig ach go fíorbhocht.'⁸⁴

⁷⁹ Erika Brady, *A Spiral Way: How the Phonograph Changed Ethnography* (Jackson: University Press of Mississippi, 1999): 11.

⁸⁰ Pléann Stiofán Ó Cadhla na tuiscintí a tháinig chun cinn i leith na teicneolaíochta agus an chultúir béil araon nuair a cuireadh an dá choincheap sin ag feidhmiú taobh le taobh le forbairt an taifid fuaimne – an t-eideafón go háirithe. Féach *An tSlat Féithleoige: Ealaíona an Dúchais 1800-2000* (Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht, 2011), 199-217.

⁸¹ Dialann taistil Liam Mhic Coisdealbha, *Cnuasach Bhéaloideas Éireann*, iml. 732: 43.

⁸² *Cnuasach Bhéaloideas Éireann*, iml. 370: 328.

⁸³ Tadhg Ó Murchadha, 'Scéalaithe Dob Aithnid Dom,' *Béaloideas* 18, uimh. 1/2 (1948): 28, faighte 10 Iúil 2016, <http://www.jstor.org.libraryproxy.mic.ul.ie/stable/20722847>.

⁸⁴ uí Ógáin, e.g., *Mise an Fear Ceoil*, 161.

Is léir gur bhain Ó Caodháin agus an t-eideafón ceart as a chéile ina dhiaidh sin, áfach. Tá cur síos freisin ag Tadhg Ó Murchadha ar an srian fisiciúil a chuireadh an t-eideafón ar fhaisnéiseoirí a raibh seisean ag bailiú uathu agus iad ‘gabtha i n-adhairc ghránna a bhíodh ag buint a n-anál díobh.’⁸⁵ Ag an am céanna, casadh daoine eile ar an mbailitheoir sin a bhí ar bís agus a bhí meallta chun cainte agus chun foinn ag an ngléas nua-aimseartha seo.

Tá cuntas amháin againn ar ócáid bhailithe i dteach ósta Uí Mhongáin i gCarna i mí Aibreáin 1930. Ba é seo céad chuairt Shéamuis Uí Dhuilearga ar an gceantar. Ba i dteannta Sheáin Mhic Giollarnáth a bhí sé, agus an-fhonn air blaiseadh a fháil den saibhreas scéalaíochta agus amhrán a bhí luaite go tréan leis an áit. Ba é an scéalaí, Mícheál Mac Donnchadha as Ruisín na Maithníoch príomhfaisnéiseoir na hoíche agus bhí an t-eideafón faoi réir ag an Duileargach an t-eispéireas luachmhar cultúrtha seo a chur ar phláta. Tháinig an méid sin ar fad sna sála ar an raidhse scéalta as a *repertoire* a liostáil Mac Donnchadha os ard agus ‘an fear léighinn ag iarraidh saidhbhreas sgéalaidheachta an fhir bhig a thomhais.’⁸⁶ Más dul chun cinn teicneolaíoch ab ea coincheap an taifid mheicniúil, bhí aitheanta ag Mac Giollarnáth ina chuntas go raibh an baol ann go mbainfí leas as an teicneolaíocht sin chun teacht i dtír ar dhaoine freisin. Le linn an láithrithé féin, bhí an t-eideafón ag cur isteach ar spás pearsanta an fhaisnéiseora agus ag cur srian go fisiciúil agus go síceolaíoch air de réir an chuntais: ‘Chonnaic mé an fear beag ina bháinín, agus chonnaictheas dom gurb é an gléas nár leig dó beannú dom ná spéis ar bith a chur ionnam mar dhéanfadh gnáthdhuine Gaedhealach le strainséar.’⁸⁷ Meabhraíonn deacrachtaí dá leithéide a íogaire is a bhí próiseas an bhailithe, agus an fhreagracht a bhí ar bhailitheoirí bainistiú a dhéanamh ar choinníollacha ábhartha agus sóisialta na hócáide chun faisnéiseoirí a chur ar a suaimhneas. Ainneoin an teannas a tháinig chun cinn de bharr choimhthíos an eideafóin, áfach, bhí Mícheál Mac Donnchadha ‘ina rí beag ar sgéalaidhthe’ an oíche úd i gCarna, dar le Mac Giollarnáth. Chuir an scéalaí lón machnaimh ar fáil don bhailitheoir gairmiúil a d’fheidhmigh chun an t-impartas cumhachta idir an dá pháirtí a thabhairt chun cothromaíochta.

Ceann de na himpleachtaí a bhain leis an taifead meicniúil ná gur scar sé an láithriú ón éisteacht, agus bhí tionchar ag an eispéireas éisteachta nua seo ar thuiscintí

⁸⁵ Ó Murchadha, 26.

⁸⁶ Seán Mac Giollarnáth, ‘Sgéalaidhe Mór Ruisín na Maithnidheach,’ *Béaloideas* 11, uimh. 1/2 (1941): 144, faighte 20 Samhain 2016, doi:10.2307/20642552.

⁸⁷ *Ibid.*, 144-45.

aeistéitiúla i leith an láithrithe.⁸⁸ Cúis mhórtais agus iontais ab ea an éisteacht tríú pearsa seo d'fhaisnéiseoirí a raibh Tadhg Ó Murchadha ag bailiú ina measc, cuir i gcás. Ba ar fheabhas an láithrithe a dhírigh siad ar chloisteáil a gcuid scéalaíochta féin dóibh, agus iad diongbháilte gurbh fhearr de scéalaí an t-eideafón ná iad féin.⁸⁹ D'fhág éachtaí an eideafóin go raibh teorainneacha na samhlaíochta á sárú, nach mór, agus an tuiscint a bhí ag pobail imeallacha tuaithe ar an domhan mórthimpeall orthu á cur as a riocht ag féidearthachtaí na nua-aoise. Bhí aghaidh le tabhairt ar an gciorthuathail, áfach, agus níor cheart go mbeadh iontas orainn gur trí mheán na healaíne a rinneadh amhlaidh i gceantair ina raibh achmhainn chruthaitheachta a bhí bisiúil, téagartha. Cumadh dhá amhrán ar a laghad, go bhfios dúinn, i gceantar Charna, arbh é an t-eideafón a b'ábhar dóibh. Beirt chomharsanaí, Páraic Ó Cualáin as Aill na Brón agus Val Bheairtle Ó Donnchú as an mbaile taobh leis sin, Bantrach Ard, a chuaigh chun cumadóireachta. Is furasta an dá amhrán a shamhlú le seánra na filíochta molta a bhí chun cinn riamh i litríocht bhéil na Gaeilge:

Ach tiocfa' an t-ám, an té bheidheas slán, má fhághann muid mórán saoil,
Go mbeidh an t-Edifón faoi chlúdach óir, a's an Ghaedhilge curtha 'un cinn!⁹⁰

Is leis an údarás agus an chinnteacht chéanna a chraobhscaoil Val Bheairtle Ó Donnchú macasamhail de thuairimíocht i leith an eideafóin:

Tá a chliú's a cháil ar fud Crí' Fáil, is gach ceárd go na seacht ríocht;
An teanga Ghállda chur ar lár's í a ruaigeadh as a' tír.⁹¹

Baintear leas as tagairtí cultúrtha na staire agus na polaitíochta náisiúnta mar léiriú ar an muinín a chuirtear i gcumas an eideafóin an cultúr dúchais a thabhairt slán.

Ní gá a rá gur i stíl dhúchais na filíochta logánta béil a cumadh an dá amhrán seo. Ag an am céanna, is dóigh liom go bhfuil braistintí uilíocha a bhaineann le staid na daonnachta trí chéile á léiriú freisin iontu. Baintear feidhm as an eideafón chun déileáil go siombalach le coimhthíos agus éiginnteacht na beatha daonna. Maolaítear an coimhthíos sin trí phearsantú a dhéanamh ar an eideafón agus níos tábhachtaí arís,

⁸⁸ Michael Chanan, *Repeated Takes: A Short History of Recording and its Effects on Music* (London: Verso, 1995), 7.

⁸⁹ Seo mar a chuireann Ó Murchadha síos ar mheon na bhfaisnéiseoirí: '... ní háiteodh an saoghal ortha ná gur cruinne i bhfad agus gur léire a thugadh sé an scéal leis ná mar innsidís féin do é. ... Anachúis mórtais aca 'na theannta san ... a bheith ábalt' ar chainnt a dhéanamh leis an rud draoidheachta so, agus go gceolaisfí an chainnt sin thíos i mBleá Cliath! ('Scéalaithe dob Aithnid Dom', 26.)

⁹⁰ Liam Mac Coisdealbha, 'Dhá Amhrán Do'n Edifón,' *Béaloideas* 14, uimh. 1/2 (1944): 272, faighte 22 Samhain 2016, doi:10.2307/20642589. Tá na hamhráin seo pléite ag Ó Cadhla freisin, *An tSlat Féithleoige*, 212-16. Is í a thuiscint siúd ar chumadóireacht fhilí béil na linne sin go raibh 'an teicneolaíocht á tabhairt chun tíreachais agus aois nua á míniú in ealaín an dúchais.' (212).

⁹¹ 'An tEideafón', Nic Dhonncha, 'Amhráin Vail agus Mhíchíl Bheairtle Uí Dhonnchú,' 36.

trí laoch a dhéanamh as a thabharfaidh leis an lá mar a fheictear in amhrán Pháraic Uí Chualáin:

Le spreac a chnámh is lúd a lámh níl sárú i n-a chionn.
Níor rugadh ariamh le neart ná rian an fear atá i n-ánn é a chlaoidheadh.⁹²

Cuireann Val Ó Donnchú céim chun cinn ar an nádúr féin é:

Is binne é go mór ná an chláirseach cheoil is ná smóilín ar an geraoibh,
Ní thiofadh air slócht ná athrú glóir le tuirse ar bith ná claidh,⁹³

Is é an laochas agus an gaisce fisiciúil, fireann a luaitear leis an eideafón a dhéanann cúiteamh as laigeacht agus leochaileacht an ghnáthduine. Tagraítear níos mó ná uair amháin sa dá amhrán do choincheap an ama agus na síoraíochta. Tugann an ealaín, trí mheán na filíochta seo, an deis struchtúr agus ord a chur ar an smaointeoireacht dhaonna i leith na cinniúna agus neamhbhuaine an duine. Tharraing Mac Coisdealbha freisin ina thráchtairacht ar na hamhráin seo aird ar an ríméad agus an díograis a bhí ar fhaisnéiseoirí agus iad ag roinnt ábhair leis. Tugann sé le fios go raibh ar a laghad an coincheap ar a dtugann Goldstein ‘rapport’⁹⁴ sealbhaithe aige, nó dearcadh báúil, tuisceanach sin an bhailitheora atá riachtanach chun muinín an phobail a ghnóthú.⁹⁵

Má tá conclúid ar bith is féidir a tharraingt as an tionchar a bhí ag an obair bhailiúcháin ar chleachtas na hamhránaíochta sa phobal, is é sin, go raibh an cumas ag an bpobal sin iad féin a chur in oiriúint do chúinsí nua agus a gcuid féin a dhéanamh díobh. Is é an dearcadh coitianta, instinneach i leith na nuálaíochta ná go gcuireann sí an traidisiún ar ceal. Tugann Ó Cadhla dúshlán na tuairimíochta seo chomh fada is a bhaineann leis an tionchar a bhí ag Coimisiún Béaloideas Éireann: ‘it is curious how the history of the Commission almost becomes a history of technology, for so long understood as folklore’s adversary.’⁹⁶ Athrú suntasach i gcoinníollacha cultúrtha agus sóisialta an láithrithe ab ea, mar shampla, nuair a

⁹² Mac Coisdealbha, ‘Dhá Amhrán Do’n Edifón,’ 272.

⁹³ ‘An tEideafón’, Nic Dhonncha, ‘Amhráin Vail agus Mhíchíl Bheairtle Uí Dhonnchú,’ 36.

⁹⁴ Áiríonn Goldstein ‘rapport’ ar cheann de na coinníollacha nach bhféadfaidh an bailitheoir déanamh d’uireasa. Goldstein, *A Guide for Fieldworkers*, 63.

⁹⁵ Cuireann uí Ógáin síos ar a mhacasamhail de chairdeas idir an bailitheoir, Seosamh Ó Dálaigh (1909-1992) agus an scéalaf, Micheál Turraoin (1878-1963) as an Rinn, i bhfianaise na rannta a chum Turraoin in ómós don bhailitheoir ar phósadh dó. Áitíonn sí, ‘tagann sé chun solais go bhfuil i bhfad níos mó ná ‘bailiú’ lom i gceist, go deimhin nach ann dá leithéid de phost ná d’obair.’ Ríonach uí Ógáin, ‘Bailitheoirí Béaloidis sa Rinn,’ in *An Linn Bhuí: Iris Ghaeltacht na nDéise*, uimh 20, eág. Pádraig Ó Macháin agus Aoibheann Ní Dhonnchadha (Cill Chainnigh: Leabhair na Linne, 2016), 127.

⁹⁶ Stiofán Ó Cadhla, ‘Subterfuge and Evasion in the Irish Folklore Commission?’, léirmheas ar Mícheál Briody, *The Irish Folklore Commission 1935-1970: History, Ideology, Methodology* (2007) in *Studia Celtica Fennica V* (2008): 100.

bhailítí amhráin agus scéalta ó dhuine aonair gan i láthair ach an duine sin agus an bailitheoir. Tá tagairt ag Séamus Mac Aonghusa dá leithéid ag tarlú agus é ag bailiú ó Sheosamh Ó hÉanaí tráth ar scríobh sé uaidh ar feadh trí huair an chloig gan i láthair ach an bheirt acu.⁹⁷ Meabhraíonn sé a laghad tábhacht a bhí ag an suíomh barántúil láithrithe a luaitear go coitianta leis an sean-nós nuair a bhí raidhse amhrán nua le sealbhú. Shamhlófaí gurbh é a fhearacht chéanna é nuair a d'iarrtaí ar dhuine amhrán nó scéal a athrá ar mhaithe le ceartúcháin a dhéanamh. Is sa chomhthéacs seo a spreagtar in athuair an smaointeoireacht maidir le saoirse agus teorainneacha an láithrithe. Cén tionchar aeistéitiúil a bhí ag an athrá níos moille nó athrá gan fonn, cuir i gcás, nó an áirítí mar 'láithriú' ar chor ar bith é? Mura n-áirítí, fágann sé go rabhthas ag bailiú ábhair neamhspleách ar láithriú an ábhair sin nó nár theastaigh 'láithriú' *per se* chun go mbainfeadh an t-ábhar áit amach sa bhailiúchán. Os a choinne sin, dá mba rud é gur glacadh leis an athrá mall mar láithriú bailí, b'athrú agus athchruthú ann féin é sin. Ní heol dom go ndeirítí amhráin go mall agus daoine áitiúla ag tógáil amhráin ó chéile, rud a fhágann go raibh athruithe á gcur i bhfeidhm sa láithriú ó thráth go chéile go sainiúil mar thoradh ar an obair bhailiúcháin.

Is díol suime an éagsúlacht a bhí le brath i ndearcadh an phobail ina leith féin mar láithreoirí, mar ealaíontóirí nó mar ghrúpa a raibh buanna cultúrtha faoi leith acu. Is cosúil go raibh scuaine taobh amuigh den seomra nuair a bhí Séamus Ó Duilearga ag déanamh taifeadadh ar an scéaláí úd, Mícheál Mac Donnchadha, sa teach ósta i gCarna. Ní le teann iontais den eideafón amháin a bhí muintir na háite bailithe ach chuir roinnt daoine iad féin i láthair go comhfhiosach mar scéalaithe agus d'iarr siad go ndéanfaí taifead orthusan freisin.⁹⁸ Bhí an mhuintir chéanna sin braite ag Sidney Robertson Cowell ar a céad chuairt féin go Carna i 1956: '...people come around pressing me, not me them.'⁹⁹ Chaithfí iomaíocht inmheánach an phobail a chur san áireamh anseo, ní hamháin idir daoine aonair iad féin ach idir na bailte fearainn éagsúla a mba díobh iad. Bhí sé tábhachtach go seasfaidís siúd as an gceann thiar den pharóiste an fód ar son a mbaile féin an oíche a raibh an Duileargach thart nó chonacthas dóibh gur ag Ruisín na Maithníoch amháin a bheadh svae na háite an oíche úd. San am a caitheadh, ba é geata theach an phobail i lár shráidbhaile Charna an teorainn neamhoifigiúil idir an taobh thoir agus an taobh thiar den pharóiste. Déantar tagairt don choincheap sin inniu ar bhealach spraoíúil ach tugann sé le fios

⁹⁷ uí Ógáin, ead., *Mise an Fear Ceoil*, 69.

⁹⁸ Mac Giollarnáth, 'Sgéalaidhe Mór Ruisín na Maithnidheach,' 145.

⁹⁹ Luaite in Ní Chonghaile, 'ag teacht le cuan', 235.

ag an am céanna go bhfuil luachanna éagsúla luaite le bailte fearainn thar a chéile agus go bhfuil an t-idirdhealú sin ar cheann de na bealaí a múnlaítear féiniúlacht na ndaoine sna bailte éagsúla sin.¹⁰⁰ Maireann an smaoineamh sa leagan cainte áitiúil, ‘Más spraoi atá uait, téigh go Fínis, más ceird atá uait, téigh go dtí an tOileán Máisean.’¹⁰¹

Níl aon cheist ach gurb í an fhonnadóireacht ar an sean-nós is mó atá luaite leis an gcloigeann thiar den pharóiste agus gurbh é Séamus Mac Aonghusa ba mhó a rinne saothar i mbailte na hAirde Thiar agus na hAirde Thoir. Ba dhíol mórtais é do Dhara Bán, Johnny Sheáin Jeaic agus Josie Sheáin Jeaic go raibh cuimhní beaga acu ar ‘Ennis’ ag teacht thart. Ba ghnách leis na bailitheoirí teagmháil a dhéanamh leis na hoidí scoile áitiúla ar mhaithe le foinsí agus daoine a aimsiú arbh fhiú ábhar a bhailiú uathu. Ba é sin go díreach an chaoi ar fhorbair an chéad cheangail idir Mac Aonghusa agus fonnadóirí na nAirdeanna. Ba é Aodh Ó Domhnaill (1916-71) arbh as Muighros dó ach a bhí ag múineadh sa scoil i Muighinis a mhol do Mhac Aonghusa aghaidh a thabhairt ar na hAirdeanna. Suimiúil go leor, níor dhóigh leis gurbh fhiú don bhailitheoir cuairt a thabhairt ar Mhuighinis féin toisc nach raibh mórán ábhair ann, dar leis. Ba mhór an cúnamh a thug an Máistir Ó Conchúbhair, an t-oide i Scoil na hAirde do lucht bailithe béaloidis mar gheall ar an tsuim phearsanta a bhí aige féin san ábhar agus freisin go ligeadh sé cead do Mac Coisdealbha seisiúin taifeadta a thionóil ina theach. Tharla freisin gur sa scoil chéanna a bhí Colm Ó Gaora (1887-1954) ag múineadh ranganna Gaeilge san oíche faoi scáth an Choiste Gairmoideachais mar a bhí Mac Coisdealbha féin roimhe sin i Scoil Mhuighinse. Is

¹⁰⁰ Pléann Sharon Macdonald, mar shampla, na bealaí dinimiciúla a ndéanann pobail i réigiún Carnan ar Oileán Sgiathánach idirdhealú eatarthu féin agus pobail eile máguaird in *Reimagining Culture: Histories, Identities and the Gaelic Renaissance* (Oxford: Berg, 1997), 129-62. Feidhmíonn an amhránaíocht féin mar oirnéis chun rangú a dhéanamh idir An Ceann Thiar agus An Ceann Thoir de Thoraigh, cuir i gcás. Meastar go háitiúil gur sa Cheann Thoir is láidre a bhí an amhránaíocht, áit a raibh an Ceann Thiar níos mó faoi thionchar an Bhéarla agus an tsaoil taobh amuigh toisc gur ansin a bhí príomhcheibh an oileáin. Ó Laoire, *Ar Chreag i Lár na Farraige*, 31-33.

¹⁰¹ Ba mar seo a rinne Micheál Ó Clochartaigh as Muighinis idirdhealú idir an tOileán Máisean agus Oileán Fhínse: ‘Obair obair obair ar fad a bhí ar intinn ag muintir an Oileáin Máisean, ní raibh aon suim acu i siamsaíocht ach in obair. Bhí an cháil orthu leis an bhfonn oibre a bhíodh orthu agus bhíodh an cháil ar mhuintir Fhínse gur ceol agus craic a bhí uathu sin.’ Luaite in Máire Eibhlín Ní Chlochartaigh, ‘An tOileán Máisean: Pobal, Cultúr agus Oidhreacht’ (Tráchtas MA, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, 2012), 18. Tá an tOileán Máisean suite díreach amach ó chósta na hAirde Thiar. Ba i 1952 a d’aistrigh an teaghlach deireanach ón oileán amach go dtí an mhórháir. Scríobh Séamus Mac Aonghusa an t-amhrán, ‘D’éirigh mo mhuintir ar maidin’, ó Phádraic Ó Cathasaigh as Muighinis ó dhúchas ach a bhí ag cur faoi ar an Oileán Máisean nair a casadh air go fánach é i dteach ósta Mhongáin i mí Iúil 1945, Cnuasach Bhéaloideas Éireann, iml. 1280: 535-35 agus uí Ógáin, eag., ‘*Mise an Fear Ceoil*’, 252. Ar an mbunús sin, sílim gur féidir a rá gurbh é an tOileán Máisean an t-aon bhaile fearainn sa pharóiste nár bhailigh Coimisiún Béaloideas Éireann ábhar ann. Bhí scoil an oileáin (1896-1929) dúnta faoin am ar thosaigh Bailiúchán na Scol i 1937 ach is cosúil nár bhailigh an Coimisiún ábhar neamhspleách ar an togra sin ach an oiread.

léir go raibh fonnadóirí na hAird Thoir ina measc siúd is mó a chuaigh i bhfeidhm ar Shéamus Mac Aonghusa. Ba ‘suimiúil an mála amhrán’¹⁰² a bhí ag Seán Choilm Mac Donnchadha, dar leis, agus bhí sé tógtha go háirithe leis mar go raibh ‘roinnt seanstuife’¹⁰³ aige nach raibh cloiste ag an mbailitheoir cheana. Is léir, mar sin, go raibh tionchar ag tuairimí agus ag breithiúnas Mhic Aonghusa féin ar ábhar agus ar theorainneacha an bhailiúcháin.

Sonraítear go rialta i gcumhíní cinn an bhailitheora an phráinn a bhain le hábhar nua a bhailiú, is é sin le rá, ‘nua’ sa mhéid is nach raibh sé bailithe cheana féin. Ag an am céanna, mar is léir ó bhreith Mhic Aonghusa maidir le stór amhrán Sheáin Choilm, bhí critéar na haoise go mór chun cinn sa bhreith a thugadh sé ar an ábhar. Ba mhinic fiúntas a chuarta ag brath ar líon nó ar thoirt an ábhair nua a d’éirigh leis breacadh síos. Braítear a mhífhoghne ó am go chéile nuair nár éirigh leis é seo a bhaint amach mar a tharla ar ócáid amháin agus é ar cuairt ag an scéalaí agus an fonnadóir, Beairtle Beag Ó Conghaile, as an Aird Thiar:

An mhaidin ag scríobh, agus an oíche tigh Bheairtle [Uí Chonaola]. Bhí píosa ceoil, ‘trump’ ag Beairtle agus fliúit agamsa. Ansin bhí suipéar againn agus ansin thosaigh an chaint ar na hamhráin, Beairtle ag lua píosaí agus mise ag déana nótaí dhíofa. Ní raibh aon chosúlacht ann go ndéarfadh sé le scríobh dhom iad agus mar sin shocraigh mé leis go dtiocfadh sé chugam an chéad tráthnóna eile, lá saoire. Bhí sé mall go maith (1.30) nuair fhág mé, agus gan tada agam ach liosta fada amhrán.¹⁰⁴

Is léir go dtagadh mianta an fhaisnéiseora agus aidhmeanna an bhailitheora salach ar a chéile ó am go ham. Ní hamháin, áfach, go rabhthas sa tóir ar ábhar nach raibh bailithe go dtí sin ach freisin ábhar a seachadadh ar an modh traidisiúnta ó bhéal go béal. Tá tagairt shuimiúil ina chín lae aige do bhean aosta as an Aird Mhóir ar bhailigh sé cúpla amhrán uaithi i Samhradh na bliana 1943. Turas in aisce a bhí ann, dar leis, toisc gur as leabhair a d’fhoghlaim sí na hamhráin: ‘...níobh fhiú a cuid focla a scríobh mar tá léann agus leabhair aici agus ní ó bhéaloides a d’fhoghlaim sí na focla.’¹⁰⁵ Ní raibh an dearcadh sin neamhchosúil leis an gceann a léirigh sé faoi mhuintir Chualáin a bhí ina gcónaí i sráidbhaile Charna agus a bhí ina gceoltóirí uirlise paiteanta. Cé gur bhain sé sult as a gcuid ceoil, b’údar díomá dó gur ar thaifid ghairmiúla go príomha a tharraing siad chun cur lena stór.¹⁰⁶ Ní hé feabhas an cheoil

¹⁰² uí Ógáin, e.g., ‘*Mise an Fear Ceoil*’, 71.

¹⁰³ *Ibid.*, 71.

¹⁰⁴ *Ibid.*, 71.

¹⁰⁵ *Ibid.*, 76.

¹⁰⁶ ‘Chaitheas an tráthnóna agus cuid mhór den oíche i dtigh na gceoltóirí Folans i gCarna, le pléisiúr, *obligation* agus tóraíocht ceoil. Feicthear dhom nach bhfuil mórán acu nach bhfuair siad ó *records* agus ó chraolachán’, uí Ógáin, e.g., ‘*Mise an Fear Ceoil*’, 55. Ba iad na Cualáin seo Máire agus

an t-aon chritéar a bhí le cur san áireamh mar sin, is cosúil, ach fairsinge an *repertoire* agus modhanna sealbhaithe na míreanna ceoil freisin.

Tá an seachadadh agus an sealbhú i measc na bhfeiniméan a thugann le fios nárbh ionann tuiscintí seachtracha agus inmheánacha maidir le seasmhacht agus leanúnachas an tsean-nóis. Bhí meas as cuimse orthu siúd as baile isteach a raibh léamh agus scríobh acu mar a chonacthas sna hamhráin nuachumtha a luadh roimhe seo. Áiríodh na scileanna céanna mar thruailliú ar an traidisiún dúchasach, áfach, i measc na mbailitheoirí, agus meabhraíonn an tuiscint seo an ról a bhí ag an mbéalaireacht sa sainiú seachtrach a rinneadh ar phobal na Gaeltachta. Bhí céim síos faighte ag fonnadóir na hAirde Móire thuasluaite toisc gur bhain sí leas as modh foghlama, an léitheoireacht, nár luadh rómhinic ag an am leis an gcosmhuintir. Treisíonn sé an argóint go raibh íomhá réamhchruthaithe den Ghaeltacht i réim, nó go luaití tréithe áirithe leis an nGaeltacht, agus go raibh drogall ar bhailitheoirí malairt scéil a thuairisc. Is cosúil go mbíodh Colm Ó Caodháin ag fiafraí go rialta de Shéamus Mac Aonghusa céard a d'éireodh don ábhar a bhíodh á bhailiú toisc go mba mhian leis féin go gcuirfí ar fáil i bhfoirm leabhair é do pháistí scoile agus a leithéidí.¹⁰⁷ Léiríonn sé an dearcadh éagsúil a bhí ag an bpobal áitiúil agus acu siúd as baile isteach i leith an oideachais fhoirmeálta. B'fhadhbheathnaitheach a bhí Ó Caodháin agus é ag aithint go bhféadfaí leas a bhaint as a thraidisiún cultúrtha féin i gcomhthéacs an oideachais fhoirmeálta. Chomh fada is a bhain leis-sean agus lucht a chomhaimsire, ba phribhléid an t-oideachas foirmeálta agus fiú an litearthacht i gcásanna áirithe, nach raibh mórán seans acusan orthu.

Bheadh sé faillíoch gan próifíl an phobail ó thaobh na litearthachta de a lua agus an bailiúchán amhrán a rinneadh sa cheantar á mheas. Fiú ag tús an chéid seo caite, tá sé ar taifead go raibh formhór na ndaoine sa phobal liteartha. Léiríonn an t-aiseolas ar fhoirmeacha dhaonáireamh 1911 maidir le teaghlaigh na nAirdeanna, mar shampla, go raibh cumas léitheoireachta agus scríbhneoireachta ag bunáite na ndaoine fásta

Coilmín Mac Fhualáin agus a gclann a bhí ina gcónaí i mbaile Charna. Bhí seachtar clainne acu, ina measc Maidhcil (1919-1999) a chasadh an veidhlín agus Stiofán a bhí ina dhaimhseoir cumasach agus a fuair bás i 2003. Rinne Alan Lomax taifead de Stiofán ag damhsa agus Séamus Mac Aonghusa ag casadh an cheoil dó agus é ag bailiú ceoil in Éirinn i 1951. Thuairimeoinn go raibh sé seo ar an taifead fuaimne is túisce den damhsa ar an sean-nós mar a thugtar anois air a rinneadh sa cheantar. Tá an taifead le cloisteáil ar an gceirnín a d'eisigh Columbia, *World Library of Folk and Primitive Music: Ireland*, i 1955 d'obair pháirce Lomax in Éirinn. D'eisigh Rounder Records na taifid chéanna mar dhlúthdhiosca, *World Library of Folk and Primitive Music* i 1998 (Rounder CD 1742).

¹⁰⁷ Máire Uí Chonaire, agallamh le Róisín Nic Dhonncha, 26 Bealtaine 2005. Is iníon le Colm Ó Caodháin Máire ar fonnadóir aitheanta, paiteanta í féin freisin.

sna bailte sin.¹⁰⁸ Ní féidir talamh slán a dhéanamh d'iontaofacht an eolais i dtogra cosúil leis an daonáireamh ach ag an am céanna, níl aon chúis agam a chreidiúint nach rabhthas ag insint na fírinne. Ní mór an mhodheolaíocht a thug bonn don daonáireamh a chur sa chomhaireamh freisin agus spléachadh á thabhairt ar phróifíl oideachais an phobail. Íosmhéid eolais a lorgaíodh sa daonáireamh maidir le staid na litearthachta agus rinneadh é sin trí cheist iata nach raibh uirthi ach freagra dearfach nó diúltach. Is beag eolais a thugann na freagraí, mar sin, ar chaighdeán na litearthachta. Gach seans gur sa bhunscoil a sealbhaíodh an litearthacht ach ní fios cén leas a baineadh aisti i gcúinsí taobh amuigh den chóras oideachais, nó an raibh an toil ann chuige sin fiú amháin. Tá a fhios againn, áfach, go raibh modhanna seachadta liteartha ó thaobh na n-amhrán de ag teacht chun cinn sa cheantar fiú ag tús na haoise seo caite agus go raibh siad seo ag feidhmiú taobh le taobh leis an seachadadh béil.

Is cosúil, mar shampla, go bhfuair Beairtle Beag Ó Conghaile 'An tAmhrán Bréagach' ó bheith ag éisteacht lena athair á léamh do na comharsana as leabhar amhrán.¹⁰⁹ Tuairim is naoi mbliana d'aois a bhí sé ag an am, rud a d'fhágfadh go raibh an léitheoireacht seo á déanamh thart ar an mbliain 1912. Bhí cóip den leabhar, *Amhráin Chlainne Gael*, le Micheál agus Tomás Ó Máille a foilsíodh i 1905, le fáil i roinnt tithe ag an am, agus bhíodh daoine ag tarraingt as sin. I bhfianaise nach bhfuil 'An tAmhrán Bréagach' i leabhar na Máilleach, áfach, tá mé den tuairim gurbh é an foilseachán, *Siamsa an Gheimhridh* (1892) le Domhnall Ó Fotharta (c.1834-1919) a bhí á léamh ag Séamus Ó Conghaile ar an ócáid úd sin. Cnuasach amhrán, scéalta, tomhaiseanna, paidreacha agus míreanna eile ón traidisiún béil a bailíodh i bparóiste Bhaile an Dúin, ó thuaidh de pharóiste Mhuighrois, atá san fhoilseachán sin. B'oide scoile sa Chaladh, siar ó thuaidh de Chloch na Rón, an Fothartach, agus is teist a shaothar ar shaibhreas Gaeilge agus saíochta thuaisceart Chonamara ag an am. Fianaise eile ar phróifíl amhrán an réigiúin sin is ea an t-ábhar a bhailigh Brian Mac Lochlainn do Choimisiún Béaloideas Éireann ansin i lár na dtríochaidí. Is toirtiúil an líon amhrán a thóg Mac Lochlainn sa dúiche mar is léir in *Clár Amhrán Bhaile na hInse*.

¹⁰⁸ 24 teaghlach a bhí ag cur fúthu san Aird Thiar agus 21 teaghlach san Aird Thoir de réir fhiigiúirí dhaonáireamh 1911. Bhí thart ar dhá thríú den daonra sin liteartha bunaithe ar a gcuid freagraí ar an gceist faoina gcuid oideachais. Daonáireamh 1911, An Chartlann Náisiúnta, faighte 13 Meitheamh 2018, http://www.census.nationalarchives.ie/pages/1911/Galway/Knockboy/Ard_West/ agus http://www.census.nationalarchives.ie/pages/1911/Galway/Knockboy/Ard_East/.

¹⁰⁹ Cnuasach Bhéaloideas Éireann, Iml. 1311, 491-96.

Seacht véarsa déag atá sa leagan de ‘An tAmhrán Bréagach’ atá i gcuasach Uí Fhotharta, agus iad breactha faoin teideal ‘Abhrán na n-Iongantus’.¹¹⁰ Bhailigh Éamonn Ó Conghaile sé véarsa déag den amhrán óna athair, Beairtle. Ní bheadh sé as bealach a chreidiúint, mar sin, gurbh é foilseachán Uí Fhotharta a bhí á léamh ag athair Bheairtle tráth ar phioc Beairtle féin suas an t-amhrán agus é ina ghasúr. Ina dhiaidh sin féin, tá ord na véarsaí go hiomlán difriúil sa dá leagan, agus tá difríochtaí suntasacha sna focail i naoi gcinn de na véarsaí idir an dá leagan. Má ghlacann muid leis de gurbh é an t-eagrán clóite foinse bhunaidh Uí Chonghaile don amhrán, teist ar chruthaitheacht an amhránaí is ea na malairtí idir an dá leagan. Próiseas dinimiciúil is ea an seachadadh a bhfuil bailíocht ag an gcaomhnú agus ag an ionramháil araon ann. Is fiú tionchar na dtaifead fuaimne a lua freisin agus ceist an tseachadta á plé. Thosaigh Gael Linn ag eisiúint ceirníní ó 1957 atá i measc na gcéad taifead tráchtála den amhránaíocht ar an sean-nós in Éirinn. Ba chóir a lua anseo go raibh taifead déanta ag Sorcha Ní Ghuairim don chomhlacht *Folkways* i Nua Eabharc agus í ar cuairt ag a deartháir ansin i 1945 ach nár eisíodh in Éirinn é go dtí 1990.¹¹¹ I dteannta an amhránaí aitheanta as Ciarraí, Seán de hÓra (1908-1989), bhí beirt d’fhonnadóirí na nAirdeanna le cloisteáil ar cheirníní Gael Linn, ba iad sin, Seán ‘ac Dhonncha agus Seosamh Ó hÉanaí.¹¹² Tharraing Máire Uí Chonaire aird ar thábhacht na gceirníní sin mar fhoinsé di féin agus í ag sealbhú amhrán, rud a mheabhraíonn arís an idirghníomhaíocht idir an bhéalaireacht agus an teicneolaíocht, nó idir dúchas agus iasacht, mar a d’áireofaí go fánach iad. Dar liom gur saibhriú seachas bagairt ab ea an éagsúlacht modhanna seachadta a bhí ag teacht chun cinn sa chéad leath den chéad seo caite. Ina dhiaidh sin féin, bhí ord tosaíochta leagtha amach ag bailitheoirí a d’fhág go raibh an t-ábhar a seachadadh ar an modh *is* traidisiúnta ó bhéal go béal, mar a tuigeadh dóibhsean é, ar thús cadhnaíochta sa bhailiúchán.

Dá laghad tráchtáireachta a rinne Mac Aonghusa ar fhoinsí agus ar mhodhanna seachadta an ábhair a bhí á bhailiú aige, ba lú fós dá thuairimíocht a roinn sé maidir le cúrsaí stíle agus caighdeán an láithrithe. Tharla sé sin i gcás fhonnadóir na hAirde Móire sa mhéid is nár luadh a fiúntas mar amhránaí ar chor ar bith. Bhí a próifíl iomlán mar amhránaí, de réir thuairimíocht Mhic Aonghusa, faoi réir ag an modh

¹¹⁰ Domhnall Ó Fotharta, *Siamsa an Gheimhridh, nó cois an teallaigh in Iargchonnachta .i. sceulta, dánta, abhráin, tomhsanna, 7c.* (Baile Átha Cliath: 1892), 92-97.

¹¹¹ D’eisigh Cló Iar-Chonnacht an taifead seo mar chaiséad faoin teideal *An Chéad Dólás* i 1990.

¹¹² Deir Máire Uí Chonaire gur fhoghlaim sí amhráin ó na taifid sin a rinne Gael Linn de Sheán ‘ac Dhonncha. Ba as an gceantar céanna an bheirt acu, ach d’fhéadfadh sé gur chuir taifead gairmiúil leis an meas a bhíodh ar amhránaí agus gur spreag sé daoine amhráin a fhoghlaim ó na taifid ainneoin go raibh chuile sheans ann go raibh na hamhránaithe céanna cloiste ar bhonn beo, pearsanta ag baile acu.

sealbhaithe a ghlac sí chuici féin, agus feictear, dá bhrí sin, nach go maith a chruthaigh sí. Ag teacht leis sin, ní mórán de chluas éisteachta a tugadh do dhaoine óga ná do pháistí scoile ach an oiread le linn an bhailiúcháin, rud a bhain, b'fhéidir, le ceist an *repertoire* i measc cúinsí eile.¹¹³ Bhí an claonadh seo i dtreo aoisghrúpa faoi leith tugtha faoi deara ag Albert Lord i gcomhthéacs amhránaíochta na mBalcán: '...collectors seek the best singers, and the best singers are usually the older men.'¹¹⁴ Thabharfadh an bhéim chéanna a chuir bailitheoirí an Choimisiúin ar an nglúin níos sine le fios gur próiseas saoil atá i gceist leis an sean-nós. Cé go bhféadfadh sé nach mbíonn amhránaithe i mbarr a réime ó thaobh an láithrithe de (an t-análú agus caighdeán an ghutha, cuir i gcás) agus iad amach sna blianta, is mar thoradh ar na blianta sin atá an stór amhrán agus an fios i leith na ceirde chomh fairsing agus chomh forbartha is atá siad, rud atá luachmhar don té atá ag bailiú. Ar bhonn níos casta, bhí an dearcadh go forleathan ann gur cleachtas an sean-nós a bhain leis an saol a bhí caite nó a bhí ag imeacht. Sílim nár rith sé le bailitheoirí go bhféadfadh an chéad ghlúin eile an ceol sin a thabhairt slán. Is dóigh liom gur tuigeadh dóibh gurbh ionann aitheantas a thabhairt don ghlúin óg agus an traidisiún a thréigean.

Thug Liam Mac Coisdealbha caidéis faoi leith do dhearcadh na ndaoine i leith a mbuanna, rud a léirigh mar dhaoine iad a bhí umhal agus faoi chomaoin acu siúd a chuaigh rompu. Dá mhéid maitheasa a bhí leo féin ina scéalaithe nó ina bhfonnadóirí bhí sé intuigthe go raibh a sinsir seacht n-uaire nób fhearr. Ní mórán mórtais a rinne Éamon Liam a' Búrc riamh as a bhua mar scéalaí ón méid a thuig Mac Coisdealbha uaidh, cé go n-áireofaí an Búrcach ar dhuine de na scéalaithe Gaeilge ab fhearr sa tír lena bheo. Tar éis do Mhac Coisdealbha cuairt a thabhairt ar an scéalaí, Páraic Mac Donncha (Pat Bhilí), an té a thug leis an dara háit i gcomórtas scéalaíochta an Oireachtais i 1940 mar a luadh cheana, bhreac sé an nóta seo ina dhialann: 'Ní mórán de bharúil atá aige héin dá chuid seanchais, ach dár ndóigh sé a fhearacht céanna ag na seanchaidhe uilig é. Dar le gach duine acab, mórán, dar casú liom héin, níl aon rath ina seanchaidhe orthu.'¹¹⁵ Bhí mórán an tuairim chéanna ag na daoine eile ar bhailigh Mac Coisdealbha ábhar uathu, ina measc, Tomás Mac an Iomaire as an gCoillín, deartháir leis an scéalaí, Páraic Mac an Iomaire (1869-1962), ach gur thug Tomás an dearcadh sin céim eile chun cinn de réir mar a thuirisc Mac Coisdealbha:

¹¹³ Is cuimhin le Máire Uí Chonaire nach bhfaigheadh sí féin deis ar bith amhrán a chasadh do Shéamus Mac Aonghusa toisc gur ina hathair is mó a bhí spéis aigesean (Uí Chonaire, agallamh). Dúirt Dara Bán Mac Donnchadha mórán an rud céanna ó na cuimhní a bhí aigesean ar an mbailitheoir agus gur ar an 'seandream' a bhíodh sé ag díriú formhór an ama (Mac Donnchadha, agallamh).

¹¹⁴ Lord, *The Singer of Tales*, 31.

¹¹⁵ Dialann taistil Liam Mhic Coisdealbha, Cnuasach Bhéaloideas Éireann, iml. 385: 84.

Thosuigh sé ag cur síos dom ar na seanchaidhe breácha a bhí san áit suas le leathchéad nó trí scór bliain ó shoin, nuair a bhí sé héin ina stócach. Sén truaigh, a dúirt sé, nach raibh daoine san am sin leis na sgéalta a scríobh síos: dhá mbeadh is iomú sin scéal breá a shábháilfí nach bhfuil aon fháil anois air.¹¹⁶

Thagadh tábhacht na n-amhránaithe níos sine chun cinn i smaointeoireacht Josie Sheáin Jeaic, cuir i gcás, agus mholadh sé go rialta don ghlúin óg éisteacht le hamhránaithe níos sine ná iad féin: ‘Is fearr an *stuff* atá thiar.’¹¹⁷ Céard iad na cúiseanna gur roghnaigh faisnéiseoirí trácht ar a n-oidhreacht i ndialachtaic inar cuireadh saibhreas agus cailleanas, fairsinge agus teirce, traidisiún agus nuáil, i gcoinne a chéile? D’fhéadfadh sé gur sciath chosanta dóibh cur ina luí ar bhailitheoirí go raibh saibhreas níos fearr ann tráth dá raibh mar chúiteamh ar a gcumas níos teoranta féin, mar a tuigeadh dóibhsean. Bailíocht a bheadh ann freisin don cháil a bhí tar éis teacht ar an gceantar. Áitíonn Leerssen go raibh tuiscint tagtha chun cinn ó dheireadh an naoú céad déag i leith phobal na tuaithe a d’fhág nach leis an am líneach leanúnach a samhlaíodh iad ach neamhspleách air. Tuigeadh gur cailleanas seachas forbairt a bheadh i ndán dóibh le gluaiseacht ama, rud a threisigh an meon nach raibh a gcultúr riamh ach i mbéal an bháis, agus dá réir, go ndearnadh idéalú air.¹¹⁸

Tugann an tuairimíocht áitiúil i leith oidhreacht amhránaíochta an cheantair, mar sin, spléachadh ar an gcaidreamh a bhíonn ag daoine leis an am atá caite. Roghnaíonn amhránaithe, i ngan fhios, b’fhéidir, léamh diacronach a dhéanamh ar an oidhreacht sin agus tús áite san ord fiúntais a thabhairt d’amhránaithe na glúine níos sine. Samhlaítear fírinne agus barántúlacht le fonnadóireacht na sinsear, luachanna a mbíonn tóir orthu toisc go laghdaíonn siad éiginnteacht agus easpa seasmhachta an tsaoil chomhaimseartha. Déantar iarracht an t-am atá caite, a bhfuil sraith amháin luachanna aige, a choinneáil scartha ón ré chomhaimseartha a bhfuil sraith éagsúil luachanna aici. Tugann an cleachtas traidisiúnta, barántúil nó ‘réamhdhéanta’ solás agus treoir, mar a áitíonn Philip Bohlman, agus b’fhéidir gur cúis amháin í sin go mbraitear chomh mór sin air:

Authenticity need not be idealised, and strictly construed, but it often is. ... Performers, too, often search for solace in theories of authenticity that tell them how to

¹¹⁶ Ibid., 82. Taifeadadh an scéal ‘Fianna Éireann agus Rí Lochlann’ ó Thomás mar chuid den scéim taifeadta a raibh Wilhelm Doegen ina cheann feadhain uirthi sa tréimhse 1928-31. Is féidir éisteacht le haithris Thomáis ag https://www.doegen.ie/LA_1133d1.

¹¹⁷ Josie Sheáin Jeaic Mac Donncha, agallamh le Róisín Nic Dhonncha, 4 Feabhra 2004.

¹¹⁸ Leerssen, *Remembrance and Imagination*, 163-64.

do certain things in certain ways in order to reconstruct the authenticity of the style...¹¹⁹

Creidim gur chothaigh an obair bhailiúcháin agus na comórtais amhránaíochta araon an déscaradh seo idir an chomhaimsearthacht agus an stair. Rianaíodh thuas tosaíochtaí agus claontachtaí na mbailitheoirí béaloidis inar tugadh tús áite do mhíreanna, modhanna seachadta agus d'fhaisnéiseoirí ag brath ar a dhílse is a bhí siad don traidisiún stairiúil. Is é a fhearacht chéanna de mheon atá le brath ar thuairiscí moltóirí ar chomórtais sean-nóis an Oireachtais ó lár na haoise seo caite freisin. Cáineadh iomaitheoirí a chas amhráin a bhí róchoitianta, nár tháinig ó na daoine, a bhí faighte i leabhair nó nach raibh sean go leor.¹²⁰

Tá thuas cuid de na ráitis chomhfhiosacha is túisce dá bhfuil taifead againn orthu atá déanta ag faisnéiseoirí i gceantar Chara faoi ghnéithe dá n-oidhreacht agus dá dtraidisiún. Is den riachtanas é a mheabhrú gur mar thoradh ar idirghníomhaíocht agus cumarsáid leis an domhan mór seachtrach a tharla cuid mhaith de sin. Chuidigh an Béarla, an litearthacht agus teicneolaíocht na linne a tháinig i gceist mar thoradh ar chúrsaí bailiúcháin, mar shampla, léargas éigin a thabhairt ar phróifíl chultúrtha an cheantair. Ar an gcaoi chéanna, chuir Oireachtas na Gaeilge, Feis Chara, tionscal na dtaifead faoi stiúir Ghael-Linn mar aon le tograí cultúrtha eile leis an aitheantas a bhí á fháil ag an sean-nós go sainiúil. Feictear, mar sin, gur faoi anáil athruithe agus forbairtí a luafaí go láidir leis an nua-aoiseachas agus le meath an traidisiúin a tháinig ceantar Chara trí chéile, agus go háirithe na hAirdeanna, chun cinn mar shainphobal sean-nóis. Tá stair chultúrtha an cheantair chun cinn i gcomhfhios coiteann an phobail fós inniu. An lena leas é sin nó an ualach é? Cloistear ceolta éagsúla i measc sciartha eile den phobal anois, an ceol tíre go háirithe, atá faoi thionchar an tsean-nóis. Is dóigh liom go léiríonn an t-athrú sin an mhian éalú ón stair ach aitheantas éigin a thabhairt do thraidisiún brandáilte na háite freisin. Samhlaíonn amhránaithe luach thar na bearta le traidisiún an tsean-nóis agus tá caidreamh casta acu leis atá faoi réir ag dílseacht agus athnuachan araon, coincheapa a thagann salach ar a chéile amanta. Féachfar go sainiúil ar dhioscúrsa seo an leanúnachais agus an athraithe in

¹¹⁹ Bohlman, *The Study of Folk Music in the Modern World*, 10.

¹²⁰ Bhí tuairiscithe ag Donnchadha Ó Baoghail a bhí ag moltóireacht ar chomórtas amhránaíochta na mban i 1945, mar shampla: 'Amhrán nua cheaptha é a ceapadh do pháistí scoile.' Deich marc as cúig mharc déag a fuair an t-iomaitheoir sin faoin gceist 'rogha amhrán.' (Adjudicators' Reports 1945, Oireachtas na Gaeilge Papers, LS 1,370/9, An Leabharlann Náisiúnta). Bhí Sorcha Ní Ghuairim i measc na moltóirí ar an gcomórtas céanna i 1946, áit ar scríobh sí faoi fhonnadóir amháin as ceantar Chara: 'An t-amhrán thar a bheith coiteanta (*sic*) ... An dara hamhrán gana (*sic*) bheith ró fheiliúnach (*sic*) – amhrán scoile.' (Adjudicators' Reports 1946, Oireachtas na Gaeilge Papers, LS 1,371/5, An Leabharlann Náisiúnta).

amhránaíocht na nAirdeanna sa chéad chaidibíl eile agus ar an ról atá ag an duine aonair agus ag an bpobal araon i gcothú thraidisiún na hamhránaíochta sin.

Caibidil a Cúig

An tAmhránaí agus an Traidisiún

Because cultural tradition is capable of rapid change – it sometimes seems evanescent. To attempt to control culture is to admit weakness. What we can do is enrich it every time it turns on us.¹

Ba shamhail chumhachtach an ‘traidisiún’ agus an bailiúchán is toirtiúla d’amhráin na Gaeilge á chur i dtoll a chéile i lár an chéid seo caite faoi scáth Choimisiún Béaloideas Éireann mar atá sonraithe sa chaibidil roimhe seo. Bhí meas as cuimse ar na hamhráin úd nach raibh leagan foilsithe ná clóite ar fáil díobh, agus ar fhonnadóirí nár bhain leas ach as an modh ‘traidisiúnta’ seachadta, is é sin, ó bhéal go béal. Rinneadh idirdhealú eatarthu siúd a bhraith go hiomlán ar an gcluais agus iad siúd a raibh scileanna áirithe sa litearthacht acu. Is léir go ndeachaigh an íomhá a bhí samhlaithe agus cruthaithe ón taobh amuigh de na pobail Ghaeltachta i bhfeidhm ar mhuintir na Gaeltachta iad féin. Níl an t-aistriú smaointeoireachta seo ón domhan mór isteach neamhchoitianta. Dar le Richard Handler agus Jocelyn Linnekin gur minic a bhíonn tionchar ag smaointe na tíre iomláine nó na sochaí níos leithne ar fhéin-íomhá an phobail bhig tuaithe maidir le traidisiún agus féiniúlachtaí cultúrtha.² Tarlaíonn sé gur próiseas roghnaithe an bealach a dtéitear i ngleic le haon traidisiún agus lena bhfuil fágtha le hoidhreacht ag pobal, agus go mbíonn sé faoi réir ag tuiscintí áitiúla agus seachtracha araon. Leagann amhránaithe luach nó béim ar ghnéithe áirithe de thraidisiún an tsean-nóis agus déanann neamhaird de ghnéithe eile de, rud a fheicfead san iniúchadh sa chaibidil seo ar an ionramháil a dhéanann amhránaithe aonair agus gluaiseachtaí agus eagraíochtaí araon ar an traidisiún céanna.

Fágann a lárnaí is atá coincheap an traidisiúin tríd is tríd i léann an chultúir go ndéantar talamh slán go minic de agus go bhfágtar ina théarma teibí é dá réir. Is téarmaí inmhalartaithe ‘traidisiún’ agus ‘cultúr’ ar uairibh fiú. Tugann ráiteas an Chaptaen Francis O’Neill (1848-1936) i leith an cheoil uirlise Ghaelaigh, mar shampla, léargas ar an gcaoi a samhlaítear go minic cleachtais atá ‘traidisiúnta’: ‘Traditional music unlike any form of modern composition is not the work of one man but of many. Indeed it can hardly be said to have been composed at all.’³ Luaitear próiseas nó earra ar bith atá ‘traidisiúnta’ le comhthéacs ama agus staire.

¹ Paul Bohannon, *How Culture Works* (New York: The Free Press, 1995), 170.

² Handler agus Linnekin, ‘Tradition, Genuine or Spurious,’ 285.

³ Capt. Francis O’Neill, *Irish minstrels and musicians with numerous dissertations on related subjects*, (Chicago: The Regan Printing House, 1913), 127.

Tuigtear go mbaineann traidisiúin le grúpaí móra déimeagrafacha cosúil le réigiúin agus náisiúin, agus gur beag an tionchar a bhíonn ag iompar an duine aonair nó an phobail bhig in ionramháil na dtraidisiún sin. D’aithin an scoláire ceoil, Bruno Nettl, an éiginnteacht agus an doiléire a shamhlaítear le ceol na ndaoine nuair a d’áitigh, ‘... “primitive” music comes from elsewhere and, in the minds of many, a very remote area; folk music is associated with the anonymous mass ... and popular music mainly with performers (more than with acknowledged composer).’⁴ Ní miste féachaint ar allagar phobal agus amhránaithe aonair na nAirdeanna le gnéithe de thraidisiún an tsean-nóis agus roinnt de na ráitis thuasluaite á dtástáil.

Bíodh is go mbíonn leanúnachas agus seasmhacht áirithe ag baint le nósanna atá traidisiúnta, tá an tuiscint tar éis forbairt sa léann daonna ó lár an fhichiú haois go háirithe, gur coincheap athraitheach an traidisiún agus gur minic é féin agus an chruthaitheacht i bpáirt. Is é sin a bhí i gceist ag Dan Ben-Amos nuair a d’áitigh, ‘... the concept of *tradition* itself has changed status and become an object of conscious creativity.’⁵ Laghdaíodh a thuilleadh fós an teibíocht agus an bhéim dhiacronach a bhí luaite leis an téarma ‘traidisiún’ i smaoinemh cumhachtach Eric Hobsbawm ‘inventing traditions’,⁶ inar áitíodh nach comhthéacs ársa a bhíonn ag traidisiúin mar a chreidtear go minic ach ceann comhaimseartha, comhfhiosach. Is mar phróiseas sóisialta cruthaitheachta a léiríodh an traidisiún i dtuairimíocht an bhéaloideasóra, Carl von Sydow, agus ba é a thuairim siúd go mbíonn daoine faoi leith freagrach as an ionramháil a dhéantar ar aon traidisiún ar leith. ‘Active tradition bearers’⁷ a thug sé ar a leithéidí, áit ar ‘passive tradition bearers’⁸ tromlach na ndaoine, is é sin, iad siúd a bhfuil teacht acu ar thraidisiún ach nach dtéann i ngleic go gníomhach leis.

Chomh fada is a bhaineann leis an duine aonair mar sin, is minic gur i mbun cruthaitheachta a bhíonn siad siúd a chreideann go bhfuil siad ag infheistiú sa traidisiún. Is ábhar níos suntasaí fós é seo i dtaca le seánra ceoil cosúil leis an amhránaíocht ar an ‘sean-nós’ a gcruthaíonn a hainmniú fiú deacrachtaí teacht ar thuiscint leathan ar an gcleachtas. Os a choinne sin, b’fhéidir gur fianaise ar

⁴ Bruno Nettl, *The Study of Ethnomusicology: Twenty-Nine Issues and Concepts* (Urbana and Chicago: University of Illinois Press, 1983), 303-04.

⁵ Dan Ben-Amos, ‘The seven strands of tradition: varieties in its meaning in American Folklore studies,’ *Journal of Folklore Research* 21, (1984): 114. Béim sa téacs bunúil, faighte 10 Lúnasa 2014, <http://www.jstor.org.libraryproxy.mic.ul.ie/stable/3814548>.

⁶ Eric Hobsbawm, ‘Inventing Traditions,’ in *The Invention of Tradition*, ead. Eric Hobsbawm agus Terence Ranger (Cambridge: Cambridge University Press, 1983), 1-14.

⁷ Carl Wilhelm von Sydow, *Selected Papers on Folklore* (Copenhagen: Rosenkilde and Bagger, 1948), 13.

⁸ *Ibid.*, 12.

nuálaíocht na hamhránaíochta sin go gcaithfear cáiliú a dhéanamh uirthi ar chor ar bith, agus mura bhfuil tada eile i gceist leis an dá leagan déag a bhíonn ar amhrán nach bhfuil nuálaíocht agus cruthaitheacht? Is bríomhaire agus is luachmhaire fós coincheap an traidisiúin nuair a dhéantar idéalú air, rud a tharla i gcás na hamhránaíochta ar an sean-nós agus gnéithe eile de chultúr na Gaeilge faoi anáil na hAthbheochana ag tús an chéid seo caite. Samhlaíodh go raibh cleachtas ar bith a bhí ‘traidisiúnta’ dearfach agus gur cheart é a chur chun cinn. Is féidir a rá gur tháinig ann don traidisiún féin agus d’idéalú an traidisiúin sin ag an am céanna chomh fada is a bhaineann leis an amhránaíocht ar an sean-nós. Bhíodh éilimh á ndéanamh ag lucht eagraithe chomórtais amhránaíochta an Oireachtais agus na Feise Ceoil a chinnteodh go mbeadh an stíl thraidisiúnta ar thús cadhnaíochta sna critéir a leagadh síos sna comórtais sin. Bhí sé le tuiscint go raibh freagracht ar lucht casta an tsean-nóis dílseacht a léiriú do na nósanna cultúrtha a bhí fágtha le hoidhreacht acu ar an mbunús gurbh é an sin cur chuige a thabharfadh slán an traidisiúin.

Ní tuairim neamhchoitanta í sin a thugann le fios go bhfuil an dualgas orainn ár dtraidisiúin a chosaint. Dar le Edward Shils, toisc go bhfuil teorainneacha agus bearnaí i gcumas samhlaíochta an duine, go dtarraingíonn muid go nádúrtha ar mhúnlaí réamhdhéanta agus orthu siúd atá ar fáil cheana féin.⁹ Feileann sé don duine tarraingt ar thraidisiún éigin, mar sin, agus cuireann sé sin patrúin agus coinníollacha ar fáil a stiúrann an duine isteach san am anaithnid, sa todhchaí. Aithníodh an dílseacht seo, ar bhonn teoiriciúil ar a laghad, do leanúnachas an traidisiúin sa chaibidil roimhe seo i dtaca leis an meas as cuimse a bhí ag amhránaithe agus scéalaithe ar a sinsear. Is féidir a rá go bhfuil an t-am atá caite, mar sin, riachtanach chun an t-am i láthair agus an t-am atá le teacht a chruthú: ‘...tradition is the creation of the future out of the past.’¹⁰ Tá an t-am atá caite caite, tá sé thart, agus dá bhrí sin, tá spás áirithe idir é féin agus an duine, rud a fhágann go bhfuil sé níos éasca é a phróiseáil agus meabhair éigin a bhaint as, fiú más sa tsamhlaíocht féin é sin. Cuireann Shils ar ár súile freisin dúinn go mbíonn an mhian ag duine a bheith páirteach in ord a bhfuil brí leis,¹¹ agus comhlíonann an leanúnachas leis an am atá caite an mhian seo cuid mhaith. Tá an luach a leagadh ar an traidisiún i gcomhthéacs na hAthbheochana soiléir ó thaobh na hamhránaíochta de ach fiú i gcleachtais a bhí á

⁹ Edward Shils, ‘Tradition,’ *Comparative Studies in Society and History* 13, uimh. 2 (1971): 130, faighte 10 Lúnasa 2014, <http://www.jstor.org/stable/178104>.

¹⁰ Henry Glassie, ‘Tradition,’ *The Journal of American Folklore* 108 (1995): 395, faighte 10 Lúnasa 2014, <https://www.jstor.org/stable/541653>.

¹¹ Shils, ‘Tradition,’ 130.

bhforbairt ‘as an nua’ sa Ghaeilge cosúil leis an ‘nualitríocht’, bhíothas ag tarraingt, mar a luadh i gCaibidil a Dó, ar mhúnlaí a bhí ann cheana féin, cuir i gcás, saothar scríbhneoirí na hEorpa.

Agus ceist an traidisiúin i gcomhthéacs an tsean-nóis á cíoradh, tugtar faoi deara go mbíonn tionchar ag modh seachadta na n-amhrán ar a ‘thraidisiúnta’ is a shamhlaítear an amhránaíocht sin. Ealaín bhéil í a chuirtear ar aghaidh ó ghlúin go glúin, mar atá tugtha le fios ag Tomás Ó Canainn¹² agus Seán Ó Riada¹³ mar shampla. Déanann an Riadach fiú ionannú idir an ceol traidisiúnta agus é sin a sheachadtar go sainiúil ó bhéal: ‘By ‘traditional’ I mean the untouched, unWesternized, orally-transmitted music...’.¹⁴ Is beag amhránaí sean-nóis nach mbíonn tionchar ag daoine ón nglúin níos sine orthu, mar is léir i gcás fhonnadóirí na nAirdeanna. Is é an nós coitianta gur ó bhéal go béal laistigh de theaghlaigh a seachadadh agus a foghlaimíodh amhráin san am a caitheadh. Aithníonn fonnadóirí a ról féin i gcaomhnú an traidisiúin. Go deimhin, ba é tuairim Carl von Sydow gurbh é an baile nó an teaghlach an spás ba chumhachtaí ar fad chomh fada is a bhain le seachadadh traidisiúin: ‘The simplest way to become an active bearer of tradition is by inheritance from the home.’¹⁵ Tá a fhianaise seo le feiceáil sa mhéid is go bhfuil an fhonnadóireacht le fáil go dlúth i dteaghlaigh faoi leith sna hAirdeanna agus maireann sé sin go dtí an lá inniu, ainneoin na hollchumarsáide agus an domhandaithe.

D’áiteoinn go bhfuil bailte na hAirde Thiar agus na hAirde Thoir ina measc siúd is láidre sna ceantair Ghaeltachta a fhreagraíonn do ról an teaghlaigh nó an bhaile i gcothú thraidisiún an tsean-nóis. Bhí an ceangal sin idir áit agus éigse aitheanta ag an té a chuir ar a shúile do Shéamus Mac Aonghusa cuairt a thabhairt ar na bailte seo. Dúradh leis go raibh ‘cuimse amhrán in áit arb ainm dó Ard (An Aird), cúpla míle siar ó Charna’.¹⁶ Ní turas in aisce a bhí ann; chuala Mac Aonghusa suas le céad amhrán ansin tráthnóna a chéad chuarta i mí Lúnasa 1942.¹⁷ Ba mhinic leis aitheantas a thabhairt do phearsana, teaghlaigh agus bailte fearainn mhóra na hamhránaíochta ina chuid tuairimíochta. Luath go maith ina thréimhse mar

¹² Ó Canainn, *Traditional Music in Ireland*, 49.

¹³ Ó Riada, *Our Musical Heritage*, 19.

¹⁴ *Ibid.*, 19.

¹⁵ von Sydow, *Selected Papers on Folklore*, 13.

¹⁶ uí Ógáin, ead., *Mise an Fear Ceoil*, 53.

¹⁷ *Ibid.*, 53.

bhailitheoir, faoi Nollaig 1942, bhí suntas tugtha aige do dhá theaghlach faoi leith de chuid na hAirde Thoir:

Is ag Seán Choilim [Mac Donncha] agus muintir Uí Éanaí atá an ceol is fearr agus is údarásaí de chuid Chonamara a tháinig i mo threo go fóill, gan Fínis a áireamh. Thóigeas roinnt uatha atá an-aosta, táim cinnte, agus thairis sin is acu a fuair na ceolta ba chasta a fuair i gConamara – is mó atá siad cosúil le ceol maith na Mumhan mar tá ag Cáit Ní Mhuimhneacháin agus Labhrás Ó Cadhla.¹⁸

Is díol spéise an chosúlacht a d'aithin sé idir roinnt d'fhonnadóireacht Charna agus Chúige Mumhan. Sa rianú atá déanta ag Lillis Ó Laoire agus Sean Williams ar cheist na stíle réigiúnda sa sean-nós, tugann siad le fios gur fhorbair an tuiscint i gcomhthéacs an náisiúnachais chultúrtha go raibh stíl Chonamara eiseamláireach nó gurbh í ab fhearr a léirigh cultúr beo na ndaoine.¹⁹ Dá réir sin, d'fhéadfadh sé gur tugadh tús áite di agus amhránaithe á meas i gcomórtais. Más iarracht a bhí anseo ord agus eagar a chur ar an traidisiún beo, bhí an toradh air gur chuir sé tús le cúngú san éagsúlacht stíleanna agus gur chruthaigh sé an t-ordlathas sna stíleanna a d'fhág an cheannródaíocht ag stíl Chonamara. Baineann tuairimíocht Mhic Aonghusa leis an ré réamh-Oireachtais a d'fhéadfaí a rá, sa mhéid is nach raibh ach corrdhuine ag glacadh páirte sna comórtais sin ag an staid luath seo. Ní raibh an bhéim chéanna ar stíleanna a fhorbairt agus a oibriú chun go dtiocfaidís leis na stíleanna a bhí samhlaíthe le ceantair thíreolaíoch faoi leith. Tá an scéal sin athraithe le himeacht aimsire, mar is dual, agus níl ceist na stíle chomh mór faoi shrian na tíreolaíochta ná an traidisiúin áitiúil sa chomhthéacs comhaimseartha.

Más tearc féin an tráchttaireacht a rinne Mac Aonghusa ar cheisteanna stíle agus aestéitice san amhránaíocht, bhí tuairimí láidre aige faoi sheachadadh agus sealbhú an chleachtais sin. Tagraíodh cheana don luach faoi leith a samhlaíodh le hamhráin a tógadh agus le hamhránaithe a thóg leis an geluais. Baineann an seachadadh seo ó bhéal agus an neamhspleáchas ar an litearthacht i mbailte fearainn cosúil leis na hAirdeanna le comhthéacs níos leithne an oideachais fhoirmeálta. Rinneadh neamhaird de phróifíl shochtheangeolaíoch na tíre nuair a bunaíodh an córas náisiúnta oideachais in 1831 sa mhéid is gur fágadh an Ghaeilge ar lár sa chlár oideachais fiú i gceantair cosúil le Carna nach raibh ach an Ghaeilge, a bheag nó a mhór, á labhairt iontu. Tá a fhios againn, mar shampla, gur trí Bhéarla a fuair athair Bheairtle Bhig Uí Chonghaile, Séamus, a chuid bunscolaíochta, agus nach raibh aon

¹⁸ Ibid., 72.

¹⁹ Sean Williams agus Lillis Ó Laoire, *Bright Star of the West: Joe Heaney, Irish Song-Man* (New York: Oxford University Press, 2011), 32-3.

Ghaeilge ag an múinteoir a mhúin an scríbhneoir, Séamus Mac an Iomaire, as Muighinis. Ba léir go raibh cur chun cinn an Bhéarla ar cheann d'aidhmeanna an chórais oideachais agus gur fhorbair an tuiscint go mb'ionann an Béarla agus dul chun cinn eacnamaíoch agus an Ghaeilge agus an bochtanas.²⁰ Go deimhin, bhí tuismitheoirí a thacaigh leis an meon sin ar an mbunús gur chreid siad go dtabharfadh an Béarla deiseanna agus todhchaí níos fearr dá gclann.²¹ Bhí impleachtaí fadtéarmacha ag an ngníomh sin a d'fhág nár fhorbair patrúin léitheoireachta sa Ghaeilge riamh in Éirinn mar a tharla sa Bhéarla. Má bhí amhráin Ghaeilge le cur ar phár, ba scoláirí agus bailitheoirí as taobh amuigh de na ceantair Ghaeltachta is minice a rinne é sin agus ba mhó a n-aird siúd go minic ar théacsanna agus ar fhoinn seachas, mar a luadh roimhe seo, ar na coinníollacha sóisialta a raibh an amhránaíocht fite fuaite leo. Ba dhá phróiseas ar leith, mar sin, na hiarrachtaí caomhnú a dhéanamh ar mhíreanna ón traidisiún béil ar bhonn liteartha agus seachadadh béil na n-amhrán i measc phobal na n-amhránaithe féin.

Agus staidéar á dhéanamh ar dhuine nó ar phobal ar bith, b'fhéidir nár mhiste gníomhú de réir chomhairle an bhéaloideasóra, Henry Glassie. Is é a mholadh siúd gur ón taobh istigh amach a dhéanfaí staidéar ar an duine agus dá réir, go gcaithfear na spásanna fisiciúla a úsáideann daoine ar bhonn laethúil a chur san áireamh chun teacht ar thuiscint níos báúla agus níos cruinne ar na daoine sin:

The man who is a learned educator at the fireside, a sparkling wit in the ceili, a bold singer in the pub, becomes, in the gigantic milieu of the nation, silent, nearly nothing, a follower for a politician's doctrine, a statistic for a scientist's scheme, a member of the inarticulate masses. The way to study people is not from top down or bottom up but from inside to out, from the place where people are articulate to the place they are not, from where they're in control of their destinies to where they are not. ... Decent, serious study begins on the inside, where people are articulate, and powerful and in

²⁰ Tarraingíonn Mary Daly aird ar an gcumhacht a bhí ag an mBéarla agus ag an litearthacht i rith an naoú céad déag mar shiombailí den nua-aoiseachas agus den dul chun cinn, agus freisin ar a laghad iarrachtaí a rinneadh sa tréimhse chéanna an litearthacht trí mheán na Gaeilge a fhorbairt. Féach 'Literacy and language change in the late eighteenth and early nineteenth centuries,' in *The Origins of Popular Literacy in Ireland: Language Change and Educational Development*, ead. Mary E. Daly agus David Dickson (Dublin: Trinity College and University College Dublin, 1990), 154.

²¹ Áitíonn de Fréine agus é ag trácht ar pháistí agus iad sa chóras oideachais sa naoú céad déag, 'They had been taught English at school, without any assistance from their parents (who knew little or no English) except encouragement and advice.' Seán de Fréine, *The Great Silence: The study of a Relationship between Language and Nationality* (Baile Átha Cliath: Foilseacháin Náisiúnta Teoranta, 1965), 74. Féach freisin An tAthair Colmán Ó hUallacháin, *The Irish and Irish – a sociolinguistic analysis of the relationship between the people and their language* (Dublin: The Irish Franciscan Provincial Office, 1994) go háirithe lgh. 20-26.

control. In Ballymenone, that is at the hearth, at home, in the midst of a ceili where history is created. It is at the hearth the family connects to community.²²

Is furasta teoiric Glassie i dtaobh spásanna maireachtála coitianta cosúil leis an teach príobháideach a chur i bhfeidhm maidir le pobail na Gaeltachta san am a caitheadh, go háirithe agus seachadadh amhrán á phlé. Ní beag an bhaint a bhí idir leagan amach na bliana nó an fhéilire shóisialta agus na cúiseanna a dtiocfadh deiseanna chun cinn ina seachadfaí amhráin, a tharla cuid mhaith sna tithe sin. Is téarmaí aitheanta ‘airneán’ agus *time* i stair shóisialta Chonamara agus tagraíonn ‘airneán’ sa chiall is litriúla, don oíche, nó do thréimhse ama tar éis dheireadh an lae.²³ Tá a mhacasamhail ‘airneál’ i nGaeilge na gConallach, mórán cosúil le ‘bothántaíocht’ ó dheas agus fiú an coincheap ‘céilí’ a úsáidtear sa Bhéarla san alt thuas le Glassie. Deimhnítear an ghné chumarsáideach agus shóisialta seo den airneán i roinnt de na hamhráin féin mar is léir ón véarsa seo ó ‘Amhrán an *Steamer*’ leis an bhfile pobail, Mícheál Bheairtle Ó Donnchú:

Is tá scéal agam lena aithris nó an gcuala sibh cheana é,
A tharla le gairid san áit seo;
Is níl aon am agamsa lena inseann ar fad dhíbh,
Go dtaga an oíche fhada san airneán.²⁴

Is é an geimhreadh is mó a shamhlaítear leis an airneán, áit nach dteastaíonn ach teas tine agus comhar comharsan chun an mhuinín agus an suaimhneas sin a chothú a thugann ar dhaoine iad féin a chur in iúl ar bhealach comhfhiosach, ealaíonta. Léiríonn samhlaí agus íomhánna den airneán pobal muiníneach, neamhspleách, beo ar an bhféinsoláthar cuid mhaith, agus cruthaitheach dá réir. Is é an baile spás an tseachadta agus is iad na daoine atá i gceist ná iad siúd a dtugann Carl von Sydow ‘active tradition bearers’ orthu nó daoine a théann i ngleic go gníomhach leis na traidisiúin a mbíonn teagmháil acu leo.

Is féidir a rá go raibh an t-airneán ar an deis ba choitianta inar seachadadh amhráin sna hAirdeanna go stairiúil agus gur chuir sé leis an tuiscint atá againn ar thraidisiún na hamhránaíochta ansin inniu. Ainneoin a choitianta is a bhí an ócáid seo sa saol a caitheadh, is beag cuntas sonraithe atá ar fáil de leagan amach na hoíche. Bíodh is gur féidir a rá go cinnte gur ag déanamh seanchais, ag gabháil fhoinn agus ag comhrá is mó a chaití an oíche, níl d’fhoinsí againn ach cur síos achomair ó bhailitheoirí

²² Henry Glassie, *Passing the Time in Ballymenone: Culture and History of an Ulster Community* (Philadelphia: University of Pennsylvania Press, 1982), 86.

²³ Patrick S. Dinneen, *Foclóir Gaedhilge agus Béarla: English Irish Dictionary* (Dublin: Irish Texts Society, [1927] 1996), 26.

²⁴ Nic Dhonncha, ‘Amhráin Vail agus Mhíchíl Bheairtle Uí Dhonnchú,’ 56.

éagsúla, mar aon le cuimhní daoine ó bhéal. Ní mór a bheith airdeallach go mbíonn bearnaí i gcuimhne an duine go nádúrtha agus is minic an chuimhne iarbhír agus an tsamhlaíocht ag dul isteach ina chéile.²⁵ Bíonn tionchar ag imeacht aimsire freisin ar an gcaoi a mothaíonn daoine i leith a gcuimhní. D'fhéadfadh sé seo a bheith amhlaidh go háirithe i gcás daoine a mb'éigean dóibh an baile a thréigean, rud a d'fhágfadh gur go dearfach, maoithneach a phróiseálar cuimhní amanta – bídís maith nó olc. Ní foinsí luachmhara ó thaobh mhionsonraí na n-ócáidí láithrithe cuntais na mbailitheoirí amhrán ach an oiread toisc gur ar chruthú téacsanna is mó a bhí a n-aird siúd. Fágann sin gur beag cur síos struchtúrtha atá ar fáil ar an ngné seo den stair shóisialta áitiúil. Chomh maith le bheith ina hócáid i ngnáthshaol an phobail a tharla ar bhonn rialta ar aon nós, is léir an tábhacht a bhí leis an oíche airneáin freisin chun aitheantas a thabhairt do laethanta agus d'ócáidí ar leith.

Ceangailte le stair eacnamaíoch na hÉireann trí chéile, tá an coincheap ar a dtugtar an 'American wake' agus níorbh eisceacht i gceantar Charna ach an oiread an t-ómós ba dhual a léiriú don té a bhí ag dul ar an mbád bán. Ní léir go raibh an oiread sin difríochta idir airneán dá leithéid agus gnáthoíche airneáin ach amháin don té a bhí ag imeacht agus do mhuintir an duine sin.²⁶ Is éifeachtach mar atá fulaingt agus sceitimíní a leithéidí siúd léirithe ag Máirtín Ó Cadhain sa ghearrscéal 'An Bhliain 1912', mar shampla, a bhfuil siombailí móra na himirce luaite go rialta ann – an trunc, airgead an aistir, capall agus carr, agus ar ndóigh an comhludar atá bailithe ag comhrá agus ag gabháil fhoinn.²⁷ Ba é tí Sheáin Choilm Mhic Dhonnchadha san Aird Thoir an teach ba mhó cáil ó thaobh an airneáin sa cheantar a bhfuil an staidéar seo dírithe air. D'fhéadfadh sé nach comhtharlúint é seo tharla gur thug deichniúr as an dá dhuine dhéag clainne a bhí sa teach sin Sasana nó Meiriceá orthu féin agus nár fhan ag baile ach beirt, Cóláí agus Dara. Anuas air sin, ba mhinic airneán ann agus duine tagtha abhaile ar cuairt, rud a d'fhéadfadh a bheith amhlaidh ina gcás siúd a chuaigh go Sasana go háirithe.

²⁵ Is dóigh liom go bhfreagraíonn na téarmaí an 'chuimhne phraiticiúil' agus an 'chuimhne mhothúchánach' (Ó Laoire, *Ar Chreag i Lár na Farraige*, 62) a úsáideann Lillis Ó Laoire maidir le seachadadh na n-amhrán ar Thoraigh, don éagsúlacht chéanna sna cineálacha cuimhní a bhíonn ag an duine.

²⁶ Tá cuntas amháin ar fáil ina ndéanann Seosamh Ó hÉanaí cur síos ar oíche airneáin i gcomhthéacs an 'American Wake' agus é faoi agallamh ag Lucy Simpson. Cartlanna Sheosaimh Uí Éanaí, ar fáil ag <https://www.joeheaney.org/ga/emigration-and-american-wakes/>, cloiste 24 Meán Fómhair 2016.

²⁷ Máirtín Ó Cadhain, 'An Bhliain 1912' in *An Braon Broghach* (Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1948).

Más oíche chomhluadair agus cheoil a bhí in airneán na himirce, léiríonn sé freisin na bealaí a n-íompraíonn daoine iad féin in am an ghátair agus an athraithe. Tarraingítear ar nósanna cultúrtha agus sóisialta a bhfuil bailíocht go háitiúil acu agus tarlaíonn sé sin ag baile nó sa spás ina samhlaíonn daoine smacht agus cumhacht a bheith acu. Cruthaítear san oíche airneáin struchtúr inár féidir an dobrón a bhaineann leis an imirce a phróiseáil. Insíonn cuntas amháin as ceantar Charna dúinn go mba nós le daoine an té a bhí ag imeacht a chaoineadh agus iad ar shiúl na gcós cuid den aistear chomh fada leis an stáisiún traenach ba ghaire.²⁸ B'ardán eile a bhí anseo don chaoineadh taobh amuigh de thórramh agus de shochraid, agus ní móide ná gur léiriú é ar an ngá a bhí ag an bpobal a racht a ligean go poiblí. Suimiúil go leor, deirtear sa chuntas céanna gur tháinig deireadh leis an gcaoineadh nuair a tosaíodh ag taisteal i gcarranna sa mhéid is go raibh an té a bhí ag dul ar imirce imithe as amharc in achar an-gherr agus nach raibh an t-am ná an spás ann an caoineadh a dhéanamh i dteannta an duine sin go fisiciúil. Bhí feidhm agus riachtanas á chomhlíonadh ag an ngníomhaíocht agus an borradh a thagadh faoi cheol agus amhráin na ndaoine i gcúinsí dúshlánacha cosúil leis an imirce. 'Castar fonn le fonn agus castar fonn le mífhonn' a deir an seanfhocal. Is léir go ndéantaí amhlaidh. Ní miste a chur san áireamh freisin a thábhachtaí is a bheadh bua cultúrtha cosúil leis an amhránaíocht i ndearbhú agus in aontacht pobail a bhí go minic ag tabhairt aghaidh ar an mbochtanas agus a bhí fágtha in áit na leathphingine i gcomhthéacsanna eacnamaíocha agus polaitiúla níos leithne.

Ní gá a rá, mar sin, go bhfuil seachadadh na n-amhrán, de réir an traidisiúin, ag brath ar chomhthéacs láidir sóisialta agus daonna. Bíodh is go bhfuil amhráin á seachadadh ar bhealaí níos príobháidí sa lá inniu agus gur as an bhfocal scríofa agus as taifid mheicniúla go príomha a bhaintear leas chuige sin, éilíonn an traidisiún fós gur sa láithriú seachas ar phár a dhéantar dlisteanú ar amhrán. Níl aon cheist ach gurb iad na hamhráin sean-nóis an chuid is suntasaí de shainiúlacht cheoil an dá bhaile fearainn seo. Sula bpléifear an stór áirithe amhrán sin go mion, áfach, tá sé tábhachtach a lua go bhfuil meas agus tóir freisin ar na hamhráin Bhéarla agus nach bhfuil an aeistéitic áitiúil ag brath ar cheist na teanga amháin. Go deimhin bhí siad siúd ann san am a caitheadh nár labhair an Béarla go minic ach a bhí ar a gcompord ag gabháil fhoinn i mBéarla. Ní móide nó go ndeachaigh scéalta na n-amhrán a bhain cuid mhaith leis an tírghrá agus leis an imirce i bhfeidhm ar phobal a raibh a dhóthain féin den imirce

²⁸ Hans Hartmann, Tomás de Bhaldraithe agus Ruairí Ó hUiginn, eag., *Airneán: Eine Sammlung von Texten aus Carna, Co. na Gaillimhe*, iml.1 (Tübingen: Max Niemeyer Verlag, 1996), 476-78.

feicthe aige. Bhailigh Angela Bourke dhá cheann déag is fiche d'amhráin Bhéarla ó Mháire an Ghabha Uí Cheannabháin (1905-1999) i 1975 a raibh 'Galway Bay', 'Skibbereen', 'Pretty Derry on the Banks of the Foyle' agus 'Paddy's Green Shamrock Shore' ina measc.²⁹ Ba chuimhin le Máire an Ghabha agus í ina cailín óg go mbíodh an lucht siúil ag taisteal timpeall an cheantair ag díol bailéad. Fuair sí roinnt dá cuid amhrán Béarla freisin ó bheith ag casadh in éineacht lena col ceathrar a bhíodh ag fáil leaganacha scríofa de na hamhráin ó fhear darbh ainm Páidín Liam Phádraig as Leitir Deiscirt, baile fearainn tuairim is dhá mhíle soir ón Aird Thoir. Dúirt sí, áfach, nach raibh ar a cumas féin amhráin a fhoghlaim ón bhfocal scríofa.³⁰ Léiríonn sé nár choincheap coimhthíoch ar fad an t-amhrán mar 'théacs', agus is díol spéise freisin an ghné eacnamaíoch de sheachadadh na n-amhrán i gcás mar seo sa mhéid is go rabhthas á 'ndíol' agus á 'gceannach'.

Is leis an gcluais beagnach ar fad a d'fhoghlaim Josie Sheáin Jeaic a chuid amhrán ach thug sé le fios freisin go raibh cúpla ceann Béarla foghlamtha ó leabhair aige agus gur túisce a dhéanfadh sé amhlaidh leis na hamhráin Bhéarla seachas leis na cinn Ghaeilge.³¹ Is mar amhránaithe sa Bhéarla agus sa Ghaeilge araon a bhain Joe Éinniú agus Johnny Joe Pheaitsín ainm amach agus is léir ó thráchtairacht Joe Éinniú ar na hamhráin Bhéarla gur ag baile a fuair sé cuid mhaith díobh. Bhí roinnt ama caite ag athair Joe Éinniú, Pádraig, in Albain agus deirtear gur thug sé riar amhrán Béarla abhaile leis.³² Spéisiúil go leor, bhí tréimhsí caite ag fear na scríbhneoireachta atá luaite thuas, Páidín Liam Phádraig, i Sasana agus in Albain freisin, agus d'fhéadfadh gur as a thug sé na hamhráin Bhéarla.³³ Bhí amhráin cosúil le 'Broom, Sweet Broom', 'Boys from Home', 'Boolavogue', 'Glenswilly' agus a leithéidí ar eolas ag gach duine ar an mbaile, dar le Joe Éinniú, amhail is nár thada as an ngnách é. Is díol suntais é sin tharla go raibh an pobal sin ag maireachtáil beagnach go hiomlán neamhspleách ar an mBéarla lena ré siúd agus gur ceantar é a bhí á aithint de réir a chéile go sainiúil agus go poiblí mar gheall ar cheird an tsean-nóis seachas as an amhránaíocht sa dá theanga.

²⁹ Angela Bourke, 'Songs in English from the Conamara Gaeltacht,' in *Dear Far-Voiced Veteran: Essays in Honour of Tom Munnally*, eag. Anne Clune (Miltown Malbay: Old Kilfarboy Society, 2007), 58.

³⁰ *Ibid.*, 53.

³¹ Mac Donncha, agallamh, 2004.

³² Mac Con Iomaire, *Seosamh Ó hÉanaí*, 35. Bhí an t-amhrán macarónach 'An Crúiscín Lán' faighte ag Seosamh Ó hÉanaí óna athair, mar aon leis na cinn Bhéarla 'O'Brien from Tipperary' agus 'Seven Young Irishmen' sular fhág sé an baile ar chor ar bith.

³³ Bourke, 'Songs in English from the Conamara Gaeltacht,' 53.

Is léir go mbaintear taitneamh as na hamhráin Bhéarla ach is fiú fiosrú freisin an gcaitear leo de réir na dtéarmaí tagartha céanna a bhíonn i bhfeidhm maidir leis na cinn Ghaeilge. Cloistear an téarma ‘amhrán mór’ mar bhealach le tagairt d’amhrán a bhfuil ardmheas air agus luí faoi leith ag amhránaithe agus éisteoirí araon leis. Cé gurb ann don fheiniméan sin in amhráin an Bhéarla freisin, dar liom gur mó suntas a thugtar dó mar idirdhealú i dtaca leis na hamhráin Ghaeilge. Is dóigh liom, sa léamh a dhéantar ar an traidisiún, go bhfuil luach níos airde ag na hamhráin Ghaeilge i stór amhrán an cheantair. Tá amhránaithe in ann ainm a bhaint amach dóibh féin gan drannadh le hamhrán Béarla ar chor ar bith mar a tharla i gcás Dhara Bháin Mhic Dhonncha agus Mhíchíl Mháire an Ghabha Uí Cheannabháin, mar shampla. Ní hamhlaidh atá maidir leis an amhránaíocht sa Bhéarla. Ní raibh aitheantas á thabhairt d’ábhar i mBéarla i struchtúir cosúil leis na Feiseanna áitiúla, an tOireachtas ná Coimisiún Béaloideasa Éireann (agus iad ag saothrú sa Ghaeltacht). Laghdaigh sé seo go mór na deiseanna a bheadh ag amhránaithe Béarla a bhí ag iarraidh aitheantas a bhaint amach agus tugann le fios go raibh an tuiscint i réim nár mhair na gnéithe ba luachmhaire den chultúr i gceantair Ghaelachta *ach* trí Ghaeilge amháin. Bíodh is gur ‘ról’ an fonnadóir agus go n-aithnítear an bua sin de chuid an duine sa phobal, tá siad siúd ann a bhfuil amhráin acu ach nach n-áireofaí mar fhonnadóirí iad agus is minic gurb iad na hamhráin Bhéarla a bhíonn chun cinn ina stór amhrán siúd. Meabhraíonn an t-idirdhealú sin an gá atá le difríochtaí, malairtí agus eisceachtaí a aithint nuair atá pobal amhránaithe faoi chaibidil. Maidir leis an idirdhealú inmheánach a dhéantar idir na hamhráin sa dá theanga, dar le roinnt amhránaithe gurb éasca amhrán Béarla a rá le hais ceann Gaeilge. Níl an leibhéal céanna ornáidíochta san amhrán Béarla, tréith amháin a dtarraingníonn Bríd Ní Mhaoilchiaráin agus Josie Sheáin Jeaic aird go sainiúil uirthi.³⁴ Chomh maith leis sin, is furasta a thuiscint ó shaintréithe na mbailéad³⁵ an chúis ar seachadadh agus ar craobhscaoileadh ar bhonn thar a bheith leathan iad, go háirithe i gcomhthéacsanna béil. I measc na dtréithe sin, tá struchtúir théascúla, mheadaracha agus shéiseacha a thagann chun cinn arís agus arís eile

³⁴ Bríd Ní Mhaoilchiaráin, agallamh le Róisín Nic Dhonncha, 3 Feabhra, 2004 agus Mac Donncha, agallamh, 2004.

³⁵ Úsáidtear an téarma ‘bailéad’ go háitiúil chun tagairt d’amhráin Bhéarla a chanann amhránaithe sean-nóis. Is ann do roinnt amhrán sean-nóis freisin, áfach, cosúil le ‘An Tiarna Randal’, ‘An Droighneán Donn’ agus ‘Máire Ní Mhaoil Eoin’ a bhfuil tréithe an bhailéid le sonrú orthu, cuirim i gcás, i modh reacaireachta an scéil.

tríd an stór amhrán sin, mar aon le frásaí, línte agus fiú véarsaí iomlána foirmleacha.³⁶

Mura bhfuil duine ach taobh leis na hamhráin Bhéarla, d'fhéadfadh sé go léitear é sin mar léiriú ar easpa cumais an duine san amhránaíocht go ginearálta seachas mar rogha phearsanta i bhforbairt stóir amhrán an fhonnadóira féin. Is minic gur ar an imeall seachas sa lár a bhíonn na hamhránaithe sin agus tarlaíonn freisin gur mná a bhíonn i gceist go minic. Go deimhin, feicfear ar ball gur fir is mó a chasadh na hamhráin mhóra agus gur siombailí na hamhráin sin a mheabhraíonn cumhacht agus gaisce, coincheapa fireannacha go traidisiúnta. Tá baint ag cúrsaí inscne mar chritéar idirdhealaithe sa stór amhrán le cúinsí sóisialta agus cultúrtha. Bhí infheistíocht ama i gceist leis an airneán, an suíomh is mó ina seachadtaí amhráin, sa mhéid is go gcaití an teach a fhágáil agus am a chaitheamh i malairt tí nó sin am a chur go leataobh agus tú i do theach féin. Luigh sé le réasún gurbh iad na fir is mó a dhéanadh é seo sa mhéid is gur glacadh go forleathan leis gurbh iad na mná a bhí i bhfeighil cúrsaí tí agus clainne, dualgais nach bhféadfaí a chomhlíonadh ach trí fhanacht ag baile. Ní hamháin, mar sin, go raibh níos mó deiseanna ag fir réimse níos leithne amhrán a chloisteáil agus a shealbhú, bhí seans acu teacht in inmhe agus aitheantas poiblí a fháil mar amhránaithe. Is mó fear seachas bean a chuaigh ar an ardán poiblí ag gabháil fhoinn nuair a thosaigh amhránaithe as ceantar na nAirdeanna ag cur isteach ar chomórtais an Oireachtais sna daicheadaí, cuir i gcás. Ba iad Seosamh Ó hÉanaí, Seán Jeaic Mac Donncha agus Beairtle Ó Conghaile is mó a bhíodh ag triall ar na comórtais sa tréimhse sin cé go raibh Cáit Ní Éanaí, deirfiúr Sheosaimh Uí Éanaí, istigh ar an gcomórtas don 'sean-nós oscailte' i 1945 freisin.³⁷ Ba ar bhonn níos príobháidí mar sin, tríd is tríd, a tháinig eispéireas sealbhaithe agus láithrithe amhrán na mban chun cinn. Bíodh is go ndéantar idirdhealú sa phobal idir an dá theanga ó thaobh na n-amhrán de, saibhríonn an dá thraidisiún a chéile freisin. Tugann na hamhráin Bhéarla bealach isteach i gcleachtas na hamhránaíochta dóibh siúd nach bhfuil ina n-amhránaithe sean-nóis aitheanta. Dá bhrí sin, méadaíonn an dátheangachas an líon fonnadóirí féideartha sa phobal agus cuireann sé slat tomhais ar fháil d'fhonn teacht ar thuiscint níos míne ar an amhránaíocht i gceachtar den dá theanga.

³⁶ David Atkinson, *The English Traditional Ballad: Theory, Method, and Practice* (Farnham: Ashgate Publishing, 2002), 12.

³⁷ Is cosúil go mba chomórtas do mhná agus d'fhir araon a bhí i gceist leis seo. Ba é Seosamh Ó hÉanaí a bhain amach an chéad duais sa chomórtas an bhliain áirithe sin.

Ní miste aitheantas a thabhairt don tionchar a bhí ag struchtúr na dteaghlach san am a caitheadh ar sheachadadh na n-amhrán. Gluaiseacht líneach ó ghlúin níos sine go dtí glúin níos óige is iondúil a bhí i gceist sa seachadadh sóisialta seo.³⁸ Ba mhínic trí ghlúin ina gcónaí in aon teach fiú, rud a chiallaigh go raibh an deis ag daoine óga amhráin a fháil óna gcuid seantuismitheoirí. Tharraing Josie Sheáin Jeaic Mac Donncha aird ar an gcomharsanacht inar éirigh sé féin aníos agus d'aithin go raibh an t-ádh air go raibh go leor fonnadóirí ann a bhí 'thar a bheith go maith',³⁹ agus bhain a bhformhór siúd le glúin níos sine ná é féin. D'fhorbair teaghlaigh amhránaithe sna hAirdeanna, mar sin, agus is beag duine aonair atá aitheanta mar fhonnadóir sna bailte sin inniu nach de shliocht amhránaithe aitheanta eile iad. Ní i gceantar Charna amháin atá an feiniméan sin amhlaidh ar ndóigh, agus is teist mhaith é, dar liom, ar thuairim von Sydow maidir le cumhacht an bhaile mar spás seachadta traidisiún. Is cosúil gur óna sheanmháthair, Bairbre Ní Chathasaigh (Uí Mhaoilchiaráin) a bhí ina cónaí in éineacht leo a fuair Joe Éinniú roinnt dá chuid amhrán, mar shampla, na cinn Bhéarla 'I Wish I had Someone to Love Me' agus 'The Fairy Boy'. Ba mhór é a mheas ar fhonnadóirí ban agus dar leis go raibh níos mó luí acu le mothúcháin na n-amhrán: 'That's why I love women singers, because they can do more justice to an awful lot of songs than men can, you know. They can put more feeling into them.'⁴⁰ Is go maithneach, geaúil a thug sé chun cuimhne bean eile áitiúil a chuireadh an ceol ar fáil do dhamhsaí trí phortaíreacht béil le linn *timeanna* agus é ag éirí aníos tharla nach raibh uirlisí ceoil fairsing ag an am. Bhí sé ar chumas na mná seo leanúint ag portaíreacht gan stad agus píopa ina béal ag an am céanna.⁴¹ Ba óna seanmháthair freisin a fuair Máire an Ghabha Uí Cheannabháin roinnt dá cuid amhrán agus an chuid ba mhínic a luaití léi, go háirithe an t-amhrán cráifeach, 'Caoineadh na Páise',⁴² mar aon le cuid mhaith paidreacha. Fuair an tseanmháthair, Máire Ní Ghríofa (Uí Cheannabháin) bás nuair a bhí Máire an Ghabha thart ar thrí bliana déag d'aois, ach ba sa leaba chéanna a bhídís ina gcodladh go dtí sin agus ba ansin a

³⁸ Eisceacht shuimiúil sa seachadach idirghlúine seo is ea an scéaláí Micheál Mac Donnchadha as Ruisín na Maithníoch a bhí faoi chaibidil roimhe seo. Is cosúil gur óna mhac, Marcus, a fuair seisean roinnt dá chuid scéalta toisc gurbh é an mac ba mhínic a bhíodh ag airneán nuair a bhí Micheál féin buailte suas agus an siúl cailte aige. Mac Giollarnáth, 'Sgéalaidhe Mór Ruisín na Maithnídeach,' 147-48.

³⁹ Mac Donncha, agallamh, 2004.

⁴⁰ Cartlanna Sheosaimh Uí Éanaí, faighte 25 Deireadh Fómhair 2016, <https://www.joeheaney.org/ga/fairy-boy-the>.

⁴¹ Cartlanna Sheosaimh Uí Éanaí, faighte 25 Deireadh Fómhair 2016, <http://www.joeheaney.org/default.asp?contentID=820>.

⁴² 'Caoineadh na Páise' seachas 'Caoineadh na dTrí Muire' an teideal a bhí ag Máire an Ghabha Uí Cheannabháin ar an amhrán.

chuala Máire an Ghabha na paidreacha agus na hamhráin uaithi.⁴³ Is léiriú an méid sin ar an ról a bhí ag an gcreideamh i saol príobháideach an duine ó lá go lá agus deimhníonn sé freisin an ceangal idir fonnadóirí ban agus sciar faoi leith den stór amhrán traidisiúnta.

Ba mhná formhór na bhfaisnéiseoirí ar tógadh ‘Caoineadh na dTrí Muire’ uathu mar a fheictear sa rianú atá déanta ar an amhrán ag Angela Partridge. Ina theannta sin, fearacht chás Mháire an Ghabha, ba ó bhean go bean a seachadadh an t-amhrán i gcás roinnt mhaith leaganacha i gceantair eile ar fud na tíre freisin.⁴⁴ Is féidir a rá mar sin, nár bhain an t-amhrán ach le teaghlaigh áirithe agus nach raibh sé ina mhír phoiblí den stór amhrán tharla gur go hócáideach, i gcomhthéacs cráifeach amháin, a chastaí é. Is sampla d’úinéireacht amhrán é nach rithfeadh láithreach le duine b’fhéidir. Tharraing Joe Éinniú aird ar na coinníollacha ina gcastaí na hamhráin chráifeacha le linn a óige agus leag béim ar a phríobháidí is a bhí a ngabháil sa mhéid is gurbh í a sheanmháthair is iondúil a chasadh an t-amhrán díreach do bhail an teaghlaigh nó do chorrduine de na comharsana le linn na seachtaine beannaithe. Aisteach go leor, is eisean is mó a bhí freagrach as poibliú na n-amhrán sin níos deireanaí agus as iad a thabhairt isteach i réimse na bhfear. Bhain sé ainm amach go háirithe le ‘Caoineadh na dTrí Muire’, amhrán a chas sé den chéad uair go poiblí, go bhfios dúinn, ag ceann de na hoícheanta seanchais a reáchtáladh i Halla an Damer i mBaile Átha Cliath i mí Bealtaine 1957.⁴⁵ Bhí ‘Oíche Nollag’ agus ‘Amhrán na Páise’ nó ‘An tAiséirí’ mar a thugtar níos minice inniu go háitiúil air i measc na n-amhrán eile cráifeach a bhí sa stór amhrán ag Joe Éinniú.

Thug sé creidiúint mhór dá sheanmháthair agus bhronn an-údarás uirthi as na hamhráin sin a ghabháil agus a thabhairt dó: ‘Now my grandmother was the only woman who had that in the whole of Ireland’ a bhí maíte aige tráth maidir le ‘Amhrán na Páise’.⁴⁶ Mar a luadh cheana, bhain gabháil agus seachadadh na n-amhrán seo le comhthéacs príobháideach teaghlaigh. Dar liom gur chuir sé sin lena luachmaire is a bhí siad ina stór amhrán féin agus go raibh tionchar acu fiú ar a dhearcadh i leith a oidhreachta sa mhéid is gur tharraing siad tuilleadh airde fós ar an

⁴³ Angela Partridge, *Caoineadh na dTrí Muire: Téama na Páise i bhFilíocht Bhéil na Gaeilge* (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 1983), 30.

⁴⁴ Bhain an seachadadh i measc na mban le leaganacha as Maigh Eo agus Tír Chonail chomh maith, cuir i gcás. Partridge, *Caoineadh na dTrí Muire*, 20, 41.

⁴⁵ Tá cuntas ar an oíche agus ardmholadh ar amhránaíocht Sheosaimh in alt le Máirtín Ó Cadhain, ‘A Storyteller and a Singer’ san *Irish Times*, 17 Bealtaine 1957. Tá ‘Caoineadh na dTrí Muire’ le fáil ar tháifead de chuid Shorcha Ní Ghuairim freisin dar teideal *Sorcha*, a d’eisigh Gael Linn in 2002.

⁴⁶ Luaite in Williams agus Ó Laoire, *Bright Star of the West*, 105.

eispéireas eisiach a bhí aige féin agus é ag éirí aníos. Bíodh is gur thug sé aitheantas don ról a bhí ag a sheanmháthair agus ag mná trí chéile i gcaomhnú na n-amhrán cráifeach, rinne sé a chuid féin díobh agus é á gcur i láthair as baile. Bhí sé ag tarraingt ar leagan réasúnta caighdeánach de ‘Caoineadh na dTrí Muire’ mar atá luaite ag Partridge agus fiú meabhraíonn an t-athrú teidil a ghac sé chuige féin ó ‘Caoineadh na Páise’ mar a thugtaí go háitiúil air, an briseadh sin ón dúchas. Gan fiú malairtí ná éagsúlachtaí sna focail a chur san áireamh ar chor ar bith, is cosúil go ndearna sé láithriú mothúchánach ar an amhrán a bhí difriúil leis siúd a bhí cloiste ó mhná sa bhaile aige. D’fhág sé ar lár ina leagan féin an véarsa den amhrán ina bhfuil an cur síos is grafaicí ar fhulaingt na maighdine, agus ina dtarraingníonn sí amach a cuid gruaise le teann bróin is buairte.⁴⁷ Is ag an bpointe seo den amhrán a chlis ar Mháire an Ghabha agus a thosaigh sí ag caoineadh í féin ceann de na babhtaí ar bailíodh an t-amhrán uaithi.⁴⁸ Tá tagairtí ag Partridge freisin do mhná eile ar bailíodh an t-amhrán uathu agus nach mbíodh in ann é a thabhairt chun críche toisc go ndeachaigh mothúcháin agus scéal an amhráin chomh mór sin i bhfeidhm orthu. Chomh maith leis an athchruthú a rinne Joe Éinniú ar an spás agus ar an am ina láithrití an t-amhrán, tá an tuairim ann go mbíodh an láithriú faoi réir ag a inscne nó ag a chuid fearúlachta mar atá tugtha le fios ag Ó Laoire agus Williams: ‘his texts may be regarded as gendered ... solemn, decorous male grief replaced wild, uncontrollable female lamentation.’⁴⁹ Ainneoin go bhfuil na hamhráin chráifeacha úd scartha óna gcomhthéacs láithrithe bunaidh agus aitheanta i stóir amhrán níos leithne agus níos poiblí anois, is léir fós nach gcaitear leo mar a chaitear le míreanna eile i dtraidisiún an tsean-nóis. Ní chostar i gcomórtais iad, mar shampla, agus cloistear sa séipéal i gCarna anois freisin iad ag searmanais na Cásca, rud nach raibh amhlaidh ar chor ar bith nuair a bhí á ngabháil go príobháideach i dtithe áitiúla.

Is i gclanna Uí Cheannabháin agus Éinniú atá na samplaí is comhaimseartha againn de sheachadadh na n-amhrán ag baile sa phobal amhránaíochta seo. Lean sé go dtí tús na haoise seo ainneoin go raibh an t-airneán imithe i léig faoi sin. Is óna athair, Mícheál Mháire an Ghabha, a fuair Pól Ó Ceannabháin (1984-) na hamhráin a

⁴⁷ Partridge, *Caoineadh na dTrí Muire*, 31-2.

⁴⁸ Níor éirigh le Máire an Ghabha dul thar an gceathrú líne dhéag sa leagan seo a bailíodh uaithi i mí Lúnasa 1975. *Ibid.*, 167-68.

⁴⁹ Williams agus Ó Laoire, *Bright Star of the West*, 99. Tá feiniméan na fearúlachta i bhfonadóireacht Joe Éinniú pléite ag Williams agus Ó Laoire i dtaca le hamhráin eile freisin cosúil le ‘Sadhbh Ní Bhruinnealla’, ‘Bean an Leanna’ agus ‘Morrisey and the Russian Sailor’, lgh. 137-76. Féach freisin Lillis Ó Laoire agus Sean Williams, ‘“Gan Unsa ar Bith Céille”: An Fhearúlacht agus An Bharántúlacht in Dhá Amhrán le Seosamh Ó hÉanaí,’ *Béaloides*, 77 (2009): 58-79, faighte 23 Bealtaine 2018, <http://www.jstor.org/stable/20799576>.

d'fhéadfaí a áireamh ar na cinn is láidre sa stór amhrán aige go fóill. Ina measc siúd bheadh 'Máire Ní Taidhg Óig', 'Bean an Leanna', 'Johnny Seoighe' agus 'An tIolrach Mór'. Is dá athair a thugann Pól an chreidiúint is mó as a bhfuil d'amhráin aige agus go deimhin, admhaíonn nach bhfuil aon amhrán sean-nóis aige nár fhoghlaim sé go díreach nó go hindíreach óna athair. Is cás leis gurb iad leaganacha a athar de na hamhráin sin a thiocfadh slán agus gurb eisean a dhéanfadh cúram de sin. Tá cuimhní beaga aige ar a athair agus a chomharsa béal dorais, Dara Bán, ag comhrá agus ag gabháil fhoinn cois tine sa chistineach agus eisean ag déanamh a chuid obair baile.⁵⁰ Is cosúil nach gníomh comhfhiosach ar fad a bhí i sealbhú luath na n-amhrán seo do Phól ach go raibh siad á bpiocadh suas aige toisc go raibh sé á gcloisteáil go minic. Is leis an gcluais beagnach uilig a thugann sé leis na hamhráin ach scríobhann sé síos corrfhrása nó líne a mbeadh deacrachtaí aige leo. Sa lá inniu ann fiú, is ó thaifid físe agus fuaime dá athair atá Pól fós ag fáil na n-amhrán⁵¹ ó d'éag a athair i 2005.

Is óna máthair, Bairbre Uí Mhaoilchiaráin ar iníon le Máirtín Éinniú (deartháir le Joe Éinniú) í a fuair na deirfiúracha Bríd agus Máire Ní Mhaoilchiaráin a gcuid amhrán. Deir Bríd go n-éistean sí leis an amhrán roinnt mhaith uaireanta agus ansin go scríobhann sí amach na focail di féin chun go mbeadh rud éigin os a comhair aici le breathnú air.⁵² Is é an rud is suntasaí faoin seachadadh seo ag baile, ach ina dhiaidh sin féin atá neamhspleách ar an airneán, gur cinneadh comhfhiosach ar fad é amhrán a roghnú agus a fhoghlaim. Má chaitheann sí an t-amhrán a chloisteáil go minic sula dtabharfaidh sí faoi, ciallaíonn sé gur go príobháideach i gcomhthéacs an tseachadta nó na foghlamtha amháin a chasann a máthair an t-amhrán di seachas ar bhonn níos siamsúla agus sóisialta an tseisiúin nó an airneáin. Leagann Bríd í féin suntas ar an gcaoi a bhfuil nósanna sóisialta an phobail athraithe ó bhí an ghlúin a tháinig roimpi ag éirí aníos agus an bhaint atá aige seo lena cinneadh féin dul i muinín an fhocail scríofa agus amhráin á bhfoghlaim aici. Samhlaíonn sí go mbíodh daoine ag airneán chuile oíche, a bheag nó a mhór, sna blianta roimhe seo agus dá réir, go raibh i bhfad níos mó deiseanna ann amhráin a chloisteáil agus a fhoghlaim. Fágann sé go raibh sé níos éasca foghlaim go hiomlán leis an gcluais agus nach mbeadh an call céanna leis an bhfocal scríofa fiú dá mbeadh an rogha sin ann. Níl ach ardmheas aici ar an

⁵⁰ Pól Ó Ceannabháin faoi agallamh ag Síle Denvir ar an gclár teilifíse 'Sean-Nós', TG4, 18 Lúnasa 2014.

⁵¹ Pól Ó Ceannabháin, agallamh le Róisín Nic Dhonncha, 24 Lúnasa 2014.

⁵² Ní Mhaoilchiaráin, agallamh, 2004.

‘seandream’ a d’fhoghlaim ‘de réir a n-intinn agus a gcluais’⁵³ ach is léir freisin go ndéanann sí idirdhealú idir an timpeallacht a bhí acusan a thacaigh leis an modh foghlamtha áirithe sin agus an réimse níos teoranta roghanna atá aici féin maidir le deiseanna éisteachta agus foghlamtha.

Más léir tábhacht a bheith le minicíocht na fonnadóireachta i seachadadh na n-amhrán, is cuid shuntasach freisin í den chaoi a samhlaítear an traidisiún go háitiúil. Meabhraíonn sé an ról atá ag an amhránaíocht i dtuiscintí inmheánacha i leith na féiniúlachta cultúrtha. Ní hé láithriú na n-amhrán ar bhonn foirmeálta, poiblí amháin faoi deara é sin ach an áit a bhí ag an amhránaíocht i saol neamhoifigiúil, príobháideach an phobail freisin. Tugann an cuntas seo ó Threasa Ní Mhiolláin spleáchadh ar chleachtas na hamhránaíochta in Árann, cuir i gcás:

Ba ag bainseacha ba mhó a chastaí na hamhráin, nó i dteach a mbíodh oíche áirneáin ann. Chastaí freisin iad amach faoi chreaga nó ag dul suas bóithríní ar a mbealach chuig beithigh, nó ag dul ar an ngarraí. Chloistí mná go minic ag gabháil fhoinn agus iad ag crú na bó, nó ag gearradh síolta fataí. Freisin amanta, d’fhaigheadh fear bairille pórtair agus ghlaodh sé isteach ar mhuintir a bhaile féin agus bhíodh amhráin sa teach sin go maidin. Ní bhíodh gá iarraidh ar aon duine fadó stave a chasadh, ní hionann agus anois nuair a thógann sé leathuair a’chloig amanta sula mbeifeá in ann amhrán a bhaint as duine. Bhíodh duine i gcónaí i ngreim láimhe san amhránaí á ‘windáil’ le croí agus misneach a thabhairt di nó dó. B’iomadh duine a bhíodh ag casadh ina chluíid féin freisin, nó b’fhéidir go bhfeictí fear an tí, tráthnóna samhraidh tar éis a lá oibre agus é ina shuí amuigh ar an tsráid ar stól agus a dhroim le balla nó le cláí aige agus é ag gabháil fhoinn go suaimhneach dó féin, ach go mbíodh na comharsana go minic ag éisteacht i ngan fhios! Thaispeáin sé sin an tsuim mhór a bhí ag na daoine sna hamhráin.⁵⁴

Cleachtas neamhthaispeántach ab ea an amhránaíocht nach raibh faoi réir ag spásanna, gníomhartha ná tréimhsí ama sainiúla ach a bhí ar marthain go comhuaineach leis an imeacht aimsire ar cuid den saol laethúil é. Spreagann cur síos dá leithéid ceisteanna maidir leis an ról a bhí ag an amhránaíocht i gcoincheapú an ama agus an spáis ar bhonn inmheánach áitiúil.

Níorbh eisceacht ceantar Charna maidir le huileláithreachta na hamhránaíochta, agus tá fianaise ó bhéal againn go mbíodh amhráin á gcasadh chuile lá sna bailte sin agus fearacht Árann, nach i gcónaí san oíche ná le linn airneáin a tharlaíodh sé sin. Ba chuid den saol laethúil an fhonnadóireacht de réir na gcuimhní atá ag Bríd Uí Mhadáin, iníon Sheáin Choilm Mhic Dhonnchadha ar a hathair:

⁵³ Ibid.

⁵⁴ Luaite in Ní Chonghaile, ‘ag teacht le cuan’, 68.

... sa samhradh nuair a bhíodh a lá oibre déanta, a shuipéar ite aige, théadh sé soir go dtí an seanteach agus shíneadh sé siar ar an leic taobh amuigh ag casadh amhráin ar feadh uaireanta an chloig. Is é seo an caitheamh aimsire a bhí aige, ag gabháil fhoinn. Is cosúil nach stopadh sé ar chor ar bith.⁵⁵

Ba i ndaicheadaí agus i gcaogaidí an chéid seo caite a bhí Seán Choilm i mbarr a mhaitheasa, i bpobal a bhí beo ar an bhféinsoláthar, ní hamháin go heacnamaíoch ach ó thaobh na siamsaíochta freisin de. Bhí áit ag an amhránaíocht i spásanna laethúla an tsaoil cosúil le leac an teallaigh ag baile agus freisin taobh le taobh le gníomhaíochtaí nach leagfaí mórán suntais orthu. Is é an feiniméan céanna a thagann chun cinn sa ghiota seo ó Sheosamh Ó hÉanaí freisin agus é ag cur síos ar a lárnaí is a bhí na hamhráin óna óige féin:

Bhíodar agam ó bhí mé sa gliabhán. Chuala mé á rá iad timpeall na tine oíche agus lá, amuigh sa ngarraí ag fosaíocht na mbeithíoch, nó amuigh ar an bhfarráige ag iascach, nó áit ar bith a ndeachaigh mé. B'éigean dom iad a bheith agam. Bhí m'athair ina thogha amhránaí, agus bhí Colm Ó Caodháin, go ndéana Dia grásta air, col cúigir [sic] dom, ar dhuine de na daoine is mó i gConamara a raibh amhráin aige. Bhí fear eile ansin, agus tá aithne ag an saol fódlach air; Seán Choilm a thugadh muid air, agus níor stop Seán riamh. Tar éis lá oibre thosaíodh sé ag gabháil fhoinn. Théadh sé amach ar an aill agus shíneadh sé siar ag gabháil fhoinn go dtí an dódhéag san oíche.⁵⁶

Is tráthúil gurbh í an chuimhne chéanna a bhí aigesean ar Sheán Choilm is a bhí ag baill teaghligh Sheáin féin. Ba é mórán an cuntas céanna a thug Mícheál Mháire an Ghabha Ó Ceannabháin ar an áit a bhí ag an amhránaíocht sa saol acusan freisin, ag rá go mbíodh ceol is amhráin i rith an lae chomh maith leis na hoícheanta acu agus fiú gur mhair sé sin anuas go dtí an chéad ghlúin eile agus a chlann féin ag éirí aníos sna seachtóidí agus sna hochtóidí.⁵⁷

Ní cúis iontais, mar sin, go raibh minicíocht na fonnadóireachta ar cheann de na mórchoinníollacha a stiúir tuiscintí áitiúla i leith na hamhránaíochta. Dar le Dara Bán Mac Donnchadha gurbh í an mhnicíocht sin a sheas le caighdeán níos airde na bhfonnadóirí a tuigeadh dósan a bhí ann roimhe seo:

R.: 'Meastú cén fáth a rabhadar níos fearr fadó?'

DB.: 'Bhíodar seasta dhá chasadh, sin é an fáth. ... Sin é an fáth anois é. *Timeanna*, tithe ósta, airneáin agus chuile dhiabhal. Bhíodar sin á chasadh ag déanamh pota gliomach agus chuile dhiabhal. ... Ag siúl an bhóthair. Bhíodar ag casadh amhráin i gcónaí.'⁵⁸

⁵⁵ Luaite i gcomhfhreagras ríomhphoist ó Mháirín Uí Nia, gariníon le Seán Choilm Mac Donnchadha, chuig Róisín Nic Dhonncha, 29 Deireadh Fómhair, 2011.

⁵⁶ Luaite in Mac Con Iomaire, *Seosamh Ó hÉanaí*, 50.

⁵⁷ Mícheál Mháire an Ghabha Ó Ceannabháin faoi agallamh ag Máirtín Tom Sheáin Mac Donnacha ar an gclár teilifíse 'Comhrá', TG4, 20 Bealtaine, 2004.

⁵⁸ Mac Donnchadha, agallamh, 2005.

Tagann an tsamhail sin salach ar áit na fonnadóireachta i saol an lae inniu a aithnítear go láidir mar speisialtóireacht agus a luaitear cuid mhaith le comhthéacsanna foirmeálta, ainmnithe cosúil le comórtais, taispeántais agus taifid thráchtála. Is léiriú freisin é ar an athrú ó bhonn atá tagtha ar an bpobal ar an mbunús gur beag tábhacht eacnamaíoch a luafaí leis an bpota gliomach inniu agus gurbh annamh a shiúlfaí bóithre mar mhodh praiticiúil taistil anois. Tá gníomhaíochtaí ann, cosúil le hobair fhisiciúil, a thacaíonn leis an ealaín bhéil, pointe ar tharraing Walter Benjamin (1892-1940) aird air agus é ag trácht ar mheath na scéalaíochta ina aiste iomráiteach ‘The Storyteller’: ‘It is lost because there is no more spinning and weaving to go on while they are being listened to.’⁵⁹ Díríonn Benjamin go saineúil ar obair láimhe agus ar an gcaoi ar thacaigh sí le cleachtas na scéalaíochta: ‘The role of the hand in production has become more modest, and the place it filled in storytelling lies waste.’⁶⁰ Baineann an t-athrú sóisialta atá tagtha ar phobail bheaga tuaithe leis an iachall a cuireadh orthu idirghníomhú leis an domhan mór amuigh le teacht na tionsclaíochta, dar le Glassie.⁶¹ Briseann an claonadh seo i dtreo an domhain mhóir na naisc a d’aontaigh pobail go dtí sin. Éiríonn siad imeallach agus laghdaíonn a gcumas féinsoláthair: ‘The great change is from inward to outward orientation. People are pulled away, population declines, energy withdraws, and the small country place becomes marginal, even to its inhabitants.’⁶² Éilíonn na samplaí a thagraíonn don athrú i minicíocht agus i lárnacht na hamhránaíochta agus na scéalaíochta anseo gur mar chuid de chomhthéacs eacnamaíoch níos leithne a thuigfí cleachtas chultúrtha agus go n-athraíonn siad de réir mar a athraíonn pobail agus nósanna sóisialta trí chéile.

Ainneoin a lárnaí is atá an t-airneán nó an seisiún tí san íomhá áitiúil de thraidisiún an tsean-nóis go stairiúil, is le spásanna poiblí, struchtúrtha a luaitear láithriú na n-amhrán inniu. Is é an teach tábhairne an ceann is suntasaí acu seo. Cosúil le hinstitiúidí poiblí eile, bídis ina ngruagairí nó ina siopaí grósaeireachta, ba léiriú na tithe tábhairne nuair a thosaigh siad ag éirí fairsing ar dtús, ar shochaí a bhí ag éirí

⁵⁹ Walter Benjamin, ‘The Storyteller: Reflections on the Works of Nikolai Leskov,’ in *Illuminations*, eag. Hannah Arendt, aistriú ag Harry Zohn (London: Pimlico, 1999), 91. Ba i 1936 a foilsíodh ‘The Storyteller’ ar dtús, mar aon le haiste shuntasach eile ar an gcritic chultúrtha de chuid Benjamin, ‘The Work of Art in the Age of Mechanical Reproduction’, ina bpléann sé díluacháil na healaíne le forbairt na teicneolaíochta agus na haithrise meicniúla, go háirithe i gcomhthéacs an ollchultúir. Féach *Illuminations*, 217-51.

⁶⁰ *Ibid.*, 107.

⁶¹ ‘Once a network of lanes and paths tied scattered habitations into the community’s own centre. Now houses are pulled to the thoroughfares and pointed at the larger world.’ Glassie, *Passing the Time*, 605.

⁶² *Ibid.*

níos casta agus ag méadú. Tháinig institiúidí chun cinn a raibh speisialtóireacht acu agus de réir a chéile chomhlíon siad seo níos mó de na freagrachtaí agus na feidhmeanna a chomhlíontaí taobh istigh de theaghlaigh agus de thithe príobháideacha roimhe sin.⁶³ Ní gá gur céim ar gcúl é seo do chleachtais chultúrtha cosúil leis an amhránaíocht ar an sean-nós. Is spás poiblí an teach tábhairne, agus dá réir, is deis é do lucht éisteachta níos mó agus níos ilghnéithí teacht i dteagmháil leis an sean-nós. Go deimhin, áitíonn Thacker gur spás criticiúil an teach tábhairne dóibh siúd atá fuarchúiseach i leith an tsean-nóis.⁶⁴ Bíonn na hamhráin ar an sean-nós ina gcuid de stór amhrán na mbannaí ceoil tíre a chasann i dtithe tábhairne i gceantar Charna sa lá atá inniu ann. Cuirtear luas agus rithim fhoinn an tsean-nóis in oiriúint do rithimí an válsa agus na jeighbhe chun freastal orthu siúd ar mhaith leo tabhairt faoin urlár mar chuid dá n-eispéireas den amhránaíocht ar an sean-nós. Is iad gníomhaíocht agus rannpháirtíocht an lucht éisteachta a thugann slán an t-athchruthú sin a dhéantar ar sciar de stór amhrán an tsean-nóis. Léiríonn an casadh cruthaitheach a bhaintear as an oidhreacht áitiúil gnéithe den sean-nós faoi bhláth i gcomhthéacs neamhiomaíoch, saor ó laincisí an traidisiúin ghlain.⁶⁵

Deir Deirdre Ní Chonghaile gur ‘oidhre é an teach ósta ar an teach siamsaíochta’,⁶⁶ agus gurb é príomhláthair an cheoil thraidisiúnta é ‘mar go bhfuil tábhairneoirí sásta ceoltóireacht agus amhránaíocht a cheadú ann, agus mar go dtugann ceoltóirí, amhránaithe agus éisteoirí éiteas nó ‘ethos’ an cheoil thraidisiúnta leo isteach ann.’⁶⁷ Is é scéal an cheoil in Inis Mór, Árann is mó atá faoi chaibidil ag Ní Chonghaile agus tagaim le cuid mhaith lena bhfuil ráite aici ach ní mór a lua nach raibh an t-aiistriú ó theach an airneáin go dtí an teach tábhairne go stairiúil chomh réidh sin sa chuile cheantar. Bhí tráth ann nach gceadaítí amhráin ar an sean-nós a chasadh sna tithe tábhairne i gCarna agus níor thosaigh sé sin ag athrú go dtí na 1970í nó mar sin. Tá an chuimhne seo a leanas ag duine áitiúil amháin ar an ré sin: ‘D’fheicfinn féin fios á chur ar na Gardaí nuair a shílfeadh amhránaithe sean-nóis a mbéal a oscailt i dtithe óil agus iad ag iarraigh cian a chur dá gcroí le cúpla ceathrú de ‘An Bonnán Buí’, ‘An Abhainn Mhór’ nó ‘Púcán Mhicil Pháidín.’⁶⁸ Fiú sa lá atá inniu ann, ní bhíonn an amhránaíocht ar an sean-nós ná an ceol traidisiúnta á chleachtadh ar bhonn

⁶³ Bohannon, *How Culture Works*, 40.

⁶⁴ Thacker, *Adapting Voices*, 184.

⁶⁵ *Ibid.*, 187-88.

⁶⁶ Deirdre Ní Chonghaile, ‘An Teach Ósta: Tinteán an Cheoil Thraidisiúnta?’ in *Bliainiris 7*, eag. Liam Mac Cóil agus Ruairí Ó hUiginn (Ráth Chairn: Carbad, 2007), 74.

⁶⁷ *Ibid.*, 72.

⁶⁸ Luaite in Mac Con Iomaire, *Seosamh Ó hÉanaí*, 90-91.

rialta, poiblí i gCarna i seisiúin sna tithe tábhairne mar a bheadh duine ag súil leis ó cheantar a bhfuil a ainm in airde as feabhas an cheoil sin.

Tugann an stair áitiúil le fios go raibh idirdhealú cultúrtha idir daoine as bailte fearainn éagsúla sa phobal, mar shampla, lucht gnó an cheantair a raibh cónaí ar roinnt acu in aice leis an sráidbhaile féin, agus iad siúd a bhí ag cur fúthu sna bailte fearainn máguaird. Bhí an Ghaeilge féin ina cnámh spairne i measc daoine áirithe sa phobal agus tá sé i gcuimhne na ndaoine ón nglúin níos sine gur ‘gibberish’ a thugadh roinnt acu ar an teanga.⁶⁹ Tagraíonn Séamus Mac Aonghusa ina chín lae i lár na ndaicheadaí do shagart óg a bhí i gCarna ag an am agus a mheon i leith na teanga: ‘tuigim uaidh go bhfuil an ghráin aige ar Ghaeilge.’⁷⁰ Anuas air sin, ní raibh an smacht sóisialta a bhí á chleachtadh ag an gCléir ar an bpobal ag cuidiú le cur chun cinn poiblí na hamhránaíochta ná gnéithe eile den chultúr dúchais sa mhéid is go mbídís ag coinneáil súil ar a mbíodh ag tarlú sna tithe tábhairne agus i spásanna poiblí eile. Diúltaíodh roimh chultúr na ndaoine cuid mhaith, mar sin, chúns a bhí a gcuid tuiscintí agus a dtionchar féin á mbrú chun cinn ag an meánaicme. D’fhéadfaí a rá gur atheagar morálta ar an bpobal trí chéile an toradh a bhí ar thionchar na cléire. Is cuid de bhéaloideas an phobail anois an eachtra a tharla tráth a raibh Sorcha Ní Ghuairim i láthair i dteach áitiúil agus airneán ar bun ann. Chuala an sagart go raibh a leithéid ag tarlú agus ní dhearna, is cosúil, ach a theacht isteach ar an urlár ann, bosca ceoil a bhriseadh agus fógairt ar an slua nó gur scaip na daoine.⁷¹ B’fhéidir nach é an ceol féin a bhí ag déanamh tinnis don sagart ach an tuiscint gur chothaigh ócáidí siamsaíochta príobháideacha iompar mímhórlta i measc na ndaoine agus gur deis a bhí ann dóibh cluas bhodhar a thabhairt d’údarás na cléire.

Luadh roimhe seo an comhthéacs príobháideach inar thug daoine guth dá gcreideamh agus na hamhráin chráifeacha á gcur i láthair, beag beann ar shéipéal ná ar shagart. Fearacht gnéithe eile den chultúr dúchais, bhí leagan neamhfhoirmeálta príobháideach den chreideamh á chleachtadh i measc na ndaoine taobh le taobh leis an léiriú poiblí oifigiúil. Ba i gcomhthéacs an cheoil dhúchais go saineúil a nochtadh an bhearna idir an aicme cheannais agus na tuathánaigh nuair a chuir sagart cúnta an pharóiste cos i dtaca maidir le ceol a bheith ar aifreann sochraide Sheosaimh Uí

⁶⁹ Peadar Ó Guairim, agallamh le Róisín Nic Dhonncha, Ruisín na Maithníoch, 11 Feabhra 2001. Ba mhac Peadar Ó Guairim (1929-2010) le Cóilín Mháirtín Ó Guairim ar dheartháir le Sorcha Ní Ghuairim é.

⁷⁰ uí Ógáin, *Mise an Fear Ceoil*, 2007, 211. Riocard Prendergast an t-ainm a bhí ar an sagart.

⁷¹ Ó Guairim, agallamh, 2001. Tá an scéal seo luaite freisin in Mac Con Iomaire, *Seosamh Ó hÉanaí*, 398-99.

Éanaí i séipéal Charna i mí Bealtaine 1984. Is cosúil gur dhóigh leis an sagart go dtógfadh cúrsaí ceoil ó spioradáltacht na hócáide agus gur le dua, nó gur ainneoin an tsagairt, ar deireadh thiar, a casadh na hamhráin agus an ceol ar an aifreann.⁷² Bíodh is gurbh é an cultúr imeallach dúchais is mó a bhí faoi bhrú go stairiúil, bhí athchultúrú ar bun laistigh de chultúr ceannais an Bhéarla de bheagán freisin. Is i suíomh gnó agus trádála shiopa Mhic Oireachtaigh i lár shráidbhaile Charna a chuala daoine áitiúla roinnt de cheirníní an cheoil Ghaelaigh den chéad uair, cuir i gcás. Bhíodh gramafón sa siopa agus na ceirníní le ceoltóirí a rinne taifid i Meiriceá sna 1920í á gcasadh air, agus ba é an siopa an spás ina bhfuair muintir an cheantair deis éisteacht leo.⁷³ Ní miste an Teachta Dála, Seosamh Ó Mongáin (1880-1951) a lua freisin i gcomhthéacs seo na gcoimhlintí áitiúla cultúir. Bhí Ó Mongáin, a bhain amach suíochán Dála le Cumann na nGaedheal den chéad uair i 1927, ina óstóir, agus aitheanta mar dhuine a sheas go láidir le cúrsaí teanga agus cultúir ina ré mar ionadaí poiblí. Bhí an cháil air go ndiúltaíodh sé Béarla a labhairt i nDáil Éireann.⁷⁴ Ba eisean a chuir Seán Mac Giollarnáth ar an eolas faoin scéalaí, Micheál Mac Donnchadha, agus daoine nach é, agus a chuir a theach ósta taobh thoir de shráidbhaile Charna ar fáil le haghaidh na n-ócáidí scéalaíochta agus amhránaíochta do bhailitheoirí an Choimisiúin.⁷⁵

Ba é Tí Phádraig Rua i Muighros, trí mhíle taobh thiar den sráidbhaile, an t-aon teach ósta ina mbíodh amhráin á gcasadh agus a bhfuil cuimhní ag amhránaithe den ghlúin níos sine air mar láthair sheachadta. Is dóigh liom gurbh amhlaidh a bhí toisc go raibh sé scoite amach ón sráidbhaile agus gurbh ionad é a bhain le muintir na mbailte fearainn seachas le haicme cheannais an tsráidbhaile. Is ann a casadh Joe Éinniú ar Johnny Mháirtín Learaí Mac Donncha agus ar Josie Sheáin Jeaic Mac Donncha den chéad uair agus ba gheanúil na cuimhní a bhí ag Josie ar an áit: ‘... ba é Tigh Phádraig Rua *mecca* na n-amhrán. Bhíodh daoine ag teacht as chuile cheard ann, anoir as Cill Chiaráin agus as an Aird Mhóir agus Ruisín na Mainiach. Thagaidís ann le amhráin a chloisteáil, chomh maith leis an deoch.’⁷⁶ Ní féidir a rá go bhfuil an t-ainm céanna bainte amach ag aon cheann de na tithe tábhairne atá fágtha inniu maidir le cothú an tsean-nóis. Ba i dTí Chatháin (Tí *Kheane*) i gCill Chiaráin a bhíodh a gcuid seisiún ag Cumann Amhránaíochta Iorras Aithneach ach tháinig

⁷² Mac Con Iomaire, *Seosamh Ó hÉanaí*, 445-46.

⁷³ *Ibid.*, 171-72.

⁷⁴ Údar anaithnid, ‘Seosamh Ó Mongain,’ *Inniu*, 23 Márta 1951, 1.

⁷⁵ Mac Giollarnáth, ‘Sgéalaidhe Mór Ruisín na Maithnidheach,’ 143.

⁷⁶ Mac Con Iomaire, *Seosamh Ó hÉanaí*, 225.

deireadh a bheag nó a mhór leis na seisiúin sin nuair a dúnadh an tábhairne seo Oíche Chinn Bhliana 2006 tar éis 140 bliain i mbun gnó. Is léir, mar sin, an gá atá le spás poiblí agus le lucht bainistíochta sna spásanna sin atá báúil do na cleachtais a thugann an pobal isteach chomh fada leo.

Ainneoin gur dhá phróiseas ar leith an láithriú agus an seachadadh, is léir go dtéann siad isteach ina chéile nuair a bhíonn cleachtais a bhaineann leis an éisteacht i gceist. Luadh roimhe seo go mba léir do Dhara Bán gur cheal deiseanna láithrithe rialta a bhí an sean-nós ag dul i léig. Is í an tuiscint a bheadh le baint as sin ná go raibh an sean-nós le cloisteáil chuile lá tráth, agus nuair a d'athraigh sé sin, thosaigh meath. Ba é a fhearacht chéanna é ag an athrú a tháinig ar an stór amhrán, dar leis. Bhí cuid mhaith de na hamhráin mhóra ligthe i ndearmad sa mhéid is nach raibh siad tugtha leo ag an nglúin níos óige: 'Cá bhfuil an duine óg inniu anois a déarfais 'Bean an Fhir Rua'?'⁷⁷ Amhrán mór ag athair Dhara, Seán Choilm, ab ea 'Bean an Fhir Rua' ar bhailigh Séamus Mac Aonghua 11 véarsa de uaidh in 1942.⁷⁸ Bhí sé sa stór amhrán ag a chuid comharsan, Seán Jeaic Mac Donncha agus Beairtle Beag Ó Conghaile agus ba mhír é, dar liom, a mheabhraigh bisiúlacht an traidisiúin do Dhara Bán féin. Daingníonn sé seo an tuairim go bhfuil minicíocht an láithrithe agus stádas an amhráin féin sa stór áitiúil ar na gnéithe a théann i bhfeidhm ar amhránaithe agus stór amhrán á fhorbairt acu. Ní i seánra an tsean-nóis amháin a thuigtear é sin. Tarraingíonn Ginette Dunn, agus í ag trácht ar an amhránaíocht thraidisiúnta in Suffolk in oirdheisceart Shasana aird ar an sealbhú fulangach a eascraíonn as minicíocht na gabhála maidir le hamhráin faoi leith:

If a singer 'picks up' a song, he is the recipient of it and in this sense he has at least partially chosen to learn it; at times, though, it is through repeated exposure to a song that a singer will learn it, and his acquisition of it is therefore largely passive.⁷⁹

D'fhéadfaí a áiteamh go raibh an sealbhú nó an seachadadh fulangach chun cinn i gcomhthéacsanna traidisiúnta amhránaíochta sa mhéid is gurbh í an teagmháil rialta le hamhráin áirithe a ghnóthaigh áit do na hamhráin sin i stór amhrán na bhfonnadóirí. Chonacthas, in éagmas na teagmhála sin, i gcás Bhríd Ní Mhaoilchiaráin, mar shampla, go mbíonn uirthise an t-amhrán a roghnú agus gur ar bhonn níos gníomhaí, níos comhfhiosaí a chuireann sí lena stór amhrán dá réir.

⁷⁷ Mac Donnchadha, *agallamh*, 2005.

⁷⁸ Cnuasach Bhéaloideas Éireann, Iml. 1280, 371-74.

⁷⁹ Ginette Dunn, *The Fellowship of Song: Popular Singing Traditions in East Suffolk* (London: Croom Helm, 1980), 173.

Má tá an chuma ar an scéal gur go fulangach, neamhchomhfhiosach a tógadh amhráin go traidisiúnta, an ndéanann sé beag is fiú de rogha nó d'aeistéitic phearsanta an amhránaí agus amhráin nua á sealbhú? Ní mór féachaint ar an stór amhrán nó ar *repertoire* mar choincheap i dtaca leis na healaíona béil mar bhealach chun tionchar amhránaithe i bhforbairt a stóir féin a thomhais. De réir an dioscúrsa áitiúil, deimhnítear mír a bheith i stór amhrán amhránaí le frása cosúil le 'Tá an ceann sin agam.' Le linn mo chuid cainte le hamhránaithe éagsúla, áfach, d'éirigh sé soiléir go ndéantar idirdhealú idir na hamhráin atá *acu* agus iad siúd a chasann siad. Ní hionann amhrán a bheith sa stór amhrán ag duine agus é a bheith i measc na gcinn a chasann an t-amhránaí sin. Tá stádas éagsúil ag amhráin thar a chéile agus ní de réir líon na n-amhrán amháin is ceart an stór amhrán a mheas. Díríonn Kenneth Goldstein ar n-aird ar a chasta is a éiríonn ceist an *repertoire* nuair a aithnítear go mbíonn míreanna gníomhacha agus fulangacha araon ann:

Where the size of repertory is given special attention ... rarely is there any indication of the place of particular items in the life of the person or of the relative value placed by him on different items. Only when we note that certain items exist in fragmentary form or are otherwise imperfectly remembered while others are performed completely and without hesitation, do we even begin to realize that items of repertory are not all of the same import to the tradition bearer.⁸⁰

Aithníonn Goldstein go spreagann míreanna áirithe cuimhní cinn suntasacha nó speisialta in intinn an duine. D'fhéadfadh sé seo a bheith amhlaidh go háirithe maidir le hamhránaithe níos sine i gcás an tsean-nóis tharla gur mhaireadar trí thréimhse inar tháinig athrú as cuimse ar an saol a bhí acu tráth. Cuireann Goldstein féin síos ar an nglúin sin mar 'elderly persons who are anomalies in the modern world in which they live.'⁸¹ Is féidir tagairt don *repertoire* i dtéarmaí ama freisin sa mhéid is gurb ann don 'repertoire atá ligthe i ndearmad'⁸² mar a thugann Antaine Ó Faracháin air. Áirítear anseo amhráin nach bhfuil ábhartha, ar chúiseanna éagsúla, do chomhthéacsanna comhaimseartha. Os a choinne sin, tá '*repertoire* reatha'⁸³ ag mórán chuile amhránaí a dtarraingítear amhráin as ar féidir brath i gcónaí orthu ó thaobh an láithrithe de agus a bhfuil amhránaithe ar a gcompord á ngabháil.

Rinne Dara Bán Mac Donnchadha ceangal follasach idir amhráin agus ócáidí agus é ag cur síos ar 'An Boinneán Buí' a bhí ar thús cadhnaíochta i gceantar na hAirde

⁸⁰ Goldstein, *A Guide for Fieldworkers*, 63.

⁸¹ *Ibid.*, 66.

⁸² Antaine Ó Faracháin, 'Stór mo chroí: Bealaí difriúla le breathnú ar *repertoire* in amhránaíocht dhúchasach na hÉireann.' Páipéar comhdhála a cuireadh i láthair ag Comhdháil ar Litríocht agus Cultúr na Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, 13 Deireadh Fómhair 2012.

⁸³ *Ibid.*

agus é féin ag éirí aníos, dar leis. Bhí ‘An Boinneán Buí’ ar eolas ag chuile amhránaí, agus ba leor é sin mar údar do dhuine a bhí ag tosú amach i gceird an tsean-nóis cúram a dhéanamh den amhrán áirithe sin: ‘Bhí ‘An Bonnán Buí’ ar chuma ar bith ar an gcéad cheann – Lá Pádraic is Lá Stiofáin, Lá Mhic Dara. Mura mbeadh sé sin agat ar chuma ar bith, níorbh fhéidir é a mhúineadh duit!’⁸⁴ Tá dhá amhrán mhóra eile, ‘Róisín Dubh’ agus ‘Úna Bhán’, sa stór amhrán ag Bríd Ní Mhaoilchiaráin ach deir sí nach raibh a dóthain cleachtaidh aici orthu tabhairt fúthu go poiblí go ceann i bhfad, fiú agus í ar a compord ag casadh amhrán eile.⁸⁵ Tuigtear i gcásanna mar seo nach í an aeistéitic phearsanta ar fad a stiúran an rangú a dhéantar ar amhráin ach an léamh atá déanta go háitiúil ar an amhrán mar amhrán fiúntach, rud a thugann bailíocht inmheánach dó. Is léir go mba cheann de mhíreanna ‘gníomhacha’ an stóir amhrán áitiúil ‘An Bonnán Buí’ ó chur síos Dhara Bháin ach go n-athraíonn an stádas a bhíonn ag amhráin le himeacht aimsire agus de réir mar a athraíonn cúinsí saoil an amhránaí freisin. Bhí stór amhrán Joe Éinniú, cuir i gcás, á leasú mar iarracht teacht leis an timpeallacht cheoil ina raibh sé ag tréimhsí éagsúla dá shaol. Tháinig méadú suntasach ar an líon amhrán Béarla a thug sé leis agus é ar a thaisteal in Albain, i Sasana agus i Meiriceá. Ba thráthúil gur thug sé Albain air féin i 1947 agus Sasana i 1951, an tréimhse sin tar éis an Dara Cogadh Domhanda nuair a bhí an dara hathbheochan, mar a thugtar uirthi,⁸⁶ i gceol na ndaoine faoi lánseoil ansin. Is

⁸⁴ Mac Donnchadha, agallamh, 2005. Is ar an bhfile iomráiteach Ultach, Cathal Buí Mac Giolla Ghunna (c.1680-c.1756), a chaith an chuid is mó dá shaol ag fánaíocht i gContaetha Fhear Manach, an Chabháin agus Mhuineacháin, a leagtar ‘An Bonnán Buí’. Bhí an cháil ar an bhfile go raibh sé tugtha don ól agus gur mhinic é ag imeacht roimhe i gcomhlúadar ban. Nochtadh nó faoistín mhacánta, bheathaisnéiseach is ea an t-amhrán. Déanann an reacaire díphearsantú air féin a fhágann gurb ionann an fear agus an t-éan agus is sa chéad phearsa agus sa dara pearsa a dhéantar an insint san amhrán. Tá siombalachas i leochaileacht an éin san aimsir sheaca a fhreagraíonn d’easpa cumhachta agus seasmhachta an reacaire féin sa timpeallacht shóisialta ina maireann sé. Is amhrán é a léiríonn laigeachtaí an duine dhaonna agus an chrógacht shóisialta a chleacht pearsa imeallach nár ghéill d’aon institiúid ná d’údarás. B’fhéidir go bhfuil sé sin ar cheann de na cúiseanna a raibh luí faoi leith ag pobal leis ar beag cumhacht ná údarás a bhí acu féin go stairiúil agus a raibh beag is fiú á dhéanamh dá gcultúr le fada an lá. Níor bhailigh Coimisiún Béaloideasa Éireann ach leagan amháin de ‘An Bonnán Buí’ i gceantar na nAirdeanna go bhfios dúinn. Ba ó Sheosamh Ó hÉanaí a bailíodh é agus ba ó Sheán Choilm Mac Donnchadha a fuair seisean an t-amhrán de réir thairfead an Choimisiúin mar a fhaightear i gCnuasach Bhéaloideas Éireann, Iml. 1280, 331-32. Tá tuairisc agus anailís ar shaol agus saothar Chathail Bhúí féin in Breandán Ó Buachalla, *Cathal Buí: Amhráin* (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 1975).

⁸⁵ Ní Mhaoilchiaráin, agallamh, 2004.

⁸⁶ Ba i mblianta deiridh an naoú haois déag agus tús an fhichiú haois a tháinig forbairt ar an gcéad athbheochan ar an gceol traidisiúnta sa Bhreatain a raibh scoláirí agus bailitheoirí cosúil le Francis Child (1825-96) agus Cecil Sharpe (1859-1924) gníomhach inti. Ba ar cheol comhaimseartha na ndaoine a bhí an dara hathbheochan dírithe agus í faoi anáil pholaitíocht shóisialach eite clé na tréimhse sin. Bhí A.L. Lloyd (1908-1982), Ewan Mac Coll (1915-1989) agus Alan Lomax a bhí ag cur faoi i Sasana sna 1950í ina measc siúd is lárnaí i ngluaiseacht na tréimhse seo. Féach Michael Brocken, *The British Folk Revival 1944-2002* (Aldershot: Ashgate, 2003), 25-61. Ba as an ngluaiseacht seo a d’eascair na clubanna amhránaíochta a mbíodh Joe Éinniú ag freastal orthu agus

díol spéise, áfach, gur ag baile a bhí cuid mhaith de na hamhráin Bhéarla foghlamtha freisin aige, óna athair go mórmhór, rud a fhágann go bhfuil tionchar, ní hamháin ag pobail, eagraíochtaí agus ag gluaiseachtaí, ach ag daoine aonair ar a chéile agus stór amhrán á fhorbairt.

Anuas ar chúinsí orgánacha cosúil le stádas na n-amhrán sa phobal go stairiúil agus cúlra ceoil an duine ag baile, tagann ceisteanna casta aeistéitice chun cinn agus an stádas atá ag amhrán i stór amhránaí á thomhais. Is furasta é a thabhairt faoi deara, mar shampla, nuair a bhíonn amhrán suntasach ar iarraidh as stór amhrán duine. Is dhá amhrán a bhfuil cosúlachtaí móra eatarthu ó thaobh téamaí agus seintimintí de ‘Púcán Mhicil Pháidín’⁸⁷ agus ‘Púcán Sheáin Antaine’⁸⁸ a bhaineann le seánra na n-amhrán molta bád atá saothraithe go críochnúil, paiteanta i bhfilíocht bhéil Chonamara. Ceiliúradh ar chultúr mara an réigiúin, a d’fhéadfaí a rá, atá sa dá amhrán. Léirítear an t-ómós is dual do shaortha bád Mhuighinse as a gceird in ‘Púcán Mhicil Pháidín’ agus tugtar aitheantas don soitheach féin i mbarr a réime:

‘Séard dúirt *Mister Casey* as Muighinis, ‘Tá sí déanta ó thogha na saortha,
Is níl aon bhád ar an líne seo a bhuaifeas í chun seoil.’⁸⁹

Is é an mórtas áite agus an moladh araon a chuireann ceann ar ‘Púcán Sheáin Antaine’ sa stíl aitheanta údarásach a chleacht filí béil Chonamara go traidisiúnta:

Is nach bhfuil *sway* na tíre ag Muighinis anois le fada an lá,
Tá bród is neart ar dhaoine is inseoidh mé dhaoibh cén fáth,
Mar gheall ar bhád Sheáin Antaine atá ar a hancaire ar an trá,

freisin an comhlacht *Topic Records* a d’eisigh ceirnín leis, *Joe Heaney: Irish Traditional Songs in Gaelic and English*, i 1963.

⁸⁷ Tá ‘Púcán Mhicil Pháidín’ leagtha ar dhuine d’fhilí móra an cheantair, Seán Bacach Ó Guairim, a mhair sa dara leath den naoú céad déag. Chum sé riar amhrán áitiúil eile, mar shampla, ‘Mná Bána Sheáin Uí Bhriain’, ‘*Souphouse* Mhuighrois’, ‘*An Cutlash*’ agus ‘Bád Dóite Loideáin’.

⁸⁸ Maidhc Mhaidhcilín Ó Conghaile as Caladh bhFuínse, tuairim is dhá mhíle soir ó shráidbhaile Charna, a chum ‘Púcán Sheáin Antaine’. De réir an eolais atá breactha leis an leagan a bailíodh ó Bheairtle Ó Conghaile i 1952, ba thart ar chúig bliana roimhe sin a cumadh an t-amhrán. Cnuasach Bhéaloideas Éireann, iml. 1311, 465.

⁸⁹ Seosamh Ó hÉanaí, *Ó mo Dhúchas / From my Tradition*, Sraith 1 agus Sraith 2, Gael Linn, CEFGD191, 2007, rian 13. Ba cheird an tsaoirseacht bád a raibh meas faoi leith sa cheantar uirthi, agus cáil ón naoú céad ar a laghad ar shaortha bád Mhuighinse, muintir Chathasaigh, go mórmhór. Aithníodh tábhacht na ceirde sin sa cheantar i gcuntas JM Synge (1871-1909) ina aiste ‘The Boat Builders’ a bhí bunaithe ar a bhfaca sé i Muighinis agus é ar camchuairt i gConamara in 1905. Tá an aiste sin le fáil in *In Wicklow, West Kerry and Connemara by Synge*, eag. George Gmelch agus Ann Saddlemeyer (Baile Átha Cliath: O’Brien Press, 1980), 131-34. Ba é an *Manchester Guardian* a rinne coimisiúnú ar na haistí seo ar ghnéithe de choinníollacha sóisialta phobail tuaithe na hÉireann. Féach Gmelch, ‘J.M. Synge: Observer of Irish Peasant Life,’ in *In Wicklow, West Kerry and Connemara by Synge*, 16-17. D’fhostaigh an nuachtán Jack B. Yeats (1871-1957) freisin mar leathbhádóir Synge chun léaráidí a dhéanamh de na hábhair a raibh Synge ag scríobh fúthu. Díoladh péinteáil darb ainm ‘The Boat Builder’ (1913) le Yeats a bhí bunaithe ar léaráid de dhuine de shaortha bád Mhuighinse ag ceant in Christie’s i Londain i mí na Samhna, 2015 ar €600,000 (Christie’s: Modern British and Irish Art Sale, faighte 20 Iúil 2018, <https://www.christies.com/lotfinder/Lot/jack-butler-yeats-rha-1871-1957-the-boat-5953815-details>).

Mar sí is deise uilig sa taobh seo anois, í féin agus an Áirc.⁹⁰

Bhíodh Dara Bán luaite go láidir le ‘Púcán Sheáin Antaine’ agus an-tóir ag daoine ar an leagan a bhí aigesean den amhrán ach níor chas sé ‘Púcán Mhicil Pháidín’ riamh mar gheall nach raibh ‘aon suim’⁹¹ aige ann. Bhí an dara hamhrán sin le fáil ar fud Chonamara i lár an chéid seo caite agus bhailigh Coimisiún Béaloideas Éireann leaganacha de i Ros Muc, i Leitir Móir, sa Cheathrú Rua agus sa Spidéal. Lena chois sin, bhí Seán ‘ac Dhonncha agus Joe Éinniú i measc amhránaithe na nAirdeanna a rinne taifead gairmiúil de ‘Púcán Mhicil Pháidín’.

Níor thug Dara Bán le fios an chúis nach raibh suim aige in ‘Púcán Mhicil Pháidín’ ach i bhfianaise go bhfuil ábhar agus mothúcháin an dá amhrán cosúil go maith le chéile, d’fhéadfadh sé gurbh é an fonn nár mheall é. Ní féidir talamh slán a dhéanamh de seo ach an oiread, áfach, tharla go bhfuil ceist na haeistéitice níos casta ná sin. Is deacair an aeistéitic phearsanta a mhíniú go hoibiachtúil ach faightear léargas uirthi nuair a roghnaíonn amhránaithe amhráin thar a chéile a ghabháil agus a gcuid féin a dhéanamh díobh. Is ar bhealach praiticiúil atá an aeistéitic agus an láithriú fite le chéile ón méid a áitíonn Ginette Dunn agus í ag cur síos ar fhonnadóir amháin as pobal amhránaíochta in Suffolk: ‘... those that he liked most he performed most and they were the ones he knew best; reciprocally, those which he performed most he liked most because he felt confident in performance of them.’⁹² Tugann an tuairimíocht sin le fios go mbíonn an aeistéitic faoi réir ag an gcumas a shamhlaíonn amhránaithe atá acu agus iad ag gabháil amhráin faoi leith. Bíodh is go raibh an sealbhú fulangach, is é sin, amhráin a bheith ar eolas toisc a mhinice is a chloistí iad, i réim i dtuiscintí traidisiúnta ar an sean-nós, sílim go bhfuil an próiseas sin neamhspleách ar an aeistéitic phearsanta inti féin. Is ag staid an láithrithe seachas ag staid an tsealbhaithe is mó a dhéanann amhránaithe ráiteas maidir leis an stádas atá ag amhrán ar bith sa stór amhrán acu nuair a roghnaíonn siad amhráin áirithe a chasadh nó gan iad a chasadh.

Tá meon na n-amhránaithe i leith láithriú na n-amhrán criticiúil, mar sin, sa chinneadh a ghlacann siad míreanna gníomhacha a dhéanamh d’amhráin faoi leith ina stór amhrán. Bhí muinín agus cumas i measc na gcúiseanna ar chas amhránaí Suffolk thuas amhráin thar a chéile, agus leag Bríd Ní Mhaoilchiaráin béim ar

⁹⁰ Dara Bán Mac Donnchadha, *Rogha Amhrán*, Cló Iar-Chonnacht, CICD140, 1999, rian 13.

⁹¹ Mac Donnchadha, *agallamh*, 2005.

⁹² Dunn, *The Fellowship of Song*, 175.

chumas agus ar chompond nuair a shocraigh sí gan amhráin áirithe a chasadh go poiblí cé go raibh siad sa stór amhrán aici. Is amhrán le stádas faoi leith i gceantar Charna ‘Amhrán Mhuighinse’ a bhfuil meas agus tóir ar fud Chonamara trí chéile air freisin. Is amhrán é a bhfuil an fhilíocht ann sealbhaithe go fulangach ag amhránaithe agus éisteoirí araon anuas go dtí an lá inniu. Ina dhiaidh sin féin, tá amhránaithe aitheanta ón gceantar nár thug faoi mórán riamh. Níor chas Dara Bán an t-amhrán rómhinic a dúirt sé, cé go raibh sé aige:

JSJ.: Céard faoi ‘Amhrán Mhuighinse’?

DB.: Níor dhúirt mé mórán riamh é.

JSJ.: Níor dhúirt? M’anam diabhal a fhios agam féin ar dhúras.

DB.: Agus bhí sé agam.

JSJ.: Bhí.

DB.: Tá sé deacair é sin é fhéin a rá tá mé ag rá leat.

JSJ.: M’anam muise go bhfuil sé sách deacair é a rá tar éis go gceapfa go bhfuil sé an-éasca é a rá.

DB.: Mura dtiocfaidh tú uirthi sin í fhéin ceart tá tú amuigh.

JSJ.: Tá.⁹³

Ní hé nach raibh suim aige san amhrán seo mar a bhí amhlaidh i gcás ‘Púcán Mhicil Pháidín’ ach ba léir dó go raibh dúshlán éigin ag baint le gabháil an amhráin. Is féidir le hamhránaithe smacht a bheith acu ar na bealaí a léiríonn siad a gcumas amhránaíochta trí na roghanna a dhéanann siad maidir le láithriú na n-amhrán. Déantar cinntí comhfhiosacha láithriú a dhéanamh ar amhráin a thaispeánann i mbarr a maitheasa iad.

Is fiú stair láithrithe dinimiciúil ‘Amhrán Mhuighinse’ a chur san áireamh agus an stádas atá aige sa traidisiún á mheas. Níor bailíodh, go bhfios dom, ach dhá leagan den amhrán i gceantar Charna faoi scáth Choimisiún Béaloideas Éireann. Ba faoin teideal ‘Dhá mBeinn trí Léig i bhFarraige’ a thug Séamus Thomáis Mac an Iomaire as Cill Chiaráin an t-amhrán do Shéamus Mac Aonghusa i 1944.⁹⁴ ‘Amhrán Mháire Ní Chlochartaigh’ an teideal a bhí ag Beairtle Ó Conghaile ar an leagan den amhrán a bailíodh uaidhsean i 1952.⁹⁵ Is cuid de dhinimic an traidisúin béil, ar ndóigh, malairt teidil mar aon le malairtí agus leaganacha d’fhocail agus d’fhoinn na n-amhrán féin. Samhlaítear go coitianta gur ar leaba a báis a chum Máire Ní Chlochartaigh an t-amhrán agus í ag achainí go gcuirfí ina háit dhúchais, Muighinis, í seachas i Leitir Calaidh, an baile fearainn a raibh sí pósta isteach ann. Tá an tuairim ann freisin gurbh

⁹³ Mac Donnchadha, agallamh, 2005. Bhí Johnny Sheáin Jeaic Mac Donncha (JSJ) páirteach sa chomhrá freisin.

⁹⁴ Cnuasach Bhéaloideas Éireann, Iml. 1280: 479-80.

⁹⁵ Cnuasach Bhéaloideas Éireann, Iml. 1211: 367-69.

é deartháir Mháire, Micil, a chum an t-amhrán tar éis a báis.⁹⁶ Is iarracht an t-amhrán díláithriú an duine arb é an pósadh as baile amach is bonn leis a chur ina cheart. Déantar sainiú ann ar dhúchas agus féiniúlacht an reacaire féin trí ghnéithe den topagrafaíocht áitiúil agus de shaol sóisialta an phobail a thabhairt chun cuimhne. Ainneoin a hiarratais, níorbh fhéidir Máire Ní Chlochartaigh a thabhairt siar ar an bhfód dúchais lena hadhlacadh agus ba i Leitir Calaidh seachas i Muighinis a b'éigean í a chur ar deireadh toisc gur éirigh sé ina stoirm nár éag go ceann trí lá tar éis a báis.

Ní miste a lua ag an bpointe seo i gcomhthéacs an plé a rinneadh ar na hamhráin chráifeacha thuas, go bhfuil 'Amhrán Mhuighinse' ar an mbeagán amhrán as stór an tsean-nóis a chloistear á chasadh go rialta i séipéal Charna inniu. Is é rosc caointe na sochraide áitiúla é, go háirithe i gcás corp atá á n-adhlacadh i reilig Mhuighinse féin, atá ar cheann de thrí reiligí an pharóiste. D'áiteoinn gur leagan comhaimseartha den chaoineadh traidisiúnta é agus go gcomhlíonann sé roinnt de na feidhmeanna a bhí luaite leis an gcaoineadh san am a caitheadh. Feidhmíonn an t-amhrán, dar liom, mar bhealach déileáil go siombalach leis an mbás agus smacht éigin a fháil ar an gcuid aineoil, bhagrach sin den bheatha dhaonna. Meabhraíonn an t-athrú i spásanna agus ócáidí láithrithe an amhráin briseadh ón dúchas, ach ag an am céanna, cuireann sé ar chumas daoine bá agus nasc a léiriú le stair chultúrtha cheantar Charna a bhfuil an t-amhrán luaite go heisiach agus go hiomráiteach leis. Is nós nua sa cheantar freisin é amhráin nó ceol a bheith á gcur i láthair ar thalamh coiscrithe na reilige tar éis na hadhlactha agus tá 'Amhrán Mhuighinse' ar cheann de na míreanna is minice a chastar ag an staid seo den tsochraid. Léiríonn na hathruithe sin in ócáidí láithrithe an amhráin na bealaí a mbaintear earraíocht as gnéithe de thraidisiún an tsean-nóis chun brí a bhaint as coincheapa agus imeachtaí suntasacha i saol an duine. Anuas ar an bhfaoiseamh a shamhlaítear le smaointeoireacht thraidisiúnta na hEaglaise Críostaí i leith an bháis agus na síoraíochta, nó ina leaba sin ar fad b'fhéidir, tá bailíocht freisin ag acmhainn chultúrtha cosúil le 'Amhrán Mhuighinse' ar féidir a thíocht i dtír uirthi chun meabhair a bhaint as an mortlaíocht.

Níor shonraigh Dara Bán an dúshlán go díreach a bhain le 'Amhrán Mhuighinse' agus an t-amhrán faoi chaibidil againn ach níorbh é an t-aon amhránaí é a tharraing aird go sainiúil air agus stór amhrán cheantar na nAirdeanna á phlé. Bhí Bríd Ní Mhaoilchiaráin i lár na bhfichidí faoin am ar fhoghlaim sí an t-amhrán agus leag sise

⁹⁶ Gearóid Denvir, eag. *Amhráin Choilm de Bhailís* (Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht, 1996), 36.

béim ar an bhfonn mar chúis amháin a raibh drogall uirthi tabhairt faoi. Dar léi go gcastar le cúpla fonn éagsúil an t-amhrán agus go gcuireann sé sin amú an t-amhránaí go héasca.⁹⁷ Is é an struchtúr ABBA atá ag an leagan is bunúsaí d'fhonn 'Amhrán Mhuighinse' mar atá ag cuid mhaith amhrán i dtraidisiún amhrán Béarla na hÉireann. Is fonn thar a bheith coitianta é, agus dar liom, ceann atá éasca le sealbhú. Is baolach go mbíonn an fonn cloiste ag daoine i bhfad sula gcloiseann siad i gcomhthéacs ghabháil 'Amhrán Mhuighinse' é, rud a fhágann go mb'fhéidir gur amhrán nó bailéad ón mBéarla an pointe tagartha atá acu maidir leis an bhfonn. Tá cosúlachtaí láidre idir fonn 'Amhrán Mhuighinse' agus an fonn atá ag 'The Home I Left Behind' agus 'The Rocks of Bawn', dhá amhrán a raibh an-tóir orthu i measc amhránaithe i gceantar Charna san am a caitheadh. Bhain Joe Éinniú cáil faoi leith amach le 'The Rocks of Bawn', agus bhíodh sé á chasadh ag Seán 'ac Dhonncha, Josie Sheain Jeaic agus Johnny Sheáin Jeaic. Ba ó Bheairtle Ó Conghaile a fuair Joe John Mac an Iomaire agus Josie Sheáin Jeaic 'Amhrán Mhuighinse'. Dar le Josie go raibh sé á chasadh go minic le blianta beaga anuas leis an bhfonn atá le 'The Rocks of Bawn', rud nár thaitnigh leis agus nár thug a cheart don amhrán.⁹⁸ Ainneoin go bhfuil cosúlachtaí idir an dá fonn, is foinn ar leith iad agus dar leis gur cheart d'amhránaithe sean-nóis fonn an leagain Ghaeilge a chosaint agus iad ag gabháil 'Amhrán Mhuighinse'.

Cruthaíonn na cosúlachtaí sonracha a aithnítear idir foinn an dá amhrán deacrachtaí d'amhránaithe atá ag tabhairt faoi 'Amhrán Mhuighinse' den chéad uair sa mhéid is go bhfuil idirdhealú géarchúiseach le déanamh idir an dá leagan den fonn agus cinneadh comhfhiosach maidir leis an leagan a ndéanfaidh siad cúram de. Is é mo thuairim gur foinn iad a bhfuil sé fíor-éasca ionramháil a dhéanamh orthu, agus a ghéilleann go réidh do mhalairtí, agus b'fhéidir gur cuid den fhadhb é sin. Chasadh an t-amhránaí iomráiteach as an gCeathrú Rua, Máire Ní Dhonnchadha, mar shampla, céad líne 'Amhrán Mhuighinse' leis an bhfonn céanna le céad líne 'Caisleán Uí Néill'.⁹⁹ Ina rianú ar leaganacha den amhrán, deir Ó Laoire go raibh tionchar ag dhá thaifead tráchtála a rinne Sarah Ghriallais ar 'Amhrán Mhuighinse' sna hochtóidí ar chinniúint an amhráin.¹⁰⁰ Is leis an bhfonn a luaitear le 'The Rocks

⁹⁷ Ní Mhaoilchiaráin, agallamh, 2004.

⁹⁸ Mac Donncha, agallamh, 2004.

⁹⁹ Le cloisteáil ar chartlann fuaime Chomhaltas Ceoltóirí Éireann, <https://archive.comhaltas.ie/search?tab=tracks&q=nic+dhonncha#/tracks/7098>, faighte 20 Iúil 2018. Ba é Séamus Mac Mathúna a rinne an taifead 1 Eanáir 1970.

¹⁰⁰ Lillis Ó Laoire, 'Asarlaíocht ar an chroí: Amhrán Mhaínse agus an Dúchas.' In *Solas ar na Dumhchannaí – Aistí i gcuimhne ar Mhuiris Ó Meara*, in eagar ag Ailbhe Ní Ghearbhuigh agus Siún

of Bawn’, a bheag nó a mhór, a chasann Sarah ‘Amhrán Mhuighinse’ ar na taifid sin agus tá tóir thar na bearta ar a leagan sise den amhrán go dtí an lá inniu.

‘Amhrán Mhuighinse’ (leagan Sarah Ghriallais)¹⁰¹

Dhá mbeinn trí léig i bhfarr - aig-e nó ar sléibh te i bhfad o
thír,
's gan éinn-e beo i mo ghao-bhar ach an raith neach glas is fraoch
An sneacht' a shéid - eadh thuas o dheas
is an ghaoth á fhua - dach dhíom
'S mé bheith ag comh - rá le mo Taim - in Bán
is níorbh fhad - a lioms' an oiche

Tugann an éisteacht agus an léamh ar ghabháil Sarah Ghriallais den véarsa seo de ‘Amhrán Mhuighinse’ léargas praiticiúil ar cheist na hornáidíochta nach miste a lua ag an bpointe seo freisin. Tarraingím aird, mar shampla, ar an dua ó thaobh ornáidíochta agus ama de a chaitheann Sarah leis an bhfocal ‘á’ san 8ú barra den

Ní Dhuinn, 184-204. Baile Átha Cliath: LeabhairComhar, 2016. Ba iad na taifid sin, dar le hÓ Laoire, ná caiséad a eisíodh leis an leabhar le Brian O’Rourke, *Blas Meala: A Sip from the Honey Pot* (Baile Átha Cliath: Irish Academic Press, 1985) agus scannán de chuid Bob Quinn, *Budawanny* (Gaillimh: Cinegae, 1987).

¹⁰¹ Tá an leagan seo tógtha ón taifead thuasluaite, *Blas Meala* (1985). Tá me buíoch den Dr Geraldine Cotter a rinne an nodaireacht de na taifid de Sarah Ghriallais agus de Bhreandán Ó Ceannabháin.

véarsa thuas. Téann an sampla seo den ornáidíocht glan in aghaidh mhíniú Sheosaimh Uí Éanaí ar an teicníc chéanna agus é ag áiteamh go raibh úsáid na hornáidíochta faoi réir ag mothúcháin an amhránaí i leith an fhocail, is é sin le rá, go gcuirtí ornáidíocht ar fhocail ar dhóigh leis an amhránaí iad a bheith tábhachtach.¹⁰² Tá mé den bharúil nach féidir léamh a dhéanamh ar mhothúcháin an amhránaí ar bhealach chomh córasach sin, agus gurb é an ceol seachas na mothúcháin a stiúránn an úsáid a bhaintear as an ornáidíocht. Áitíonn de Noraidh, mar shampla, go sáraíonn an ceol an chaint. Dar leis go gcuirtear béim ar fhocail sa cheol nach mbíonn amhlaidh san urlabhra agus gur minic a chuirtear níos mó ná nóta amháin ceoil le focail aonsiollacha.¹⁰³ Sampla bailí den téis sin is ea úsáid na hornáidíochta ag Sarah sa véarsa seo de ‘Amhrán Mhuighinse’.

Is dúshlán breise é, mar sin, i dtaca le seachadadh ‘Amhrán Mhuighinse’, go bhfuil fonn amháin, an ceann a shamhlaítear le ‘The Rocks of Bawn’, níos mó i mbéal an phobail ó dheireadh na haoise seo caite i leith. Laghdaíonn sé sin na deiseanna atá ag amhránaithe agus éisteoirí comhaimseartha eolas a chur ar an bhfonn a áirítear a bheith níos traidisiúnta. Is é an fonn níos nua atá ag Bríd Ní Mhaoilchiaráin leis an amhrán inniu seachas an ceann a chleacht amhránaithe aitheanta na nAirdeanna cosúil le Seán ’ac Dhonncha, Beairtle Ó Conghaile, Josie Sheáin Jeaic ná a seanuncail féin, Joe Éinniú. Go bhfios dom, níl ach amhránaí amháin de chuid na nAirdeanna a bhíonn ag gabháil fhoinn go poiblí, Breandán Ó Ceannabháin as an Aird Thoir ó dhúchas, a chasann an t-amhrán inniu leis an bhfonn bunaidh. Má dhéantar comparáid idir an cheathrú tosaigh de leagan Sarah Ghriallais agus leagan Bhreandáin Uí Cheannabháin a bhfuil nodaireacht déanta orthu, is léir go bhfuil an chéad dá bharr den fhonn criticiúil san idirdhealú idir an dá cheann.

¹⁰² Cartlanna Sheosaimh Uí Éanaí, faighte 20 Iúil 2019, <https://www.joeheaney.org/ga/singing-1/>.

¹⁰³ de Noraidh, *Ceol ón Mumhain*, 11-12.

‘Amhrán Mhuighinse’ (leagan Bhreandáin Uí Cheannabháin)¹⁰⁴

Dhá mbeinn trí léig i bhfarr aig e
 nó i sléibh te i bhfad o thír,
 Gan aon neach beo 'mo
 ghaobhar ann ach an raith neach glas is fraoch.
 An sneach - ta dhá shéid - eadh 'nuas or m
 an ghaoth dhá fhua dach dhíom,
 'Smé bheith'g chómh rá le mo Taim - in Bán
 níor - bh fha - da liom an oiche.

Meabhraíonn an t-imeartas idir ‘Amhrán Mhuighinse’ agus ‘The Rocks of Bawn’ an ról a bhí ag an nGaeilge agus an Béarla araon i bpróifíl cheoil an cheantair. Bhí an sean-nós i gcónaí, le cuimhne na ndaoine le dhá ghlúin anuas ar a laghad, á chleachtadh taobh le taobh le hamhráin as seanraí eile ceoil, fiú sular tháinig na bannaí ceoil tíre agus an papcheol i réim sna seachtóidí. Ina dhiaidh sin féin, is leis an nGaeilge a luaitear na hamhráin mhóra agus iad siúd a shamhlaítear mar shiombailí láidre de thraidisiún an tsean-nóis. Más de bhunadh na háite ‘Amhrán Mhuighinse’, faightear leaganacha i bhformhór na gceantar Gaeltachta trí chéile de leithéidí ‘Coinleach Glas an Fhómhair’, ‘Bean an Fhir Rua’, ‘Dónall Óg’ agus an ‘Draighneán Donn’ a áirítear mar amhráin mhóra i measc amhránaithe na

¹⁰⁴ Tá leagan Bhreandáin den amhrán le cloisteáil ar Chartlann Sean-Nóis TG4, faighte 20 Iúil 2018, <http://old.tg4.ie/ie/programmes/archive/breandan-o-ceannabhain/amhrán-mhainse-corn-ui-riada.html>.

nAirdeanna freisin. Tugann an seachadadh leathan tíreolaíoch seo bailíocht neamhspleách don stádas atá gnóthaithe acu i bpobal beag amhránaíochta amháin cosúil leis an gceann atá faoi chaibidil. Chomh maith le bheith ina shiombail dhearfach den traidisiún, tugann an t-amhrán mór cinnteacht agus sólas, dar liom, nuair a bhraitear go bhfuil teorainneacha á sárú agus leanúnachas an traidisiúin i mbaol. Tagraíodh cheana don oíche amhránaíochta ag a raibh Angela Bourke i láthair ar an Aird Thoir i 1975 agus í ag bailiú amhrán ansin. Thug sí le fios, ina cuid tráchtairachta ar an ócáid ina dhiaidh sin, an chaoi ar athraigh teanga na hamhránaíochta go tobann tar éis raidhse amhrán Béarla a bheith casta: ‘...Cóláí Bán sang a highly ornamented version of ‘Úna Bhán’ immediately after, as though in reproof, to remind the company to sing their own songs.’¹⁰⁵ Tuigtear go bhfuil cumhacht ag an amhrán mór sa traidisiún freisin sa mhéid is go ndéanann amhránaithe an cinneadh amanta staonadh óna leithéid d’amhrán a chasadh, mar a thuigfí ón drogall a bhí ar Bhríd Ní Mhaoilchiaráin tabhairt faoi leithéidí ‘Róisín Dubh’ agus ‘Úna Bhán’, mar shampla. Ar an dul céanna, dúirt amhránaí as ceantar Chois Fharraige liom tráth nach mbeadh sé de mhisneach acu féin ‘Úna Bhán’ a chasadh i gceantar Charna. Bíonn amhránaithe thar a chéile cáiréiseach agus freagrach ó thaobh a gcumais de, mar sin, luachanna a bhfuil meas orthu san ealaín trí chéile, dar liom.

Fianaise ar chumhacht an amhráin mhóir is ea gurb í an tsamhail fhorleathan den sean-nós gur amhráin mhalla, fhada a chuimsíonn formhór an stóir amhrán sa seánra sin. Tá sé suntasach go bhfuil téagar sa smaoineamh sin i measc na n-amhránaithe féin freisin. Ní raibh meas ar bith ag an amhránaí Máire Uí Chonaire, iníon Choilm Uí Chaodháin, ar ‘amhráin bheaga thréana’¹⁰⁶ agus í ag éirí aníos. D’impíodh sí ar a hathair na hamhráin mhalla, fhada dheacra a thabhairt di, rud a rinne sé, agus ba é an sciar seo den stór amhrán a dhearbhaigh di féin gurbh é an sean-nós i ndáiríre a bhí idir lámha aici! Ní féidir gan tionchar na gcomórtas a lua agus an rangú a dhéantar ar amhráin á phlé. Bíodh is gur ag an amhrán mall atá tús áite sa chomórtas inniu, ní hamhlaidh a bhí i gcónaí. Éilíodh amhrán ‘mall’ agus amhrán ‘mear’ ar iarrthóirí i gcomórtais an Oireachtais nuair a reáchtáladh na chéad chomórtais san amhránaíocht ar an sean-nós i 1940 agus an fhéile tagtha ar an bhfód in athuir. Is mionlach na hamhráin sciobtha sa stór amhrán trí chéile agus tá an chosúlacht ar an scéal gur thosaigh daoine ag casadh roinnt de na hamhráin mhalla níos sciobtha chun cúiteamh

¹⁰⁵ Bourke, ‘Songs in English from the Conamara Gaeltacht,’ 47-48.

¹⁰⁶ Uí Chonaire, *agallamh*, 2005.

a dhéanamh as an easnamh seo. Tá cáil anois mar amhráin sciobtha ar ‘Cailleach an Airgid’ agus ‘Bean Pháidín’ cuir i gcás. Bhaintí leas as na hamhráin sin, áfach, mar shuantraithe, agus chastaí go leor de na hamhráin a raibh curfá leo le haghaidh páistí a bhréagadh. Ní i sean-nós Chonamara amháin atá an t-athrú sin le brath. Tá an ionramháil chéanna ó thaobh *tempo* le sonrú ar cheann d’amhráin mhóra an tsean-nóis, ‘Seoladh na nGamhna’, mar a chastar sna Déise é. Is mar amhrán tréan a chastar sa cheantar sin inniu é, rud nach raibh amhlaidh san am a caitheadh, is cosúil. Tá amhránaithe áirithe sa cheantar cáinteach faoin athrú seo toisc nach réitíonn an ghabháil thréan, mheidhreach le tromchúis ábhar an amhráin, dar leo. Roghnaíonn amhránaithe ón gceantar ‘Seoladh na nGamhna’ mar amhrán tréan i gcomhthéacs na gcomórtas freisin, rud a dhaingníonn an t-athchruthú atá déanta ar an amhrán.¹⁰⁷ Is léir go mbíonn amhráin á leasú agus á n-ionramháil go leanúnach chun na spriocanna a bhaineann le rangú seachtrach ar an stór amhrán a chomhlíonadh.

Tá an coincheap *tempo* suntasach toisc go bhfuil sé ar cheann de na tosca trína sonraítear an éabhlóid atá tagtha ar láithriú an tsean-nóis le dhá ghlúin anuas. Bhí an tuairim ag Dara Bán agus ag Josie Sheáin Jeaic go raibh an luas ag a gcastar na hamhráin ar cheann de na difríochtaí idir óg agus aosta agus iad i mbun foinn. Tharraing siad beirt aird ar a chomhfhiosaí, shaothraithe is a bhíonn an láithriú a dhéantar ar na hamhráin mhalla sa dua a chaitear leis an ornáidíocht agus an fad a bhaintear as roinnt de na hamhráin sin.¹⁰⁸ Tugann an treocht seo le fios go bhfuil luas nó *tempo* mall agus flúirse ornáidíochta i measc na dtréithe a shamhlaítear leis an amhrán mór mall inniu, agus go bhfuil níos mó den amhránaíocht sean-nóis trí chéile sna comórtais faoi réir ag na coinníollacha seo. D’fhéadfadh sé freisin gur mian le hiomaitheoirí a gcumas sa teicníc agus san ornáidíocht a léiriú nó go n-áirítear é sin mar bhuntáiste i gcomórtas, agus gurb é an t-amhrán mall seachas an t-amhrán tréan is fearr a thugann deis dóibh déanamh amhlaidh. Sílim gurbh í sin an argóint a bhí á déanamh ag Blankenhorn nuair a d’áitigh sí, i lár na n-ochtóidí, gurbh é láithriú an amhráin seachas an t-amhrán féin a bhí chun cinn in intinn amhránaithe áirithe fiú sa tréimhse sin. Bhí dua faoi leith á chaitheamh leis an ornáidíocht ar an mbunús go raibh sí ar cheann de na tréithe a santaíodh sna comórtais, agus dá réir, bhí láithriú na

¹⁰⁷ Ó Gealbháin, ‘Ó Sheán Clárach Mac Domhnaill go dtí Nioclás Tóibín,’ 214. Dar leis an amhránaí aitheanta as Rinn Ó gCuanach, Séamus Mac Craith, gur amhrán mall ab ea ‘Seoladh na nGamhna’ agus nach dtugann luas na gabhála sa lá inniu a cheart d’ábhar leochaileach an amhráin. Dar liom gur amhrán aitheantais, nach mór, de chuid na nDéise sa lá inniu ‘Seoladh na nGamhna’ ina riocht nua sciobtha.

¹⁰⁸ Mac Donnchadha, agallamh, 2005 agus Mac Donncha, agallamh, 2004.

n-amhrán trí chéile ag éirí níos moille.¹⁰⁹ Bhí an difríocht seo sa luas agus san ornáidíocht tugtha faoi deara ag fonnadóir as ceantar Chois Fharraige, aint leis an amhránaí Máire Phíotair Uí Dhroighneáin, agus í ar cuairt abhaile as Meiriceá. Thug Máire Phíotair féin cuntas ar dhearcadh a hainte ar chloisteáil an tsean-nóis bheo di tar éis blianta thar lear:

‘...ní shin é an chaoi a raibh muide dhá gcasadh ar chor ar bith. Bhí muid dhá gcasadh’, a deir sí, ‘i bhfad níos sciobthaí agus ní raibh a leath oiread ornáidíochta againn iontu ach an oiread’ a dúirt sí. ... Dúirt sí go raibh sé hálainn, ach aisteach go leor dúirt sí ‘ní hé an sean-nós é’.¹¹⁰

Dhealródh sé, mar sin, gur féidir leas a bhaint as *tempo* agus ornáidíocht mar chritéir idirdhealaithe idir seánraí éagsúla amhránaíochta.

Ní raibh drogall ar Joe Éinniú, dhá scór bliain ó shin, aitheantas a thabhairt do na difríochtaí a tuigeadh dó a bhí idir a chuid fonnadóireachta féin agus fonnadóireacht a athar. Dar leis go mbíodh na hamhráin mhalla á ngabháil níos sciobtha ag a athair agus gur mó ornáidíochta a bhí ina chuid amhránaíochta féin le hais mar a bhí ag a athair.¹¹¹ Tarraingíonn Cowdery aird ar na difríochtaí a bhí idir dhá thaifead a rinne Joe Éinniú féin de ‘The Rocks of Bawn’ i 1963 agus i 1975. Níorbh ionann ord na véarsaí sa dá láithriú agus ba mhó ornáidíochta a bhí sa leagan níos deireanaí.¹¹² Má tá tátal ar bith le tarraingt as na hathruithe a shamhlaíonn amhránaithe atá tagtha ar an sean-nós idir an t-am atá caite agus an ré chomhaimseartha, is é sin nach coincheap seasmhach, buan an traidisiún sin ar an gcéad dul síos. Bíonn ar amhránaithe sean-nóis as chuile ghlúin déileáil le hathruithe agus a léamh féin a dhéanamh ar éabhlóid an traidisiúin. Meabhraítear gur próiseas fadtéarmach, leanúnach an ionramháil a dhéantar ar an traidisiún sin agus nach leis an ré chomhaimseartha amháin a bhaineann sí. Bhí athruithe leanúnacha ag teacht freisin ar stádas agus stór na n-amhrán i gcás Joe Éinniú ag brath ar chúrsaí taistil agus éagsúlacht na dtimpeallachtaí cultúrtha ina raibh sé ag cur faoi. Dar liom go raibh tionchar ag taifid phroifisiúnta ar stádas na n-amhrán ina chuid smaointeoireachta agus gur mhúnlaigh siad a stór amhrán féin. Tarraingíonn Blackenhorn aird ar an gceirnín *Columbia World Library of Folk and Primitive Music: Ireland* a eisíodh i

¹⁰⁹ Virginia Blankenhorn, ‘The Connemara Sean-Nós since the Gramophone,’ ICTM Bulletin, UK Chapter, 18 (1987): 11-12. 5-12. Tá an ornáidíocht mheiliosmatach, go háirithe i gcomhthéacs stíl Chonamara, pléite freisin ag Williams agus Ó Laoire in *Bright Star of the West*, 32-33.

¹¹⁰ Luaite in Denvir, ‘I Lár an Aonaigh,’ 252.

¹¹¹ Cartlanna Sheosaimh Uí Éanaí, faighte 5 Samhain 2017, <http://www.joeheaney.org/default.asp?contentID=1039>

¹¹² James R. Cowdery, *The Melodic Tradition of Ireland* (Ohio: Kent State University Press, 1990), 36.

1955 agus a bhí bunaithe ar thaifid a rinne Alan Lomax de cheol agus d'amhráin dhúchasacha na tíre seo i 1951. Bhí dhá amhrán déag as na sé amhrán is fiche a bhí ar an gceirnín sa stór amhrán ag Joe. Níos suntasaí fós, bhí cosúlachtaí láidre idir a leagan siúd de roinnt de na hamhráin agus na leaganacha a bhí ar an gceirnín, cuir i gcás, 'Dance to your Daddy', 'Cucanandy-ó' agus 'What Will You Do When the Kettle Boils Over?' a bhí á gcasadh ag Elizabeth Cronin (1879-1956) ar an taifead.¹¹³ Dhealródh sé go mbíonn tionchar ag tograí tráchtála ón taobh amuigh ar an bhfiúntas a shamhlaíonn amhránaithe le hamhráin faoi leith. Sa chás seo, d'ardaigh stádas agus tábhacht na n-amhrán sin i meon Joe Éinniú, rud a chinntigh go mbeidís ina míreanna gníomhacha ina stór amhrán féin dá réir.

Is díol suntais an léamh a bhí ag Dara Bán ar na hamhráin thábhachtacha nó na hamhráin mhóra nuair a d'iarr mé go díreach air a bhfiúntas a mheas:

R.: Is meastú céard atá chomh hiontach faoi na hamhráin mhóra sin – 'Róisín Dubh' agus 'An Boinneán Buí' agus na cinn sin?

DB.: Ó bhí gaisce breá iontu. Bhí an-ghaisce iontu sin, a Róisín - dhá mbeifeá ag éisteacht leo. Bhíodar curtha le chéile go maith. Bhí an Ghaeilge iontu. Bhí an-Ghaeilge iontu sin, an dtuigeann tú? An-Ghaeilge¹¹⁴

Chuir mé caidéis faoi leith ina chuid tuairimíochta anseo sa mhéid is go raibh sí suite i bhfráma tagartha níos leithne ná an amhránaíocht féin. Ní dhearna sé talamh slán den Ghaeilge shaibhir a nglactar léi mar mheán na n-amhrán, mar shampla. Dearbhaítear arís eile dúinn nach as féin, ar bhonn neamhspleách, a athraíonn cleachtas cultúrtha ar bith, cosúil leis an amhránaíocht, cuir i gcás, ach i bpáirt le nó mar thoradh ar eilimintí seachtracha cultúrtha cosúil leis an dátheangachas, an litearthacht, an t-oideachas foirmeálta, an imirce agus mar sin. Bhí na gnéithe sin ina measc siúd a raibh tionchar acu ar an nGaeilge sa phobal seo agus tharraing Dara Bán aird ina chuid tuairimíochta anseo ar athruithe teanga chomh maith leis an amhránaíocht féin. Ní mór smaoineamh freisin ar an gcaoi a nglactar le agus a bpróiseálar athruithe cultúrtha i measc na n-amhránaithe. Is léir an meon cosantach, ómósach a bhí ag Dara Bán i leith na n-amhrán seo ar uairibh ach ní hionann sin is a rá gur dhiúltaigh sé d'athruithe ach an oiread. B'fhéidir gur i mbearta seachas i mbriathra is mó a léirigh sé an ról a bhí aige in athchruthú agus in ionramháil a thraidisiúin. Bhí sé ar dhuine den bheagán amhránaithe sean-nóis a thug ardán, de réir na stíle traidisiúnta gan tionlacan, d'amhráin nuachumtha Chonamara. Fianaise

¹¹³ Cartlanna Sheosaimh Uí Éanaí, faighte 20 lúnasa 2018, <https://www.joeheaney.org/ga/dance-to-your-daddy-cucanandy-o-and-what-will-you-do-if-the-kettle-boils-over>.

¹¹⁴ Mac Donnchadha, agallamh, 2005.

air sin an caiséad leis a eisíodh i 1990, *Máire Rua: An Sean agus an Nua*¹¹⁵ a bhfuil amhráin tíre a cumadh le dhá scór bliain anuas cosúil le ‘Dífhostaíocht’ le Ciarán Ó Fatharta agus ‘Mé Fhéin is mo Mhéit’ agus ‘Londain Shasana’ le Tom an tSeoighe le cloisteáil air.

Creidim go mbaineann an tréith eile, an gaisce, a d’aithin Dara Bán sna hamhráin mhóra thuas chomh mór le próiseas na hamhránaíochta is a bhaineann leis na hamhráin féin mar aonaid shéimeantacha a bhfuil brí éigin le baint astu. Cuirtear déine mothúchán in iúl sna hamhráin, go mórmhór sna hamhráin ghrá, agus déantar é sin ar bhealach saothraithe sofaisticiúil ina mbaintear úsáid as an áibhéil agus as réimse meafar casta. Tá siombailí agus móitífeanna ón nádúr cosúil le bláthanna, torthaí, gairdíní, éin agus crainn ag rith go tréan trí *lingua franca* na n-amhrán grá mar atá rianaithe ag Seán Ó Tuama (1960). Is don ghníomh collaí is iondúil a thagraíonn an foclóir sin sna hamhráin ghrá, agus anuas air sin, léirítear dearcadh réchúiseach, macánta i leith na collaíochta. Is iondúil nach gceileann ceachtar den bheirt leannán arb iad ábhair an amhráin iad gurb é an gníomh collaí a shantaíonn siad agus ní dhéantar inní faoi aon toradh a d’eascródh ón mbeart.¹¹⁶ Fiú sna *chansons de jeune fille* a bhfuil tréigean na mná tar éis di luí leis an bhfear ina théama láidir iontu, ní cosúil go mbíonn aiféala ná cathú i gcónaí uirthi as tabhairt faoin ngníomh collaí.¹¹⁷ Go deimhin, léirítear cinnteacht agus muinín na reacairí as a gcuid mothúchán i leith an ghrá sna hamhráin agus d’fhéadfaí a rá gur gníomh gaisce an nochtadh díreach sin ar staid intinne phríobháideach an duine. Meabhraíonn sé na deiseanna catairsise a chuireann an fhilíocht agus an ealaín trí chéile ar fáil. Is féidir le hamhránaithe eile teacht i dtír ar na deiseanna seo i bhfianaise nach nglactar go sóisialta leis trácht go rialta ná chomh neamhbhalbh sin ar mhothúcháin faoi théama na collaíochta sa chaint.

Má tá misneach le haithint ar an teanga agus ar an admháil mhothúcháinach a fhaightear sna hamhráin féin, is í gabháil na n-amhrán sin a dhearbhaíonn gaisce ar bhonn áitiúil, beo. Bhí Dara Bán flaithiúil sa chreidiúint a thug sé do na fonnadóirí a tháinig roimhe agus d’fhéadfadh sé go raibh ionannú á dhéanamh aige idir feabhas na gabhála agus fiúntas na n-amhrán féin:

¹¹⁵ Dara Bán Mac Donnchdha, *Máire Rua: An Sean agus an Nua*, CIC027, 1990.

¹¹⁶ Seán Ó Tuama, *An Grá in Amhráin na nDaoine* (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 1960), 286-87.

¹¹⁷ Ibid. Tá na buntéamaí a bhaineann leis an *chanson de jeune fille* le fáil in amhráin mhóra sean-nóis cosúil le ‘An Droighneán Donn’, ‘Caisleán Uí Néill’ agus ‘Dónall Óg’.

Bhí Seán Jeaic in ann ceathrú de ‘Bhean an Fhir Rua’ a rá gan anáil a tharraingt. Anois! Nár dhiabhalta an bua é sin? Agus bhíodar seo fada – na ceathrúnaí seo. Bhí sé in ann an cheathrú a *sweepáil* agus gan aon anáil a tharraingt. Anois! Cár fhága tusa é sin? Ó dhiabhail bhíodar sin go maith siúrálte. Ó dhiabhail bhíodar sin go maith. Nuair a bheidís ag ól pionta, a mhac, chuiridís amhráin as seo go dtí an- an geata.¹¹⁸

Luaitear gabháil Sheáin Jeaic Mhic Dhonncha de ‘Bean an Fhir Rua’ mar shampla de ghaisce amhránaíochta anseo ach is meabhrú freisin an t-amhrán sin ar thréimhse faoi leith i saol Dhara Bháin. ‘Bean an Fhir Rua’ a luaigh sé agus é ag déanamh codarsnacha idir an stór amhrán comhaimseartha agus na hamhráin a bhí ligthe i ndearmad. Ba é an stór amhrán stairiúil iad siúd a chasadh laochra áitiúla an tsean-nóis ar áirigh sé a athair féin, Seán Choilm, ina measc. Mar a luadh níos túsce, aithníonn Goldstein go mbíonn ceangal idir míreanna faoi leith sa stór amhrán agus cuimhní cinn nó tréimhsí ama suntasacha i saol an amhránaí. Is é a fhearacht chéanna é le ‘An Bonnán Buí’ sa stór amhrán áitiúil de réir thuairimíocht Dhara Bháin. Is é sin le rá, b’fhéidir nach é an t-amhrán féin a chinneann go hiomlán an bhfuil sé ina amhrán mór nó nach bhfuil ach an bhrí atá leis an amhrán nó an áit atá ag an amhrán i gcumhnní an duine aonair nó i gcumhnní comhchoiteanna an phobail. Sa chás seo bhí ‘An Bonnán Buí’ ar thús cadhnaíochta toisc go raibh sé ag ‘chuile dhuine’ agus b’amhrán é a thaispeáin laochra áitiúla amhránaíochta i mbarr a maitheasa agus buaicphointí an traidisiúin i bpobal faoi leith.

Tá an ghné seo d’fheidhm na hamhránaíochta le brath ar an smaointeoireacht i leith amhrán áirithe i réigiúin eile freisin. Is léir ról na cuimhne mothúchánaí i ngabháil na n-amhrán sa chíoradh atá déanta ag amhránaithe ar Thoraigh, mar shampla, ar roinnt dá gcuid amhrán freisin. Bhíodh feabhas na hoíche siamsaíochta i dteach na scoile, is cosúil, ag brath ar amhráin faoi leith a bheith á ngabháil agus ar amhránaithe áirithe a bheith i mbun foinn, mar a mhínigh Éamonn Mac Ruairí: ‘Nuair a cheolfadh John Tom “Scairteach Áranna” agus “Amhrán na Scadán” bheadh oíche mhór i dtigh na scoile.’¹¹⁹ Is cinnte nach feiniméan de chuid an tsean-nóis go saineúil an ceangal seo idir amhráin áirithe agus tréimhsí suntasacha i saol an amhránaí. Tá míreanna i ngach seánra ceoil arb í an éifeacht mhór atá acu dea-chuimhní, nó eile, ón saol atá caite a spreagadh in intinn láithreoirí agus éisteoirí araon. Ag an am céanna, is dóigh liom go bhfuil cumhacht faoi leith ag an stairiúlacht i gcás an tsean-nóis i bhfianaise gur i bhfráma tagartha an chailteanais agus an athraithe a thuigtear an ceol sin i measc sciartha áirithe de phobal an tsean-nóis fiú go dtí an lá inniu. Is léir gur spreag ‘An

¹¹⁸ Mac Donnchadha, agallamh, 2005.

¹¹⁹ Luaite in Ó Laoire, *Ar Chreag i Lár na Farráige*, 208.

Bonnán Buí’ agus amhráin mhóra eile an cheantair cuimhní dearfacha, sona do Dhara Bán. Bhain siad le ré, dar leis, ina raibh an sean-nós i mbarr a réime agus á chleachtadh níos minice, le ré inar mhair amhránaithe a bhí imithe ar shlí na fírinne ó shin agus inar tionóladh ócáidí nárbh ann dóibh a thuilleadh. I bhfocail eile, chuir na cuimhní sin an saol reatha ar ceal ar feadh aga. Aithníonn Glassie go beacht an sólás a bhaineann daoine áirithe as an stair agus as a gcuid cuimhní ar na laethanta a bhí: ‘History is a consolation to the one who does not travel, a way to make the small place enormous, complete, inhabitable, worth defending.’¹²⁰ Is léir cúiseanna bailí agus praiticiúla, mar sin, leis an tábhacht a shamhlaítear leis an stair agus an t-am atá caite.

Tá fianaise thuas ar an tionchar a bhíonn ag cúinsí saoil comhaimseartha ar an léamh a dhéantar ar an traidisiún agus an t-adhmad is féidir a bhaint as mar fheiniméan nuair a phróiseálar go sioncronach é. Ní féidir leis an dá aidiacht, ‘sean’ agus ‘nua’ feidhmiú neamhspleách ar a chéile ar aon nós – teastaíonn ceann acu chun go mbeifí in ann coincheapú a dhéanamh ar an gceann eile. Bhíodh an-bhéim ag Dara Bán, ina chuid smaointeoireachta trí chéile, ar an am a bhí caite, ba dhóigh le duine. Ba nós leis iompú ar an aimsir chaite ó thaobh na teanga de fiú agus ceisteanna a bhain leis an sean-nós comhaimseartha á gcíoradh againn. Ba mhinic a tharraing sé ar an bhfrása ‘an seanbhealach’ mar théarma critice agus gabháil na n-amhrán á plé aige.¹²¹ B’ionann an seanbhealach agus an bealach ceart ina thuairim féin, agus tarlaíonn sé go raibh luas na gabhála agus rangú na n-amhrán criticiúil san idirdhealú a dhéanadh sé idir sean agus nua. Bhí sé an-diongbháilte ina chuid tuairimí gur amhráin mhalla ‘Bean an Leanna’ agus ‘Bríd Thomáis Mhurchadha’, cinn a d’áireofaí go coitianta inniu mar amhráin sciobtha. Chas sé cúpla ceathrú de ‘Bríd Thomáis Mhurchadha’ agus dúirt: ‘Sin é an seanbhealach anois agat. Ní chloisfidh tú mar sin inniu é’.¹²² An raibh leagan Dhara Bháin de ‘Bríd Thomáis Mhurchadha’ ‘sean’ roimhe sin? Mura raibh, d’fhéadfaí an tuiscint ‘nua’ seo a áireamh mar athrú nó mar athchruthú ann féin. Ba nuálaíocht é gur thug sé ‘sean’ ar an leagan áirithe sin den amhrán. Bhí cumhacht ag an am a bhí caite sa mhéid is gur ar fhoinse ón am sin a tharraing sé le haghaidh bailíocht agus údarás a thabhairt dá leagan féin den

¹²⁰ Glassie, *Passing the Time*, 664.

¹²¹ Cíorann Ó Laoire, mar shampla, téarmaí critice cosúil le ‘ceart’ agus ‘ciotach’ atá ina gcoincheapa lárnacha sa léirmheastóireacht áitiúil i measc phobal amhránaíochta Thoraigh. Féach *Ar Chreag i Lár na Farraige*, 109-40.

¹²² Mac Donnchadha, *agallamh*, 2005.

amhrán: ‘Sin é an bealach ar airigh mise é’.¹²³ D’ainneoin seo, ba léir leanúnachas agus easpa leanúnachais araon ina leagan ‘nuachruthaithe’ féin den amhrán.

Más féidir a rá gur coincheap an ‘traidisiún’ a ghéilleann go héasca don nuálaíocht agus don chruthaitheacht, tá sé míchruinn agus easnamhach a rá gur féidir traidisiún ar bith a ‘chaomhnú’. Is é an caomhnú a bhíonn chun cinn go minic sa chlár oibre ag gluaiseachtaí agus eagraíochtaí cultúrtha, cuir i gcás. Ina dhiaidh sin féin, tá sé aitheanta anois i léann an chultúir go n-athraíonn eagraíochtaí agus gluaiseachtaí cultúrtha go minic na traidisiúin a ndéanann siad iarracht ‘athbheochan’ a dhéanamh orthu.¹²⁴ As na hathruithe seo, cruthaítear comhthéacsanna nua, mura mbeadh ann ach an t-aistriú sóisialta i gcás an tsean-nóis in Éirinn – ó láthair phríobháideach an bhaile go dtí stáitse poiblí na gcathracha agus na gcomórtas, ní áirím timpeallacht phríobháideach, fhrithshóisialta na leabhar agus na dtaifead fuaime. Ainneoin na n-athruithe, is mar shiombail leanúnachais agus dílseachta don traidisiún a próiseáladh an amhránaíocht ar an sean-nós ar bhonn leathan go stairiúil seachas mar cheol a d’fhéadfadh forbairt ar bhonn neamhspleách ina théarmaí tagartha féin. Is éasca do dhaoine a shamhlú go mbíonn luach faoi leith agus údarás ag an nós a bhí ann cheana féin díreach ar an gcúis sin – toisc go raibh sé ann cheana féin. Dá réir seo, déantar neamhaird amanta ar an gcumas a bhíonn ag cleachtais chultúrtha thar a chéile claochlú agus iad féin a chur in oiriúint do chúinsí a bhíonn de shíor ag athrú.

Tá fianaise thuas ar na bealaí a mbíonn amhránaithe ag oibriú an traidisiún atá fágtha le huacht acu agus ar an ról a bhíonn ag cuimhní agus mothúcháin an duine aonair san ionramháil sin. Tráchtar ar an gcuimhne iarbhír, orthu siúd atá á stiúradh ag na mothúcháin agus ar na laigí atá i gcumas cuimhnimh an duine go nádúrtha ar aon nós, rud a dhearbhaíonn an neamhsheasmhacht agus an dinimic a bhaineann le haon

¹²³ Ibid.

¹²⁴ Ba sa chéad leath den fhichiú haois a tugadh faoi iniúchadh struchtúrtha ar choincheap an athchultúraithe sa léann daonna agus aird á tabhairt go háirithe ar na bealaí a dtagann athruithe ar phatrúin cultúir nuair a bhíonn teagmháil leanúnach idir grúpaí daoine a bhfuil cultúir éagsúla acu. Robert Redfield, Ralph Linton agus Melville J. Herskovits, ‘Memorandum for the Study of Acculturation,’ *American Anthropologist*, New Series, 38, uimh. 1 (1936): 149-50, faighte 10 Feabhra 2015, <http://www.jstor.org.libraryproxy.mic.ul.ie/stable/662563>. Díríonn Linton ar an mbunús teoiriciúil a bhíonn ag gluaiseachtaí athbheochana agus leagann béim orthu mar ghníomhartha eagraithe, comhfhiósacha. Ralph Linton, ‘Nativistic Movements,’ *American Anthropologist*, New Series, 45, uimh. 2 (1943): 230-40, faighte 10 Feabhra 2015, <http://www.jstor.org.libraryproxy.mic.ul.ie/stable/663272>. Tugann Edward Shils le fios nach féidir athruithe in aon traidisiún a sheachaint – fiú nuair a bhíonn iarrachtaí á ndéanamh leanúnachas agus bailíocht an traidisiúin sin a dhearbhu: ‘Sometimes they [innovations] are made with the intention of reaffirming and insisting on the coherence and validity of what has been traditionally received.’ Shils, *Tradition*, 147.

traidisiún atá faoi réir ag na cuimhní sin. Aithnítear i léann an chultúir trí chéile gur constráid a bhíonn de shíor ag athrú seachas earra ón am atá caite é an traidisiún:

Does tradition refer to a core of inherited culture traits which are bound like a natural object or must it be understood as a wholly symbolic construction? The latter. It is an interpretative process which embodies continuity and discontinuity – not an unchanging core of ideas which is handed down to us from the past.¹²⁵

Is iad na hamhráin féin earraí agus siombailí inbhraite an traidisiúin sin, agus mar a tugadh le fios, ní hionann an luach a leagtar ar amhráin thar a chéile. Tá de chumas ag na hamhráin mhóra, mar a luadh, sainiú a dhéanamh ar theorainneacha an tsean-nóis nuair atá gá leis sin, agus is minic gur tríothú a aithnítear laochra áitiúla na hamhránaíochta agus buaicphointe na hoidhreachta sa phobal. Ar an gcaoi chéanna, leathnaíonn na hamhráin Bhéarla an pobal amhránaithe trí chéile agus cruthaítear tríd an mBéarla eispéireas frithiomaíoch agus ‘frithathbheochanúil’ i gcomparáid leis an amhránaíocht sa Ghaeilge. Is i gcomhthéacs na haeistéitice go sainiúil a thugtar faoin iniúchadh, sa chéad chaibidil eile, ar mhíreanna ón stór amhrán áitiúil, maille le cleachtas na hamhránaíochta mar a thuigtear do roinnt d’fhonnadóirí na nAirdeanna na feiniméin sin. Tarraingítear aird faoi leith ar an mbrí atá ag an amhránaíocht in eispéireas na daonnachta trí chéile, a bhíonn faoi réir go minic ag dioscúrsaí an cheiliúrtha, an ghrá agus an chaillteanais.

¹²⁵ Handler agus Linnekin, *Tradition, Genuine or Spurious*, 273.

Caibidil a Sé

An tAmhránaí agus an Aeistéitic

Tá sé an-deacair do mhéar a leagan air ach by cripes tá sé an-éasca é a aithneachtáil nuair a chloiseann tú é.¹

Ní gá a rá gur go muiníneach, údarásach a chuireann amhránaithe iad féin in iúl agus idirdhealú á dhéanamh acu idir an sean-nós agus stíleanna eile amhránaíochta, mar is léir ó ráiteas Josie Sheáin Jeaic thuas. Bhí áitithe ag Dara Bán Mac Donnchadha gurbh fhurasta do dhuine ar bith amhrán a fhoghlaim ach nárbh ionann sin is a rá gurbh é an sean-nós a bhí idir lámha acu: ‘Ó foghlaimeoidh tú an t-amhrán, a Róisín, *alright*. Foghlaimeoidh tú an t-amhrán ... Beidh na hamhráin beo ach ní bheidh an sean-nós. Ní bheidh an sean-nós beo.’² Shílfeá ón gcaint sin go bhfuil neamhspleáchas nó eisiachas éigin ag baint leis an sean-nós a bhíonn ceilte ar sciar áirithe den phobal. Deir Bríd Ní Mhaoilchiaráin go n-aithníonn sí i gcónaí an duine ‘ón taobh amuigh’³ a thugann faoin amhránaíocht ar an sean-nós, meabhrú ar na teorainneacha tíreolaíocha agus cultúrtha a shamhlaítear a bhíonn i bhfeidhm i leith an tsean-nóis amanta. Is léir a chinnte is atá amhránaithe iad féin ag aithint an tsean-nóis, (agus a mhalairt), rud a chuireann lena bhféinmhuinín agus a n-uailmhian chultúrtha agus iad ag cíoradh gnéithe den amhránaíocht sin. Iarracht is ea an chaibidil seo fianaise a sholáthar go bhfuil smaointeoireacht agus allagar sofaisticiúil, leathan a mhaireann i measc an phobail amhránaíochta ina dtéitear i ngleic ar bhealach fiúntach le ceisteanna agus coincheapa na haeistéitice mar a thuigtear dóibhsean iad.

Tá trácht déanta roimhe seo agam ar an gcaoi ar fhorbair pobal sainiúil amhránaíochta i gceantar na nAirdeanna agus gur i bpáirt le tograí bailiúcháin agus tionscal na gcomórtas a tharla sé sin. Fágann an bhéim a cuireadh i mbailiúcháin ar an ábhar nó ar an ‘táirge’, is é sin le rá, téacsáí na n-amhrán, seachas ar phróiseas na hamhránaíochta, nár aithníodh agus nár tapaíodh an deis iniúchadh a dhéanamh ar thuiscintí dúchasacha nó emiciúla ar an aeistéitic a bhaineann leis an amhránaíocht. Shamhlófaí, mar sin, gur ar fhóram an chomórtais a tharraingeofaí chun cur lenár dtuiscint ar an ábhar seo toisc go mbíonn an amhránaíocht iomaíoch faoi réir ag caighdeáin, critéir agus coinneíollacha oifigiúla, ainmnithe. Is i gcomhthéacs na

¹ Mac Donncha, agallamh, 2004.

² Mac Donnchadha, agallamh, 2005.

³ Ní Mhaoilchiaráin, agallamh, 2004.

gcomórtas is minice a chuireann amhránaithe agus éisteoirí cos i dtaca maidir leis na luachanna atá acu féin i leith an tsean-nóis. Ní miste a mheabhrú go bhfuil daoine inniu ann, go háirithe ón nglúin níos óige, nach bhfuil ach taithí theoranta acu ar an amhránaíocht bheo taobh amuigh de shuíomh an chomórtais. Ní hionann ar chor ar bith an taithí amhránaíochta ná éisteachta atá acusan i gcomparáid leo siúd a chuala amhráin ag cóisirí tí agus ag ócáidí neamhfhoirmeálta eile a mhair anuas go dtí deireadh na haoise seo caite. Ainneoin an fhoirmeáltacht agus an tsraith coinníollacha agus rialacha a shamhlaítear leis an amhránaíocht iomaíoch, áfach, ní gá gurb é an comórtas an fóram ná an deis is tairbhí d’iniúchadh criticiúil, oibiachtúil ar féidir critic struchtúrtha ar an amhránaíocht a bhunú air.

Más tada é, creidim gur mó de shrian a chuireann polaitíocht agus teannas na gcomórtas ar thuiscint níos leithne ar an amhránaíocht agus gur beag aitheantas a thugtar sa chomórtas don cheol go ginearálta mar ghníomh a bhfuil fiúntas aige sa tsochaí dhaonna. Mar a fheictear sna líomhaintí thíos atá suimithe ag Síle Denvir, is i dtéarmaí diúltacha, a mbíonn idir ghreann agus áiféis ag roinnt leo, is minice a dhéantar cuid mhaith den tráchtairacht a thagann chun cinn faoin amhránaíocht iomaíoch:

‘Níor dhúirt mo dhuine an focal sin i gceart’
‘Ní shin ord ceart na véarsaí’
‘Ní sean-nós atá ansin ar chor ar bith’
‘Ní cainteoir dúchais í sin. Níl a cuid foghraíochta i gceart.’
‘Níor tógadh é sin le Gaeilge sa mbaile.’
‘Tá muid i gCorcaí (*sic*) ... buafaidh dream Chorcaigh (*sic*) an Corn mar sin.’
‘Cén fáth go bhfuil mo dhuine ag moltóireacht? Ar ndóigh, níl sean-nós aige sin ar chor ar bith.’⁴

Is beag muinín is féidir a chur i roinnt de na breithiúnais sin agus duine ag iarraidh smaointeoireacht struchtúrtha ar cheist na haeistéitice a fhorbairt. Deimhnítear sna ráitis thuas rud amháin, áfach, is é sin gurb ann d’aeistéitic *éigin* i dtaca leis an amhránaíocht ar an sean-nós. Cuireann Alan Merriam ar ár súile dúinn nach gá i gcónaí go mbeadh tuiscintí aeistéitiúla ag pobail i leith a gcuid ceoil. Más rud é go bhfuil, ní gá go gcuirfidís in iúl na tuiscintí sin nó d’fhéadfadh sé gur i gcomhthéacs feidhmiúil, polaitiúil nó teicniúil, cuir i gcás, a mheasann siad a gcuid ceoil seachas i dtéarmaí aeistéitiúla.⁵

⁴ Denvir, ‘I Lár an Aonaigh,’ 41.

⁵ Alan P. Merriam, *The Anthropology of Music* (Illinois: Northwestern University Press, 1964), 268-69.

Ceann de na mórargóintí a chuireann Merriam sa treis agus é ag plé cheist na haeistéitice is ea go bhfuil ár dtuiscintí i leith an ábhair seo faoi réir go láidir ag traidisiún na hEorpa agus an Iarthair. Is é comhartha sóirt aeistéitic an Iarthair go gcuirtear in iúl i bhfoirm bhriathartha í. Tugann sé seo údarás nó stádas di nach samhlófaí le fealsúnachtaí aeistéitiúla a chuirtear in iúl trí mhodhanna eile cumarsáide, b'fhéidir trí iompraíocht nó geáitsíocht an duine, cuir i gcás. Aithníonn Merriam féin a lárnaí is a bhí an t-idirdhealú seo agus é ag déanamh tráchtairachta ar cheol na mbundúchasach in Iarthar Montana agus i measc an *Basongye* i bPoblacht an Chongó san Afraic:

Indeed, what distinguishes the Western ideas and ideals of form and beauty is a definite “language of the aesthetic,” and it is precisely this which is lacking in both Basongye and Flathead societies. We may pose the crucial question, then, of whether an aesthetic exists if it is not verbalized; the answer seems clearly to be that it is not, at least *if we use the Western concept of the aesthetic, which is exactly what has been done in these pages*. By Western definition and practice, then, neither Basongye nor Flathead have an aesthetic.⁶

Fágann an léamh teoranta, Iatharach seo ar cheol na bpobal thuas go bhfuil cibé luach aeistéitiúil atá ag an gceol agus na pobail sin á shéanadh orthu. Ní léir go bhfuil ionadaíocht liteartha déanta ar bhealach ar bith suntasach ar thuiscintí aeistéitiúla i leith an cheoil seo ach ní hionann sin is a rá nach ann d'aeistéitic éigin ina leith. Meabhraíonn an deacracht seo cás na hamhránaíochta Gaeilge dúinn sa mhéid is gur de réir tuiscintí eiticiúla, scolártha a tháinig cuid mhaith den dioscúrsa ar an amhránaíocht ar an sean-nós chun cinn le breis agus céad bliain anuas mar atá sonraithe i gCaibidil a Dó. Dá réir sin, déanfar iarracht sa chaibidil seo aitheantas a thabhairt do roinnt do na tuiscintí agus na coincheapa a thugann bonn don aeistéitic mar a shamhlaítear do roinnt amhránaithe na nAirdeanna í.

Tuigtear gur coincheap forbartha, saothraithe sna heolaíochtaí daonna coincheap na haeistéitice. Tá saothrú á dhéanamh air i smaointeoireacht fhealsúnach na hEorpa ón gcéad leath den ochtú haois déag. Ba i dtaca le breithiúnais agus braistintí an duine a rinneadh buanú ar úsáid an téarma ‘aeistéitic’ nuair a d'fhoilsigh an fealsúnaí Gearmánach, Alexander Baumgarten (1714-1762), an saothar Laidine *Aesthetica* sa bhliain 1750. Rinneadh forbairt ar an mbrí thraidisiúnta, níos leithne a bhí ag an téarma ‘aeistéitic’ a thagair do chéadfaíocht nó do mhothúcháin an duine go ginearálta. D'fhág tuairimíocht Baumgarten gur i dtaca le coincheap na háilleachta go saineiúil a d'fheidhmigh na céadfaí agus na mothúcháin sa chomhthéacs

⁶ Ibid., 269. Cló iodálach sa téacs bunúil.

aeistéitiúil, áfach. Tosaíodh ag baint leasa as an téarma ‘aeistéitic’ chun tagairt don bhreith a bhíodh ag déanamh ar an áilleacht. Ba de réir na gcéadfaí nó mar chognaíocht chéadfach, mar sin, seachas de réir na hintleachta a bhí breith le tabhairt ar an áilleacht.⁷ Ba mhó de chaidreamh a bhí ag an smaointeoireacht aeistéitiúil sa tréimhse seo, áfach, leis na hamharc ealaíona agus níor fiosraíodh cúrsaí ceoil mórán de réir theoricí na haeistéitice nó gur thug Immanuel Kant (1724-1804) faoi ina shaothar ceannródaíoch, *Kritik der Urteilskraft*⁸ (1790) nó *Critique of Judgment* mar a thugtar go caighdeánach sa Bhéarla air.

Spéisiúil go leor, ní leis na healaíona a luaitear Kant go coitianta, agus ní comhtharlúint é sin. Áitíonn Zammito gur mar fhreagra ar ghluaiseacht ina raibh tús áite ag na healaíona, is é sin, an Rómánsachas, a thug Kant faoi *Kritik* sa chéad áit. Bhí Herder, gan dabht, i measc smaointeoirí ceannródaíocha na gluaiseachta sin agus infheistíocht shuntasach intleachtúil déanta aige sna healaíona. Dar le Zammito: ‘Kant’s hostility to the *Sturm und Drang* was one of the most important motives behind his entire enterprise of a treatise on aesthetics.’⁹ Bhí Kant ag éileamh go dtabharfaí droim láimhe don chlaonadh i dtreo an idéalachais agus an phaindiachais arbh fheiniméin iad a bhí á mbrú chun cinn ag leithéidí Herder, Goethe (1749-1832) agus Friedrich Schiller (1759-1805). Chonachtas dó go raibh luachanna Aois na hEagnaíochta, an réasúnaíocht agus an mheitifisic, cuir i gcás, i mbaol, agus b’iarracht an *Kritik* é sin a chur ina cheart. Ceann de na buntátail a chuireann Kant chun cinn ina shaothar, beag beann ar chúrsaí ceoil, is ea go bhfuil bailíocht uilíoch ag braistint na háilleachta sa duine:

First, one must be fully convinced that through the judgment of taste (on the beautiful) one ascribes the satisfaction in an object **to everyone** ... and that this claim to universal validity so essentially belongs to a judgment by which we declare something

⁷ Ní heol dom go bhfuil aistriúchán iomlán i mBéarla ar fáil de *Aesthetica* ach is mar seo a shuimíonn Dagmar Mirbach coincheap na haeistéitice de réir an bhunfhoilseacháin Laidine: ‘theory of the liberal arts, lower theory of cognition, art of beautiful thinking, art of the *analogon* to reason’, in ‘Magnitudo aesthetica, Aesthetic Greatness: Ethical aspects of Alexander Gottlieb Baumgarten’s Fragmentary *Aesthetica* (1750/58)’, *The Nordic Journal of Aesthetics* Uimh. 36–37 (2008/2009): 107, faighte 10 Aibreán 2015, <https://tidsskrift.dk/nja/article/download/2799/2420/>. Freagraíonn an t-aistriúchán seo do ‘*theoria liberalium artium, gnoseologia inferior, ars pulcre cogitandi, ars analogy rationis*’ mar atá sa réamhrá i saothar bunúil Baumgarten, ar fáil ar líne, https://archive.org/stream/bub_gb_dopKAAAaAAJ, faighte 10 Aibreán 2015. Tá aistriúchán iomlán Gearmáinise foilsithe ag Mirbach freisin: *Ästhetik* (Hamburg: Felix Meiner Verlag, 2007).

⁸ Foilsíodh *Kritik der reinen Vernunft* (*Critique of Pure Reason*) in 1781 inar scrúdaigh Kant acmhainn an réasúin sa duine. Cúrsaí eitice agus an fhealsúnacht mhorálta a b’ábhar do *Kritik der praktischen Vernunft* (*Critique of Practical Reason*) a tháinig amach in 1788. Ba sa tríú saothar sa tsraith seo, *Kritik der Urteilskraft* (*Critique of Judgment* nó *Critique of the Power of Judgment*), is mó a chuaigh sé i ngleic le ceist na haeistéitice.

⁹ John H. Zammito, *The Genesis of Kant’s Critique of Judgment* (Chicago: The University of Chicago Press, 1992), 10.

to be **beautiful** that without thinking this it would never occur to anyone to use this expression...¹⁰

Ainneoin gur go suibachtúil a thugann duine breith ar an áilleacht, tá uilíocht ag baint leis an mbreith sin, dar le Kant, toisc gur ina téarmaí féin atá an áilleacht á próiseáil. Is é sin le rá, níl an áilleacht faoi réir ag an moráltacht ná ag aon fheidhm eile faoi leith. Ní gá don duine infheistiú inti ar bhealach ar bith agus is í an neamhshuim a léiríonn an duine san áilleacht a thugann slán mar choincheap aeistéitiúil í.

Is í ceist seo na suime agus na neamhshuime a thugann bonn don idirdhealú a dhéanann Kant idir ‘an mhaith’ agus ‘an áilleacht’. Baineann an mhaith leis an réasún agus leis an smaointeoireacht. Faigheann an mhaith faomhadh ón duine agus luaitear fiúntas oibiachtúil éigin léi, rud a fhágann go bhfuil sí ina hábhar suime don duine nó go bhfuil sí, i bhfocail an fhealsúnaí féin, *mit Interesse verbunden*.¹¹ Ní dhéantar coincheapú ar an gcaoi chéanna ar an áilleacht agus is le neamhshuim a bhaintear sásamh nó míshásamh aisti: ‘...the taste for the beautiful is a disinterested and **free** satisfaction; for no interest, that of the senses nor that of reason, extorts our approval.’¹² Más coincheap aeistéitiúil an áilleacht de réir fhealsúnacht Kant, is tábhachtaí fós a shaothar toisc gur chuir sé na healaíona, an ceol ina measc, san áireamh san fhealsúnacht sin. Is díol suime nach raibh aitheantas forleathan tugtha don cheol sna saothair fhealsúnacha a tháinig roimhe sin, ní áirím aon phlé ar an gceol i gcomhthéacs aeistéitiúil.¹³ Is ealaín an ceol, dar le Kant, sa mhéid is nach bhfuil aon fheidhm phraiticiúil aige, gur tríd an tsaoirse a chruthaítear é agus gur ar an gcéadfaíocht seachas ar an intleacht a bhíonn tionchar aige. Ní hionann sin is a rá, áfach, gur féidir an áilleacht a lua leis an gceol. Ealaín ‘thaitneamhach’ seachas ceann d’ealaíona na háilleachta is ea an ceol: ‘music occupies the lowest place among the beautiful arts (just as it occupies perhaps the highest place among those that are estimated according to their agreeableness), because it merely plays with sensations.’¹⁴ Ní raibh an cumas ag an gceol smaointe a spreagadh, agus d’fhág an t-easnamh seo nár áiríodh mar mhórfhoirm cultúir é i saothar Kant.

¹⁰ Immanuel Kant, *Critique of the Power of Judgment*, aistriú ag Paul Guyer agus Eric Matthews (New York: Cambridge University Press, 2000), 99. An cló trom sa téacs bunúil.

¹¹ Kant, *Kritik der Urteilskraft* (Hamburg: Felix Meiner Verlag, 2006), 52.

¹² Kant, *Critique of the Power of Judgment*, 95.

¹³ Herbert M. Shueller, ‘Immanuel Kant and the Aesthetics of Music,’ *The Journal of Aesthetics and Art Criticism* 14, uimh. 2, (Nollaig 1955): 218, faighte 17 Lúnasa 2015, doi:10.2307/425860.

¹⁴ Kant, *Critique of the Power of Judgment*, 206.

Ba é an ceol uirlise, agus traidisiún Eorpach an cheoil sin, go príomha a bhí á phlé ag Kant, agus bheadh tionchar aige sin, b'fhéidir, ar an gcúis gurb í an chumadóireacht an ghné den ceol atá chun tosaigh ina bhfuil le rá aige. Is in aonad agus i struchtúr na cumadóireachta seachas i dtoin agus i bhfuaimanna na n-uirlisí atá an áilleacht le brath, dar leis. Is ealaín an ceol a théann i bhfeidhm ar an gcéadfaíocht ach tá sí gan choincheapa. Ar an dul céanna, baintear taitneamh as an gceol ach níl lón machnaimh le fáil ann mar atá san fhilíocht.¹⁵ Bhí an tábhacht a luaigh Kant le struchtúir agus foirmeacha ó thaobh na n-ealaíon de ag teacht le treochtaí an ochtú céad déag in aeistéitic an cheoil a d'fhág gur i dtéarmaí an amhairc, nach mór, a próiseáladh an ceol agus gur ar bhunús matamaiticiúil rithimí an cheoil, cuir i gcás, a leagadh béim. Ba faoi thionchar an Rómánsachais i dtreo dheireadh an ochtú céad déag a aithníodh go bhféadfaí smaointe agus mothúcháin a chur in iúl trí mheán an cheoil. Ar chomharthaí sóirt ceol na tréimhse sin, stíl a saothraíodh sa Ghearmáin go háirithe, bhí saoirse agus éagsúlacht i bhfoirmeacha agus in *tempo* an cheoil, scaoilteacht sna rithimí agus sna méadair, agus ar thús cadhnaíochta, an léiriú a samhlaíodh a rinne an ceol ar na mothúcháin.¹⁶

Tháinig an tuiscint seo go raibh feidhm ionadaíoch ag an gceol salach ar an gcur chuige níos teoranta, foirmiúlaíoch a bhí curtha chun cinn ag Kant. D'fhéadfaí a rá go ndeachaigh neamhspleáchas an cheoil ar gcúl de réir mar a tugadh aitheantas níos forleithne don chumas a bhí ag an gceol ionadaíocht a dhéanamh ar mhothúcháin an duine. Is é an téarma 'eisprisean' is minice a thagann chun cuimhne agus cumas ionadaíochta an cheoil á mheas ach is gá dul i ngleic le haeistéitic an eisprisin féin, dar le Carl Dahlhaus, toisc gur téarma chomh doiléir, débhríoch é: 'The idea of expression has become so ambiguous, vague and all-encompassing as a slogan in popular esthetics that to rescue it for serious use requires sharpening it and narrowing it down.'¹⁷ Is dúshlán é seo a aithníonn Scruton freisin nuair a áitíonn, 'a theory of content must be sought.'¹⁸ Is ag tagairt don nós coitianta atá sé ionannú a dhéanamh idir 'eisprisean' agus 'ábhar' ó thaobh an cheoil de. Tuigtear le heisprisean go bhfuil brí ag an gceol díreach toisc go gceanglaíonn sé le staid intinne an duine.¹⁹

¹⁵ Ibid., 205

¹⁶ Rey M. Longyear, *Nineteenth-Century Romanticism in Music* (New Jersey, Prentice Hall, 1969), 8-9.

¹⁷ Carl Dahlhaus, *Esthetics of Music*, aistrithe ag William Austin (Cambridge: Cambridge University Press, 1982), 18.

¹⁸ Roger Scruton, *The Aesthetics of Music* (Oxford: Oxford University Press, 1997), 344.

¹⁹ Ibid., 344.

Más féidir a rá go mbíonn feidhm ag an gceol, rud a bhíonn amhlaidh nuair a ghéilltear don teoiric go bhfuil an cumas ag an gceol léiriú a dhéanamh ar staid mhothúchánach an duine, maolaítear an neamhspleáchas atá ag an gceol mar fheiniméan ealaíne ann féin. Ábhar suime is ea an fhorbairt a tháinig ar thuiscintí i leith na n-ealaíon go ginearálta i stair chultúrtha na hEorpa le dhá chéad bliain anuas. Is i rith an naoú céad déag a fheictear an bunús sóisialta a tháinig ann don idirdhealú a rinneadh idir na healaíona liobrálacha agus na healaíona meicniúla, mar a tugadh orthu. Ba iad siúd a raibh saoirse acu agus a raibh sé ina n-achmhainn pléisiúr a bhaint as an saol a chleacht an fhilíocht, an ceol, an ailtireacht agus an phéintéireacht. Ba leis na ceirdeanna, leis an ngáirisiúlacht fiú, a luadh na healaíona meicniúla cosúil leis an ngaibhneoireacht, an talmhaíocht agus an chócaireacht, narbh ann dóibh ach mar gheall ar riachtanas agus call.²⁰ Is léir, nuair atá tosaíocht ag an bhfeidhm atá ag ceird nó ag cleachtas faoi leith, gur lú d'achmhainn atá ag an gcleachtas sin braistint aeistéitiúil a spreagadh sa duine. Tá an feiniméan seo le fáil sa chaidreamh idir an duine agus an nádúr, cuir i gcás, nuair a bhíonn an nádúr le smachtú más áil leis an duine teacht slán sa saol: 'Times in which nature confronts man overpoweringly allow no room for natural beauty; as is well known, agricultural occupations, in which nature as it appears is an immediate object of action, allow little appreciation for landscape.'²¹ Tagann an tagairt don streachailt chumhachta sin salach ar an íomhá den ealaíontóir mar dhuine atá saor, a bhíonn i mbun smaointeoireachta agus a shaothraíonn a ealaín go deonach.

Bhí buanú déanta ar an rangú idir na healaíona agus na ceirdeanna faoi thús an fhichiú haois. Ceol ealaíonta ab ea ceol clasaiceach na hEorpa, téarma nár tháinig i gceist chomh fada is a bhain leis an gceol Gaelach go dtí gur fhorbair an caidreamh idir an ealaín agus an pholaitíocht in Éirinn ag tús an fhichiú haois mar chuid de ghluaiseacht na hAthbheochana. Níl a fhios agam an féidir a rá go raibh an amhránaíocht ar an sean-nós saor ná neamhspleách go leor riamh sa dioscúrsa cultúrtha poiblí sin chun go measfaí de réir na háilleachta amháin í ar an mbunús gur i dtréimhse na hAthbheochana a tháinig sí chun cinn. Cosúil leis an nGaeilge féin, bhí cinniúint na hamhránaíochta faoi réir ag an bpolaitiú a bhí á dhéanamh ar ghnéithe den chultúr dúchais agus an léamh a bhí á dhéanamh orthu mar chaipiteal cultúrtha i ngluaiseacht a raibh neamhspleáchas polaitiúil ina sprioc deiridh aici. Má

²⁰ Dahlhaus, *Esthetics of Music*, 4.

²¹ Theodor W. Adorno, *Aesthetic Theory*, aistriú ag Robert Hullot-Kentor (London: Continuum, 2004), 85.

aithníodh go raibh an amhránaíocht dhúchasach traidisiúnta agus sainsiúil i bpróifíl chultúrtha na hÉireann agus go raibh sí i mbaol anuas air sin, baineadh adhmaid as na tréithe sin. Ba go dearfach a caitheadh le cleachtas ar bith a bhí ‘traidisiúnta’ agus ní raibh aon cheist ach gur cheart na cleachtais sin a chur chun cinn. Is féidir a rá gur tháinig an traidisiún agus idéalú an traidisiúin chun cinn ag an am céanna. Ba i gcomhthéacs feidhmiúil, idé-eolaíoch a bhí an amhránaíocht ar an sean-nós á meas i measc sciar áirithe de phobal na hathbheochana, áit a raibh breithiúnas á dhéanamh ar oiriúnacht an cheoil nó ar a éifeachtaí is a chomhlíonann an ceol an aidhm a bhí leagtha amach dó. Tháinig sé seo salach ar an mbreithiúnas aeistéitiúil a bhíonn ag brath ar an gceol a bheith ag teacht leis an tuiscint atá i réim maidir leis an áilleacht.

De réir smaointeoireacht Adorno, tá an ceart ag gníomh nó ag earra ar bith a bheith ina ghníomh nó ina earra ealaíne, rud a fhágann go bhfuil an cumas ag an ealaín smacht a bheith aici ar a cinniúint féin.²² Léiríonn scéal na hamhránaíochta Gaeilge ó dheireadh an naoú céad déag gur théarma an ‘ealaín’ a ndearnadh ionramháil air de réir mar a d’éiligh coinníollacha cultúrtha na linne. ‘Songsters’ a tugadh ar amhránaithe na Gaeilge i mbailiúchán deireanach Bunting ina ndearnadh beag is fiú dá gcumas ceoil (i gcomórtas lena gcumas sa Ghaeilge) sa mhéid is gur ó chlárseoirí seachas ó na hamhránaithe féin a bhailigh Bunting foinn na n-amhrán. ‘Ealaín’, áfach, ab ea an amhránaíocht chéanna i gcomhthéacs an náisiúnachais chultúrtha leathchéad bliain ina dhiaidh sin. Ba don amhránaíocht Ghaeilge a chuala sé ag Feis Thuama in 1902 a bhí Edward Martyn ag tagairt nuair a d’áitigh, ‘It is obvious to any cultured person that the loss of such a native art as this would be a national calamity.’²³ Ní tada nua an feiniméan a fheictear anseo ina ndéantar bainistiú agus ina gcuirtear eagar ar an bpobal tuathánach, áit a dtagann siad faoi thionchar pobal a bhfuil cúlra soch-eacnamaíoch éagsúil acu. Foirm ealaíne ab ea amhránaíocht dhúchasach na Gaeilge anois mar thoradh ar éabhlóid chultúrtha arbh iad lucht an cheoil chlasaiceigh agus na meánaicme, cuid mhór, a spreag í. Más fíor gurbh ealaín an amhránaíocht ar an sean-nós faoi thús an fhichiú haois agus má chuirtear san áireamh ráiteas Merriam, ‘the aesthetic is a concept to denote something about the arts’²⁴ is mithid iniúchadh a dhéanamh ar amhránaíocht dhúchasach na Gaeilge go sainsiúil ó thaobh na haeistéitice de. Is anseo a mheabhraítear dúinn, áfach, an deacracht ar tharraing Merriam aird thuas uirthi, nach é gach seánra ceoil a

²² Adorno, *Aesthetic Theory*, 82.

²³ Edward Martyn, ‘Irish Singing at Tuam,’ *An Claidheamh Soluis*, 23 Lúnasa 1902, 408.

²⁴ Merriam, *The Anthropology of Music*, 260.

fhaigheann a cheart nuair a dhéantar breith de réir thuiscintí aeistéitice an Iarthair air. Mhíneodh an tuairim seo an easpa aitheantais a tugadh agus a laghad dul chun cinn a rinneadh maidir le teoiricí dúchais i leith aeistéitic na hamhránaíochta a fhorbairt i bhfianaise gur scoláirí agus cumadóirí a bhí faoi thionchar an cheoil chlasaiceigh is mó a bhí gníomhach in aon phlé ar amhránaíocht na Gaeilge.

Is beag fiúntas atá tagtha as na hiarrachtaí atá déanta an téarmaíocht shainiúil a bhaineann le ceol na hEorpa a chur i bhfeidhm i leith an tsean-nóis. Níl sé éasca, áfach, droim láimhe a thabhairt do theanga struchtúrtha na ceoleolaíochta a thugann oiread áirithe smachta don té atá ag iarraidh dul i ngleic le disciplín réasúnta teibí cosúil leis an aeistéitic. Ceann de na bearnaí is mó atá i léann an cheoil Ghaelaigh sa chéad leath den fhichiú haois ná an easpa aitheantais a tugadh d'amhránaithe iad féin mar fhoinsí eolais i leith an cheoil sin agus cur chuige inar tuigeadh amhráin na ndaoine mar aonaid théacsúla, liteartha amháin. Ba iad na hagallaimh a rinne mic léinn le Seosamh Ó hÉanaí agus é ag teagasc in Ollscoil Washington, Seattle in 1978 ar dtús, agus nuair a bhí sé ina amhránaí cónaitheach ansin ó 1982-1983 an chéad chnuasach suntasach eolais 'sa chéad phearsa' ó bhéal amhránaí ina bpléitear amhráin agus próiseas na hamhránaíochta go mion. Sonraítear fós i gceisteanna roinnt de na hallagóirí, áfach, an fonn a bhí orthu ord agus smacht a chur ar an eolas a bhí Ó hÉanaí ag roinnt leo nó an t-eolas sin a chur in oiriúint do na tuiscintí a bhí acu féin ar choincheap an cheoil. Easpa samhlaíochta, b'fhéidir, is cúis leis an tarraingt seo a bhíonn ag lucht taighde agus scoláirí ceoil amanta ar thuiscintí liteartha, físiúla i leith an cheoil, feiniméan sa cheol go ginearálta a bhfuil tarraingthe ag an gceoleolaí Bruno Deschênes air: 'Though this remains to be explicitly investigated it appears that only European societies have imposed visuality upon music.'²⁵ Cé go mbíodh brú ó am go chéile ar Sheosamh Ó hÉanaí dul i ngleic ar bhealach struchtúrtha le gnéithe teicniúla den amhránaíocht, ba chás leis a oidhreacht amhránaíochta a chur i láthair i mbealach leathan, oscailte a bhí níos dílse do thuiscintí dúchais ar an amhránaíocht sin, mar a thugann Steve Coleman le fios:

Asked formalist questions (such as "How do you know where to put grace notes in a song?"), Joe argued passionately and consistently for a radically different understanding of his tradition, in which musical form is only one aspect of a much wider act of *orientation*.²⁶

²⁵ Deschênes, Bruno. 'Toward an Anthropology of Music Listening,' *International Review of the Aesthetics and Sociology of Music* 29, uimh. 2 (1998): 145, faighte 15 Meitheamh 2015, doi:10.2307/3108385.

²⁶ Steve Coleman, 'Joe Heaney Meets the Academy,' *Irish Journal of Anthropology* 1 (1996): 70.

Mar a léiríonn an tuairim sin, caithfear dul i muinín fealsúnacht níos leithne, neamhspleách ar léann traidisiúnta an cheoil agus aitheantas a thabhairt don údarás cultúrtha atá ag lucht casta na n-amhrán, má táthar ag iarraidh léirmhíniú a dhéanamh ar an mbrí aeistéitiúil atá ag an amhránaíocht sin dóibh siúd a chleachtann é.

Ba mhaith an mhaise droim láimhe, nach mór, a thabhairt don amhránaíocht inti féin chun spléachadh a fháil ar a oscailte, scaoilte is atá allagar na n-amhránaithe leo féin i leith a gceirde. Is minic a smaoinítear ar an amhránaíocht agus a phléitear í díreach mar ghné amháin de thaithí saoil an amhránaí ina hiomláine. Mar shampla, is minic gur i dtéarmaí an bhaile agus an dúchais a thagann smaointeoireacht maidir le cúrsaí sean-nóis chun cinn i measc amhránaithe agus tá neart fianaise againn ar thábhacht na háite dúchais ina measc siúd a chasann na hamhráin agus iad siúd a bhfuil suim acu sna hamhráin. Dúirt Seosamh Ó hÉanaí féin, níos mó ná uair amháin, gurbh é ‘Amhrán Rinn Mhaoile’ an t-amhrán a b’fhearr leis. Ba as Rinn Mhaoile i dtuaisceart Chonamara a tháinig muintir Éinniú sular aistrigh siad ó dheas go Glinnsce i gceantar Charna. Ba ina dhiaidh sin a phós athair Sheosaimh Uí Éanaí isteach san Aird Thoir, áit ar rugadh Seosamh agus an chuid eile den chlann. Ba é ‘Amhrán Rinn Mhaoile’ an chéad amhrán a d’fhoghlaim Seosamh, a dúirt sé. Ba é an chéad cheann é a thug sé don bhailitheoir, Séamus Mac Aonghusa agus é i mbun saothair do Choimisiún Béaloideas Éireann, agus ba é an ceann deireanach é a dúirt sé go poiblí, go bhfios dúinn, ar Raidió na Gaeltachta, ar oíche chinn bhliana 1983, ceithre mhí sular bhásaigh sé.²⁷ Ba faoin teideal ‘Béal an Átha Buí’ a bhreac Séamus Mac Aonghusa an t-amhrán seo ó Sheosamh Ó hÉanaí ach bhí nóta curtha leis an tras-scríbhinn aige ag meabhrú gur ‘Amhrán Rinn Mhaoile’ a thugadh muintir Uí Éanaí ar an amhrán.²⁸ Tugtar ‘Tá na Coiligh ag Glaoch’ freisin air ach is cosúil go mba mhór acusan go bhfaigheadh an logainm féin aitheantas i dteideal an amhráin. Ní hé an oiread sin baint atá ag an amhrán le Rinn Mhaoile agus níl aon rian den mholadh áite air mar a bhíonn ar bhunáite na n-amhrán a mbíonn logainmneacha ina gcuid teideal. Is amhrán grá é cosúil le bunáite na n-amhrán i dtraidisiún an tsean-nóis. Ina dhiaidh sin féin, braitear go raibh tábhacht aeistéitiúil le ‘Amhrán Rinn Mhaoile’ i dtuairimíocht Uí Éanaí agus gur chuir sé an méid sin iúl gan plé a dhéanamh ar ghné ar bith den amhrán féin. D’fhéadfaí a áiteamh go raibh luach siombalach ag an amhrán a cheadaigh dó aitheantas a thabhairt dá oidhreacht agus dá dhúchas.

²⁷ Mac Con Iomaire, *Seosamh Ó hÉanaí*, 34-35.

²⁸ Cnuasach Bhéaloideas Éireann, iml. 1280: 363-64.

Más rud é gurbh é ‘Amhrán Rinn Mhaoile’ an t-amhrán a b’fhearr le Seosamh Ó hÉanaí, feictear gur dhiúltaigh sé do thuiscintí coinbhinsiúnacha ar an gceoleolaíocht chun an bhrí aeistéitiúil a bhí ag an amhrán sin, chomh fada is a bhain leis-sean, a chur in iúl. Bhí luachanna eile sa saol, neamhspleách ar chúrsaí amhránaíochta, mar shampla, a dhúchas agus a shinsear, le cur san áireamh agus é ag tabhairt a bhreithe ar an amhrán. Díol suntais gur i gcomhthéacs an dúchais go minic a thugann amhránaithe aitheantas do na hamhráin is tábhachtaí ina stór amhrán. Bhí sé sin le brath ar a raibh le rá ag Dara Bán Mac Donnchadha faoi ‘An Boinneán Buí’, amhrán a mheabhraigh, i measc cuimhní eile, buaicphointe a oidhreachta dó. Deir Máire Uí Chonaire go bhfuil ‘An Sceilpín Draighneach’ ar thús cadhnaíochta i measc na n-amhrán aici féin mar gur ceann mór de chuid a hathar a bhí ann agus go raibh sé i measc na gcéad chinn a d’fhoghlaim sí féin uaidh. Ní ar an amhrán mar shaothar ann féin a dhíríonn Pól Ó Ceannabháin ach an oiread sa mhéid a deir sé faoin amhrán is ansa leis:

An ceann is gaire do mo chroí ná ‘Máire Ní Taidhg Óig’. Luíonn sé sin díreach in íochtar mo chroí, mar a déarfá. Is é an ceann é is pearsanta dom ... is amhrán an-trom í. Tá ceangailt an-phearsanta agam léi, an bhfuil a fhios agat. ... Tá ‘Máire Ní Taidhg Óig’ speisialta don chlann. Bhí sí sa gclann riamh.²⁹

Cosúil leis an dúchas muinteartha a luaitear go hindíreach le ‘Amhrán Rinn Mhaoile’, is féidir a rá go bhfuil an léamh aeistéitiúil a dhéanann Pól Ó Ceannabháin ar ‘Máire Ní Taidhg Óig’ suite i ndioscúrsa níos leithne atá faoi réir ag cailteanas agus grá. Amhrán mór de chuid athair Phóil agus de chuid Mháire an Ghabha freisin a ba ‘Máire Ní Taidhg Óig’ agus is ceann de na chéad chinn é a d’fhoghlaim Pól óna athair. Is meabhrú ‘Máire Ní Taidhg Óig’ ar Mhicheál Mháire an Ghabha i mbarr a réime, ina steillbheatha. Tá an t-amhrán chomh ceangailte leis an mbás, áfach, is atá sé leis an mbeatha. Dar liom gurb é tionchar bhás a athar a thugann ar Phóil úsáid a bhaint as an aidiacht dhiúltach, ‘trom’, mar théarma critice i leith an amhráin. Tá téama an éagmais i scéal an amhráin féin sa chaidreamh idir an reacaire an bhean úd, Máire, agus is léir freisin an cailteanas pearsanta, bás a athar, a mheabhraíonn an t-amhrán do Phóil. Admhaíonn Pól gur beag atá ar eolas aige faoi scéal ná faoi fhonn an amhráin ach ina dhiaidh sin féin, déanann sé ráitis láidre, údarásacha faoi a chuireann ar thús cadhnaíochta é ina stór amhrán féin.

Bíodh is gur taobh istigh den teaghlach a fuair bunáite fhonnadóirí na nAirdeanna a gcuid amhrán mar is léir ó na samplaí thuas, ní fhágann sé nach mbíonn seachadadh

²⁹ Ó Ceannabháin, agallamh, 2014.

seachtheaghlach sa treis i gcás sciar den stór amhrán freisin. Is cuimhin le hEddie Bheairtle Ó Conghaile a athair, Beairtle Beag, ag teacht abhaile ón Oireachtas bliain amháin agus ‘An Poc ar Buille’ agus roinnt amhrán Muimhneach eile foghlamtha aige, cuir i gcás.³⁰ Bhí tionchar, mar sin, ag gluaiseacht oifigiúil caomhnaithe an tsean-nóis ar an athrú beag seo a thabhairt isteach i stór amhrán fhonnadóirí na nAirdeanna. Ba chúis iontais riamh é do Josie Sheáin Jeaic nach é leagan a athar féin den amhrán ‘Bean an Fhir Rua’ a ghlac Seán ’ac Dhonncha chuige féin. Ba ó athair Sheáin, Joe Pheaitsín Mac Donncha, a fuair Seán Jeaic Mac Donncha ‘Bean an Fhir Rua’ agus ba é an leagan céanna sin a bhí sa stór amhrán ag Johnny Sheáin Jeaic agus Josie Sheáin Jeaic araon. Anuas air sin, rinne Seán ’ac Dhonncha taifead gairmiúil de ‘An Clár Bog Déil’ agus ‘A Spailpín, a Rún’³¹ a n-áireofaí mar amhráin Mhuimhneacha iad. Is deacair a rá an fianaise na roghanna seo ar neamhspleáchas agus saoirse phearsanta an amhránaí nó an raibh an stór amhrán á mhúnlú ag timpeallachtaí sóisialta agus cultúrtha faoi leith. Ba é Seán ’ac Dhonncha an t-aon fhonnadóir aitheanta dá ghlúin féin as na hAirdeanna a raibh oideachas foirmeálta air, agus sílim dá réir, nach miste an litearthacht agus a ghairm mar oide scoile a chur san áireamh mar chúinsí a raibh tionchar acu ar an stór amhrán aige. Bhí Aindrias Ó Muimhneacháin ina theagascóir aige agus é ag freastal ar Choláiste Chaoimhín i mBaile Átha Cliath i ndeireadh na dtríochaidí agus tá an seans ann go raibh ról aigesean san éabhlóid a bhí ag teacht ar stór amhrán Sheáin. É sin ráite, is dóigh liom gurbh eisceacht an rogha áirithe seo a bhí déanta ag fonnadóir amháin i leith leagan a theaghlaiigh agus a dhúiche féin de cheann de na hamhráin a bhí aige. Ainneoin an taisteal a bhí déanta ag Seosamh Ó hÉanaí, mar shampla, agus na hamhráin a bhí cloiste agus tugtha leis aige fad an aistir sin, ba leis an gceann a bhí fréamhaithe ina óige agus ina dhúchas tíreolaíoch baile a luaigh sé an tábhacht ba mhó mar is léir óna tráchttaireacht ar ‘Amhrán Rinn Mhaoile’.

Éiríonn linn léargas éigin a fháil ar ghnéithe den aeistéitic dhúchais, mar sin, trí thráchttaireacht nach dtugtar an oiread sin aitheantais inti do na hamhráin mar aonaid cheoil nó mar aonaid shéimeantacha iontu féin. Tagann an léamh scaoilte seo ar na hamhráin salach ar an tuiscint a fhaightear in aeistéitic an Iarthair gurb é an píosa ceoil nó an t-amhrán díreach mar *fhuaim* a spreagann mothúcháin seachas an seasamh atá ag an bpíosa ceoil i gcomhthéacs ar leith. Déantar oibiachtíú ar an gceol i gcultúr an Iarthair, rud atá faoi réir, b’fhéidir, ag an tuiscint fhísiúil atá in uachtar i

³⁰ Eddie Bheairtle Ó Conghaile, agallamh le Róisín Nic Dhonncha, 10 Deireadh Fómhair 2005.

³¹ Tá an dá amhrán seo le cloisteáil ar an gceirnín, ‘An Aill Bhán’, Ceirníní Cladaigh, CC 9, 1972.

leith an cheoil sa chultúr sin cuid mhaith. Fágann an díchomhthéacsú seo go dtuigtear gur ag an bhfuaim amháin atá an cumas mothúcháin a stiúradh: ‘...we in Western culture, being able to abstract music and regard it as an objective entity, credit sound itself with the ability to move the emotions.’³² Ní miste a aithint go bhfuil oiread áirithe údaráis ag cumhacht na fuaime i stiúradh na mothúchán, cuir i gcás, luaitear go forleathan an mionghléas sa cheol le duairceas agus dobrón. Is léir óna bhfuil ráite ag na hamhránaithe thuas, áfach, gur de réir cúinsí eile, neamhspleách ar fhuaim an cheoil nó chomh maith le fuaim an cheoil, a thagann mothúcháin ar leith chun cinn chomh fada is a bhaineann le roinnt de na hamhráin sean-nóis. Is deacair freagra a thabhairt ar an gceist a tharraingíonn Merriam anuas, mar sin, ‘how can we distinguish the impact of the music sound from the impact of the associations?’³³ Meabhraíonn ceist dá leithéid an t-imeartas idir an ceol, na focail agus comhthéacs traidisiúnta na gabhála maidir le ‘Caoineadh na Páise’, cuir i gcás. Bhíodh ag teip ar Mháire an Ghabha Uí Cheannabháin an t-amhrán a thabhairt chun críche toisc go mbíodh a cuid mothúchán ag fáil an ceann is fearr uirthi. Fiú nuair a chasadh sí an t-amhrán ar ócáidí taobh amuigh de Sheachtain na Cásca, ba léir nár scar sí an t-amhrán ó chomhthéacs na fulaingthe, mar a d’aithin sise é, agus go raibh sí corraithe ar na hócáidí sin freisin agus í ag gabháil an amhráin. Ní fios dom cén bhrí aeistéitúil ná mothúcháinach a bhaineadh Máire an Ghabha ná a mac, Micheál, as an amhrán ‘Máire Ní Taidhg Óig’ ach shamhlóinn nárbh ionann é go baileach is an léamh a dhéanann Pól inniu air, a bhfuil an t-amhrán fréamhaithe aige i gcomhthéacs thar a bheith sainiúil agus pearsanta.

D’fhéadfaí a rá go dtugann an seasamh atá ag ceist an chomhthéacsa san aeistéitic dhúchais i leith na n-amhrán céim síos do cheann de na buntuisicintí ar an aeistéitic a d’fhorbair ón bprionsabal *l’art pour l’art* nó ‘ealaín ar son na healaíne’ a tháinig chun cinn i dtús an naoú céad déag. Chuir Kant freisin leis an argóint ar son neamhspleáchas na healaíne agus é ag déanamh forbairt ar an aeistéitic mar dhisciplín critice ann féin. Ar bhonn níos leithne, bhí an tuisicint seo i leith neamhspleáchas na healaíne ag bailiú nirt ó dheireadh an ochtú céad déag de réir mar a d’fhorbair agus mar a d’éirigh an tsochaí san Eoraip níos casta. Thosaigh daoine ag éirí níos coinsiasiaí faoin ról a bhí acu sa tsochaí, agus dá réir, bhí speisialtóireachtaí agus grúpaí éagsúla a raibh a luachanna agus a bpríhléidí féin ag gach ceann acu ag teacht chun cinn. I measc na heolaíochta, na polaitíochta agus gairmeacha eile

³² Merriam, *The Anthropology of Music*, 265.

³³ Ibid.

praiticiúla, b'éigean do lucht ealaíne a stádas féin a chosaint nuair a bhí béim á cur ar luach fónaíoch ghníomhartha an duine.³⁴ Aithnítear sa leagan seo d'fhealsúnacht na haeistéitice an neamhspleáchas atá ag an ealaín agus an cumas atá aici dlisteanú a dhéanamh uirthi féin. Mar a mheabhraíonn saothar Kant, níl feidhm mhorálta ná teagascach ag an ealaín ach is iad seo go díreach na tréithe a sheasann léi. Is gníomh dearfach é, dar le Gadamer, oibiachtú agus teibiú a dhéanamh ar shaothar ealaíne, droim láimhe a thabhairt don chomhthéacs agus do na feidhmeanna trínar tháinig ann don saothar. Caithfidh duine seasamh siar ón saothar nó spás a chur idir é féin agus an saothar chun gur féidir an saothar sin a mheas go haeistéitiúil. Ní chuireann an t-eispéireas aeistéitiúil san áireamh ach an saothar ina théarmaí féin: 'what it ignores are the extra-aesthetic elements that cling to it, such as purpose, function, the significance of its content.'³⁵ Ní thugtar aitheantas sa smaointeoireacht sin, áfach, don bhrí, más ann di, atá ag an ealaín. Scarann sí an ealaín ón duine agus ón tsochaí. Tá le sonrú tríd an tráchtairacht atá déanta ag roinnt de na hamhránaithe sean-nóis gur sa bhrí atá ag an amhránaíocht mar ghníomh atá fite fuaite le coinníollacha na beatha daonna a thagann ann don eispéireas aeistéitiúil dóibhsean.

Is deacair, mar sin, díchomhthéacsú a dhéanamh ar na hamhráin agus ar ghabháil na n-amhrán má tá fúinn an sean-nós a mheas de réir theoiric níos teoranta agus níos traidisiúnta na haeistéitice, is é sin, mar shaothair ealaíne iontu féin. Ní féidir gan ról an duine san ealaín a chur san áireamh, cuir i gcás, má ghlactar leis gur tríd an tionchar atá ag an saothar ealaíne ar an duine a thagann ann do luachanna aeistéitiúla na healaíne sin sa chéad áit mar a thugann Adorno le fios: 'the artwork exists only in relation to its observer or maker.'³⁶ Meabhraíonn tábhacht an duine aonair anseo an tsuibachtúlacht a dtráchtann Kant uirthi sa bhreith a thugann an duine ar an ealaín. Thabharfadh a bhfuil le rá ag Carl Dahlhaus faoin tsuibachtúlacht le fios go bhfuil loighic éigin i bparadacsa Kant, an tsuibachtúlacht uilíoch, sa téis a chuireann sé chun cinn nach bhfuil aon bhreithiúnas aeistéitiúil a dhéantar suibachtúil go hiomlán. Bíodh is go bhfuil údarás áirithe ag an tuiscint go bhfuil braistint an duine i leith na háilleachta indibhidiúil agus suibachtúil, níl coincheap na braistinte chomh teoranta sin, dar le Dahlhaus. Is comhthuiscint shóisialta í, cuid mhór, agus tá ról ag

³⁴ Iredell Jenkins, 'Art for Art's Sake.' In *Dictionary of the History of Ideas*, 2003-. Lgh. 108-111. Léite 11 Deireadh Fómhair 2018, <http://xtf.lib.virginia.edu/xtf/view?docId=DicHist/uvaBook/tei/DicHist1.xml;chunk.id=dv1-18;toc.depth=1;toc.id=dv1-18;brand=default;query=%22art%20for%20art%27s%20sake%22#1>

³⁵ Hans-Georg Gadamer, *Truth and Method* (London: Continuum, 2004), 74.

³⁶ Adorno, *Aesthetic Theory*, 13.

an réasún sa bhailíocht a dhéantar ar an mbraistint shuibiachtúil. Anuas air sin, i dtaca leis an gceol go sainiúil, bíonn tionchar ag eispéiris cheoil ón am atá caite ar bhreithiúnais shuibiachtúla an duine ach ní gá go mbeadh an duine coinsiasach de sin.³⁷ Tá tábhacht leis an bpointe deireanach sin i scéal an tsean-nóis go háirithe, toisc a lárnaí is atá tuiscintí i leith an traidisiúin agus na nuálaíochta sa dioscúrsa ar an amhránaíocht sin. Cuireann argóintí Dahlhaus casadh sa tuiscint atá againn ar an tsuibiachtúlacht sa tátal a tharraingíonn sé nach ann don bhreithiúnas atá suibiachtúil go hiomlán. Ní hamháin go bhfuil gné den oibiachtúlacht ag roinnt le gach breithiúnas suibiachtúil ach tá breithiúnais aeistéitiúla i dteideal a bheith faoi réir ag leibhéil áirithe oibiachtúlachta.³⁸

Má táthar ag iarraidh próifíl den aeistéitic dhúchais i leith an tsean-nóis a fhorbairt de réir tuiscint ina dtugtar tús áite do neamhspleáchas na healaíne, níor mhiste smaoinemh ar an amhrán féin mar shaothar, neamhspleách ar an láithriú agus ar na comhthéacsanna a bhíonn luaite leis an láithriú. An bhfuil aon bhrí ag na hamhráin beag beann ar na comhthéacsanna pearsanta lena luaitear iad de thoradh an láithrithe agus an tseachadta? Ní gá go mbeadh fiúntas fileata ná ceoil, cuir i gcás, san amhrán ‘Máire Ní Taidhg Óig’ i bhfianaise a ndeir Pól Ó Ceannabháin faoi. Is féidir a rá gur i dtéarmaí seach-cheoleolaíochta a bhronnann sé fiúntas aeistéitiúil ar an amhrán. Tá an léamh nó an léirmhíniú a dhéanann sé faoi réir ag cúinsí saoil faoi leith nach mbaineann ach leis-sean. Creidim, áfach, gur féidir tuairimí Dahlhaus maidir le tábhacht na hoibiachtúlachta a chur san áireamh agus an chritic i leith na n-amhrán á scagadh. Níl éagsúlacht chomh leathan sin i dtuairimíocht na n-amhránaithe i leith na n-amhrán agus sonraítear patrúin agus tuairimí comónta ina gcuid léirmheastóireachta, rud a thabharfadh le fios go mbíonn leibhéal éigin oibiachtúlachta sa treis freisin sa léirmheastóireacht sin. Is d’fhonn agus do scéal an amhráin is túsce a thugann amhránaithe aitheantas agus iad ag trácht ar na hamhráin féin neamhspleách ar an láithriú. Ní dhéanann Pól Ó Ceannabháin ach aon tagairt amháin do ‘Máire Ní Taidhg Óig’ ó thaobh na ceoleolaíochta de nuair a admhaíonn sé gurb é fonn an amhráin, mar aon le tacaíocht a athar, a spreag é an t-amhrán a fhoghlaim: ‘Caithfidh an fonn breith ort ar dtús – caithfidh sé sin breith ar do chluais.’³⁹ Is é an fonn an chéad ghné den amhrán a chuireann Bríd Ní Mhaoilchiaráin san áireamh agus í ag déanamh breithiúnais ar amhrán ar bith, is é sin

³⁷ Carl Dahlhaus, *Analysis and Value Judgment*, aistriú ag Siegmund Levarie (New York: Pendragon Press, 1983), 3-4.

³⁸ *Ibid.*, 6.

³⁹ Ó Ceannabháin, agallamh, 2014.

le rá, má thaitníonn an fonn léi, taitníonn an t-amhrán léi.⁴⁰ Tá mar a bheadh ionannú á dhéanamh idir fonn an amhráin agus an t-amhrán ina iomláine mar shaothar ar féidir breithiúnas aeistéitiúil a dhéanamh ina leith. Luann Bríd agus Josie Sheáin Jeaic tábhacht eile leis an bhfonn nuair a aithníonn siad gurb é an fonn an critéar is lárnaí san idirdhealú a dhéantar idir leaganacha de na hamhráin. ‘Is é an fonn an leagan’⁴¹ mar a chuir Josie é, rud a bheadh soiléir maidir le hamhráin cosúil le ‘Amhrán Mhuighinse’, ‘Bean an Fhir Rua’ agus ‘Úna Bhán’ i gcás fhonnadóirí na nAirdeanna a n-aithnítear go bhfuil foinn faoi leith acu leis na hamhráin sin le hais fonnadóirí as bailte fearainn eile sa pharóiste. Ní hé sin le rá, áfach, nach gcuirtear critéir eile cosúil le líon agus ord na véarsaí san áireamh freisin sa rangú a dhéantar idir leaganacha.

Is léir nach tráchtairacht struchtúrtha cheoleolaíoch atá i gceist chomh fada is a bhaineann le tuairimíocht na n-amhránaithe i leith fhoinn na n-amhrán. Cé gur luaigh Josie Sheáin Jeaic go mbíodh sé féin meallta ag foinn nach raibh ‘róshimplí’⁴², ní léir arbh é raon an fhoinn, leagan amach na nótaí, fad na bhfrásaí nó gné éigin eile den fonn a bhí i gceist aige agus é ag déanamh coincheapú ar an tsimplíocht. D’fhéadfaí an léamh a dhéanamh go bhfuil dúshlán ag baint leis an bhfonn nach bhfuil simplí, agus go mbíonn meas ar an dúshlán. Feictear an bhailíocht atá ag fealsúnachtaí aeistéitice eile sna tuairimí a chuir Dara Bán chun cinn maidir le foinn na n-amhrán. D’aontaigh sé liom nuair a d’áitigh mé go raibh roinnt d’fhoinn na n-amhrán sean-nóis réasúnta casta ach bhí bealaí éagsúla againn tagairt don chastacht sin:

R: ‘Is tadar deacair – sách deacair, cuid acu.’

DB: ‘Ó tá.’

R: ‘Tá go leor nótaí—’

DB: * ‘Ní fhaighim ciall ar bith nótaí in amhráin. Ní fhaighim ciall ar bith caint– caint ar nótaí. Nach minic a chonaic tú t’athair ag cur tobac sa bpíopa is é ag rá amhrán? An raibh nótaí i gceist aige sin? An raibh nótaí i gceist aige sin? D’fhéadfá rá nach raibh. Sin seafóid – nótaí...’

JSJ: ‘Déarfainn gurb ea.’

DB: ‘Sa sean-nós ar chuma ar bith.’

JSJ: ‘Hea?’

DB: ‘Sa sean-nós, sea.’⁴³

Is diúltú atá sa chaint sin roimh cheann do bhunchoincheapa cheoleolaíocht na hEorpa .i. nótaí ceoil, amhail is gur bac na nótaí agus duine i mbun foinn chomh fada

⁴⁰ Ní Mhaoilchiaráin, agallamh, 2004.

⁴¹ Mac Donncha, agallamh, 2004.

⁴² Ibid.

⁴³ Mac Donnchadha, agallamh, 2005. *Ba ar Johnny Sheáin Jeaic Mac Donncha a dhírigh Dara Bán an chuid seo dá chuid cainte.

is a bhaineann leis an sean-nós. Shamhlóinn gur i dtéarmaí an cheoil scríofa nó na cliathnodaireachta a bhí Dara Bán ag smaoineamh maidir le nótaí sa chás seo agus nár aithin sé go raibh bailíocht ag nótaí mar fhuaimneanna freisin seachas díreach mar chomharthaí a bhí le próiseáil trí mheán an amhairc. Mar is léir óna thagairt do Sheán Jeaic Mac Donncha, fianaise ar fheabhas an amhránaí ab ea é go raibh sé in ann a bheith i mbun foinn agus gníomh éigin eile ag an am céanna, is é sin le rá, nach raibh dua ná iarracht ag baint le gabháil amhráin don té a bhí maith, mar a tuigeadh dósan.

Is díol suime gur tharraing Seosamh Ó hÉanaí freisin aird ar choincheap na nótaí i bhfoinn an tsean-nóis agus go raibh sé ina chnámh spairne aige. Tá le tuiscint óna ndúirt sé faoin ábhar sin go bhfuil bua nó saoirse éigin i bhfoinn an tsean-nóis atá ceilte ar cheolta a chuirtear in iúl go liteartha:

“Bhí sé an-deacair ormsa amhráin na scoile a fhoghlaim mar bhí an sean-nós i mo chloigeann i gcónaí agus is iomdha *slap* a fuair mé, mar tá an-difríocht idir bealach na scoile agus bealach an bhaile. Bealach na scoile a thugadh muid ar na hamhráin a mbíodh nótaí curtha leo, an chaoi a raibh siad á rá sa scoil. Ní féidir nótaí seanamhráin a scríobh. Ní féidir é a rá an bealach céanna an dara huair. Níl aon *set pattern* ann, an dtuigeann tú! Déarfaidh tú amhrán an uair seo; déarfaidh tú an t-amhrán céanna faoi cheann chúig nóiméad fhichead, agus déarfaidh tú ar bhealach eile é, ach b’fhéidir níos fearr nó níos measa. Cuirfidh tú na castaíochas isteach in áit áithrid an chéad uair, agus isteach in áit eile an dara huair. [In] amhráin na scoile, bíonn na nótaí ar an mbealach céanna i gcónaí.”⁴⁴

Is céim síos atá anseo arís do ról an amhairc san amhránaíocht ar an sean-nós agus tugann an t-ionannú a dhéanann sé idir ‘nótaí’ agus ‘bealach na scoile’ le fios go bhfuil iarracht, smacht agus foghlaim níos comhfhiosaí i gceist le ceolta scríofa ar tréithe iad nach n-áireofaí mar chuid de sheachadadh traidisiúnta an tsean-nóis. Go deimhin, mar a tuigeadh do Sheosamh Ó hÉanaí é, chuaigh fealsúnacht amhráin na scoile, a bhain le struchtúr Stát-bhunaithe agus leis an saol oifigiúil, poiblí glan in aghaidh chleachtas an tsean-nóis a cothaíodh i spásanna níos príobháidí an bhaile agus an teaghlaigh.⁴⁵ Feidhmíonn coincheap an fhoinn sna hamhráin sean-nóis mar chritéar a phróiseáil go haeistéitiúil ann féin, mar sin, mar aon le tréith ar féidir leis sainiú a dhéanamh ar an sean-nós mar sheánra. Dearbhaíonn an léamh siombalach a dhéanann amhránaithe ar an bhfoinn an stádas atá ag an sean-nós mar ealaín láithrithe nach féidir léirmhíniú a dhéanamh uirthi ach trí mheán na héisteachta.

⁴⁴ Douglas Sealy, ‘Dílís dá Dhúchas,’ *Soundpost* (December 1982-January 1983), 24.

⁴⁵ Is léir go raibh an cúram a dhéantaí den cheol Gaelach sa seomra ranga ag brath ar an múinteoir aonair seachas ar an gcuraclam oifigiúil. Ní miste a lua go raibh ardmheas ag Seosamh Ó hÉanaí ar na múinteoirí a bhí aige féin agus é ag freastal ar an mbunscoil, Scoil na hAirde. Ba iad sin Seán Ó Conchúir as Contae Mhaigh Eo agus a bhean chéile, Bríd Ní Fhlatharta as an gCeathrú Rua i gConamara. Tá cuntas i dtaobh na beirte in Mac Con Iomaire, *Seosamh Ó hÉanaí*, 57-9 agus 61.

Bíodh is go dtugann fonnadóirí aitheantas d'fhoinn na n-amhrán i gcomhthéacs na haeistéitice, thabharfadh an bhéim a leagann siad ar scéal an amhráin le fios gurb é sin an critéar atá ar thús cadhnaíochta san aeistéitic dhúchais i leith an tsean-nóis. Ní cúis iontais, dar liom, gur comhdhearcadh i measc amhránaithe an fiúntas aeistéitiúil a luaitear le scéal nó údar an amhráin. Cuireann Dara Bán fiú gné an fhoinn den amhrán ar neamhní ar fad nuair a chuireann sé i gcomparáid le tábhacht scéal an amhráin í: 'Ní theastaíonn fonn ar bith uait má tá tú sórt in ann caoi ar bith a chur ar an amhrán – ar an scéal atá leis an amhrán.'⁴⁶ D'áitigh Josie Sheáin Jeaic gur 'fonn, filíocht agus scéal maith'⁴⁷ a bhí sna hamhráin a b'fhearr leis féin agus deir Bríd Ní Mhaoilchiaráin gur mó a meas ar an amhrán má tá 'scéal maith'⁴⁸ leis freisin. Is i bhfoirm thagrach, is í sin an teanga, a chuirtear na gnéithe séimeantacha atá ag an amhrán in iúl. Tá sé níos éasca coincheap an scéil a phlé ná mar atá sé feiniméan neamhthagrach cosúil leis an bhfonn. Is minic a thugann amhránaithe achoimre de scéal an amhráin dá lucht éisteachta sula gcasann siad an t-amhrán – cleachtas atá tar éis éirí níos coitianta mar gheall ar an méadú ar líon na suíomhanna neamhthraidisúnta ina gcuirtear an sean-nós i láthair inniu. Bíodh is go bhfágann an tráchtairacht seo go bhfuil amhránaithe ag dul i ngleic lena gceird ar bhonn struchtúrtha dioscúrsa, ní chreidim gurb é an oiread sin eolais a thugann meon na n-amhránaithe i leith an scéil ar cheist na haeistéitice ar an iomlán.

Insíonn stair chultúrtha an fhichiú haois dúinn gur cleachtas an amhránaíocht ar an sean-nós a bhí srathraithe ag luachanna idé-eolaíocha na féiniúlachta agus an náisiúnachais chultúrtha toisc gur trí mheán na Gaeilge a bhí sí á saothrú agus go raibh an Ghaeilge ar an gcomhartha sóirt ba chumhachtaí trínar aithníodh an fhéiniúlacht ag an am. Tá mé den tuairim go bpróiseáltar scéal an amhráin go minic mar chuid d'oidhreacht na teanga agus go bhfágann an ceangal leis an teanga nach gceistítear fiúntas an scéil ann féin. Níor chuala mé aon duine fós ag fáil locht ar scéal amhráin, cuir i gcás. Fágann an caidreamh idir scéal an amhráin agus an Ghaeilge mar mhionteanga, agus teanga atá faoi bhagairt le cuimhne na ndaoine, nach mbeadh fáilte roimh chritic atá diúltach i leith scéalta na n-amhrán. Tá gné an scéil sna hamhráin íogair agus tá drogall ann baint de. Meabhraíonn Gaeilge na n-amhrán sean-nóis, a bhaineann den chuid is mó leis an tréimhse 1700-1900, ré órga sa teanga agus d'fhéadfadh go bhfuil idéalú déanta uirthi dá réir. Ní baileach gurb í

⁴⁶ Mac Donnchadha, agallamh, 2005.

⁴⁷ Mac Donncha, agallamh, 2004.

⁴⁸ Ní Mhaoilchiaráin, agallamh, 2004.

gnáthchaint na ndaoine a bhíonn i bhformhór na n-amhrán sean-nóis. Tá an teanga suite áit éigin idir Gaeilge na coitiantachta agus stíl níos saothraithe. Ní hionann sin is a rá go bhfuil an teanga sin curtha amú ar lucht casta ná éisteachta na n-amhrán, áfach. Bhí sé aitheanta riamh go raibh tuiscint ar theanga, ar scéal agus ar bhrí an amhráin ar na riachtanais is bunúsaí a bhí le comhlíonadh ag amhránaithe. Nuair a chuimhnítear ar an bpróiseas claochlaithe teanga atá faoi lántseoil ó thaobh na Gaeilge ó lár na haoise seo caite go háirithe, go mórmhór sa Ghaeltacht, fágтар go bhfuil foclóir, struchtúir ghramadaí agus gnéithe eile de theanga na n-amhrán tar éis éirí stairiúil. Tá téarmaíocht a bhaineann leis an saol níos traidisiúnta le fáil sna hamhráin nach bhfuil ábhartha go praiticiúil sa lá atá inniu ann nó frásaí sa mhodh foshuiteach nó foirmeacha casta ginideacha, mar shampla, nach bhfuil le cloisteáil sa chaint bheo ar bhonn rialta inniu.

Chloistí do leor den fhoclóir agus de na struchtúir theanga sna hamhráin i ngnáthchaint na ndaoine tráth ach is sainteanga anois í nach mbaineann ach leis an bhfilíocht, an ealaín nó leis an traidisiún béil. D'fhéadfaí a rá go bhfuil díláithriú déanta ar theanga na n-amhrán sa ré chomhaimseartha. Tugann sé seo ar dhaoine saibhreas agus fiúntas ealaíne a lua le Gaeilge na n-amhrán agus ag an am céanna, a bheith cáinteach faoin nGaeilge chomhaimseartha. D'fhéadfaí a rá go bhfuil speisialtóireacht, dá bhrí sin, ag baint le teanga na n-amhrán. Anuas air sin, mar gheall ar an athrú atá tagtha ar mhodhanna seachadta na n-amhrán, is é sin, an leas níos mó atá á bhaint as an tsúil agus as foirmeacha scríofa na n-amhrán seachas as an gcluais amháin, tá an baol ann go bhfuil focail sna hamhráin nach bhfuil á bhfuaimniú go sásúil de réir na canúna mar nach mbíonn siad le cloisteáil ar bhonn rialta acu siúd atá ag iarraidh na hamhráin a shealbhú. Creidim go mbíonn sé deacair ar amhránaithe áirithe a bheith muiníneach maidir le brí agus foghraíocht na bhfocal. Áirítear téacsanna amhrán anois ní díreach mar ionadaíocht liteartha ar na hamhráin féin ach is féidir leas a bhaint astu mar mheán teagaisc le cur leis an stór focal Gaeilge nó mar bhealach chun an dea-thréith a dtugtar 'saibhreas teanga' uirthi a thabhairt don fhoghlaimeoir.

Go deimhin, tá an chuma air go mbraitheann amhránaithe go bhfuil na hamhráin sean-nóis, nuair a smaoinítear orthu mar earraí agus mar shiombailí den chultúr dúchais nó neamhspleách ar an láithriú, go bhfuil siad gan cháim. Is é an raon teoranta téamaí a fhaightear sna hamhráin, áfach, mar aon leis na cosúlachtaí atá idir na bealaí a gcuirtear na téamaí sin i láthair a thugann orm féin an dílseacht as cuimse

do scéal an amhráin mar chritéar aeistéitiúil a cheistiú. Aithnítear gurb é an grá rómánsúil an téama is treise sna hamhráin sean-nóis agus is féidir formhór stór amhrán comhaimseartha na nAirdeanna a chur sa rangú seo. Foilsiú agus admháil an ghrá is mó a fhaightear in ‘Úna Bhán’, ‘Róisín Dubh’ agus in ‘Amhrán Rinn Mhaoile’, cuir i gcás. Is é an grá éagmaise nó an grá neamhcheadaithe a luaitear le ‘An Cumann Gearr’, ‘An Caisideach Bán’, ‘Coinleach Glas an Fómhair’ agus ‘Bean an Fhir Rua’. Is cuma admháil nó éagmais i gceist, fulaingt agus crá croí is ea an grá mar a léirítear sna hamhráin é, agus is minice gur mó d’údar caointe ná ceiliúrtha é. Ag leibhéal an phlota agus na teanga, mar sin, tá go leor de scéalta na n-amhrán cosúil le chéile. Tagtar go minic ar na focail ‘grá’, ‘bás’, ‘crá’, ‘faigh’, ‘rá’, mar shampla, dlúite le chéile taobh istigh de chúpla líne, rud a fheileann don chluais éisteachta. Faightear an teanga mheafarach chéanna i riar de na hamhráin ina dtagraítear do mhóitífeanna agus do shiombailí a bhaineann leis an timpeallacht nádúrtha, gné den amhránaíocht dhúchasach a bhfuil cíoradh suntasach déanta ag Seán Ó Tuama uirthi i gcomhthéacs an *amour courtois* a d’fhág rian ar éabhlóid na n-amhrán sa Ghaeilge. Is ó na meánaoiseanna faoi thionchar na Fraincise a tháinig an coincheapú a dhéantar ar an ngrá rómánsúil chun cinn in amhráin na Gaeilge má ghéilltear do thaighde Uí Thuama. An amhráin Eorpacha nó Ghaelacha iad? An mbaineann siad le dúchas nó le hiasacht? Tá imeacht aimsire agus an tsamhlaíocht araon le cur san áireamh agus an dúchas á thomhais, mar sin.

Níl sé neamhchoitianta línte iomlána ná fiú roinnt de na véarsaí céanna a fheiceáil ag teacht trasna ar a chéile in amhráin éagsúla. Más gné éigin den scéal atá chun tosaigh sna tuiscintí aeistéitiúla i leith na n-amhrán, mar sin, ní féidir a rá gurb í bunúlacht ná úire an scéil a bhronnann an chumhacht sin air, dar liom. Ní miste a lua nach í gné na hinsinte is mó a bhíonn chun cinn i scéal an amhráin sean-nóis sa chéad áit ar aon nós: foilsiú agus admháil ar an ngrá, mar aon le léiriú dian, drámatúil ar na mothúcháin is minice a bhíonn sna hamhráin nó mar a thugann Hugh Shields le fios, ‘a story is somehow implied without being expressed’.⁴⁹ Ní fhaightear an tsraith eachtraí agus gníomhartha a bhfuil an t-ord agus an loighic léi a luaitear go coitianta leis na bailéid. Ní gá go mbeadh na véarsaí, i gcás amhrán áirithe, in ord faoi leith ar chor ar bith toisc nach é an oiread sin tionchair a bhíonn ag an ord sin ar ghluaiseacht ná leanúnachas an phlota, chomh fada is aithnítear go mbíonn plota sna scéalta. Bíonn stádas áirithe ag véarsaí tosaithe agus deiridh an amhráin toisc go dtugann siad

⁴⁹ Hugh Shields, *Narrative Singing in Ireland: Lays, Ballads, Come-All-Yes and Other Songs* (Dublin: Irish Academic Press, 1993), 58.

aontacht don amhrán agus go stiúirann siad an lucht éisteachta isteach sa láithriú féin agus amach arís as. Tríd is tríd, áfach, is léiriú ar staid intinne phríobháideach an reacaire cuid mhaith de na véarsaí agus is minic a bhíonn siad neamhspleách ar ‘imeachtaí’ an scéil.⁵⁰ Is léir go bhfuil cruthaitheacht áirithe ag teastáil ón té atá ag iarraidh léirmhíniú a dhéanamh ar an aonad cumarsáide arb é scéal an amhráin é tharla go bhfuil doiléire agus bearnaí san eolas atá ar fáil i dtaobh an scéil sin. Is féidir a rá go spreagann sé seo tuairimíocht shuibiachtúil agus meabhraíonn gur minic i bpáirt le chéile an ealaín agus an tsamhlaíocht. Anuas air sin, is rud fiúntach an tsamhlaíocht inti féin toisc gur féidir le rud ar bith tarlú inti.⁵¹

Freagraíonn an léirmhíniú scaoilte, samhlaíoch, mar sin, a dhéantar ar bhrí na n-amhrán d’easpa smachta an duine ar aon saothar ealaíne trí chéile, ar ceann de bhunphrionsabail theoiric na haeistéitice é ar an gcéad dul síos. Tagann an tuiscint agus an taitneamh salach ar a chéile, dar le Adorno, agus an bhraistint aeistéitiúil i leith saothar ealaíne ag forbairt: ‘Actually, the more they are understood, the less they are enjoyed.’⁵² Ní hamháin gur dúshlán an bhraistint aeistéitiúil a chur in iúl go briathartha nó de réir thuiscintí an Iarthair ar an aeistéitic, b’fhéidir nach leas na healaíne ar chor ar bith é an faisean a bhíonn ag an duine daonna míniú a bhualadh anuas ar gach eispéireas a bhaineann dó. Dá laghad smachta dá bhfuil ag an duine ar an ealaín is ea is láidre an bhraistint aeistéitiúil i leith na healaíne sin:

Just as in music what is beautiful flashes up in nature only to disappear the instant one tries to grasp it. ... This dominates not only the aporia of natural beauty but the aporia of aesthetics as a whole. Its object is determined negatively, as indeterminable. It is for this reason that art requires philosophy, which interprets it in order to say what it is unable to say, whereas art is only able to say it by not saying it.⁵³

Bhí an doiléire ag roinnt leis an gceol Gaelach riamh anall dá dtabharfaí chun cuimhne ráiteas iomráiteach Giraldus Cambrensis (c.1146-c.1223) ón dara haois déag i dtaobh cheoltóirí na hÉireann: ‘the perfection of their art appears in the concealment of it.’⁵⁴ Más rud é nár éirigh le Cambrensis greim a fháil ar an gceol Gaelach, ba é sin go díreach a mheabhraigh fiúntas an cheoil sin dó. D’fhéadfaí a rá gur imeartas cumhachta a bhíonn sa chaidreamh idir an ealaín agus an duine,

⁵⁰ Cé gurb í mo thuairim gur féidir a bheith scaoilte maidir le hord na véarsaí in amhráin áirithe gan cur isteach ar chomhtháiteacht an scéil, creidim go sáródh an ionramháil sin teorainneacha na cruthaitheachta agus an chruinnis mar a aithnítear go heimiciúil iad.

⁵¹ Thomas Turino, *Music as Social Life: The Politics of Participation* (Chicago: University of Chicago Press, 2008), 8.

⁵² Adorno, *Aesthetic Theory*, 15.

⁵³ *Ibid.*, 94.

⁵⁴ Thomas Wright, ead., *The Historical Works of Giraldus Cambrensis* (London: George Bell and Sons, 1905), 126.

coimhlint a thagann sa treis go mórmhór i dtaca leis na healaíona láithrithe atá gearrshaolach agus athraitheach ar aon nós.

Ní réitíonn eisprisean láithrithe an amhránaí sean-nóis, atá faoi réir ag an tsaoirse agus ag an tobchumadh, mar sin, le haon chóras foirmiúlaíoch, intuartha ceoil a chuideodh oibiachtú a dhéanamh ar láithriú an cheoil sin. Is foirm chruthaitheach inti féin meititheanga na critice a bhíonn in úsáid ag amhránaithe i bhfianaise nach i dtéarmaí coinbhinsiúnacha ceoleolaíocha a chuirtear an chritic sin in iúl. Coincheap lárnach i smaointeoireacht dúchais aeistéitiúil i leith an tsean-nóis is ea an nádúr, cuir i gcás. Ní comhtharlúint é seo, creidim, i bhfianaise an chaidrimh atá idir an nádúr agus an ealaín i bhfealsúnacht níos leithne na haeistéitice ar an gcéad dul síos. Aithnítear gurb í fealsúnacht na healaíne mar aon leis an eispéireas aeistéitiúil a bhaineann le feiniméin nach ealaín iad, an dá mhór-réimse i léann na haeistéitice: ‘evaluative aesthetic judgements are properly applicable to both art and nature.’⁵⁵ Is feiniméin de chuid an nádúir iad siúd nach ealaín iad toisc go bhfuil siad neamhspleách ar an daonnacht. Cé gurb ann do bhraistintí aeistéitiúla i leith an dá réimse araon – an ealaín agus an nádúr, is go frithchiallach a sheasann siad i gcoibhneas le chéile mar choincheapa, mar a thugann Adorno le fios: ‘Wholly artifactual, the artwork seems to be the opposite of what is not made, nature.’⁵⁶ Mar choincheapa frithchiallacha, áfach, tagraíonn ceann don cheann eile, agus dá réir sin, is gá áilleacht an nádúir a chur san áireamh agus coincheapú á dhéanamh ar áilleacht na healaíne agus *vice versa*: ‘... reflection on natural beauty is irrevocably requisite to the theory of art.’⁵⁷ Tá de dhifríocht idir aeistéitic an nádúir agus aeistéitic na healaíne, áfach, gur go dearfach a ghlactar lena bhfuil sa nádúr ach go bhfuil aeistéitic na healaíne in ann a bheith criticiúil sa mhéid is gur féidir breith dhiúltach a thabhairt ar an ealaín. Is i dtéarmaí normatacha, idéalacha fiú, a phróiseálann an duine daonna an nádúr, rud a chuireann céim chun cinn ar an ealaín é: ‘The natural order is the established, trusted one safeguarded by tradition and custom, and as such has become indispensable as a point of orientation.’⁵⁸ Is é an nádúr an domhan neamhshaothraithe, an domhan nach bhfuil ladar sáite ag an duine ann seachas an táirge daonna arb í an ealaín í.

⁵⁵ Malcolm Budd, *Aesthetic Essays* (New York: Oxford University Press, 2008), 3.

⁵⁶ Adorno, *Aesthetic Theory*, 81.

⁵⁷ Ibid.

⁵⁸ Dieter Birnbacher, *Naturalness: Is the ‘Natural’ preferable to the ‘Artificial’*, aistriú ag David Carus (Maryland: University Press of America, 2014), 29.

Tá ionannú déanta sa tsochaí idir an nádúr agus an rud atá so-aitheanta, follasach ann féin agus normálta. Ar an dul céanna i gcás na n-ealaíon go háirithe, tagann malairt an nádúir i gceist. Bíonn an rud atá mínádúrtha saorga, saothraithe agus bréagach. Is coincheap an nádúr a bhfuil luach dearfach aige go traidisiúnta sa tsochaí, mar sin, agus a mheabhraíonn íomhánna dearfacha eile cosúil leis an neamhspleáchas, an fhírinne, an tsaoirse agus an spontáineacht. Tá tionscal na dtaifead tráchtála ó thaobh an tsean-nóis de ar cheann de na comhthéacsanna ina mbraitear ar bhealach follasach go bhfuil iarracht ar chomhtháthú á déanamh idir an nádúr agus an ealaín. Is é Gael Linn an eagraíocht is túisce a rinne cúram de thaifid ghairmiúla den sean-nós in Éirinn trí na ceirníní a chuir siad amach i ndeireadh na gcaogaidí. Ó shin i leith, bhí ról ag comhlachtaí foilsitheoireachta eile, cuid acu lonnaithe sna bailte móra, cosúil le Shanachie Records agus Ceirníní Cladaigh, in éabhlóid an tsean-nóis ar na margaid tráchtála. Tháinig borradh suntasach faoi líon na dtaifead fuaimne den amhránaíocht ar an sean-nós nuair a bunaíodh Cló Iar-Chonnacht i 1985. Mar chomhlacht a lonnainn sa Ghaeltacht agus a bhí faoi stiúir bheirt fhear Ghaeltachta a raibh aithne phearsanta acu ar roinnt d'amhránaithe sean-nóis na linne, is mór an tionchar a bhí acu agus iad ag spreagadh amhránaithe ráiteas poiblí a dhéanamh faoina n-údarás cultúrtha féin agus proifisiúnú a dhéanamh ar cheird an tsean-nóis.

Tugann spleáchadh ar chládaí na gceirníní agus na gcaiséad a rinneadh, idir théacs agus íomhá, leide maidir lena thábhachtaí is a bhí sé an fhéiniúlacht chultúrtha áitiúil a thabhairt slán i margadh tionsclaíoch domhanda. Is ar choincheap an nádúir a tarraingíodh chuige sin. Is é an dúchas tíreolaíoch agus gnéithe aitheanta den topagrafaíocht áitiúil, mar shampla, a fhaigheann tús áite san ionadaíocht fhísiúil a dhéantar ar oidhreacht an tsean-nóis i gcuid mhaith caiséad ó thréimhse bhisiúil na nochtóidí san earnáil sin. Is leide é maidir leis an seasamh agus an fiúntas atá ag an nádúr i bhfealsúnacht cheoil an amhránaí féin. Ba sa tréimhse seo a chuir roinnt mhaith d'amhránaithe Charna a gcéad taifead gairmiúil amach. Próifíl de logainmneacha agus d'íomhánna suntasacha a bhaineann le ceantar Charna is ea an t-ábhar tacaíochta ar pháipéar a thagann leis na caiséid agus na ceirníní sin. Áirím ina measc 'An Aill Bhán' (1972) le Seán 'ac Dhonncha, 'Bruach na Beirtrí' (1986) le Johnny Mháirtín Learaí Mac Donnchadha, 'Ó na Sceirdí Aniar' (1987) le Josie Sheáin Jeaic Mac Donncha agus 'Cruach na Caoile' (1988) le Mícheál Mháire an

Ghabha Ó Ceanabháin agus a iníon, Caitríona.⁵⁹ Tá brí ag an áit dúchais i saol an amhránaí tharla gur spás seachadta agus oiliúna an áit sin ó thaobh an tsean-nóis de. Ar an dul céanna, fágann an leas a bhaintear as coincheapa agus íomhánna ón timpeallacht nádúrtha go samhlaítear go seachtrach ar an margadh tráchtála gur samplaí bailí, barántúla den sean-nós an amhránaíocht atá ar na taifid.⁶⁰

Tá na téarmaí féin, ‘nádúr’ agus ‘nádúrtha’, lárnach go socheolaíoch agus go cultúrtha sa chritic a dhéantar ar láithriú na n-amhrán. Is coincheapa iad a mbaintear feidhm astu agus idirdhealú géarchúiseach á dhéanamh i dtaca le feabhas na fonnadóireachta i measc amhránaithe éagsúla. Bíonn bailíocht ag láithriú sean-nóis de réir na haeistéitice dúchais más féidir a rá go bhfuil an láithriú sin ‘nádúrtha’. Caithfidh an sean-nós ‘a bheith sa nádúr’⁶¹ ag an duine, a bhí áitithe ag Dara Bán agus Johnny Sheáin Jeaic araon. Is cáilíocht é seo a shantaítear i gceolta eile freisin gan dabht. Thabharfadh an t-idéalú a dhéantar ar an nádúr in aeistéitic na healaíne le fios go mbíonn an mhian ann an nádúr a nascadh leis an ngníomh daonna nó go mbronnann an nádúr breis fiúntais ar an ngníomh sin. Is í dínit an nádúir go ndiúltaíonn sé don daonnú, dar le Adorno.⁶² Baineann an ngníomh daonna leis an tsibhialtacht – nach bhfuil sásúil. Os a choinne sin, áfach, fágann an bhéim a leagtar ar an nádúr san ealaín go bhfuil ísliú céime á thabhairt do ról na daonnachta i bhforbairt na healaíne sin. Tá tionchar an duine á chur faoi chois ag an duine féin. Is minic a deirtear go meafrach faoin sean-nós go mbíonn sé sa mhianach, sa chroí nó san fhuil ag duine freisin, amhail is gur aonán bitheolaíoch, orgánach é atá ar marthain i gcolainn an duine. Bíonn an tuiscint i réim i leith an nádúir go raibh sé ann riamh seachas gur tháinig ann dó ag am faoi leith, i gcúinsí faoi leith, rud a mheabhraíonn arís nach saothraítear an rud atá nádúrtha. Is de réir an léamha seo, sílim, is féidir meabhair a bhaint as a raibh le rá ag Dara Bán maidir le foghlaim

⁵⁹ Tá tábhacht na logainmneacha áitiúla aitheanta ag amhránaithe as Gaeltachtaí eile freisin ar ndóigh, mar shampla, ar na caiséid ‘Toraigh Ó Thuaidh’ (CIC023,1989) le hÉamann Mac Ruairí, ‘Up Cuas’ (CIC015, 1990) le Mairéad Mhic Dhonncha agus ar an dlúthdhiosca ‘Rinn na nGael’ (CICD104, 1994) le Nioclás Tóibín.

⁶⁰ Susan Motherway, ‘Mediated Music? The Impact of Recording on Irish Traditional Song Performance,’ in Thérèse Smith, ead. *Ancestral Imprints: Histories of Irish Traditional Music and Dance* (Corcaigh: Cork University Press, 2012), 175. Níl an dlíseacht i leith an dúchais ná na timpeallachta áitiúla nádúrtha chomh tréan i dtionscal na dtaifead sa lá atá inniu ann i gcomparáid leis na hochtóidí agus na nóchaidí. Cuireann taifid thráchtála an lae inniu an deis ar fáil d’amhránaithe iad féin a fhuascailt ó ualach an traidisiúin, agus ionramháil nach nglacfaí chomh héasca céanna i suíomh beo léi a dhéanamh ar láithriú na n-amhrán. Sampla amháin den láithriú neamhtraidisiúnta sin is ea ‘Amhrán Mhuighinse’ mar a chasann Nan Tom Taimín de Búrca as Ruisín na Maithníoch é le tionlacan dos doird ar an dlúthdhiosca ‘Traditional Songs from Connemara.’ (CICD149, 2001).

⁶¹ Mac Donnchadha, agallamh, 2005.

⁶² Adorno, *Aesthetic Theory*, 96.

fhoinn na n-amhrán. Bhí cur síos loighciúil déanta aige ar an gcaoi ar phioc sé suas focail na n-amhrán agus é ag éirí aníos ach ní ag an leibhéal iarbhir céanna a thrácht sé ar shealbhú na bhfonn:

RND: Agus an fonn freisin?

DB: Bhí an fonn agam fhéin.

RND: Bhí an fonn agat fhéin?

DB: Bhí an fonn agam fhéin – ní féidir é sin a fhoghlaim.⁶³

Cuirtear ar neamhní, sa ráiteas deireanach sin, coincheap an tseachadta chomh fada is a bhaineann leis an bhfonn agus is geall le léiriú é ar easpa smachta nó rannpháirtíochta an duine ina chinniúint cheoil féin.

Creidim go bhfuil tábhacht faoi leith ag an tuiscint sin ina dtugtar céim síos don chomhfhios agus fiú don smacht agus don réasún daonna san aeistéitic a bhaineann leis an amhránaíocht ar an sean-nós. Cuireann Dahlhaus an comhfhios agus an neamh-chomhfhios araon san áireamh agus é ag tabhairt míniú ar an mbrí a bhíonn ag an gceol trí chéile don duine: ‘The contents of meaningful music is ... the significance of it for the consciousness and unconsciousness of man.’⁶⁴ D’fhéadfaí a rá gur mó béime a chuireann amhránaithe ar choincheapa a bhaineann leis an gcolainn, mar atá luaite thuas, seachas ar an ról a bhíonn ag intinn agus intleacht an amhránaí i láithriú na n-amhrán. Tá an nádúr, mar aon leis an imeartas idir an comhfhios agus an neamh-chomhfhios lárnach sa bhreith a thug Josie Sheáin Jeaic ar amhránaithe maithe sean-nóis: ‘Aithneoidh tú ar an bpointe é. Bíonn siad nádúrtha. Tá a fhios acu céard atá siad ag déanamh, agus ag an am céanna tá siad dhá dhéanamh i ngan fhios dhóibh fhéin.’⁶⁵ Mar ghníomh nádúrtha, is ceird an amhránaíocht ar an sean-nós atá follasach inti féin, ceird nach gcaithfear a mhíniú ná a shaothrú. Agus é ag plé cheist na hornáidíochta, tugann an úsáid a bhaineann Pól Ó Ceannabháin as an téarma ‘nádúr’ le fios gur gá diúltú, nach mór, don chomhfhios agus don smacht. Léiríonn sé meon a thagann salach ar an tsamhail choitianta den cheoltóir oilte clasaiceach a dhéanann cúram faoi leith don chleachtadh comhfhiosach:

Mura bhfuil sé nádúrtha, ag sciarradh amach asat, ná cuir ann é. Má tá an rud ón nádúr ní dhéanfaidh tú mar a chéile faoi dhó é ach má tá sé róchleachtaithe, is é an bealach céanna a bheas agat chuile uair. Tá sé níos fearr mura bhfuil a fhios agat céard é

⁶³ Mac Donnchadha, agllamh, 2005.

⁶⁴ Dahlhaus, *Analysis and Value Judgment*, 12.

⁶⁵ Mac Donncha, agallamh, 2004.

ornáid ná mura bhfuil tú ag iarraidh é a dhéanamh. Caithfidh sé a bheith ag teacht ón gcroí.⁶⁶

Tá sé le tuiscint go bhfuil spontáineacht ag baint leis an amhránaíocht nach féidir leis an intinn a chur faoi smacht. Cuireann an smacht, a chothaítear le cleachtadh, agus atá faoi réir ag an gcomhfhios, bac ar chruthaitheacht an amhránaí de réir na tuairimíochta seo.

Más slat tomhais coincheap an nádúir, agus dá réir, an neamhchomhfhios i mbraistint na haeistéitice i láithriú an tsean-nóis, an féidir a rá gurb ann don aeistéitic sin, sna téarmaí tagartha céanna, i gcomhthéacs an chomórtais? Ní féidir gan an amhránaíocht iomaíoch a chur san áireamh san iniúchadh seo tharla gurb é an comórtas an comhthéacs is tréine lena luaitear an amhránaíocht ar an sean-nós go comhaimseartha. Is deacair a shamhlú, i suíomh nach bhfuil dúchasach don amhránaíocht ar an sean-nós, cá seasann an ‘unconscious apperception’⁶⁷ a dtagraíonn Adorno dó a thugann bonn don aeistéitic. Go stairiúil i gcomhthéacs an chomórtais, bá a chothú idir aeistéitici ceoil a bhí an-éagsúil an dúshlán ba mhó a bhí le sárú ag an amhránaíocht ar an sean-nós. Rinne Pádraig Mac Piarais ionramháil chruthaitheach i ngearrscéal dá chuid ar an déscaradh seo ó thaobh na haeistéitice de nuair a léirigh sé an bob, a shílfeá, a bualadh ar Bhríd na nAmhrán, a bhain ‘deora as súile an chomhluadair’⁶⁸, ach nár bronnadh príomhdhuais an chomórtais uirthi. Léiriú is ea na himeachtaí a tharlaíonn sa scéal ‘Brid na nAmhrán’ ar an easpa aitheantais a bhí á fháil i suíomh an chomórtais ag tuiscintí dúchais i leith an tsean-nóis. Is de réir aeistéitice coimhthíche, a thug tús áite do chaighdeán an ghutha a bhí duaiseanna na Feise sa scéal áirithe seo á mbronnadh. Ní léir gur mórán tábhacht a bhí ag gnéithe níos teibí den láithriú cosúil le heisprisean an amhránaí ná brí an amhráin don amhránaí ná don lucht éisteachta. Ar leibhéal níos polaitiúla, b’fhéidir, i bhfianaise gur ar Bhríd a bronnadh an chéad duais ag an gcomórtas i mBaile Átha Cliath níos deireanaí sa scéal, d’fhéadfaí a rá go mb’éigean di an baile a fhágáil chun an t-aitheantas sin a fháil. Tá coimhlint ag baint le cúrsaí comórtais ó thaobh an tsean-nóis de go dtí an lá inniu ar an mbunús go mbíonn teannas ag baint le comórtas ar bith. Is sa chritic i leith an chomórtais, áfach, a nochtar gnéithe breise den aeistéitic dhúchais fiú más go diúltach féin a chuirtear in iúl cuid mhaith díobh sin. Bíonn comórtas an Oireachtais, go háirithe, ina phointe tagartha ag an gcuid is mó de

⁶⁶ Ó Ceannabháin, agallamh, 2014.

⁶⁷ Adorno, *Aesthetic Theory*, 90.

⁶⁸ Pádraig Mac Piarais, ‘Brid na nAmhrán,’ in *Gearrscéalta an Phiarsaigh*, eag. Cathal Ó Háinle (Baile Átha Cliath: Cló Thalbóid, 1979), 118.

phobal an tsean-nóis inniu agus cuireann sé fóram éigin ar fáil inar féidir critic a dhéanamh ar an gcéad dul síos.

Tá tábhacht leis an gcomórtas ag an leibhéal idé-eolaíoch, is léir, i bhfianaise an tuairim go gcuidíonn an comórtas ‘an traidisiún a choinneáil beo’⁶⁹, mar a chuir Josie Sheáin Jeaic é. Is é an comórtas, go minic, a spreagann daoine tabhairt faoi amhráin ar chor ar bith. Ina dhiaidh sin féin, más rud é go gcaithfear iarracht choinsiasach a dhéanamh an traidisiún a choinneáil beo agus a chothú, is léir go bhfuil sé leochaileach. Ní dhéantar talamh slán de go mairfidh an sean-nós díreach i gcomhthéacs níos dúchasaí na hamhránaíochta neamhfhoirmeálta cosúil leis an seisiún. Tá gá, mar sin, leis an gcomórtas agus leis an aitheantas a thagann leis. Creidim go bhfuil an tuairim ag bunáite na n-amhránaithe ar labhair mé leo, áfach, gur cailteanas cultúrtha an meath atá tagtha ar líon na n-ócáidí ina dtugtar tús áite don láithriú beo, neamhiomaíoch a tharlaíonn ar an toirt, nach mór. Is i gcomhthéacs láithriú dúchais na n-amhrán atá an chuid is údarasaí den aeistéitic áitiúil fréamhaithe chomh fada is a bhaineann le roinnt d’amhránaithe na nAirdeanna. Fágann sé seo go n-úsáidtear, go minic, amhránaíocht an tseisiúin mar shlat tomhais chun láithriú an tsean-nóis i suíomh an chomórtais a mheas. Meabhraíonn an comórtas an t-athrú atá tagtha ar an tsraith coinníollacha a bhaineann le láithriú an tsean-nóis agus feictear go bhfuil gnéithe den aeistéitic dhúchais nach réitíonn le cur i láthair an tsean-nóis sa chomhthéacs neamhdhúchasach, iomaíoch. Tá coincheap an chomórtais tar éis eispéireas níos leithne na héisteachta a athrú, cuir i gcás, rud a bhfuil tionchar aige ar an mbraistint aeistéitiúil mar a fheicfear thíos. Is fiú ról na gcéadfaí trí chéile a chur san áireamh agus tuiscintí i leith na haeistéitice á bhfiosrú. Ba i leith na céadfaíochta a rinneadh coincheapú ar an aeistéitic sa chéad áit. Tugann saothair Baumgarten agus Kant le fios gur tríd an tionchar a bhíonn ag an áilleacht ar an gcognaíocht chéadfach a thagann an bhraistint aeistéitiúil chun cinn. Anuas air sin, tá cumas na gcéadfaí ar cheann de scileanna próiseála eolais an duine. Bíodh is gur leis an éisteacht is treise a luaitear an amhránaíocht, cuireann amhránaithe a dtuiscintí i leith na haeistéitice in iúl ar bhealach a chuireann céadfaí eile san áireamh freisin.

Is léir ón tráchtairacht atá déanta ag roinnt d’amhránaithe na nAirdeanna i dtaca le hócáidí láithrithe go bhfuil tionchar ag an timpeallacht spásúil, mar a fheictear don tsúil í, ar an sásamh aeistéitiúil atá le baint as láithriú an tsean-nóis. Tarraingíonn leagan amach fisiciúil ionad an chomórtais, is é sin an stáitse, aird ar speisialtóireacht

⁶⁹ Mac Donncha, agallamh, 2004.

na hamhránaíochta, agus ar an dul céanna, tugann céim síos don lucht éisteachta agus cuireann srian lena rannpháirtíocht sa láithriú, ar gné de ról an lucht éisteachta í go traidisiúnta. Is íorónta an méid a bhí áitithe ag Seosamh Ó hÉanaí faoi stáitsiú an tsean-nóis i bhfianaise go raibh sé féin ar dhuine de na chéad amhránaithe a thug an sean-nós chomh fada le hardáin na gcathracha: ‘Na seanamhráin, níl siad ceaptha le hiad a chasadh ar stáitse. Tá siad ceaptha le hiad a chasadh i dteach tíre nó ar an leibhéal céanna leis na daoine atá ag éisteacht...’⁷⁰ Ní beag cosúlachta atá idir an tuairim sin agus ráitis a bhí déanta níos tuisce sa chéad seo caite ag Pádraig Mac Piarais agus Sorcha Ní Ghuairim faoi choinníollacha láithrithe na n-ealaíon béil a thug aitheantas freisin don chaidreamh idir an t-amhránaí agus an lucht éisteachta. Tagann na luachanna céanna sin i gceist i roinnt den tuairimíocht chomhaimseartha freisin maidir le suíomhanna láithrithe an tsean-nóis mar a dhearbhaigh ráiteas Josie Sheáin Jeaic: ‘Ba cheart go mbeadh duine in ann amhrán ar an sean-nós a chasadh sa gcoirnéal lena chloigeann faoi chomh maith céanna.’⁷¹ Tá le tuiscint ón ráiteas sin gur dúshlán é d’amhránaithe áirithe casadh i dtimpeallacht níos pearsanta an tseisiúin nó an airneáin. Is go fritéiseach a smaoinítear ar dhá phríomhthimpeallacht an láithrithe, is iad sin, an comhthéacs iomaíoch, foirmeálta agus an suíomh neamhiomaíoch, orgánach. Bíodh is go bhfuil feidhm agus aitheantas ag láithriú an tsean-nóis sa dá cheann araon, braitheann cuid den bhreith aeistéitiúil a thugtar ar an láithriú ar chúinsí fisiciúla agus bitheolaíoch a shuíomh an láithrithe a théann i bhfeidhm ar chéadfaíocht an duine trí chéile.

Ní gá a rá gur iompraíocht fhrithluaileach a bhíonn i gceist nuair a thugann duine go comhfhiosach faoi amhrán a rá. Feidhmíonn an ghné fhrithluaileach d’iompraíocht an amhránaí ag leibhéal éagsúla ag brath ar chúinsí an láithrithe agus is ceann de na hargóintí í a thagann chun cinn sna difríochtaí a aithnítear idir amhránaíocht an tseisiúin agus amhránaíocht an chomórtais. Dar le Josie Sheáin Jeaic go mbíonn tionchar ag an slua ollmhór agus ag na meáin chumarsáide a bhíonn i láthair ag comórtais an Oireachtais, cuir i gcás, ar chumas amhránaithe dul i ngleic ar bhealach dílis leis na hamhráin. Bhraith sé nárbh fhéidir le hamhránaithe ‘a ghabháil isteach san amhrán’⁷² agus iad i mbun foinn ar an ardán. Bíonn an t-amhránaí faoi smacht ag an bhféinchomhfhios, rud a thagann sa treis go háirithe nuair a chuirtear an t-amhránaí ar taispeáint, nach mór, mar a tharlaíonn agus iad ar ardán. Is féidir a rá go

⁷⁰ Luaite in Mac Con Iomaire, *Seosamh Ó hÉanaí*, 110.

⁷¹ Mac Donncha, *agallamh*, 2004.

⁷² *Ibid.*, 2004.

gcaithfear cothromaíocht a bhaint amach idir féinchoimhfhios an amhránaí mar láithreoir agus dílseacht an amhránaí don ábhar atá á chur i láthair. Cosúil le mórán amhránaithe eile, ba mhinic a bhíodh a shúile dúnta ag Josie Sheáin Jeaic agus é i mbun foinn ar an ardán. Thabharfadh sé seo le fios go raibh céadfaíocht an amhairc á cur ar ceal le linn an láithrithe toisc nár réitigh na híomhánna físeacha a bhíodh os a chomhair lena thuiscint ar ócáid láithrithe sean-nóis a raibh sásamh aeistéitiúil le baint aisti. Luaigh sé go sonrath an chaoi a sádh na meáin chumarsáide a ladar isteach sa láithriú le micreafóin agus ceamaraí ar cuid de stáitsiú comhaimseartha an tsean-nóis anois iad. Ar an dul céanna, nuair a áitíonn Bríd Ní Mhaoilchiaráin go gcaithfidh amhránaithe a bheith ‘nádúrtha’ agus ‘gan an iomarca aisteoireachta’⁷³ a bheith acu agus iad ag glacadh páirte i gcomórtais, tá sé le tuiscint go mbíonn fírinne nó barántúlacht áirithe in easnamh amanta sa chur i láthair stáitsithe mar thoradh ar an smacht a bhíonn ag an bhféinchoimhfhios ar iompar an amhránaí.

Má tá tionchar ag suíomh an láithrithe ar eispéireas an amhránaí féin, is mór freisin idir timpeallacht iomaíoch agus suíomh an tseisiúin ó thaobh ról agus tábhacht an lucht éisteachta. Ar an gcéad dul síos, níl an leibhéal speisialtóireachta chomh follasach don tsúil in amhránaíocht neamhfhoirmeálta an tseisiúin sa mhéid is nach mbíonn ardán i gceist agus gur suite i measc a chéile a bhíonn amhránaithe agus éisteoirí. Fiú ar leibhéal na hiompraíochta, níl bearna chomh mór sin idir an dá pháirtí, an t-amhránaí agus an lucht éisteachta. Tugann sé seo chun cuimhne coincheap na geáitsíochta ar thagair Josie Sheáin Jeaic agus Bríd Ní Mhaoilchiaráin dó ó am go chéile mar chuid dá gcritic ar an amhránaíocht. Luadh roimhe seo cruth an bhéil i dtaca le fonnadóireacht Sheosaimh Uí Éanaí. Tríd is tríd, áfach, is beag aird atá tugtha go dtí seo sa phlé ar láithriú an tsean-nóis ar ghnéithe de cholainn an amhránaí ná ar gheáitsí fisiciúla agus amhránaithe i mbun foinn, ainneoin gur léir gur critéir iad a thagann chun cinn i gcritic na n-amhránaithe féin. Ní hé an oiread sin tóir atá ag Bríd ná ag Josie ar an ngeáitsíocht, rud a thabharfadh le fios arís gur beag sásamh aeistéitiúil atá le baint as an láithriú taispeántach, róshaothraithe. Tugann an ráiteas seo a rinne Seosamh Ó hÉanaí ina agallamh iomráiteach le Peggy Seeger agus Ewan Mac Coll i 1964 le fios a laghad d’idirdhealú a dhéantaí idir amhránaithe agus éisteoirí de réir a thaithí siúd ag baile: ‘You’ll hear the song, but you don’t know where it’s coming from half the time. You know, they don’t stand up or face an

⁷³ Ní Mhaoilchiaráin, agallamh, 2004.

audience at all.’⁷⁴ Mar aon leis an gcáineadh a bhí déanta ag Sorcha Ní Ghuairim ar an bhfeiniméan, ‘stage personality’ i siompóisiam 1943, tugann na tuairimí seo le fios gur barántúla an fhonnadóireacht a dhéanann an té atá umhal agus nach ualach orthu a gceird. Tugtar tús áite sa smaointeoireacht seo don té atá i mbun foinn seachas don té atá i mbun ‘láithrithe’.

Tá an dinimic a bhíonn idir amhránaithe agus éisteoirí le cur san áireamh freisin agus eispéiris dúchais na hamhránaíochta á meas. Tá tábhacht le gníomhartha agus caint an lucht éisteachta sa mhéid is gur fúthusan atá sé ugach a thabhairt d’amhránaithe le linn an amhráin agus iarratas a dhéanamh ar dhaoine áirithe amhrán a rá. Is minic i gcás an tseisiúin, go ndéanann fonnadóirí iad féin beag is fiú dá gcumas mar amhránaithe nó go ndiúltaíonn siad, nach mór, do ‘ról’ an fhonnadóira. Is féidir fiúntas socheolaíoch a shonrú sa mhéid a deir Bríd Ní Mhaoilchiaráin faoi ionchur an lucht éisteachta agus í ag gabháil fhoinn. Tugann focail spreagtha na n-éisteoirí ardú croí di agus laghdaíonn an bhearna idir í féin agus iadsan. Ina theannta sin, áfach, tá tábhacht faoi leith leis an gcomhamhránaíocht a tharlaíonn amanta nuair a chasann an lucht éisteachta an líne dheireanach nó na focail dheireanacha léi toisc ‘go dtugann sé daoine le chéile’⁷⁵, mar a deir sí. Tá call leis an gceangal idir ealaín agus pobal agus is léir go n-aithníonn Bríd go bhfuil ról ag an gceol san eispéireas daonna a aontaíonn daoine ar bhealach taithneamhach, cruthaitheach. Meabhraíonn an smaointeoireacht sin an coincheap *communitas* dúinn a ndearna Victor Turner forbairt air i gcomhthéacs na hantraipeolaíochta cultúrtha. Tráchtann sé ar an *communitas* eisiach nó spontáineach⁷⁶ a thagann chun cinn in allagar agus i ngaol an phobail leis féin agus ar ceann de bhunriachtanais an duine dhaonna é: ‘exposure to or immersion in *communitas* seems to be an indispensable human social requirement.’⁷⁷ Feidhmíonn amhránaíocht an tseisiúin go háirithe mar dheasghnáth ina dtagann ann do chomhthionól a bhfuil bá agus tuiscint i measc a bhall agus a chuireann ina luí ar an duine daonna go mbaineann sé le hord a bhfuil brí leis.

Is féidir a rá go gcuireann coincheap an chomórtais an caidreamh idir an t-amhránaí agus an lucht éisteachta as a riocht, agus d’áiteoinn anuas air sin, go ndéanann sé díshóisialú ar an amhránaíocht ar an sean-nós ar leibhéal áirithe. Baineann an

⁷⁴ Seosamh Ó hÉanaí, agallamh le Peggy Seeger agus Ewan McColl, *Musical Traditions Internet Magazine*, léite 19 Meán Fómhair 2016, <http://mustrad.org.uk/articles/heaney1.htm#4>

⁷⁵ Ní Mhaoilchiaráin, agallamh, 2004.

⁷⁶ Victor Turner, *Dramas, Fields, and Metaphors: Symbolic Action in Human Society* (Ithaca and London: Cornell University Press, 1974), 169.

⁷⁷ *Ibid.*, 243.

ceoleolaí, Thomas Turino leas as na téarmaí ‘participatory performance’ agus ‘presentational performance.’⁷⁸ Is téarmaí iad sin a fhreagraíonn go scaoilte don ‘láithriú rannpháirtíoch’ a bhíonn in uachtar i suíomh an tseisiúin agus an ‘láithriú taispeántach’ a bhaineann leis an amhránaíocht aonair, iomaíoch. Fágann an amhránaíocht thaispeántach, an amhránaíocht fhrithshóisialta fiú, go bhfuil ról an lucht éisteachta beagnach á chur ar ceal agus dá réir, go bhfuil deis á cur amú fréamhú nó aontú a dhéanamh ar sciar áirithe den phobal. Ní hionann sin is a rá nach amhránaíocht aonair í amhránaíocht an tseisiúin ach is minic glórtha tánaisteacha na n-éisteoirí páirteach sa láithriú chomh maith le glór an phríomhamhránaí. Is é an dianchiúnas, den chuid is mó, a bhíonn i bhfeidhm sa chomórtas seachas ciúnas briste, níos báúla an tseisiúin. Déarfadh go leor amhránaithe go bhfuil ciúnas an chomórtais mínádúrtha agus ródhian, agus dá réir, níl an sásamh aeistéitiúil céanna le baint i gcónaí as eispéireas éisteachta an chomórtais is atá as an amhránaíocht neamhfhoirmeálta. Ní miste a lua freisin go gcuireann stáitsiú an tsean-nóis deireadh leis an gcleachtas spéisiúil a dtugtar *windáil* air, agus meabhraíonn arís gur féidir agus gur cheart an amhránaíocht ar an sean-nós a phróiseáil ag baint úsáide as an réimse iomlán, nach mór, de chéadfaí an duine – an tadhall san áireamh. Is cleachtas é an *windáil* a bhí níos coitianta san am a caitheadh agus is féidir a rá gur nós é a bhí faoi réir ag tuiscintí inmheánacha cultúrtha. D’fhreagródh sé don tuairim gur nósmaireacht nó ‘a ritualized form of art’⁷⁹ an ceol trí chéile. D’fhéadfaí a bheith páirteach i gcleachtas cosúil leis an *windáil*, cuir i gcás, gan a bheith féinchoinsiasach faoi nó i ngan fhios, nach mór. Ach an oiread leis an gcomhamhránaíocht, tugann an *windáil* daoine le chéile ag leibhéal bunúsach céadfach. Cailtear deiseanna comhamhránaíochta agus *windeála* i suíomh foirmeálta an chomórtais. Tugann an seisiún, mar sin, deis athchruthú a shamhlaítear a bheith dílis agus barántúil á dhéanamh ar shuíomh níos bunúla an tsean-nóis.

Más ‘ról’ sa tsochaí an fonnadóir sean-nóis, mar a aithníodh roimhe seo, is ról sóisialta freisin é de réir an traidisiúin. De réir tuiscintí dúchais, is bailíocht ón bpobal seachas duais comórtais a dhéanann amhránaí de dhuine. Samhlaítear fós gur mar ghníomh comónta, sóisialta, éisteachta pobail seachas mar phróiseas aonair, físiúil a fhoghlaimítear agus a sheachadtar amhráin. Ní hionann an tsamhail agus an cleachtas, áfach. Níl aon cheist ach go mbíonn amhránaithe ag tógáil amhrán ó théacsáil priondálta agus ó thaifid fuaime sa lá atá inniu ann ach is léir go bhfuil

⁷⁸ Turino, *Music as Social Life*, passim.

⁷⁹ Deschênes, ‘Toward an Anthropology of Music Listening,’ 144.

modhanna seachadta níos luachmhaire ná a chéile ann i gcomhthéacs an traidisiúin. D'fhéadfaí a rá gurb é an duine aonair agus an ciúnas atá in uachtar sa cheol a shealbhaítear trí mheán an amhaire agus na litearthachta aibítire, áit arb é an pobal bitheolaíoch agus an chluas éisteachta atá i réim sa cheol beo ó bhéal. 'Níor scríobh mise riamh aon amhrán'⁸⁰ an freagra a thug Dara Bán Mac Donnchadha orm nuair a d'fhiafraigh mé de cén chaoi ar fhoghlaim sé a chuid amhrán. Creidim go raibh iomlán na fírinne á insint aige ach ba chás leis freisin go dtuigfí go raibh sé ar an mbeagán a bhí fágtha a samhlaíodh a bhí ag baint leas as an modh *is* traidisiúnta i bhfoghlaim amhrán. Bhí idéalú déanta aige ar an seachadadh a bhí neamhspleách ar an litearthacht agus bhronn sé seo cumhacht áirithe air freisin. Thug a fhreagra aitheantas do bhua na cuimhne agus dá réir, léiríodh go bhfuil bealaí ann leis an gceann is fearr a fháil ar an oideachas foirmeálta a bhaineann leis an litearthacht agus leis an tsúil go minic seachas leis an gcluais. Meabhraíonn an meon seo freisin gurb í an chuideachta dhaonna a thugann slán an láithriú ó thaobh an tsean-nóis de, agus nach mór dá réir, an t-amhránaí agus an lucht éisteachta araon a chur san áireamh in aon phlé ar cheist na haeistéitice san amhránaíocht sin.

Ainneoin go n-áirítear, ar bhonn ginearálta, mar fhorbairtí fiúntacha, intleachtúla an litearthacht agus an t-oideachas foirmeálta, tá sé aitheanta ag criticeoirí áirithe, ina measc, Walter Ong, nach féidir neamhaird a dhéanamh den tionchar sóisialta a bhí ag an scríbhneoireacht agus ag an gclódóireacht: 'Writing and print created the isolated thinker, the man with the book, and downgraded the network of personal loyalties which oral cultures favor as matrices of communication and as principles of social unity.'⁸¹ D'fhéadfaí a rá i gcás an tsean-nóis go ndéanann cló agus foilsíú théacsáí na n-amhrán díláithriú amach as an bpobal ar na hamhráin sin agus go scaoiltear isteach i bhfearann anaithnid, díphearsanta na tráchtála iad. Briseann an focal scríofa an ceangal a bhíonn ag amhránaithe áirithe le leaganacha d'amhráin faoi leith. Tá a n-áit féin bainte amach i seanchas na hamhránaíochta ag na leaganacha agus aithnítear go saibhríonn siad an traidisiún trí chéile. Go deimhin, tugann an focal clóite céim síos do choincheap na leaganacha trí chéile sa mhéid is go gcaitear go minic leis an leagan clóite mar shampla caighdeánach d'amhrán. Is féidir a bheith cinnte nach ann don *Urtext* sa traidisiún beo béil, áfach. Ní thugann an chlódóireacht an deis don té atá ag sealbhú amhráin ó théacs priondáiite aitheantas a thabhairt do dhuine ar bith faoi leith i bpróiseas an tseachadta. Dar liom go bhfuil tábhacht leis an aimniú agus

⁸⁰ Mac Donnchadha, agallamh, 2005.

⁸¹ Ong, *The Presence of the Word*, 54.

an t-aitheantas seo i gcás an tseachadta agus go gcuidíonn sé fréamhú a dhéanamh ar an amhránaíocht i suíomh aitheanta pobalda. Thabharfadh sealbhú na n-amhrán i gcás Phóil Uí Cheannabháin, mar shampla, le fios go bhfuil tábhacht as cuimse le daoine aitheanta faoi leith sa phróiseas sin. Is léir go bhfuil an luach aeistéitiúil a leagann seisean ar sciar maith de na hamhrán faoi réir ag na hamhráin sin a bheith i measc na gcinn a bhí i stór amhrán a athar, cuir i gcás.

Fianaise ar an gcruthaitheacht iad na ceisteanna bríomhara a bhaineann le leaganacha éagsúla d'amhráin, na malairtí agus an tobchumadh, ar léir gur gnéithe suntasacha den sean-nós iad. Ainneoin gur céim chun cinn é go dtugtar aitheantas i seachadadh comhaimseartha na n-amhrán do chúrsaí fuaime agus físe trí thaifid mheicniúla, sílim go ndéantar beag is fiú fós i gcomhthéacs na tráchtála den fhiúntas sóisialta atá ag an amhránaíocht nó ag na healaíona trí chéile. Ceann de na bearnaí a bhaineann le taifid fuaime den amhránaíocht ar an sean-nós, cuir i gcás, ná gur ar an táirge nó ar an ábhar is mó a bhíonn an bhéim. Cailtear comhthéacsanna agus cailtear eispéireas beo pobalda na hamhránaíochta agus na héisteachta, agus creidim gur gnéithe den amhránaíocht iad seo a shantaíonn amhránaithe agus éisteoirí araon inniu. D'fhéadfaí a rá go bhfuil normálú déanta ar choincheap an taifid fuaime ag leibhéal a fhágann nach ritheann sé fiú le daoine amanta idirdhealú a dhéanamh idir láithriú agus taifead de láithriú. Tá tráchtearrú an cheoil ar cheann de na forbairtí sna healaíona is lú a bhfuil smaointeoireacht déanta ina leith, rud a dtarraingíonn Linda Dusman ár n-aird air: 'Music's entry into the economy of reproduction has always been heralded, and unquestioned.'⁸² Éascaíonn an t-atáirgeadh seachadadh agus aistriú domhanda ar an gceol ar bhealach atá éifeachtach agus simplí agus ar féidir gnó a bhunú air agus buntáiste eacnamaíoch a bhaint as. Is beag aitheantas a thugtar d'fhiúntas sóisialta ná daonna na n-ealaíon, áfach, nuair atá siad basctha ag córas atá faoi réir, cuid mhaith, ag tuiscintí atá fréamhaithe sa chóras caipitleach.

Más féidir a rá gur eispéireas pobalda, sóisialta an amhránaíocht ar an sean-nós, fágann sé nach ar bhonn indibhidiúil, suibiachtúil amach is amach a thagtar ar thuiscintí ar an aeistéitic i leith na hamhránaíochta sin. D'fhéadfaí a rá go bhfuil an tuiscint phearsanta ar an aeistéitic faoi réir ag aeistéitic chomhchoiteann an phobail, agus dá réir, go bhfuil teorainn leis an tsuibiachtúlacht agus breith á tabhairt ar an áilleacht trí chéile, mar a mheabhródh smaointeoireacht Kant a pléadh ag tús na

⁸² Linda Dusman, 'Unheard-of: Music as Performance and the Reception of the New,' *Perspectives of New Music* 32, no. 2 (1994): 139, faighte 2 Feabhra 2016, doi:10.2307/833601.

caibidile seo. Is i gcomhthéacs orgánach, bitheolaíoch fiú, a phróiseálar an amhránaíocht nuair a áitítear go bhfuil an sean-nós ag duine nó nach bhfuil, amhail is gur aonán fisiciúil nó síceolaíoch de chuid an duine é. Treisítear a phearsanta is atá an amhránaíocht ar an sean-nós nuair a chuirtear san áireamh gur amhránaíocht aonair go príomha í. Nuair a thugtar breith dhiúltach ar an amhránaíocht sin, glactar leis amanta mar ionsaí, nach mór, ar phearsantacht an amhránaí féin. Fágann an bunús láidir sóisialta atá an amhránaíocht, áfach, gurb ann do théarmaí agus do theanga choiteann ar féidir tarraingt orthu chun tuiscintí ar an aeistéitic a chur in iúl. Ní hionann na luachanna cultúrtha, cuir i gcás, atá ag ‘beag’ agus ‘mór’, ‘tréan’ agus ‘mall’ ná ‘éadrom’ agus ‘trom’ agus forbairt á déanamh ar an gcritic i leith na hamhránaíochta. Is léiriú an teanga seo ar chumas an phobail dul i ngleic go criticiúil lena chuid nósanna ceoil féin agus ar na feidhmeanna cultúrtha chomh maith le feidhmeanna cumarsáide atá ag an teanga. Níl ach brí teoranta, chomh fada is a bhaineann leis an amhránaíocht ar an sean-nós, ag sainteanga na ceoleolaíochta atá luaite go láidir leis an gceol ealaíonta. Tá samhlaíocht agus saoirse ag baint leis an gcumas atá ag amhránaithe agus éisteoirí leas a bhaint as teanga na coitiantachta chun idirdhealú atá thar a bheith mín agus forbartha a dhéanamh i dtaca le cúrsaí sean-nóis. Tarraingítear ar théarmaí tagartha leathana i leith aeistéitic na hamhránaíochta nach bhfuil teoranta do ghnéithe ceoleolaíocha ar chor ar bith ach atá ceangailte le coinníollacha agus mothúcháin a bhaineann leis an daonnacht trí chéile, ina measc, cailteanas, grá, féiniúlacht agus comhar.

Iarfhocal

Gné leanúnach de mo chuid smaointeoireachta sa taighde seo is ea an déachas nó an diceatóime idir na coincheapa agus na tuiscintí a thug bonn don dioscúrsa ar an amhránaíocht ar an sean-nós le breis is céad bliain anuas. D'fhág spriocanna an náisiúnachais chultúrtha ag tús an fhichiú haois go ndearnadh dlisteanú ar thraidisiúin thar a chéile agus ba sa chomhthéacs seo a rinneadh brandáil ar an amhránaíocht ar an sean-nós mar ghné luachmhar de phróifíl chultúrtha na hÉireann. Aithnítear sa léamh seo ar theacht chun cinn na hamhránaíochta an bhailíochta atá ag an bhfeiniméan aitheanta, 'inventing traditions',¹ a ndearna an staraí Eric Hobsbawm forbairt i lár na n-ochtóidí air. Samhlaíodh an amhránaíocht mar thraidisiún seasmhach, dúchais a raibh fiúntas aestéitiúil ealaíne aige ach freisin a bhféadfaí teacht i dtír air chun cás a dhéanamh ar son shainiúlacht chultúrtha na tíre. Gné chriticiúil den rianú comhthéacsúil seo, áfach, ná an bhearna idir cleachtas agus coincheapú na hamhránaíochta sin. Is é sin le rá, ba as baile isteach, i measc pobal agus aicme éagsúil ó thaobh na tíreolaíochta agus na déimeagrafachta de a tháinig coincheapú na hamhránaíochta traidisiúnta chun cinn. Fágann an méid sin gur beag aitheantas a fuair an smaointeoireacht cleachtas-bhunaithe agus buanú á dhéanamh ar an traidisiún sin.

Is fánach an rud é, dar liom, dua a chaitheamh le cíoradh ointeolaíoch ar an amhránaíocht ar an sean-nós agus is beag fiúntas ná sásamh atá le baint as a leithéide sin de thráchtairacht. Ina dhiaidh sin féin, tréithe agus teorainneacha na hamhránaíochta traidisiúnta ba bhonn le cuid shuntasach den phlé ar an ábhar sin sa chéad leath den fhichiú haois. Má bhí béim á leagan ar an amhránaíocht ar an sean-nós ó thaobh na feiniméaneolaíochta de, is dóigh liom gur eascair sé sin as an mian smacht éigin a fháil ar chleachtas cultúrtha a raibh nuáil agus coimhthíos ag baint leis. Ba ar an meánaicme phroifisiúnta go príomha, a mba mhó a dtuiscint ar chultúr ceoil na hEorpa seachas ar an traidisiún dúchasach, a thit sé amhránaíocht thraidisiúnta na Gaeilge a mhíniú agus a chur i láthair an phobail. Áirím ina measc Annie Patterson (1868-1934), Edward Martyn (1859-1923) agus Carl Hardebeck (1869-1945), mar shampla, a raibh cos sa dá chultúr acu agus daoine nach iad a bhí go minic ar bheagán Gaeilge. Bhí coimhthíos ag roinnt leis an gcultúr dúchais, mar sin, ar an mbunús gur i dtéarmaí tagartha an chultúir cheannais a rinneadh coincheapú air. Rinneadh smaointeoireacht ar acmhainn na hamhránaíochta

¹ Hobsbawm and Ranger, ead., *The Invention of Tradition*, 1-14.

traidisiúnta géilleadh do choincheapa aitheanta an cheoil ealaíonta, mar shampla, an comhcheol, an cóiriú agus an chliathnodaireacht. Fágann sé sin gur taobh le taobh le móitífeanna agus feiniméin ó sheánra iasachta ceoil a tháinig na chéad iarrachtaí sainmhíniú a thabhairt ar an stíl thraidisiúnta fonnadóireachta chun cinn.

Is é an tátal a bhainim as an rianú comhthéacsúil sin ná go raibh bonn comparáideach, frith-eisintiúlach faoi na luath-thuiscentí i leith na hamhránaíochta traidisiúnta. I dtimpeallacht chultúrtha agus pholaitiúil eile, neamhspleách ar an náisiúnachas cultúrtha, cá bhfios nach mbeadh an amhránaíocht tagtha chun cinn mar sheánra níos aitheanta i bpróifíl cheoil níos leithne na hEorpa. Ní gá ach buaiteoirí chéad chomórtas amhránaíochta aonair an Oireachtais, Pádraig Ó Séaghdha agus Norma Borthwick, a bhí beirt ag saothrú go rathúil sa cheol ealaíonta freisin, a thabhairt chun cuimhne. Fianaise is ea próifíl na n-amhránaithe sin gurbh ann, tráth dá raibh, d'eispéiris den amhránaíocht thraidisiúnta nach raibh chomh srianta sin ag na ceisteanna idé-eolaíocha teanga, seánra agus stíle atá fágtha le huacht againn go dtí an lá inniu. Maolaíodh ar an éagsúlacht agus an tsaoirse smaointeoireachta seo, áfach, de réir mar a ghéaraigh ar an mbainistiú a rinne an pobal seachtrach, ceannais ar chleachtais chultúrtha na cosmhuintire, go minic, chun freastal ar spriocanna seach-ealaíonta. Ba faoi scáth Chonradh na Gaeilge agus an Oireachtais a cruthaíodh an déscaradh ba shuntasáí idir an oidhreacht dúchais agus an cultúr Gallda. Diúltú siombalach do chultúr an choilíní ab ea cur chun cinn na hamhránaíochta traidisiúnta i gcomhthéacs an náisiúnachais chultúrtha.² Rinneadh an ionramháil chuí ar an amhránaíocht sin chun go samhlófaí go coitianta leis an gcosmhuintir, an Ghaeilge agus an bhéalaireacht í, na siombailí ba mhó a tháinig salach ar chultúir iasachta ceoil.

Ag cur na hidé-eolaíochta cultúrtha go leataobh, is éagóir é, ag an am céanna, a ligean i ndearmad a rathúla is a d'éirigh le hOireachtas na Gaeilge an amhránaíocht ar an sean-nós a chur ar thús cadhnaíochta i measc ealaíona dúchasacha na hÉireann. Meabhraíonn an fhorbairt seo an gá, go deimhin, a bhíonn le struchtúr agus bainistiú

² Is fiú a mheabhrú gur lean Conradh na Gaeilge lena gcuid iarrachtaí próifíl chultúrtha na tíre a bhainistiú tar éis bhunú an Stáit freisin. I gcomhar leis an gcléir agus roinnt de na húdaráis Stáit cosúil leis na comhairlí contae, thóg siad seasamh oifigiúil in aghaidh an tsnagcheoil sna 1920í agus sna 1930í ar an mbunús go raibh an ceol sin frithGhaelach agus gur spreag sé iompar mímhórálta sa tsochaí, dar leo. Tá an feachtas sin pléite in Ó Cathasaigh, *Ré Nua os Comhair na nGael*, 40-42), Richard Pine, *2RN and the Origins of Irish Radio* (Dublin: Four Courts Press, 2002), 165-66 agus in Jim Smyth, 'Dancing, Depravity and all that Jazz: The Public Dance Halls Act of 1935, faighte 20 Deireadh Fómhair 2018, *History Ireland*, Summer 1993, ar fáil ag <https://www.historyireland.com/20th-century-contemporary-history/dancing-depravity-and-all-that-jazz-the-public-dance-halls-act-of-1935-by-jim-smyth/>.

chun cleachtais a shamhlaítear a bheith imeallach a thabhairt chun cinn. Fágann an méid sin, áfach, gur ón mbarr anuas, in ionad cumhachta na cathrach a bhí úinéireacht na smaointeoireachta i leith na hamhránaíochta sin. Bualadh anuas as baile isteach luachanna cosúil le stairiúlacht, leanúnachas agus seasmhacht ar ealaíona béil na Gaeilge. Is díol íoróine é gur tuiscint Eorpach i leith na tuaithe ab ea an sodar i ndiaidh na staire agus na cosmhuintire, a bhí tagtha chun cinn i ngluaiseacht an Rómánsachais ar an gcoigríoch ó dheireadh an ochtú céad déag.³ Ghéaraigh ar an tuiscint go raibh saoirse agus neamhspleáchas i gceantair tuaithe a bhí le santú agus a bhí ag dul i léig le forbairt na tionsclaíochta. Tagraíonn Pickering don treocht céanna sa spéis intleachtúil a cuireadh in amhráin na ndaoine i Sasana sa naoú céad déag, mar shampla, nuair a áitíonn, ‘The conception of the rural past which informed the ideas and activities of ‘folk’ song collectors was shaped in a different mould, where emphasis was on an ‘organic community’ instead of lost rights.’⁴ D’fhág an tuairimíocht chosantach, choimeádach seo in Éirinn gur minic a séanadh ar phobail cleachtaithe na hamhránaíochta a n-acmhainn chruthaitheachta agus athnuachana. Ba bheag aitheantas a tugadh don inmharthaineacht chultúrtha sna pobail sin, a thuigtear sa léann daonna comhaimseartha a bheith ag brath ar ionramháil, athrú, géilleadh, comhréiteach agus athmhuintearas, na feiniméin agus na próisis chéanna a rabhtas ag diúltú rompu sa dioscúrsa oifigiúil.

Is cuid den chritic an chontrárthacht, mar sin. Áit a bhfuil leanúnachas, tá easpa leanúnachais, más ann don díograis, bí cinnte go bhfuil an diúltacht taobh léi, agus is é a fhearacht chéanna é ag na coincheapa dénrtha eile cosúil le dúchas agus iasacht, saibhreas agus cailteanas, an stair agus an chomhaimsearthacht, a dtugtar aitheantas dóibh sa saothar seo. Fianaise ar an mbailíocht atá ag an smaointeoireacht dhiceatómach sa chritic ar an amhránaíocht ar an sean-nós is ea an cíoradh atá déanta agam ar oidhreacht agus cleachtas na hamhránaíochta sin i mo phobal dúchais, Carna. Ní gá gur ar an dúchas tíreolaíoch ná cultúrtha a tharraingeoinn, áfach, chun

³ Aithnítear tionchar na Gearmáine go háirithe i bhfealsúnacht an Rómánsachais trí shaothair Herder, Friedrich Schlegel (1772-1829) agus a dheartháir, August (1767-1845) i réimse na litríochta, cuir i gcás. Is le gluaiseacht an Rómánsachais freisin a luaitear scríbhneoirí suntasacha Eorpacha eile cosúil le Victor Hugo (1802-1885) na Fraince nó an file Polannach, Adam Mickiewicz (1798-1855). Téama leanúnach sa ghluaiseacht sin is ea an cumha i ndiaidh an ama atá caite, fuascailt na samhlaíochta agus an tóir ar shimplíocht na tuaithe mar mhalairt ar údaráis institiúideacha an tsaoil uirbigh. Féach Raymond Williams, *Keywords: A Vocabulary of Culture and Society* (London: Croom Helm, 1976), 230-32 agus Inger S. B. Brody, ‘On Pre-Romanticism or Sensibility: Defining Ambivalances,’ in *A Companion to European Romanticism*, ead. Michael Ferber (Oxford: Blackwell Publishing, 2005), 18-20.

⁴ Michael Pickering, *Village Song and Culture: A Study Based on the Blunt Collection of Song from Adderbury North Oxfordshire* (Oxford: Routledge, 1982), 178.

an déachas a aithním atá tábhachtach in aon tráchtairacht chriticiúil ar chúrsaí sean-nóis a léiriú. Tá comhthéacsanna eile ann ina bhfeidhmíonn an amhránaíocht ar an sean-nós a d'fhéadfadh freastal ar argóint seo na ndéstruchtúr. Is fiú aird a tharraingt, mar shampla, ar chleachtas an tsean-nóis i measc déimeagrafach iomlán éagsúil. Ina measc, tá daoine fásta i ranganna foirmeálta a aithníonn a bhféiniúlacht mar fhoghlaimoirí comhfhiosacha sean-nóis agus a bhíonn á sainiú féin, dá réir, i gcomhar le nó i gcoinne an traidisiúin.

Áirítear mar fheiniméan frith-thraidisiúnta fós, dar liom, teagasc an tsean-nóis i gcomhthéacs an ardléinn fhoirmeálta in institiúidí oideachais agus ceoil, áit a bhfuil an forlámhas i gcónaí ag ceol ealaíonta na hEorpa. Íorónta go leor, ceol 'domhanda' an t-ainmniú a bhronntar sna hinstitiúidí sin ar cheolta cosúil leis an amhránaíocht ar an sean-nós a shamhlaítear a bheith imeallach. Is nós le lucht bainistíochta an chórais oideachais choinbhinsiúnaigh béim a leagan ar thorthaí foghlama inbhraite agus ar scileanna inaistrithe i dteagasc agus i gcleachtas an cheoil. Tagann an oiliúint struchtúrtha seo salach, is dóigh liom, ar an aibíocht agus an fhreagracht chultúrtha agus phearsanta a thuigtear i measc phobal an tsean-nóis le teacht in inmhe an amhránaí. Meabhraítear dom an frith-theagasc nó an 'negative pedagogy' a dtráchtann Ó Laoire air ina mhíniú ar an bpróiseas fadálach, dúshlánach trína sealbhaítear an amhránaíocht i dToraigh ar bhealach a shásaíonn mianta aeistéitice inmheánacha i leith na ceirde sin.⁵ Éilítear géarchúis agus sofaisticiúlacht i bhforbairt an amhránaí sean-nóis ar mó cosúlachta atá acu, dar liom, le coincheap an *Bildung* a tháinig chun cinn i bhfealsúnacht oideachais na Gearmáine ag deireadh an ochtú céad déag. Ba i scríbhinní Wilhelm von Humboldt (1767-1835) a leagadh amach na coinníollacha a d'fhreagair don oiliúint chultúrtha a thuigtear le *Bildung*, ina n-aithnítear go bhfuil dualgas ar dhaoine lánacmhainneacht a bhaint amach, ar bhealach gníomhach, dearfach, sa timpeallacht shóisialta agus chultúrtha ina maireann siad.⁶

⁵ Lillis Ó Laoire, 'Towards an Aesthetics of Gaelic Song Performance,' *Folk Life*, 52:1 (2016): 51, faighte 10 Samhain 2018, DOI: 10.1080/04308778.2016.1159790.

⁶ Ceaptar gur i 1793 a scríobh Humboldt a chéad aiste ar choincheap an *Bildung* ach níor foilsíodh an aiste sin go dtí 1903. Tá an leagan is comhaimseartha di, 'Theorie der Bildung den Menschen' le fáil in Wilhelm von Humboldt, *Schriften zur Bildung* (Stuttgart: Reclam, 2017), 5-11. Tarraingim ar aistriúchán Béarla chun tacú le mo thuiscint ar thuarimíocht Humboldt, mar atá, Wilhelm von Humboldt, 'Theory of Bildung', aistrithe ag Gillian Horton-Krüger in *Teaching As A Reflective Practice: The German Didaktik Tradition*, eag. Ian Westbury, Stefan Hopmann, Kurt Riquarts (New Jersey: Lawrence Erlbaum Associates, 2000), 57-61. Leagam suntas ar an ráiteas, 'Man's entire external activity is nothing but the striving against futility'(58), mar shampla, agus '...the ideal becomes greater if one measures the exertion it requires rather than the object that it is to represent'

Dialachtaic eile ina n-aithnínm an dénárthacht i bhforbairt an tsean-nóis is ea an inscne. D'fhéadfaí gabháil na n-amhrán sean-nóis féin a mheas mar chleachtas ar luadh íomhánna den fhearúlacht, den ghaisce agus den laochas fireann go traidisiúnta san fhearann poiblí leis. Míníonn Williams agus Ó Laoire mar a chuir an fhearúlacht a samhlaíodh le cleachtas an tsean-nóis faoi chois an íomha bhaineann a bhí luaite le ceol an pharlúis agus an phianó mar a bhí tagtha chun cinn i gceol Thomas Moore sa naoú céad déag. Réitigh Seosamh Ó hÉanaí go maith leis an bpróifil seo, dar leo, leis na leaganacha a bhí aige d'amhráin cosúil le 'Morrissey and the Russian Sailor', 'Bean an Leanna' agus 'Caoineadh na dTrí Muire' agus an láithriú a rinne sé orthu.⁷ Is fiú smaoinemh ar na comparáidí a rinneadh ar bhonn rialta i gcaitheamh an fhichiú haois idir teacht i láthair fisiciúil Uí Éanaí, a aghaidh go háirithe, agus carraigeacha agus cladaigh a cheantair dúchais, fearann fiáin nach bhféadfaí a cheansú ach trí obair fhisiciúil na bhfear. 'His face was extraordinary, as if it had been hewn of granite'⁸ is ea mar a chuir an t-amhránaí Peggy Seeger síos air. 'Seosamh Ó hÉanaí is a great singer, with a face as strong and craggy as his own native Connemara'⁹ breith eile a tugadh ar an amhránaí, agus chonacthas an chomparáid chéanna in alt i nuachtán Meiriceánach faoi Ó hÉanaí: 'His weathered face looks like a craggy stretch of shore along the Ireland coastline.'¹⁰ Is ar an tsamhail chéanna fiú a tharraingítear sa saothar is comhaimseartha faoi Sheosamh Ó hÉanaí mar atá amhlaidh san fhadscannán faisnéise 'Song of Granite' (2017). Bíodh is go bhfuil rian den rómánsaíocht ar na samhlaoidí sin, threisigh siad ag an am céanna i measc pobal níos leithne agus níos ilghnéithí, cleachtas an tsean-nóis mar shiombail den fhearúlacht Ghaelach.

Fágann an forlámhas a bhí ag na fir go traidisiúnta san aitheantas poiblí a tugadh don amhránaíocht ar an sean-nós gur eispéireas 'eile' de rogha air sin, seachas an norm, oidhreacht na mban in éabhlóid na hamhránaíochta sin. Bhí an inscne, san am a caitheadh, ar an gcoinníoll ba ghéire trína bhféadfaí idirdhealú a dhéanamh idir an sean-nós poiblí agus príobháideach. Ba í amhránaíocht na bhfear ba mhó a luadh leis an tsiamsaíocht phoiblí agus leis an aitheantas oifigiúil ar tháinig ann dó mar thoradh

(60) agus mar a fhreagraíonn siad do ghnéithe den oiliúint dúchais mar a thuigtear domsa í i gcás an tsean-nóis.

⁷ Tá feiriméan na fearúlachta i bhfonadóireacht Joe Éinniú pléite in Williams agus Ó Laoire, *Bright Star of the West*, 95-99 agus 137-99, agus freisin leis na húdair chéanna, 'Gan Unsa ar Bith Céille': An Fhearúlacht agus An Bharántúlacht in Dhá Amhrán le Seosamh Ó hÉanaí, *Béaloides*, 77 (2009): 58-79, léite 23 Bealtaine 2018, <http://www.jstor.org/stable/20799576>.

⁸ Luaite in Mac Con Iomaire, *Seosamh Ó hÉanaí*, 195.

⁹ *Ibid.*, 305.

¹⁰ *Ibid.*, 349.

ar na comórtais. Os a choinne sin, ba i spás príobháideach an tí chónaithe ba mhó a tháinig éispéireas amhránaíochta na mban chun cinn. Bhí an amhránaíocht ar cheann de na gníomhartha trína ndearnadh daingniú ar an ról praiticiúil a bhí ag an mbean mar chúramóir, agus ar a riachtanaí is a bhí rannpháirtíocht na mban ag staideanna criticiúla den bheatha dhaonna. Tagann an íomhá sin chun cinn i sciartha faoi leith de na hamhráin, cuir i gcás, sna suantraihte a canadh chun páistí a bhréagadh nó sna caointe a rinneadh mar chomhartha ómóis don té a bhí ar lár.

Leag mé suntas ar an malartú idir na hinscní a tháinig chun cinn i dteanga na n-amhránaithe ar labhair mé leo agus amhráin éagsúla á meas acu. Ag teacht le hinscne an fhocail ‘amhrán’ féin, is é an forainm pearsanta firinscneach is iondúil a úsáidtear agus tagairt á déanamh d’amhrán ar leith. Ní mé an le teann measa nó maoithnis i leith an amhráin a d’athraigh Pól Ó Ceannabháin ón bhfireann go dtí an bhaineann ina chuid tráchttaireachta ar ‘Máire Ní Taidhg Óig’: ‘Luíonn sé sin díreach in íochtar mo chroí, mar a déarfá. Is é an ceann é is pearsanta dom. ... Tá ceangailt an-phearsanta agam léi, an bhfuil a fhios agat. ... Bhí sí sa gelann riamh.’¹¹ B’éasca a shamhlú go n-iompaíonn Pól ar na tagráin bhaininscneacha chun réiteach le hinscne shuibiacht an amhráin ar bean í. Ina dhiaidh sin féin, ní dóigh liom gur míniú iomlán sásúil é sin ar an ionramháil seo ar na hinsciní. Thug tuairimíocht Dhara Bháin léargas eile ar an nós seo agus é ag trácht ar ‘Bean an Fhir Rua’: ‘Mura dtiocfaidh tú ceart uirthi sin, tá tú réidh.’¹² Ba í an fhoclaíocht chéanna, nach mór, a bhí san fhainic a chuir sé ar an té a smaoiníodh tabhairt faoi ‘Amhrán Mhuighinse’: ‘Mura dtiocfaidh tú uirthi sin í fhéin ceart, tá tú amuigh.’¹³ Déantar pearsanú baineann ar amhráin áirithe agus léirítear mar shuibiachtaí iad a bhfuil smacht fisiciúil, nach mór, ag teastáil chun an ceann is fearr a fháil orthu. Má tá dúshlán ag baint le gabháil na n-amhrán sin, tá sé le tuiscint gurb í an phearsa bhaineann is cúis leis an dúshlán nó leis an bhfadhb, agus gur leis an bpearsa fireann a luaitear an réiteach. Oireann sé na hinscní a chur i gcoinne a chéile toisc go réitíonn an t-idirdhealú sin leis an tuiscint thraidisiúnta ina mbíonn forlámhas ag an bhfear ar an mbean. Sonraítear sa ghné seo den chritic inmheánach i leith an tsean-nóis an úsáid shiombalach a bhaintear as an teanga chun seintimintí a eascraíonn as dioscúrsaí cumhachta a chur in iúl.

Tá an t-oideachas, an oiliúint agus an inscne i measc na gcomhthéacsanna, mar sin, ina dtagann an dénárthacht chun cinn in aon léamh criticiúil ar an amhránaíocht ar an

¹¹ Ó Ceannabháin, agallamh, 2014.

¹² Mac Donnchadha, agallamh, 2005.

¹³ Ibid., 2005.

sean-nós agus is feiniméin iad a bhfuil ábhar machnaimh breise iontu. Ba iad coincheapa an dúchais agus na hiasachta, áfach, ba mhó ar bhain mé adhmaid astu sa saothar seo chun freastal ar m'iarraicht contráthachtaí na critice agus an chleachtais i dtaca leis an sean-nós a chíoradh. Móitíf chumhachtach ab ea an dúchas san idé-eolaíocht chultúrtha inar tháinig an amhránaíocht ar an sean-nós chun cinn sa chéad áit a mheabhraigh feiniméin dhearfacha eile cosúil le seasmhacht, fírinne agus barántúlacht. Is ar easpa smachta an duine ar an dúchas fiú a tharraingíonn McQuillan aird i gceann de na léamha a dhéanann seisean ar an gcoincheap. Is mar chuid den chinniúint nó mar fheiniméan neamshocheolaíoch, nach mór, a chuirtear síos air ó thaobh na séimeantaice de i saothar McQuillan: 'something that one derives from birth and from ancestry, beyond the control of one's own agency.'¹⁴ D'fhéadfaí teacht ar an gconclúid dá réir sin, go ndéantar, sa tsamhlaíocht chomhchoiteann, ionannú idir an dúchas agus an nádúr. Is é an dúchas, go deimhin, 'an nádúr dosheachanta',¹⁵ dar le hÓ Giolláin. Thabharfadh an méid sin le fios gur idéanna an dúchas agus an nádúr araon atá neamhspleách nó fiú chun cinn ar an daonnacht féin. Tá an tuiscint sin suntasach i bhfianaise a lárnaí is atá an nádúr mar théarma agus mar choincheap tagartha sa chritic inmheánach, áitiúil ar an amhránaíocht i gCarna i dtaca leis an aeistéitic, mar shampla.

Ní feiniméan orgánach ná nádúrtha an ceol, áfach, ainneoin an mhian a bhíonn againn, amanta, an cháilíocht sin a bhronnadh air. I measc rudaí eile, is constráid dhaonna agus shóisialta é a chleachtaítear agus a phróiseálar i gcúinsí agus i gcoinníollacha faoi leith. Má aithnítear Carna go forleathan mar cheantar eiseamláireach ó thaobh an tsean-nóis de, caithfear géilleadh, dar liom, don tuiscint nach é an dúchas amháin, ná na coincheapa a shamhlaítear a bheith gaolmhar leis, faoi deara é sin. Ní dóigh liom go bhfuil aon cheist faoi shaibhreas an tsean-nóis sa cheantar má mheastar é sin de réir an líon amhránaithe, an stór amhrán, leanúnachas an tseachadta agus cumas agus inniúlacht na bhfonnadóirí i gcomhthéacs oifigiúil an chomórtais. Tarlaíonn sé go bhfuil m'obair pháirce don staidéar seo bunaithe ar chomhpháirtíocht le fonnadóirí as ceithre cinn de na teaghlaigh is mó cáil sa tír ó thaobh an tsean-nóis de agus go bhfuil Corn Uí Riada buaite ag triúr as an gceathrar amhránaithe sin. Anuas air sin, fiú ag leibhéal fisiciúil na tíreolaíochta agus na topagrafaíochta, sílim go bhfreastalaíonn an t-imeallachas agus an iargúlacht a

¹⁴ Peter McQuillan, *Native and Natural: Aspects of the Concept of 'Right' and 'Freedom' in Irish* (Corcaigh: Cork University Press, 2004), 165.

¹⁵ Diarmuid Ó Giolláin, *An Dúchas agus an Domhan*, i.

shamhlaítear le Carna ar an íomhá choiteann den dúchas agus den saibhreas cultúrtha a leagadh ar phobail tuaithe Ghaeilge go traidisiúnta. Tuiscint shóisialta seachas feiniméan nádúrtha is ea é, áfach, gur leis an tuath seachas leis an gcathair a shamhlófaí imeallachas agus iargúltacht. Ní aithnítear sa mheon sin braistintí inmheánacha an phobail ina n-áiríonn siad iad féin mar aonad slán, téagartha, neamhspleách.

Tá an bhreith sheachtrach, mar sin, ar cheann de na cúinsí trína ndéantar sainiú ar ghrúpaí agus ar phobail faoi leith. B'fheiniméan é seo, an lipéadú sóisialta, mar a tugadh air, a tháinig chun cinn i léann na socheolaíochta i Meiriceá ó na 1960í ar aghaidh mar iarracht teacht ar thuiscint níos báúla ar ghrúpaí mionlaigh agus orthu siúd a raibh nós acu cúl a thabhairt le noirm shóisialta.¹⁶ Meabhraítear sa teoiric sin an chumhacht atá ag sciar amháin den tsochaí cáil nó mícháil a shannadh do ghrúpa eile. Má rinneadh brandáil chultúrtha ar Charna, ba lena leas é, ach níos suntasaí, ba mar thoradh ar an idirghníomhaíocht leis an tsochaí níos leithne a tharla sé sin. Sonraítear Carna ag bailiú nirt ó thaobh cháil na hamhránaíochta de sa ré tar éis bhunú an Stáit go háirithe. Ní miste a mheabhrú nach feiniméan de chuid an nádúir ná an dúchais an Stát féin ach an oiread ar ndóigh. Más siombail den tsaoirse i measc sciartha áirithe den daonra é, is struchtúr cruthaithe an Stát freisin arb ann dó d'fhonn smacht agus ord a chur i bhfeidhm. Ba mar thoradh ar bhainistiú cultúrtha an Stáit a tháinig ann do roinnt de na fiontraíochtaí agus na forbairtí de chuid an fhichiú haois trínar cothaíodh an sean-nós i gCarna. Is léir é sin ón aitheantas atá faighte ag amhránaithe ón gceantar trí eagraíochtaí cosúil le Coimisiún Béaloideas Éireann, Gael-Linn, Raidió na Gaeltachta agus mórócáid Chonradh na Gaeilge, an tOireachtas. Tháinig an amhránaíocht chun cinn sa cheantar trí ghéilleadh d'fheiniméin na nua-aoise cosúil leis an litearthacht, an teicneolaíocht agus infreastruchtúr na cathrach. Cuireann an méid sin as a riocht an diceatóime a shamhlaítear go coitianta idir oidhreacht bhéil na Gaeilge agus an cultúr ceannais. Idirghníomhaíocht shiombalach is ea rath agus leanúnachas an tsean-nóis i gCarna,

¹⁶ Bhí tionchar go háirithe ag saothar Howard S. Becker, *Outsiders: Studies in the Sociology of Deviance* (1963), ar an smaointeoireacht a thug bonn do theoiric an lipéadaithe i réimse na socheolaíochta. Seachas géilleadh d'aon léamh absalóideach ar an gclaonaíocht, tugann Becker an míniú seo uirthi: 'the product of a process which involves responses of other people to the behavior', (14). Ní hí ceist na claonaíochta ná an iompair mhíshóisialta atá faoi chaibidil anseo agam gan dabht, ach an prionsabal ginearálta a dtarraingíonn Becker aird air ina mbíonn cumhacht ag an mbreith roimh aithne nó ag tuairimí seachtracha, bídis diúltach nó dearfach, ar choincheapú an duine nó an phobail.

dá bhrí sin, idir an tuath agus an chathair, an cleachtas agus an chritic, an dúchas agus an domhan.¹⁷

Is fianaise bhreise ar an imeartas idir dúchas agus iasacht allagar na n-amhránaithe féin i leith na ceirde mar a tháinig sé sin chun cinn i m'obair pháirce. Saibhriú ar an dioscúrsa sin is ea an trasnú idir emic agus eitic a aithním atá ina ghné den smaointeoireacht áitiúil, inmheánach. Ní tuiscint dhúchais, dar liom, an dílseacht don traidisiún, cuir i gcás, atá ar cheann de na tosca is mó a stiúran an chritic i leith na hamhránaíochta anuas go dtí an ré chomhaimseartha. Feiniméan atá fágtha le huacht ó ré na hAthbheochana is ea an dílseacht sin, tráth ar tugadh aitheantas agus adhradh go comhuaineach d'amhránaíocht thraidisiúnta na Gaeilge ar réimse cúiseanna. Daingníodh ar an dearcadh seo i gCarna féin trí obair agus meon na mbailitheoirí amhrán a thug tús áite do leanúnachas agus stairiúlacht na hamhránaíochta seachas do dhinimic agus éiginnteacht an traidisiúin bheo. Mar atá tugtha le fios ag Leerssen, is claonadh an dílseacht seo do nósanna an ama atá caite a eascraíonn as an tuiscint gur cailteanas seachas dul chun cinn is túsce a luaitear leis an gcomhaimsearthacht agus le himeacht ama.¹⁸ Ní minic a thugtar dúshlán an traidisiúin go hoscailte sa chritic i leith an tsean-nóis, mar sin, toisc gur fabhraíocht don traidisiún an meon is mó a bhfuil faomhadh faighte go hoifigiúil agus go seachtrach aige le cuimhne na ndaoine.

Ní hionann an chritic agus an cleachtas, áfach. Ní dóigh liom go n-éireodh na fonnadóirí ar labhair mé leo chomh corraithe céanna faoin traidisiún dúchais sa chéad áit murach go raibh athruithe ag teacht air. Is cuid den traidisiún an nuáil agus tá fonnadóirí na nAirdeanna tar éis géilleadh do nósanna nach samhlófaí go réidh leis an oidhreacht leanúnach, dhúchais sa cheantar sin. Rinne Dara Bán, ina chuid tuairimíochta, rangú as an nua ar sheanamhráin, cuir i gcás, agus ghlac chuige féin roinnt d'amhráin nuachumtha a linne mar mhíreanna gníomhacha ina stór amhrán ainneoin a dhiongbháilte is a bhí sé dá fhéiniúlacht mar amhránaí sean-nóis. Tá ar chumas an té is coimeádaí sa chritic, mar sin, cor a chur i gcinniúint na ceirde ag an am céanna. Ar an dul céanna, an ag tabhairt cúl don traidisiún nó an ag fuineadh de réir na mine a bhíonn Bríd Ní Mhaoilchiaráin, Pól Ó Ceannabháin agus fonnadóirí nach iad nuair a théann siad i muinín téacsáí scríofa agus taifid mheicniúla agus iad ag tabhairt leo amhrán nua? Má tá athruithe tagtha ar theorainneacha an stór amhrán,

¹⁷ Ó Giolláin, *An Dúchas agus an Domhan*, *passim*.

¹⁸ Leerssen, *Remembrance and Imagination*, 163-64.

ar raon agus minicíocht na hornáidíochta, ar luas na gabhála agus ar an éagsúlacht i modhanna seachadta agus foghlamtha, is í an easpa leanúnachais chéanna a choinníonn an dé sa traidisiún. Cothaítear an traidisiún trí ghéilleadh don athrú, agus is próiseas é sin a bhfuil amhránaithe an phobail gníomhach go leanúnach ann, dá ndeoin nó dá mbeochoas. Fianaise is ea na hathruithe seo ar na bealaí ar féidir teacht chun réitigh le heaspa smachta an duine ar an traidisiún sa chéad áit.

Bíodh is gur leis an dúchas a shamhlaítear an traidisiún, léiriú is ea éabhlóid an tsean-nóis le breis is céad bliain go gcuireann fonnadóirí iad féin agus a gceird in oiriúint nuair a thugtar a ndúshlán. Is coincheap frithdhúchasach le ceart an comórtas ardáin, mar shampla, a forbraíodh as seánra Eorpach ceoil, ach ina dhiaidh sin féin, tá sé ar an bhfóram is suntasaí ina ndéantar ceiliúradh (nó cáineadh) ar an amhránaíocht ar an sean-nós ar bhonn poiblí inniu. Tá dílseacht faoi leith, mar atá luaite agam, ag fonnadóirí cheantar Charna do fheiniméan an chomórtais, agus éachtaí san amhránaíocht iomaíoch déanta acu le trí ghlúin anuas. Struchtúr is ea an comórtas ina dtugtar bailíocht don amhránaíocht ar an sean-nós agus ina ndearbhaítear a luach ar bhonn poiblí. D'áiteoinn freisin go gcuireann an comórtas údarás agus treoir shiombalach ar fáil a chuidíonn le heaspa smachta agus braistintí éiginnteachta sa duine i leith na ceirde sin, nuair a thagann siad chun cinn, a chur faoi chois. Chomh maith leis an amhránaíocht iomaíoch, is beag amhránaí nach ngéilleann freisin do ghné éigin de phroifisiúnú an tsean-nóis más taifead gairmiúil atá i gceist nó aitheantas mar ealaíontóir ar pá in institiúid chultúrtha nó oideachais, cuir i gcás. Ráiteas muiníne i leith na ceirde is ea na forbairtí sin, dar liom, agus ina dhiaidh sin féin, ní leis an dúchas ach an oiread a shamhlaítear na comhthéacsanna tráchtála agus teicneolaíochta ina dtagann ann dóibh.

Beag beann ar chomhthéacs an láithrithe, tá feabhas na Gaeilge agus an ghutha, brí agus éirim na n-amhrán, úsáid stuama na hornáidíochta agus na geáitsíochta, agus an t-imeartas idir an caomhnú agus an chruthaitheacht i measc na gcoincheap a ndéantar cúram díobh i smaointeoireacht na bhfonnadóirí i leith a gceirde. Is é mo bharúil go bhfuil an luach a leagtar ar na coinníollacha sin i seánra an tsean-nóis faoi réir ag tuiscintí anuas tríd an stair ar tháinig ann dóibh taobh abhus agus taobh thall de chlaí na teorann idir dúchas agus iasacht araon. Ag an am céanna, níl iontu ach líon teoranta de na téarmaí inar féidir an sean-nós a mheas. Meabhrú leanúnach is ea an amhránaíocht gur sa domhan daonna a mhairimid. Níl fianaise níos gléine air sin ná an freastal a dhéanann gnéithe de chleachtas agus de chritic an tsean-nóis ar phróisis

arb ann dóibh sa chéad áit de thoradh na daonnachta. Áirím ina measc an dlisteanú a dhéantar ar luachanna an duine, an t-údarás a thugtar don chuimhne – agus don tsamhlaíocht, santú smachta agus bainistiú mothúchán, sóisialú an duine agus coincheapú na féiniúlachta. Tharraing mé aird i dtús an tsaothair seo ar na bealaí ar tháinig an amhránaíocht ar an sean-nós chun cinn san fhearann poiblí ar dtús i dtéarmaí tagartha lasmuigh di féin. Is dóigh liom gur féidir an smaoineamh sin a iompú droim ar ais freisin agus aitheantas a thabhairt don acmhainn atá ag an amhránaíocht a cuid féin a thabhairt ar ais, agus cur lenár dtuiscint ar ghnéithe den eispéireas daonna trí chéile.

Liosta Foinsí

Foinsí Príomha

‘Feis Ceoil: Report of the Central Executive Committee 1897-98.’ Printed records: Annual programmes (1897-1901), LS 40, 226/1, An Leabharlann Náisiúnta.

‘Feis Ceoil 1899.’ Printed records: Annual programmes (1897-1901): LS 40, 226/1, An Leabharlann Náisiúnta.

‘Clár an Oireachtais 1940.’ Outline of Programme for An tOireachtas 1940: LS 1360/10, An Leabharlann Náisiúnta.

Minutes of Oireachtas na Gaeilge Committee and Sub-Committee Meetings and Related Material: Oireachtas na Gaeilge: Fo-choiste na Gaedhealtachta, 1940s, LS 1,327/13, An Leabharlann Náisiúnta.

Adjudicators’ Reports 1945, Oireachtas na Gaeilge Papers, LS 1,370/9, An Leabharlann Náisiúnta.

Adjudicators’ Reports 1946, Oireachtas na Gaeilge Papers, LS 1,371/5, An Leabharlann Náisiúnta.

Cnuasach Bhéaloideas Éireann, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath.

Foinsí Tánaisteacha

Adorno, Theodor W. *Aesthetic Theory*. Aistrithe ag Robert Hullot-Kentor. London: Continuum, 2004.

Adorno, Theodor W. *Introduction to the Sociology of Music*. Aistrithe ag E.B. Ashton. New York: The Seabury Press, 1976.

Almqvist, Bo. ‘C. W. Von Sydow Agus Éire: Scoláire Sualannach Agus an Léann Ceilteach.’ *Béaloideas* 70 (2002): 3-49, faighte 3 Bealtaine 2016, doi:10.2307/20520792.

Alter, Peter. ‘Symbols of Irish Nationalism.’ *Studia Hibernica* 14 (1974): 104-23.

Atkinson, David. *The English Traditional Ballad: Theory, Method, and Practice*. Farnham: Ashgate Publishing, 2002.

Bartlett, Thomas, ead. *Life of Theobald Wolfe Tone: Compiled and Arranged by William Theobald Wolfe Tone*. Baile Átha Cliath: Lilliput, 1998.

Bascom, William R. ‘Four Functions of Folklore.’ *The Journal of American Folklore* 67, uimh. 266 (1954): 333-49, faighte 24 Aibreán 2019, doi:10.2307/536411.

Bauman, Richard. *Verbal Art as Performance*. Illinois: Waveland Press, 1977.

Beaumont, Seán. ‘Athbheochaint an Oireachtais.’ *Irish Times*, 4 Samhain 1939.

- Becker, Howard S. *Outsiders: Studies in the Sociology of Deviance*. New York: The Free Press of Glencoe, 1963.
- Ben-Amos, Dan. 'The seven strands of tradition: varieties in its meaning in American Folklore studies.' *Journal of Folklore Research* 21, (1984): 97-131, faighte 10 Lúnasa 2014, <http://www.jstor.org.libraryproxy.mic.ul.ie/stable/3814548>.
- Ben-Amos, Dan. 'Toward a Definition of Folklore in Context.' *The Journal of American Folklore* 84, uimh. 331 (1971): 3-15, faighte 25 Deireadh Fómhair 2014, doi:10.2307/539729.
- Benjamin, Walter. 'The Storyteller: Reflections on the Works of Nikolai Leskov.' In *Illuminations*, in eagar ag Hannah Arendt, aistrithe ag Harry Zohn, 83-109. London: Pimlico, 1999.
- Benjamin, Walter. 'The Work of Art in the Age of Mechanical Reproduction.' In *Illuminations*, in eagar ag Hannah Arendt, aistrithe ag Harry Zohn, 217-51. London: Pimlico, 1999.
- Bewerunge, Heinrich. 'The Special Charm of Irish Melodies sung 'Traditionally'.' *Irish Ecclesiastical Record* 4ú sraith, viii (Iúil – Nollaig 1900): 140-54.
- Bhabha, Homi K. *The Location of Culture*. London: Routledge, 1994.
- Blankenhorn, Virginia. 'The Connemara Sean-Nós since the Gramophone.' *ICTM Bulletin*, UK Chapter, 18 (1987): 5-12.
- Bodley, Seoirse. 'Technique and structure in 'sean-nós' singing.' *Éigse Cheol Tíre* 1 (1972-73): 43-53.
- Bohannon, Paul. *How Culture Works*. New York: The Free Press, 1995.
- Bohlman, Philip V. *The Study of Folk Music in the Modern World*. Bloomington: Indiana University Press, 1988.
- Bohlman, Philip V. *Song Loves the Masses: Herder on Music and Nationalism*. California: University of California Press, 2017.
- Bollacher, Martin, eagar. *Johann Gottfried Herder: Werke in Zehn Bänden* (Band 6). Frankfurt am Main: Deutscher Klassiker Verlag, 1985.
- Bourke, Angela. 'Songs in English from the Conamara Gaeltacht.' In *Dear Far-Voiced Veteran: Essays in Honour of Tom Munnely*, in eagar ag Anne Clune, 42-58. Miltown Malbay: Old Kilfarboy Society, 2007.
- Bourke, Marie. 'Rural Life in Pre-Famine Connacht: A Visual Document.' In *Ireland: Art into History*, in eagar ag Raymond Gillespie agus Brian P. Kennedy, 61-74. Baile Átha Cliath: Town House, 1994.
- Boyce, D. George. *Nationalism in Ireland*. New York: Routledge, 1995.
- Boydell, Barra. "'Whatever has a Foreign Tone / We like much better than our own': Irish Music and Anglo-Irish Identity in the Eighteenth Century.' In *Music and*

- Identity in Ireland and Beyond*, in eagar ag Mark Fitzgerald agus John O’Flynn, 19-38. Surrey: Ashgate, 2014.
- Boydell, Brian. *Rotunda Music in Eighteenth-Century Dublin*. Baile Átha Cliath: Irish Academic Press, 1992.
- Boyle, Elizabeth agus Paul Russell, ‘Introduction.’ In *The Tripartite Life of Whitley Stokes (1830-1909)*, in eagar ag Elizabeth Boyle agus Paul Russell, 1-13. Baile Átha Cliath: Four Courts Press, 2011.
- Boyne, Patricia. *John O’Donovan (1806-1861): A Biography*. Kilkenny: Boethius, 1987.
- Brady, Erika. *A Spiral Way: How the Phonograph Changed Ethnography*. Jackson: University Press of Mississippi, 1999.
- Breathnach, An tAthair Pádraig. *Sídh-Cheol: Cuid a hAon*. Baile Átha Cliath: Brún agus Ó Nóláin, 1924.
- Breathnach, Breandán. ‘Clár Amhrán Bhaile na hInse. Ríonach Ní Fhlathartaigh. An Clóchomhar, Baile Átha Cliath, 1976.’ *Irish Folk Music Studies / Éigse Cheol Tíre* 3 (1981): 67-68.
- Breathnach, Breandán. *Ceol agus Rince na hÉireann*. Baile Átha Cliath: An Gúm, 1989.
- Breathnach, Pádraig. *Sídh-Cheol (cuid a haon)*. Baile Átha Cliath: Brún agus Ó Nóláin, 1924.
- ‘Breathnach, Pádraig (1848-1930).’ *An Bunachar Náisiúnta Beathaisnéisí Gaeilge*, faighte 12 Eanáir 2018, <https://www.ainm.ie/Bio.aspx?ID=238>.
- Briody, Mícheál. *The Irish Folklore Commission 1935-1970: History, Ideology, Methodology*. Helsinki: Finnish Literature Society, 2008.
- Brocken, Michael. *The British Folk Revival 1944-2002*. Aldershot: Ashgate, 2003.
- Brodey, Inger S. B. ‘On Pre-Romanticism or Sensibility: Defining Ambivalances.’ In *A Companion to European Romanticism*, in eagar ag Michael Ferber, 10-28. Oxford: Blackwell Publishing, 2005.
- Brooke, Charlotte. *Reliques of Irish Poetry: Consisting of Heroic Poems, Odes, Elegies, and Songs*. Baile Átha Cliath: George Bonham, 1789.
- Browne, Charles R. ‘The Ethnography of Carna and Mweenish, in the Parish of Moyruss, Connemara.’ *Proceedings of the Royal Irish Academy (1889-1901)* 6 (1900): 503-34, faighte 17 Feabhra 2016, <http://www.jstor.org/stable/20488789>.
- Bunting, Edward, eagar. *A General Collection of the Ancient Irish Music Containing a variety of Admired Airs never before published and also The Compositions of Conolon and Carolan Collected for the Harpers &c in the Different Provinces of Ireland, and adapted for the Piano Forte, with a Prefatory Introduction by Edward Bunting*. London: Preston and Son, 1796.

Bunting, Edward, ead. *A General Collection of the Ancient Music of Ireland arranged for the piano forte, some of the most admired melodies are adapted for the voice to poetry chiefly translated from the original Irish songs by Thomas Campbell, Esq., and other eminent poets, to which is prefixed a historical and critical dissertation on the Egyptian, British and Irish Harp by Edward Bunting*. London: Clemti and Comp., 1809.

Bunting, Edward, ead. *Ancient Music of Ireland, arranged for the piano forte, to which is prefixed a dissertation on the Irish harp and harpers, including of the old melodies of Ireland*. Baile Átha Cliath: Hodges and Smith, 1840.

Burke, James. *The Life of Thomas Moore author of 'Irish Melodies', 'Lalla Rookh', Etc.* Baile Átha Cliath: James Duffy and Sons, 1879.

[Burke, Rev. Thomas N.] *The Sermons, Lectures, and Addresses delivered by The Very Rev. Thomas N. Burke*. New York: Peter F. Collier, 1872, faighte 20 Lúnasa 2018, <https://archive.org/details/sermonslecturesa00burk>.

Ceannt, Éamonn. 'Traditional Singing.' *An Claidheamh Soluis*, 9 Meán Fómhair 1905.

Chakravorty Spivak, Gayatri. 'Can the Subaltern Speak?' In *Marxism and the Interpretation of Culture*, in eagar ag Cary Nelson agus Lawrence Grossberg, 271–313. Urbana: University of Illinois Press, 1988.

Chakravorty Spivak, Gayatri. 'The Problem of Cultural Self-Representation.' In *The Post-Colonial Critic: Interviews, Strategies, Dialogues*, in eagar ag Sarah Harasym, 50-58. New York: Routledge, 1990.

Chanan, Michael. *Musica Practica: The Social Practice of Western Music from Gregorian Chant to Postmodernism*. London: Verso, 1994.

Chanan, Michael. *Repeated Takes: A Short History of Recording and its Effects on Music*. London: Verso, 1995.

Clair, Robin Patric. 'The Changing Story of Ethnography.' In *Expressions of Ethnography: Novel Approaches to Qualitative Methods*, in eagar ag Robin Patric Clair, 3-26. New York: State University of New York Press, 2003.

Clifford, James. 'Introduction: Partial Truths.' In *Writing Culture: The Poetics and Politics of Ethnography*, in eagar ag James Clifford agus George E. Marcus, 1-26. Berkeley: University of California Press, 1986.

'Cois Laoi'. 'Amhránuidhthe Gaedhilge.' *Irisleabhar na Gaedhilge*, Márta 1903.

Coleman, Steve. 'Joe Heaney Meets the Academy.' *Irish Journal of Anthropology* 1 (1996): 69-85.

Colles, H.C. 'George Petrie: 1789-1866.' *Journal of the Irish Folk Song Society* iml. 5 (1907): 7-11.

Colles, H.C., Peter Ward Jones, Bernarr Rainbow, agus Charles Edward McGuire. 'Curwen family.' In *Grove Music Online*, 2001-, faighte 20 Deireadh Fómhair 2017, <https://doi.org/10.1093/gmo/9781561592630.article.06973>.

Commins, Adèle. 'Darley, Arthur Warren.' In *Encyclopedia of Music in Ireland*, vol. 1, in eagar ag Harry White agus Barra Boydell, 281-82. Baile Átha Cliath: University College Dublin Press, 2013.

Connolly, Seán. "'Ag Déanamh *Commanding*': Elite Responses to Popular Culture, 1600-1850.' In *Irish Popular Culture 1650-1850*, in eagar ag J.S. Donnelly agus Kerby A. Miller, 1-29. Baile Átha Cliath: Irish Academic Press, 1998.

Cooper Walker, Joseph. *Historical Memoirs of the Irish Bards*, vol. 1., 2nd ed. Baile Átha Cliath: J. Christie, 1818.

Cooper, David, eagar. *The Petrie Collection of the Ancient Music of Ireland*. Cork: Cork University Press, 2002.

Costello, Éamonn. 'Sean-Nós Singing and *Oireachtas na Gaeilge*: Identity, Romantic Nationalism, and the Agency of the Gaeltacht Community Nexus.' Tráchtas PhD, Ollscoil Luimnigh, 2015.

Cowdery, James. *The Melodic Tradition of Ireland*. Ohio: Kent State University Press, 1990.

'Craobh Ruadh'. 'The Belfast Feis.' *The Leader*, 3 February 1912.

Dahlhaus, Carl. *Aesthetics of Music*. Aistrithe ag William Austin. Cambridge: Cambridge University Press, 1982.

Dahlhaus, Carl. *Analysis and Value Judgment*. Aistrithe ag Siegmund Levarie. New York: Pendragon Press, 1983.

Dahlhaus, Carl. 'Harmony: Early 20th Century.' *Grove Music Online*, 2001-, faighte 6 Nollaig 2017, <https://doi.org/10.1093/gmo/9781561592630.article.50818>.

Daly, Dominic. *The Young Douglas Hyde: The Dawn of the Irish Revolution and Renaissance*. New Jersey: Rowman and Littlefield, 1974.

Daly Mary E. 'Literacy and language change in the late eighteenth and early nineteenth centuries.' In *The Origins of Popular Literacy in Ireland: Language Change and Educational Development*, in eagar ag Mary E. Daly agus David Dickson, 153-66. Baile Átha Cliath: Trinity College and University College Dublin, 1990.

Darley, Arthur. 'Irish Music – Its History and Present Position II.' *An Claidheamh Soluis*, 20 Samhain, 1909.

Davis, Thomas. *Literary and Historical Essays*. Baile Átha Cliath: James Duffy & Co. Ltd., 1845.

- Davis, Thomas. *The Poems of Thomas Davis, now first collected, with notes and historical illustrations*. Baile Átha Cliath: James Duffy, 1846.
- de Fréine, Seán. *The Great Silence: The Study of a Relationship between Language and Nationality*. Baile Átha Cliath: Foilseacháin Náisiúnta Teoranta, 1965.
- ‘de Hindeberg, Risteard (1863-1916).’ *An Bunachar Náisiúnta Beathaisnéisí Gaeilge*, faighte 20 Márta 2017, <https://www.ainm.ie/Bio.aspx?ID=136>.
- de hÍde, Dubhghlas. *Abhráin Grádh Chúige Connacht*. 5ú heagrán. Baile Átha Cliath: Gill & Son, 1909.
- de hÍde, Dubhghlas. ‘Gaelic Folk Songs.’ In *Language, Lore and Lyrics*. In eagar ag Breandán Ó Conaire, 104-21. Baile Átha Cliath: Irish Academic Press, 1986.
- de hÍde, Dubhghlas. ‘The Necessity for De-Anglicising Ireland’ In *Language, Lore and Lyrics*. In eagar ag Breandán Ó Conaire, 153-70. Baile Átha Cliath: Irish Academic Press, 1986.
- de hÍde, Dubhghlas. ‘The Unpublished Songs of Ireland.’ In *Language, Lore and Lyrics*. In eagar ag Breandán Ó Conaire, 66-73. Baile Átha Cliath: Irish Academic Press, 1986.
- de hÍde, Dubhghlas. *Abhráin agus Dánta an Reachtabhraigh*. Baile Átha Cliath: Oifig Díolta Foilseacháin Rialtais, 1933.
- de hÍde, Dubhghlas. *Mise agus an Connradh*. Baile Átha Cliath: Oifig Dhíolta Foilseacháin Rialtais, 1937.
- de Noraidh, Liam. *Ceol ón Mumhain*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 1965.
- Denvir, Gearóid, eagar. *Amhráin Choilm de Bhailís*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht, 1996.
- Denvir, Gearóid. ‘Decolonising the Mind: Language and Literature in Ireland.’ *New Hibernia Review/Iris Éireannach Nua*, iml. 1, uimh. 1 (Spring 1997): 44-68.
- Denvir, Gearóid, eagar. *Sé an Saol an Máistir: Filíocht Learaí Phádraic Learaí Uí Fhínneadha*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht, 2010.
- Denvir, Síle. ‘I lár an Aonaigh: iniúchadh ar an athmhúnlú, an athmhíniú, agus an taibhléiriú a déantar ar amhráin dhúchasacha Gaeilge in Éirinn agus in Albain i gcomhthéacs nua-aimseartha.’ Tráchtas PhD, Ollscoil Luimnigh, 2012.
- Deschênes, Bruno. ‘Toward an Anthropology of Music Listening.’ *International Review of the Aesthetics and Sociology of Music* 29, uimh. 2 (1998): 135-53, faighte 15 Meitheamh 2015, doi:10.2307/3108385.
- Dinneen, Patrick S. *Foclóir Gaedhilge agus Béarla: English Irish Dictionary*. Baile Átha Cliath: Irish Texts Society, [1927] 1996.
- Dowling, Martin. *Traditional Music and Irish Society: Historical Perspectives*. Surrey: Ashgate, 2014.

Dundes, Alan. 'Bloody Mary in the Mirror: A Ritual Reflection of Pre-Pubescent Anxiety.' *Western Folklore*, Iml. 57, Uimh. 2/3 (Spring - Summer, 1998): 119-35, faighte 10 Bealtaine 2019, <https://www.jstor.org/stable/1500216>.

Dundes, Alan. 'Folkloristics in the Twenty-First Century (AFS Invited Presidential Plenary Address, 2004).' *Journal of American Folklore*, Vol. 118, No. 470 (Autumn, 2005): 385-408, faighte 10 Bealtaine 2019, <https://www.jstor.org/stable/4137664>.

Dunn, Ginette. *The Fellowship of Song: Popular Singing Traditions in East Suffolk*. London: Croom Helm, 1980.

Dusman, Linda. 'Unheard-of: Music as Performance and the Reception of the New.' *Perspectives of New Music* 32, no. 2 (1994): 130-46, faighte 2 Feabhra 2016, doi:10.2307/833601.

Fanon, Frantz. *The Wretched of the Earth*. Aistrithe ag Constance Farrington. London: Penguin Books, 1967.

Fine, Elizabeth C. *The Folklore Text: From Performance to Print*. Bloomington: Indiana University Press, 1984.

Finnegan, Ruth. *Oral Poetry: Its Nature, Significance and Social Context*. London: Cambridge University Press, 1977.

Finnegan, Ruth. *Literacy and Orality: Studies in the Technology of Communication*. Oxford: Blackwell, 1988.

Firth, Raymond. 'Introduction: Malinowski as Scientist and as Man.' In *Man and Culture: An Evaluation of the Work of Bronislaw Malinowski*, in eagar ag Raymond Firth, 1-14. London and New York: Routledge and Kegan Paul Ltd., 1957.

Flannery, James. *Dear Harp of My Country: The Irish Melodies of Thomas Moore*. Tennessee: J. S. Sanders & Co., 1997.

Fogarty, Chris. *Ireland 1845-1850: The Perfect Holocaust and those who Kept it 'Perfect'*. Fogarty Publishing, 2014.

Foley, John Miles. *How to Read an Oral Poem*. Urbana: University of Illinois Press, 2002.

Foley, John Miles. *The Theory of Oral Composition: History and Methodology*. Bloomington: Indiana University Press, 1988.

Forster, Michael N. *Herder's Philosophy*. Oxford: Oxford University Press, 2018.

Four Letters originally written in French, Relating to the Kingdom of Ireland. Baile Átha Cliath, 1739.

Gadamer, Hans-Georg. *Truth and Method*. London: Continuum, [1960] 2004.

Gaynor, Edward. 'Irish Music According to Dr. Henebry.' *An Claidheamh Soluis*, 14 Samhain 1903.

- Glassie, Henry. 'Tradition.' *The Journal of American Folklore* 108 (1995): 395-412, faighte 10 Lúnasa 2014, <https://www.jstor.org/stable/541653>.
- Glassie, Henry. *Passing the Time in Ballymenone: Culture and History of an Ulster Community*. Philadelphia: University of Pennsylvania Press, 1982.
- Gmelch, George. 'J.M. Synge: Observer of Irish Peasant Life.' In *Wicklow, West Kerry and Connemara by Synge*, in eagar ag George Gmelch agus Ann Saddlemyer, 11-19. Baile Átha Cliath: O'Brien Press, 1980.
- Goldstein, Kenneth S. *A Guide for Fieldworkers in Folklore*. Pennsylvania: Folklore Associates Inc., 1964.
- Grattan Flood, William Henry. 'Irish Choral Singing.' *Freeman's Journal*, 18 Lúnasa, 1905.
- Gruber, Jacob W. 'Ethnographic Salvage and the Shaping of Anthropology.' *American Anthropologist*, New Series, 72, uimh. 6 (1970): 1289-299, faighte 25 Márta 2016, <http://www.jstor.org/stable/672848>.
- Handler, Richard agus Jocelyn Linnekin, 'Tradition, Genuine or Spurious.' *The Journal of American Folklore*, iml. 97, uimh. 385 (July-Sept., 1984): 273-90, faighte 20 Eanáir 2016, doi:10.2307/540610.
- Hardebeck, Carl. 'Irish Music.' *An Claidheamh Soluis*, 3 Meitheamh 1916.
- Hardebeck, Carl. 'Traditional singing: its value and meaning.' *Journal of the Ivernian Society* iii (Eanáir-Márta 1911): 89-95.
- Hartmann, Hans, Tomás de Bhaldraithe agus Ruairí Ó hUiginn, eag. *Airneán: Eine Sammlung von Texten aus Carna, Co. na Gaillimhe*, iml.1. Tübingen: Max Niemeyer Verlag, 1996.
- Henebry, Richard. *A Handbook of Irish Music*. Corcaigh: Cork University Press, 1928.
- Herder, Johann Gottfried. *Volkslieder*. Leipzig: In der Wehgandschen Buchhandlung, 1779.
- Herder, Johann Gottfried. *Outlines of a Philosophy of the History of Mankind*. Aistrithe ag T. Churchill. New York: Bergman Publishers, 1966.
- Hobsbawm, Eric. 'Inventing Traditions.' In *The Invention of Tradition*, in eagar ag Eric Hobsbawm agus Terence Ranger, 1-14. Cambridge: Cambridge University Press, 1983.
- Humphreys, Madeleine. *The Life and Times of Edward Martyn: An Aristocratic Bohemian*. Baile Átha Cliath: Irish Academic Press, 2007.
- Hunt, Edmund. 'A National School of Music such as the World has Never Seen': Re-appropriating the Early Twentieth Century into a Chronology of Irish Composition.' In *Music and Identity in Ireland and Beyond*, in eagar ag Mark Fitzgerald agus John O'Flynn, 53-68. Surrey: Ashgate, 2014.

Hutchinson, John. *The Dynamics of Cultural Nationalism: The Gaelic Revival and the Creation of the Irish Nation State*. London: Allen & Unwin, 1987.

'Iberian'. 'Some Notes on the Feis Ceoil, 1915.' *An Claidheamh Soluis*, 22 Bealtaine 1915.

Jenkins, Iredell. 'Art for Art's Sake.' In *Dictionary of the History of Ideas*, 2003-. 108-11, faighte 11 Deireadh Fómhair 2018, <http://xtf.lib.virginia.edu/xtf/view?docId=DicHist/uvaBook/tei/DicHist1.xml;chunk.id=dv1-18;toc.depth=1;toc.id=dv1-18;brand=default;query=art#1>.

Kant, Immanuel. *Critique of the Power of Judgment*. Aistrithe ag Paul Guyer agus Eric Matthews. New York: Cambridge University Press, 2000.

Kant, Immanuel. *Kritik der Urteilskraft*. Hamburg: Felix Meiner Verlag, [1790] 2006.

Kiberd, Declan. *Synge and the Irish Language*. London: Macmillan, 1979.

Klein, Axel. 'Roots and Directions in Twentieth-Century Irish Art Music.' In *Irish Music in the Twentieth Century*, in eagar ag Gareth Cox and Axel Klein, 168-82. Baile Átha Cliath: Four Courts Press, 2003.

Lawrence, Frank. 'Bewerunge, Heinrich [Wilhelm Joseph].' In *Encyclopedia of Music in Ireland*, vol. 1, in eagar ag Harry White agus Barra Boydell, 88-91. Baile Átha Cliath: University College Dublin Press, 2013.

Leerssen, Joep. *Remembrance and Imagination: Patterns in the Historical and Literary Representation of Ireland in the Nineteenth Century*. Corcaigh: Cork University Press, 1996.

Lindholm, Charles. *Culture and Authenticity*. Massachusetts: Blackwell Publishing, 2008.

Linton, Ralph. 'Nativistic Movements.' *American Anthropologist*, New Series, 45, uimh. 2 (1943): 230-40, faighte 10 Feabhra 2015, <http://www.jstor.org.libraryproxy.mic.ul.ie/stable/663272>.

Longyear, Rey M. *Nineteenth-Century Romanticism in Music*. New Jersey, Prentice Hall, 1969.

Lord, Albert. *The Singer of Tales*. Harvard: Harvard University Press, 1960.

Lyons, F.S.L. *Culture and Anarchy in Ireland*. Oxford: Clarendon Press, 1979.

Mac an Iomaire, Séamus. *Cladaigh Chonamara*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1938.

'Mac Domhnaill, Séamus (1763-1845).' *An Bunachar Náisiúnta Beathaisnéisí Gaeilge*, faighte 24 Feabhra 2016, <http://www.ainm.ie/Bio.aspx?ID=1111>.

Mac Aonghusa, Proinsias. ‘Aindrias Ó Muimhneacháin (1905-1989).’ In *Cuimhní Cinn ar an Oireachtas*, in eagar ag Seán Mac Mathúna, 141-43. Baile Átha Cliath: Conradh na Gaeilge, 1997.

Mac Aonghusa, Proinsias. ‘Athréimniú an Oireachtais.’ In *Oireachtas na Gaeilge 1897-1997*, in eagar ag Proinsias Mac Aonghusa, 65-80. Baile Átha Cliath: Conradh na Gaeilge, 1997.

Mac Aonghusa, Proinsias. ‘Tae agus Suí Caidrimh.’ In *Cuimhní Cinn ar an Oireachtas*, in eagar ag Seán Mac Mathúna, 53-60. Baile Átha Cliath: Conradh na Gaeilge, 1997.

Mac Aonghusa, Proinsias. *Ar Son na Gaeilge: Conradh na Gaeilge 1893-1993*. Baile Átha Cliath: Conradh na Gaeilge, 1993.

Mac Coisdealbha, Liam. ‘Dhá Amhrán Do’n Edifón.’ *Béaloideas* 14, uimh. 1/2 (1944): 271-73, faighte 22 Samhain 2016, doi:10.2307/20642589.

Mac Coisdealbha, Liam. ‘Im’ Bhailitheoir Béaloideasa.’ *Béaloideas* 16, uimh. 1/2 (1946): 141-71, faighte 10 Samhain 2016, doi:10.2307/20522138.

Mac Con Iomaire, Liam. *Seosamh Ó hÉanaí: Nár fhágha mé Bás Choíche*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht, 2007.

Mac Giolla Fhinnéin, Brian. ‘Pádraig Ó Loingsigh: Saol agus Saothar.’ *Seanchas Ard Mhacha: Journal of the Armagh Diocesan Historical Society* iml. 15, uimh. 2 (1993): 98-124.

Mac Giollarnáth, Seán, eagar. *Annála Beaga ó Iorras Aithneach*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1941.

Mac Giollarnáth, Seán. *Conamara*. Baile Átha Cliath: Comhartha na dTrí gCoinneal, 1954.

Mac Giollarnáth, Seán. ‘Sgéalaidhe Mór Ruisín na Maithnidheach.’ *Béaloideas* 11, uimh. 1/2 (1941): 143-49, 20 Samhain 2016, doi:10.2307/20642552.

Mac Piarais, Pádraig. 1979. ‘Bríd na nAmhrán.’ In *Gearrscéalta an Phiarsaigh*, in eagar ag Cathal Ó Háinle, 116-120. Baile Átha Cliath: Cló Thalbóid.

Mac Piarais, Pádraig. ‘Nua-Litridheacht.’ *An Claidheamh Soluis*, 19 Bealtaine 1906.

Macdonald, Sharon. *Reimagining Culture: Histories, Identities and the Gaelic Renaissance*. Oxford: Berg, 1997.

Malinowski, Bronislaw. *Argonauts of the Western Pacific*. London: George Routledge and Sons, 1932.

Martyn, Edward. ‘The Feis Ceoil.’ *An Claidheamh Soluis*, 4 Bealtaine 1901.

Martyn, Edward. ‘Irish Singing at Tuam.’ *An Claidheamh Soluis*, 23 Lúnasa 1902.

Martyn, Edward. ‘Irish Music at the Feis Ceoil.’ *An Claidheamh Soluis*, 4 Meitheamh 1904.

- Martyn, Edward. 'The Gaelic League and Irish Music.' *The Irish Review* 1, no. 9 (November 1911): 449-51.
- Mason, Nicholas. 'Consumer Culture: Getting and Spending in the Romantic Age.' In *A Concise Companion to the Romantic Age*, in eagar ag Jon Klancher, 189-211. Sussex: Blackwell Publishing Ltd., 2009.
- McCarthy, Marie. *Passing it On: The Transmission of Music in Irish Culture*. Corcaigh: Cork University Press, 1997.
- McCormick, Fred. 'Review: Labhrás Ó Cadhla, *Amhráin ó Shliabh gCua*,' Musical Traditions Internet Magazine, faighte 10 Márta 2019, <http://www.mustrad.org.uk/reviews/cadhla.htm>.
- McEniry, Caitríona. 'Hardebeck, Carl Gilbert.' In *The Companion to Irish Traditional Music*, 2^ú heagrán, in eagar ag Fintan Vallely, 324-25. Corcaigh: Cork University Press, 2011.
- McQuillan, Peter. *Native and Natural: Aspects of the Concept of 'Right' and 'Freedom' in Irish*. Corcaigh: Cork University Press, 2004.
- Memmi, Albert. *The Colonizer and the Colonized*. Aistrithe ag Howard Greenfeld. London: Earthscan Publications, 1990.
- Merriam, Alan P. *The Anthropology of Music*. Illinois: Northwestern University Press, 1964.
- Mhic Choisdealbha, Eibhlín Bean, eagar. *Amhráin Mhuighe Seóla: Traditional Folk-songs from Galway and Mayo*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht, [1923] 1990.
- Milligan Fox, Charlotte. *Annals of the Irish Harpers*. London: Smith, Elder & Co., 1911.
- Mirbach, Dagmar. 'Magnitudo aesthetica, Aesthetic Greatness: Ethical aspects of Alexander Gottlieb Baumgarten's Fragmentary Aesthetica (1750/58).' *The Nordic Journal of Aesthetics* Uimh. 36-37 (2008/2009): 102-28, faighte 10 Aibreán 2015, <https://tidsskrift.dk/nja/article/download/2799/2420/>.
- Moloney, Collette. *The Irish Music Manuscripts of Edward Bunting (1773-1843): An Introduction and Catalogue*. Baile Átha Cliath: Taisce Cheol Dúchais Éireann, 2000.
- Molony, John Neylon. *A Soul Came into Ireland, Thomas Davis, 1814-1845: A Biography*. Baile Átha Cliath: Geography Publications, 1995.
- Moravia, Sergio. 'The Enlightenment and the Sciences of Man.' *History of Science*, vol. 18 (1980): 247-68.
- Motherway, Susan. 'Mediated Music? The Impact of Recording on Irish Traditional Song Performance.' In *Ancestral Imprints: Histories of Irish Traditional Music and Dance*, in eagar ag Thérèse Smith, 168-79. Corcaigh: Cork University Press, 2012.
- Munnely, Tom. 'George Petrie: Distorting the Voice of the People? A Review of the Petrie Collection of the Ancient Music of Ireland, edited by David Cooper.' *The*

- Journal of Music* (January 2003), faighte 15 Nollaig 2016, <http://journalofmusic.com/focus/george-petrie-distorting-voice-people>.
- Munnely, Tom. ‘O’Boyle, Seán.’ In *The Companion to Irish Traditional Music*, 2^ú heagrán, in eagar ag Fintan Vallely, 499. Corcaigh: Cork University Press, 2011.
- Nettl, Bruno. *The Study of Ethnomusicology: Twenty-Nine Issues and Concepts*. Urbana and Chicago: University of Illinois Press, 1983.
- ‘Ní Annagáin, Máighréad (1875-1952).’ *An Bunachar Náisiúnta Beathaisnéisí Gaeilge*, faighte 23 Samhain 2018, <https://www.ainm.ie/Bio.aspx?ID=1905>.
- Ní Chathailriabhaigh, Eibhlín. ‘Pádraig Ó Siochfhradha (‘An Seabhac’) agus Athbheochan an Oireachtais.’ In *Oireachtas na Gaeilge 1897-1997*, in eagar ag Proinsias Mac Aonghusa, 55-60. Baile Átha Cliath: Conradh na Gaeilge, 1997.
- Ní Chinnéide, Mairéad. *Scéal Ghael-Linn*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht, 2013.
- Ní Chinnéide, Veronica. ‘The Sources of Moore's Melodies.’ *The Journal of the Royal Society of Antiquaries of Ireland* 89, no. 2 (1959): 109-34, faighte 10 Samhain 2018, <http://www.jstor.org.libraryproxy.mic.ul.ie/stable/25509361>.
- Ní Chlochartaigh, Máire Eibhlín. ‘An tOileán Máisean: Pobal, Cultúr agus Oidhreacht.’ Tráchtas MA, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, 2012.
- Ní Chonghaile, Deirdre. ‘An Teach Ósta: Tinteán an Cheoil Thraidisiúnta?’ In *Bliainiris* 7, in eagar ag Liam Mac Cóil agus Ruairí Ó hUiginn, 72-84. Ráth Chairn: Carbad, 2007.
- Ní Chonghaile, Deirdre. ‘ag teacht le cuan: Irish Traditional Music and the Aran Islands.’ Tráchtas PhD, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, 2010.
- Ní Fhlathartaigh, Ríonach. *Clár Amhrán Bhaile na hInse*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta., 1976.
- Ní Ghuairim, Sorcha. ‘An Ceol Gaedhealach – Tá Fonnadóirí agus Fonnadóirí Ann.’ *An t-Éireannach*, 2 Márta 1935.
- Ní Mhunghaile, Lesa, eagar. *Charlotte Brooke's Reliques of Irish Poetry*. Baile Átha Cliath: Irish Manuscripts Commission, 2009.
- Ní Mhunghaile, Lesa. *Ré Órga na nGael: Joseph Cooper Walker (1761-1810)*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht, 2013.
- Ní Pheadair, Eithne. ‘The Roche Collection of Irish Music.’ *The Leader*, 18 Bealtaine 1912.
- Nic Dhonncha, Róisín. ‘Amhráin Vail agus Mhíchíl Bheairtle Uí Dhonnchú.’ Tráchtas MA, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, 2002.
- Nic Dhonncha, Róisín. ‘An tOireachtas agus an Amhránaíocht ar an Sean-Nós: Cruthú agus Sealbhú Traidisiúin.’ In *Bliainiris* 2004, in eagar ag Liam Mac Cóil agus Ruairí Ó hUiginn, 28-84. Ráth Cairn: Carbad, 2004.

- Nic Eoin, Máirín. *An Litríocht Réigiúnach*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 1982.
- Nic Fhinn, Máire. *Riobard Mac Góráin: Ceannródaí Ildánach*. Baile Átha Cliath: Coiscéim, 2018.
- Ó Buachalla, Breandán. *Cathal Buí: Amhráin*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 1975.
- Ó Cadhain, Máirtín. *An Braon Broghach*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1948.
- Ó Cadhain, Máirtín. ‘A Storyteller and a Singer.’ *Irish Times*, 17 Bealtaine 1957.
- Ó Cadhla, Stiofán. ‘Subterfuge and Evasion in the Irish Folklore Commission?’ *Studia Celtica Fennica* V (2008): 100.
- Ó Cadhla, Stiofán. *An tSlat Féithleoige: Ealaíona an Dúchais 1800-2000*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht, 2011.
- Ó Cadhla, Stiofán. ‘Seanchas na Fiosracha agus Léann an Dúchais.’ In *Léann an Dúchais: Aistí in Ómós do Ghearóid Ó Crualaoich*, in eagar ag Stiofán Ó Cadhla agus Diarmuid Ó Giolláin, 79-96. Corcaigh: Cló Ollscoile Chorcaí, 2012.
- Ó Canainn, Tomás. *Traditional Music in Ireland*. Corcaigh: Ossian Publications, 1993.
- Ó Casaide, Gearóid. ‘Máire mar Eagarthóir ar *Iris an Fháinne* agus *Fáinne an Lae*.’ In *Jonneen Khordaroy Answers Critics: Léachtaí Cuimhneacháin ar Shéamas Ó Grianna “Máire” (1889-1969)*, in eagar ag Nollaig Mac Congáil, 140-52. Baile Átha Cliath: Coiscéim, 1992.
- Ó Catháin, Diarmuid. ‘Féilte Cláirseoireachta Ghránaird, John Dungan, Cóbanhávan, agus an Rómánsachas Luath.’ *Eighteenth-Century Ireland: Iris an dá chultúr*, iml. 22 (2007): 106-32.
- Ó Cathasaigh, Aindrias. *Ré Nua os comhair na nGael?: Conspóidí Chonradh na Gaeilge 1932-1939*. Baile Átha Cliath: Coiscéim, 2009.
- Ó Ceannabháin, Peadar. ‘D’aithneoinn do Ghlór’: Tógáil agus Gabháil na nAmhrán in Iorras Aitheach.’ In *Sealbhú an Traidisiúin*, in eagar ag Niamh Ní Shíadhail, Meidhbhín Ní Úrdail, Ríonach uí Ógáin, 71-80. Baile Átha Cliath: Comhairle Bhéaloideas Éireann, 2013.
- Ó Cearbhaill, Pádraig. ‘An Amhránaíocht ar an Sean-Nós: Conas is ceart í a mheas?’ In *Oghma* 7, in eagar ag Seosamh Ó Murchú, Mícheál Ó Cearúil, Antain Mag Shamhráin, 44-52. Baile Átha Cliath: Foilseacháin Oghma, 1995.
- Ó Ciosáin, Éamon. *An t-Éireannach, 1934-1937: Nuachtán Sóisialach Gaeltachta*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta., 1993.
- ‘Ó Comhraí, Eoghan (1794-1862).’ *An Bunachar Náisiúnta Beathaisnéisí Gaeilge*, faighte 19 Meán Fómhair 2016, <http://www.ainm.ie/Bio.aspx?ID=1180>.

- Ó Conaire, Pádraic. ‘Seanlitríocht na nGael agus Nualitríocht na hEorpa.’ *An Claidheamh Soluis*, 12 agus 19 Nollaig 1908.
- Ó Conaire, Pádraic. ‘Páistí Scoile: An Bhfuil siad ag Milleadh Nualitríocht na Gaeilge.’ *An Claidheamh Soluis*, 24 Feabhra 1917.
- Ó Conaire, Pádraic. ‘An Litríocht Nua: Brostaigí, a Ridirí.’ *An Claidheamh Soluis*, 17 Márta 1917.
- Ó Con Cheanainn, Ciarán. *Clár Amhrán Mhaigh Cuilinn*. Baile Átha Cliath: Comhairle Bhéaloideas Éireann, 2011.
- Ó Conghaile, Micheál. *Conamara agus Árainn: Gnéithe den Stair Shóisialta*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht, 1988.
- Ó Conluain, Proinsias. ‘Cuimhní Oireachtais.’ In *Cuimhní Cinn ar an Oireachtas*, in eagar ag Seán Mac Mathúna, 33-40. Baile Átha Cliath: Conradh na Gaeilge, 1997.
- Ó Cróinín, Dáibhí, eag. *The Songs of Elizabeth Cronin, Irish Traditional Singer: the complete song collection*. Baile Átha Cliath: Four Courts Press, 2000.
- Ó Curnáin, Brian. *The Irish of Iorras Aithneach, County Galway*, iml.i. Baile Átha Cliath: Dublin Institute for Advanced Studies, 2007.
- ‘Ó D.’. ‘A Plea for the Advancement of Irish Music I.’ *An Claidheamh Soluis*, 31 Eanáir 1903.
- Ó Duilearga, Séamus. ‘Ó’n bhFear Eagair.’ *Béaloideas* iml. i, uimh. i (Meitheamh 1927): 3-6, faighte 11 Márta 2016, <https://www.jstor.org/stable/20521411>.
- Ó Duilearga, Séamus. ‘Volkskundliche Arbeit in Irland von 1850 bis zur Gegenwart mit besonderer Berücksichtigung der ‘Irishen Volkskunde-Kommission’.’ *Zeitschrift für Celtische Philologie*, uimh xxiii (1943): 1-38.
- Ó Duilearga, Séamus. ‘Introductory Note’. In Seán Ó Súilleabháin, *A Handbook of Irish Folklore*, i-iv. Detroit: Singing Tree Press, [1942] 1970.
- Ó Faracháin, Antaine. ‘Stór mo chroí: Bealaí difriúla le breathnú ar *repertoire* in amhránaíocht dhúchasach na hÉireann.’ Páipéar comhdhála a cuireadh i láthair ag Comhdháil ar Litríocht agus Cultúr na Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, 13 Deireadh Fómhair 2012.
- Ó Fotharta, Domhnall. *Siamsa an Gheimhridh, nó cois an teallaigh in Iargchonnachta .i. sceulta, dánta, abhráin, tomhsanna*, 7c. Baile Átha Cliath: 1892.
- Ó Gealbháin, Ciarán. ‘Ó Sheán Clárach Mac Domhnaill go dtí Nioclás Tóibín: traidisiún na hamhránaíochta ins na Déise.’ Tráchtas PhD, Coláiste na hOllscoile Corcaigh, 2016.
- Ó Giolláin, Diarmuid. *Locating Irish Folklore: Tradition, Modernity, Identity*. Corcaigh: Cork University Press, 2000.

Ó Giolláin, Diarmuid. *An Dúchas agus an Domhan*. Corcaigh: Cork University Press, 2005.

Ó Gráda, Cormac. *Ireland Before and After the Famine: Explorations in Economic History, 1800-1925*. Manchester: Manchester University Press, 1988.

Ó hIfeárnáin, Tadhg. 'Irish-Speaking Society and the State.' In *The Celtic Languages*, 2ú heagrán, in eagar ag Martin J. Ball agus Nicole Müller, 539-86. London: Routledge, 2009.

Ó hUallacháin, An tAthair Colmán. *The Irish and Irish – a sociolinguistic analysis of the relationship between the people and their language*. Baile Átha Cliath: The Irish Franciscan Provincial Office, 1994.

Ó Laoire, Lillis. *Ar Chreag i Lár na Farráige: Amhráin agus Amhránaithe i dToraigh*. Cló Iar-Chonnacht, 2002.

Ó Laoire, Lillis agus Sean Williams, 'Gan Unsa ar Bith Céille': An Fhearúlacht agus An Bharántúlacht in Dhá Amhrán le Seosamh Ó hÉanaí.' *Béaloideas* 77 (2009): 58-79, faighte 23 Bealtaine 2018, <http://www.jstor.org/stable/20799576>.

Ó Laoire, Lillis. 'Towards an Aesthetics of Gaelic Song Performance.' *Folk Life*, 54:1 (2016): 49-67, faighte 28 Samhain 2018, doi:10.1080/04308778.2016.1159790.

Ó Laoire, Lillis. 'Asarlaíocht ar an chroí: Amhrán Mhainse agus an Dúchas.' In *Solas ar na Dumhchannaí – Aistí i gcuimhne ar Mhuiris Ó Meara*, in eagar ag Ailbhe Ní Ghearbhuigh agus Siún Ní Dhuinn, 184-204. Baile Átha Cliath: LeabhairComhar, 2016.

Ó Madagáin, Breandán. 'Functions of Irish Song in the Nineteenth Century.' *Béaloideas* 53 (1985): 130-216, faighte 11 Bealtaine 2015, doi:10.2307/20522261.

Ó Madagáin, Breandán. 'Eugene O'Curry 1794-1862: Pioneer of Irish Scholarship.' In *Clare: History and Society: Interdisciplinary essays on the history of an Irish County*, in eagar ag Matthew Lynch agus Patrick Nugent, 425-48. Baile Átha Cliath: Geography Publications, 2009.

Ó Máille, Micheál agus Tomás, eag. *Amhráin Chlainne Gael*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht, [1905] 1991.

Ó Maoláin, Micheál. Litir chuig *An t-Éireannach*, 5 Eanáir 1935.

Ó Muimhneacháin, Aindrias. *Dóchas agus Duainéis: Scéal Chonradh na Gaeilge 1922-1932*. Corcaigh: Cló Mercier, 1974.

Ó Muirgheasa, Énrí. *Céad de Cheoltaibh Uladh*. Baile Átha Cliath: M.H. Mac Giolla agus a mhac, 1915.

Ó Muirgheasa, Énrí. *Dhá Chéad de Cheoltaibh Uladh*. Baile Átha Cliath: Oifig Díolta Foillseacháin Rialtas, 1934.

‘Ó Muirgheasa, Énrí (1874-1945).’ *An Bunachar Náisiúnta Beathaisnéisí Gaeilge*, 23 Samhain 2017, <https://www.ainm.ie/Bio.aspx?ID=93>.

Ó Murchadha, Tadhg. ‘Scéalaithe Dob Aithnid Dom.’ *Béaloideas* 18, uimh. 1/2 (1948): 3-44, 10 Iúil 2016, <http://www.jstor.org.libraryproxy.mic.ul.ie/stable/20722847>.

Ó Nualláin, Brian. *An Béal Bocht*. Baile Átha Cliath: An Preas Náisiúnta, 1941.

Ó Riada, Seán. *Our Musical Heritage*, in eagar ag Thomas Kinsella, ceol in eagar ag Tomás Ó Canainn. Baile Átha Cliath: Dolmen Press for Fundúireacht an Riadaigh, 1982.

Ó Súilleabháin, Donncha. *Scéal an Oireachtais 1897-1924*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta., 1984.

Ó Tiománaidhe, Micheál, eag. *Abhráin Ghaedhilge an Iarthair*. Baile Átha Cliath: Conradh na Gaeilge, 1906.

Ó Torna, Cairtriona. *Cruthú na Gaeltachta 1893-1932: samhlú agus buanú chonstráid na Gaeltachta i rith na hAthbheochana*. Baile Átha Cliath: Cois Life, 2005.

O’Brien Moran, Jimmy. ‘Joyce, Patrick Weston.’ In *The Encyclopedia of Music in Ireland*, vol.1, in eagar ag Harry White agus Barra Boydell, 549-55. Baile Átha Cliath: University College Dublin Press, 2013.

O’Leary, Philip. *The Prose Literature of the Gaelic Revival, 1881-1921: Ideology and Innovation*. Pennsylvania: The Pennsylvania University Press, 1994.

O’Neill, Capt. Francis. *Irish minstrels and musicians with numerous dissertations on related subjects*. Chicago: The Regan Printing House, 1913.

O’Neill, George. ‘The Work of the Feis Ceoil.’ *An Claidheamh Soluis*, 25 Bealtaine 1901.

O’Rourke, Brian. *Blas Meala: A Sip from the Honey Pot*. Baile Átha Cliath: Irish Academic Press, 1985.

O’Russell, T. Litir chuig an *Evening Telegraph*, 15 Meán Fómhair 1894.

O’Russell, T. ‘The Feis Ceoil.’ *The Shan Van Vocht*, 3 Eanáir 1898.

O’Russell, T. ‘Feis Ceoil and Foreign Music.’ *The Peasant and Irish Ireland*, 1 Meitheamh 1907.

‘Ó Séaghdha, Pádraig.’ *An Bunachar Náisiúnta Beathaisnéisí Gaeilge*, faighte 20 Márta 2018, <https://www.ainm.ie/Bio.aspx?ID=1018>.

‘Seán Fionnbarra Ó Síocháin.’ *Who’s Who, What’s What and Where in Ireland*, 290. London: Zircon Publishing, 1973.

- O'Sullivan, Dónal. *Irish Folk Music Song and Dance*. Corcaigh: Mercier Press, 1969.
- O'Sullivan, P.J. 'Irish Music.' *An Claidheamh Soluis*, 24 Márta 1900.
- 'Ó Tiománaidhe, Micheál (1853-1940).' *An Bunachar Náisiúnta Beathaisnéisí Gaeilge*, faighte 1 Nollaig 2017, <https://www.ainm.ie/Bio.aspx?ID=118>.
- Ó Tuama, Seán. *An Grá in Amhráin na nDaoine*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta., 1960.
- Oldham, Edith. 'The Eisteddfod and the Feis Ceoil.' *The New Ireland Review* 8 (February 1898): 349-61.
- Ong, Walter J. *The Presence of the Word: Some Prolegomena for Cultural and Religious History*. New Haven: Yale University Press, 1967.
- Ong, Walter J. *Orality and Literacy: The Technologizing of the Word*. London: Routledge, [1982] 2002.
- 'Pádraic'. 'Oireachtas na Gaillimhe.' *An Claidheamh Soluis*, 2 Lúnasa 1913.
- Partridge, Angela. *Caoineadh na dTrí Muire: Téama na Páise i bhFilíocht Bhéil na Gaeilge*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 1983.
- Petrie, George. 'Our Portrait Gallery – No. XLI: Edward Bunting.' *Dublin University Magazine*, vol. xxix, no. xli (January 1847): 64-73.
- Petrie, George. *The Petrie Collection of the Ancient Music of Ireland Vol 1*. Baile Átha Cliath: The Society for the Preservation and Publications of the Melodies of Ireland, 1855.
- Pickering, Michael. *Village Song and Culture: A Study Based on the Blunt Collection of Song from Adderbury North Oxfordshire*. Oxford: Routledge, 1982.
- Pine, Richard. *2RN and the Origins of Irish Radio*. Dublin: Four Courts Press, 2002.
- Porter, James. 'Mode §IV: Modal Scales and Traditional Music.' *Grove Music Online*, 2001-, faighte 2 Márta 2018, <https://doi.org/10.1093/gmo/9781561592630.article.43718>.
- Redfield, Robert, Ralph Linton agus Melville J. Herskovits. 'Memorandum for the Study of Acculturation.' *American Anthropologist*, New Series, 38, uimh. 1 (1936): 149-52, faighte 10 Feabhra 2015, <http://www.jstor.org.libraryproxy.mic.ul.ie/stable/662563>.
- Redfield, Robert. 'The Folk Society and Culture.' *American Journal of Sociology* 45, no. 5 (1940): 731-42, faighte 2 Feabhra 2015, <http://www.jstor.org.libraryproxy.mic.ul.ie/stable/2770047>.
- Rosselli, John. *Singers of Italian Opera: The History of a Profession*. Cambridge: Cambridge University Press, 1995.

- ‘Ruiséal, Tomás Ó Néill (1828-1908).’ *An Bunachar Náisiúnta Beathaisnéisí Gaeilge*, faighte 20 Samhain 2017, <https://www.ainm.ie/Bio.aspx?ID=292>.
- Rumpf, E.agus A.C. Hepburn, *Nationalism and Socialism in Twentieth-Century Ireland*. Liverpool: Liverpool Universtiy Press, 1977.
- Ryan, Joe. ‘The Tone of Defiance.’ In *Musical Constructions of Nationalism: Essays on the History and Ideology of European Musical Culture 1800-1945*, in eagar ag Harry White agus Michael Murphy, 197-211. Corcaigh: Cork University Press, 2001.
- Ryan, Joseph J. ‘Nationalism and Music in Ireland.’ Tráchtas PhD, Ollscoil na hÉireann, Máigh Nuad, 1992.
- Said, Edward. *Orientalism*. New York: Pantheon, 1978.
- Sauder, Gerhard. ‘Herder’s Poetic Works, Translations, and views on Poetry.’ In *A Companion to the Works of Johann Gottfried Herder*, in eagar ag Hans Adler agus Wulf Koepke, 305-30. New York: Camden House, 2009.
- Scruton, Roger. *The Aesthetics of Music*. Oxford: Oxford Universtiy Press, 1997.
- ‘Seaghan’. ‘Irish Choral Singing. Home Work for the Feis Ceoil.’ *The Peasant and Irish Ireland*, 15 Meitheamh 1907.
- Sealy, Douglas. ‘Dílis dá Dhúchas.’ *Soundpost*, December 1982-January 1983.
- Seeger, Anthony. *Why Suyá Sing: A Musical Anthropology of an Amazonian People*. Cambridge: Cambridge University Press, 1987.
- Shields, Hugh. *Narrative Singing in Ireland: Lays, Ballads, Come-All-Yes and Other Songs*. Baile Átha Cliath: Irish Academic Press, 1993.
- Shils, Edward. ‘Tradition.’ *Comparative Studies in Society and History* 13, uimh. 2 (1971): 122-59, faighte 10 Lúnasa 2014, <http://www.jstor.org/stable/178104>.
- Shueller, Herbert M. ‘Immanuel Kant and the Aesthetics of Music,’ *The Journal of Aesthetics and Art Criticism* 14, uimh. 2, (Nollaig 1955): 218-47, faighte 17 Lúnasa 2017, doi:10.2307/425860.
- Sikka, Sonia. *Herder on Humanity and Cultural Difference: Enlightened Relativism*. New York: Cambridge University Press, 2011.
- Simpson, Jacqueline, and Steve Roud. ‘Chappell, William (1809-1888).’ In *A Dictionary of English Folklore*. Oxford University Press, 2003, faighte 2 Aibreán 2017, <http://www.oxfordreference.com/view/10.1093/acref/9780198607663.001.0001/acref-9780198607663-e-162>.
- Sky, Patrick. ‘National Irish Music.’ In *The Companion to Irish Traditional Music*, 2nd ed., in eagar ag Fintan Vallely, 512. Corcaigh: Cork University Press, 2011.
- Smyth, Jim. ‘Dancing, Depravity and all that Jazz: The Public Dance Halls Act of 1935.’ *History Ireland*, Summer 1993, faighte 20 Deireadh Fómhair 2018,

<https://www.historyireland.com/20th-century-contemporary-history/dancing-depravity-and-all-that-jazz-the-public-dance-halls-act-of-1935-by-jim-smyth>.

Sommers Smith, Sally K. 'Interpretations and Translations of Irish Traditional Music.' In *Language and Tradition in Ireland: Continuities and Displacements*, in eagar ag Maria Tymoczko agus Colin Ireland, 101-17. Amherst: University of Massachusetts Press, 2003.

Stokes, William. *The Life and Labours in Art and Archaeology of George Petrie*. London: Longmans, Green and Co., 1868.

Synge, J.M. 'The Boat Builders.' In *In Wicklow, West Kerry and Connemara by J.M. Synge*, in eagar ag George Gmelch agus Ann Saddlemyer, 131-34. Baile Átha Cliath: O'Brien Press, 1980.

Szwed, John. *Alan Lomax: The Man who Recorded the World*. New York: Penguin, 2010.

Tedlock, Barbara. 'From Participant Observation to the Observation of Participation: The Emergence of Narrative Ethnography.' *Journal of Anthropological Research*, iml. 47, uimh. 1 (Spring, 1991), 69-94, faighte 28 Iúil 2015, <http://www.jstor.org.libraryproxy.mic.ul.ie/stable/3630581>

Tedlock, Dennis. 'On the Translation of Style in Oral Narrative.' *The Journal of American Folklore* 84, uimh. 331 (1971): 114-33, faighte 20 Samhain 2015, doi:10.2307/539739.

Thacker, Vanessa. 'Adapting Voices: The Musical Lifeworld of Sean-Nós Singing in Carna, Ireland.' Tráchtas PhD, Ollscoil Toronto, 2018.

Theodossopoulos, Dimitrios. 'Laying Claim to Authenticity: Five Anthropological Dilemmas.' *Anthropological Quarterly* 86, no. 2 (2013): 337-60, faighte 10 Iúil 2016, <http://www.jstor.org/stable/41857329>.

Tuke, James Hack. *Irish Distress and Its Remedies: The Land Question: A Visit to Donegal and Connaught in the Spring of 1880*. London: Barrett, Sons & Co., 1880, faighte 19 Feabhra 2016, <https://archive.org/details/irishdistressan00tukegoog/page/n6>.

Turino, Thomas. *Music as Social Life: The Politics of Participation*. Chicago: University of Chicago Press, 2008.

Turner, Victor. *Dramas, Fields, and Metaphors: Symbolic Action in Human Society*. Ithaca and London: Cornell University Press, 1974.

Tyler, Stephen A. 'Post-Modern Ethnography: From Document of the Occult to Occult Document'. In *Writing Culture: The Poetics and Politics of Ethnography*, in eagar ag James Clifford agus George E. Marcus, 122-40. Berkeley: University of California Press, 1986.

Údar anaithnid, 'An t-Oireachtas: An Irish Language Prize Meeting.' *Irisleabhar na Gaedhilge* uimh. 9, iml. VII (Eanáir, 1897): 129-130.

- Údar anaithnid, ‘The Oireachtas.’ *Irisleabhar na Gaedhilge* uimh. 85, iml. 8 (Bealtaine, 1897): 1-2.
- Údar anaithnid, ‘Feis Ceoil in Galway.’ *Daily Express*, 2 Meán Fómhair 1898.
- Údar anaithnid, ‘The Feis Ceoil.’ *Fáinne an Lae*, 21 Bealtaine 1898.
- Údar anaithnid, ‘The Oireachtas.’ *An Claidheamh Soluis*, 20 Bealtaine 1899.
- Údar anaithnid, ‘The Oireachtas.’ *Irisleabhar na Gaedhilge* (Meitheamh 1901): 1.
- Údar anaithnid, ‘The Oireachtas: Work for the Branches.’ *An Claidheamh Soluis*, 24 Feabhra 1900.
- Údar anaithnid, ‘The Oireachtas.’ *An Claidheamh Soluis*, 3 Márta 1900.
- Údar anaithnid, ‘The Oireachtas.’ *An Claidheamh Soluis*, 2 Bealtaine 1903.
- Údar anaithnid, ‘Duilleachán an Oireachtais.’ *An Claidheamh Soluis*, 23 Bealtaine 1903.
- Údar anaithnid, ‘The Oireachtas.’ *An Claidheamh Soluis*, 4 Aibreán 1903.
- Údar anaithnid, alt gan teideal, *Irisleabhar na Gaedhilge*, (Feabhra 1905): 16.
- Údar anaithnid, ‘Traditional Singing.’ *An Claidheamh Soluis*, 2 Meán Fómhair 1905.
- Údar anaithnid, ‘The Feis Ceoil.’ *The Journal of the Irish Folk Song Society*, Iml. ix, uimh. 1. (1911): 27.
- Údar anaithnid, ‘Seosamh Ó Mongain.’ *Inniu*, 23 Márta 1951.
- Údar anaithnid, *The Irish Language Movement and the Gaelic League*. Baile Átha Cliath: Cahill, gan dáta.
- Údar anaithnid, ‘Séamus Clandillon.’ In *The Companion to Irish Traditional Music*, 2nd ed., in eagar ag Fintan Vallely, 130-31. Corcaigh: Cork University Press, 2011.
- Uí Chollatáin, Regina. *An Claidheamh Soluis agus Fáinne an Lae (1899-1932)*. Baile Átha Cliath: Cois Life, 2004.
- uÍ Ógáin, Ríonach. ‘Colm Ó Caodháin and Séamus Ennis: A Conamara Singer and His Collector.’ *Béaloideas* 64/65 (1996): 279-338, faighte 22 Iúil 2015, doi:10.2307/20522467.
- uÍ Ógáin, Ríonach. ‘Is í an Fhilíocht Anam an Cheoil’ – Sorcha Ní Ghuairim, Amhránaí Roisín na Mainiach.’ In *Bliainiris 2002*, in eagar ag Ruairí Ó hUiginn agus Liam Mac Cóil, 84-107. Ráth Cairn: Carbad, 2002.
- uÍ Ógáin, Ríonach, eagar. *Mise an Fear Ceoil’: Séamus Ennis - Dialann Taistil 1942-1946*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht, 2007.
- uÍ Ógáin, Ríonach. ‘Bailitheoirí Béaloidis sa Rinn.’ In *An Linn Bhuí: Iris Ghaeltacht na nDéise*, uimh 20, in eagar ag Pádraig Ó Macháin agus Aoibheann Ní Dhonnchadha, 117-132. Cill Chainnigh: Leabhair na Linne, 2016.

- Vermeulen, Han F. *Before Boas: The Genesis of Ethnography and Ethnology in the German Enlightenment*. Lincoln and London: University of Nebraska Press, 2015.
- von Humboldt, Wilhelm. ‘Theory of Bildung,’ aistrithe ag Gillian Horton-Krüger. In *Teaching As A Reflective Practice: The German Didaktik Tradition*, in eagar ag Ian Westbury, Stefan Hopmann agus Kurt Riquarts, 57-61. New Jersey: Lawrence Erlbaum Associates, 2000.
- von Humboldt, Wilhelm. *Schriften zur Bildung*. Stuttgart: Reclam, 2017.
- von Sydow, Carl Wilhelm. *Selected Papers on Folklore*. Copenhagen: Rosenkilde and Bagger, 1948.
- Walsh, John. *Díchoimisiúnú Teanga: Coimisiún na Gaeltachta 1926*. Baile Átha Cliath: Cois Life, 2002.
- Weber, Max. *The Rational and Social Foundations of Music*. Aistrithe ag Don Martindale, Johannes Riedel agus Gertrude Neuwirth. Illinois: Southern Illinois University Press, 1958.
- Weber, William. *Music and the Middle Classes: The Social Structure of Concert Life in London, Paris and Vienna*. London: Croom Helm, 1975.
- Welch, Robert. *A History of Verse Translation from the Irish 1789-1897*. Buckinghamshire: Colin Smythe, 1988.
- White, Harry. *The Keeper’s Recital: Music and Cultural History in Ireland, 1770-1970*. Corcaigh: Cork University Press, 1998.
- Whittall, Arnold. ‘Harmony.’ *The Oxford Companion to Music*. *Oxford Music Online*. 2011-, faighte 28 Meitheamh 2017, <http://www.oxfordreference.com/view/10.1093/acref/9780199579037.001.0001/acref-9780199579037-e-3144?rskey=W0Xa8H&result=2>
- Williams, Raymond. *Keywords: A Vocabulary of Culture and Society*. London: Croom Helm, 1976.
- Williams, Sean agus Lillis Ó Laoire, *Bright Star of the West: Joe Heaney, Irish Song-Man*. New York: Oxford University Press, 2011.
- Wright, Thomas, eagar. *The Historical Works of Giraldus Cambrensis*. London: George Bell and Sons, 1905.
- Zammito, John H. *The Genesis of Kant’s Critique of Judgment*. Chicago: The University of Chicago Press, 1992.
- Zammito, John H. *Kant, Herder, and the Birth of Anthropology*. Chicago: University of Chicago Press, 2002.
- Zumthor, Paul. *Oral Poetry: An Introduction*. Aistrithe ag Kathryn Murphy-Judy. Minneapolis: University of Minnesota Press, 1990.

Agallaimh leis an údar

Mac Donncha, Josie Sheáin Jeaic, Carna.

Mac Donnchadha, Dara Bán, An Aird Thoir, Carna.

Ní Mhaoilchiaráin, Bríd, An Aird Thoir, Carna.

Ó Conghaile, An tAthair Eddie Bheairtle, An Aird Thiar, Carna.

Ó Ceannabháin, Pól, An Aird Thoir, Carna.

Uí Chonaire, Máire, An Coillín, Carna.

Bailiúcháin agus Cartlanna Ar Líne

An Chartlann Náisiúnta, <http://www.census.nationalarchives.ie>

Bailiúchán Alan Lomax, The Association for Cultural Equity,
<http://www.culturalequity.org>

Bailiúchán Grianghraf Chnuasach Bhéaloideas Éireann, <https://www.duchas.ie>

Cartlann Ceoil Traidisiúnta an Chomhaltais, Comhaltas Ceoltóirí Éireann,
<https://archive.comhaltas.ie>

Cartlanna Sheosaimh Uí Éanaí, <https://www.joeheaney.org>

Cartlann Sean-Nóis TG4, <http://seannos.tg4.ie>

Musical Traditions Internet Magazine, <https://mustrad.org.uk>

Tionscadal Gréasáin Cheirníní Doegen, <https://www.doegen.ie>

Taifid Thráchtála Fuaim

'ac Dhonncha, Seán. *An Aill Bhán*. Ceirníní Cladaigh, CC9, 1972.

de Búrca, Nan Tom Taimín. *Traditional Songs from Connemara*. Cló Iar-Chonnacht, CICD149, 2001.

Lomax, Alan, eág. *World Library of Folk and Primitive Music, Vol. II: Ireland*. Rounder Records, CD1742, 1998.

Mac Donnchadha, Dara Bán. *Máire Rua: An Sean agus an Nua*. Cló Iar-Chonnacht, CIC027, 1990.

Mac Donnchadha, Dara Bán. *Rogha Amhrán*. Cló Iar-Chonnacht, CICD140, 1999.

Mac Donnchadha, Johnny Mháirtín Learaí. *Bruach na Beirtrí*. Gael Linn, CEFCD117. Mac Donncha, Josie Sheáin Jeaic. *Ó Na Sceirdí Aniar*. Gael Linn, CEF124, 1987.

Mac Ruairí, Éamann. *Toraigh Ó Thuaidh*. Cló Iar-Chonnacht, CIC023, 1989.

Mhic Dhonncha, Mairéad. *Up Cuas*. Cló Iar-Chonnacht, CIC015, 1990.

Ní Ghuairim, Sorcha. *Sorcha: Amhráin Shorcha Ní Ghuairim*. Gael Linn agus Comhairle Bhéaloideas Éireann, CEF182, 2002.

Ó Ceannabháin, Micheál Mháire an Ghabha agus Caitríona Ní Cheannabháin. *Cruach na Caoile*. Cló Iar-Chonnacht, CIC007, 1988.

Ó hÉanaí, Seosamh. *Ó mo Dhúchas / From my Tradition*. Sraith 1 agus 2, Gael Linn, CEFCD191, 2007.

Tóibín, Nioclás. *Rinn na nGael*. Cló Iar-Chonnacht, CICD104, 1994.

Cláir Theilifíse agus Raidió

Comhrá, TG4, 20 Bealtaine 2004.

Fonnadóirí na hAirde, TG4, 2 Eanáir 2014.

Sean-Nós, TG4, 18 Lúnasa 2014.

Sorcha Ní Ghuairim – An tAmhránaí, Raidió na Gaeltachta, 26 Nollaig 1999.